



Provided by the author(s) and University of Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Drámaíocht ó dhúchas? Stáitsiú na nealaíon béil san fhichiú haois
Author(s)	Ní Mhuircheartaigh, Éadaoin
Publication Date	2013-06-04
Item record	<a href="http://hdl.handle.net/10379/5260">http://hdl.handle.net/10379/5260</a>

Downloaded 2024-04-26T19:27:51Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



# **Drámaíocht ó Dhúchas?**

**Stáitsiú na nEalaíon Béil san Fhichiú hAois**

le

**Éadaoin Ní Mhuirheartaigh, B.A., M.A.**

Stiúrthóir: An tOllamh Gearóid Denvir

Roinn na Gaeilge

Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr.

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Mí Feabhra, 2013.

Tráchtas Dochtúireachta sa Nua-Ghaeilge

# Clár

<b>Clár</b> .....	<b>ii</b>
<b>Liosta Léaráidí</b> .....	<b>iv</b>
<b>Buíochas</b> .....	<b>v</b>
<b>Réamhrá</b> .....	<b>1</b>
<b><i>Caibidil 1</i> Taibhléiriú Dúchasach Gaelach Anallód</b> .....	<b>10</b>
Agallaimh na Sean-Ghaeilge .....	16
Agallamh Oisín agus Phádraig .....	21
Agallaimh san ochtú agus naoú haois déag .....	31
Pádraig Denn (1756-1828) .....	36
Comhráite leis an mBás .....	45
Filí Pobail eile agus An tAgallamh .....	48
<b><i>Caibidil 2</i> Aimsir na hAthbheochana</b> .....	<b>53</b>
Stáitsiú na n-ealaíon traidisiúnta .....	55
Drámaíocht ó dhúchas? .....	69
De hÍde agus An tAgallamh Fileata .....	73
Anáil an Agallaimh ar Cheannródaithe Drámaíochta na hAthbheochana: .....	78
Alice Milligan .....	78
Lady Gregory .....	93
J.M. Synge .....	104
<b><i>Caibidil 3</i> Allagar an bhéil bheo</b> .....	<b>108</b>
An Béal Beo i dTraidisiún na Gaeilge .....	117
An Briatharchath i dTraidisiún Béil na Gaeilge .....	121
Saothar Thaidhg Uí Chonchubhair .....	129
<b><i>Caibidil 4</i> Athbheochan an Oireachtais (1939)</b> .....	<b>143</b>
Comórtais do mhuintir na Gaeltachta agus na healaíona béil .....	143
Bunú an Chomórtais .....	144
An tAgallamh Beirte – 1940 .....	152
Scaipeadh agus buanú ‘traidisiúin’ .....	156
Cúrsaí Moltóireachta .....	163
Ábhair agus Cumadóireacht .....	166
<b><i>Caibidil 5</i> Díospóireachtaí faoin Drámaíocht Dhúchasach: 1930-1960</b> .....	<b>170</b>
Johnny Chóil Mhaidhc (1929-2006): .....	183
Allagar an ardáin .....	187

<i>Ortha na Seirce</i> agus traidisiún na béalaireachta.....	201
<b>Caibidil 6 Scoileanna Éigse agus Seanchais na Gaillimhe .....</b>	<b>205</b>
Argóintí Dénártha.....	210
An Sean agus An Nua .....	217
Cúrsaí Cleamhnais .....	230
Ceisteanna Sóisialta agus Polaitiúla.....	238
Macalláí an bhéil bheo .....	259
<b>Caibidil 7 An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta: .....</b>	<b>269</b>
Stáitsiú an Agallaimh agus Taibhléiriú na Scéalaíochta .....	269
Athbhreithniú agus athmhachnamh ar an Agallamh Beirte: .....	270
Anáil na Béalaireachta ar Dhrámaí Mhichíl Uí Thuairisg .....	280
An Scéaldrámaíocht .....	289
<b>Conclúid .....</b>	<b>299</b>
<b>Aguisíní.....</b>	<b>303</b>
<b>Leabharliosta .....</b>	<b>334</b>
Nuachtáin agus Irisí a ceadaiódh.....	335
Foinsí foilsithe.....	336
Foinsí neamhfoilsithe: .....	347
Foinsí ar-líne: .....	349
Taifeadtaí Físe: .....	350



# Liosta Léaráidí

Léaráid 1: Halla an Taoisigh ó John Derricke, 1581 .....	13
Léaráid 2: ‘No Irish Need Apply’ .....	54
Léaráid 3: Bridget Costello, Scéalaí, a bhuaigh duais ag an Oireachtas.....	58
Léaráid 4: An tOireachtas 1903. ....	59
Léaráid 5: Iomaitheoirí i gComórtais an Oireachtais i gcló 1903.....	60
Léaráid 6: Léiriú den dráma <i>The Workhouse Ward</i> .....	95
Léaráid 7: Léiriú den dráma <i>The Workhouse Ward</i> .....	96
Léaráid 8: Léiriú de chuid Druid den dráma <i>The Well of the Saints</i> .....	107
Léaráid 9: Saothar Thaidhg Uí Chonchubhair. ....	129
Léaráid 10: Eagrán an tSeabhaic de ‘An Siota agus a Mháthair.’ .....	147
Léaráid 11: Léiriú de ‘An Siota agus a Mháthair’, 1940. ....	147
Léaráid 12: Lucht Éigse Chorcaí ag Féile an Oireachtais 1951.....	151
Léaráid 13: Amhrán Saothair ag an Oireachtas. ....	163
Léaráid 14: ‘Oidhche Sheanchais’ .....	179
Léaráid 15: An Seanchaí. ....	226
Léaráid 16: Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta .....	251
Léaráid 17: Agóid faoin <i>dole</i> .....	252
Léaráid 18: ‘Faoistin na Striapáí,’ 1990.....	258
Léaráid 19: ‘Fear Chonamara agus Fear Ghaeltarra’ .....	273
Léaráid 20: Léiriú den dráma <i>Sínte</i> , le Micheál Ó Tuairisg.....	287
Léaráid 21: Léiriú de scéaldráma .....	294

# Buíochas

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a chabhraigh liom agus an tráchtas seo á scríobh agam.

Gabhaim buíochas ar dtús le mo stiúrthóir, an tOllamh Gearóid Denvir, a chuir an-spéis san ábhar ón gcéad lá, a roinn a shaineolas liom agus a thug an-tacaíocht dom agus mé i mbun oibre.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Seán Ó Morónaigh a roinn a chuid ama go fial liom, a chuir fáilte romham i gcónaí ag Éigse na Féile agus ag léirithe drámaíochta agus a chuir ábhair ó Chartlann an Chomhlachais ar fáil dom. Is iomaí ‘agallamh beirte’ a bhí againn le chéile ó chuir mé spéis san ábhar seo ar dtús agus ba mhór an cúnamh dom é.

Tá buíochas ar leith freisin ag dul don Ollamh Micheál Mac Craith agus don Ollamh Nollaig Mac Congáil, a thug spreagadh in am an ghátair. Fuair mé an-chabhair agus an-chomhairle freisin ón bhfoireann ar fad in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ach go háirithe An Dr. Lillis Ó Laoire, An Dr. Nollaig Ó Muraíle, An Dr. John Walsh, An Dr. Graham Isaac, An tOllamh Máirín Ní Dhonnchadha agus rúnaí na Roinne, Fiona de Paor. Ba mhór an cúnamh freisin an chomhaltacht Ollscoile a bhronn Dámh na nDán orm agus mé ag tosnú ar an taighde.

Tá mé fíorbhuíoch freisin de mo chomhghleacaithe i gColáiste Phádraig, a thug an-chabhair dom agus an togra seo á chríochnú agam agus ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Ollamh Máirín Nic Eoin.

Chuidigh an fhoireann sa Leabharlann Náisiúnta, i gcartlann RTÉ, i Roinn Bhéaloideas Éireann agus in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh liom go leanúnach agus mé i mbun taighde, ach go háirithe Kieran Hoare agus Margaret Hughes. Tá mé faoi chomaoin freisin ag Máirín Uí Lochlainn, a roinn liom an clárú a bhí déanta aici ar Chartlann na Scoileanna Éigse agus Seanchais d’Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Ba dheacair an obair seo a chur i gcrích gan an chabhair phaiticiúil, an saineolas ríomhaireachta, an tacaíocht, an spreagadh agus an soláthar tae a fuair mé ó m’fhear céile Seán Mc Elwain.

Ach thar aon duine eile gabhaim buíochas ó chroí le mo thuismitheoirí as an tacaíocht agus spreagadh a thug siad gan staonadh dom ó thosaigh mé ag treabhadh ghort an léinn an chéad lá riamh.

# Réamhrá

I have already observed that great producers of literature as the Irish always were - until this century - they never developed a drama. The nearest approach to such a thing is in these Ossianic poems. The dialogue between St. Patrick and Ossian ... is quite dramatic in its form ... The conception of bringing the spirit of Paganism and of Christianity together in the persons of the last great poet and the warrior of the one, and the first great saint of the other, was truly dramatic in its conception, and the spirit and humour with which it has been carried out in the pieces which have come down to us are a strong presumption that under happier circumstances something great would have developed from it.<sup>1</sup>

Is minic a tugadh suntas do dhrámatúlacht na n-agallamh beirte agus na n-ealaíon béil le breis agus céad bliain anuas. Tarraingíodh aird ar mhianach drámatúil na scéalaíochta agus na n-aighneas fileata go han-luath in aimsir na hAthbheochana, agus lucht litríochta na Gaeilge ag dul sa tóir ar mhúnlaí dúchasacha drámaíochta. Cé nach raibh traidisiún foirmeálta drámaíochta ann i nGaeilge, d'aithin luathchriticeoirí áirithe, ar nós de hÍde sa sliocht thuasluaite, go raibh gnéithe den taibhléiriú ag baint le healaíona béil na Gaeilge. Taibhealaín neamhfhobartha neamhiomlán a bhí san agallamh fileata, dar le go leor léirmheastóirí ó ghort na drámaíochta. Foirm dhúchasach a raibh síolta na drámaíochta le haithint uirthi a bhí ann, nár fhás ina traidisiún 'ceart' amharclainne. An léamh ceannann céanna, mar shampla, a bhí ag Pádraig Ó Siochrú ar an scéal sna seachtóidí.

... Gan amhras tá baint ag an stair leis an easpa traidisiúin. Ach mar sin féin, ainneoin go raibh litríocht á scríobh ó thús ré na Críostaíochta, geall leis, níor scríobhadh aon dráma i nGaeilge go dtí deireadh an chéid seo caite, mura n-aireodh duine Agallamh Oisín agus Phádraig mar dhráma ... agallamh aonfhir i mbéal beirte.<sup>2</sup>

Foirm thaitneamhach drámaíochta a bhí san agallamh dar le Titley, ach foirm theoranta imeallach mar sin féin, nár bhain buaic aeistéitiúil an téatair amach.

One of the most popular forms of Irish theatre, particularly in Gaeltacht areas and at the annual literary festival of *An tOireachtas* is the *agallamh beirte* or humorous dialogue. This is a form of theatre where two actors perform a verbal duel on some current topic in simple verse form ... This mixture of poetry, repartee and theatricality is still attractive, but remains at the foothills of dramatic action.<sup>3</sup>

Agus cé go bhfuil tagairtí fánacha thall is abhus déanta ag léirmheastóirí éagsúla don agallamh beirte le céad bliain anuas, is beag anailís atá déanta ag aon duine air mar fhoirm ealaíne ann féin. Cad faoi ndear an fhaillí seo ar na taibhealaíona dúchasacha i léann na Gaeilge? Feictear domsa, mar fhoirm ealaíne, gur thit an t-agallamh idir dhá stól i gcúrsaí léinn agus critice. Baineann an t-agallamh beirte comhaimseartha leis an

---

<sup>1</sup> Douglas Hyde, 'The Ossianic Poems', *A Literary History of Ireland* (London: T. Fisher Unwin 1899) 511.

<sup>2</sup> Pádraig Ó Siochrú, 'An Drámaíocht in Éirinn,' *Inniu*, 30.5.1975, 4.

<sup>3</sup> Alan Titley, 'Neither the Boghole nor Berlin,' *Nailing Theses: Selected Essays* (Belfast: Lagan Press, 2011) 269.

traidisiún liteartha agus leis an traidisiún béil araon. Scaipeadh leaganacha de na seanagallaimh i lámhscríbhinní ach bhain aithriseoireacht lena gcur i láthair freisin. Sa lá atá inniu ann, breactar agallaimh nuachumtha ar phár, ach is é an lucht éisteachta agus an taibhléiriú beo poiblí fíorsprioc na cumadóireachta. Téacsanna béil atá iontu, de réir sainmhíniú Foley.

There's another type of oral poetry that begins life as a written composition only to modulate to oral performance before a live audience. For poems that cluster around this node in the spectrum I suggest the designation of Voiced Texts. What separates this kind of verbal art from contemporary written poetry enshrined in literary reviews, chapbooks, and anthologies is precisely its intended medium of publication, the means by which it reaches its audience. Voiced Texts aim solely at oral performance and are by definition incomplete without that performance. Compare this trajectory with the more usual and familiar kind of written poetry, which aims primarily at transmission through print to an audience of silent, individual readers. Of course, poets of any sort may read their poetry aloud and often choose to do so, but only in the case of Voiced Texts is the spoken word the necessary and defining outcome of the composition-performance-reception process.<sup>4</sup>

Ní hagallamh go léiriú agus níl sa téacs ach céim sa phróiseas.

Although this category of oral poetry starts life as a text, it's always intended primarily for oral performance and reception by a live, present audience. That's its natural context, part of its meaning.<sup>5</sup>

Ealaín atá san agallamh mar sin, nach féidir a neadú go néata i ngort an bhéaloidis ná i ngort na nualtríochta ach oiread. Ábhair agus aighnis nuachumtha a bhíonn i gceist, cuid mhaith, rud a d'fhág drochiontaoibh ag lucht an bhéaloidis astu.<sup>6</sup> Níor shásaigh an múnla traidisiúnta agus na foirmlí agus íomhánna seanbhunaithe lucht na nualtríochta ach oiread, rud a d'fhág an t-agallamh beirte mar sheánra in áit na leathphingine. Tá claoadh ann go hidirnáisiúnta neamhaird a dhéanamh den fhilíocht bhéil i gcoitinne i gcúrsaí léinn, mar a shonraigh Foley.

How often do these forms find their way into the publication network, or into college and university curricula? Given the built-in bias in favor of the technology of writing and printing, is it any wonder that oral poetry is implicitly ranked as a second-class citizen among the verbal arts – if, indeed, it is ranked at all?<sup>7</sup>

Thagair Denvir freisin don fhaillí a rinneadh ar sheánraí an bhéil bheo i ngort an léinn go hidirnáisiúnta.

---

<sup>4</sup> John Miles Foley, *How to Read an Oral Poem* (Urbana: University of Illinois Press, 2002) 43.

<sup>5</sup> Foley, *How to Read...*, 61.

<sup>6</sup> Féach mar shampla an méid a bhí le rá ag Máirtín Ó Cadhain faoi bhéim rómhór lucht an bhéaloidis ar théacsanna ársa agus an neamhaird ar thraidisiún beo na filíochta béil in 'Béaloideas' *Feasta*, Marta 1950, 25. Pléifear an cheist seo sa chaibidil 'Allagar an bhéil bheo.'

<sup>7</sup> Foley, *How to Read...*, 27.

Ainneoin fhlúirse, fhairsinge agus scóipiúlacht na filíochta seo, neamhaird nó sin díspeagadh an uasail leis an íseal is mó atá faighte aici i ndioscúrsa acadúil, liteartha agus criticiúil an aosa léinn ar fud na cruinne ó chéadchum William Thoms an téarma rómánsúil sin ‘folklore’ in *The Athenaeum* sa bhliain 1846.<sup>8</sup>

Tá claonadh ann chomh maith na healaíona béil a bhrú isteach i gcatagóirí litríochta agus iad a mheas de réir téarmaí tagartha mí-oiriúnacha. An catagóiriú fabhtach seo a thug ar chriticeoirí litríochta an t-agallamh a mheas i dtéarmaí na drámaíochta foirmeálta amháin agus réamhthuiscintí agus fráma tagartha aduain acu.

Oral poetry is a people’s poetry serving a wide-spectrum of people’s needs. For such reasons, looking at oral poetry through the lens of literature – our ever-present if usually unnoticed filter – is much like peering through the wrong end of a telescope ... Such neglect of poetic genres that do not survive into literature has an unintended but crippling consequence: it defines a great percentage of oral poetry out of existence. Since we obviously can’t appreciate what we don’t know, our perspective is fatally skewed from the very start. The model we unconsciously apply to verbal art thus has a built-in blind spot, and a sizeable one.<sup>9</sup>

Tá an t-easnamh céanna seo le haithint ar chúrsaí léinn i gcás na n-agallamh beirte. Is í an drámaíocht choinbhinsiúnach a bhí mar shlat tomhais ag léirmheastóirí áirithe agus iad ag dul sa tóir ar shamplaí den drámaíocht ‘dhúchasach’. Tarraingíodh an t-agallamh anuas mar shampla de mhúnla dúchasach taibhléirithe, ach ansin cáineadh é nuair nach raibh sé ag teacht le sain-nádúr na hamharclainne. Is beag anailís a rinneadh ar thréithe an agallaimh mar ealaín shainiúil ann féin.

### **Suíomh an tráchtais sa Réimse Léinn go Nuige Seo**

Tá taighde fíorfhiúntach déanta ag Seán Ó Morónaigh ar chúlra na n-agallamh beirte in *Agallaimh na hÉigse: Cíoradh agus Cnuasach*<sup>10</sup> agus cnuasach an-bhreá d’agallaimh, idir thraidisiúnta agus nua-chumtha, curtha ar fáil sa leabhar. Bhain tábhacht nach beag le foilsiú an leabhair seo agus cuireadh saothar na bhfilí béil ar fáil do phobal níos leithne. Pléadh freisin stair an agallaimh agus ról an Oireachtais agus an Chomhlachais i bhforbairt na n-ealaíon béil agus cuireadh tús maith leis an anailís orthu. Cé go bhfuil cnuasach an-bhreá d’ábhair thraidisiúnta sa leabhar, ní dhéantar plé cuimsitheach ar shaintréithe ná ar shaintéamaí na dtéacsanna, gan trácht ar iniúchadh comhthéacsúil cultúrtha ar an ábhar. Tá obair mhór déanta ag an gComhlachas agus ag Seán Ó

---

<sup>8</sup> Gearóid Denvir, *Sé an Saol an Máistir: Filíocht Learaí Phádraic Learaí Uí Fhinneadha* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2010) 348.

<sup>9</sup> Foley, *How to Read...*, 28.

<sup>10</sup> Seán Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse: Cíoradh agus Cnuasach* (Conamara: Clódóirí Lurgan, 2001; 2010)

Morónaigh freisin le blianta beaga anuas in athfhoilsiú agus níos tábhachtaí fós, athléiriú drámaí agus agallamh ársa.<sup>11</sup>

Tá plé fiorthábhachtach déanta freisin ag Gearóid Denvir ar an bhfilíocht bhéil agus ar shaothar fhilí Chonamara ach go háirithe. Tá anailís déanta aige ar chumadóirí ar leith agus ar na téamaí is mó a fheictear ina gcuid dánta, amhrán agus agallamh le dioscúrsa idirnáisiúnta na filíochta béil mar fhráma tagartha aige.<sup>12</sup> Féachfar, sa tráchtas seo, le tógaint ar an obair agus dianiniúchadh a dhéanamh ar an aighneas fileata.

Pléann Pádraig Ó Siadhail forbairt na drámaíochta foirmeálta institiúidí ina leabhar *Stair Dhrámaíochta na Gaeilge*.<sup>13</sup> Cé gur leabhar fiúntach ceannródaíoch é, ní thráchtar ar na healaíona béil ná ar thionchar na n-ealaíon traidisiúnta ar an ngluaiseacht drámaíochta. In alt dar teideal ‘Na Síolta nár fhaibhrigh’ rinne Ó Siadhail iniúchadh ar na féidearthachtaí drámatúla nár forbraíodh agus luaigh sé na hagallaimh, an scealaíocht agus cluichí tórraimhe. Múnlaí traidisiúnta iad seo a d’imigh agus nár fhág rian ar bith ar an ngluaiseacht amharclainne a d’fhás ó aimsir na hAthbheochana i leith, dar leis.

D’fhág sin gur fiordhéanach – ag tús na haoise seo – a féachadh le gluaiseacht drámaíochta a fhorbairt sa teanga ... Na síolta a bhí ann ar feadh na gcéadta bliain roimhe sin, bhí siad cailte tríd is tríd faoin am sin. Síolta nua a chuir de hÍde is lucht Chonradh na Gaeilge.<sup>14</sup>

Léamh eile ar fad a bhí ag Máirín Nic Eoin ar an scéal ina halt ar anáil thraidisiún na béalairachta ar nualitríocht na Gaeilge. Ag tagairt don drámaíocht go sonrach, deir sí gur imir na healaíona béil tionchar mór ar luathdhrámadóirí agus go bhfuil an tionchar sin le haithint ar scriptscríbhneoirí an lae inniu fíú.

Tá sé aitheanta ag tráchtairí éagsúla go raibh deacrachtaí ar leith ag roinnt le cothú na drámaíochta sa Ghaeilge mar nach raibh traidisiún amharclannaíochta ann go stairiúil sa teanga. *Bhí seánraí drámatúla na Gaeltachta ann i gcónaí, áfach, an t-agallamh fileata, ar shamplaí de an t-agallamh beirte agus lúibíní agus ceapóga a raibh ceol ag gabháil leo ...* Ach nuair a aithníodh rian na seánraí seo ar iarrachtaí tosaigh na n-athbheochantóirí, ba é an cáineadh a bhí i ndán dóibh ... Ag breathnú siar ar shaothar na drámaíochta Gaeilge san fhichiú haois, áfach, tá sé íorónta go bhfuil an seánra traidisiúnta, an t-agallamh beirte, ar cheann de na seánraí is mó a bhfuil tóir air ag pobal na Gaeilge fós inniu – agus tá sé léirithe ag lucht a chleachtaithe gur féidir leis an bhfoirm sheanbhunaithe an t-ábhar is

---

<sup>11</sup> Féach Seán Ó Morónaigh eag. *Drámaíocht ó Dhúchas: Ó bhéalaithe Thaidhg Uí Chonchubhair* (Conamara: Clódóirí Lurgan, 2005)

<sup>12</sup> Féach mar shampla Gearóid Denvir, ‘An Béal Beo: Filíocht Bhéil Chonamara Inniu,’ in eag. Pádraig Ó Fiannachta, *Léachtaí Cholm Cille XIX: Litríocht na Gaeltachta* (Maigh Nuad: An Sagart, 1989); Gearóid Denvir eag., *Amhráin Choilm de Bhailís* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1996); Gearóid Denvir eag., *Sé an Saol an Máistir: Filíocht Learaí Phádraic Learaí Uí Fhíneadhá* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2010).

<sup>13</sup> Pádraig Ó Siadhail, *Stair Dhrámaíochta na Gaeilge* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1993)

<sup>14</sup> Pádraig Ó Siadhail, ‘Na Síolta nár fhaibhrigh,’ *Teagasc na Gaeilge 5*, in eag. Liam Mac Mathúna agus Ciarán Ó Coigligh, 150-1.



comhaimseartha (ó úsáid an idirlín go dtí buanna Viagra) a láimhseáil gan stró. Sílim gur féidir contanam a aithint ón agallamh beirte (lena argóint shimplí dhénártha) go dtí an dráma grinn tuaithe (fhorbairt ar an agallamh beirte go minic) go dtí an dráma raidió (a bhfuil a éifeacht ag brath ar stíleanna so-aitheanta cainte) go dtí an sobalchlár teilifíse (lena dhlúthphobal fuinte a bhfuil a chuid ball – lánúineacha, dlúthchairde, baill teaghlaigh agus comhghleacaithe oibre – i gcoimhlint shíoraí lena chéile).<sup>15</sup>

Cé gur fionspeisiúil agus gur fíortharraingteach an téis seo, glactar leis go raibh an t-agallamh beirte ann ‘i gcónaí’ agus an cruth céanna air agus atá sa lá atá inniu ann, rud nach féidir talamh slán a dhéanamh de go dtí go ndéantar stair agus forás na n-agallamh a rianadh agus a chíoradh go cuimsitheach.

Féachfar sa tráchtas seo leis an mbearna áirithe seo i léann na Gaeilge a líonadh agus déanfar iniúchadh ar chur i láthair na n-ealaíon béil san fhichiú haois. Dhá ardán atá i gceist nuair a thagraítear do ‘stáitsiú na n-ealaíon béil’ sa teideal, mar atá, stáitse na gcomórtas agus stáitse na hamharclainne. Breathnófar ar chúlra, ar fhorás agus ar chothú na n-ealaíon béil mar thaispeántais agus ar na heagraíochtaí ba mhó a d’fhéach leis an agallamh a fhorbairt sa chéad seo caite. Díreofar go príomha ar an agallamh beirte mar shainfhoirm ealaíne ar leith agus ar phríomhthéamaí agus tréithe na n-agallamh. Mar a luadh, ó aimsir na hAthbheochana i leith, rinneadh ceangal idir an t-agallamh agus ealaín na drámaíochta agus is minic a pléadh na hagallaimh faoin téarma ginearálta ‘drámaíocht dhúchasach.’ D’fhéach drámadóirí áirithe le forbairt a dhéanamh ar an aighneas fileata agus gnéithe de a shní isteach i ndrámáí amharclainne. Anáil na n-agallamh agus ealaín na béalaireachta go ginearálta ar dhrámáí stáitse a bheidh mar dhara snáithe an tráchtais. Déanfar iniúchadh ar shaothar scríbhneoirí áirithe a bhain úsáid (go comhfhiosach nó go neamh-chomhfhiosach) as eilimintí de thraidisiún an allagair ina ndrámáí stáitse. Breathnófar ar thionchar an agallaimh ar dhrámáí Alice Milligan, Lady Gregory, J.M. Synge, Tadhg Ó Conchubhair, Johnny Chóil Mhaidhc agus Micheál Ó Tuairisg. D’fhonn léargas breise a thabhairt ar idé-eolaíocht na drámaíochta ‘dúchasaí’ i dtréimhsí éagsúla, breathnófar ar ealaíona béil eile a pléadh sna téarmaí céanna agus a cuireadh in oiriúint d’ardán na hamharclainne. Luadh an scéalaíocht ach go háirithe mar fhoinsé inspioráide don ghluaiseacht drámaíochta agus féachfar ar iarrachtaí éagsúla an scéalaíochta a stáitsiú.

Tá an saothar seo leagtha amach go cróineolaíoch den chuid is mó agus díritear ar na tréimhsí agus na heagraíochtaí ba thábhachtaí i stair na n-agallamh mar fhoirm liteartha agus mar thaispeántas beo. Scrúdaítear chomh maith an léirmheastóireacht a rinneadh ar na healaíona béil i dtréimhsí éagsúla agus an claochlú a tháinig ar shainmhínithe ar an aighneas fileata. Pléann Caibidil a hAon le sainmhínithe éagsúla a rinneadh ar an

---

<sup>15</sup> Máirín Nic Eoin, ‘Seánraí Béil na Gaeilge agus Tionscnamh na Nualitriochta,’ *Anáil an Bhéil Bheo: Orality and Modern Irish Culture* in eag. Nessa Cronin, Seán Crosson agus John Eastlake (Newcastle upon Tyne: Cambridge Scholars Pub. 2009) 232. [Liomsa an bhéim]

‘drámaíocht dhúchasach’ agus ar na healaíona béil a raibh taibhléiriú amharclannach ag baint leo. Déantar iniúchadh ar na hagallaimh a cumadh roimh aimsir na hAthbheochana agus ar thuairiscí a thugann cur síos ar chur i láthair na n-agallamh úd. Cíortar saintréithe agus saintéamaí na n-aighneas fileata agus na feidhmeanna éagsúla a bhain le húsáid an agallaimh i saothair chumadóirí éagsúla. Pléitear ‘Agallamh Oisín agus Phádraig’, ‘An Sotach agus a Mháthair’, ‘Aighneas an Pheacaigh leis an mBás’ agus agallaimh Raiftearaí ach go háirithe.

Cuireadh tús le ré nua i dtaibhléiriú na n-ealaíon béil in Aimsir na hAthbheochana agus scrúdaíonn Caibidil a Dó na deacrachtaí a bhain le cleachtais chultúrtha áirithe a stáitsiú ar ardán an Oireachtais agus ag Feiseanna an Chonartha. Díritear ar stáitsiú an bhéil bheo agus tuairiscí comhaimseartha ar chomórtais aithriseoireachta, scéalaíochta agus agallamh beirte. Ré nua a bhí ann i ndrámáíocht na tíre freisin agus féachtar ar an bplé a rinneadh ar fhéidearthachtaí éagsúla don drámaíocht dhúchasach agus an ceangal a rinneadh idir na hagallaimh agus an drámaíocht. Déantar grinnléitheoireacht ar dhrámaí áirithe a léiríonn anáil an aighnis fhileata ar cheannródaithe amharclainne na tréimhse agus pléitear an leas a bhain Alice Milligan, Lady Gregory agus J.M. Synge as gnéithe éagsúla de traidisiún an allagair.

Fiosraíonn Caibidil a Trí nádúr an allagair i dtraidisiún na béalaireachta i gcoitinne. Ós í an chaint choimhlinteach seo atá mar bhunchloch agus mar bhunithir chruthaitheach ag an agallamh beirte comhaimseartha, ní mór dúinn iniúchadh a dhéanamh ar choincheap seo an allagair fé mar a fheictear é i dtraidisiún na Gaeilge. Féachtar ar shamplaí de bhriatharchathanna fileata i dtíortha eile agus ar theoiricí Ong agus Huizinga faoin dúil sa choimhlint i gcultúir bhéil.<sup>16</sup> Pléitear freisin cumhacht an fhocail bheo i dtraidisiún na Gaeilge agus an taitneamh a bhaintí as an dea-chaint agus as argóintí abartha. Is sa chomhthéacs seo a phléitear drámaí Thaidhg Uí Chonchubhair, drámaí a tógadh ó bhéalaithris i dtús an fichiú haois agus atá fréamhaithe go domhain in ithir na béalaireachta agus i ndomhan an agallaimh.

Is in 1940 a cuireadh an t-agallamh beirte ar chlár an Oireachtais don chéad uair agus rinneadh iarracht sainmhíniú a dhéanamh air mar ealaín bhéil agus critéir a leagan síos dó sna comórtais ardáin. Tugtar tuairisc i gCaibidil a Ceathair ar bhunú an chomórtais, ar na hiarrachtaí a rinneadh ealaín an agallaimh a scaipeadh i nGaeltachtaí éagsúla agus ar chothú comhfhiosach institiúideach na n-agallamh nuachumtha. Breathnaítear ar cheisteanna agus ábhair aighnis a tháinig chun cinn faoi cheist an ‘traidisiúin,’ faoi

---

<sup>16</sup> Walter Ong, *Orality & Literacy: The Technologizing of the Word* (London & New York, Methuen & Co. Ltd, 1989) agus J. Huizinga, *Homo Ludens: A Study of the Play-Element in Culture* (London, Routledge & Kegan Ltd, 1980).

chúrsaí aisteoireachta agus moltóireachta i gcoitinne, agus na hábhair ab oiriúnaí d'agallamh beirte.

Filltear ar chúrsaí drámaíochta don tréimhse chéanna sin i gCaibidil a Cúig agus, ag tógaint ar an bplé a rinneadh ar an drámaíocht dhúchasach in aimsir na hAthbheochana, déantar iniúchadh ar na tuairimí agus na teoiricí a tháinig chun cinn faoin ábhar céanna i lár an chéid seo caite. Pléitear na hiarrachtaí éagsúla a rinneadh ealaíona béil a mhúnlú ina dtaispeántais stáitse sa tréimhse seo agus an spéis a cuireadh sa scéalaíocht agus san agallamh mar fhoinsé drámaíochta agus scannánaíochta. Déantar grinnléitheoireacht ar shaothar Johnny Chóil Mhaidhc Uí Choisdealbha freisin, an drámadóir Gaeltachta ba 'bhisiúla agus ba dhúchasáí'<sup>17</sup> lena linn agus déantar iniúchadh ach go háirithe ar anáil na béalaireachta agus an agallaimh ar a chuid drámaí stáitse.

Déantar anailís théacsúil i gCaibidil a Sé ar ábhair, ar théamaí agus ar phríomhthréithe na n-agallamh beirte a cumadh i Scoileanna Éigse agus Seanchais na Gaillimhe. Cuireadh cuid de na hagallaimh seo i gcló i nuachtáin éagsúla agus rinneadh taifeadh de na hOllchruinnithe freisin, rud a d'fhág *corpus* substaintiúil agallamh a d'fhéadfaí a úsáid mar théacsanna ionadaíocha le tréithe na n-agallamh a mheas. Scrúdaítear na hagallaimh go téamúil agus pléitear na hagallaimh ina ndéantar cíoradh ar an gcodarsnacht dhénártha idir dhá rud, nó tíopaí aitheanta sa phobal, an choimhlint idir an seansaol agus an saol nua-aimseartha agus cúrsaí grá agus cleamhnais. Féachtar freisin ar an mborradh a tháinig ar chúrsaí polaitíochta agus ceisteanna reatha sóisialta mar ábhair agallaimh agus ar an gcaoi ar baineadh leas as an agallamh mar uirlis agóide. Fiosraítear gné na hidirthéacsúlachta maille le tarraingt na bhfilí béil ar ábhair agus foirmlí traidisiúnta.

Dirítear ar eagraíocht eile a d'fhéach leis na hagallaimh a chothú i gCaibidil a Seacht agus déantar iniúchadh ar ról an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta i bhforbairt agus in athmhúnlú ealaín an agallaimh. Féachtar go speisialta ar chur i láthair na n-agallamh sa chaibidil seo agus ar an iarracht a rinneadh comharthaí sóirt agus saintréithe an aighnis fhileata a bheachtú. Scrúdaítear freisin an plé a rinneadh ar an drámaíocht dhúchasach i gcoitinne sa tréimhse seo, agus an leas a baineadh as an scéalaíocht i léirithe scéaldrámaíochta agus an t-agallamh i ndrámáí nuachumtha Mhichíl Uí Thuairisg.

Baineann an tráchtas seo le gné de ghort an léinn atá fágtha gan treabhadh ag lucht acadúil na Gaeilge, don chuid is mó. Is tráthúil go ndéanfaí staidéar ar shaintréithe na n-ealaíon béil agus ar cheisteanna a bhaineann lena mbunús, lena bhforbairt agus lena gcur i láthair anois agus aitheantas ar leith tugtha ag an gComhairle Ealaíon dóibh ón

---

<sup>17</sup> Luaite in Seán Ó Coisdealbha, *Ortha na Seirce* (Baile Átha Cliath: Sáirseál agus Dill, 1968). Clúdach.

mbliain 2005 faoin scéim Deis.<sup>18</sup> Cuirfidh an tráchtas seo leis an staidéar atá déanta go hidirnáisiúnta ar an bhfilíocht bhéil agus ar an aighneas fileata ach go háirithe. Agus í ag tabhairt faoina cuid taighde féin ar an *contrasto* (agallamh beirte na hIodáile) thrácht Pagliai ar an bhfaillí a bhí déanta ag criticeoirí ar an aighneas fileata i gcoitinne.

By understanding the milieu and the uniqueness of verbal duels, as well as the aesthetic and the performative sense of their creators and their audiences, a door can be opened towards a rich and complex universe of verbal art that has been insufficiently explored and understood.<sup>19</sup>

Féachtar sa tráchtas seo leis an gcuardach agus an tochailt chéanna a dhéanamh i leith an agallaimh fhileata agus doras úrnua a oscailt i léann na Gaeilge a chuirfidh lenár dtuiscint ar stáitsiú na n-ealaíon béil san fhichiú haois.

---

<sup>18</sup> Fógraíodh an scéim seo i mí Bealtaine 2005 agus rinneadh an cur síos seo a leanas ar na healaíona traidisiúnta ann. ‘The traditional arts are defined as comprising traditional music, song and dance, and oral arts such as storytelling and *agallamh beirte*.’ Féach Nuachtlitir. [http://208.254.39.65/artscouncil/e\\_article000406324.cfm?x=0,b11,w](http://208.254.39.65/artscouncil/e_article000406324.cfm?x=0,b11,w)

<sup>19</sup> Valentina Pagliai, ‘The art of dueling with Words: Towards a New Understanding of Verbal Duels across the World,’ *Oral Tradition*, 24/1 (2009) 82.

# *Caibidil 1*

## **Taibhléiriú Dúchasach Gaelach**

### **Anallód**

*Níor cleachtadh an dráma riamh i litríocht na Gaedhilge.*<sup>20</sup>

*Ancient Ireland, strange to say, never knew drama proper.*<sup>21</sup>

*A nation which never advanced so far as a miracle-play affords no literary model to the artist,  
and he must look abroad.*<sup>22</sup>

---

<sup>20</sup> Gan ainm, ‘Drámaí Gaedhilge: A dtairbhe don Ghluaiseacht,’ *Misneach*, 11.9.1920, 1.

<sup>21</sup> Maurice Bourgeois, *John Millington Synge and The Irish Theatre* (London: Constable & Company, 1913) 98.

<sup>22</sup> James Joyce, ‘The Day of the Rabblement,’ *The Critical Writings of James Joyce*, ead. Ellsworth Mason, Richard Ellman, (New York: Viking Press, 1959) 70.

Is minic a tugadh suntas do chruth easnamhach nó neamhfhorbartha na seanlitríochta Gaelaí ó thaobh na drámaíochta de. Níor mhór don ealaíontóir dul sa tóir ar mhúnlaí iasachta, a dúirt James Joyce ag tús an chéid seo caite, mar nach raibh a leithéid le fáil i litríocht na hÉireann. Ba chúis iontais ag go leor criticeoirí an easpa seo i stair na litríochta, go háirithe agus mianach drámatúil le sonrú go forleathan i scríbhneoireacht na tíre agus bua na haisteoireachta le fáil i measc an phobail.

It is, however, an outstanding paradox among the numerous paradoxes in the history of the Irish that their extraordinary flair for acting did not produce a native theatrical tradition.<sup>23</sup>

Rinneadh iarracht an easpa seo a mhíniú agus a thuiscint agus cuireadh an milleán ar chúrsaí polaitiúla agus géarleanúna go minic.<sup>24</sup>

La littérature irlandaise, si brillante à ses débuts, a suivi la fortune et subi le destin du peuple irlandais. Qui ne sait la douloureuse histoire de ce peuple martyr? Il a eu à supporter des souffrances trop réelles pour s'être diverti à peindre des souffrances fictives. Voilà près de neuf siècles que l'Irlande se débat dans le plus poignant des drames, et c'est une raison suffisante pour qu'elle n'en ait point écrit.<sup>25</sup>

Fhad is a bhí pobal na tíre ag fulaingt tragóidí an tsaol, is beag fás a bhí i ndán d'ealaín chruthaitheach. Saol na tuaithe a chleacht formhór na nGael agus ba sna bailte agus sna cathracha a d'fhás an drámaíocht i dtíortha eile.<sup>26</sup> Shíl daoine eile go mb'fhéidir go raibh baint ag an aimsir leis an scéal, ós rud é go mbeadh sé níos deacra taispeántais a stáitsiú taobh amuigh, fé mar a rinneadh sa Ghréig.<sup>27</sup> Drogall a bheith ar an nGael bréaga a insint nó baint a bheith aige le cur i gcéill ba chúis leis dar le daoine eile fós.<sup>28</sup>

---

<sup>23</sup> William Smith Clarke, *The Early Irish Stage: The Beginnings to 1720* (Oxford: Clarendon Press, 1955) 1. Feictear claonadh chun aibhéile agus aiféise i measc roinnt luathchriticeoirí b'fhéidir agus iad ag moladh 'aithriseoireacht' nádúrtha na nÉireannach. 'Dramatic talent runs wild all over the Emerald Isle. Nay, the theatrical propensity or vocation (which is conspicuous in the very gesticulation with which the average Irishman punctuates his speech) assumes the proportions of a real Hibernian trait, of a veritable sociological phenomenon in Ireland past and present.' Bourgeois, *John Millington Synge...*, 98.

<sup>24</sup> Féach mar shampla Andrew E. Malone, *The Irish Drama* (London: Constable & Co, 1929) 2; William Smith Clarke, *The Early Irish Stage...*, 1.

Nochtadh an tuairim seo i measc lucht na Gaeilge go mion minic freisin in aimsir na hAthbheochana. 'Budh ró-annamh Éire fé bhrat na síochána ins an tseanshaoghal. Bhí masladh agus réabadh agus éagcóir agus cruadtan ... Do chuir dubh-scamaill na nAllmhúrach rian fé leith ar imtheachtaibh na hÉireann le faid de bhliadhantaibh agus is beag an iongnadh a thoradh soin a bheith buailte ar ár litridheacht agus ar gach a bhain leis.' Pádraig na Léime, 'Aiste: An Dráma in Éirinn,' *Sinn Féin*, 28.10.1909, 4.

<sup>25</sup> Anatole le Braz, *Le Théâtre Celtique*, (Paris: Calmann-Lévy, 1905), 47.

<sup>26</sup> Deir Clarke mar shampla '...it was ... the exclusively rural pattern of Gaelic culture which prevented the growth of an indigenous formal drama.' In *The Early Irish Stage...*, 2.

<sup>27</sup> Mícheál Ó Siochfhradha, 'Amharclann Gaedhealach,' *An Reult: Irisleabhar na hOllscoile*, Iml 1: 4 Meitheamh (1925), 43-4.

<sup>28</sup> Deir Muiris Ó Droighneáin faoi seo 'B'fhéidir go raibh cuid den cheart ag an Athair Risteárd de Hindeberg agus ag Tomás Mac Donnchadha sa tuairim a bhí aca; b'é sin nár thaithin 'leigint air' an dráma leis na Gaedhil.' In *Taighde i gComhair Stair Litridheachta na Nua-Ghaedhilge ó 1882 anuas*, (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1936)

De réir a chéile a tosaíodh ar shainmhíniú níos leithne a thabhairt ar an drámaíocht agus tugadh aitheantas do na hócáidí taibhléirithe a bhí mar chuid de shiamsaíocht na nGael. Tharraing Clarke aird ar chaithimh aimsire ar leith a léirigh féith na haisteoireachta i luathstair na hÉireann agus ról an Druidh Righeadh<sup>29</sup> mar a thugann sé air, ach go háirithe. Thrácht sé chomh maith ar nósanna a bhain le cluichí tórraimh agus bainse agus ar na drámaí cleamaireachta a tháinig ó Shasana agus a scaip ar fud na tíre. Fletcher is mó a d'fhorbair an argóint seo agus a dhírigh ar théacsanna ón tSean Ghaeilge agus ón nGaeilge Chlasaiceach a léirigh go raibh traidisiún dúchasach drámaíochta mar chuid de chultúr na n-uaisle, 'that a native dramatic tradition did indeed exist, as a phase or aspect of a greater continuum which constituted the Gaelic performing arts.'<sup>30</sup> Cé gur deacair cur síos deifnídeach údarásach a thabhairt ar ealaín na n-oirfideach bunaithe ar fhianaise ó théacsanna scríofa amháin, léiríonn Fletcher go raibh eilimintí drámatúla agus aithriseoireachta mar dhlúthchuid den tsiamsaíocht a bhí le fáil i halla an Taoisigh. Is léir freisin go raibh stádas níos mó ag baint le cineálacha áirithe siamsaíochta; meas ollmhór ar an *ollamh fíled* agus ar chruitirí; aicme eile sa lucht siamsa ag teacht i dtír ar a gcuid cleasaíochta – fuirseoirí, an *druth rí*, na *clessanaig* agus na *bragetorí*. Ar na scileanna agus buanna fisiciúla is mó a shamhlaítear leis an aicme seo siamsóirí tá 'juggling, feats of illusion, shouting, gambolling, and acrobatics ... physical contortions ... and to pull comical faces.'<sup>31</sup> Meascán d'aithriseoireacht agus gheáitsíocht a bhí in ealaín na gcrosán freisin dar le Harrison agus taispeántas poiblí beo a chleacht siad. Bhí idir fhilíocht agus phrós i gceist sa chrosántacht agus ábhar barrúil nó gáirsiúil ann go minic. Spéisiúil go leor dealraíonn sé go mbíodh feisteas agus aghaidheanna fidil in úsáid chomh maith, gruaig fhada agus aghaidheanna dubha ach go háirithe, gnás a bhain le 'traidisiúin na bundrámaíochta agus na hamadántaíochta'<sup>32</sup> i gcoitinne. Tugann pictiúr cáiliúil John Derricke ón séú haois déag tuairim éigin dúinn faoi chaitheamh aimsire na dTaoiseach agus feictear an reacaire filíochta, cruitire agus buíon eile a bhain le lucht siamsa na tréimhse ann. (Féach Léaráid 1) Tagraíonn Harrison don chur síos seo a leanas ó thaistealaí Sasanach ón séú haois déag agus tarraingíonn sé aird ach go háirithe ar 'an mblas drámatúil' atá le sonrú ann.

Now comes the rhymer that made the rhyme with his rakry (reaciare, reciter).  
The 'rakry' is he that shall utter the rhyme, and the rhymer himself sits by  
with the captain very proudly. He brings also the harper, who plays all the  
while the 'rakry' sings the rhyme. Also he has his bard, which is a kind of  
foolish fellow...<sup>33</sup>

<sup>29</sup> Clarke, *The Early Irish Stage...*, 2.

<sup>30</sup> Alan J. Fletcher, *Drama, Performance and Polity in Pre-Cromwellian Ireland*, (Cork: Cork University Press, 2000), 9.

<sup>31</sup> Fletcher, *Drama, Performance and Polity...*, 23.

<sup>32</sup> Alan Harrison, *An Chrosántacht* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1979) 56.

<sup>33</sup> Smyth luaite in Harrison, *An Chrosántacht*, 31.



Léaráid 1: Halla an Taoisigh ó John Derricke, *The Image of Irelande*, 1581.<sup>34</sup>

Ardán poiblí agus uirlis chumhachtach a bhí sna taibhealaíona traidisiúnta do phobal dúchasach na tíre agus tugann Fletcher cuntas ar an amhras a bhí ar an lucht coilíneach faoi aos ealaíon na nGael.

The heightened English awareness of the seditious, oppositional role of Gaelic entertainers may be an indication that in Gaelic society, at this date largely factional and lacking in such national political institutions as might confer upon it a sense of nation-wide solidarity, was tending to rely on its ritual specialists – storytellers, harpers, and performers of various sorts – to head its political and military response to the English colonial presence ... The performing arts in Ireland, which as we have seen might affirm in their audiences a sense of their Gaelic cultural identity as much as they might merely provide entertainment, could pose a material threat to English cultural dominance or ‘civility,’ as it was usually called by its proponents. A steady stream of complaint that flowed from the walled towns and colonial centres from the fourteenth century onwards was, by the sixteenth century, in full spate, and the volume of this complaint seems to have been directly proportional to the attendant sixteenth-century English anxiety to secure Irish interests once and for all.<sup>35</sup>

Feictear scoilt idir cultúr agus taibhléirithe na mbundúchasach agus cultúr agus drámaíocht Ghallda na mbailte móra agus rinneadh iarracht lucht oirfíde na nGael a ghlanadh chun siúil. Fógraíodh sa séú céad déag, mar shampla, ‘that noe Irish mynistrells Rymouers, Shannaghes, ne Bardes messengers come to desire anie goodes

<sup>34</sup> Ar fáil ar leabharlann leictreonach Ollscoil Dhún Éideann.

[http://www.lib.ed.ac.uk/about/bgallery/Gallery/researchcoll/pages/bg0055\\_jpg.htm](http://www.lib.ed.ac.uk/about/bgallery/Gallery/researchcoll/pages/bg0055_jpg.htm) (léite 20.2.2009)

<sup>35</sup> Fletcher, *Drama, Performance and Polity...*, 47-8.



of anie man dwellinge within the English pall upon payne of forfeiture of all their goodes, and their bodyes to be imprisoned at the Kings will.’<sup>36</sup>

Thug ócáidí sóisialta, deasghnátha, féilte, fleadhanna agus aonaigh deis d’aicme eile páirt a ghlacadh i gcluichí agus taibhléirithe neamhfhoirmeálta chomh maith. Tá cur síos cuimsitheach déanta ag Seán Ó Súilleabháin<sup>37</sup> ar chluichí tórraimhe na tíre seo agus tá eilimintí drámatúla le feiscint sna cluichí aithrise go speisialta. Bhí cluichí den sórt seo ag brath ar an tsamhlaíocht. Ghlacadh daoine ‘pearsa’ eile chucu féin agus deis a bhí ann aghaidh fidil an traidisiúin a chaitheamh agus géilleadh don chur i gcéill. Mar a shonraíonn Fletcher, fiú más ‘cluichí’ a bhí iontu, ní shin le rá nach raibh rialacha agus struchtúr cinnte ag baint leo. Tá an tuairim seo ag teacht le teoiricí Huizinga ar fheidhm na cluichíochta sa chultúr.<sup>38</sup>

Games succeed in entertaining only if in some sense they are played seriously and their rules carefully followed. Like any other game, dramatic *cluichí* equally would have been undertaken in a certain spirit of earnest ...<sup>39</sup>

Ba í an scéalaíocht stáitse dúchasach na hÉireann dar le léirmheastóirí eile agus leag criticeoirí áirithe béim ar mhianach drámatúil na scéalaíochta. Aisteoir de shórt a bhí sa seanchaí dar le Ó hAodha:

Like much of great imaginative literature, the Gaelic epics and sagas were conceived as something to be spoken. The shanachie or storyteller had a keen sense of the dramatic but it was by the fireside, not on a stage, that he perfected his craft. It may well be that he favoured a solo performance, a one-man show, preferring to do all the talking himself rather than to share the dialogue with other.<sup>40</sup>

Ealaín a bhí ag brath go hiomlán ar dhinimic an chur i láthair a bhí ann agus is i dtéarmaí na drámaíochta a phléigh Fletcher é chomh maith:

Any reciter or storyteller hoping to hold the attention of his audience must in some measure have *performed* his narrative not merely related it, and to this extent he practiced a dramatic art.<sup>41</sup>

Bhí áit lárnach ag an scéalaíocht i gcultúr na ndaoine agus nocht Malone an tuairim gur thóg an reacaireacht áit na drámaíochta sa tír seo. Go deimhin, an cleachtas cultúrtha

---

<sup>36</sup> Patrick Finglas luaite in Fletcher, *Drama, Performance and Polity...*,

<sup>37</sup> Seán Ó Súilleabháin, *Caitheamh Aimsire ar Thórraimh*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1961)

<sup>38</sup> ‘We can say: play is non-seriousness. But apart from the fact that this proposition tells us nothing about the positive qualities of play, it is extraordinarily easy to refute ... Children’s games, football, and chess are played in profound seriousness; the players have not the slightest inclination to laugh.’ Féach Johan Huizinga, *Homo Ludens: A Study of the Play-Element in Culture* (London: Routledge & K. Paul, 1949) 5-6.

<sup>39</sup> Fletcher, *Drama, Performance and Polity...*, 45.

<sup>40</sup> Micheál Ó hAodha, *Theatre in Ireland* (Oxford: Basil Blackwell, 1974) xi.

<sup>41</sup> Fletcher, *Drama, Performance and Polity...*, 26.

seanbhunaithe seo a chuir cosc le fás na drámaíochta dar leis, ‘a system which probably more than any other single cause prevented the growth of a distinctively national drama.’<sup>42</sup> Chomhlíon an scéalaíocht ról ar leith sa phobal rud a chiallaigh nach raibh éileamh ar léiriú drámatúil ar scéalta dar leis. Bhí an léirmheastóir Bourgeois ar aon fhocal leis sa tátal seo atá déanta aige maidir leis an scéalaíocht.

... the literature of ancient Ireland is mostly narrative; there were professional story-tellers, the *fili* and, more especially, the *shanachies* or *seanchuidhe*; and the narrative relation of events, from a literary point of view, is the very opposite of their dramatic externalization or visualization.<sup>43</sup>

San áit a ndeachaigh criticeoirí áirithe sa tóir ar shíolta na drámaíochta i ndeasghnátha agus i gcleachtais chultúrtha an phobail, dhírigh baill eile den lucht léinn ar na téacsanna litríochta iad féin agus ar mhianach drámatúil an phróis agus na filíochta. Maíodh go raibh an t-ábhar drámatúil ann féin, fiú mura raibh ó thaobh foirme de, agus go raibh na buanna seo le feiscint go smior ann, ‘the dramatic substance is abundantly, though implicitly, present in all her literature.’<sup>44</sup> Sa bhliain 1905 d’fhoilsigh Anatole Le Braz *Le Théâtre Celtique*, leabhar a d’fhéach le staidéar a dhéanamh ar ealaín na hamharclannaíochta sna tíortha ceilteacha. Ag díriú ar chomharthaí sóirt na n-eipicí Gaelacha nocht sé an tuairim go raibh mianach ard drámatúil le fáil iontu.

Leur littérature est à leur image. Savante, compliquée même, assujettie à des règles souvent puérides, elles n’en est pas moins une littérature d’action, toute gonflée de sève héroïque et irrésistiblement orientée vers le drame.<sup>45</sup>

Ba dhearmad é na scéalta seo faoi laochra a rangú mar eipicí, dar leis – drámaí a bhí iontu i gcruth eile. Bhí sé le sonrú sa choimhlint idir pearsana éagsúla agus san fhoirm féin dar leis.

Elle n’est pas dramatique seulement en son fond, par les conflits farouches de sentiments et les violentes oppositions de caractères où elle se complaît: elle l’est encore dans la forme, en dépit de ce nom d’épopée qu’on lui attribue, faute, je pense, d’une appellation plus exacte ... Par le dehors comme par le dedans, ces prétendues épopées sont donc, en réalité, des drames - drames fragmentaires, incomplets, inorganisés même, si l’on veut, mais qui pour la plupart, n’en témoignent pas moins chez leurs auteurs d’un sens inné de la grandeur tragique.<sup>46</sup>

Níor ghá ach dianstaidéar a dhéanamh ar eachtraí na Tána agus a leithéid, dar leis, agus mar chruthúnas ar an teoiric seo aige rinne sé anailís ar *L’histoire du Cochon de Mac-Dathó*, is é sin, *Scéla Muicce Meic Dathó*. Is i dtéarmaí na drámaíochta a phléann sé an scéal ar fad, agus leas á bhaint as téarmaíocht an téatair aige, ‘La pièce s’ouvre ... à

---

<sup>42</sup> Malone, *The Irish Drama...*, 4.

<sup>43</sup> Bourgeois, *John Millington Synge...*, 98.

<sup>44</sup> *Ibid.*, 98.

<sup>45</sup> Anatole Le Braz, *Le Théâtre Celtique* (Paris: Calmann-Lévy, 1905) 8.

<sup>46</sup> *Ibid.*, 8-9.

l'acte suivant ...' agus mar sin de. Tarraingíonn sé aird ach go háirithe ar an bhfocal labhartha agus ar fhuinteacht na cainte i radharcanna éagsúla, 'La scène est de grande allure, le dialogue d'un belle verve jaillissante et pressée.'<sup>47</sup> D'fhógair sé chomh maith go raibh na tréithe drámatúla seo le tabhairt faoi deara i litríocht na hÉireann tré chéile agus go bhféadfaí anailís a dhéanamh ar na heipicí go léir agus an comhthéacs drámatúil mar fhráma tagartha agat. B'ionann feidhm shóisialta na scéalta seo agus ról na hamharclannaíochta sa lá atá inniu ann.

Qu'on prenne toute l'épopée irlandaise: le sentiment tragique y transpire à chaque page. M. d'Arbois de Jubainville n'a rien avancé de paradoxal, quand il a dit de ces poèmes, déclamés, chantés et peut-être mimés par les *file* dans les *dûn* des rois, aux veillées d'hiver, ou devant les multitudes, en plein air, aux grandes assemblées périodiques de mai, d'août et de novembre, qu'ils ont été pour l'Irlande d'autrefois ce que sont aujourd'hui pour nous le théâtre et même le café-concert.<sup>48</sup>

D'aontaigh an drámadóir Mícheál Ó Siochfhradha<sup>49</sup> chomh maith go raibh 'stáitsiú' de shórt i gceist leis na scéalta Rúraíochta seo.

Tá féith láidir drámuíochta annsan agus is amhlaidh dos na sgéalta san go léir mar bhídís á n-aithris ós comhair righthe ag na báird agus ní fada ó aithris aonfhir go haithris ag fóirnibh.<sup>50</sup>

## Agallaimh na Sean-Ghaeilge

Tugadh suntas chomh maith do ghné eile de chuid na litríochta Gaeilge a bhí an-ghar don drámaíocht - an tAgallamh nó an *immacallam*.<sup>51</sup> Is de dhlúth agus d'inneach na seanlitríochta Gaelaí an iomarbhá chainte agus an t-agallamh mar fhoirm liteartha, le pearsana freasúra a chur in adharca a chéile agus ábhair a phlé go fuinniúil drámatúil. Múnla liteartha ar leith a bhí san agallamh, dar le Nagy, a bhí mar bhunchloch ag litríocht mheánaoiseach na tíre seo. Comhraite fileata idir daoine agus ainmhithe, pagánaigh agus naoimh, filí agus ríthe, a chuireann ar ár gcumas éisteacht le guthanna agus tuairimí éagsúla ó thréimhsí difriúla. Feictear próiseas dialógach iontu go minic agus coimhlint nó codarsnacht, dar le Nagy, idir an tseandacht agus an saol iarbhír.

---

<sup>47</sup> *Ibid.*, 15.

<sup>48</sup> *Ibid.*, 18-19.

<sup>49</sup> Mícheál Ó Siochfhradha (1900-1986). Drámadóir a a scríobh bundrámaí agus a d'aistrigh drámaí Béarla. Baint aige leis an gComhar Drámaíochta agus ar dhuine de bhunaitheoirí an Chompántais in 1943. Féach <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1756>

<sup>50</sup> M. Ó Siochfhradha, 'Amharclann Gaedhealach,' *An Reult: Irisleabhar na hOllscoile*, Iml 1: 4, Meitheamh (1925), 42.

<sup>51</sup> Bhí 'Aighneas' agus 'Agallmha' ann le cianta agus iad ana-chomhgarach don dráma uaireanta... Múiris Ó Droighneáin, *Taighde i gComhair Stair Litríochta na Nua-Ghaeilge ó 1882 anuas*, 1936, 92. Labhair na pearsana sa chéad phearsa sna dánta seo ach ní raibh forbairt tagtha ar ghnéithe eile d'ealaín na drámaíochta. 'It is also true that in many of our ancient poems the chief characters speak for themselves, often with an interlocutor (not unlike the Greek chorus); but in these there is no attempt at dramatic design, colouring or plot.' 'Dramatic Scenes,' *Irisleabhar na Gaedhilge* (Samhain 1882) 18.

Here, then, is one of the basic patterns, if not *the* basic pattern, underlying the various stories concerning the origins of medieval Irish culture. Key to this pattern, as to the very substance of medieval literature, is the dialogic process. Within the auditorium of the text, voices, including the angelic and the ancient, are brought together, but they threaten either to speak in whispers, mockingly inaudible within the hapless text straining to hear and convey, or to ring out with enough volume to obliterate our sense of a fixed, closed, and efficient text. Internally, within the story, characters representing different epochs, worldviews, and semiotics engage in dialogues that reflect a struggle for mastery, and all the while, externally, the text itself engages in dialogue with those characters and with the story, a dialogue that is a struggle for a mastery of signs as well.<sup>52</sup>

Is é *Immacallam in Dá Thúarad*,<sup>53</sup> nó agallamh an bheirt saoithe, an comhrá nó an t-aigneas is luaithe dá maireann. San iomarbhá áirithe seo, feictear beirt fhilí, Ferchertne agus Néde mac Adnai meic Uithir, ag sáraíocht ar a chéile agus ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar a chéile sa chaint agus iad san iomaíocht don teideal Ollamh Éireann. Bhí comhrá na beirte chomh léannta is go raibh sé dothuigthe ag gach duine eile.<sup>54</sup> Agallamh ársa eile sa tSean-Ghaeilge é an t-agallamh idir Fintan mac Bóchna agus Seabhac Acla, ‘*The Colloquy between Fintan and the Hawk of Achill*’ ó 700-950.<sup>55</sup> Úsáidtear foirm an agallaimh sa téacs seo le scéal na hÉireann a insint. Comhrá idir an seanóir Fintan agus an seabhac críonna atá sa téacs. Tá siad ar chomhaois, os cionn sé mhíle go leith bliain d’aois, rud a chuireann ar a gcumas eachtraí agus imeachtaí uilig na staire ón Dile i leith a ionramháil agus a phlé. Tá struchtúr an téacs ag brath ar an mbabhtáil chainte is dual don agallamh agus an bheirt acu ag insint scéalta dá chéile. Tosnaíonn an saothar le Fintan ag tabhairt cuireadh chun cainte don Seabhac agus maíonn sé go bhfuil sé féin inniúil ar theanga na n-éan a labhairt.

**Fintan:**

1. Arsaidh sin, a eóuin Accla  
innis dúinn adbur t' echtra  
atá accam co séghda  
h' accallam a hénbérta

**In t-én:**

2. Gé thusu nochu n-óg ort  
is fada ó do chael do chorp  
i n-Dún Tulchu fa ticc muir  
a Finntain, a fir éoluigh.<sup>56</sup>

---

<sup>52</sup> Joseph Falaky Nagy, *Conversing with Angels and Ancients: Literary Myths of Medieval Ireland*, (Baile Átha Cliath: Four Courts Press: 1997) 327.

<sup>53</sup> P.L. Henry, *Saoithiúlacht na Sean-Ghaeilge*, (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1978) 49-54.

<sup>54</sup> Nagy, *Conversing with Angels...*, 203.

<sup>55</sup> Tugtar *Arsaidh sin a éoin Accla* ar an téacs seo freisin. Téacs SeanGhaeilge ar fáil ar chartlann leictreonach <http://www.ucc.ie/celt/published/G109001/index.html> (léite 24.2.2009). Aistriúchán Béarla le Eleanor Hull ‘The Hawk of Achill, or the Legend of the Oldest Animal,’ *Folklore* 43 (1932), 376-409.

<sup>56</sup> <http://www.ucc.ie/celt/published/G109001/index.html> (léite 24.2.2009).

Aistriúchán Béarla le Eleanor Hull: ‘Fintan: Relate now, O Bird of Achill, / Tell us the substance of thy adventures;/ I am able finely/ to converse with thee in bird-language. The Bird: Though there are no signs of youth upon thee / It is long since thy body became shrunken / In Dun Tulcra washed by the sea / O

Leantar leis an gcomhrá agus iarrann an t-éan ar Fhintan, anois go bhfuil an deis seo acu labhairt lena chéile, ‘ó rainic ar chóir chomhráidh,’ scéal a shaoil a insint dó gan mhoill, agus na huafáis agus na hiontais uilig a bhain dó a eachtrú dó.

7. A micc Bóchra in bérla báin  
ó ráinic ar chóir chomhráidh  
ar grádh Íssu innis dam  
do thaidhecht is do sáeghal

12. A Finntain mheic Bóchra báin  
os tussa in fili 'san fáidh  
innis dúinn gan chairde anuis  
na h-uile is aidhble fúaruís.<sup>57</sup>

Eachtraíonn sé a scéal, ag trácht ar ríthe ar leith, teacht Naomh Pádraig agus na hathruithe go léir atá feicthe aige. Ansin déanann an seabhac cur síos ar na cathanna go léir atá feicthe aige féin lena linn. Is mó de roinnt eolais agus de scéalaíocht atá le feiscint san agallamh áirithe seo ná d’iomaíocht. Comhrá seachas briatharchath atá ann don chuid is mó, cé go bhfuil sleachta áirithe ina bhfeictear teannas agus coimhlint, mar shampla, nuair a admhaíonn an seabhac gurbh é féin a shloig súil Fhintain agus a d’fhág ar leathshúil é agus é i gcruth bradáin na céadta bliain ó shin. Éilíonn Fintan éiric air mar chúiteamh ar an tsúil ach tugann an seabhac an t-eiteach dó.

**In t-én:**

22. Is misi do sluig do súil  
a Fintain in aicnidh úir  
is mé in seabac líath co ladh  
bís a coim Accla m' óenar

**Fintan:**

23. Massa thusa sin gidh sáeb  
d' fácbuis mé co cíamair cáech  
atá i ndliged 's a n-dúla  
ícc rimm éruicc m' énsúla

**In t-én:**

24. Éraicc bec do-béruinn duit  
a Finntain mheic Bóchra buig  
in áe-nsúil-sin h-it chinn chrín  
prap do sluigfinn am óenmír.<sup>58</sup>

---

Fintan, O wise man.’ in ‘The Hawk of Achill, or the Legend of the Oldest Animal,’ *Folklore* 43 (1932), 392.

<sup>57</sup> <http://www.ucc.ie/celt/published/G109001/index.html> (léite 24.2.2009). Aistriúchán Béarla Hull: O Son of Bochra, in fair speech [i.e. Latin] / Since we have a favourable opportunity to converse, / For to love of Jesus, tell me / Of thy coming and going hither and thy life. / ... O Fintan, son of fair Bochra, / Since thou art a poet and a prophet, / Tell us now without delay / The evils and wonders that befell you.’ in ‘The Hawk of Achill, or the Legend of the Oldest Animal,’ *Folklore* 43 (1932), 393.

<sup>58</sup> <http://www.ucc.ie/celt/published/G109001/index.html> (léite 24.2.2009). Aistriúchán Béarla Hull: ‘The Bird: It was I who swallowed thy eye, / O Fintan of the fresh heart, / I am the grey hawk... / alone in the middle of Achill. / Fintan: If it was thou, though it seems strange, / who left me in gloom, one-eyed, / Pay me compensation (eric) for my eye, / as law and obedience demand. / The Bird: Small would be the eric I

Críoch chríostúil a chuirtear ar an agallamh le Fintan ag tabhairt maithiúnais don Seabhac agus ag fógairt go gcreideann sé sa Slánaitheoir agus go mbeidh áit sna Flaithis don bheirt acu, áit a leanfar leis an scéalaíocht.

Cuireann múnla an agallaimh ar chumas an téacs díospóireacht agus briatharchath a thionscain idir guthanna contrártha agus ceadaíonn an struchtúr áirithe seo cothromaíocht sa mhéid is go n-aithnítear údarás na nguthanna uilig, ‘this is, after all, an *acallam*, and each of the voices involved in this conversation has its own special authority.’<sup>59</sup> Tá *Buile Shuibhne* chomh maith ag brath go mór ar na comhráite fileata idir an gealt agus pearsana eile a chastar air sa scéal, a bhean chéile Eórann agus Naomh Moling ina measc.

A cursory reading of the *Buile Shuibhne* might give us the impression that Suibhne’s poetry, the glorious outcome of his *geltacht*, consists of soliloquies, of the deranged poet talking primarily to himself about himself, his condition, and his natural environment. In fact, much if not most of this verse is cast within the framework of exchange between Suibhne and the diverse characters whom he engages, and by whom he is engaged, in dialogue. Words form a mesh with which the *geilt* can be ensnared, or with which Suibhne can draw closer to the few kindred souls who can appreciate his pain and his art.<sup>60</sup>

Sa *Táin* féin nuair a chasann Cú Chulainn agus Ferdia ar a chéile ar pháirc an áir, is i véarsaíocht a théann siad in iomaíocht lena chéile ar dtús.

Acus rabert Fer Diad na briathra and & ra frecair Cú Chulaind:

**Fer Diad:**

Cid raí tuc, a Chúa,  
do throit ra níaid núa?  
Bud cróderg da chrúa  
ás análaib th'ech.  
Mairg *táinic* do thurus,  
bud atód ra haires,  
ricfa a less do legess,  
mad dá rís do thech.

**Cú Chulaind:**

Dodechad ré n-ócaib  
im torc trethan trétaig,  
re cathaib, re cétaib,  
dot chur-su fán lind,  
d'feirg rut is dot fromad  
bar comrac cét conar

---

would give you./ O Fintan, son of gentle Bochra./ That single eye (left in) thy withered head/ I would gulp down quickly in one bite.’ in ‘The Hawk of Achill, or the Legend of the Oldest Animal,’ *Folklore* 43 (1932), 395.

<sup>59</sup> Nagy, *Conversing with Angels...*, 321.

<sup>60</sup> Joseph Falaky Nagy, *A New Introduction to Buile Suibhne: The Frenzy of Suibhne*, (London: The Irish Texts Society, 1996) 16.

corop dait bas fogal  
do chosnom do chind.<sup>61</sup>

Bhíodh iomaíocht véarsaíochta de chineál eile le feiscint sa tseanlitríocht chomh maith. Dushlán filíochta a bhíonn i gceist go minic – leathrann ó phearsa amháin agus freagra i leathrann ó phearsa eile. ‘Verse capping’ a thugtar ar an traidisiún seo agus is sa téacs *Tromdám Guaire* is mó a fheictear é seo. Casann Senchán, file, le hIngen húi Dulsaine agus labhrann sí i véarsaíocht leis agus fiafraíonn de ‘Cate a lethchomorgg?’ (Cad é an leath-véarsa) agus ‘Cate a lethrann?’ (Cad é an lethrann).<sup>62</sup> Scil í seo a samhlaíodh le filí sa bhéaloidias agus bíonn an tseift chéanna in úsáid i rannscéalta an bhéaloidis go minic.<sup>63</sup> In eachtra ar leith i *Fingal Rónáin* chomh maith tugtar léiriú ar an geleas cianda seo nuair a thugann Mael Fhothartaig leathrann uaidh agus críochnaíonn an bhanríon é.

At-chicera didiu comartha airi inn-ossa, or si-ssi. Géb-sa lethrand dús in ba cubaid frissa ngéba-som. Do-gnith-som ón cech n-iadchi do airiuc thuli di-ssi. No gaibed-som lethrand, no gaibed-si a lleth n-aill. Do-lluid-som didiu ammaig co m-boí oc tírad a cholptha frisin tenid, ocus Congal inna farrad. Buí in drúth Mael Foth-artaig .i. Mac Glass, oc clessaib for lár in taige. Is and asbert, ar rop úar in laa

Is úar fri cloí ngeaithe  
do neoch in-gair Bú Aífe.

Cluinti seo, a Rónáin, or si-si. Gaib sin do-ridisi, or sí.

Is úar fri cloí ngaíthe  
do neoch in-gair Bú Aífe.  
Iss ed ingaire mada, or si-se  
cen bú, cen nech no chara.

(.i. sech ní ránac-sa, ní thucais-siu na bú lat.)<sup>64</sup>

---

<sup>61</sup> <http://www.ucc.ie/celt/published/G301035/index.html>.

Leagan Nua-Ghaeilge in Eoghan Ó Loinsigh *An Táin* (Baile Átha Cliath: Clódhanna Teo, 1989) 100.

Agus dúirt Fear Dia na briathra seo agus d’fhreagair Cú Chulainn é:

Fear Dia: Céard a thug tú a chua/ do throid le nia nua?/ Ba chródhearg do chrua/ os anála d’each./ Mairg tháinig do thuras,/ ab adú le haondos/ beidh gá ‘gat le leigheas/ má shroichfir do theach.

Cú Chulainn: Táim tagtha roimh óga/ im’ thorc treathan tréadach,/ roimh chatha, roimh chéadta./ dod’ chursa faoin linn,/ d’fheirg leat is do d’phromhadh/ ar chomhrac céad conair/ chun gur ort beidh foghail/ de chosnamh do chinn.

<sup>62</sup> M. Ní Dhonnchadha, ‘The Prull narrative in Sanas Cormaic,’ *Cín Chille Cúile*, eag. John Carey, Máire Herbert & Kevin Murray, (Aberystwyth: Celtic Studies Publications, 2004) 167.

<sup>63</sup> Mhair cáil na deisbhéalaí ar fhilí anuas go dtínar linn féin. Féach Daithí Ó hÓgáin, *An File* (Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 1982)

<sup>64</sup> <http://www.ucc.ie/celt/published/G302011/index.html> ; in eagar chomh maith ag Kuno Meyer, ‘Fingal Rónáin: How Rónáin slew his son,’ *Revue Celtique* XIII (1892) 368-397. Aistriúchán le Myles Dillon: ‘You shall see proof of it now,’ said she. ‘I shall make a half-quatrain to see whether it will fit what he makes.’ He used to do that every night to please her. He would make a half-quatrain, and she would make the other half. Then he came in and was drying his legs at the fire, and Congal was beside him. Mael Forthartaig’s jester, Mac Glas, was playing on the floor. Then he said, for the day was cold: ‘It is cold against the wind for him who herds the cows of the slope.’ ‘Listen to this Rónán!’ said she. ‘Say that again,’ said she. ‘It is cold against the wind for him who herds the cows of the slope.’ She said: ‘It is a vain herding without cows, without one you love.’

## Agallamh Oisín agus Phádraig

Thar aon agallamh eile mhúscail ‘Agallamh Oisín agus Phádraig’ spéis agus plé i measc léirmheastóirí le fada. Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir an téacs meánaoiseach *Acallamh na Seanórach*, a cumadh uair éigin sa dara haois déag agus ‘Agallamh Oisín agus Phádraig,’ a breacadh síos in Ostend na Beilge in 1626-7.<sup>65</sup> Tá idir phrós agus véarsaíocht in *Acallamh na Seanórach*, áit a gcastar Caoilte Mac Rónáin agus Naomh Pádraig ar a chéile. Leantar le sraith scéalta agus dánta, agus tugann Caoilte cuntas ar logainmneacha, dinnseanchas agus móreachtraí na bhFiann. Mar a shonraigh Krause, is beag coimhlint nó achrann atá sa téacs seo, agus ní bhaintear adhmaid as na contrárthachtaí éagsúla eatarthu agus na hábhair aighnis a d’fhéadfadh teacht chun cinn i gcomhrá na beirte.

In a congenial mood, Caílte wanders through Ireland with the saint, telling him an assortment of disconnected tales about the pagan heroes, occasionally singing some beautiful lyric and elegiac poems, and the equally friendly Patrick finally converts him and his remaining Fenians to the new order of Christianity.<sup>66</sup>

Is mór idir na pearsana muinteartha seo a chuirtear os ár gcomhair in *Acallamh na Seanórach*, agus an bheirt a théann in adharca a chéile in ‘Agallamh Oisín agus Phádraig.’ I bhfoirm véarsaíochta ar fad atá na comhráite in ‘Agallamh Oisín agus Phádraig’ agus an ghné choimhlinteach chun tosaigh sa bhriatharchath. Tagann an leagan is ársa ón lámhscríbhinn *Duanaire Finn*, a cuireadh i dtoll a chéile ar an mór-roinn sa seachtú céad déag. Tosnaíonn an t-agallamh le caint bhorb Phádraig, agus é ag tabhairt ordú don phagánach aosta éisteacht leis na sailm.

### Pádraig:

A Oisín is fada do shúan  
eirigh súas is éisd na sailm  
ó thairnig do lúth is do rath  
do chuirtheá cath a ngleó garbh.

### Oisín:

Do tháirnic mo lúth is mo rath  
ó nach mairionn cath ag Fionn  
i gcléircibh ní fhuil mo spéis  
nó ceól da n-éis ní binn liom.<sup>67</sup>

Leantar le conspóid ar chúrsaí ceoil, agus Oisín ag tabhairt cuntais ar an an gcineál ceoil a thaitin leis féin agus na Fianna. Leagtar béim ar leith ar cheol an nádúir, ‘sgalgarnach

---

(That is: ‘I did not come, and you did not bring home the cows.’) in *The Cycles of the Kings* (London: Oxford University Press, 1946) 45

<sup>65</sup> Ruairí Ó hUiginn, ‘Duanaire Finn,’ *Léachtaí Cholm Cille XXV: An Fhiannaíocht* (Maigh Nuad: An Sagart, 1995) 47-68.

<sup>66</sup> David Krause, ‘The Hidden Oisín,’ *Studia Hibernica* 6 (1966) 12.

<sup>67</sup> LVII in eag. Gerard Murphy *Duanaire Finn: The Book of the Lays of Fionn II* (London: Irish Texts Society, 1933) 204.



luin Leitreach Laoi,' 'smólach guithbhinn Ghleanna in Sgáil' agus na fuaimeanna ar fad a bhain le cúrsaí seilge agus catha, 'síansán con' agus an 'Dord Fían.' Is mór idir an ceol seo a chleacht sé ina óige agus ceol duairc na hEaglaise, 'na sailm' agus 'ceol na gclog.' Cuirtear saoldearcadh an phágánaigh agus saoldearcadh an Naoimh i gcodarsnacht lena chéile agus tugtar léiriú barrúil ar mhítuiscintí Oisín i dtaobh an chreidimh. Coincheap aduain ar fad atá sa saol eile de réir téarmaí tagartha na Críostaíochta dó, agus réigiún nó dún fisiciúil a shamhlaíonn sé nuair a labhraíonn Pádraig ar neamh agus ifreann. Má tá Fionn agus na Fianna go léir le chéile in ifreann, ní fhéadfadh duine ar bith iad a choinneáil ann i n-aghaidh a dtola, dar leis, agus is cinnte go bhfaighidís an lámh in uachtar ar pé bithiúnach a bhí i bhfeighil na háite.

**Pádraig:**

24. Gach ar pronn tú & Fionn d' ór  
olc do-chúaidh dhó agus duit  
ata sé a n-ifreann 'na gheall  
mar do-denadh feall agus broid.

**Oisín:**

25. Beag do chreidfinn dot ghlór  
a chleirigh na leabar mbán  
ní roibhe Fionn na coimfhíal  
ag duine nó ag Día i lámh.

**Pádraig:**

26. Ata sé a n-ifrionn a láimh,  
fear fa sáimh do bhronnadh ór  
a ndíol a easurradhais ar Dhia  
ta sé a ttigh na bpían fá brón.

**Oisín:**

27. Da mbeith clanna Morná astigh  
nó chlann Bhaoisgne fir fa trén  
do-bherdaoís sin Fionn amach  
nó bhíadh in teach aca fén.

28. Dá maireadh Fáolan is Goll  
Diarmaid donn is Osgar áigh  
i n-éintigh riamh dar chom Día  
ní bhíadh Fionn na fFían a láimh.<sup>68</sup>

Cumadh agallaimh eile idir Oisín agus Pádraig agus na hábhair aighnis agus achrainn chéanna iontu agus maireann iliomad leaganacha i lámhscríbhinní éagsúla. Argóint atá ann, ní hamháin idir Oisín agus Naomh Pádraig, ach idir an laoch Fionn Mac Cumhaill agus Dia uilechumhachtach na Críostaíochta. Cosnaíonn Oisín a athair ar ionsaithe Phádraig agus ar an gcaoi chéanna, molann Naomh Pádraig a 'athair' agus a cheannaire féin. Is minic a chuirtear a dtréithe agus a luachanna i gcomparáid lena chéile, agus Oisín den tuairim gur láidre agus gur fearr Fionn mar cheannaire. I laoi Albanach, iarrann sé ar Phádraig na Fianna a ligint isteach sna Flaithis i ngan fhios do Dhia. Ní

---

<sup>68</sup> LVII in eag. Gerard Murphy *Duanaire Finn...*, 210-2.

fhéadfaí a leithéid de bhob a bhualadh ar Rí uilefheasach na bhFlaitheas, a fhreagraíonn Naomh Pádraig. Sprionlóir suarach atá i nDia mura scaoilfidh sé na Fianna isteach ina Ríocht, a deir Oisín agus cuireann sé i gcomparáid é lena Rí féin, Fionn, nár chuir aon duine ó dhoras riamh agus a bhí fial flaithiúil i gcónaí.

**Pádraig:**

12. Gíodh beag an chuil chrónánach  
nó an dadam san gath ghréine,  
gan fhios don Rígh mhórdhálach  
ní ria fa bhil a sgéithe.

**Oisín:**

13. Ní hé sin do mhac Comhaill,  
rí maith bhí sna fianaibh:  
rachdaois fir an domhain  
'na thigh uile gan iarraidh.<sup>69</sup>

Is minic Oisín freisin ag insint scéalta faoi laethanta a óige agus an pléisiúr a bhí le baint as an saol. Bhíodh fleadhanna móra acu le rogha gach bia agus togha gach dí, murab ionann agus an síorthroscadh agus tréanas atá anois ann. Tá a thuairimí ar chúrsaí grá agus collaíochta freisin ag teacht salach ar luachanna na Críostaíochta agus cuireann sé alltacht ar Phádraig an Piúratánach nuair a labhraíonn sé go hoscailte ar a dhúil sna mná.

**Oisín:**

10. Nár fhagadsa amharc Dé úd  
ná seilbh dhún na naomhórd,  
go mb'fhearr liomsa páirt na mná  
'ná an flaitheas úd d'fhaghail go deó.

**Pádraig:**

11. Ná habair sin, a fhir léith,  
liomsa níor spéis a páirt;  
B'ionmhuine liom flaitheas Dé,  
a sheanóir, 'ná scéimh na mná

...

**Oisín:**

14. Badh neamhní liom do Dhia;  
Badh neamhní liom do chliar i gcill;  
badh neamhní liom tusa agus flaitheas,  
seochas grádh a tharraing ón mnaoi.<sup>70</sup>

Cuirtear tuiscintí agus luachanna págánacha taobh le soiscéal na Críostaíochta, an sean agus an nua ar aon ardán le chéile. Mar a shonraigh Krause, tá an áibhéil agus féith an ghrinn chun tosaigh sna hagallaimh seo agus mór laoch na bhFiann, agus Pádraig Aspal Éireann, ag sáraíocht ar a chéile.

---

<sup>69</sup> Laoi XX 'Innis dúinn, a Phádraig,' in eagr. Neil Ross *Heroic Poetry from the Book of the Dean of Lismore*, (Edinburgh: Scottish Gaelic Text Society, 1939) 126-128.

<sup>70</sup> Pádraig Ó Siochfhrada (An Seabhac) eagr., 'Laoidh na Seilge' *Laoithe na Féinne* (Áth Cliath: Clólucht an Talbhóidigh Teoranta, 1941) 74-5.

It is in their moments of over-statement and comic exaggeration that Oisín and Patrick become the more interesting for their frailties. This is quite a come-down for Ireland's great saint, and a similar descent for her great Fenian hero, but it is a descent into human fallibility which appears to have made both characters more accessible to the popular imagination.<sup>71</sup>

Chuaigh an tsamhail liteartha seo, leis an bpágánach aosta ó aimsir na Féinne i mbun comhráite le Naomh Pádraig, i bhfeidhm go mór ar dhaoine agus tugadh suntas ach go háirithe do stíl dhrámatúil an agallaimh. Is liosta le háireamh na léirmheastóirí a phléigh an t-agallamh seo i gcomhthéacs na drámaíochta le breis is céad bliain anuas. Aithníodh síolta na hamharclannaíochta san fhoirm liteartha seo.

... the nearest approach to drama in ancient Ireland consists of dialogues in Gaelic – the most famous instance being *Agallamh Oisín agus Phádraic* ... in which the Pagan or heroic and the Christian views of life are dramatically contrasted.<sup>72</sup>

Rud nuadh i saoghal chultúrtha na nGaedheal iseadh an drámuíocht. Ní fhachtar a leithéid in aon chor i sean-litríocht na hÉireann: an t-aon nídh san litríocht san go bhfuil aon phioc de chosamhlacht na drámuíochta air iseadh na hagallmha idir Oisín agus Pádraig Naomhtha san bhfiannuíocht.<sup>73</sup>

Níor cleachtadh an dráma riamh i litríocht na Gaedhilge. Is iad na laoithe fiannuíochta agus na hAgallmha, go maireann cuid acu fós i mbéal na ndaoine, na nithe amháin go bhfuil aon chuma dhrámuíochta ortha.<sup>74</sup>

Dar liom nach bhfuil rud ar bith is giorra a thagann le drámuíocht ná na hagallaimh a tharlúightheadh idir Oisín agus Pádraig. Admhóchaidh éinne gur maith a raghadh Fionn tréan agus Goll garg agus Conán mí-labhartha agus Diarmuid sgiamhach le drámuíocht.<sup>75</sup>

Mar is eol, is i bhfoirm agallmha idir Oisín agus Pádraig atá mór-chuid de na laoithe sin. I dtosach na hagallmha is dúr dána a labhrann Oisín le Pádraig ar an 'gcreideamh chruaidh' so atá dá theagasc ag Pádraig ... Agus sin mar a leanaid – ag cur is ag cúiteamh, ag argóint agus ag áiteamh – go dtí, sa deireadh go ngéilleann Oisín ... *Dráma é dar liom ina léirítar cuid mhór de stair na tíre seo: aighneas na Págantachta leis an gCríostaíocht*. Pearsanú orthu araon i bpearsain Oisín agus Pádraig.<sup>76</sup>

Ó aimsir na hAthbheochana go dtí an lá atá inniu ann tá béim leagtha ag lucht drámaíochta na tíre ar fhéidearthachtaí drámatúla 'Agallamh Oisín agus Phádraig,' féidearthachtaí nár fíoraíodh. D'fhógair de hÍde go raibh bunchloch na drámaíochta Gaelaí sna laoithe ina leabhar *A Literary History of Ireland* agus is léir go ndeachaigh

---

<sup>71</sup> Krause, 'The Hidden Oisín' ..., 22.

<sup>72</sup> Bourgeois, *John Millington Synge*..., 98-9.

<sup>73</sup> Aindrias Ó Muimhneacháin, Ollamh i gColáiste Chaoimhghin, 'Drámaí Gaedhilge agus an Pobal,' *Láimh-Leabhar Drámaidheachta*, eag. Proinsias E. Ó Súilleabháin, (Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin, 1937) 27.

<sup>74</sup> Gan Ainm, 'Drámaí Gaedhilge: A dtairbhe don Ghluaiseacht,' *Misneach*, 11.9.1920, 1.

<sup>75</sup> Mícheál Ó Sióchfhradha, 'Amharclann Gaedhealach,' *An Reult: Irisleabhar na hOllscoile*, Iml 1: 4 Meitheamh (1925), 42.

<sup>76</sup> Nótaí Léachta do Chumann Éigse Átha Cliath, 14 Nollaig 1944. Páipéir an Oireachtais, MS G 1, 326/10. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. [Liomsa an bhéim.] Níl ainm ar an gcáipéis ach is dócha gurbh é Aindrias Ó Muimhneacháin a scríobh an t-alt.

an tuairim seo i bhfeidhm go mór ar dhaoine.<sup>77</sup> Ina leabhar *Theatre in Ireland* deir Micheál Ó hAodha go raibh fréamhacha an téatair le feiscint san aighneas seo.

Dramatic dialogues between the pagan Oisín and the Christian saint had long been popular among the native Irish and these apocryphal disputations might have been the starting point of a school of Irish drama.<sup>78</sup>

Bhí Earnán de Blaghd, a raibh dlúthbhaint aige le cúrsaí drámaíochta agus a bhí ar bhord Amharclann na Mainistreach ó 1941-72, ar aon fhocal leis. B'aisteach leis nár tháinig forbairt ar an múnla seo.

No element of Gaelic literature was more popular with the people than the dialogue poems recounting the apocryphal disputations of Oisín and St. Patrick. For many generations they were recited at every fireside. Why did no two men ever think of impersonating the pagan hero and the Christian saint and so create a rudimentary play?<sup>79</sup>

Tharraing an léiritheoir aitheanta Tomás Mac Anna aird ar an múnla áirithe seo chomh maith agus é ag iniúchadh fréamhacha dúchasacha na drámaíochta, ach rinne sé idirdhéalú idir reacaireacht na bhfilí agus aisteoireacht mar a thuigtear anois é.

The Poets did from time to time provide us with the 'Agallanch [sic] Beirte' or the well-known Agallands [sic] na Seanórach between Oisín and St. Patrick (or was it Caoilte?) – for instance; but to have a story or a dramatic conflict acted out by two or more characters before an audience was never part of our artistic and cultural past.<sup>80</sup>

B'iontach le Séamus de Bhilmont, an drámadóir, a bhí ina rúnaí ar an gComhar Drámaidheachta agus ina chathaoirleach ar Thaibhdhearc na Gaillimhe, nár fhás nós na haisteoireachta ón agallamh céanna.

On the other hand, it is passing strange that there was no development in the stories, poems and sagas, which were known and recited at every assembly, hosting and fireside ... One wonders why in the simple, straightforward dialogue between Oisín and St. Patrick, for example, two people did not impersonate Oisín and Patrick, and so create the rudiments of a play.<sup>81</sup>

Tá an tuairim seo i réim i gcónaí i measc lucht léinn na Gaeilge agus plé á dhéanamh ar dhrámaíocht na Gaeilge. Deir Alan Titley:

... And there were always the Ossianic dialogues, the *Laoithe Fiannaíochta*, where Patrick and Oisín argued the toss over the merits of Christianity and

---

<sup>77</sup> Pléifear fás, forbairt agus tionchar na teoirice seo ar lucht na hAthbheochana, Yeats agus Alice Milligan ina measc, sa chéad chaibidil eile. Díreófar ach go háirithe ar na hiarrachtaí a rinneadh fóirm an agallaimh a fhorbairt agus a stáitsiú.

<sup>78</sup> Ó hAodha, *Theatre in Ireland...*, 2.

<sup>79</sup> Ernest Blythe, 'Gaelic Drama', *The Irish Theatre*, eag. Lennox Robinson (London: Macmillan, 1939) 179-80.

<sup>80</sup> Tomás Mac Anna, 'Mummers and Mummings,' *Treoir* 40; 3 (2008) 30-1.

<sup>81</sup> Séamus Wilmot, 'The Gaelic Theatre,' *Éire-Ireland* 3 (1968), 65.

paganism in tight quatrains and which were enacted as drama in cottages and cabins all over Ireland for centuries.<sup>82</sup>

Ach cé go bhfuil aitheantas tugtha d'fhoirm an agallaimh ag lucht drámaíochta agus léinn na tíre le breis agus céad bliain, is fíorbheagán anailise atá déanta air. Tá iarracht déanta ag léirmheastóirí áirithe, áfach, iniúchadh níos grinne a dhéanamh ar an gceist agus breathnófar ar a gcuid teoiricí anois. In 1881 rinne Rev John James O'Carroll plé ar 'Agallamh Oisín agus Phádraig,' ag díriú ach go háirithe ar na gnéithe drámatúla den agallamh. Dialóg le *dramatis personae* iomlán forbartha a bhí ann dar leis.

... It must be noted that all these poems are really dialogues with St. Patrick: Oisín, indeed, is always the principal narrator, but St. Patrick is introduced speaking to him in them all; and the anonymous author sometimes introduces a statement of his own amidst the dialogue. Oisín does not, therefore, in our Irish poems, appear as the ostensible composer of the whole, as is the case in the pieces which Macpherson published. Our poems have, on the contrary, *a sort of dramatic form, and every now and then we find in them a dramatic spirit, lively displayed. Though Oisín is generally found narrating at great length, yet, from time to time, he pointedly breaks off the narration to address the saint, or the saint interrupts him, and both, in all they say, are true to character.* Nay, even when Oisín becomes a convert before he dies, he does not become one like Sir Samuel Ferguson's ecstatic Dermid; even the converted Oisín is a very earthy Oisín still. *As for the long narrations of our Oisín, even there, too, we find the dramatic taste of the Irish writers breaking out.* Where Oisín has a conversation to relate to Patrick, he loves to give him animated speeches, without the chilling introduction of "He said," and "She said" or "Him answering, the king of men addressed." The names of the speakers are printed for our guidance, in the margin, as in a play, and we come to have before us the *dramatis personae* of play within play, almost as Burleigh and Whiskerandos appear to be speaking along with Dangle, and Puff, and Sneer. To be serious, some of the very finest passages in the great Vondel's dramas, where one person narrates, at such great length, as for example in his famous "Gijsbert van Aamstel," do not differ very strikingly, in dramatic form, from certain parts of our Ossianic poems.<sup>83</sup>

D'aontaigh nóta eagarthóra leis an mbunargóint a bhí ag an Rev. ag áiteamh 'We may certainly hold that Irish literature would have embraced the drama, if its natural development had not been checked by national misfortunes.'<sup>84</sup> Pléadh an cur i láthair chomh maith i leathanaigh *Irisleabhar na Gaedhilge* agus áitíodh go ndéantaí na laoiithe seo a léiriú mar a bheadh dráma i nGarbhchríocha na hAlban, 'the poems of Ossian were *not merely recited, but acted.*'<sup>85</sup> Ag tagairt do thuarascáil Albanach a foilsíodh i 1764, tugadh le fios go mbíodh laoiithe fiannaíochta á léiriú ag ócáidí sóisialta agus féilte sna Garbhchríocha.

---

<sup>82</sup> Alan Tittley, 'Neither the Boghole nor Berlin: Drama in the Irish Language from then until now', *Players and Painted Stage*, eag. Christopher Fitz-Simon, (Dublin: New Island, 2004) 112-3.

<sup>83</sup> Rev. John James Carroll, S.J., 'The Ossianic Poems,' *Irisleabhar na Gaedhilge*, Nollaig (1881) Iml. 1 Uim 2, 39-41. [Liomsa an bhéim.]

<sup>84</sup> Eagarthóir, 'The Ossianic Poems,' *Irisleabhar na Gaedhilge*, Nollaig (1881) Iml. 1 Uim 2, 39-41.

<sup>85</sup> *Ibid.*..., [Liomsa an bhéim]

The Highlanders, at their festivals and other public meetings, acted the poems of Ossian. Rude and simple as their manner of acting was, yet any brave or generous action, any injury or distress, exhibited in their representation, had a surprising effect towards raising the corresponding passions and sentiments.<sup>86</sup>

Bhíodh an-tóir ar na laoithe fiannaíochta ag ócáidí sóisialta, ag tórraimh agus i dtithe airneáin agus dhéantaí iad a aithris go poiblí go minic.

The old Highlanders commonly entertained one another with the repetition of these poems and diverted the tediousness of the winter nights. When they met to watch the dead corpse of their friends, they spent a considerable part of the night in repeating the poems, and talking of the times of Fingal.<sup>87</sup>

Tagraíodh don nós seo na hagallaimh ársa a aithris os ard in Albain arís san *Irisleabhar* in 1882 ‘we are informed that in Scotland some of these ancient dialogues were regularly recited, and the characters sustained with some regard to dramatic effect.’<sup>88</sup> Fiú agus aithriseoireacht aonair i gceist, san fhichiú aois ar an Oileán Sgitheanach, dhéantaí idirdhealú idir na guthanna éagsúla san insint:

When Donald Robertson in Skye recited his version of ‘Dán na hInghinne’ he inserted *Esan*, ‘he and *Ise*, ‘she’ before each verse of the dialogue between Fionn and the Maiden in that lay.<sup>89</sup>

Thug Séamus Fenton le fios go mbíodh an-tóir ag pobal Chathair Dónall ar ‘Agallamh Oisín agus Phádraig’ agus go ndéantaí é a léiriú, le beirt i mbun aisteoireachta sa naoú céad déag. I gcur síos ríspéisiúil ar an gcineál reacaireachta a bhíodh á cleachtadh ag seanchaí áitiúil, tugtar le fios go mbíodh gluaiseacht agus gothaí mar chuid den chur i láthair (‘Seán would walk up and down’) agus go ndéantaí mar a bheadh taibhléiriú amharclainne de:

Delivering in histrionic style a dialogue between Oisín and Patrick, Seán would walk up and down the kitchen floor, acting the part of Oisín, a neighbour pleading as Patrick. The crowds would crush in at the doors, the silence and attention being intense.<sup>90</sup>

---

<sup>86</sup> Litir 23.1.1764, a d’fhoilsigh an ‘Highland Committee,’ a bunaíodh le hiniúchadh a dhéanamh ar shaothar MacPhearson, luaite in Eagarthóir, ‘The Ossianic Poems,’ *Irisleabhar na Gaedhilge*, Nollaig (1881) Iml. 1 Uim 2, 39-41.

<sup>87</sup> Donald MacLeod, *Report of the Committee of the Highland Society of Scotland, appointed to inquire into the nature and authenticity of the poems of Ossian* (Edinburgh: University Press, 1805) Appendix, 28.

<sup>88</sup> ‘Dramatic Scenes,’ *Irisleabhar na Gaedhilge* Samhain (1882) 18.

<sup>89</sup> John MacInnes, ‘Recordings of Scottish Gaelic Heroic Ballads,’ *Fiannaíocht: Essays on the Fenian Tradition of Ireland and Scotland*, eag. Bo Almqvist, Séamus Ó Catháin, Pádraig Ó Héalaí, (Baile Átha Cliath: An Cumann le Béaloideas Éireann, 1987) 126.

<sup>90</sup> Séamus Fenton, *It all Happened: Reminiscences of Séamus Fenton* (Dublin: M.H. Gill and Son Ltd., 1948) 114.

I dtuairiscí eile ó Albain agus ó Éirinn, tugtar le fios go gcantaí na laoithe agus mhair an nós iad a chanadh in Albain isteach san fhichiú aois.<sup>91</sup> Cantaireacht shimplí a bhí i gceist le foinn na laoithe, ‘generally of a simple, solemn, or melancholy character’<sup>92</sup> de réir tuairisc Eoghain Uí Chomhraí. Tá cuntas Uí Chomhraí ag teacht, cuid mhaith, le cur síos ó Albain ar chanadh na laoithe agus an stíl chantaireachta a chleachtaí agus na laoithe á n-aithris.<sup>93</sup> Ní aithriseoireacht aonair a bhí ann i gcónaí agus tagraíodh don stíl shainiúil aithriseoireachta a bhain leis na laoithe sa tuairisc seo a leanas ó Alexander Pope ón mbliain 1763:

What has been a very great mean to preserve these poems among our Highlanders, is this, that the greatest number of them have particular tunes to which they are sung. The music is soft and simple; but when these airs are sung by two or three good voices, they are far from being disagreeable.<sup>94</sup>

Bhí fianaise áirithe ann go ndéantaí na laoithe a chur i láthair mar dhráma de short dar le Pádraig Ó Fiannachta, ‘There are hints that it was performed in a drama-like fashion, the Oisín-parts in a bass key and those of Patrick in a tenor key.’<sup>95</sup> Is léir ó thraidisiún na lámhscríbhinní agus ón iliomad cóipeanna d’Agallamh Oisín agus Phádraig a rinneadh, go raibh an-luí ag an bpobal leis an agallamh. Áitíonn Ó Fiannachta, áfach, nach raibh sna lámhscríbhinní ach *aide memoire* do reacairí, a rinne láithriú beo ar ‘Agallamh Oisín agus Phádraig.’

The ‘Agallamh’ in one or other of its guises was copied and recopied, especially in Munster, most of all during the life-time of Daniel O’Connell. It was chanted or sung at many firesides during the 1798 rebellion and the O’Connell agitations. I would consider the manuscript copies to have been in many cases memory aids to the singers.<sup>96</sup>

Go deimhin, eisíodh leagan béalínste de le Tom Pheaidí Mac Diarmada in 1992 agus idir phrós agus véarsaíocht san insint. Rinne sé cur síos ar dtús ar chomhthéacs agus

---

<sup>91</sup> Deir Alan Bruford gur ghnách na laoithe a chanadh: ‘Cé go ndéantar trácht ar ‘aithriseoirí’ sna seantúairiscí, níl amhras go ndéanfadh ‘an t-aithriseoir’ na laoithe a chanadh do réir foinn nó cantaireachta éigin, dá mbeadh acmhainn ceoil aige ar chor ar bith.’ Alan Bruford, *Scéalamhráin Cheilteacha* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1985) 26.

<sup>92</sup> Eugene O’Curry, *On the Manners and Customs of the Ancient Irish III* (London: Williams and Norgate, 1873) 362. Tá plé déanta ag Breandán Ó Madagáin ar na laoithe Fiannaíochta sa leabhar *Caointe agus Seancheolta Eile: Keenings and other Old Irish Musics* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2005) 23-4.

<sup>93</sup> Féach mar shampla ‘[A]bout the year 1740, I heard John Fleming, a taylor, who in the manner of the country, worked his journeymen at my father’s house, repeat, in a kind of chiming measure, heroic strains relating to an arrival or landing of an host ...’ ó *Report of the Committee of the Highland Society of Scotland, appointed to inquire into the nature and authenticity of the poems of Ossian*. (Edinburgh: University Press, 1805) 65.

<sup>94</sup> Alexander Pope in *Report of the Committee of the Highland Society of Scotland, appointed to inquire into the nature and authenticity of the poems of Ossian*. (Edinburgh: University Press, 1805) Appendix, 54.

<sup>95</sup> Ó Fiannachta, Pádraig ‘The Development of the Debate Between Pádraig and Oisín.’ *Béaloideas Iml* 54/5 (1986/7), 195. Féach chomh maith Gerard Murphy, *Dunairé Finn III*, 132.

<sup>96</sup> Ó Fiannachta, ‘The Development of the Debate...’, 204.

suíomh an allagair, agus Oisín fillte ar Éirinn, agus tosaíodh ansin ar chomhrá na beirte i bhfoirm véarsaíochta. Cé gur aithriseoireacht aonair atá i gceist sa taifeadadh seo, déantar céilí comhraic an agallamh a dheighilt óna chéile san insint agus déantar cur síos ar fhearg agus naimhdeas na beirte agus an t-aighneas ag géarú eatarthu. Tugann Oisín dúshlán Naomh Pádraig ar dtús.

An lon dubh sin thall ar an gcrabh,  
Nach deas diamhair mar a ndéanann sé a nead,  
Cé nár éist sé aifreann ariamh ón geléir,  
Ach is binn, ríméadach mar a ndéanann sé fead.

Chuir sé olc ar Naomh Pádraig:  
Briathra do sheanchais liom, a deir Naomh Pádraig  
Éirigh id shuí is éist an tsailm,  
Cé gur chaill tú do lúth is do rith,  
Agus go gcuirfeá catha i nglór garbh.

Chuir sé sin fearg níos mó ar Oisín:  
Má chaill mise, a deir sé, mo lúth is mo rith,  
Agus nach maireann aon rath ar an bhFéinn,  
In do chléir-se níl mo spéis-se,  
Agus ceol dá n-éistear, ní binn liom.<sup>97</sup>

Dhírigh léirmheastóirí eile ar na téacsanna iad féin seachas ar chur i láthair na laoithe, agus d'fhéach le ciútaí drámatúla a aimsiú sa bhriatharchath idir Oisín agus Pádraig. Rinne Mícheál Ó Siochfhradha anailís ar an gcoimhlint a chothaítear idir Oisín agus Pádraig sna laoithe agus ar an ngreann a fhuintear as an gcodarsnacht eatarthu. Agus Oisín ag iarraidh tuiscint a fháil ar an gCríostaíocht agus ar Rí na nGrást, ceistíonn sé buntuisicintí an chreidimh i dtarmaí a shaoldearcaidh phagánaigh féin.

A Phádraig, innis domsa tré rún  
Ós agat atá an t-eolas 's fearr,  
An leighfear mo ghadhar a's mo chú  
Liom go cúirt righ na ngrás?<sup>98</sup>

An choimhlint agus an greann seo a thug beocht don agallamh, dar leis:

Ba smaoineamh láidir drámata é ... Oisín a dhíbirt go Tír na nÓg ar feadh trí céad blian ionnus is go bhféadfaí é a thabhairt ar ais chun dul ag agallamh le Pádraig ... Is greannmhar le léigheamh iad na coinghiollacha a bhí Oisín a' d'iarraidh a shádh le Pádraig sul a gheobhadh sé le Críostaíocht ... Admhófar nach fada ó dhrámuíocht an saghas san agallamh.<sup>99</sup>

Ba í *Cnoc an Áir* an laoi is mó a raibh ealaín na drámaíochta le feiscint inti dar le Peadar Ó Loinsigh. 'Fíordhráma' atá ann, dar leis, idir agallamh agus eachtraíocht mar

---

<sup>97</sup> Tom Pheaidí Mac Diarmada, 'Argóint Oisín agus Phádraig,' *Tom Pheaidí Mac Diarmada: Ag Scéalaíocht* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1992)

<sup>98</sup> 'Sealg Ghleanna an Sgáil,' luaite in Mícheál Ó Siochfhradha, 'Amharclann Gaedhealach,' *An Reult: Irisleabhar na hOllscoile*, Iml 1: 4 Meitheamh (1925), 42-3.

<sup>99</sup> *Ibid.*, 42-3.



dhlúthchuid den insint. An chaint dheisbhéalach í féin a bhronn na buanna drámatúla seo ar an tseanlitríocht, dar leis.

Agus má scrúdaímid filíocht ár sean gheobhaimid inti na tréithe is gá don dráma ... an t-agallamh nó an chaint bheo, bhriomhar, fhuinniúil, an áibhéil is gá don dráma thar aon iarracht liteartha eile, an cur i láthair na bpearsana a fhágann nach ainmneacha iad ach daoine beo a mhaireann is a labhraíonn is a iompraíonn iad féin mar a dhéanfaimis féin ach sinne a bheith ina gcás siúd... Tá beocht agallaimh le fáil in *Agallamh Oisín agus Pádraig* nach bhfuil sárú le fáil sna drámaí is foirfe den lá inniu.<sup>100</sup>

An béal beo agus an chaint féin ba thábhachtaí, dar leis. Go deimhin, déanann sé díspeagadh agus beag is fiú de ghnéithe eile d’ealaín na drámaíochta – an ghluaiseacht, an ghníomhaíocht, an aisteoireacht nádúraíoch. ‘Cleasanna’ an drámadóra chomhaimseartha atá iontu dar leis, d’fhonn an ‘leadrán a sheachaint.’ An tuiscint atá le baint as a chuid cainte ná gur cur i gcéill nó truailliú atá sna cleasanna breise seo agus gur foirm íonghlan atá san agallamh.

Go deimhin níl aon ghá aici mar agallamh leis na cleasanna a tharraingíonn drámadóirí an lae inniu chucu go minic d’fhonn an leadrán cainte a sheachaint, cainteoir ag éirí ina shuí, nó ag suí síos, nó b’fhéidir, toitín á dheargadh aige.<sup>101</sup>

In alt ar ‘Nuadh-litridheacht na nGaoth’ in 1909 thug Máire Ní Chinnéide a breithiúnas féin ar an hagallaimh mar ábhar drámaíochta, breithiúnas ní ba thomhaiste ná cuid de dhíograiseoirí na gluaiseachta ag an am. Ní fhéadfaí drámaí a thabhairt orthu, dar léi.

Is deacair a chreideamhaint nár dhein ár sinnsir riamh éin-iarracht ar dhráma do scríobhadh ... acht is deacra fós a chreideamhaint gur dheineadar, agus gan de chomhartha againn air, acht na hAgallamha úd idir Oisín agus Pádraig ins na laoihe a cuirtear i leith Oisín Mhic Fhinn. Níl puinn ionnta so, go deimhin, chum a bheith ag brath ortha mar dhráma, dá fheabhas iad mar fhilidheacht.<sup>102</sup>

Mura raibh sí sásta téarmaíocht amharclannach a úsáid ina leith, mar sin féin, leag sí béim ar leith ar ghnéithe áirithe d’ealaín na laoihe a bhí ar aon dul le healaín na drámaíochta, dar léi. Nochtann na pearsana éagsúla sna laoihe a dtréithe agus a dtuairimí ina gcuid cainte féin. Ní hann d’aon ghuth údarásach uilefheasach le smaointe na gcarachtar a chur os ár gcomhair.

Mar sin féin, deintear iarracht ionnta, anois agus arís, ar an saghas duine atá ag labhairt do noctadh dúinn tré n-a ráidhtibh, i n-ionad an ughdair - Oisín

---

<sup>100</sup> Peadar Ó Loingsigh, ‘Tréithe is gá sa dráma,’ *Dorn Mine* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1976) 47.

<sup>101</sup> *Ibid.*

<sup>102</sup> Máire Ní Chinnéide, ‘Nuadh-litridheacht na nGaoth,’ *Irisleabhar na Gaedhilge*, Iml 19: 2, Feabhra (1909), 76.

féin nó duine eile - do bheith ag cur síos air. 'Sé sin an difrigheacht is mó – b'fhéidir an phrímh-dhifrigheacht – idir an Scéal agus an Dráma. San Scéal, bíonn an t-úghdar féin i gcomhnuidhe idir an léightheoir agus lucht an leabhair. Innseann sé do'n léightheoir cad é an saghas tuairme badh cheart a bheith aige de gach uile dhuine dá mbíonn os a chomhair san leabhar, go minic, nó muna ndeineann soin, nochtann sé dhuit cad iad mar smaointibh a bhíonn ag rith a bhíonn ag rith tre aigne gach éinne de'n bhfuirinn, má's ceaduighthe an focal do chur mar sin, agus cad is bunudhas le gach a ndeineann sé. Ní hamhlaidh do scríbhneoir dráma, ámhthach. Ní féidir leis siúd a innsint dúinn cad is brigh le héan-duine dá gcuireann sé ós ár gcomhair. Muna gcuireann a ráidhte féin – agus a ngníomhartha féin – i n-iúl dúinn é, níor cheap an t-ughdar i gceart é. Is dóigh liom go bhfuil rud éigin dá leithéid seo le feiscint sna laoidhthibh úd Oisín. Bheadh fhios agat go minic cad é an saghas duine a leithéid seo nó a leithéid siúd, agus gan agat i gcoir breitheamhnais a thabhairt air, ach amháin an méid adeir sé féin.<sup>103</sup>

### **Agallaimh san ochtú agus naoú haois déag**

Má tá lorg an rómánsachais agus claonadh chun áibhéile le sonrú i dtuairimí na gcriticeoirí ar an iomlán, mar sin féin is spéisiúil an léiriú a thugtar dúinn ar chúrsaí léirmheastóireachta agus ar na hiarrachtaí a rinneadh anailís a dhéanamh ar ealaín an agallaimh. Maireann roinnt agallamh eile ón 18ú agus 19ú haois freisin a pléadh sa chomhthéacs céanna.

The dialogues between Naomh Pádraig and Oisín, *An Peacach agus an Bás*, *An Siota is a Mháthair*, *An Cholann is an t-Anam*, all show dramatic talent in greater or lesser degree, and what could equal the dramatic nature of our Irish songs. "Cé h-e sin amuigh" is perhaps the most famous; it is delicately conceived and surpasses even Goethe's "Erlkonig" in tragic feeling.<sup>104</sup>

Feictear an meon céanna i measc léirmheastóirí anseo is a bhí le sonrú ar an bplé a rinneadh ar 'Agallamh Oisín agus Phádraig.' Is mar fhonóta fánach i gcúrsaí drámaíochta a luaitear an t-agallamh go minic. Tagraítear go leithscéalach don bhearna i gcanóin liteartha na nGael, agus déantar an t-agallamh a tharraingt anuas ansin mar shampla de dhráma neamhfhorbartha, mar a bheadh an sop in áit na scuaibe. Is annamh plé ar an agallamh ar a shon féin.

Although the Irish were first on the field in Europe with a vernacular poetry – and prose to a much lessert extent – flourished down through the ages, the Gaelic filí remained strangely aloof from playwriting as a means of literary expression. The nearest approach to drama in our tradition would be the "agallamh beirte" of the poets, of which 'Aighneas an Pheacaigh leis an mBás' the well known Deise composition of the 18<sup>th</sup> century, was a classic example.<sup>105</sup>

---

<sup>103</sup> *Ibid.*, 76.

<sup>104</sup> Tiobóid Caomhánach, 'Drámaidheacht na Gaedhilge,' Tráchtas MA (1929), Coláiste na hOllscoile, Báile Átha Cliath.

<sup>105</sup> An tAthair Breandán Ó Gobaigh, 'Gaelic drama a product of our freedom,' *The Irish Press*, 16.4.1966, 9.

Áitíodh gur thóg an fhilíocht phobail áit na drámaíochta sa tsochaí. Ealaín bhéil nach raibh ag brath ar áiseanna nó amharclanna a bhí ann:

Dhein na filí Gaedhealacha an t-aon nidh amháin a fhéadfaidís a dhéanamh - .i. filíocht, a chuaigh imeasg na ndaoine gan cló gan sgríobh gan amharclainn. Níl amhras ar bith ná go bhféadfadh na filí do chum *Páirlimint Chloinne Thomáis* 's *Cúirt an Mheadhon Oidhche* 's *Barántas an Hata* - níl amhras dá laighead go bhfaghaidís drámaí do sgríobh dá mbraithidís gurbh aon tairbhe sin nó go raibh aon ghádh leo.<sup>106</sup>

D'fhógair Titley chomh maith go bhfaighimid éachtaint in *Cúirt an Mheán Oíche* ar fhéidearthachtaí na drámaíochta Gaeilge. An deisbhéalaíocht agus an chlisteacht chainte is mó a chuaigh i gcion ar dhaoine nuair a staitsíodh é.

And the outgrowths of that tradition culminated in long debating poems such as *An Sotach and a Mháthair*, and more importantly, the magnificent *Cúirt an Mheán Oíche* by Brian Merriman. In fact the *Cúirt* is a classic example of what might have been. In a 1984 production in the Peacock Theatre under the direction of the great Siobhán McKenna, the entire poem was put on the stage without changing one jot of a syllable. Some music was indeed added, but the rest of the poem spoke for itself. The words rang out on the stage and carried the play without any requirement of gimmickry or jiggery-pokery. The rich poetic tradition was merged with verbal magic and with twentieth century production values to create a night of magic and of wonder. We caught a glimpse of what Irish theatre might be.<sup>107</sup>

Sa léiriú féin in 1984, aithníodh gur tháinig drámatúlacht an léirithe ón téacs féin agus gur éirigh leis na haisteoirí brí agus beocht a thabhairt don briatharchath.

Is é *Cúirt an Mheán Oíche* an dán tíriúil is fearr agus is faide dá bhfuil againn i nGaeilge. Ach an bhfuil damhna dráma ann? Ach go háirithe nuair a chuireann an léiritheoir de gheasa uirthi féin – mar a chuir Siobhán Ní Chionnaith – gan ach línte Mherriman, san ord a leag sé síos iad, a úsáid. Rud a fhágann cur-in-iúl drámatúil an dáin ag brath go príomha ar fhocail seachas geáitsí ... is ar fhuaim, is ar *nuance* an fhocail i mbéal an aisteora atá éifeacht an dráma ag brath ... Is é an t-agallamh idir í féin (Bríd Ní Neachtain) agus An Seandúine Suarach (Dónal Farmer) croílár an dráma.<sup>108</sup>

Tá an t-agallamh seo neadaithe taobh istigh de chreatlach an-fhorbartha, sa mhéid is go bhfuil guth an reacaire ó thús deireadh an dáin ag aithris an scéil dúinn. Tá an eachtra ar fad tarlaithe cheana féin agus níl sa dán ach insint an fhile ar an méid a chonaic sé. Cuireann an reacaire na pearsana éagsúla os ár gcómhair sula dtugtar píosa cainte uathu, a leithéid seo: ‘Thriomaigh sí a gnúis is dúirt mar neosad.’<sup>109</sup> agus leanann urlabhraí nua

---

<sup>106</sup> Mícheál Ó Siochfhradha, ‘Amharclann Gaedhealach,’ *An Reult: Irisleabhar na hOllscoile*, Iml 1:4, Meitheamh (1925), 44.

<sup>107</sup> Titley, ‘Neither the Boghole...’, 112-3.

<sup>108</sup> Seosamh Mac Thomáis, ‘Cara sa Chúirt,’ *Anois*, 21 Deireadh Fómhair 1984, 3.

<sup>109</sup> Brian Merriman, *Cúirt an Mheon-Oíche*, eag. Liam P. Ó Murchú, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1982), 23.

é, le ‘monalóg dhrámata.’<sup>110</sup> Déantar cur síos ar chruth fisiciúil agus geáitsí na bpearsana, mar shampla nuair a thagann an seanfhear ar an láthair lena fhianaise a thabhairt:

Preabann anuas go fuadrach fíochmhar  
seanduine suarach is fuadach nimhe fé,  
a bhail ar luascadh is luais anáile air,  
Draighean is duais ar fuaid a chnámha,  
Ba dhearóil an radhairc go deimhin don chúirt é,  
ar bhord 'na taibhse im éisteacht dúirt sé.<sup>111</sup>

Cé go leantar leis an dán i nguth an tseanfhir, sa chéad phearsa, tá sé le tuiscint gur tuairisc an fhile ar an eachtra atá ann i ndáiríre. Sa mhéid seo leanann sé múnla na haislinge, ‘is *insint* í ar agallamh a tharla san fhís, seachas agallamh san am i láthair.’<sup>112</sup> Cúrsaí cleamhnais agus pósta agus an bhunchoimhlint idir fíor agus mná is ábhar do *Cúirt an Mheán Oíche* agus sroichtear buaicphointe an aighnis sa bhriatharchath idir an bhean óg nuaphósta agus a fear céile aosta suarach éadmhar. Tá an greann agus an áibhéil chun tosaigh san allagar seo agus an bhean ag sciolladh ar a fear céile.

An t-ábhar gearáin céanna agus an greann scimhagúil céanna a fheictear sa *débat* grá a bhaineann le traidisiún an *Chanson de la malmariée*, na comhráite idir seanfhear suarach agus cailín óg.<sup>113</sup> Chuaigh drámatúlacht na n-amhrán seo i bhfeidhm ar Petrie agus é ag bailiú ceoil sa naoú céad déag.

These melodies, in connection with the words sung to them, have a sort of dramatic character, the words being expressive of the thoughts and sentiments peculiar to youth and age, as exhibited in a dialogue between a young wife and her old husband ...<sup>114</sup>

Is den traidisiún seo ‘An Seanduine Cam’ le Colm de Bhailís,<sup>115</sup> ‘An Seanduine agus an Cailín Óg,’<sup>116</sup> ‘An Bhean Óg agus an Seanduine,’<sup>117</sup> agus ‘Seanduine Cill Chocáin’<sup>118</sup> le Diarmaid na Bolgaí.

---

<sup>110</sup> Seán Ó Tuama, ‘Cúirt an Mheán Oíche,’ *Cúirt, Tuath agus Bruachbhaile: Aistí agus dréachtaí liteartha* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1990), 11.

<sup>111</sup> Merriman, *Cúirt an Mheon-Oíche*, 28.

<sup>112</sup> Marie Whelton, *Teagmháil agus Tnúthán: Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge* (An Daingean: An Sagart, 2008), 252.

<sup>113</sup> Seán Ó Tuama, *An Grá in Amhráin na nDaoine* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 2001) 30-2.

<sup>114</sup> George Petrie, *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland*, in eag. David Cooper (Cork: Cork University Press, 2002) 244.

<sup>115</sup> Colm de Bhailís, ‘An Seanduine Cam,’ in eag. Gearóid Denvir, *Amhráin Choilm de Bhailís* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1996) 54-6.

<sup>116</sup> Údar anaithnid, ‘An Seanduine agus an Cailín Óg,’ in eag. Seán Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse*, 412-3.

<sup>117</sup> Údar anaithnid, ‘An Bhean Óg agus an Seanfhear,’ in eag. Seán Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse*, 414-5.

**An Bhean:**

A sheanduine chríonna, chlaoite achrannach chruaidh,  
Is minic a bhí tú ag bruíon liom is im thabhairt dhon fhear mór;  
Is minic a bhí tú ag bruíon liom is ba bhinn liom bheith i bhfad uait,  
Is go ngealfadh mo chroí bheith raoibh lem bhuachaillín óg.

**An Seanduine:**

Éist airiú, a Bhríd is ná bí-se ag gliogair gan aird,  
Tá ba agat is caora is cead suí ar do chapall go hard;  
ní díoltar an cíos gan caint is tinneas dhá fháil,  
Is má leanann tú an tslí sin, bí suite go mbeir ar neamhaird.<sup>119</sup>

Tá an sciolladh fonóideach Raibiléiseach céanna in úsáid in *An Sotach agus a Mháthair*, agus an t-agallamh in úsáid mar uirlis le plé a dhéanamh ar chúrsaí creidimh agus ar chumhacht na hEaglaise. Tosnaíonn *An Sotach agus a Mháthair*<sup>120</sup> le réamhrá ó reacaire chomh maith, ina ndéantar suíomh an agallaimh a chur os ár gcomhair agus cur síos fisiciúil ar na rannpháirtithe ann. Cuirtear radharc ar leith os ár gcomhair sa phíosa seo ina ndéanann an file cur síos ar an mbeirt ghiobalach seo ag teacht ina threo, ise ag iarraidh déirce agus ag guí chun Dé.

Bean bheag churanta bhrusanta bhláfar  
Is a mac 'na shotach is 'na shomachán dána.  
Do bhí an chailleach go gársúil bárdúil bréagach  
Fiosrach dántúil fáidhiúil faobhrach.  
Do bhí an sotach go stuacach buartha brónach  
Fé dhoicheall 's fé ghruaim gur dhuidh sé a dhóthain.<sup>121</sup>

Stadann an file, cluas le héisteacht aige don bheirt seo atá ag sáraíocht ar a chéile agus tá sé le tuiscint go raibh an-sult le baint as a bheith ag faire ar an agallamh eatarthu. Is é sin le rá go raibh taitneamh le baint ag lucht féachana as an aighneas agus an bheirt acu an-ábalta ar mhaslaí tarcaisneacha a chaitheamh lena chéile.

Do stadas go ciúin 's ní dúras aon rud,  
'S do leagas mo shúile go dlúth ar a chéile,  
Mar is minic ar fán gan fáth fear réitigh –  
Do rinneas mo gháire 's do shás fé chéil' iad.  
Do bhí an dís ní b'fherr ná Táres is Aesop  
ag tabhairt drochmheas gan stad ar a chéile.<sup>122</sup>

---

<sup>118</sup> Diarmaid na Bolgaí (Ó Sé) (1755-1846). Leagan de i gcló in eag. Seán Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse*, 344-5.

<sup>119</sup> Údar anaithnid, 'An Seanduine agus an Cailín Óg,' in eag. Seán Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse*, 412-3.

<sup>120</sup> Ceaptar gur cumadh an dán seo in 1815. Tugtar é sin le fios sa dán féin: 'Dhá naoi trí chúig is a thús 'na chéadta caite de bhlianta ó thriall mac Dé chugainn.'

<sup>121</sup> Údar anaithnid, 'An Sotach agus a Mháthair,' *Agallaimh na hÉigse: Cíoradh agus Cnuasach* eag. Seán Ó Morónaigh, (Gaillimh: Clódóirí Lurgan, 2001), 623-33. Cuireadh leagan eile de i gcló faoin teideal 'Eachtra na Caillighe agus an Dailtín Tréithigh' in *An Claidheamh Soluis*, 7.7.1900, 261.

<sup>122</sup> Údar anaithnid, 'An Sotach agus a Mháthair,' *Agallaimh na hÉigse...*, 625. Pharaoh agus Caesar a luaitear i leagan eile den dán, i gcló in *A Chomharsain Éistigí agus Amhráin eile as Co. an Chláir* eag. Marion Gunn, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar: 1984), 44.

Níl sa dán ar fad, de réir dealraimh, ach a thuairisc ar an agallamh, an méid de a thug sé leis de sciolladh na beirte, ‘Do tharraing anuas air duanta díoltais/ Is ana-chuid mhuar ná fuaireas cuimhne air.’<sup>123</sup> Agallamh na caillí lena mac a leanann an réamhrá gairid sin agus níl aon chur isteach ón reacaire arís go deireadh an dáin, áit a gcuireann sé clabhsúr leis an eachtra agus iarrann ar an léitheoir a bhreithiúnas a thabhairt ar an aighneas.

Sin é eachtra na caillí is a dailtín tréithigh  
Leagaithe síos le brí is le héifeacht;  
Léigh go sámh ó sháil go cúl í  
Is fiafraigh de chách cé b’fhearr den chúpla.<sup>124</sup>

Solathraíonn an reacaire seo fráma nó creatlach ar leith don agallamh, leis an suíomh agus na pearsana a chur i láthair, ach ina dhiaidh sin is uile, ní chuireann sé isteach ar an agallamh féin. Tá láimhseáil dheisbhéalach bharrúil raibiléiseach ar chúrsaí creidimh sa chomhrá agus cáintear agus ceistítear an eaglais agus gnéithe áirithe de shaol na linne. Tugtar le fios gur leanbh tabhartha a bhí sa mhac, rud a tharraing náire ar an máthair agus cáineadh na sagart. Baois na mban go ginearálta agus a heaspa céille féin fé ndear é dar leis an mac san fhreagra a thugann sé uirthi.

**An Mháthair:**

Maidir le duais ná luaigh é ar ao’ chor  
Ót athair ní bhfuairéas duais ná béile  
Ná dada den áird ach náire shaolta –  
Sagairt is bráithre ’om chrá is ’om chéasadh.

**An Sotach:**

Siúd é an fáth do chráigh ’s do chéas tu -  
Mar bhíos a lán de mhnáibh díth céille –  
Ag gabháil le fear gan chead gan chomhairle  
Gan stiúir gan smacht gan cheart gan pósadh.<sup>125</sup>

Pléitear go neamhbhalbh le lochtanna a bhaineann leis an eaglais, ina measc, fimíneacht na sagart, ‘a ngíomh is a dteagasc seacht n-acra ó chéile,’ agus an dúil i gcúrsaí airgid. Feictear plé ar chúrsaí comhaimseartha chomh maith, ar thionchar an reifirméisin sa tír, ar lucht Liútair agus an ‘bíobla Gallda.’ Leagtar béim ar leith ar shaint na sagart agus easpa carthanachta na heaglaise nuair a chuireann an mac ina leith:

I gcúrsaí carthannacht’ ná cloisim thu ag trácht air  
Is é nár chleachtadar sagairt ná bráithre,  
Thabharfaidís a mbeannacht gan faice do tháinte,  
Ach dá mb’fhiú leathphingne í ní scarfaidís go bráth léi.<sup>126</sup>

---

<sup>123</sup> Údar anaithid, ‘An Sotach agus a Mháthair,’ *Agallaimh na hÉigse...*, 625.

<sup>124</sup> *Ibid.*, 633.

<sup>125</sup> *Ibid.*, 625.

<sup>126</sup> *Ibid.*, 630.

Ceistítear buntuiscentí an chreidimh chomh maith, le samplaí greannmhara a mhaolaíonn searbhas an ionsaithe. Nach cur amú ama í an phaidreoireacht nuair nach bhfuil luach saothair dá laghad le fáil uirthi, a deir an mac.

Níl aon mhaidin nuair a mheasaimse dúiseacht  
Ná faighim tú caite cois cnaiste nó cúinne,  
Ag rá do phaidir is ag crapadh do ghlúine,  
Is gan dá bharr 'gat ach fata gan únlann  
Is feoil dá halpadh ag bacaigh na dúiche.<sup>127</sup>

Agus más amhlaidh nach bhfuil aon rud sna Flaithis ach ceol na n-aingeal, is beag an tairbhe don duine bocht é.

Mara bhfuil ins na Flaithis ach gradam is ceolta  
Conas a gheobhadh bolg bocht folamh aon spórt ann?  
Ná a bhfuil de naoimh ins na Flaithis ag spreagadh a gcuid ceolta,  
Ba bhinne liom torann an phota a mbeadh feoil ann ...

Gnás eile a fheictear san agallamh seo ná an réiteach de shórt a thugtar ag deireadh an chomhrá. Beartaíonn siad gur fearr scoireadh den díospóireacht agus cuireann an mac in iúl go bpósfaidh sé, go bhfágfaidh sé a mháthair agus go mbeidh deireadh leis an argóint. 'Pósfad, a chailligh, is ní fhanfad ag plé leat.'<sup>128</sup> Bhí an t-agallamh seo ar eolas go forleathan agus bhíodh sé á aithris ag daoine go coitianta, de réir fianaise an tSeabhaic.

Bhíodh sé 'na pháosa coitianta ameach sean-daoine im pharóiste dúthchais nuair a bhíos im gharsún. Do scríobhas ó bheirt é, is cuimhin liom, tuairim na bl. 1904 – ó Sheosamh Ó Gairbhia agus ó Sheán (Bánach) Ó Conchubhair, comharsain dom. Bhíodh cuid de nó a urmhór ag seandaoine do réir mar bhíodh an chuimhne go lag nó go maith aca.<sup>129</sup>

Rinneadh cinsireacht áirithe ar an téacs in eagrán an tSeabhaic, rud a mhaolaigh searbhas na n-ionsaithe agus cumhacht an agallaimh mar ghléas aoire.<sup>130</sup>

## Pádraig Denn (1756-1828)

### An Dúchas agus An Iasacht

Cuspóir eile ar fad a fheictear mar bhunús ag na hagallaimh chomhaimseartha *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás* agus *Siosma An Anma leis an gColainn* le Pádraig Denn (1756-1828). Murab ionann agus *An Sotach agus An Mháthair* a cheistigh an eaglais agus a tharraing aird ar mhíchleachtais na sagart, is léir go raibh feidhm theagascach ag

---

<sup>127</sup> *Ibid.*, 626.

<sup>128</sup> *Ibid.*, 633.

<sup>129</sup> An Seabhac, 'An Sotach 's a Mháthair,' *Béaloideas* 6 (1936), 313-28.

<sup>130</sup> Tá plé déanta ag Meidhbhín Ní Úrdail ar cheist na cinsireachta sa téacs seo. Féach Meidhbhín Ní Úrdail, 'The Representation of the Feminine: Some Evidence from Irish-Language Sources,' *Eighteenth-Century Ireland/Iris an dá chultúr*, Vol. 22 (2007) 146.

baint le saothar Denn, mar atá ag cuid mhaith de shaothar filíochta na tréimhse. Níl aon rian de mheon treascrach an tsiota, ag ceistiú údarás morálta na heaglaise. Tá cúlra Eorpach spéisiúil ag baint le *Siosma an Anama leis an gColainn*. Téama an-choitianta sna meánaoiseanna a bhí sa *débat* seo agus tá leaganacha éagsúla Gaeilge de le fáil freisin, mar shampla *Agallamh an Chuirp agus An Anma* (idir Mionoirbrighthib an dochtúir Dhiadha .i. Robert Easbocc Lincoln ai Sagsaibh.)<sup>131</sup> Saoraistriúchán a bhí in *Agallamh an Chuirp agus an Anma* ar an saothar diagachta *Dialogus inter corpus et animam* a leagtar ar Robert Grosseteste (c1175-1253). Baineann siosma Denn leis an traidisiún céanna agus ní mór aitheantas a thabhairt do chúlra Eorpach an *débat* agus súil a chaitheamh ar thionchair iasachta a chuaigh i bhfeidhm ar an agallamh.

Bhláthaigh an fhoirm liteartha áirithe seo go háirithe sna meánaoiseanna agus scaip agallaimh áirithe ar fud na hEorpa - agallaimh idir An Corp agus an tAnam, An Geimhreadh agus An Samhradh agus An Fíon agus An tUisce ach go háirithe. Is cosúil go raibh an-tóir ar na coimhlintí seo agus leathnaigh an nós ar fud na hEorpa, ón Laidin go teangacha dúchais na ndaoine.<sup>132</sup> Tá an ghné choimhlinteach is dual don agallamh le sonrú ar na hainmneacha éagsúla a úsáideadh le cur síos a dhéanamh ar fhoirm an agallaimh i dteangacha éagsúla, mar shampla: *altercation; causa; certamen; conflictus; contentio; contradictio; disputatio; estrif; streitgedicht*.<sup>133</sup> Is gnách idirdhealú a dhéanamh idir cineálacha éagsúla *débats* ón Fhrainc sa dara agus tríú haois déag. Sa *jugement* bíonn comhrá idir beirt charachtar agus óráidí fada acu de ghnáth seachas gach ré véarsa.<sup>134</sup> De ghnáth tugtar breithiúnas ar an gceist ag an deireadh chomh maith. *Songe* a thugtar ar dhán ina bhfeiceann an reacaire díospóireacht in aisling, cás cúirte go minic, ‘in which the narrator is transported to a dream landscape where he observes a debate unfolding,’<sup>135</sup> macasamhail *Cúirt an Mheán Oíche* sa traidisiún Gaelach. Sa *débat* nó *tenzon* féin, fearacht an agallaimh, tá béim ar ghontacht na cainte agus ar an gcoimhlint agus pléitear an cheist i véarsaí gearra: ‘The *débat* ... organizes dialogue into short responsive stanzas, which tend to emphasize the ‘*élément conflictuel*.’<sup>136</sup> *Conflictus* a thugtar ar an agallamh nuair nach mbíonn gnáthphearsana i gceist sa chomhrá, ach pearsana teibí. Rinneadh cur síos ar ghnéithe uilig an *débat* mar seo a leanas.

<sup>131</sup> G. Dottin, ‘Dialogue du Corps et de l’Ame,’ *Revue Celtique* XXIII, 1-39.

<sup>132</sup> ‘Among the mediaeval debates which have enjoyed the widest currency and have retained their hold on popular interest for the longest time is the contention between the Wine and Water. Poems on this subject are extant in most of the languages of mediaeval Europe...’ James Holly Hanford, ‘The Mediaeval Debate between Wine and Water,’ *PMLA* 28: 3 (1913) 315.

<sup>133</sup> Joseph Twadell Shipley ead. *Dictionary of world literature: Criticism, forms, technique* (New York: Philosophical Library, 1970) 108.

<sup>134</sup> ‘This poetic form sets the dialogue of two or more characters within a narrative frame, and relies more on the exchange of a few long speeches than the more frequently exchanged responses of the *dialogue*.’ Emma Cayley, *Debate and Dialogue: Alain Chartier in his Cultural Context* (Oxford: Clarendon Press, 2006) 30.

<sup>135</sup> *Ibid.*

<sup>136</sup> *Ibid.*



une composition dialoguée en vers ... dans laquelle deux (ou plusieurs) interlocuteurs se lancent une sorte de défi sur un sujet quelconque et rivalisent d'adresse et d'ingéniosité pour défendre des points de vue contraires.<sup>137</sup>

A contest in verse in which a question is argued by two, rarely more, persons, personifications or abstractions, the decision referred to a judge. It belongs to the great body of allegorical literature of the Middle Ages and it usually didactic, satiric or both in purpose, although some later *débats* are literary exercises written solely to entertain.<sup>138</sup>

Ba den mhianach céanna *flytings* na hAlban, briatharchathanna fileata ina mbíodh sciolladh, achrann agus coimhlint, ‘contention, wrangling, scolding, rebuking.’<sup>139</sup> Rinneadh sainmhíniú ar fhoirm an *flyting* mar ‘poetical invective; chiefly, a kind of contest practiced by the Scottish poets of the 16<sup>th</sup> century, in which two persons assailed each other alternately with tirades of abusive verse.’<sup>140</sup> Cé gur tháinig borradh faoin bhfoirm seo go háirithe le linn na Meánaoiseanna san Fhrainc, bhí múnla an agallaimh le fáil i litríocht ársa ar fud an domhain le fada an lá. Nochtaigh an léirmheastóir Pierre Bec an tuairim go raibh a mbunús le fáil in aighnis na Measpatáime<sup>141</sup> agus ar ndóigh bhí díospóireachtaí i litríocht na Gréige chomh maith. Is i ngeall ar an bpléisiúr atá le baint as an iomaíocht véarsaíochta seo a d’fhás an genre seo ar fud an domhain dar le Brent agus múnla uilíoch atá ann. D’eascair an *débat* ón dúil sa choimhlint agus sa chontrárthacht.

Although many scholars think of debate as a distinctively medieval genre, just about every culture known to man has composed verbal contests of wit that might be termed debates. Their universal appeal results at least in part from two inherent features. One is the excitement and suspense that comes from observing a contest between two skillful opponents. Like spectator sports, verbal contests provide a vicarious pleasure for the audience, which shares the suspense of the contest with the two or more opponents. The second aspect, more frequently discussed by students of medieval debate, is the tendency towards opposition.<sup>142</sup>

Ós rud é go bpléitear ábhar an *débat* ó dhá pheirspictíocht éagsúla, cothaíonn foirm an *débat* tuiscint ar leith ar an gceist atá faoi chaibidil.

Because a contest cannot take place without opponents, verbal contests tend to produce philosophical perspectives that are both oppositional and extreme. The divergent viewpoints provide not only an entertaining showcase, but also

---

<sup>137</sup> Sainmhíniú le Pierre Bec luaite in Cayley, *Debate and Dialogue...*, 31.

<sup>138</sup> Shipley ead. *Dictionary of world literature...*, 108.

<sup>139</sup> Douglas Gray, ‘Rough Music: Some Early Invectives and Flytings,’ *The Yearbook of English Studies* Vol 14, 21.

<sup>140</sup> *Ibid.*

<sup>141</sup> Cayley, *Debate and Dialogue...*, 31.

<sup>142</sup> J. Justin Brent, ‘From Address to Debate: Generic Considerations in the Debate Between Soul and Body,’ *Comitatus: A Journal of Medieval and Renaissance Studies*, Iml 32; 1 (2001) 1.

a framework for organizing, recalling and ultimately understanding the topic at hand.<sup>143</sup>

Ba ghnách le lucht siamsaíochta ar fud na hEorpa na *débats* seo a aithris go poiblí agus scaip leaganacha éagsúla de na coimhlintí céanna sa traidisiún béil i measc an phobail. Ag trácht ar *Contrasto dell' Acqua e del Vino*, an leagan Iodáilise d'aighneas an fhíona leis an uisce, leag Hanford béim ar leith ar mhianach drámatúil na mbriatharchathanna fileata agus an tionchar a bhí acu ar chothú na drámaíochta san Eoraip.

The debate type in general was a favorite with these minstrels, lending itself easily to dramatic recitation. The narrative introduction and conclusion, which are usually though not always present, show that the pieces were intended for recitation by a single individual, impersonating in turn the two contestants. By an easy transition, however, they might be converted into actual dialogue, with an increasing emphasis on action. The debate is rightly recognized as one of the factors in the development of the modern drama.<sup>144</sup>

An *débat* nó 'verbal drama'<sup>145</sup> idir an Corp agus an tAnam is mó a scaip ar fud na hEorpa agus cumadh iliomad leaganacha de i dteangacha éagsúla. Bhí feidhm theagascach ag baint leis an saothar agus an chodarsnacht idir mianta an choirp agus leas spioradálta an anama léirithe go paiteanta ann.

But by far the most impressive of all the religious dialogues is the oldest, the so-called *Debate of the Body and the Soul*, which stands apart from the rest because of its continuous and surpassing popularity, and because in its best form it presents a peculiarly fine example of religious instruction in a vision-setting with balanced dialogue between the opposing sides of man's nature personified.<sup>146</sup>

Bhí an téama céanna, an t-aighneas idir anam agus corp, comparáid idir suáilcí agus duáilcí an duine, le sonrú i bhfilíocht na mbard i ndán leis an bhfile Donnchadh Mór Ó Dálaigh (d'éag 1244). Each uaibhreach do-cheansaithe atá sa cholainn sa dán seo, nach ngéilleann don mharcach, an t-anam.

Dona an t-each-sa fhuair m'anam  
Each ceatach cruaidh gan chomhall  
Do mharbh sí ar sodar m'anam  
Cogadh ra-lann í oram.<sup>147</sup>

Ní leanann sé múnla an agallaimh, áfach, agus cé go bpléitear an scoilt idir anam agus corp sa dán, ní labhrann siad lena chéile. Comhrá beo atá in *Siosma an Anma leis an gColainn* le Denn agus mar a chéile leis an *Dialogus inter corpus et animam* níl an t-

---

<sup>143</sup> *Ibid.*, 1-2.

<sup>144</sup> James Holly Hanford, 'The Mediaeval Debate between Wine and Water,' *PMLA* Iml 28:3 (1913) 347.

<sup>145</sup> Michel-André Bossy, 'Medieval Debates of Body and Soul,' *Comparative Literature*, Iml. 28; 2 (Spring, 1976), 149.

<sup>146</sup> W.H. Schofield, *English Literature from the Norman Conquest to Chaucer*, (New York: Phaeton Press, 1969), 426.

<sup>147</sup> Donnchadh Mór Ó Dálaigh, 'Some Irish Bardic Poems: IV: The Body The Soul's Horse,' eag. Lambert McKenna, *Studies* Iml. XVI (1927), 592.

anam saor ó locht agus cuirtear peacaí áirithe ina leith sa díospóireacht.<sup>148</sup> Cuireann reacaire uilefheasach suíomh an aighnis i láthair sa chéad trí rann agus labhrann go díreach le lucht éisteachta an agallaimh i bhfríotal foirmleach an scéalaí.

Éistigh a chomhursan agus 'neósad scéal díbh  
Mar deirid na hughdair mhúinte léigheanta  
Ar an siosma chruaidh bheidh lá na ndaor-bhreith  
Ag an gcolainn 's ag an anam in earraidh le chéile.<sup>149</sup>

Tarlóidh an t-allagar seo ar Lá an Bhreithiúnais nuair a thiocfadh an t-anam aníos as Ifreann le fogha a thabhairt faoin gcolainn. Is i bhfoirm ceiste agus freagra a thosnaíonn an t-agallamh eatarthu agus iad ag mallachtú a chéile. Cuireann an t-anam i leith an choirp gur mheall sé é le saol peacúil a chaitheamh agus gur thug sé tús áite do shásamh na colainne.

Baintear macallaí as reitric na n-amhrán grá go pointe agus an t-anam mar a bheadh leannán tréigthe ag milleánú an choirp, a chuir ar bhóthar an aimhleasa é.

Do mheallais chum peaca mé let bhladaireacht éithig  
Is do gheallais 'n-a dhiaidh sin let bhriathra bréige ...

Do dhallais mo mheabhair let chamshlighe éithig  
Mo thoil, mo thuigsin, do mhillis in éinfheacht.<sup>150</sup>

Ní mó ná sásta atá an Corp go gcuirfí an milleán ar fad air siúd agus trí chasadh cliste, léiríonn sé go raibh an tAnam é féin faillíoch maidir lena dhualgais spioradálta. Agus ní ba mheasa fós, bhí éirim, ciall, eolas agus tuiscint ag an anam, buanna nach raibh ag an gcorp, agus fós féin chiontaigh sé in aghaidh Dé. An tAnam a bhí freagrach as peacaí an choirp, nuair nach ndearna sé iarracht é a stopadh.

Nach agatsa riamh bhí an chiall 's an éirim  
Tuigsin is meabhair i dteannta a chéile  
Créad é an chúis ná rinnis mise do staonadh  
Is gan leigean dam tusa do mhilleadh 's do chaochadh.<sup>151</sup>

Déanann sé díspeagadh ar éirim aigne an Anama agus an tóir a bhí aige ar an eolas, a d'fhág dall ar bhuntuiscintí an chreidimh é.

Is fós ba mheasa leat bheith ag machtnamh ar t'éirim  
Ar fheabhas t'eolais 's ar do mhórchuid réime

---

<sup>148</sup> 'Body and soul debates can be thematically divided into two categories: either the Soul argues with the Body from the position of moral superiority or it shares guilt with the Body (and often deserves more blame).' Bossy, 'Medieval Debates of Body...', 145.

<sup>149</sup> Pádraig Denn, 'Siosma an Anma leis an gColainn,' *Duanta Diadha Phádraig Denn*, eag. Risteárd Ó Foghludha, (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1941) 16.

<sup>150</sup> *Ibid.*, 17.

<sup>151</sup> *Ibid.*

Is méid do thuigsiona i gcuideachtain éigse  
Cé nár thuigis an tuigsin ba naomhtha.

Cuireann an Corp racht mallachtaí de atá lán de bhínb agus cuireann an t-athrá le héifeacht na reitriche. Fiú más de bhunús iasachta an t-aighneas seo, is léir go bhfuil dúchasú áirithe déanta air.

Mo mhallacht le bínb don lá rugadh sa tsaoghal me  
Mo mhallacht le buile do gach nduine do chaoch me  
'Om tharraingt sa bpeaca de dheasca a ndrochchlaonta  
Is mo mhallacht duitse tugaim chomh dona 's is féidir.

Mo mhallacht anois fós is go deo le saoghail  
Dom athair is dom máthair, is gráin Mhic Dé ortha  
Mar níor stopadar mise óm chuirpeacht eachtach  
Ná teagasc mo leasa ní thugadar é dam.<sup>152</sup>

Go deimhin, is beag idir maslaí agus ionsaithe na beirte agus gangaid Chaitríona Pháidín agus a comhchorpáin bhéadánacha in *Cré na Cille*.

Éist, a chonablaigh, cuir stopadh ar do bhéal uaim  
Is mó droch-chaint agat ag innsint scéalta orm  
Dá ndéanainn an deichmhadh cuid det choirte scéithean  
Ba mhór é an masladh do leanfadh 'n-a thaobh díot.<sup>153</sup>

Cuireann an scoilt seo sa duine idir corp agus anam le hioróin an tsaothair. Cuireann an tAnam i leith an choirp go mbíodh sé ag ithe agus ag ól a shá beag beann ar ocras agus tart spioradálta an anama.

Do b'annamh aon Domhnach ná rabhais-se traochta  
I dtig an ósta le hól go héachtach  
Is mise gan dada 'om stracadh is 'om chaochadh  
le hocras is tart 'om thachtadh in éinfheacht.<sup>154</sup>

Déantar cur síos ar Ifreann agus ar an damnú síoraí atá in ndán do pheacaigh, 'ceangailte go daingean fé ghéibhean ar róistín dearg is tu 'ot ghreadadh le péine.'<sup>155</sup> Cuireadh béim ar leith ar an gcur síos uafásach scáfar ar na pianta síoraí mar chuid de theagasc an agallaimh.

An obvious reason for the enduring vogue of this theme is that it afforded clerical writers the opportunity of combining moral exhortation with the horrible fascinations of the charnel house and the torments of hell.<sup>156</sup>

---

<sup>152</sup> *Ibid.*, 21.

<sup>153</sup> *Ibid.*, 18.

<sup>154</sup> *Ibid.*, 18.

<sup>155</sup> *Ibid.*, 21.

<sup>156</sup> Robert W. Ackerman, 'The Debate of the Body and Soul and Parochial Christianity,' *Speculum*, Iml. 37: 4 (Oct., 1962), 543.

Tá an ghné theagascach chun tosaigh chomh maith sa phlé a dhéantar ar thábhacht na faoistine agus cailltear an ‘*élément conflictuel*’ ar fad ar deireadh nuair a chríochnaítear le haon rann déag de theagasc i nguth an tSlánaitheora.

Denn a chum *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás* freisin, a cuireadh i gcló don chéad uair in 1814 agus a mhair sa traidisiún béil chomh maith.<sup>157</sup> ‘Disbóireacht’<sup>158</sup> a thug Denn féin ar an agallamh sa lamhscríbhinn agus thugtaí ‘Eachtra an Bháis’ air go minic freisin. Sa leagan de atá i gcló in *Pious Miscellany*, rinne Denn an cur síos seo a leanas air, ‘This dialogue is applicable to the impenitent sinner at the hour of death, desiring a longer time to live, but not to repent.’<sup>159</sup> Aithníodh ‘drámatúlacht’ na heachtra, ‘It has... considerable dramatic power, reminding one in a certain way of Newman’s *Gerontius*.’<sup>160</sup> Is cosúil go mbíodh an dán seo á aithris ag tórraimh<sup>161</sup> agus ag mórócáidí sóisialta eile an phobail. Déantar tagairt do láithriú an aighnis seo i gcuntas ó Sheán Sheán Í Chearnaigh ar chaitheamh aimsire um Nollaig agus béim ar leith aige ar chumhacht an taibhléirithe.

Nuair a bhíodh an méid sin ráite aige, do thosnaíodh sé leis an bPeacach agus leis an mBás, agus seo mar a deireadh sé é sa tslí dhuit go gcuireadh sé criothnú isteach inár geroí ...<sup>162</sup>

Luaitear an t-aighneas céanna mar chuid de thaispeántas na mBrídeog i gConamara agus iad ag dul thart ó theach go teach mar chuid de dheasghnátha na Féile Bríde.

Níor b’fhada go dtáinig beirt aca amach is sheasúigheadar ós comhair a chéile i lár an úrláir is thugadar “Aighneas an Pheacaigh leis an mBás” dúinn. Tar éis críoch a chur leis sin do thosnuigh duine eile aca ar “An mBriannach Óg” a ghabhailt.<sup>163</sup>

Ba ghnách le daltaí scoile Denn an t-agallamh a rá chomh maith agus pearsana an agallaimh a ghlacadh chucu féin san insint.

---

<sup>157</sup> Is cosúil go mbíodh cuid de ar eolas de ghlanmheabhair ag daoine, ‘scarcely an Irish speaker has been met with from Credan Head to Tallow Bridge who could not repeat from memory some stanzas of it.’ P.P., ‘Réamhrá,’ *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás*, (Port Láirge: Harvey & Co, 1899), 5. Tugann tuairiscí eile le fios, áfach, nár mhair sé go hiomlán neamhspleách ar an traidisiún scríofa agus go mbíodh daoine ag brath ar an leagan foilsithe de ar uairibh. ‘Is cuimhin le cuid againn roinnt de na duanta so a bheith a léigheadh ar faire is ar thorramh: do bhídís de ghlanmheabhair, beagnach, ag seanfhonndúiribh, i gcás go n-aithrisidís iad gan féachaint sa leabhar acht uair fhánach.’ Ristéard Ó Foghludha, *Duanta Diadha Phádraig Denn: 1756-1828* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair: 1941) v.

<sup>158</sup> P.P., ‘Réamhrá,’ *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás*, 5.

<sup>159</sup> Patrick Denn, eag. *Timothy O’Sullivan’s commonly called Taidhag Gaodhlach’s pious miscellany enlarged, improved and corrected with an appendix of other religious compositions in Irish, and recommended to all devout Catholics as a work of great merit*, (Cappoquin, gan dáta), 79.

<sup>160</sup> P.P., *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás*, 5. Tá an téama agus leagan amach céanna ag *The Dream of Gerontius* le John Henry Newman.

<sup>161</sup> Luaite in *Beatháisnéis 6*, le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1999), 40.

<sup>162</sup> Seán Sheán Í Chearnaigh, *Inniu*, 20/27.12.1968, 15.

<sup>163</sup> Cáit Ní Dhonnchadha, *An Claidheamh Soluis*, 6.8.1910.

Ina dhiaidh súd níl tada d'aon áireamh go dtagtar ar *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás* le Pádraig Denn, an file Déiseach. Chun na firinne a rádh, is é siúd an chéad rud san litríocht gur baineadh a bheag nó a mhór de fheidhm na drámaidheachta as, má's fíor na tuairiscí, mar deirtear go bhfaghadh Pádraig Denn na daltaí a bhíodh ar scoil Dhomhnaigh aige chun an Aighnis sin do chur de mheabhair agus annsan go gcuireadh sé gach aon bheirt aca ar aghaidh a chéile 'á aithris, duine aca i bpáirt an Pheacaigh agus an duine eile i bpáirt an Bháis.<sup>164</sup>

Another of these Discourses which came somewhat within the meaning of drama was "Aighneas an Pheacaigh leis an mBás," "The Sinner's Contention with Death," written by Pádraig Denn. The author, a schoolmaster, is said to have made his scholars memorise the "Discourse" and two of them would be made to recite the lines before the rest of the class.<sup>165</sup>

Is móitíf idirnáisiúnta<sup>166</sup> í an díospóireacht seo a bhí an-choitianta i litríocht chráifeach na hEorpa sna meánaoiseanna. Mar a luadh cheana, *conflictus* a thugtaí ar dhíospóireachtaí ina raibh 'pearsana teibí'<sup>167</sup> rannpháirteach, mar atá anseo. Cuirtear pearsana an agallaimh i láthair sa chéad chúpla véarsa i gcaint bheo bhríomhar agus cuirtear eachtra agus suíomh ar leith in iúl.

#### **An Bás**

Is chugad a thánga a pheacuig chríona,  
le hórdugha láidir thú a bhreith do'n saoiéalso,  
Go d-tabharfá cúntas ad dhroich-ghníomhartha,  
Do'n Rígh fuair bás air an gerois dia-haoine.

#### **An Peacach**

Cé h-é tusa atá labhairt chomh dána  
Le seanóir liath 'tá fé chiach chráidhte?  
Och, mo channtla! is fann atáimse  
Is mo chroidhse dá bhrise le huireasba sláinte.

#### **An Bás**

Mise an Bás, atá lán do threun-neart,  
Do leag ar lár clann Adhamh go léir-cheart;  
Leagfad tusa anois mar aon leó,  
Is béarfad ód' mhaoin gan bhrígh fa chre thú.<sup>168</sup>

Is mór an chodarsnacht idir guthanna na beirte, an seanóir lag breoite agus an Bás 'lán de thréan-neart' ag fógairt a chumhachta. Is carachtair nó urlabhraithe an-éagsúla iad na rannpháirtithe sa chomhrá seo agus ba dheacair gan an difríocht eatarthu a chur trasna san aithriseoireacht. Ós rud é gur comhrá beo atá ann freisin, shílfeá chomh maith go gcuirtear geáitsíocht de shórt in iúl leis. Deir an Bás 'Leig dod sheanchus, a sheandúine chnaoite/ nó saighfíod an bior so tré lár do choídhe 'steach.'<sup>169</sup> Agus arís 'Is fada mo

---

<sup>164</sup> Aindrias Ó Muimhneacháin, 'Drámaí Gaedhilge agus an Pobal,' *Láimh-Leabhar Drámaidheachta*, eág. Proinnsias E. Ó Súilleabháin, (Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin) 27.

<sup>165</sup> Antoine Ó Maolaoídh, 'The Future of Gaelic Drama,' *Irish Press*, 13.1.1941, 4.

<sup>166</sup> Móitíf E727 Debate of body and soul (sick man and death), luaite in Tom Cross, *Motif-Index of Early Irish Literature*, (New York: Kraus, 1969), 222.

<sup>167</sup> Ó Tuama, *An Grá in Amhráin...*, 48.

<sup>168</sup> Patrick Denn, *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás* (Port Láirge: Harvey & Co, 1899) 7.

<sup>169</sup> *Ibid.*, 8. [Liomsa an bhéim]

sheanchus leat a sheandúine dhána,/ Saighfead tred' chroidhe *an saoihead so am láimh-si.*<sup>170</sup> Cuireann friotal taispeántach an Bháis béim ar bheogacht na heachtra agus tá gníomhaíocht áirithe intuigthe leis. Cuireann sé liodán iontach de pheacaí an tseandúine de chomh maith á dhamnú.

Do bhí tú paisiúnta, droich-lábhartha, breugach,  
Oltach, imearthach, siosmathach, sgléipeach,  
Barbarach, glagarach, 's dearbhugh éithig,  
Is tuig go d-tuillean an sórt san tu dhaora.<sup>171</sup>

Teagasc faoi chúrsaí faoistine agus aithrí is ábhar don dán ar an iomlán agus ceacht le baint as nár cheart peacaí a cheilt ná aithrí a chur ar cairde. Tá foirceadal an agallaimh ag teacht le teagasc iar-Thriontach na heaglaise faoi shacraimint na hAithrí.<sup>172</sup>

#### **An Peacach**

Eist! a Bháis tabhair cáirde fós dam,  
Ná deun mo chreacha 'sna marbhaig go fóill mé  
Go ndeunfad aithrige am pheacuidhibh móra,  
Is go ndíolfad m'fhiacha le Rígh na Glóire,

#### **An Bás**

Is fada an cáirde fuairis go di-tí seo,  
An fhaid eile dá bh-fághfá 'rís é  
Mar mhair tú riamh, do mhairfeá choidhche,  
Dá fhaid é an cluithche go deire go sgríbhídh.<sup>173</sup>

Bhí tábhacht ar leith ag baint leis an bhfeidhm theagascach seo i saothar Denn agus tugadh aitheantas do chruinneas diagachta an tsaothair, 'The *Aighneas* moreover is marked by the strict theological accuracy characteristic of Denn's compositions.'<sup>174</sup> Feictear an ghné theagascach chun tosaigh freisin nuair a iarrann An Peacach ar an mBás a insint dó cé hiad na daoine a dhamnaítear go hIfrinn agus leanann ocht véarsa ón mBás an achainí, ina ndéantar cur síos ar pheacaigh uilig an domhain: 'dream na drúise,' 'dream na sainte,' 'dream an chraois mhóir,' 'an dream dubh Gallda,' 'dream na feirge,' 'dream an uabhair.'<sup>175</sup> Déanann sé cur síos ar Lá an Bhreithiúnais, cinniúnt na bpeacach agus lucht an bhréagchreidimh, 'Is Luther dall, O! do mheall na ceudta, agus lucht a chreidimh go h-uile da ndaora.'<sup>176</sup> Iarrann an Peacach trócaire ar an mBás go minic agus iarrann air am a thabhairt dó faoistin a dhéanamh agus a pheacaí a ghlanadh ach ní ghéilleann an Bás don achainí agus ar deireadh beireann sé an seandúine leis.

---

<sup>170</sup> *Ibid.*, 10. [Liomsa an bhéim]

<sup>171</sup> *Ibid.*, 8.

<sup>172</sup> Mar shampla 'Ní cinnte go bhfaighidh seanpheacach faille aithrí roimh bhás' le hAodh Mac Aingil, i gcló in Anraí Mac Giolla Chomhaill, *Bráithrín Bocht Ó Dhún: Aodh Mac Aingil* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1985) 83.

<sup>173</sup> Denn, *Aighneas an Pheacaigh...*, 7.

<sup>174</sup> *Ibid.*, 4.

<sup>175</sup> *Ibid.*, 11.

<sup>176</sup> *Ibid.*, 15.

Tagann guth uilefheasach isteach sa véarsa deireanach le clabhsúr a chur leis an eachtra agus le cur síos a dhéanamh ar bhás an tseandúine agus an damnú síoraí a bhí i ndán dó.

Le na linn sin tharuing an seandúine saoghaltach  
Osna throm is le sgannra d'ég sé;  
A lár a phianta is na diabhail dá aodharacht,  
Chum é sgioba leó go deó le saoguil.<sup>177</sup>

## Comhráite leis an mBás

Cumadh go leor comhráite eile leis an mBás agus déantar láimhseáil dhifriúil ar an téama iontu. Tá 'Agallamh Raiftearaí leis an mBás' a chum Raiftearaí (1779-1835) ar cheann de na samplaí is cáiliúla den mhóitíf seo. Aisling a bhí sa chomhrá seo leis an mBás agus gríosann an eachtra Raiftearaí le haithrí a dhéanamh.

Aisling shuanta is a facthas aréir dom  
trí mo shuan is gan orm ach néal beag ...<sup>178</sup>

Déantar cur síos scanrúil ar chruth fisiciúil an Bháis agus ansin labhrann an Bás agus cuireann a neart in iúl. Ní féidir éalú ón mBás uilechumhachtach uilefheasach agus tá teangacha an domhain aige agus na céadta ó gach ré sa stair cloíte aige. Tá idir laochra dúchasacha agus phearsana móra iasachta luaite sa dán.

Léifinn duit Eabhra, Laidin is Gréigis,  
Fraincis, Spáinnis is togha Sacs-Bhéarla,  
ach labhróidh mé leatsa go blasta i nGaeilge,  
an teanga a bheir tú i bhfoirm véarsa,  
mar is mise an bás a chloígh na céadta,  
Hannabal, Poimpí, Iúilias Saosar.<sup>179</sup>

Tá béim ar leith ar na céadfaí agus lobhadh an choirp i ndiaidh an bháis. Bagraíonn sé ar Raiftearaí go bhfuil an bás i ndán dó agus go mbeidh deireadh go deo leis féin agus lena chumas filíochta. Luaitear na céadfaí ar fad rud a chuireann le héifeacht na bagartha, cé go raibh Raiftearaí féin dall gan scríobh gan léamh. Saothar ealaíne seachas saothar dírbheathaisnéiseach atá ann ar ndóigh.

Do chluasa a chluinfeadh gach ní dá ghéire  
beidh dúnta bodhar gan mheabhair gan éisteacht.  
Do theanga bhinn bhlasta a dhéanfadh véarsa,  
gan smid i do cheann ach mar an gcéanna,  
do mhéara a scríobhfadh is do shúile a léifeadh  
beidh dorcha dall gan solas gan léargas.<sup>180</sup>

---

<sup>177</sup> *Ibid.*, 18.

<sup>178</sup> Raiftearaí, 'Agallamh Raiftearaí agus an Bháis,' eag. Ciarán Ó Coigligh, *Raiftearaí: Amhráin agus Dánta*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1987) 63.

<sup>179</sup> *Ibid.*, 64.

<sup>180</sup> *Ibid.*, 65.



Úsáideann Raiftearaí ciúta spéisiúil a bhíodh in úsáid go minic sna hagallaimh iasachta idir an Corp agus an tAnam. Baintear macalla as íomhánna seanchaite na háilleachta agus foirmlí an ghrá chúirtéisigh le cur síos a dhéanamh ar an gcorp ach cuirtear i gcomhthéacs eile ar fad iad, ag lobbhadh sa chré. ‘The decomposition of body parts, also known as the food-for-worms motif’<sup>181</sup> a thugtaí ar an ngnás seo. Déantar cur síos ar an gcorp ó bhaithis go bonn agus léirítear contrárthacht chumhachtach idir áilleacht na colainne beo agus an dreó atá i ndán dó.

Do ghrua is do lasadh agus eibhir do scéimhe,  
agus do chúl glas gruaige a bhíos deas gléasta,  
beidh sí ina scuada in san uaigh gan réiteach  
is ’na caonach lofa anuas ar d’éadan.

Do leaca is do chom ó bhun go héadan  
atá faoi shrólaí agus éadaí daora,  
beidh siad ansiúd roinnte réabtha  
ag fuilleach daol, cruimh agus péiste.<sup>182</sup>

Tá gné theagascach i gceist le leagan Raiftearaí den chomhrá leis an mBás chomh maith agus déantar achoimre ar bhuntuiscintí an chreidimh i bhfoirm véarsaíochta – titim an duine, saol, míorúiltí agus Páis Chríost agus go leor eile. Níl an bhéim chéanna ar dhamnú an duine is atá in *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás* agus déanann Raiftearaí aithrí ag deireadh an dáin agus iarrann ‘na flathis dom féin agus don chine daonna.’

In agallaimh eile leis an mBás a cumadh agus a mhair sa traidisiún béil déantar láimhseáil i bhfad níos éadroime fós ar an ábhar agus go minic éiríonn leis an bpeacach éalú ón mbás agus an ceann is fearr a fháil air. Is mór idir pearsa neamhghéilliúil mhíthrócaireach an Bháis mar a léirigh Denn é agus an léiriú atá le fáil ar an ábhar céanna in ‘An Bás agus Seán an Chomhradha’<sup>183</sup> nó ‘An Bás agus An Cláiríneach.’<sup>184</sup> Tá bá an fhile leis an ngnáthduine agus láimhseáil thírúil éadrom air i gcomparáid le dáiríreacht agus teagasc diagachta Denn. Go deimhin, tugtar cuireadh don Bhás tobac a ól agus dreas cainte a dhéanamh, rud a théann i bhfeidhm go mór ar an mBás agus guíonn sé fadsaol ar an gcláiríneach:

**An Cláiríneach:**

A bháis atá caol, seo mar chaith mé mo shaol,  
Suí síos le mo thaoibh go gcaithimid  
tarraingt nó dhó as mo phíopa le ró,

---

<sup>181</sup> Brent, ‘From Address to Debate...’, 9.

<sup>182</sup> Raiftearaí, ‘Agallamh Raiftearaí agus an Bháis,’ eagr. Ciarán Ó Coigligh, *Raiftearaí*, 65. Tá sampla den chontrárthacht seo le fáil sa débat idir Anam agus Corp, áit a chuirtear áilleacht fhisiciúil taobh le huafás an bháis. An cur síos seo a leanas ar an muineál mar shampla: ‘Next to the palate, this throat, once white, now full of rotting brains, is like a privy.’ Aistriúchán Béarla le Brent, ‘From Address to Debate...’, 11.

<sup>183</sup> Doimnic Beag Mhac Osgair, ‘An Bás agus Seán an Chomhradha,’ *Béaloideas X* (1940), 220-3. I gcló chomh maith in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse*, 434-8.

<sup>184</sup> Séamus Ó Teibhlín, ‘Cómradh idir an Bás agus An Cláiríneach,’ *Irisleabhar na Gaeilge IV*; 37 (Feabhra 1891), 73. I gcló chomh maith in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse*, 430-3.

'Gus inis, más féidir, cá rachaidh mé.  
Ná habair níos mó ach lig uait an bogha  
Is ná labhair liom go fíochda feargach;  
Má scaramuist féin ná bíodh sinn ag bruíon,  
Seo dhuit mo phíopa 'gus dearg é.

**An Bás:**

Maise, déanfaidh mé foighid, mar is deas liom do phléad  
Glacfaidh mé tréat mar b'annamh liom;  
Caithfidh mé toit le duine gan locht,  
A labhair go deas aerach greannmhar liom.  
Is fad mise ar an saol ag cur cailleacha i scaoll,  
Is tú an chéad duine riamh thug cuireadh dhom;  
A chláirínigh chléibh, suigh síos le mo thaobh,  
Gheobhaidh tú fadsaol is ní chorraim thú.<sup>185</sup>

Tá féith an ghrinn lárnach sa leagan áirithe seo agus cuireann réim theanga neamhfhoirmeálta thírúil an Bháis le hioróin an tsaothair, agus é ag glacadh 'tréat' ón gcláiríneach. Feictear an láimhseáil chéanna i ndán eile ina dtugann file tuairisc ar chomhrá, 'An Bás agus Seán an Chomhráda,' a cumadh i Maigh Eo c. 1820, agus a bailíodh i Chicago san fhichiú haois. Is beag cur síos atá ar an mbás agus ní hann don atmaisféar scéiniúil dorcha a bhí lárnach sna comhráite le Denn. Casann Seán ar an mBás agus téann chun cainte leis, 'Mheas me a dhul 'un bladair leis ó bhí fhios a'm go raibh sé láidir.'<sup>186</sup> Déanann sé iarracht a chur ina luí ar an mBás nár cheart dó é a bhreith leis agus críochnaíonn sé gach véarsa leis an achainí 'Tabhair spás beag dham-sa go fóill!' Sna seifteanna agus leithscéalta éagsúla a tharraingíonn sé chuige féin, tá a chúraimí saolta ar fad. Áitíonn sé nach féidir leis imeacht, mar go bhfuil an t-earrach ann agus obair le déanamh agus go bhfuil a mhná caointe i bhfad ó bhaile. Molann sé don bhás 'seanduine gan fóghnamh' eile a thabhairt leis ina áit, scealaí agus amhránaí a bheadh mar chomhluadar ag an mBás, 'Is má choingíonn tú duit féin é, ní bheidh tú aon oidhch' uaigneach!'<sup>187</sup> Éiríonn leis éalú ón mBás ar deireadh a thugann a bheannacht dó ag rá:

Bhéarfaidh mé saoghal fada dhuit, rachmall agus siamsa,  
Fataí, im a's bainne, a's tobac le cur i bpiopaí,  
Beannacht leat choidhche níos mó!<sup>188</sup>

Is léiriú spéisiúil iad na comhráite seo leis an mBás ar an móitíf chéanna in úsáid i saothar liteartha diagachta agus i bhfilíocht na ndaoine, 'the relation between the literary and popular treatments of the same theme.'<sup>189</sup>

---

<sup>185</sup> Séamus Ó Teibhlínn, 'Cómradh idir an Bás agus An Cláiríneach,' *Irisleabhar na Gaeilge* IV; 37 (Feabhra 1891), 73.

<sup>186</sup> Doimnic Beag Mhac Osgair, 'An Bás agus Seán an Chomhráda,' *Béaloideas* X (1940), 221.

<sup>187</sup> *Ibid.*, 222.

<sup>188</sup> *Ibid.*

<sup>189</sup> James Holly Hanford, 'The Mediaeval Debate between Wine and Water,' *PMLA* Iml 28;3 (1913), 315.

## Filí Pobail eile agus An tAgallamh

Chum Raiftearaí go leor agallamh eile, ina measc ‘Faoistin Raiftearaí,’ ‘Caismirt an Phótaire leis an Uisce Beatha’ agus a mhórshaothar ‘Seanchas na Sceiche.’ File pobail ab ea Raiftearaí agus ba mar fhilíocht bhéil a cumadh na dánta seo, le haithris os ard go poiblí. Aithníodh gur fheil múnla an agallaimh dó agus ‘Is díol suntais an earaíocht dhrámata a bhaineas Raiftearaí as foirm an Agallaimh ina liachtaí sin dán agus amhrán.’<sup>190</sup> Stair na hÉireann is ábhar do ‘Seanchas na Sceiche’ agus baineann sé leis an traidisiún céanna leis an agallamh idir Fintan mac Bóchra agus an tÉan, mar a shonraigh Tomás Ó Concheanainn.

Baineann an dá dhán seo [‘Seanchas na Sceiche’ agus ‘Ceist Shéamuis Uí Chatháin ar an gCrann agus Freagra an Chrainn air.’] le traidisiún ársa seanchais i bhfoirm agallaimh, traidisiún arb é an dán fada *Arsaidh sin a éoin Accla* an sampla is cáiliúla de atá ar fáil anois.<sup>191</sup>

Mar a sonraíodh cheana, i gcás agallamh Fhintan agus an Éin, comhlíonann foirm an agallaimh feidhm ar leith sna dánta áirithe seo – roinnt eolais agus seanchais is mó atá i gceist. Casann an file ar ‘fhaisnéisí beo nó neamhbheo,’<sup>192</sup> faisnéisí críonna go hiondúil, agus ceadáíonn an t-allagar eatarthu don fhile stair iomlán na tíre a aithris.

The legend of the oldest living things is not, in Ireland, confined to animals. It may be a thorn bush, or a tree, than retains memory of historical events, and is ever ready to recite them to a ready listener. This idea comes down to quite modern times. Raftery, the blind poet of County Mayo, has written such a poem, very long, called *Seanchas na Sceiche*... A very similar poem, of which Raftery may have heard, is found in the British Museum (Eg. 178, Art 35) where also a bard Seamus O’Cathain, or James Klein, took shelter under the trunk of a huge withered oak in County Roscommon and made a rhyming history of Ireland, while he was detained there, in form of a dialogue with the tree.<sup>193</sup>

Seift le hoidhreacht na tíre a chaomhnú atá sa dán agus tugann tobar an eolais, an sceach le fios go bhfuil iliomad scéalta aige le haithris.

### An Sceach:

Céad agus míle roimh am na hÁirce  
tús agus cruthú m’aoise is mo dháta  
tá mé i mo shuí ó shin san áit seo  
agus is iomdha scéal a bhféadaim trácht air.<sup>194</sup>

Seanchas i monalóg fhada seachas argóint atá san agallamh seo agus ní hann don ghné choimhlinteach i ndáiríre. Briatharchath níos éadroime atá in ‘Caismirt an Phótaire leis an Uisce Beatha’ áit a ndéanann Raiftearaí ionsaí ar an uisce beatha. Is mar leannán

---

<sup>190</sup> Ó Coigligh, ‘Réamhrá,’ *Raiftearaí...*, 12.

<sup>191</sup> Tomás Ó Concheanainn, ‘Nótaí ar Sheanchas na Sceiche,’ *Éigse* XII (1968), 267.

<sup>192</sup> *Ibid.*, 268.

<sup>193</sup> Eleanor Hull, ‘The Hawk of Achill or the Legend of the Oldest Animals,’ *Folklore* 43, (1932), 406-7.

<sup>194</sup> Raiftearaí, ‘Seanchas na Sceiche,’ in eag. Ó Coigligh, *Raiftearaí...*, 12.

tréigthe a labhraíonn sé leis ar dtús, agus deir sé gur chaith siad a saol go sona sásta i bhfochair a chéile nó gur loisc Raiftearaí a éadan agus é ólta ag aonach Chill Chríosta.

**An Pótaire:**

Comrádaí dílis ar chaith mé mo shaol leis,  
dar m'fhírinne a shíl mé a bhí cneasta,  
is gur iomdha sin oíche a chaith mé leis sínte  
is mé caite ar mo thaobh cois an teallaigh.  
Ar chomhairle na ríochta níor scar mise riamh leis  
gur dhóigh sé mo ghruaig is mo mhala,  
san oíche Dé hAoine, lá aonaigh Chill Chríosta,  
i Suí Finn ag tigh Pháidín Mhic Ceara.<sup>195</sup>

Cuireann Raiftearaí i leith an uisce beatha gur fhág sé ar an ngannchuid é, agus nach bhfuil maoin ná suaimhneas i ndán don té a ólann fuisce. Freagraíonn an t-uisce beatha, agus déanann sé é féin a chosaint ar achasáin Raiftearaí. 'Is fada mé ag éisteacht ag scilligeadh bréag leat, ach caithfidh mé féin labhairt feasta.'<sup>196</sup> Maíonn an t-uisce beatha go mbíonn sé i láthair ag na hócáidí sóisialta ar fad, go dtaobhaíonn idir uasal agus íseal leis agus go bhfuil leigheas aige ar dhrochshláinte.

Comhluadar séimh mé ar chruinniú nó ar aonach  
an té a shuifeadh go féata síos' m'áice.  
Níl duitse ach díth céill a bheith anois do mo shéanadh  
is ní chreidfidh do scéal ach fear meata.  
Lucht casachta is réama is mé a dhéanfadh a réiteach,  
is tá a fhios ag na céadta air seo cheana.  
Nach mbím i measc *ladies*, ag sagairt is ag cléirigh,  
fré máistrí léinn agus Laidne.

**An Pótaire:**

Deacair is gráin ort is tú a labhras neamhnáireach  
is ní thabharfainnse cáil leath chomh maith ort,  
chaith mé mo dháta gach oíche agus lá leat  
is ní dheachaigh do chás go rómhaith dom.  
Dhóigh tú clár m'éadain is barra mo mhéara  
is ar na téada ní fhéadaim a leagan;  
is aon neach sa saol seo a chuimleas róghéar leat  
is é a dhualgas seanéadach is drochleaba.<sup>197</sup>

Agallamh idir file agus neach neamhbheo is ábhar do 'An Láí' freisin le Marcas Ó Callanáin (1789-1846). Cúrsaí oibre agus airgid an t-údar aighnis atá eatarthu:

**An file:**

Goidé an fáth, a láí, nach mbíonn tú ag obair,  
Agus mise a fhágáil i mo shuí go socair?  
Is bocht an lá nach mbímse tuirseach,  
Agus dhá fhad an lá nach mbíonn tada ortsa.

---

<sup>195</sup> Raiftearaí, 'Caismirt an Phótaire leis an Uisce Beatha,' in eag. Ó Coigligh, *Raiftearaí...*, 82.

<sup>196</sup> *Ibid.*

<sup>197</sup> *Ibid.*, 83.

**An láí:**

Tá mé ag rá leat, ná bí falsa  
mar ní hé seo an chaoi le gníomh a 'speánach,  
tusa bheith go socair ar do tharr in airde,  
agus mise bheith ag obair i lár na páirce.<sup>198</sup>

B'fhearr leis an bhfile seisreach capall, 'cliath agus céachta' a bheith aige agus é i mbun oibre ach meabhraíonn an láí dó go ndéanann sé an obair gan pingin a iarradh ar an bhfeirmeoir, 'Saothraím an t-arán is ní fhaighim aon phioc dhe.'<sup>199</sup> Thagair Raiftearaí go magúil díspeagúil don agallamh seo san iomarbhá filíochta a tionscnaíodh idir é féin agus muintir Uí Challanáin, iomarbhá a thugann léargas dúinn ar iomaíocht véarsaíochta agus briatharchath de chineál eile a bhain le traidisiún filíochta na Gaeilge.

Síleann fear fánach níos caint bheag faoi láí  
go mbuailfeadh sé báire in aghaidh file,  
ach cuirfeadsa gráin air má bhím i mo shláinte,  
mar is duine é a níos dánta a mhilleadh.<sup>200</sup>

Mhair amhráin le file pobail eile, Colm de Bhailís (1796-1906), sa traidisiún béil chomh maith agus baineadh úsáid as an agallamh mar fhoirm liteartha iontu. D'úsáid de Bhailís múnla an agallaimh sna hamhráin 'An Seandúine Cam,' 'An bhó a fuair call' agus ar ndóigh 'Amhrán an Tae,' '[a] dramatic little song'<sup>201</sup> le fear agus a bhean chéile ag milleánú agus ag mallachtú a chéile ann. Cuireann reacaire anaithid réamhrá de shórt leis an allagar agus tugann suíomh agus údar na hargóna dúinn.

Tráthnóna Dé Sathairn ag dul faoi don ghréin,  
Is ea chonaic mé lánúin i ngarraí leo fhéin,  
Bhí an bhean is í go caithiseach ag caint ar an tae,  
Is níor mhaith leis an bhfear í a bheith ag trácht air.<sup>202</sup>

Téann an fear agus an bhean in adharca a chéile faoin tae agus faoin tobac, ach tarraingítear cúrsaí oibre, cúrsaí airgid agus deargleisciúlacht an fhir isteach san aighneas freisin.

**An fear:**

Stop do bhéal feasta, a amaid de shraoill,  
Nó buailfidh mé buille ort a bhrisfeas do dhroim;  
Ag cogadh 's ag achrann do chaithis do shaoghal,  
bhí an faisíun sin ceadna ag do mháthair.

**An bhean:**

Má tá mise i m'amaid, is go bhfuilim im' shraoill,  
léine ar mo chraiceann chomh dubh leis an daol,

---

<sup>198</sup> Marcas Ó Callanáin, 'An Láí,' *Filíocht na gCallanán* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1967) 49.

<sup>199</sup> Ó Callanáin, *Filíocht na gCallanán*, 49.

<sup>200</sup> Raiftearaí, 'Fiach Mharcais Uí Challáin,' *Raiftearaí...*, 115.

<sup>201</sup> Eoin Mac Néill, 'Tae agus Tobac: Notes,' *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml. VII; 8, Nollaig (1896), 122.

<sup>202</sup> Colm de Bhailís, 'Amhrán an Tái,' *Amhráin Chuilm de Bhailís* (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaedhilge, 1904) 4. Athchló in eag. Gearóid Denvir, *Amhráin Choilm de Bhailís* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1996) 49.

Dhíol mé a raibh agam go n-íocfainn an cíos,  
Agus sin a d'fhág folamh mo lámha.<sup>203</sup>

Bhí an-tóir ar an aighneas áirithe seo i measc an phobail a bhuíochas de dheisbhéalacht agus abarthacht na beirte, dar le Denvir.

Tá gné an allagair ghrinn abartha thar a bheith forbartha san amhrán seo. Ní hamháin go gcuireann gach aon duine den bheirt go cumasach ar a son féin – agus b'fhéidir gur leis an mbean an lá le teann abarthachta, agus gan fanta d'uirlis aighnis agus áitimh ag an bhfear i ndeireadh thiar ach bagairt na láí – ach tá an aisfhreagairt thráthúil a dhéanas siad araon ar cháineadh an duine eile ina ghné bhunúsach de struchtúr an amhráin a chuireas beocht thar an gcoitiantacht ann.<sup>204</sup>

Bhláthaigh foirm an agallaimh i measc fhilí pobail na hAlban chomh maith agus maireann an nós i gcónaí i gceantair Ghaeltachta.

As far as poetry is concerned, although the classical poets do not seem to have favoured the dialogue form, the genre emerged among the compositions of Scottish Gaelic vernacular poets who came to prominence in the course of the seventeenth and eighteenth centuries. In fact it is almost as though a dialogue poem became a standard part of any poet's repertoire and this holds true down to the twentieth century for those composing traditional verse.<sup>205</sup>

Cumadh agallaimh ar ábhair agus téamaí éagsúla, cuid acu an-chosúil leis na téamaí a bhí faoi chaibidil agus a gcomhfhilí Éireannacha. Agallamh idir an duine agus an bás is ábhar do *Còmhradh ris a' Bhàs* le Sileas MacDonald (1660-1729). Féachann *Caraid agus Námhaid an Uisge-Beatha* le John MacCodrum (c1693-1779) le suáilcí agus duáilcí an uisce beatha a mheas agus tá cuid mhaith de na hachasáin chéanna a bhí ag Pótaire Raiftearaí agus é ag cáineadh an óil le fáil ann. Dhéantaí na hagallaimh seo a chur i láthair agus arís luaitear an 'aisteoireacht' agus an charachtracht a bhain lena leithéid a reic go poiblí:

Debate poems, such as 'Caraid is Namhaid an Uisge-beatha', 'Friend and Enemy of Whisky', were 'acted' as a dialogue in North Uist until about the end of the last century...<sup>206</sup>

Díol spéise an plé atá déanta ar 'aisteoireacht' na n-agallamh i gcoitinne i gcomhthéacs na drámaíochta dúchasaí agus an cur síos a rinneadh ar ócáidí taibhléirithe i dtraidisiún na Gaeilge. Dhírigh léirmheastóirí áirithe ar 'dhrámatúlacht' na seanlitríochta agus feidhm shóisialta na scéalaíochta agus na litríochta béil mar 'performance' dúchasach. Thar aon mhúnla liteartha eile, áfach, rinneadh plé ar an agallamh i dtéarmaí na

---

<sup>203</sup> de Bhailís, in eag. Denvir, *Amhráin Choilm de Bhailís...*, 50.

<sup>204</sup> Gearóid Denvir, 'Colm de Bhailís: File na nOileán,' *Amhráin Choilm de Bhailís*, 29.

<sup>205</sup> S. Kidd, 'Social Control and Social Criticism: the nineteenth-century còmhradh,' *Scottish Gaelic Studies* 20, 71.

<sup>206</sup> John MacInnes, 'Recordings of Scottish Gaelic Heroic Ballads,' *Fiannaíocht: Essays on the Fenian Tradition of Ireland and Scotland*, eag. Bo Almqvist, Séamus Ó Catháin, Pádraig Ó Héalaí, (Baile Átha Cliath, An Cumann le Béaloideas Éireann, 1987) 126.

drámaíochta. Tá idir fhréamhacha dúchasacha agus thionchair iasachta le sonrú i bhfoirm an agallaimh agus braitheann sé go mór ar an gcoimhlint agus ar an mbabhtáil chainte. Ní hionann cuspóirí nó aidhmeanna seachliteartha an agallaimh i gcónaí - an teagasc diagachta a bhí mar dhúshraith do *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás*, ‘Siosma an Choirp agus an Anma’ agus ‘Agallamh Raiftearaí leis an mBás’ araon. Seanchas agus cúrsaí staire a stiúraigh *Arsaidh sin a éouin Accla*, ‘Seanchas na Sceiche’ agus ar ndóigh ‘Agallamh Oisín agus Phádraig’ go pointe. In agallaimh eile, leithéidí ‘An Sotach is a Mháthair,’ ‘Amhrán an Tae,’ agus ‘An Bás agus Seán an Chomhradha’ is tábhachtaí an greann, an aisfhreagairt bharrúil agus an ‘*élément conflictuel*’ idir na rannpháirtithe. Cumadh na hagallaimh thuasluaite go léir roimh aimsir na hAthbheochana agus ba mar fhilíocht phobail a cumadh a bhformhór le haithris i gcomhthéacs pobal-lárnaithe. Duine amháin a dhéanadh an aithriseoireacht de ghnáth is cosúil, cé gur tharla sé anois is arís go nglacadh beirt na pearsana chucu féin, leis na laoithe Fiannaíochta i nGarbhchríocha Alban agus le h*Aighneas* Denn. Is in aimsir na hAthbheochana a tosaíodh ar dhrámaí Gaeilge a scríobh agus a stáitsiú mar chuid d’fheachtas teanga agus cultúrtha an Chonartha agus gluaiseacht drámaíochta an Bhéarla mar leathbhádóir acu. Mar chuid den ghluaiseacht chéanna, cuireadh ardán nua foirmeálta ar fáil d’ealaíona béil agus cleachtais chultúrtha thraidisiúnta na Gaeilge. Pléadh traidisiúin ársa na béalareachta mar chuid d’fhís idé-eolaíoch an Chonartha agus díograiseoirí áirithe ag déanamh a ndíchill forbairt a dhéanamh ar litríocht na tíre taobh istigh de na téarmaí tagartha dúchasacha a bhí leagtha síos sa traidisiún. Is iad na teoiricí agus na gluaiseachtaí seo a bheas idir lámha sa chéad chaibidil eile.

# *Caibidil 2*

## **Aimsir na hAthbheochana**


*'...to render the present a rational continuation of the past ...'*<sup>207</sup>

---

<sup>207</sup> Douglas Hyde, *A Literary History of Ireland: From the Earliest Times to the Present Day* (New York: Charles Scribner's Sons, 1901) vii.



Agus Athbheochan chultúrtha agus teanga faoi lán seol ag tús an chéid seo caite in Éirinn, d'fhéach lucht liteartha le drámaíocht eitneach a chur ar bun sa tír.<sup>208</sup> Le bunú Chonradh na Gaeilge (1893) agus an National Literary Society (1892), cuireadh dlús le cúrsaí drámaíochta sa tír agus tugadh ardán poiblí lena linn don chultúr Gaelach. Ó thaobh na siamsaíochta, d'áitigh an Conradh nár cheart bheith istigh a thabhairt d'oirfidigh ghallda, agus gur cheart go mbeadh Éireannaigh ag freastal ar chaitheamh aimsire Gaelach. Neamhspleáchas cultúrtha agus eacnamaíochta a bhí i gceist le mana D.P. Moran 'Irish Ireland,' mar is léir ón léaráid seo a leanas.



Léaráid 2: 'No Irish Need Apply' i gcló in *The Leader*, 29.6.1901, 277.

Bhí an ghluaiseacht nua drámaíochta freisin ag tabhairt faoi chomhfhios náisiúnaíoch a mhúscailt agus féiniúlacht shainiúil na tíre a chur chun cinn.<sup>209</sup> Léiriú dearfach ar

<sup>208</sup> Féach mar shampla Pádraig Ó Siadhail, *Stair Dhrámaíochta na Gaeilge* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1993); Philip O'Leary, *The Prose Literature of the Gaelic Revival* (Pennsylvania: The Pennsylvania State University Press, 1994); Éadaoin Ní Mhuircheartaigh agus Nollaig Mac Congáil, *Drámaí Thús na hAthbheochana* (Gaillimh: Arlen House, 2008).

<sup>209</sup> Féach mar shampla Ben Levitas, *The Theatre of Nation: Irish drama and Cultural Nationalism 1890-1916* (Oxford: Clarendon Press, 2002); Hugh Hunt, *The Abbey: Irish's National Theatre 1904-1978* (Dublin: Gill and Macmillan, 1979); Robert Welch, *Abbey Theatre: 1899-1999 Form and Pressure* (Oxford: Oxford University Press, 1999); Mary Trotter, *Ireland's National Theaters: Political Performance and the Origins of the Irish Dramatic Movement* (Syracuse NY: Syracuse University Press, 2001); Robert Hogan and James Kilroy, *The Irish Literary Theatre 1899-1901* (Dublin: Dolmen Press,

shuáilcí agus tréithe na tíre a bhí ann, murab ionann agus an scigphictiúr den Ghael mar a léiríodh go coitianta é i bpearsa an ‘stage Irishman.’ ‘We will show that Ireland is not the home of buffoonery and of easy sentiment, as it has been represented, but the home of an ancient idealism.’<sup>210</sup> Ach céard a d’úsáidfí mar bhunús don drámaíocht nua Ghaelach seo? An raibh a leithéid de rud ann agus múnla nó foirm dhúchasach drámaíochta ann in Éirinn? Féachfar sa chaibidil seo ar na díospóireachtaí faoin gceist úd in aimsir na hAthbheochana agus an tionchar a d’imir na healaíona béil ar dhrámaí áirithe ón tréimhse.

### Stáitsiú na n-ealaíon traidisiúnta

Taobh le gluaiseacht fhoirmeálta na hamharclainne i mBaile Átha Cliath bhí stáitse de chineál eile ann do na healaíona traidisiúnta. Ardán poiblí a bhí sna céilithe, feiseanna, san Oireachtas agus sna drámaí Gaeilge le hoidhreacht chultúrtha thraidisiúnta na tíre a chur i lár an aonaigh. Mar a shonraigh Mary Trotter ‘... nationalist groups claimed the structures of traditional Irish performance practice - the ceílí [sic] and feis, the ballad, the oral folktale.’<sup>211</sup> Le bunú an Oireachtais (1897) agus an chéad Fheis i Maigh Chromtha<sup>212</sup> (1898) tugadh aitheantas d’ealaíona traidisiúnta na tíre, an scéalaíocht, an ceol, an damhsa agus an aithriseoireacht ina measc. Tharraing nuachtán an *Speaker* in 1900 aird ar na mborradh a bhí ag teacht ar na taibhealaíona go ginearálta sa tréimhse seo, a bhuíochas den ‘Irish Literary Theatre’ agus Conradh na Gaeilge.

Intellectual and artistic Dublin is this week following with keen intensity the somewhat daring experiment of the promoters of the Irish Literary Theatre. Readers of the *Speaker* are not unaware of the extent and nature of our neo-Celtic Renaissance - of the significance not merely of the mystical and spiritual note in such literary work as that of Mr. Yeats and A.E., but also of the growth here on native soil of a spirit of associative production in the fine arts as represented in our Feis Ceoil, Oireachtas, and local assemblies making for a culture racy of our traditions.<sup>213</sup>

Aithníodh go raibh tionchar mór ag na himeachtaí cultúrtha seo ar phobal na tíre tré chéile agus tugadh suntas don athrú ollmhór a tháinig ar dhearcadh an phobail i leith na

---

1975); P.J. Mathews, *Revival: The Abbey Theatre, Sinn Féin, The Gaelic League and the Co-operative Movement* (Cork: Cork University Press, 2003).

<sup>210</sup> Manifesto le Yeats, Lady Gregory agus Edward Martyn luaite in Hunt, *The Abbey: Ireland's National...*, 18.

<sup>211</sup> Trotter, *Ireland's National Theaters...*, 14.

<sup>212</sup> Aithníodh go raibh tábhacht ar leith ag baint leis an bhFeis le idé-eolaíocht an Chonartha a scaipeadh ar fud na tíre. Macroom, which has had the honour of holding the first Gaelic Feis of the Irish language movement, also enjoys the distinction of being the first place to inaugurate a new scheme for the conduct of these festivals. The first Feis was held in March 1898, and its success had not a little to do in determining the future of what is now an important branch of the Gaelic League propaganda. Similar festivals were held in the course of the following year in many places in Co. Cork, and since then the Feis has become a regular institution in almost every part of Gaelic Ireland. ‘Macroom Feis,’ *The Freeman's Journal*, 16.6.1902, 6.

<sup>213</sup> Luaite in *Beltaine* No. 2 Feabhra 1900.

Gaeilge. An Fheis fé ndear an t-athrú seo i meon an phobail dar le hiriseoir ó *The Leader*.

The chief thing about it is that during a time when the spirit of mean imitation had reached almost its climax, it sprang up all of a sudden, the first flower of the counter movement in favour of falling back upon our own initiative and resource ... It has all the freshness and charm of novelty; and by the turn which it has given to the national wheel thousands of old people who have been despised and looked down upon during their lives because they spoke Irish find at the end of their days that what was wont to be a badge of ignorance has sprung into a symbol of nationality. It is no wonder that the old people flock to the Feis, and that their eyes kindle with great joy, the joy of a triumph which they had long ceased even to look forward to in dreams.<sup>214</sup>

Cuireadh ardán poiblí nua ar fáil don scéalaíocht, don sean-nós agus do chleachtais chultúrtha eile na tíre. Cé gur chuir lucht an Chonartha rompu sean-nósanna a athbheochan, bhí nuaíocht agus réabhlóideachas áirithe ag baint leis an ngluaiseacht i gcoitinne.

Next week will see the apotheosis of the hitherto despised. Next week the old piper and the old fiddler will be in esteem, the old fireside storyteller, the old singer of hundered-year-old songs, the exponent of the old dances, the old speech itself. The new intellectual activity that has been awakened will be displayed; the new spirit of self-reliance and of self-respect will find full expression.<sup>215</sup>

Baineadh leas as taispeántais den chineál seo le ceiliúradh a dhéanamh ar an gcultúr dúchasach agus dearcadh an phobail i leith an chultúir Ghaelaigh a athrú.

‘An Gaedheal i nUachtar’ was the watchword of Oireachtas week. Whilst in a measure - an aspiration, the phrase was in a large and true sense the expression of a fact - broad, striking and tangible - the realisation of the dreams of old poets. The hero of the hour was the Irish speaker: the old man whose torrent of Irish was the swiftest, the old woman whose folk-tales were the raciest, the little child whose songs were the most redolent of the scents of the country. It was the honouring by Ireland of the most Irish part of Ireland; the exaltation of the living Irish speaker as the greatest asset of Ireland, and the surest guarantee of Ireland a Nation.

A fortnight ago we described the Oireachtas as the apotheosis of the despised. The expression recurred to us many times during Oireachtas week. In some districts the term “Gaedhealach” is still a term of reproach, and a “Gaedheal” connotes a “clodhopper.” We are changing all that, and the Oireachtas which has closed marks a definite stage in the process of change.<sup>216</sup>

Rinneadh dlisteanú de shórt ar na foirmeacha dúchasacha siamsaíochta seo in aigne an phobail agus leagadh síos rialacha sna comórtais a rinne iad a chaighdeanú.<sup>217</sup> Ar ndóigh, ba chomhthéacs taibhléirithe nua a bhí sna comórtais agus san ardán foirmeálta

---

<sup>214</sup> ‘The Feis,’ *The Leader*, 1.9.1900, 8.

<sup>215</sup> ‘The Oireachtas,’ *An Claidheamh Soluis*, 9.5.1903, 1.

<sup>216</sup> Eagarfhocal, ‘The Apotheosis of the Despised,’ *An Claidheamh Soluis*, 23.5.1903, 4.

<sup>217</sup> Luaite ag Mathews, *Revival: The Abbey Theatre ...*, 28.

seo do na healaíona béil. Láithriú cois tine go hiondúil a bhí i gceist roimhe sin. D'eascair díospóireachtaí ar cheist an traidisiúin agus an chaighdeánaithe ó na comórtais seo. Bhí na ceisteanna ceannann céanna á n-ardú faoi stáitsiú an cheoil thraidisiúnta i gcomórtais na tréimhse. Bhí na healaíona traidisiúnta, idir cheol, amhránaíocht, dhamhsa agus scéalaíocht á gcur i láthair i gcomhthéacs sóisialta nua agus caighdeánú dá réir á dhéanamh orthu. 'Competitions functioned as a powerful medium for centralising and standardising efforts to build national values ...'<sup>218</sup> Is iad lucht an Chonartha a bhí mar mholtóirí ar na comórtais seo, dream acadúil, dream a leag a gcritéir, a dtuiscintí agus a mbreithiúnas aeistéitiúil féin ar na healaíona traidisiúnta anuas orthu. Is é an ceol clasaiceach, mar shampla, a bhí mar chúlra ag moltóirí an Fheis Cheoil agus is de réir aeistéitici an cheoil chlasaiceach a mheasadar an ceol traidisiúnta. Mar a shonraigh Marie McCarthy, 'Traditional music assumed new performance contexts and expectations, and it was staged and evaluated from outside 'the tradition.'<sup>219</sup> Ní raibh an amhránaíocht ar an sean-nós, mar shampla, ag teacht leis an tuiscint a bhí ag George Moore ar an gceol agus ba dheacair aon mheabhair a bhaint as an 'eternal rigmarole without a beginning or end'<sup>220</sup> dar leis. Ní raibh ord, eagar ná caoi ag baint leis an bhfonn a chuala sé ó amhránaí éigin ó Inis Meáin ag Feis na Gaillimhe, 'a vague drift of sound, rising and falling, unmeasured as the wind sighing among the trees or the lament of the waves on the shore.'<sup>221</sup> Is é Edward Martyn, duine de bhunaitheoirí an ILT, a bhí mar mholtóir ar an gcomórtas áirithe seo agus é ag tabhairt breithiúnais de réir a chritéir féin ar an sean-nós. Pé meas a bhí ar an amhránaí traidisiúnta ina phobal féin agus ina chomhthéacs ceart féin, ní go rómhaithe a d'éirigh leis an bhfear áirithe seo as Inis Meáin de réir slat tomhais na moltóirí. 'He wasn't very good, and only got poor marks'<sup>222</sup> a dúirt Martyn faoi. Bhí comórtais áirithe, an scéalaíocht agus an aithriseoireacht ach go háirithe, ag brath go mór ar an láithriú beo poiblí agus ar an lucht féachana. (Féach Léaráid 4 agus Léaráid 5) D'aithin daoine áirithe nárbh ionann an láithriú nádúrtha pobal-lárnaithe agus an t-ardán a cuireadh ar fáil sna comórtais. Níor shásaigh an amhránaíocht ar an sean-nós lucht féachana cathrach, nach raibh taithí acu ar a leithéid, mar shampla.

The adult traditional singer in the habit of singing in the kitchen by the fireside, be he ever so good, has no business to be dragged on to the concert platform. There he is nervous, and as uncomfortable as a fish out of water, misunderstood by the public, and usually thoroughly unhappy. Except a rabid Gaelic Leaguer, nobody will listen to him singing without accompaniment.<sup>223</sup>

<sup>218</sup> Marie McCarthy, *Passing it On: The Transmission of Music in Irish Culture* (Cork: Cork University Press, 1999) 74.

<sup>219</sup> McCarthy, *Passing it On...*, 74.

<sup>220</sup> George Moore, *Hail and Farewell: Ave, Salve, Vale* (Gerards Cross: Colin Smythe Ltd., 1976) 331.

<sup>221</sup> Moore, *Hail and Farewell...*, 330.

<sup>222</sup> *Ibid.*, 331.

<sup>223</sup> Carl Hardebeck, 1911 luaite in McCarthy, *Passing it On...*, 74.

Sa chur síos seo a leanas ar Fheis Chonnacht 1901 tugtar léiriú barrúil ar na fadhbanna éagsúla a bhain le cleachtais chultúrtha thraidisiúnta a chur in oiriúint do chomórtais agus don ardán. Ba mhínádúrtha an rud é rialacha agus treoracha a leagan anuas ar ealaíona traidisiúnta agus is léir go ndeachaigh sé in aghaidh thuiscintí na n-iomaitheoirí ar a gceird.



Léaráid 3: ‘A Gaelic Storyteller.’ Bridget Costello, Scéalaí, a bhuaigh duais ag an Oireachtas.<sup>224</sup>

There was very little platform for speaking. The judges, president, and secretaries sat round a table on which among other necessary things, stood a small bell, a most important instrument in the proceedings. When each competitor had been heard at sufficient length – ten minutes being the longest time allowed – the bell was rung as a signal to him or her to stop. The competitors did not like that bell, and I had much sympathy with them, but their change of expression when it sounded was ludicrous. Think of the feelings of a man, self-forgotten, singing a tender love-song expressive of his own emotions, hearing that inexorable bell! Or think of an old man reciting a *sgeulachd* on the death of Diarmad – the old man himself is hunting with the Feinne, he sees that spear speed, he sees the boar fall, and – the bell rings. It was cruel, but it was necessary, and when one got over the first shock – for the listeners (except the officials!) were hunting the boar too – it was very amusing. One or two men flatly refused to leave the platform till they were finished, and I quite agreed with them. They were old and the judges were kind ...<sup>225</sup>

<sup>224</sup> Robert Lynd, *Home life in Ireland: with illustrations from photographs* (London: Mills & Boon Ltd., 1909), 60.

<sup>225</sup> E. C. Carmichael, ‘Feis Chonnacht,’ *Am Bàrd – Ar tir agus ar Teanga*, An t-Ochd Mhíós 1901, 53-4.



Dhiúltaíodar imeacht ón stáitse mar nach raibh an t-amhrán nó an scéal ach leathchríochnaithe agus nach raibh na rialacha nua seo ag teacht leis an tuiscint a bhí acu féin ar an ealaín. Feictear go raibh slat tomhais na moltóirí ag teacht salach ar aeistéitici na healaíne fé mar a thuigeadar féin é. Thug Lady Gregory cuntas eile ar Fheis Chonnacht agus an fhadhb chéanna le sonrú ann:

An old man gave a long poem, a recital of Bible history; but the judges rang the bell when he had got to the parable of the Prodigal Son, and was telling how 'the poor foolish boy went away from his home and from his father to some far country'; and he left the platform saying indignantly: 'You might have left me time to bring him back again!'<sup>226</sup>



Léaráid 4: An tOireachtas, *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml 13: 153, Meitheamh (1903).

D'eascair díospóireachtaí ar cheist an traidisiúin ó na comórtais seo. Rinneadh plé ar thraidisiún na haithriseoireachta i mblianta tosaigh na hAthbheochana, mar shampla, agus áitíodh go raibh stíl shainiúil dhúchasach aithriseoireachta ann. D'fhéadfadh daoine é a fhoghlaim ó na seanmhaistirí, dar le Mac Piarais.

<sup>226</sup> Lady Gregory, 'On the Edge of the World,' *Poets and Dreamers* (Gerrards Cross: Colin Smythe, 1974) 134-5.

There is, of course, a sean-nós or traditional style of Irish recitation. One can no more define it than one can the traditional style in singing, but one can acquire it by going to school to the masters of it - say, Pádraic O hUrnúighe, of Knockdoe, or Máire Nic Eadaigh, of Moycullen.<sup>227</sup>



Léaráid 5: Iomaitheoirí i gComórtais an Oireachtais i geló in *An Claidheamh Soluis*, 23.5.1903, 1.

Rinne Mac Piarais rangú ar na stíleanna éagsúla aithriseoireachta i dtraidisiún na nGael mar seo a leanas - ‘The Irish traditional reciter recognises three types of Irish poem. These are the Amhrán, the Laoi and the Dán.’<sup>228</sup> Leag sé béim ar leith ar an tábhacht a bhain leis na laoithe Fiannaíochta i gcanóin liteartha na Gaeilge agus an nós a bhí ann iad a aithris os ard. ‘Now, the Ossianic lays are the most dramatic thing in our literature, and admirably adapted for declamation, and are far more highly esteemed by Irish-speaking people than any other type of Laoi or Dán.’<sup>229</sup> Áitíodh chomh maith go raibh fréamhacha na haithriseoireachta le fáil i bhfilíocht na mBard, rud a bhí ag teacht go hiomlán le hiarracht an Oireachtais ceangal a dhéanamh idir traidisiúin ársa ó thréimhse ghlórmhar i stair na hÉireann agus comórtais ardáin chomhaimseartha.

Then, we had a grand Sean-Dán competition. Do you know, I think that such reciters as Pádraic Ó hUrnúighe of Knockdoe and Brighid Nic Eadaigh of Moycullen are the lineal descendants of the Bards. They carry on the bardic

<sup>227</sup> ‘Aithriseoireacht - A standard required,’ *An Claidheamh Soluis*, 9.9.1905, 8.

<sup>228</sup> ‘Irish Elocution,’ *An Claidheamh Soluis*, 23.9.1905, 5.

<sup>229</sup> *Ibid.*

tradition in elocution. I imagine that the Red-Branch epics were recited in Tara and Kincora with just such voice-inflections and gestures as are used by the best of the traditional reciters of to-day. I cannot believe that the Ossianic poems were ever sung, and still-less that they were ever declaimed in stentorian tones with much waving of hands and clutching at the air. They were recited in a musical monotone or chant, with perhaps a harp accompaniment. I have an idea that a harp might be used with exquisite effect to accompany traditional reciting to-day.<sup>230</sup>

Foilsíodh dhá leabhar le sleachta a bheadh oiriúnach do chomórtais aithriseoireachta i 1905 - *Leabhar Aithriseoireachta na nGaedheal: Gill's Irish Reciter. A collection of Gems from Ireland's modern literature agus Staraidheacht: Pieces for Recitation in Irish*. Ardaíodh ceisteanna faoin ngeáitsíocht san aithriseoireacht chomh maith agus rinneadh iarracht sainmhíniú a dhéanamh ar an stíl dhúchasach.

Some plain questions evidently require to be answered in this regard. Is there a sean-nós or old style of Irish aithriseoireacht? If so, what is it? Are gestures of all kinds to be condemned in aithriseoireacht of all kinds as foreign ie as Galldachas?

But in whatever way these questions are answered, there is need of at once establishing some common rule or standard for the guidance both of judges and competitors, if the latter are not to be discouraged from entering the field.<sup>231</sup>

Cé nach raibh an t-agallamh beirte ar chlár na gcomórtas oifigiúil in aimsir na hAthbheochana, bhíodh na seanagallaimh ar nós *An Siota agus a Mháthair* agus *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás* á n-aithris ag na Feiseanna. Cuireadh na hagallaimh thraidisiúnta seo ar an stáitse ag feiseanna ar fud na tíre: 'This [Agallamh Oisín agus Phádraig] and other later dialogues are *vividly interpreted on platforms* by Irish speakers even at the present day.'<sup>232</sup> Tagraítear don *Siota agus a Mháthair* agus beirt a bhí i mbun aithriseoireachta ag Feis i nDraighean, Co Chorcaí i 1903. Greann an agallaimh is mó a chuaigh i gcion ar an tráchtairé áirithe seo ach suntasach go leor luann sé ceann de na deacrachtaí ba mhó a bhain le taibhléiriú na n-agallamh ar ardán na Feise – an bac teanga, nó an bhearna idir deisbhéalaíocht na cainte agus cumas tuisceana an lucht éisteachta.

The next item was a recitation or dialogue in Irish called "An Siota 's a Matain," [sic] carried on between Messrs Kelly, District Teacher, and T. McCarthy. The dialogue was very amusing, and was keenly appreciated by those who understood it.<sup>233</sup>

Murab ionann agus cineálacha eile siamsaíochta ag ceolchoirmeacha na tréimhse, bhí an t-agallamh ag brath go hiomlán ar an mbéal beo, ar an ndea-chaint agus ar thuiscint agus

---

<sup>230</sup> 'Oisín, the Connacht Feis, Irish Acting and Other Things,' *An Claidheamh Soluis*, 9.9.1905, 7.

<sup>231</sup> 'Aithriseoireacht - A standard required,' *An Claidheamh Soluis*, 9.9.1905, 8.

<sup>232</sup> Maurice Bourgeois, *John Millington Synge and The Irish Theatre* (London: Constable & Company, 1913) 99. [Liomsa an bhéim]

<sup>233</sup> 'Gaelic League,' *The Southern Star*, 5.12.1903, 3.



ar ghéarchúis na n-éisteoirí. Má bhí taitneamh le baint as greann an agallaimh, bhí sciar maith den lucht éisteachta dall air, an t-iriseoir anaithid thuasluaite ina measc b'fhéidir, i bhfianaise an bhotúin i dtaobh an teidil.<sup>234</sup>

Tá cur síos níos iomláine agus níos tuisceanaí ar chur i láthair *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás* ag Feis na Mumhan 1906 i dtuairisc ón Athair Peadar Ó Laoghaire. Suntasach go leor arís, is léir ón gcuntas gur ghlac *beirt* ghasúr pearsana an Pheacaigh agus an Bháis chucu féin sa taispeántas. Leagann an tAthair Peadar béim ar leith ar fheith na haisteoireachta agus ar stíl dhúchasach, bua nádúrtha nó ‘natural instinct’ na beirte. Bhí an chiall ar fad sa chaint agus an aisteoireacht ar fad sna focail, sa ghlór agus sna gothaí, ‘every word and tone and gesture.’

I heard children competing for prizes. They were reciting Irish pieces. I was listening ... I watched two very little persons at their recitation. It was *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás*. The little fellow who represented Bás was as unrelenting as Death ought to be. Every word and tone and gesture used by the other little fellow was so beseeching, so deprecatory, that he would certainly have caused anyone but Death himself to relent. I have never heard a better bit of recitation. Oh, the difference between it and the sort of recitation we sometimes hear in English, in seminaries, convent schools, etc. I have never heard, from a boy in a seminary or from a girl in a convent school, a bit of recitation in which every single tone and gesture was not utterly, disgustingly artificial. That little fellow at the Munster Feis did not use a single tone nor gesture which was not as thoroughly natural as if he were actually pleading his own case. Every tone of his voice, every working of his face, every movement of his head, was so really natural that I do not believe he was taught them at all. I believe he merely followed his own natural instinct. If that be so his instinct is one of the truest I have ever met - and he cannot be more than 11 years of age!<sup>235</sup>

Tharraing Gregory aird ar mhianach drámatúil shaothar Raiftearaí agus na hagallaimh agus na haighnis fhileata a mhair sa traidisiún béil. D'aithin Lady Gregory an ghné shóisialta den ealaín chomh maith agus go raibh lucht éisteachta ann dá leithéid i measc mhuintir na tuaithe.

There has always, on the part of the Irish people, been a great taste for dramatic dialogue. The ‘Arguments of Oisín and Patrick’ are repeated by peasants for hours together with the keenest delight and appreciation. Other dramatic ‘arguments’ appeal to them - the ‘Argument of Raftery with Death,’ the ‘Argument of Raftery with Whisky,’ or the arguments between a Connaught herd and a Munster herd as to the qualities of the two provinces. These old pieces are recited and followed with excitement, showing how naturally the dramatic sense appeals to the Celtic nature. It is curious, therefore, that only now should Irish drama be finding its full expression, and

---

<sup>234</sup> Tá plé cuimsitheach déanta ag Philip O’Leary ar na deacrachtaí móra teanga a bhain le cúrsaí drámaíochta in aimsir na hAthbheochana. Féach mar shampla *The Prose Literature of the Gaelic Revival* (1994), 299. Más amhlaidh a bhí le drámaí, áit - chabhraigh suíomh, frapaí agus gluaiseacht na n-aisteoirí le ciall an dráma a chur trasna, tá sé ag luí le réasún go mbeadh sé seacht n-uaire ní ba dheacra ar an lucht éisteachta céanna ciall a bhaint as agallamh, áit nach raibh ach an chaint féin acu le meabhair a bhaint as an scéal.

<sup>235</sup> Peter O’Leary, P.P., ‘Feis na Mumhan,’ *The Leader*, 18.8.1906, 406-7.

not at all curious that it has taken such a hold upon the country. The dramatic movement has made really an enduring impression upon the life and intellectual activity of the people.<sup>236</sup>

Bhí duine eile de cheannródaithe an ILT ar aon fhocal le Gregory maidir le drámatúlacht na n-agallamh. Thug na Feiseanna ardán poiblí don agallamh agus d'aithin Yeats gur ealaín phoiblí a bhí ann, ealaín bhéil a bhí ag brath go mór ar dhinimic an chuir i láthair agus ar an gcomhthéacs sóisialta. Cé nach bhfuil gníomaíocht ann, sa ghnáthchiall, tá mianach drámata san fhriotal, sa bhriatharchath agus sa choimhlint idir an dá phearsa ag sáraíocht ar a chéile.

I may say, for I am perhaps writing an epitaph, and epitaphs should be written in a genial spirit, that we have turned a great deal of Irish imagination towards the stage. We could not have done this if our movement had not opened a way of expression for an impulse that was in the people themselves. The truth is that the Irish people are at that precise stage of their history when imagination, shaped by many stirring events, desires dramatic expression. *One has only to listen to a recitation of Raftery's Argument with Death at some country Feis to understand this. When Death makes a good point, or Raftery a good point, the audience applaud delightedly, and applaud, not as a London audience would, some verbal dexterity, some piece of smartness, but the movements of a simple and fundamental comedy.*<sup>237</sup>

Is léir óna chuntas gur baineadh an-phléisiúr as an iomarbhá chainte nó as an bhfoirm bhunúsach drámaíochta, ‘*a simple and fundamental comedy*’ agus an lucht féachana rannpháirteach sa chur i láthair agus páirt ghníomhach acu sa léiriú. Tugann tuairisc eile ar Fheis Chonnacht 1900 i ndialann Lady Gregory léargas breise dúinn ar thaibhléiriú agus cur i láthair ar ardán na Feise, agus ar an gcaidreamh speisialta sin idir an béal beo agus an lucht éisteachta:

August 27 1900 – We [de hÍde, Yeats] went to Galway Feis on Thursday, more competitors & more people & more life than before. Old men in white flannel jackets recited poems, some of Raftery's, one old man his own composition, a talk with death – He told how death swept away gr[eat] people, among others the Queen of England, & stopped to say “& that wouldn't be much loss” at which there was much applause among those who understood Irish ...<sup>238</sup>

Ní athrá meicniúil atá sa chur i láthair ach gníomh cruthaitheach *engagé*, a mhúnlaíonn agus a chruthaíonn ‘téacs’ beo úrnua le gach insint. Ní hionann aon dá léiriú a dhéanfaí ar scéal nó agallamh agus braitheann cuid den taispeántas ar rannpháirtíocht an phobail. Léiríonn ciúta tráthúil an aithriseora sa sampla thuas luaite go raibh sé dírithe ar

---

<sup>236</sup> Lady Gregory luaite in ‘The Irish Drama’, *Irish Literature* Iml IX (1904), xxv.

Chuir Lady Gregory spéis mhór i bhfilíocht Raiftearaí agus bhí páirt lárnach aici sa chomóradh a rinneadh ar Raiftearaí agus an leac cuimhneacháin a cuireadh ar a uaigh. Féach Augusta Gregory, ‘Raftery the Poet of the Poor’, *An Claidheamh Soluis* 14.10.1899, 488-9. Augusta Gregory, Litir, *An Claidheamh Soluis*, 2.12.1899, 605. Augusta Gregory, ‘Raftery’ ó *Poets and Dreamers*, in *Selected Writings*, eag. Lucy McDiarmid agus Maureen Waters, 1995, 98-129.

<sup>237</sup> W.B. Yeats, ‘Windlestraws’, *Samhain*, Deireadh Fómhair 1901, 3-4. [Liomsa an bhéim.]

<sup>238</sup> Lady Gregory, *Lady Gregory's Diaries 1892-1902*, in eag. James Pethica (Gerrards Cross: Colin Smythe 1996) 277.

thaitneamh an lucht éisteachta agus gur mhúnlaigh sé an insint don chomhthéacs polaitiúil nua. Aithníodh go raibh taispeántas poiblí i gceist le píosa aithriseoireachta a dhéanamh nó scéal a insint agus aisteoireacht nádúrtha ó dhúchas a bhí ann dar le Yeats.

One sees it too in the reciters themselves, whose acting is at times all but perfect in its vivid simplicity. I heard a little Claddagh girl tell a folk story at Galway Feis with a restraint and a delightful energy that could hardly have been bettered by the most careful training.<sup>239</sup>

Bhí an t-aisteoir agus an stiúrthóir Frank Fay den tuairim go bhféadfaí féith na haisteoireachta a fheiscint in aithriseoirí sna Feiseanna. Mhol sé go n-úsáidfí a léithéidí mar aisteoirí in alt leis a leag amach na rudaí a bhí ag teastáil le hAmharclann Ghaelach a bhunú.

Our actors would have to be got from the advanced pupils of the Gaelic classes, now happily spread over the land, who show ability as reciters in Irish. I, myself, had the pleasure of hearing a number of boys recite in Irish at the recent Leinster Feis, most of whom would have been able to give a very creditable account of themselves in a play, and nearly all of whom were gifted with splendid voices. The Irish language is a fine voice producer. They had, to be sure, been trained after the methods of the conventional reciter, so far as gesture was concerned, but that could be easily remedied.<sup>240</sup>

Bhí Yeats féin ag tabhairt faoi thogra aithriseoireachta turgnamhach san am i bpáirt le Florence Farr agus é ag iarradh gnéithe de thraidisiún na béalairachta a nascadh leis an drámaíocht. Ealaín aithriseoireachta nua a bheadh ann dar leis, ‘a radical orality in dramatic speech’<sup>241</sup> ach é bunaithe ar fhilíocht na mBard, ar an amhránaíocht ar an sean-nós agus ar an gcantaireacht. ‘I have a notion of getting one of these stories, in which there are dialogues in verse, spoken by a reciter who will chant the dialogues in verse to a psaltery.’<sup>242</sup> Bhí duine eile de cheannródaithe na tréimhse den tuairim go bhféadfaí ealaín na haithriseoireachta a úsáid mar bhúnús don aisteoireacht. Mhol Pádraig Mac Piarais d’aisteoirí na Gaeilge staidéar a dhéanamh ar an aithriseoireacht agus ar aisteoirí na Mainistreach le tuiscint a fháil ar a gceird.

Two things we would recommend to Irish actors and stage-managers, first, to study the art of the Irish traditional reciter; and secondly, to pay an occasional visit to the Abbey Theatre. Not that the traditional reciter is a model to be religiously copied (for - other considerations apart - acting is essentially different from recitation), or that the Abbey Theatre has said the last word on the drama; but that the one puts the student in touch with Ireland, whilst the other puts him in touch with the best contemporary ideals.<sup>243</sup>

---

<sup>239</sup> W.B. Yeats, ‘Windlestrows,’ *Samhain*, Deireadh Fómhair 1901, 3-4.

<sup>240</sup> F.J.F, ‘An Irish National Theatre,’ *The United Irishman*, 11.5.1901, 6.

<sup>241</sup> Welch, *The Abbey Theatre 1899-1999...*, 19.

<sup>242</sup> W.B. Yeats, *Collected Letters of W.B. Yeats Volume 1*, in ead. John Kelly, (Oxford: Oxford University Press, 1986) 354.

<sup>243</sup> Pádraig Mac Piarais ‘Irish Acting,’ *An Claidheamh Soluis*, 7.7.1906, 6-7.

Bhí cur amach ar an stíl thraidisiúnta agus comhaimseartha ag teastáil ón aisteoir Gaeilge dar leis. Tá an chomhairle seo ag teacht leis na tuairimí a bhí aige i dtaobh na litríochta chomh maith.<sup>244</sup> Stáitsigh Scoil Éanna ‘blúire de shean-dráma’ Gaeilge i 1915 in éineacht le dhá dhráma dhiaga le Pádraig Mac Piarais. Ba é *Dúnlang Óg agus an Leannán Sí*<sup>245</sup> an seandráma a bhí i gceist agus d’áitigh *An Claidheamh Solais* go raibh an dráma ‘trí chéad bliadhain d’aois ar a laighead.’<sup>246</sup> Díol spéise gur leagadh béim ar leith i dtuairiscí comhaimseartha ar theoiricí Mhic Phiarais faoin stíl thraidisiúnta aisteoireachta. Is léir gur iarracht a bhí sa léiriú seo cuid de na teoiricí sin a bhí aige a chur i bhfeidhm.

Mr. Pearse is doing Irish literature a service by producing the only known fragment of a pre-revival Irish drama at Hardwick Street this week in conjunction with his own Miracle Plays. The accepted statement that native Irish literature had never evolved a drama was disproved some years ago by the discovery of this fragment and its publication in *Irisleabhar na Gaedhilge*. It is part of a long play which was performed among the people in Co. Kerry up to the forties of the last century. *The fragment is very brief, but its enactment will fittingly illustrate Mr. Pearse’s address on the Irish Style of Dramatic Speaking, which he claims to be a national art as distinctive and as beautiful as the Irish style of singing.*<sup>247</sup>

Bhí Seán Mac Giollarnáth ar aon fhocal le Pádraig Mac Piarais maidir le tábhacht an traidisiúin i saothrú na drámaíochta. Chaithfeadh scríbhneoirí agus aisteoirí araon a bheith ag tarraingt ar thobar an dúchais, dar leis. ‘The growth of the new drama must be from the soil. It must respect Irish speech, Irish beliefs, Irish taste.’<sup>248</sup> Níor mhór drámaíocht na Gaeilge a bheith frémhaithe i dtraidisiún liteartha na Gaeilge agus cultúr coiteann na ndaoine.

Now, we have no tradition of drama in Ireland, but we have in the lyric, the dialogue, the *dán* - three of the chief elements of drama - of Gaelic literature, and abundance of tradition for our guidance. From these our writers may learn much of their art. But they must not despise the language or life of the people.<sup>249</sup>

Tá anáil an Phiarsaigh le sonrú in alt Mhic Ghiollarnáith nuair a mholann sé don aisteoir staidéar a dhéanamh ar an stáitse comhaimseartha thar lear, ach gan neamhaird a dhéanamh de thraidisiún taibhléirithe na Gaeltachta.

---

<sup>244</sup> ‘Two influences go into the making of every artist ... the influences of the ancestors and that of his contemporaries. Irish literature if it is to live and grow, must get into contact on the one hand with its own past and on the other with the mind of contemporary Europe.’ Pádraig Mac Piarais, ‘About Literature,’ *An Claidheamh Soluis*, 26 May 1906, 6.

<sup>245</sup> ‘Dúnlang Óg agus an Leannán Sí,’ *Irisleabhar na Gaedhilge*, Deireadh Fómhair 1899, 18-20. I gcló chomh maith i *Drámaíocht ó Dhúchas: Ó Bhéalaithe Thaidhg Uí Chonchubhair*, eag. Seán Ó Morónaigh, (Camus: An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta, 2005) 203-204.

<sup>246</sup> ‘Seandráma Gaedhilge,’ *An Claidheamh Soluis*, 22.5.1915, 1.

<sup>247</sup> ‘The St. Enda’s Plays,’ *An Claidheamh Soluis*, 22.5.1915, 5. [Liomsa an bhéim.]

<sup>248</sup> Seán Mac Giollarnáth, ‘The Stage,’ *An Claidheamh Soluis*, 15.1.1910, 7. An t-eagarfhocal seo luaite ag O’Leary, *The Prose Literature of ...*, 311.

<sup>249</sup> Seán Mac Giollarnáth, ‘The Stage,’ *An Claidheamh Soluis*, 15.1.1910, 7.

Neither actors nor writers will succeed without training, and while the stage of other countries should be studied by them, they cannot neglect Irish tradition. For the actor this tradition is to be found in fragments among the people of the Gaedhealach. The calm posture of the traditional singer, and the varying style of the storyteller and reciter of the 'seandan' should be watched and studied, and all who aim at acting should be thoroughly familiar with the manner of speech of the speakers of Irish who have not been spoiled by use of English. It may be asserted that they have not much that is distinctive or pure to teach, but it must be admitted that they preserve whatever has been preserved of the style developed by Gaelic bard and storyteller, who were the nearest approach in our civilisation to the actor of modern times.<sup>250</sup>

D'áitigh sé chomh maith go bhféadfaí ealaín na scéalaíochta a úsáid mar bhunús don aisteoireacht. Níor leor na scéalta béaloideasa féin a chaomhnú i bhfoirm scríofa dá gcaillfí ealaín an tseanchaí, an modh insinte agus an cur i láthair.

Nothing could be better for the encouragement of the actor's art among the young than the practice of storytelling. Hitherto much money has been spent in awards to old people for the public recitation of ancient tales. The result has been the preservation, in most cases, of the language of the tales, but not of the storyteller's art. It is most desirable that this art should be preserved and generally cultivated among us. It is possible to teach it to great numbers, and without great trouble or expense. The ability of anyone to tell a good story with appropriate gesture is a fair guarantee that he possesses qualities and capacity suitable for the stage.<sup>251</sup>

Bhí an scéalaíocht ar chomórtais an Oireachtais ó 1901 ar aghaidh agus ón tús cuireadh béim ar leith ar an ngeáitsíocht agus na ciútaí éagsúla a bhain le láithriú scéil. Insint nádúrtha an tseanchaí agus é ag insint scéil cois tine, mar dhea, a bhí ag teastáil de réir chlár an Oireachtais. 'Suífidh an t-iomaitheoir ar a shocracht i gcathaoir agus in eosaidh sé a scéal ina Ghaeilge féin faoi mar a d'inseosadh cois na tine ag baile é; a chaint agus a ghlór agus a ghaitís féin aige.'<sup>252</sup> Bhain paradacsa bunúsach leis na comórtais seo, sa mhéid is gur tógadh na cleachtais chultúrtha seo óna *milieu* nádúrtha sóisialta féin, gur cuireadh i gcomhthéacs sóisialta eile iad, agus gur iarradh ar na hiomaitheoirí ligint orthu go raibh siad i ngnáthshuíomh airneáin. Seo mar a rinneadh cur síos ar an gcomórtas i bhFeis na Mumhan.

Storytelling: To the best bona-fide Country Storyteller. The competitor will sit in an easy attitude, and tell his story, which may or may not have been published, as he would to a group round the country hearth; not to occupy more than ten minutes. More importance will be attached to the manner of delivery than to the matter of the story.<sup>253</sup>

Díol suntais an bhéim a leagadh ar thaibhléiriú an scéil agus gur thábhachtaí leo an ghné sin den ealaín ná ábhar an scéil. Tá ioróin ag baint le teoracha choiste an

---

<sup>250</sup> *Ibid.*

<sup>251</sup> *Ibid.*

<sup>252</sup> Séamas MacManus luaite in Donncha Ó Súilleabháin, *Scéal an Oireachtais 1897-1924*, 90.

<sup>253</sup> 'Feis na Mumhan' *Irisleabhar na Gaedhilge*, Deireadh Fómhair 1901, 170-3.

Oireachtais d’iomaitheoirí sna comórtais scéalaíochta chomh maith agus an fhainic a chuireann siad orthu ‘stáitsiú’ foirmeálta a sheachaint.

The competitor will sit in an easy attitude, and tell his story as he would to a fireside group, in colloquial language, and with tone and gesture that will smack of the country hearth, and never remotely of the platform.<sup>254</sup>

I gcur síos le George Moore ar chomórtais ardáin ag Feis i nGaillimh, tuairiscíonn sé gur tháinig an scéalaí ar an ardán, ‘taking a chair, *he warmed his hands over an imaginary peat fire*, and began to tell of a man lost in a field, who had turned his coat inside out to rid himself of the fairy spell.’<sup>255</sup> Tá an claonadh céanna le brath ar chuntas ar Fheis Chonnachta.

Then, man, you should have heard the storytelling competition! We had nearly fifty competitors - men, women and children - and every one of them as delightful a seanchaidhe as you would wish to hear at a Hallowe’en Céilidhe.<sup>256</sup>

Luann Vandavelde na féidearthachtaí drámaíochta ó thaobh na scéalaíochta de nár fíoraíodh in aimsir na hAthbheochana. Deir sí ‘During the Revival, however, such performative acts did not develop into on-stage ‘acts of performance.’<sup>257</sup> Feictear domsa go raibh ‘acts of performance’ i gceist le láithriú scéil ar ardán na bhFeiseanna agus an Oireachtais mar go raibh méid áirithe cuir i gcéill i gceist le scéalta a insint ar ardán agus i gcomhthéacs nua ar fad. Tá an ceart ag Vandavelde, áfach, nuair a deir sí nár bhláthaigh sé ina thraidisiún drámaíochta san Athbheochan le hinsint scéalta mar chuid de dhrámaí.<sup>258</sup> Bhí drámadóirí an Bhéarla ag tarraingt ar thraidisiún ársa na scéalta laochais freisin i dtús aimsir na hAthbheochana agus iad ag iarraidh teacht ar ghlór sainiúil na hÉireann faoi chló an Bhéarla. Léiríodh *The Last Feast of the Fianna* le Alice Milligan agus *Maeve* le Edward Martyn in 1900, *Deirdre* le A.E. in 1902, *Deirdre* le Yeats in 1906 agus *Deirdre of the Sorrows* le J.M. Synge in 1910. Léiríodh *Diarmuid and Grania*, dráma a scríobh Yeats i gcomhpháirtíocht le George Moore sa bhliain 1901. Bhí deacrachtaí acu friotal na freacnairce a chur ar scéal ársa agus theip glan orthu an stíl cheart a aimsiú - stíl a mbeadh rithim agus foirm dhúchasach Ghaelach ag baint léi. Rith sé le Yeats gur cheart do Moore an dráma a scríobh i bhFraincis ar dtús. Ansin d’aistreadh Lady Gregory go Béarla é agus d’aistreadh Tadhg Ó Donnchadha go Gaeilge é. Bheadh sé le haistriú go Béarla arís ag Lady Gregory agus d’fhágfaí ansin ag Yeats é “stíl” a chur air.<sup>259</sup> Cé nár bhacadar leis an modh oibre fadálach seo ar deireadh,

---

<sup>254</sup> ‘Oireachtas,’ *An Claidheamh Soluis*, 19.9.1903, 6.

<sup>255</sup> Moore, *Hail and Farewell...*, 330. [Liomsa an bhéim.]

<sup>256</sup> ‘Oisín, the Connacht Feis, Irish Acting and Other Things,’ *An Claidheamh Soluis*, 9.9.1905, 7.

<sup>257</sup> Karen Vandavelde, *The Alternative Dramatic Revival* (Dublin: Maunsel & Compnay, 2005) 56.

<sup>258</sup> Pléifear an fhorbairt i dtreo na scéaldrámaíochta sa chaibidil ar an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta.

<sup>259</sup> ‘And that night I was awakened by a loud knocking at my door, causing me to start up in bed. What is it? Who is it? Yeats!’

léiríonn sé na deacrachtaí a bhí acu foirm shásúil agus réim teanga dhúchasach a aimsiú. Ní mó ná sásta a bhí Standish O'Grady ach oiread le hiarrachtaí na gluaiseachta drámaíochta scéalta laochais a stáitsiú. Masla a bhí ann d'uaisleacht na seanlitríochta iad a chur ar an stáitse don ghnáthphobal dar leis.

The Red Branch ought not to be staged ... That literature ought not to be produced for popular consumption for the edification of the crowd ... I say to you, drop this thing at your peril ... You may succeed in degrading Irish ideals and banishing the soul of the land ... Leave the heroic cycles alone, and don't bring them down to the crowd.<sup>260</sup>

D'fhreagair A.E. cáineadh O'Grady agus dhiúltaigh sé go hiomlán don tuairim nár cheart na scéalta laochais a athinsint. Tharraing sé aird ar an gcosúlacht idir an drámaíocht agus láithriú na scéalta seo sa traidisiún reacaireachta anallód. Níor ceapadh na scéalta seo mar théacsanna liteartha dar leis agus leag sé béim ar chumhacht an traidisiúin labhartha ach go háirithe, i gcomparáid leis an lámhscríbhinn seasc neamhbheo.

Men too often forget in this age of printed books that literature is, after all, only an ineffectual record of speech. The literary man has gone into strange byways through long contemplation of books, and he writes with elaboration what could never be spoken, and he loses that power of the bards on whom tongues of fire had descended, who were masters of the magic of utterance, whose thoughts were not meant to be silently read from the lifeless page ... It is through drama alone that the writer can summon, if even vicariously, so great a power to his aid; and it is possible we may yet hear on the stage, not merely the mimicry of human speech, but the old forgotten music which was heard in the duns of kings, which made the revellers grow silent and great warriors to bow low their faces in their hands.<sup>261</sup>

Cé go raibh drámadóirí áirithe san 'Irish Literary Theatre' ag tabhairt faoi sheaneipicí a athinsint i bhfoirm drámaí, agus ag tarraingt ar phlotaí agus téamaí ó thobar na scéalaíochta ina saothar, ní dearnadh iarracht gnéithe de stíl inste nó ealaín an scéalaí a thabhairt isteach sna drámaí.

---

I'm sorry to disturb you, but an idea has just occurred to me.

And sitting on the edge of my bed he explained that the casual suggestion that I preferred to write the play in French rather than in his vocabulary was a better idea than he had thought at the time.

How is that, Yeats? I asked, rubbing my eyes.

Well, you see, through the Irish language we can get a peasant Grania.

But Grania is a King's daughter. I don't know what you mean, Yeats; and my French-

Lady Gregory will translate your text into English. Taidgh O'Donoghue will translate the English into Irish, and Lady Gregory will translate the Irish text back into English.

And then you'll put style upon it? And it was for that you awoke me?

But don't you think a peasant Grania -

No, Yeats, I don't, but I'll sleep on it and tomorrow morning I may think differently. It is some satisfaction, however, to hear that you can bear my English style at four removes.'

Moore, *Hail and Farewell...*, 248.

<sup>260</sup> Standish O'Grady in *All Ireland Review*. Luaite in A.E. 'The Dramatic Treatment of Heroic Literature', *Samhain* Deireadh Fómhair 1902, 11-3.

<sup>261</sup> A.E. 'The Dramatic Treatment of Heroic Literature', *Samhain* Deireadh Fómhair 1902, 11-3.

## Drámaíocht ó dhúchas?

### Díospóireachtaí faoi mhúnlaí drámaíochta in Aimsir na hAthbheochana

De réir mar a bhí borradh ag teacht ar chúrsaí litríochta agus drámaíochta sa tír tháinig an cheist seo chun cinn i measc athbheochanóirí agus drámadóirí. Céard a d'úsáidfí mar thúsphointe nó mar dhúshraith do dhrámaíocht na Gaeilge? Pléadh easpa forbartha na drámaíochta Gaeilge agus na deacrachtaí a bhain leis.

While we may sympathise with this effort to create an Irish stage, we may be permitted to regret the utter absence of a Gaelic Theatre. If we are not mistaken, this absence has been readily explained by more than one literary wiseacre as due to the lamentable fact that dramatic composition is not in accord with the peculiarities of the Gaelic language. Raiméis! This argument may be classed with those of the great "Celtic" class, which chiefly consist of incantations in which the words "glamour", "mysticism", and "Renaissance" will be found invaluable.

The reason why we have no Gaelic plays is that political troubles made a Gaelic Stage impossible while the literary class still existed, and in later times the disappearance of almost all education from the country prevented any demand for a Gaelic drama coming into existence. The only attempts that seem ever to have been made in this direction appear in Father O'Carroll's scenes in the early numbers of The Gaelic Journal and the sketch produced at the Feis Adhamhnain in Letterkenny last November. The latter should be warmly applauded as an effort to make the Gaelic Drama a reality, and it was a pity that it was not made known more widely.<sup>262</sup>

Nuair a tosaíodh ar dhrámaí Gaeilge a scríobh, a léiriú agus a fhoilsiú i dtús aimsir na hAthbheochana, aithníodh go raibh corr-shampla d'agallamh ann i gcanóin liteartha na nGael, ach nach raibh aon fhoirm fhorbartha dhúchasach ann.

... Irish literature has been in many respects unlike the literatures of other countries and one point in which it has differed from them is that until this present day it has not taken the form of drama ... There have been one or two fragmentary dialogues, in ancient and modern times, but they lacked the set arrangement necessary to a proper stage play.<sup>263</sup>

Ábhar iontais a bhí ann do dhaoine nach raibh a leithéid de rud ann agus drámaíocht dhúchasach agus pléadh na féidearthachtaí éagsúla a bhí ann ó thaobh foirme de. Cáineadh freisin an aithris a rinne drámadóirí na Gaeilge ar fhoirmeacha Gallda drámaíochta.

The Irish are, I think, the only people in Europe who have no dramatic tradition. Why a nation of hero-worshippers - fond of sound and brag and talk of great deeds - attempted no hero play, and why, when the saint had become more real than the hero, and miracles more real than hero-deeds, they attempted no miracle play, is the great puzzle of Irish literary history. *Given the dialogue of Patrick and Oisin, a dramatic form should have been*

---

<sup>262</sup> 'A Gaelic Theatre', *Fáinne an Lae*, 4.2.1899, 37-8.

<sup>263</sup> 'The Irish Drama,' *The Leader*, 6.10.1900, 86.



*developed.* The Irish have developed no form of their own. The present writers in Irish have adopted the worst form possible - the Elizabethan. This form, in which the action is broken up by the change of scene and the passing of months and years, is bad enough in a long play; a short play becomes absurd when cast in it.<sup>264</sup>

Cé nach raibh téatar foirmeálta ann i dtraidisiún na tíre, aithníodh go raibh ócáidí sóisialta agus deasghnátha traidisiúnta ann a bhí ag brath ar ealaín an chuir i láthair. Tharraing Tomás Mac Domhnaill aird ar thraidisiún an Phatrúin, mar shampla agus d’áitigh sé go bhféadfaí an Patrún a úsáid mar bhunús do dhrámaí míorúilte.

The “Patrons” are still a feature of Irish life. It is but a step from them to the spectacle plays I advocate; what could we not make of one of these at Tara, where St. Patrick preached, or at Limerick, where the Saxons’ plighted trust was broken? Efforts such as these would be something real, something tangible that would seize hold of the vivid Celtic imagination, and would be, if nothing else, a living protest against the garbage of the English stage.<sup>265</sup>

Bhí eagarthóir *Fáinne an Lae* den tuairim go raibh drámaíocht dhúchasach le fáil sna nósanna cleamaireachta a bhí á gcleachtadh go forleathan i gcontaetha áirithe. Cé go raibh amhras áirithe ann faoi fhréamhacha gallda na cleamaireachta, mhol sé go ndéanfaí na hóráidí a aistriú go Gaeilge agus go dtiocfadh forbairt orgánach air ansin ar an gcaoi chéanna is a tharla i dtíortha eile.

The County Donegal is not altogether without drama of its own. The mummers who go around at Christmas make their speeches in English, it is true, and the whole form of their drama is borrowed from abroad, but as in other places their entertainment has a strong Irish flavour. Would it not be possible to have those speeches delivered in Gaelic? This would be giving the people an entertainment with which they are already familiar in the language that should be nearest to their hearts. It may be objected that this would be beginning the drama at its worst rather than at its best. Even so, it is the way drama has begun among all other nations.<sup>266</sup>

Agus gluaiseacht ‘Irish Ireland’ faoi lánseol agus iarracht ar bun aon ‘truailliú’ ón iasacht a ghlanadh amach ón tír, mhol Arthur Griffith go ndéanfaí gnéithe áirithe de thaispeántas na gcleamairí a athrú agus a Ghaelú.<sup>267</sup>

If the men and boys who indulge in this innocent amusement were prevailed upon to dispense with the rhymes altogether and act the figures only, the

---

<sup>264</sup> Michael Blake, ‘Two Irish Plays,’ *United Irishman*, 8.8.1903, 6. [Liomsa an bhéim.]

<sup>265</sup> Tomás Mac Domhnaill, ‘An Irish National Theatre,’ *The Leader*, 27.4.1901, 14.

<sup>266</sup> ‘A Gaelic Theatre,’ *Fáinne an Lae*, 4.2.1899, 37-8. Plé spéisiúil déanta ag Karen Vandavelde ar an gcleamaireacht in aimsir na hAthbheochana agus an úsáid a baineadh as an traidisiún sa dráma *At the Black Pig’s Dyke*, in *The Alternative Dramatic Revival in Ireland 1897-1913* (Baile Átha Cliath: Maunsel & Compnay, 2005) 57.

<sup>267</sup> Pléite ag Vandavelde, *The Alternative Dramatic...*, 57. Áitíonn Lionel Pilkington go léiríonn dearcadh Uí Ghrifín feiniméan aitheanta i bproiséas an díchoilínithe, ‘Frantz Fanton’s second-phase native intellectual’ nuair a mhol sé gur cheart na véarsaí agus na hóráidí a fhágaint ar lár go hiomlán ón taispeántas. Lionel Pilkington, ‘Irish Theatre Historiography and Political Resistance,’ *Staging Resistance: Essays on Political Theater*, eagr. Jeanne Collieran agus Jenny S. Spencer (Michigan: University of Michigan Press, 1998) 18.

thing would lose its foreign and quickly assume its natural, national aspect, and the 'Mummers' Dance' would become immensely popular with Irish Irelanders, and find a fitting place at concerts and musical assemblies.<sup>268</sup>

Suntasach go leor, luadh go raibh sé i gceist ag lucht cleamaireachta i mBaile Átha Cliath an chomhairle seo a chur i bhfeidhm. Iarracht neamhbhalbh a bhí ann an chleamaireacht a mhunlú agus a athrú le go mbeadh sí ag teacht le hidé-eolaíocht 'Irish Ireland.'

The comments in *The United Irishman* have stirred them to action, and in less than a month's time they will be fully reorganised and ready to give a public display. The old rhymes will not be recited nor will any of the old characters be personated, and should they decide on reciting short pieces and representing historic characters, the rhymes will contain patriotic references only, descriptive of the individual personated, commencing with Colm Cille, passing down a long line of illustrious Irishmen including Brian, Art MacMurrrough, Owen Roe, Sarsfield, Tone, Dwyer, Father Murphy, etc. (twelve in all).<sup>269</sup>

Rinneadh iarrachtaí eile an ghluaiseacht nua drámaíochta a bhunú ar thraidisiún na béalairachta agus tharraing roinnt drámadóirí ar ábhair ó thobar an bhéaloidis.<sup>270</sup> Moladh an dráma *An Sprid* le Peadar Ua Laoghaire mar shampla agus tarraingíodh aird go speisialta ar dheisbhéalaíocht na cainte ann, caint chraicneach thírúil ghlic, a fáisceadh as ithir an dúchais. Ba den mhianach céanna na rannscéalta agus bhí an léirmheastóir áirithe seo den tuairim gur cheart go mbeadh sé sin mar dhúshraith don ghluaiseacht drámaíochta nua.

I think it is five years ago since 'An Sprid' was first performed at a Munster Feis. I remember noting then how, during the progress of the play, everyone of the country people who understood the language bent forward catching up every word. Afterwards, when I got sufficient knowledge to be able to read the play, I understood the attention; the vigorous, racy, witty, dialogue compelled attention; it had many of the characteristics of the old witty stories the people love to tell about their poets; it had what the Irish speaker is used to, verbal cleverness.<sup>271</sup>

Scríobh de Hindeberg dráma, nó 'greas fuirseoireachta' fé mar a thug sé air, bunaithe ar an nGobán Saor. Léiríodh sa Seana-Phobal i 1910 é agus 'do thaitnigh an chaint

---

<sup>268</sup> 'All Ireland,' *The United Irishman*, 31.1.1903, 1. Luaite in Pilkington, 'Irish Theatre Historiography...', 18-19.

<sup>269</sup> 'All Ireland,' *The United Irishman*, 31.1.1903, 1.

<sup>270</sup> Bhí neart drámaí eile ó aimsir na hAthbheochana bunaithe ar amhráin nó ar scéalta béaloideas – leithéidí *Casadh an tSúgáin*, *An Pósadh*, le de hÍde, *The Pot of Broth* le Yeats agus Gregory agus *An Droighneán Donn* le Pádraic Ó Conaire. Baineadh úsáid as amhráin agus ceol traidisiúnta i go leor eile le blas níos Gaelaí a thabhairt dóibh agus baineadh leas an-éifeachtach ar fad as an gcaoineadh in *Creideamh agus Gorta* le Dinneen agus ar ndóigh i ndráma Synge *Riders to the Sea* agus *The Countess Cathleen* le Yeats.

<sup>271</sup> Lee, 'Irish Drama in Cork,' *The Leader*, 5.10.1907, 108.

bhreághdha agus an greann atá ann as beartaibh leis an lucht eistighte.<sup>272</sup> Ghlac Seán Ó Cuirrín páirt sa dráma i 1910 agus rinne de Hindeberg féin é a léiriú. An saibhreas cainte is mó a chuaigh i bhfeidhm ar Ó Cuirrín:

Maidir le dráma, b'fhéidir nach fiú agus nach cuibhe an ainm sin do ghairm de Eachtra an Ghobbáin, acht mar ghreas ádhbhachta nó racaireacht cainte badh dheacair a shárughadh ... Mar adubhras romham, ní ar aon fheabhas atá ann mar dhrama atá cáil Eachtra an Ghobbáin ag braith acht ar bhinneas, cumus agus clisteacht cainte agus an pictiúir atá againn i ngreann na Gaedhilge ann ar Ristéard an tsuilt. Tá idir bog is cruaidh ann, an chaint choitcheanta inso, rosc casta na seanchuidhe insúd - rian an tseanleabhair úd, dar leat, do leag sé thairis ó chianaibh beag.<sup>273</sup>

Baintear leas as ábhair ón traidisiún béil sa phíosca, rainn agus tomhaiseanna mar seo a leanas.

**Maidhc, a mhac:** Adeirim-se bás le hocras leat agus ocht mbuaidh na caitreacha aici.

**An Gobbán Saor:** Cia rud iad sin, ar son Dia?

**Maidhc:** Atá -

Goid, broid is éigean,  
Ciúineas cos, is béice,  
Radharc san oidhche,  
suim i suidhiste,  
Is dearmad bean an tighe aici.

**An Gobbán Saor:** Ia, nach léir í an creutúirín bocht. M'anam í sin. Agus cad do-gheunaimíd leis an asal sin agus an gabhairín odhar gleoidhte. Ar dheinis í do chudh fós?

**Maidhc:** Dhein me. Tomhais:  
Dá mbeadh gabhar odhar agat agus adhbhar gabhair  
Agus gabhar reamhar do chur 'na mbun,  
Is do thogha ghabhar odhar reamhar agat,  
Cadé an mhéid gabhar do bheadh agat innsin?

**An Gobbán Saor:** Maiste, do bheadh a bhfuil do ghabhair sa Mhaothail agat.

**Maidhc:** Nach tomhais.

**An Gobbán Saor:** Leig dam féin. Ní fheadar nach 'Gabhaim siar' atá tú do rádh.<sup>274</sup>

Mura raibh a leithéid de rud ann agus drámaíocht dhúchasach Ghaeilge nó foirm shainiúil a d'fhéadfaí a úsáid mar thúsphointe céard a d'úsáidfi mar dhúshraith sa

---

<sup>272</sup> Seán Ó Cuirrín, eagr. *Scribhne Risteird de Hindeberg* (Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin, c1924) x. Léiríodh an dráma seo mar chuid de Éigse na Féile 2008 chomh maith. Radharc amháin ón léiriú nua le feiceáil ar <http://youtube.com/watch?v=ly6V7eff0kg>

<sup>273</sup> Ó Cuirrín, eagr. *Scribhne Risteird de Hindeberg*, xi.

<sup>274</sup> Ristéard de Hindeberg, 'Eachtra an Ghobbáin Saoir,' *Scribhne Risteird de Hindeberg*, 6.

ghluaiseacht nua? Mar a léiríodh bhí daoine áirithe ag iarraidh go mbeadh an ghluaiseacht drámaíochta Gaeilge freámhaithe sa saol traidisiúnta ar chuma éigin, agus go ndéanfaí forbairt ar nósanna an Phatrúin, ar dhrámaí cleamaireachta nó ar an mbéaloideas le stíl shainiúil Éireannach a chruthú. B'amaideach an cur chuige é dar le daoine eile agus d'fhógair an conraitheoir agus an drámadóir Máire Ní Chinnéide<sup>275</sup> in 1909 go gcaithfí aithris a dhéanamh ar dhrámaíocht na hEorpa.

Ós rud é ná fuil éinnidh againn gur féidir dráma duthchais do chur air, níl de rogha againn acht luighe isteach agus dráma do chumadh dúinn féin ar an gcuma 'na bhfuil dráma an domhain mhóir dá scríobhadh leis na céadtaibh bliadhán. Ní dócha go mbeadh sé de dhithchéille ag éinne a rádh gur cheart dúinne cromadh ar an ndráma do shaothrúghadh anois díreach fé mar ba cheart dúinn a dhéanamh dá mbeimis ag tosnúghadh air ceithre céad nó cúig céad bliadhán ó shoin.<sup>276</sup>

Teoiric eile a tháinig chun cinn agus a pléadh i dtéarmaí na drámaíochta dúchasá sa tréimhse seo ná an t-agallamh, agus mar a fheicfear, cuireadh spéis ar leith sna hiarrachtaí a rinneadh an t-agallamh a chur in oiriúnt don stáitse agus a fhorbairt mar ealaín dhrámatúil dhúchasach.

## De hÍde agus An tAgallamh Fileata

Forlámhas na nGall in Éirinn fé ndear easpa forbartha na drámaíochta dar le de hÍde. D'áitigh sé ina leabhar ceannródaíoch ar stair liteartha na Gaeilge, *A Literary History of Ireland*, a foilsíodh i 1899, go mbeadh múnlaí dúchasacha drámaíochta ann i nGaeilge murach an leatrom coilíneach. D'aithin sé eilimintí drámatúla in 'Agallamh Oisín agus Phádraig,' ealaín phoiblí nár bhláthaigh i ngeall ar chúinsí sóisialta agus polaitiúla, dar leis. Cé nárbh é de hÍde an chéad duine leis an gceangal seo idir an t-agallamh agus drámaíocht dhúchasach a phlé, bhí tionchar mór aige siúd ach go háirithe ar fhorbairt na teoirice, ós rud é go raibh éileamh mór ar an leabhar seo.

I have already observed that great producers of literature as the Irish always were - until this century - they never developed a drama. The nearest approach to such a thing is in these Ossianic poems. The dialogue between St. Patrick and Ossian - of which there is, in most of the poems, either more or less - is quite dramatic in its form. Even the reciters of the present day appear to feel this, and I have heard the censorious self-satisfied tone of Patrick, and the querulous vindictive whine of the half-starved old man, reproduced with considerable humour by a reciter. *But I think it nearly certain - though I cannot prove it - that in former days there was real acting and a dialogue between two persons, one representing the saint and the other the old pagan.* It was from a less promising beginning than this that the drama of Aeschylus developed. But nothing could develop in later Ireland. Everything, time after time, was attested in its growth. Again and again the

---

<sup>275</sup> Máire Ní Chinnéide (1878-1967) Bhí páirt aici freisin sa chéad léiriú de *Casadh an tSúgáin* in 1901. Féach <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=2173>

<sup>276</sup> Máire Ní Chinnéide, 'Nuadh-Litridheacht na nGaodhal agus Cionnus is Fearr í Chur chum Cinn,' *Irisleabhar na Gaeilge*, Iml: 19;2, Feabhra 1909, 77.

tree of Irish literature put forth fresh blossoms, and before they could fully expand they were ripped off. The conception of bringing the spirit of Paganism and of Christianity together in the persons of the last great poet and the warrior of the one, and the first great saint of the other, was truly dramatic in its conception, and the spirit and humour with which it has been carried out in the pieces which have come down to us are a strong presumption that under happier circumstances something great would have developed from it.<sup>277</sup>

Bhí nóta spéisiúil ag de hÍde sa téacs chomh maith inar áitigh sé go ndéantaí na laoithe a aithris os ard i bhfoirm drámaí, ach ní féidir an tagairt a luann sé a aimsiú. ‘I once saw a letter in an Irish-American paper by someone whose name I forget, in which he alleged that in his youth he had actually seen the Ossianic lays thus acted.’<sup>278</sup> Díol suime gur aithin de hÍde go raibh síolta drámatúla sna hagallaimh agus go raibh forbairt orgánach an chultúir imithe ar bóiléagar mar gheall ar chur isteach ó chultúr eile. Cé gur scríobhadh *A Literary History of Ireland* le haird a tharraingt ar shaibhreas liteartha na Gaeilge agus le daoine a ghríosadh le Gaeilge a fhoghlaim, chothaigh an leabhar spéis chomh maith in aistriúcháin de na seanscéalta agus eipicí. I léirmheas William Canton ar leabhar an Chraoibhín is léir gur thábhachtaí dó go mbeadh fáil ar scéalta Rúraíochta agus laoithe Fiannaíochta i mBéarla. Spéisiúil go leor luann sé an ghné dhrámatúil a bhaineann leis na laoithe Fiannaíochta agus is léir tionchar de hÍde air nuair a deir sé go ndéantaí iad a aithris agus gur foirm bhunúsach drámaíochta atá iontu.

To confine ourselves to the literature, however, I have more than once in these pages referred to the treasures of song and legend and saga which we may hope will one day be thrown open to the English-speaking world. In his book Dr. Hyde gives an absorbing account of the Mythological, Red-Brnach, and Ossianic cycles, and of much later work; but the great mass of Irish literature, I take it, is still in manuscript and untranslated. It seems, indeed, impossible to say what marvelous fairy legend, or heroic saga, or “sorrow of story-telling,” or chant of cattle-spoil may yet be found in the Celtic archives, for even of the beautiful and pathetic story of Deirdre, which is known over all the land of the Gael, and which has been edited by nearly every great Celtic scholar of the present century, Dr. Hyde himself has been fortunate enough to discover in the museum of Belfast “by far the amplest and most graphic version” yet known. We cannot, I suppose expect an Iliad or a Nieblungenlied; *and the drama appears to have been a form of fiction which the Irish never tried their hands at, though it has been conjectured that the dialogue between St. Patrick and Ossian may have been given a dramatic form in recitation.* But there may be hidden away in dusty codices some unknown work of the class which was the delight of Irish genius - the ursgeul or romance.<sup>279</sup>

Fiú agus cur i láthair aonair i gceist, d’éiligh an t-agallamh aisteoireacht agus pearsanú áirithe. Leag de hÍde béim ar láithriú an agallaimh agus ar an gcaoi ar éirigh le haithriseoirí guth údarásach Phádraig agus guth lag an tseanphágánaigh araon a chur in

---

<sup>277</sup> Douglas Hyde, ‘The Ossianic Poems’, *A Literary History of Ireland* (London: T. Fisher Unwin, 1899) 511. [Liomsa an bhéim.]

<sup>278</sup> *Ibid.*, 511.

<sup>279</sup> William Canton, ‘From an Idler’s Day-Book’, *Good Words*, Meán Fómhair 1899, 648. [Liomsa an bhéim.]

iúl san insint. ‘I have heard the censorious self-satisfied tone of Patrick, and the querulous vindictive whine of the half-starved old man, reproduced with considerable humour by a reciter.’<sup>280</sup> Chuir de hÍde roinnt agallamh eile i gcló in *Abhráin Diadha Chúige Connacht*, agallamh próis dár teideal ‘Comhrádh idir bheirt sean mhnaoi’ ina measc, agus thagair ann do chur i láthair an agallaimh agus don chleas céanna a bheith in úsáid ag an reacaire le pearsana an agallaimh a dheighilt óna chéile san insint:

Is agallamh nó cómhrádh idir bheirt mhnaoi é, agus is dóigh gur sean duine cráibhtheach éigin, no, b’éidir, bráthair bocht de na bráithreachaibh do bhidheadh ann céad bliadhan ó shoin, do cheap agus do chum é. Mar d’innseadh é budh chosmhúil le píosa beag as dráma é, acht gur iompuigh an t-agallamh go sgeuluigheacht ann san deireadh. Is mé féin do chuir ainm an chainteóra os cionn ráidhte gach mná aca. Acht chuir an bhean d’innis an sgeul ar dtús, i gcéill le n-a guth agus le n-a teangaighd cia aca do’n dís bhí ag labhairt.<sup>281</sup>

Ní sholathraíonn de hÍde aon sonraí breise i dtaobh na reacaireachta ach gur ‘lena guth agus lena teanga’ a láimhsigh an bhean an bhabhtáil chainte san agallamh. San aistriúchán Béarla den téacs suntasach go leor deir sé gur lena ‘voice and manner’<sup>282</sup> a léirigh sí cén duine den bheirt a bhí ag caint, rud a chuirfeadh gothaí nó geáitsíocht de chineál éigin in iúl. I gcomhrá eile sa chnuasach, dar teideal ‘An Ministéir agus an Gasún’ comhrá ina n-éiríonn le buachaill óg an ceann is fearr a fháil ar mhinistir le tráthúlacht a chuid cainte, tagraíonn de hÍde arís do stíl reacaireachta an pháosa. ‘Budh le n-a ghuth do thaisbeán an sgeultóir do’n lucht éisteachta cia aca de’n bheirt bhí ag labhairt leis an bhfear eile.’<sup>283</sup> Tá cur síos de hÍde ar insint dhrámatúil na gcomhráite seo, fiú agus aithriseoireacht aonair ar bun, ag teacht le cur síos bailitheora béaloideas ar an stíl aithriseoireachta a bhain le briatharchath i scéal a chur in iúl:

Even in narratives of verbal conflict, a collector has found that ‘the speaker re-enacts his own part, and that of his opponent, with an intensity of feeling and expression that stands out in an otherwise taciturn discourse’ and that these descriptions of conflicts move towards a dramatic climax, sometimes the emotional release of the spoken insult.<sup>284</sup>

Músclaíodh spéis Yeats<sup>285</sup> san agallamh mar thaispeántas poiblí chomh maith agus is cosúil go raibh sé i gceist ‘Agallamh Oisín agus Phádraig’ a stáitsiú mar chuid de chlár an ILT in 1899. Bhí athrú suntasach tagtha ar aeráid chultúrtha Bhaile Átha Cliath dar le

<sup>280</sup> Hyde, *A Literary History...*, 511.

<sup>281</sup> Douglas Hyde, *Abhráin Diadha Chúige Connacht: The Religious Songs of Connacht: Cuid II* (Dublin, M.H. Gill & Sons Ltd, 1906) 96.

<sup>282</sup> *Ibid.*, 97.

<sup>283</sup> *Ibid.*, 109.

<sup>284</sup> Luaite in Douglas Gray, ‘Rough Music: Some Early Invectives and Flytings,’ *The Yearbook of English Studies*, Vol 14, 24.

<sup>285</sup> Foilsíodh dán fada Yeats *The Wanderings of Oisín* in 1889. Is léir go raibh cur amach aige ar thraidisiún liteartha na Fiannaíochta agus feictear an choimlint ghéar idir an phagántacht agus an chríostaíocht sa dán agus iomarbhá chainte Oisín agus Pádraig.

Edward Martyn<sup>286</sup> agus d'fháilteofaí roimh a leithéid de lón aigne agus anama anois agus athbheochan cheilteach faoi lán seol.<sup>287</sup>

We are thinking, said Yeats, of putting a dialogue in Irish before our play ... Usheen and Patrick. Irish spoken on the stage in Dublin! You are not - Interrupting me, Edward began to blurt out that a change had come, that Dublin was no longer a city of barristers, judges, and officials pursuing a round of mean interests and trivial amusements, but the capital of the Celtic Renaissance.<sup>288</sup>

Níor éirigh leo an t-agallamh a stáitsiú agus caitheadh an plean san aer. In 1901 thagair Yeats don iarracht a bhí déanta acu lucht na Gaeilge a ghríosadh le páirt a ghlacadh san fheachtas drámaíochta dúchais seo, iarracht nach raibh rath uirthi, i ngeall ar an easpa suime a bhí ag an gConradh sa drámaíocht sna blianta tosaigh.

Whether the Irish Literary theatre has a successor made on its own model or not, we can claim that a dramatic movement which will not die has been started. When we began our work, we tried in vain to get a play in Gaelic. We could not even get a condensed version of the dialogue of Usheen and Patrick. We wrote to Gaelic enthusiasts in vain, for their imagination had not yet turned towards the stage ...<sup>289</sup>

Ach an bhféadfaí na múnlaí seanda seo a úsáid mar bhunchloch do dhrámaíocht nua-aimseartha? San iarracht cheannródaíoch i Leitir Ceanainn baineadh leas as ábhar béaloidis agus seanchais agus ó thaobh foirme de bhí cosúlachtaí le sonrú idir véarsdrámaíocht *Conal Gulbain* agus agallamh ársa Oisín agus Phádraig.<sup>290</sup> Stáitsíodh an dráma dátheangach *The Passing of Conall*, mar chuid d'imeachtaí Feis Leitir

---

<sup>286</sup> Luaigh Edward Martyn go mb'fhéidir go mbeadh agallamh i nGaeilge ar siúl mar chuid d'imeachtaí an ILT agus is dócha gurb é leagan d'agallamh Oisín agus Phádraig a bhí i gceist aige. 'Also it is possible that there may be a short dialogue in the Irish language.' Luaite in Ó Siadhail, *Stair Dhrámaíocht na Gaeilge...*, 22.

<sup>287</sup> Dúirt Frank Fay chomh maith go raibh tóir ar shiamsaíocht Ghaelach i mBaile Átha Cliath anois agus go bhféadfaí lucht féachana an Oireachtais agus na bhFeiseanna a mhealladh chun na hamharclainne dá ndéanfáil láimhseáil cheart ar ábhair Ghaelacha. 'The people who support the Gaelic movement would support a Gaelic Theatre.' F.J.F., 'An Irish National Theatre,' *The United Irishman*, 11.5.1901, 6.

'At present in Ireland we want to get rid of the English commercial Theatre. The language movement and the revival of our music have brought into being, in Dublin at any rate, a marvellously sympathetic, intelligent, and refined audience. The huge audiences which I have seen at the Davis and Emmet Commemorations organised by the Celtic Literary Society, the Gaelic League Oireachtas, the Leinster Feis Concert, and the Irish Tableaux of the Inghinidhe na hEireann are difficult to describe without seeming to exaggerate; they are the antithesis of the audiences who patronise the Dublin theatres; and are, of course, merely the natural result of people being content to be themselves and who do not, like our West-Britons, copy the worst traits of the worst types of our neighbours. Well, this audience will make it well worth Mr. Yeats' while to treat Irish topics in poetry or prose, provided that he will not dally with dreams or soar into cloudland. F.J.F., 'Mr. Yeats and the Stage,' *The United Irishman* 4.5.1901.

<sup>288</sup> Moore, *Hail and Farewell...*, 77.

<sup>289</sup> W.B. Yeats, 'Windlestraws,' *Samhain*, Deireadh Fómhair 1901, 3-4.

<sup>290</sup> Tagairt déanta ag O'Leary do stíl thraidisiúnta *The Passing of Conall* '...the Ossianic dialogues did indeed provide the framework for what is usually called the first 'play' in Irish, the 'Saint Patrick at Tara' scene...' O'Leary, *The Prose Literature...*, 322.

Ceanainn in 1898 agus aithníodh mar ócáid thábhachtach í.<sup>291</sup> Maidir le hábhar an dráma, iarracht shoiléir a bhí ann tógaint ar thraidisiún ársa liteartha na Gaeilge, d'uireasa múnlaí nua-aimseartha. Ní dráma nua-aimseartha a bhí ann, ach seanchas áitiúil curtha in oiriúnt don stáitse. Bunaíodh an dráma ar eachtraí Chonaill Gulban:

The story brings us back to the foundation of the province of Tír Connell ... The incidents of the campaign are set out in detail in a historical poem, still extant, by the learned Flann Mainistrech (Flann of Monasterboice), aided by the research of the celebrated Aengus ... The exploits of Conall dealt with in the drama are effectively arranged for stage presentation.<sup>292</sup>

Ní hamháin gur ábhar traidisiúnta a roghnaíodh le stáitsiú, ach ó thaobh foirme de leanann sé na múnlaí dúchasacha go pointe. Cé gur sonraíodh go minic nach raibh a leithéid de rud agus drámaíocht Ghaelach ann anuas go dtí aimsir na hAthbheochana, is léir go raibh gnéithe áirithe de thraidisiún béil na tíre an-drámatúil iontu féin agus rinne daoine áirithe iarracht tógaint ar na múnlaí a bhí ann, in áit bheith istigh a thabhairt do mhúnlaí gallda. Aisling atá sa dráma seo, a thosnaíonn le Conall Gulban agus é aosta, ag impí ar naomh eachtraí a óige a thaispeáint dó arís. Titeann sé ina chodladh agus tugtar léargas ar a mhacghníomhartha agus ar theacht Naomh Pádraig go hÉirinn. Ag deireadh an dráma, dúisíonn Conall agus tugann sé chun cuimhne na heachtraí go léir a chonaic sé ina bhrionglóid.

**Conall:** An aisling a bhí orm nó an bhfaca mé  
An t-am ina raibh mé óg is láidir luath?  
Dar liom go raibh mé arís i seilg fia  
Is ar shiúl le Dáithí thar an tsáile mhór  
Gur sheas mé arís i dTeamhair is Pádraic ann  
Ag fáil an bhaistidh naofa óna láimh  
Ag Eas Aodha Ruaidh. An aisling a bhí ann,  
Tá scaipthe anois mar cheo.

**Caillín:** Má b'aisling í  
Níor imigh sí gan solas. Nach cuimhneach leat  
Geall Phádraic?

**Conall:** Is é an geall seo  
Bheir sólas do mo chroí. Tá mo mhuintir  
Agus mo chairde le fada ins an uaigh  
Ach tá a gclann sin beo inár measc go fóill  
I ngleannta dubha dorcha Thír Chonaill  
Thíos ar mháighe míne Loch Súilí  
Ar fud na Rosann agus i sean-Ghath Dobhair.<sup>293</sup>

---

<sup>291</sup> Tuilleadh faoin ócáid seo ag Hogan agus Kilroy, *The Irish Literary Theatre...*, 54; Vanderveelde, *The Alternative Dramatic...*, 44-6; Ó Siadhail, *Stair Dhrámaíocht na Gaeilge...*, 20-1. Ba é An tAthair Eoghan Ó Gramhnaigh a scríobh an dráma, cé nach luaitear i roinnt tuairiscí comhaimseartha é. Féach O'Leary, *The Prose Literature...*, 297.

<sup>292</sup> 'Aenach Tír Chonaill,' *The Freeman's Journal*, 21.11.1898.

<sup>293</sup> 'Imtheacht Chonaill,' *The Freeman's Journal*, 19.11.1898. Leagan caighdeánaithe i gcló in *Drámaí Thús na hAthbheochana*, in eag. Mac Congáil agus Ní Mhuircheartaigh, 410-5.



Is i bhfoirm véarsaíochta atá an radharc agus baintear macalla as Agallamh Oisín agus Pádraig san agallamh idir Crúdo, an draoi págánach, agus Naomh Pádraig. Tá cuid den bhabhtáil chainte i bhfoirm véarsaíochta, ar a mbraitheann na hagallaimh, le sonrú ar an dráma seo.

**Pádraic:** Éist liom, a Rí,  
Tá an sneachta bán ar mhullach mhaol na nAilp  
Ag féachaint síos ar thalamh ghlais Iodáile  
Ina suíonn cathair chluúil na Róimh!  
Fán am inar chónaigh Conchúr caomh Mac Nessa  
Ina rí le neart in Uladh dubh na mbeann,  
Do tháinig iomad fianaisí go dtí an Róimh  
A chónaigh seal le Críost agus chonaic siad  
A chumhacht agus A bhás, A ardú suas ar neamh,  
Agus choinnigh siad go cúramach ina gceann  
An stair a bhaineas leis an am fadó -  
Is focail fianaisí gach scríbhinn díobh  
Tá againne inniu; is dearbhú iad  
Ar rúna Dé inseoidh mé anois  
Do dhraoithe Éireann atá anseo i láthair  
Más mian leo fios na firinne a fháil.

**Crúdo:** Níl sé in do chumas, a fhear aindia,  
Na neithe uile seo a dhearbhu dúinn.  
Chuirfeá ar gcúl go mór an t-adhradh mór  
A bheirimid do ghealach, gréin is réalt,  
Is, mar mhalairt, mhúinfeá dúinn do chreideamh úr.  
Sea, sheas mé istigh i gcroí na Róimhe féin  
Agus chuala mé ó sheanmóntaí do Chríost  
Go bhfuil aon Dia agaibh, agus triúr in aon -  
Ní féidir do na neithe sin a bheith.<sup>294</sup>

Achtaítear eachtra Naomh Pádraig agus an tseamróg agus ar deireadh iompaíonn na draoithe agus na ríthe ar an gcreideamh Críostaí.

## **Anáil an Agallaimh ar Cheannródaithe Drámaíochta na hAthbheochana:**

### **Alice Milligan**

Ba í Alice Milligan<sup>295</sup> ba mhó a rinne iarracht an ghluaiseacht nua-aimseartha a bhunú ar na hagallaimh agus a chreid gur drámaíocht dhúchasach a bhí iontu. Rinne sí a cuid teoiricí faoin drámaíocht dhúchasach a chraobhscaoileadh in ailt éagsúla sa *Daily*

---

<sup>294</sup> Mac Congáil agus Ní Mhuircheartaigh, *Drámaí Thús na hAthbheochana...*, 414.

<sup>295</sup> Alice Milligan (1866-1953) *Beatháisnéis 1882-1982* Iml. 4, 68. File, drámadóir, iriseoir agus staraí le Conradh na Gaeilge. Rugadh san Ómaigh í in 1866, cháiligh sí mar mheán-mhúinteoir agus bhí baint an-mhór aici le hobair an Chonartha agus le cúrsaí iriseoireachta. Féach Sheila Turner Johnston, *Alice: a life of Alice Milligan*, (Omagh: Colourpoint Press, 1994); Risteárd Ó Glaise, 'Alice Milligan', *An tUltach* Iml 41:6 (Meitheamh 1964) 5-6; Catherine Morris, 'Becoming Irish? Alice Milligan and the Revival,' *Irish University Review*, (Spring-Summer 2003), 79-98; Catherine Morris, *Alice Milligan and the Irish Cultural Revival* (Dublin: Four Courts Press, 2012)

*Express* in 1899.<sup>296</sup> Leag sí béim ar leith ar eilimintí drámatúla an traidisiúin Ghaelaigh agus níor ghlac sí leis gur ealaín Ghallda a bhí sa drámaíocht. Cé nár bhláthaigh traidisiún stáitse i litríocht na Gaeilge fé mar a tharla i dteangacha eile, d'áitigh Milligan go raibh taispeántas nó 'dramatic form' i gceist le filíocht agus agallaimh na Gaeilge agus chreid sí go raibh geáitsíocht agus ciútaí drámaíochta in úsáid leis na scéalta a chur i láthair an phobail. Mhol sí go dtarraingeofaí ar ghnéithe d'ealaín an tseanchaí agus ar ealaíona béil eile le taispeántais a bheadh fréamhaithe i dtraidisiún béalaitheachta na tíre a stáitsiú. I gcomhfhreagras idir Alfred Graves, údar *Irish Songs and Ballads*, agus Alice Milligan sa bhliain 1895, cuireadh plean le chéile *tableaux vivants* de stair agus cultúr na hÉireann a léiriú. Díol spéise an bhéim a chuireadar ar thraidisiún béil na Gaeilge, agus scéalaíocht, lúbíní agus amhráin saothair san áireamh sa taispeántas seo.

We should introduce the Shenachy into the 2nd and 3rd Period as the counterpart of the Bard of the old time ... Songs of life, sport and occupation such as Lullabies, Loobeens, Smith, Spinning Wheel, Fishing, Hunting Songs etc would be suitable to the modern village and would not need such elaborate costume as the ancient Period requires.<sup>297</sup>

Ní traidisiún scríofa a bhí i gceist le filíocht na hÉireann ach traidisiún beo sóisialta. San alt 'The Dramatic Element in Gaelic Literature' rinne sí mionstaidéar ar 'Agallamh Oisín agus Phádraig' agus léirigh sí go bhféadfaí na laoihe Fiannaíochta a shamhlú mar ábhar drámaíochta. Bhí foirm dhrámatúil ag baint leo agus taispeántas a bhí ann, dar léi, le reacairí, geáitsí, carachtair agus lucht féachana agus chaithfí é a mheas sa chomhthéacs sin.

At a time when the literary talent of our country is being invited to inaugurate a revival of the drama in Ireland, it will be well for us to understand that effort is not being wasted to introduce an exotic art. An acquaintance with even the translated editions of our native literature will show us that, though the dramatic form is not represented, the dramatic element is strong in every one of the old tales and poems. When we recollect that they were not composed to be read in the study, but to be recited in the Chieftain's hall by troops of bards and bardic pupils, we will comprehend that the recitals must have taken a dramatic form, especially at those parts where narrative was discontinued and dialogue took place. The reciters would naturally identify themselves in voice, gesture, action, and expression with the characters represented. Such dialogues occur frequently, as for example, the arguments between Brian and Mahon in *The Wars of the Gael*; but in the Ossianic series of poems we have the dialogue in its perfect form, and an account of these will give the reader an accurate idea as to how far the dramatic element was developed by the Gaelic poets.<sup>298</sup>

Aisteoirí a bhí sna filí a ghlac pearsana na n-agallamh chucu féin leis an scéal a chur trasna go snasta, dar léi. 'The reciter, or actor, as I may call him, who had to personate Oisín found scope for his art in representing the gradual breakdown of the aged

---

<sup>296</sup> Féach Aguisín A.

<sup>297</sup> Alfred P. Graves, Letters to Alice Milligan, 24th June 1895, MS 5048, An Leabharlann Náisiúnta.

<sup>298</sup> Alice Milligan, 'The Dramatic Element in Gaelic Literature', *The Daily Express* 16.9.1899, 3.

hero...<sup>299</sup> D'fhógair sí nach bhféadfaí na laoithe Fiannaíochta a mheas fé mar atá siad i gcló gan an cur i láthair a thógaint san áireamh. Rinne sí cur síos samhailteach ar oíche shiamsaíochta i dteach an Taoisigh le tacú leis an tuairim a bhí aici gur taispeántas a bhí i gceist san fhilíocht agus cé nach raibh an cur síos a rinne sí bunaithe ar aon fhianaise ar leith, léiríonn sé an creideamh láidir a bhí aici go raibh iarsmaí drámatúla le fáil sna hagallaimh.

But to turn to the dialogues as you will find them fixed in print in the publications of the Ossianic Society, I will give you some account of their subject matter, asking the reader to summon up in imagination [*sic*] the circular hall of a Chieftain's dun crowded with auditors; whilst on the side next the doorway, to permit of entrances and exits, the bardic reciters are grouped. The two chief bards, elderly men, take the parts of Oisín and Patrick; the pupils, at intervals act in the characters of the attendant clergy, whose bell-ringing offends the musical ear of the old Pagans. When the recitation begins Oisín is soundly asleep, perhaps snoring lustily if, like so many actors, he is given to introducing burlesque. Some clear chimes from the hand-bell outside the door enjoin silence on the audience, showing that it is rising hour in the monastic house, and immediately St. Patrick enters to waken Oisín and summon him to early Mass. Having, doubtless, shaken him up and poked him with his crozier, he upbraids him thus:

Oisín, long is thy slumber.  
Rise up and hear the psalm.  
They agility and valour have forsaken thee  
Though thou didst engage in battles and fierce combat.<sup>300</sup>

Tabharfar faoi deara gurb iad friotal agus téarmaíocht an téatair a úsáideann sí san alt ar fad. Aisteoirí a bhí sna reacairí dar léi, ag teacht agus ag imeacht sa scéal le 'entrances and exits.' Aon áit a raibh reacaireacht sa tríú pearsa uilefheasach sa téacs is mar threoracha stáitse a cuireadh isteach é dar léi. 'Here come three or four stanzas which we may treat as a stage direction, as doubtless, the wakening of Oisín, his greed, hunger, and praise for the food were all enacted.'<sup>301</sup>

Cé go raibh sí féin ag brath ar leaganacha scríofa d'Agallamh Oisín agus Phádraig, thug sí aitheantas ar leith do thábhacht an traidisiúin bhéil. Is mar ealaín bhéil a mhair na laoithe i measc na cosmhuintire, curtha ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

At the outset I would point out to those who are accustomed to deplore the illiteracy of our peasantry, that these poems have been handed down from one generation to another traditionally. A few days ago, in County Donegal, I heard two children of tender years recite a lengthy Ossianic gaoi [*sic*] whilst their instructor, a white-haired peasant, stood by rejoicing in the fact that he had ensured the transmission of the poem, taught him in youth by his grandsire.<sup>302</sup>

---

<sup>299</sup> *Ibid.*

<sup>300</sup> *Ibid.*

<sup>301</sup> *Ibid.*

<sup>302</sup> *Ibid.*

Comhartha dóchais a bhí ann, dar léi. Cruthúnas go mbeadh rath ar an ngluaiseacht drámaíochta.

... the nation which has preserved to the present day among what might be called the humblest and least educated grade of its population, these purely poetical compositions, may be looked to with confidence to produce and nourish a native literary drama.<sup>303</sup>

In ailt eile d'fhógair sí go raibh miotas agus finscéalta na hÉireann inchurtha le litríocht na Gréige agus go ndéanfaí spéis daoine a mhúscailt i litríocht na Gaeilge dá mbeadh scéalta Rúraíochta ar fáil i Nua-Ghaeilge. Agus conspóid Mahaffy agus Atkinson ag réabadh, d'áitigh sí go raibh an saibhreas liteartha seo fós le fáil sa litríocht bhéil agus é ar chomhchéim le litríocht an domhain.

If Dr. Mahaffy has read this book he will, perhaps, say Standish O'Grady was imitating Homer when he wrote it. Doubtless he was, but if Dr. Mahaffy betook himself to the heart of Donegal he could come across some old illiterate peasant, who had never heard of Homer, who would tell him, with the aid of an interpreter, the story of the death of Cuculin little less eloquently than Standish O'Grady has done.<sup>304</sup>

Tharraing eagarthóir *Fáinne an Lae* aird ar an alt áirithe seo le Alice Milligan agus is cosúil gur cuireadh spéis sna tuairimí a bhí aici maidir le tradisiún dúchasach drámaíochta a chothú ach go háirithe.

Miss Alice L. Milligan contributes a valuable article to Saturday's Daily Express on 'The Dramatic Element in Gaelic Literature.' She points out that the dialogues between Ossian and St Patrick show many indications of dramatisation. They are certainly the nearest approach to stage dialogues which we possess. If a truly national Irish theatre is to be built up, they should be taken as the starting point.<sup>305</sup>

Chreid Milligan í féin go bhféadfaí na hagallaimh a úsáid mar thúsphointe don ghluaiseacht drámaíochta chomhaimseartha agus nuair a thug sí faoina cuid drámaí féin a scríobh rinne sí beart de réir a briathair agus d'úsáid sí na laoithe Fiannaíochta mar bhunús dóibh. I litir sa *Daily Express* i Mí Eanáir 1899, thagair sí do na hagallaimh mar fhoinsé inspioráide agus thug sí le fios go raibh sé ar intinn aici leagan d'agallamh Oisín agus Phádraig a stáitsiú ag féile an Oireachtais.

The next Oireachtas, which will be held in Dublin at the end of May, will likely be the occasion of a dramatic entertainment in which the Irish language alone will be used, and which, at the same time, will be instructive and attractive to those who only understand English and other foreign languages. *Ancient Irish legendary literature gives us the Ossianic dialogues the nearest approach to drama in an ancient native literature. Taking the disputes between Oisín and St Patrick as a basis, I have sketched for the Gaelic*

---

<sup>303</sup> *Ibid.*

<sup>304</sup> Alice Milligan, 'Irish Literature and Dr. Mahaffy,' *The Daily Express* 18.2.1899, 3.

<sup>305</sup> *Fáinne an Lae*, 23.9.1899. An t-alt seo luaite ag O'Leary, *The Prose Literature...*, 311.

*League a dramatic entertainment which has met with approval, though it is not yet formally adopted by any committee.*

I have suggested that a few members of the League in Dublin, who have considerable elocutionary power, should impersonate the aged Oisín, Patrick, and his clerics, and that from the old version of the dialogues some of our poets should condense the most important parts, embodying Oisín's laments for his lost comrades, Fin and the Fianna, a narrative of the elopement of Diarmuid and Grainne, and his own wanderings to Tir-nan-Oig. During the narration, Oisín, by magic art, is to summon up of the benefit of the astonished clerics visions of the chief scenes in his heroic youth. These in a series of beautiful tableaux, appearing behind a gauze curtain in an inner stage, will form the chief feature of the entertainment.

... Our venture will come off most likely a full month after the production of Mr. Yeats's and Mr Martyn's plays, and the fact that the Gaelic League has theatrical ambitions will only increase public interest in the National Literary Theatre's dramas. We will have much to learn from each other, and perhaps our Gaelic production will lead Mr. Yeats to decide on dramatising or adapting his own Wanderings of Oisín for the Literary Theatre to produce in the first year of the next century.<sup>306</sup>

Ag tógaint ar an dul chun cinn a bhí déanta leis an radharc Gaeilge i véarsaíocht in *The Passing of Conall* bhí sé i gceist aici siamsaíocht dhrámatúil iomlán Ghaelach a stáitsiúil bunaithe ar 'Agallamh Oisín agus Phádraig.' Tá an modh oibre a mholann sí spéisiúil, sa mhéid is go raibh sé i gceist go n-úsáidfi leagan cóirithe de na téacsanna liteartha mar script don léiriú agus go ndéanfadh baill an Chonartha aithris ar phríomhphearsana an agallaimh. Suntasach go leor ní raibh sé i gceist go mbeifí ag brath go hiomlán ar chumhacht na bhfocal le drámatúlacht na n-eachtraí a léiriú. Bheadh dráma taobh istigh den agallamh ar bhealach, le *tableaux* ag freagairt do reacaireacht Oisín. Más i nGaeilge ar fad a bheadh an reacaireacht, chabhródh na pictiúir thaibhsiúla bhalbha seo ní hamháin le léiriú níos físiúla a chruthú, ach le héirim an agallaimh a chur trasna ar an lucht féachana, a bheadh ar leibhéil éagsúla cumais, ó thaobh na Gaeilge.

Ina cuid drámaí, rinne sí iarracht cloí le foirm agus le stíl na n-agallamh agus thóg sí eachtraí ón bhFiannaíocht mar ábhar dá saothar. Foilsíodh na drámaí *The Last Feast of The Fianna*, *Oisín in Tir na nOg*, agus *Oisín agus Padraic* sa *Daily Express* agus stáitsíodh *The Last Feast of The Fianna* mar chuid de chlár an *Irish Literary Theatre* i mí Feabhra 1900.<sup>307</sup> Chum sí dráma eile *Brian of Banba*<sup>308</sup> bunaithe ar na hagallaimh agus mhol sí arís go ndéanfaí staidéar orthu mar ábhar drámaíochta.

"The Wars of the Gael and Gall" contain several dramatic dialogues in four-lined verse, which should be studied by all who want to see the elements of

---

<sup>306</sup> Alice Milligan, 'Literary Drama and the Gaelic League', *Daily Express*, 21/1/1899. [Liomsa an bhéim.] An litir iomlán i gcló chomh maith in Hogan agus Kilroy, *The Irish Literary Theatre...*, 52-4.

<sup>307</sup> Hogan agus Kilroy, *The Irish Literary Theatre...*, 70.

<sup>308</sup> Alice Milligan, 'Brian of Banba', *United Irishman*, 30.4.1904, 3.

drama in our ancient literature. Without doubt, such pieces were declaimed in character by the bards.<sup>309</sup>

D'fhéach sí leis na múnlaí Gaelacha seo a athbheochan agus a fhorbairt, fé mar a dúirt sí féin: 'I wrote it as far as possible in the style of the dialogues so as to represent what a Gaelic drama would have been like if it had been developed further.'<sup>310</sup> D'fhéadfaí ansin na múnlaí dúchasacha a úsáid mar thúsphointe don nualitríocht, nualitríocht a bheadh i dtiúin leis an tradisiún agus a bheadh fáiscthe as ithir an dúchais. Ar bhealach, áfach, athinsint ar scéal ársa a bhí sna drámaí seo agus ní fás orgánach ar sheánra na n-agallamh. Ní cumadóireacht úr nó forbairt chruthaitheach a bhí ar bun ag Milligan ach athmhúnlú na seanagallamh don stáitse.<sup>311</sup> Bhí Milligan féin ar bheagán Gaeilge agus ní raibh sé ar a cumas iad a scríobh i nGaeilge, rud a d'fhág go raibh sí ag brath ar dhaoine eile leis an aistriúchán a dhéanamh. Nuair a foilsíodh *The Last Feast of The Fianna* don chéad uair chuir sí nóta leis ag míniú go raibh sé i gceist na drámaí a aistriú go Gaeilge agus meadaracht na laoithe Fiannaíochta a úsáid.

The above is part of the first scene of a short play on the subject of Oisín's departure and return from Tir-nan-Og, written with a view to translation into the Irish language in the Ossianic stanza, which would have been the natural medium of Gaelic drama if that form of literature had ever developed a step further than the dialogue recitals.<sup>312</sup>

I litir eile nochtaigh sí an tuairim arís go gcaithfí na téarmaí tagartha dúchasacha a úsáid le nualitríocht a chumadh agus d'impigh sí ar lucht na Gaeilge meadarachtaí na laoithe a athbheochan, 'I would like to see them revive the use of the Ossianic stanza.'<sup>313</sup> Bhí an seasamh seo ag teacht leis an iarracht a bhí á dhéanamh aici leanúnachas a chinntiú i dtraidisiún litríochta na tíre. Nuair a foilsíodh an dráma ar dtús sa *Daily Express*, d'iarr sí go speisialta go leagfaí amach i véarsaí é, le go bhfeicfí go soiléir céard a bhí ar bun aici san iarracht seo.

What I write specifically to you about is to ask you to consider whether it can (if you take it) be printed in stanzas. It might in that form be too long for your columns. It comes to 115 4 lines verses. If printed in that form it would more

---

<sup>309</sup> *Ibid.*

<sup>310</sup> Alice Milligan luaite in Morris, *Alice Milligan and the Irish...*, 239.

<sup>311</sup> Bhíodh agallaimh agus comhráite nuachumtha i gcló san *Claidheamh Soluis* go minic ach is le haghaidh léitheoireacht phearsanta agus foghlaim na Gaeilge a cuireadh i gcló iad. Ní rabhadar i véarsaíocht agus go minic is cúrsaí nuachta nó plé ar aidhmeanna an Chonartha a bhí le fáil iontu. Cuireadh i gcló iad d'fhonn samplaí de Ghaeilge labhartha nó caint na ndaoine a sholáthrú, leithéidí 'Beirt Mná tighé in nInis Meadhoin' (*An Claidheamh Soluis*, 2.8.1902, 352-3) agus 'Beirt Fhear i nÁrainn' (*An Claidheamh Soluis*, 8.2.1902, 794). Bolscaireacht faoi chuspóirí an Chonartha, cúrsaí teanga agus oideachais agus an tSeóininteacht mar ábhar i gcomhráite eile ar nós 'An Leámainn Béarlóra' (*An Claidheamh Soluis*, 21.4.1900, 1) agus 'Malairt Éadaigh, Malairt Aignidh.' (*An Claidheamh Soluis*, 5.5.1900, 113-5). Tá liosta iomlán de na hagallaimh seo i gcló in innéacs Regina Uí Chollatáin, *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae 1899-1932* (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2004).

<sup>312</sup> Alice Milligan, 'The Last Feast of The Fianna', *The Daily Express*, 23.9.1899.

<sup>313</sup> Alice Milligan, 'The Last Feast of The Fianna', *Litir, The Daily Express* 2.10.1899, 5

apparently show that the Gaelic medium for drama would be stanzas – not blank verse like English drama or rhymed lines like French.<sup>314</sup>

Fiú má bhí lochtanna ag baint leis mar dhráma, dar léi, chabhródh sé le scríbhneoirí na tíre a stiúradh sa treo ceart agus le stíl dhúchasach a sholáthar mar bhunchloch don ghluaiseacht liteartha. ‘I believe this little play is the first written in this medium and leaving its demerits or merits out of the question it is a great thing to set authors onto a right track.’<sup>315</sup> Cháin sí galldachas na meadarachta a bhí in úsáid sa dráma Conall Gulban chomh maith ‘The Irish play at Letterkenny was in blank verse – I don’t like the sound of it, besides it is alien.’<sup>316</sup> Mar a shonraigh Catherine Morris, shíl sí nár cheart bheith istigh a thabhairt don véarsaíocht shaor i litríocht na Gaeilge agus nár cheart aithris a dhéanamh ar fhoirmeacha drámaíochta ó thíortha eile. ‘Blank verse was inappropriate, she argued, because it was an importation from European and English theatrical traditions.’<sup>317</sup> D’fheil meardarthacht na laoithe níos fearr do dhrámaí Gaeilge dar léi:

Blank verse, in the manner of Shakespeare, is unsuited to a Gaelic medium of drama, and mere prose lacks in literary style and concision. Something in the style of the quatrains used in the Ossianic dialogues should be used and made the customary medium in legendary or ancient historic plays.<sup>318</sup>

Ar an iomlán glacadh go maith le *The Last Feast of The Fianna* nuair a léiríodh é agus aithníodh na haidhmeanna idé-eolaíoch a bhí taobh thiar de. Díol suime an plé agus díospóireacht a mhúscail dráma Milligan ar na foirmeacha dúchasacha agus an tionchar a bhí aige ar an ngluaiseacht drámaíochta i gcoitinne. Cé nár éirigh léi an Irish Literary Theatre a stiúru i dtreo na múnlaí dúchasacha, fé mar a theastaigh uaithi, mhúscail sí spéis i measc cheannródaithe na hathbheochana san agallamh. Tá sé suntasach gur tharla an díospóireacht seo i mblianta tosaigh an ILT agus iad ag iarraidh féiniúlacht shainiúil chultúrtha na tíre a aimsiú, a chothú agus a chraobhscaoileadh. Is léir gur aithníodh na féidearthachtaí drámaíochta a bhí le fáil sna hagallaimh agus gur pléadh an t-ábhar. Níorbh iad lucht an Chonartha amháin a bhí ag cur suime sa cheist agus ghlac Yeats leis an teoiric gur foirm ársa neamhfhobartha drámaíochta a bhí iontu.<sup>319</sup>

*The Last Feast of the Fianna* has an antiquarian as well as an artistic interest. Dr. Hyde is of opinion that the Usheen and Patric dialogues were spoken in

---

<sup>314</sup> Alice Milligan, litir chuig Mr. Rolleston, Páipéirí TP Gill, Ms 13 480 (9).

<sup>315</sup> *Ibid.*

<sup>316</sup> *Ibid.*

<sup>317</sup> Morris, *Alice Milligan and the Irish...*, 240.

<sup>318</sup> Alice Milligan, ‘Brian of Banba,’ *United Irishman*, 30.4.1904. Luaite in Morris, *Alice Milligan and the Irish...*, 240.

<sup>319</sup> Nochtadh sé an tuairim seo arís i léacht.

‘Mr W B Yeates, in the course of an address on the ‘Irish Literary Theatre,’ said they intended to produce three plays. One of them - ‘The Last Feast of the Fianna’-written by Miss Milligan, had not only an artistic but an antiquarian interest. The play attempted to illustrate what drama in Ireland might have been had literary development here followed the ordinary course.’

‘Mr. N. [sic] B. Yeates [sic] on the Irish Literary Theatre,’ *The Freemans Journal*, 20.2.1900, 7.

character by two reciters, and that had Irish literature followed a natural development a regular drama would have followed from this beginning. Miss Milligan has added other characters while preserving the emotions and expressions of the dialogues; and if her play were acted without scenery it would resemble a possible form of old Irish drama. But for the extreme difficulty of the metre of the dialogues we would have acted this play in Irish, but the translator gave up after a few verses.<sup>320</sup>

Bhí na drámaí seo fréamhaithe i dtraidisiún béil na tíre dar le Milligan agus bhí sí den tuairim go dtuigfí níos fearr iad i measc na dtuathánach ná mar a thuigfí i suíomh na hamharclainne iad. Iarracht shoiléir a bhí ann an nualitríocht a bhunú ar chultúr coiteann na ndaoine.

The Editor of *Beltaine* has assured me that it is necessary to give some definite information as to the basis of this play. If it was to be produced before a company of Kerry peasants, a single note would not be needed; they would appreciate fully the masterful attitude of Fionn towards Grania, her unconcealed ill-will to Oisín, her suavity to gentle Caoilte MacRonan. But an 'educated' Dublin audience will need to be told who these people were; for have not the most cultured and learned men of Trinity College declared that a finished piece of Irish literature does not exist? We must therefore assume that they have never opened the Ossianic dialogues, which, even in a crude translation, afford a perpetual fund of humour and philosophy.<sup>321</sup>

Léargas ar théama seanda a bhí ann dar le de hÍde chomh maith agus forbairt nádúrtha i litríocht na Gaeilge. Leag sé béim freisin ar an tábhacht a bhain le forbairt a dhéanamh de réir na dteorainneacha a bhí leagtha síos sa chultúr. Bhain de hÍde macalla as teoiricí Herder go minic sa phlé a rinne sé ar chúrsaí teanga agus cultúir agus tá an ráiteas seo go gcaithfeadh an ghluaiseacht amharclainne fás “upon national lines” ag teacht go hiomlán le tuiscintí Herder ar an náisiún.

The aim and object of the Irish Literary Theatre was to embody and perpetuate Irish feeling, genius and modes of thought. The Irish Literary Theatre was one, an important one, but still only one of the many agencies which were at this present moment at work in trying to create a new Ireland, proceeding upon national lines. By national, he meant something absolutely uncontentious, non-political, and non-sectarian (hear, hear). The first play they had the pleasure of seeing, *The Last Feast of the Fianna*, (applause), was really only a representation of the theme at which Irish writers and Gaelic speakers had been working for 1,200 years, and he was convinced that if the play had been played in Irish before an Irish-speaking audience it would come as something perfectly natural to them.<sup>322</sup>

D'aontaigh léirmheastóirí áirithe go gcaithfí aithris a dhéanamh ar na múnlaí dúchasacha le hamharclann Ghaelach, amharclann a bheadh dílis d'anam an náisiúin, a fhorbairt.

---

<sup>320</sup> W. B. Yeats, 'Plans and Methods,' *Beltaine* (1900), 4.

<sup>321</sup> Alice Milligan, 'The Last Feast of the Fianna,' *Beltaine*, Feabhra 1900, 18.

<sup>322</sup> Tuairisc ar Léacht de hÍde in 'The Irish Literary Theatre,' *The Freeman's Journal*, 23.2.1900, 6.



Mr Martyn follows the school of Ibsen, Miss Milligan reproduces the equivalent to the drama in ancient Gaelic literature, namely the Isheen-Patric Dialogues, which were recited in character by two speakers. If the aim of the Irish Literary Theatre is to create a national drama it is obvious that the development of Miss Milligan's method is the proper road to reach ultimate success.<sup>323</sup>

Más amhlaidh go raibh forbairt nádúrtha na litríochta dúchasáí le fáil i saothar Milligan ó thaobh na foirme de, níorbh amhlaidh ó thaobh na teanga de. Bhí ceist na teanga ina údar aighnis go minic sa tréimhse seo<sup>324</sup> ach bhí saothar Milligan saor ó cháineadh don chuid is mó, ós rud é go raibh sé fréamhaithe sa traidisiún agus go raibh sé i gceist é a aistriú go Gaeilge. 'Miss Milligan's play in itself is instinct with the breath of the Ossianic legends, *as near perfection, from a Gaelic standpoint, as anything not written in Irish can come.*'<sup>325</sup>

Ní dráma sa ghnáthchiall a bhí ann dar le léirmheastóirí eile, ach dán curtha in oiriúint don stáitse. Braithheadh aduaine áirithe ar fhoirm an dráma sa mhéid is nár lean sé nósmaireachtaí coinbhinsiúnacha na hamharclainne, ach mar sin féin moladh an deascríbhneoireacht agus an friotal fileata.<sup>326</sup>

Miss Milligan's one-act piece, *The Last Feast of the Fianna*, really assumed the form of a full-dress recitation of a pleasing and nicely written poem. It has no pretence to be a play, although anyone who has read the story of Grania and of Fionn and the rest of them knows well enough that the cycle in which they move is rich beyond almost any similar period in dramatic materials.<sup>327</sup>

Aithníodh gur éiligh dráma mar seo, lena stíl rithimiúil fhileata, cineál aisteoireachta ar leith agus tuairiscíodh go ndearna na haisteoirí caint roscach thomhaiste an dráma a reic go sollúnta.

The play then proceeds, the dialogue being of a declamatory order, couched in that very descriptive style of prose poetry such as runs through the Ossianic translations or inventions. The text is of an impressive and rhythmical style, but not altogether innocent of crudities. But the whole colouring of the piece is vivid, and is calculated to work upon the imagination of listeners.<sup>328</sup>

---

<sup>323</sup> 'The Irish Literary Theatre,' *The Daily Express*, 20.2.1900, 5. Luaite in Trotter, *Ireland's National Theaters...*, 23.

<sup>324</sup> Féach O'Leary, *The Prose Literature of...*, 19-90.

<sup>325</sup> *The United Irishman*, 24.2.1900, 5. [Liomsa an bhéim.] Luaite chomh maith ag Morris, *Alice Milligan and the Irish...*, 241.

<sup>326</sup> 'It was curious to see a crowd of spectators, accustomed to the highly-spiced vulgarities of the modern theatre, applauding with genuine relish a poetical thought or a musical passage' in 'The Irish Literary Theatre,' *The Daily Express*, 20.2.1900, 5. An t-alt i gcló in Hogan and Kilroy, *The Irish Literary Theatre...*, 72.

<sup>327</sup> 'The Irish Literary Theatre,' *The Irish Times*, 20.2.1900, 6. An t-alt i gcló in Hogan and Kilroy, *The Irish Literary Theatre...*, 73-4.

<sup>328</sup> 'Irish Literary Theatre,' *The Irish Daily Independent*, 20.2.1900, 6. An t-alt i gcló in Hogan agus Kilroy, *The Irish Literary Theatre...*, 72.

Ní raibh gach duine sásta glacadh leis na hagallaimh mar fhoirm bhunúsach de sheánra na drámaíochta. Rinne an file agus drámadóir James H. Cousins<sup>329</sup> iniúchadh ar cheist na amharclainne náisiúnta in alt i *The Leader* agus phléigh sé staid easnamhach na tíre ó thaobh na siamsaíochta de. Chaitheadh lucht na Gaeltachta a bheith sásta le scéalta béaloideas cois tine mar chaitheamh aimsire dar leis, d'uireasa traidisiún stáitse. Drámaí Sasanacha a bhí mar lón aigne ag lucht an Bhéarla.

The absence of any outstanding embodiment of the dramatic elements which exist in the literature of Ireland has often been the subject of scholarly comment. In the atmosphere of her history and traditions there floats the elements of drama of the highest type; but she has waited for the master-mind to gather up these elements, and in the crucible of imagination, fuse and fix them, and give to Ireland and the world "a thing of beauty and joy forever." The children who have not forgotten the speech of their mother have had to content themselves with the folk-tale of the fireside; and those whose hearts have remained true to her, though their lips have moved to alien speech, have had to appease their hunger of the mind on imported fare served in imported dishes.<sup>330</sup>

Cé go raibh lucht an Chonartha agus fiú amháin roinnt daoine ón ILT<sup>331</sup> ag áiteamh go gcaitheadh drámaíocht na tíre a bheith i nGaeilge le bheith dílis d'anam na tíre, d'fhógair Cousins go neamhbhalbh gur i mBéarla, nó i dteanga labhartha na ndaoine a bheadh todhchaí na drámaíochta.

Subject and language are, I take it settled. The former must be national - not political or sectarian, except in so far as these are factors in the play presented. The latter must be what can be understood by the hearers, due regard being given to the linguistic position in which we find ourselves today.<sup>332</sup>

Ní fhéadfaí múnlaí primitíveacha a bhrú ar an ealaíontóir comhaimseartha, dar leis.

Thespis, with his single actor, whose face was smeared with the dregs of wine, may be the progenitor of the drama - but the children have outgrown the parent; the tree refuses to go back to its pristine state as a seed; and I, for one, refuse to call by the name of "drama" the dialogues of Usheen and Patrick, or Miss Milligan's beautiful and cruelly maltreated Tableaux Vivants, "The Last Feast of the Fianna."<sup>333</sup>

---

<sup>329</sup> James Henry Sproull Cousins [Séamus Ó Cuisin] 1873-1956. File, drámadóir, múinteoir. Bhí ailt leis in *The Leader* agus *Sinn Féin* faoi chúrsaí litríochta. D'aistrigh sé féin agus a bhean Margaret go Kalashetra san Ind in 1915.

<sup>330</sup> James H. Cousins, *The Leader*, 18.5.1901, 187-8.

<sup>331</sup> 'An Irish Theatre must, of course, express itself solely in the Irish language; otherwise it would have no *raison d'être*. For some time to come, however (and let us hope that time will be short), English will have to be heard on our stage ...' F.J.F., 'Mr. Yeats and the Stage,' *The United Irishman* 4.5.1901.

'My notion of an Irish National Theatre is that it ought to be the nursery of an Irish dramatic literature which, while making a world-wide appeal, would see life through Irish eyes. For myself, I must say that I cannot conceive it possible to achieve this except through the medium of the Irish language.'

F.J.F., 'An Irish National Theatre', *The United Irishman*, 11.5.1901, 6.

<sup>332</sup> James H. Cousins, *The Leader*, 18.5.1901, 187-8.

<sup>333</sup> James H. Cousins, *The Leader*, 18.5.1901, 187-8.

Cháin sé *The Last Feast of The Fianna* ina leabhar *We Two Together* chomh maith agus cé go raibh áilleacht áirithe ag baint le físiúlacht na radharcanna, dar leis, ní drámaíocht a bhí ann. ‘The tableaux were accompanied by stanzas of lyrical prose and gave a fascinating glimpse into the elder Irish world, but none of drama.’<sup>334</sup>

Ó thaobh ábhair, baineann tríológ Milligan le heachtraí ón bhFiannaíocht agus le hOisín Mac Fhinn ach go háirithe. Tugann *The Last Feast of the Fianna* léargas ar chinneadh Oisín imeacht ó Fhionn agus na Fianna agus aghaidh a thabhairt ar Thír na nÓg le Niamh Chinn Óir. Tá an dara dráma *Oisín in Tir-nan-Oig* suite i dTír na nÓg agus beartaíonn Oisín ag deireadh an dráma sin cuairt a thabhairt ar Éirinn. Is sa tríú dráma *Oisín and Padraic* is mó a fheictear an leas a bhain Milligan as na laoithe Fiannaíochta agus as ‘Agallamh Oisín agus Phádraig’ mar amháin dá saothar drámatúil féin. Radharc amháin atá sa dráma agus cé go bhfuil roinnt carachtar eile luaite sa chliar, díritear don chuid is mó ar na comhráite idir Oisín agus Naomh Pádraig. Tosnaíonn an dráma le hOisín ina luí go faon i lár an stáitse, ina ‘sheanóir bocht dall,’ agus claochlú tagtha ar a dhreach agus a chruth i ndiaidh dó cos a leagan ar thalamh na hÉireann. Déanann tuathánach bocht sa dráma cur síos ar an gcruth a bhí ar Oisín nuair a tháinig sé ar chapall bán go Gleann na Smól agus ar an gclaochlú a tháinig air nuair a thit sé de dhroim chapail agus é ag cabhrú leo leac ollmhór a ardú.

Heavy was that grey flagstone.  
too few were we to raise it  
And the strange knight of the white steed  
watched us and he mocking.

Weaker, said he, must men be  
Than in the days of mightly Finn.  
One of Finn’s warriors and no more  
Could have hurled aside that flagstone.

And thus was my answer made  
– that it was folly he was speaking.  
There was never a man in life  
whose single arm could lift it.

Padraic, I speak no lie.  
He rode proudly up among us;  
He bent lightly to the stone and  
he laid his fingers on it.

Padraic, I tell the truth,  
As my comrades here will witness.  
With one hand and with one push  
He left the flagstone yonder.<sup>335</sup>

---

<sup>334</sup> James H. Cousins & Margaret E. Cousins, *We Two Together* (Madras: Ganesh: 1950) 57.

<sup>335</sup> Alice Milligan, ‘Oisín and Padraic,’ *The Daily Express*, 4 Samhain 1899, 3. Féach Aguisín.

Bhunaigh sí an cuntas seo ar an laoi Fiannaíochta ‘Laoidh Oisín ar Thír na n-Óg: Mar a d’aithris sé do Phádrúig naomhtha’<sup>336</sup> agus ar thuairisc Oisín ann ar an seal a chaith sé i dTír na nÓg agus gach a tharla tar éis dó filleadh ar Éirinn. An insint chéanna, don chuid is mó ach é i mbéal Oisín atá sa laoi, áit a ndeir sé go raibh sé ag maíomh as neart agus láidreacht na bhFiann ina ré féin sular thug sé faoin leac a bhogadh:

Is náireach an bheart, anois le rádh,  
A’s an oiread atá d’fhearaibh ann,  
Nach tiocfadh le neart an tslóigh,  
An líog-so thógbháil go lán-teann.

'Tis a shameful deed, that it should now be said,  
And the number of men that is there,  
That the strength of the host is unable  
To lift the flag with great power.

D’á maireadh Osgar Mac Oisín,  
Do bhéarfadh ar an líog-so ’na dheas-láimh,  
Do chuirfeadh d’urchar í tar an sluagh,  
Ní bhréag is dual dom anois do rádh.

If Osgar the son of Oisín lived,  
He would take this flag in his right hand,  
He would fling it in a throw over the host  
It is not my custom to speak falsehood.

Do luidheas ar mo chliathán deas,  
‘s do rugas ar an leic am láimh;  
le neart agus le lúth mo ghéag,  
do chuireas seacht bpéire í ó na háit.

I lay upon my right breast,  
And I took the flag in my hand,  
With the strength and activity of my limbs  
I sent it seven perches from its place!<sup>337</sup>

Sa laoi Fiannaíochta chéanna déanann Oisín cur síos ar an gcruth atá ar áras Fhinn in Almhain anois agus na Fianna ar fad i gcré na cille.

Ba mhór é m’iongantús ann súd,  
Nach feacaidh cúirt Fhinn na slóigh;  
Ní raibh ’na hionad ann go fíor,  
Acht fiadhaile, fliodh agus neanntóg!

Great was my surprise there,  
That I did not see the court of Fionn of the hosts;  
There was not in its place in truth  
But weeds, chick-weeds, and nettles.<sup>338</sup>

Baintear leas as an íomhá cheannann chéanna sa dráma le meath agus dreo an tseansaoil a chur in iúl agus le tabhairt le fios go bhfuil gach rian de ré na bhFiann imithe i léig.

**Oisín:**

His lime white mansion I have sought  
The high Dunn Allen’s hill.  
I have found no fortress there  
But weeds and thorns and nettles.<sup>339</sup>

Is sna comhráite le Pádraig is mó a fheictear an gaisneas a bhain Milligan as ‘Agallamh Oisín agus Phádraig’ agus an chaoi ar thóg sí sleachta iomlána ó na laoithe Fiannaíochta agus chuir isteach i léirithe stáitse iad. Aithnítear an chaint iomaíoch, an tsáraíocht agus an chomparáid a dhéantar idir Fionn, Rí na Féinne, agus Dia, Rí na bhFlaitheas, mar

<sup>336</sup> ‘Laoidh Oisín ar Thír na n-Óg: Mar a d’aithris sé do Phádrúig naomhtha,’ in eagr. John Daly, *Transactions of the Ossianic Society 1856 Vol IV* (Dublin: Ossianic Society, 1859) 234-79.

<sup>337</sup> ‘Laoidh Oisín ar Thír na n-Óg,’ *Transactions of the Ossianic Society 1856 Vol IV*, 278-9.

<sup>338</sup> ‘Laoidh Oisín ar Thír na n-Óg,’ *Transactions of the Ossianic Society 1856 Vol IV*, 274-5.

<sup>339</sup> Alice Milligan, ‘Oisín and Padraic,’ *The Daily Express*, 11 Samhain 1899, 3. Féach Aguisín.

shaintréithe an agallaimh cháiliúil idir Oisín agus Pádraig.<sup>340</sup> Tagann an ghné choimhlinteach agus an iomaíocht sin isteach i ndrámá Milligan freisin nuair a chuirtear an dá Rí i gcomparáid lena chéile. Is beag aird a thugann Oisín ar mhaíomh Phádraig gurbh é a Rí uilechumhachtach féin a chruthaigh an domhan ar fad agus fiú amháin an féar sna goirt. Ní cúis mhaíte ná mustair dó a leithéid, dar le hOisín, agus b'fhearr i bhfad mar spórt na cineálacha caitheamh aimsire a chleacht Fionn lena bheo:

**Padraic:**

It is my King who formed the heavens  
It is He who gave might to the warrior  
It is He that created the world  
It is He that gives the blossom of the trees.

It is He that made the moon and the sun  
It is He that brings fish into the lake  
It is He that formed fields and grass.  
What were the deeds of Finn?

**Oisín:** (*laughing*)

It was not in forming fields and grass  
That my King took delight  
But in mangling the bodies of heroes  
In contesting kingdoms and spreading his fame.

In courting, playing and hunting  
And unfolding his banner in the front of the fight.  
In playing at chess and swimming  
And in beholding all in the house of drinking.<sup>341</sup>

Tógadh an chuid seo den drámá focal ar fhocal ó ‘Agallamh Oisín agus Phádraig’ agus aistriúchán John O’Daly ar an mbriatharchath idir an págánach agus Naomh Pádraig.

---

<sup>340</sup> Féach mar shampla Pádraig Ó Fiannachta, ‘The Development of the Debate between Pádraig and Oisín,’ *Béaloidéas* 54/55 (1986/7) 183-205. David Krause, ‘The Hidden Oisín,’ *Studia Hibernica* 6 (1966) 7-24.

<sup>341</sup> Alice Milligan, ‘Oisín and Padraic,’ *The Daily Express*, 11 Samhain 1899, 3. Féach Aguisín.

**Pádraig:**

Is é mo righ-so dhealbhaigh neamh,  
Is é do bheir neart do laoch;  
Is é do chum an bioth-bhuan,  
Is é do bheir bláth na gcraobh.

Is é do dhealbhaigh éasga a's grian,  
Is é do bheir iasg as linn,  
Is é do chruthaigh gort a's féar,  
Ní h-ionann a's éachta Fhinn.

**Oisín:**

Ní ar chruthughadh gort ná féir,  
Thug mo righ-se féin a dhúil;  
Acht ar chosgairt corpa laoch,  
Ar chosnamh críoch, a's ar chur a chlú.

Ar shuirghídh, an imirt, ar sheilg,  
Ar nochtadh meirge a dtúis gleó;  
Ar imirt fithchille, a's ar shnámh,  
A's ar fheitheamh cháich a dtig an óil.

**Pádraig:**

It is my king, who formed the heavens  
It is he, who gives might to the warrior;  
It is he, that created the universe,  
It is he, that gives the blossom of the trees.

It is he, that made the moon and the sun,  
It is, he that brings fish into a lake;  
It is he, that formed field and grass,  
Not like the deeds of Fionn.

**Oisín:**

'Twas not in forming fields and grass,  
That my king took delight;  
But in mangling the bodies of heroes,  
In contesting kingdoms and spreading his fame.

In courting, playing, and hunting, and Unfolding  
his banner in the front of the fight;  
In playing at chess and swimming,  
And in beholding all in the house of drinking.<sup>342</sup>

Cuireann an chontrárthacht idir luachanna agus saoldearcadh na beirte go mór le greann an dráma agus tugann faoiseamh éigin ón rómánsachas agus ón maoithneachas atá ina orlaí tríd an gcuid eile den dráma. Cé go raibh Milligan ag áiteamh gur cheart múnla an agallaimh a leanúint go dílis le drámaíocht dhúchasach Ghaelach a chruthú, níor lean sí a comhairle féin i gcónaí agus roghnaigh sí gnéithe áirithe den agallamh a d'oir dá haidhmeanna liteartha agus dá seasamh idé-eolaíoch féin. Maolaíodh an ghné choimhlinteach ach go háirithe sna comhráite idir Oisín agus Pádraig a chuirtear os ár gcomhair sa dráma seo agus glanadh chun siúil bagairtí brúidiúla Oisín agus tagairtí don fhoréigean.

A Phátraic na bachaile caime,  
do bheir orm freagra dána;  
do bhíadh do bhachal na brusgar,  
dá mbiadh Oscur do láthair.<sup>343</sup>

Dá mbiadh agamsa Conán,  
fear mílabhartha na Féinne;  
do bhriseadh sé do cheannsa,  
astigh amearg do chléire.<sup>344</sup>

Rinneadh maolú freisin ar an áibhéil, ar an ngreann scig-ghaisciúil agus ar an tsáraíocht atá de dhlúth agus d'inneach sa bhunagallamh agus Oisín agus Pádraig in adharca a chéile. Tugann na leasuithe, nó an chinsireacht seo a rinneadh ar an argóint, éachtaint dúinn ar idé-eolaíocht na tréimhse agus an iarracht a rinneadh íomhá rómánsúil

---

<sup>342</sup> 'Agallamh Oisín agus Phádraig,' *Transactions of the Ossianic Society 1856*, 54-57.

<sup>343</sup> *Ibid.*, 46.

<sup>344</sup> *Ibid.*, 38.

ghaisciúil a chruthú do stair agus oidhreacht liteartha na tíre.<sup>345</sup> Oisín maoithneach, fadfhulangach, ar gaire é d'Oisín MacPherson ná d'Oisín canrach an allagair, a chuirtear os ár gcomhair don chuid is mó sa dráma seo. Is mór idir an léiriú a thugtar ar Naomh Pádraig sa dráma freisin agus an scigphictiúr den chléireach piúratánach, míthrócaireach, mífhoighneach, a chuireann iachall ar Oisín troscadh a dhéanamh agus a bhagraíonn pianta Ifrinn air.

Sguir a sheanóir, leig dod bhaois,  
Ní beag duit feasta a ndéarnaois;  
Smuain ar na piantaibh atá reomhad,  
D'imthigh an Fhiann agus imtheochair.<sup>346</sup>

A mhalairt ghlan atá i ndrámá Milligan, shílfeá:

**Patrick:**  
Mock not the old man in his grief.  
See how these words make him weep.<sup>347</sup>

Cuimhneofar go raibh conspóid Mahaffy and Atkinson i mbarr a réime nuair a cumadh na drámaí seo agus iarracht ar bun ag conraitheoirí áirithe léiriú idileach íonghlan a thabhairt ar stair agus litríocht na nGael, mar fhreagra ar mhasla na nOllamh úd.<sup>348</sup> Is chuige sin a dhírítear ar olagón Oisín agus é ag caoineadh uaisleacht agus chrógacht na bhFiann sa tseanaimsir. Ag druidim i dtreo dheireadh an dráma, déanann Oisín caoineadh fada a reic in omós d'Fhionn Mac Cumhail agus na laochra eile atá anois ar lár. Caoineadh é seo atá go mór faoi chomaoin ag 'Laoi Mná Mheartaigh: Ailne shnuadh-gheal, a ndiaigh a fir agus a dias mac do thuit ar chnoc an áir.'<sup>349</sup>

**Oisín:**  
My grief fallen battle shaft,  
My grief shining torch at feast,  
My grief, the cold cairn at last,  
My grief, my never ending grief.  
  
My grief! Thy nobleness and mirth  
My grief for dearth of nightly cheer,  
My grief! Oh chief of changeless worth,  
My grief! Finn whose name was fear.<sup>350</sup>

Is mar seo a chaoin Ailne a fear céile agus a bheirt mhac sa laoi:

Mo chúmha! Do shleagh a's do lann,                     My grief! thy spear and thy lance,  
Mo chúmha! Do cheannsacht a's do ghrádh,             My grief! thy gentleness and love,

<sup>345</sup> Féach mar shampla O'Leary, *The Prose Literature of...*, passim. Ní Mhuircheartaigh agus Mac Congáil eag. *Drámaí Thús na hAthbheochana...*, 32.

<sup>346</sup> 'Agallamh Oisín agus Phádraic,' *Transactions of the Ossianic...*, 22.

<sup>347</sup> Alice Milligan, 'Oisín and Padraic,' *The Daily Express*, 4 Samhain 1899, 3. Féach Aguisín.

<sup>348</sup> Féach mar shampla Mathews, *Revival: The Abbey...*, 37.

<sup>349</sup> 'Laoi Mna Mheartaigh,' *Transactions of the Ossianic Society 1856*, 164-93.

<sup>350</sup> Alice Milligan, 'Oisín and Padraic,' *The Daily Express*, 11 Samhain 1899, 3. Féach Aguisín.

Mo chúmha! Do dtír a's do bhaile,  
Mo chúmha! Sibh do sgaípe om' dháil!

My grief! thy country and thy home,  
My grief! that ye are separated from me !

Mo chúmha! M'imirt agus m'ól,  
Mo chúmha! Mo cheol agus m'aoibhneas;  
Mo chúmha! Mo ghrianán a's mo bhantracht,  
Mo chúmha channlach! Sibh claoidhte!

My grief! my games and my festivities,  
My grief! my songs and my pleasures ;  
My grief! My summer house and my train,  
My crying grief! that ye are feeble !<sup>351</sup>

Críochnaíonn an dráma turgnamhach seo le hOisín ag éisteacht le ceol na salm, agus é ag siúl i dtreo na mainistreach. Dráma ríspéisiúil atá ann ó thaobh stair na drámaíochta agus stair na n-agallamh araon agus léiriú ar an gcur is cúiteamh a bhí ann faoin drámaíocht dhúchasach i dtús aimsir na hAthbheochana. Chreid Milligan go diongbháilte go bhféadfaí drámaí Gaelacha a bhunú ar thraidisiún na n-agallamh agus tharraing sí dá réir sin ar 'Agallamh Oisín agus Phádraig' ina cuid drámaí féin.

## Lady Gregory

### Teach na mBocht / The Workhouse Ward

Chuir Lady Gregory an-spéis i bhfilíocht Raiftearaí agus thug sí suntas do dhrámatúlacht na n-agallamh agus d'ealaín an aighnis. Thug sí ceann don phléisiúr a bhí le baint as a leithéid ag an ngnáthphobal agus luaigh sí go raibh tóir ag an bpobal ar an dea-chaint. 'There has always, on the part of the Irish people, been a great taste for dramatic dialogue.'<sup>352</sup> Bhí cur amach aici ar aighnis Raiftearaí agus thug sí le fios gur argóintí taitneamhacha a bhí sna hagallaimh mar seo a leanas, 'dramatic 'arguments' appeal to them - the 'Argument of Raftery with Death,' the 'Argument of Raftery with Whisky'.<sup>353</sup> I gcur síos a rinne sí ar Fheis Chonnacht, thagair sí go sonrach do chur i láthair shaothar Raiftearaí agus do na hargóintí fileata a cuireadh i láthair an phobail ar ardán na Feise.

Some poems were repeated also: Raftery's 'Argument with whiskey,' in which he puts the joys and sorrows of its lovers only too impartially. Another "Argument" was between two men, herds, I think; each counting up the virtue of his own province, Connaught or Munster.<sup>354</sup>

Sna drámaí a scríobh sí féin agus Dubhghlas de hÍde le chéile, rinneadar iarracht tógaint ar thraidisiún na béalairachta agus bunaíodh drámaí ar eachtraí ón mbéaloideas. Ag labhairt ar an dráma *Casadh an tSúgáin*, thagair Lady Gregory arís don cheangal seo a shamhlaigh sí idir na hagallaimh agus an drámaíocht, agus don tuiscint seo gur fhás na drámaí seo go nádúrtha ó thraidisiún an aighnis, agus an béal beo mar dhúshraith nó mar bhunchloch ag drámaí stáitse de hÍde.

---

<sup>351</sup> 'Laoi Mna Mheartaigh,' *Transactions of the Ossianic Society 1856*, 168-9.

<sup>352</sup> Lady Gregory luaite in 'The Irish Drama', *Irish Literature* Iml IX (1904), xxv.

<sup>353</sup> *Ibid.*

<sup>354</sup> Lady Gregory, 'On the Edge of the World,' *Poets and Dreamers*, (Gerrards Corss: Colin Smythe, 1974) 134-5.



It has always given great delight, and its success is very natural; for the Irish-speakers, who are its audience, have an inborn love of drama, as is shown by their handing down of such long dramatic dialogues as those between Oisín and St Patrick, from century to century. At country gatherings, those old dialogues, and the newer ones between Death and Raftery, or between the farmers of two provinces, are followed with a patient joy: and the creation of acting plays is the natural outcome of this living tradition. And Douglas Hyde's dramas grow directly from the folk-memory.<sup>355</sup>

Níor bhain an cheist áirithe seo faoi mhúnlaí dúchasacha drámaíochta le drámaíocht na Gaeilge amháin, áfach, agus tá rian na n-argóintí fileata seo le sonrú go han-láidir ar shaothar Béarla Lady Gregory, agus ar a cuid geandrámaí ach go háirithe. Briatharchath idir beirt charachtar atá sna drámaí *Coats*, *The Meadow Gate* agus *The Bogie Men*. Is sa dráma *The Workhouse Ward*, áfach, is soiléire a aithnítear anáil an agallaimh thraidisiúnta.

Tá stair spéisiúil ag baint leis an script seo a léiríonn an comhoibriú a bhí ann idir lucht litríochta an Bhéarla agus na Gaeilge i dtús na hAthbheochana. Tháinig inspioráid an dráma ó chuairt a thug Lady Gregory ar Theach na mBocht agus ó scéal a chuala sí ann.

As to *The Poorhouse*, the idea came from a visit to Gort Workhouse one day when I heard that the wife of an old man, who had been long there, maimed by something, a knife I think, that she had thrown at him in a quarrel, had herself now been brought in to the hospital. I wondered how they would meet, as enemies or as friends, and I thought it likely they would be glad to end their days together for old sake's sake.<sup>356</sup>

Bhí sé i gceist aici dráma a scríobh í féin bunaithe ar an eachtra seo ach tuairscíonn sí gur thug sí creatlach an dráma do de hÍde, ar mholadh Yeats. 'I intended to write the full dialogue myself, but Mr. Yeats thought a new Gaelic play more useful for the moment, and rather sadly I laid that part of the work upon Dr. Hyde.'<sup>357</sup> Ba mhinic comhoibriú den chineál sin idir Yeats, de hÍde agus Gregory agus ba í Gregory a sholáthraigh bunchreatlach nó plota go leor drámaí a bhfuil ainm de hÍde luaite leo. Leag sí síos suíomh an scéil, chum corp an dráma agus ábhar cainte na bhfear agus d'fhág sí ag de hÍde ansin an comhrá féin a cheapadh. Creatlach nó smaoinemh an-fhorbartha a fuair de hÍde uaithi agus is léir gur uaithise a tháinig go leor den dialóg. Seo mar a rinne sí cur síos ar oscailt an dráma.

Scene, ward of a workhouse; two beds containing the old men; they are quarrelling. Occupants of other invisible beds are heard saying, 'There they are at it again; they are always quarrelling.'<sup>358</sup>

Foilsíodh toradh na hoibre seo, *Teach na mBocht*, san irisleabhar *Samhain* in 1903 agus léiríodh in 1905 é.<sup>359</sup> Na hargóintí idir beirt fhear, Colm agus Pádraig, bun agus barr an

---

<sup>355</sup> Gregory, *Poets and Dreamers...*, 136.

<sup>356</sup> Lady Gregory, *Our Irish Theatre* (New York: The Knickerbocker Press, 1913) 86.

<sup>357</sup> *Ibid.*, 89.

<sup>358</sup> *Ibid.*, 86.

dráma seo. Dealraíonn sé go bhfuil aithne acu ar a chéile ó bhíodar an-óg agus anois agus iad imithe in aois tá siad i gcomhlúadar a chéile. Deirtear linn go bhfuil ‘an bheirt sin ag troid le chéile ón lá a rugadh iad mar dhá choileán is tá siad i scornacha a chéile fós is iad ina seanmhadaí bacacha.’<sup>360</sup> Murab ionann agus drámaí Gaeilge eile ón tréimhse chéanna, a d’fhéach le léargas a thabhairt ar shuíl an Ghaeil agus cráifeacht mhuintir na Gaeltachta, tá trácht sa dráma seo ar ghoid, foréigean, meisce, collaíocht agus béadán. Go deimhin, is túisce a rithfeadh *Cré na Cille* an Chadhnaigh leat ná téacs le de hÍde. Ní mallachtaí amháin a chaitheann siad lena chéile agus ag pointe amháin caitheann Colm leabhar urnaithe lena chéile comhraic.



Léaráid 6: Léiriú den dráma *The Workhouse Ward* in Amharclann na Mainistreach.<sup>361</sup>

**Colm:** (*Ag caitheamh a leabhair urnaithe le Pádraig*) Ó, a Thiarna, nach bhféadfainn éirí!

**Pádraig:** (*Ag caitheamh a mhuigín stáin*) Dá bhféadfainn an tsúil cham sin a bhaint amach asat ar fad, b’fhearr liom é ná amharc ar an bhflaitheas.<sup>362</sup>

Tá pearsana eile luaite sa chliar – an Mháistreás, deirfiúr Choilm agus seandaoine eile i dTeach na mBocht, ach is beag tábhacht a bhaineann leo i ndáiríre. Go deimhin, ní fheictear na bochtáin eile ar an stáitse in aon chor. Tugtar le fios sna treoracha stáitse go bhfuil ‘leapacha ar gach taobh; ní fheictear iad ach cloistear anois agus arís guthanna na ndaoine atá iontu.’<sup>363</sup> Tagann deirfiúr Choilm ar an stáitse, tuairim is leathshlí tríd agus deireann sí gur bhásaigh a fear céile agus go dteastaíonn uaithe Colm a thabhairt amach as Teach na mBocht agus abhaile léi, le go mbeadh comhlúadar aici féin. Bheadh só

<sup>359</sup> Athchló in *Drámaí thús na hAthbheochana...*, ead. Ní Mhuircheartaigh agus Mac Congáil, 211-222.

<sup>360</sup> Ní Mhuircheartaigh agus Mac Congáil, *Drámaí thús na hAthbheochana...*, 216.

<sup>361</sup> Lady Gregory, *Collected Plays I: The Comedies* (Gerrards Cross: Colin Smythe, 1970) xiv.

<sup>362</sup> Ní Mhuircheartaigh agus Mac Congáil, *Drámaí thús na hAthbheochana...*, 217.

<sup>363</sup> *Ibid.*, 213.

súilíneach aige feasta, gan le déanamh aige ach ‘gráinnín beag mine a chaitheamh do na sicíní’ anois is arís agus é ina shuí cois tine. Déanann Colm a mhachnamh agus ansin diúltaíonn don tairscint seo mura féidir leis Pádraig a thabhairt in éineacht leis. Imíonn sí agus tosaíonn an bheirt ag argóint arís agus tuigtear gurbh fhearr le Colm fanacht ag cur de agus ag saighdeadh faoina leathbhádóir, Pádraig, ná imeacht uaidh.

**Guth:** Cad chuige nach ndeachaigh tú léi?

**Colm:** Bheadh an seanbhithiúnach sin uaigneach gan duine a bheith ag troid leis.

**Pádraig:** Thug tú d’éitheach.

**Colm:** Caithfidh sé a bheith ag troid i gcónaí le duine éigin. Bheadh sé uaigneach gan mise ag cur ina aghaidh.

**Pádraig:** Tá tú ag tosú ar do chuid bréag arís!<sup>364</sup>

Tuigtear go leanfar leis an síorachrann, go mbaineann siad taitneamh as ar bhealach aisteach agus gur fearr an troid ná an t-uaigneas. Mar a dúirt Lady Gregory féin, ‘I sometimes think that the two scolding paupers are a symbol of ourselves in Ireland – “it is better to be quarrelling than to be lonesome.”’<sup>365</sup>

An chéad atá rud le tabhairt faoi ndeara faoin dráma seo ná gur beag ‘gluaiseacht’ atá ann sa ghnáthchiall. Ó thús deireadh an dráma, tá an bheirt seo ina luí siar i leapacha ag mallachtú a chéile. Is réamhtheachtaí é an dráma seo, ar go leor bealaí, ar an *stasis* Beckettíúil nua-aoiseach a bhain leas as an easpa gluaiseachta d’fhonn léargas ar thabhairt ar an duine mar chime i bpríosún an tsaoil.<sup>366</sup>



Léaráid 7: Léiriú den dráma *The Workhouse Ward*.<sup>367</sup>

<sup>364</sup> *Ibid.*, 220.

<sup>365</sup> Gregory, *The Comedies...*, 97.

<sup>366</sup> Úsáidtear an phairilis chorportha agus cuirtear na haisteoirí i láthair ina staic ar an stáitse i ndrámáí Beckett, ach go háirithe sa dráma *Endgame*, áit a bhfeictear seanlánúin ina gcónaí i mboscaí brúscair, agus sa dráma *Happy Days*, áit a ndéantar Winne a adhlacadh ina beatha go muineál, sa chaoi is nach féidir léi aon bhall dá corp a bhogadh. Tá plé déanta ag Anthony Roche ar thionchar *The Workhouse Ward* ar shaothar Beckett agus McDonagh, ach ní aithnítear ann anáil Raiftearaí ar shaothar Gregory agus an chomaoin a d’fhág múnla an agallaimh ach go háirithe ar an mbundráma. Féach Anthony Roche, ‘Re-Working “The Workhouse Ward”’: McDonagh, Beckett and Gregory,’ *Irish University Review*, Vol. 34 No. 1 (Spring-Summer 2004) 171-184.

<sup>367</sup> Cartlann idirlín British Pathé. [www.britishpathe.com/record.php?id=84612](http://www.britishpathe.com/record.php?id=84612)

Sa dráma *Teach na mBocht*, suntasach go leor ní éiríonn siad ón leaba in aon chor agus eascraíonn ‘aicsean’ an scéil ar fad ón gcaint agus ón aighneas eatarthu. Bagraíonn siad foréigean fisiciúil ar a chéile, ach anois agus iad imithe in aois agus i laige, níl de rogha acu ach an chaint féin a úsáid le hionsaí a dhéanamh.

**Pádraig:** Is deas a rúscfainn do chnámha anois dá bhféadfainn éirí, ach cuimhnigh, a bhithiúnaigh, an léasadh breá a thug mé duit deich mbliana fichead ó shin ag aonach Dhúin Mhóir a d’fhág do chaincín sróna brúite briste ó shin.

**Colm:** Nach breá fada an chuimhne atá agat! Ach ná dearmad an lá a chaith mé thusa anuas de bharr an droichid ins an abhainn mhóir.<sup>368</sup>

Úsáidtear an chuimhne agus an focal labhartha le hionsaí a dhéanamh agus samhlaítear dóibh go bhfaigheann siad an ceann is fearr ar a chéile in athuair nuair a thagraíonn siad dá mbruíonta brúidiúla. Tá gearradh iontach sa chaint ann agus tá cuid den chomhrá fíorchliste agus fíorbharrúil.

**Pádraig:** (*ag éirí ina leaba*) Níor luigh mise riamh trí huair den chlog ar lár na sráide lá aonaigh is mé ar deargmheisce gur thóg na *Peelers* leo go dtí an *barracks* mé.

**Colm:** Is fíor duit sin. Ní hí an mheisce ná aon rud leath chomh geanúil léi a thug thusa chun na *barracks* ach ag brath is ag spideoireacht agus ag insint bréag ar na comharsana.<sup>369</sup>

Fuintear greann an dráma as deisbhéalacht na beirte agus iad ag ionsaí a chéile. Is beag iarracht a dhéantar pearsantachtaí na beirte a shoiléiriú nó iad a dheighilt óna chéile agus níl iontu dáiríre ach uirlisí a úsáidtear leis an argóint a chur i láthair. Tá iomaíocht thaitneamhach an allagair mar chroílár an dráma seo agus feictear an pléisiúr a bhí le baint as an tsáraíocht agus as an sciolladóireacht. In alt ar nádúr agus stíl an *flyting* nó an t-aighneas fileata, tugadh suntas don chaidreamh sainiúil seo idir céilí comhraic an agallaimh.

In a verbal duel there may sometimes be an ambiguity about this heightened language of abuse: Virulent, but yet in a strange way almost affectionate, as if the adversaries enjoyed a kind of ‘joking relationship.’<sup>370</sup>

Feictear tréith shainiúil de chuid an agallaimh anseo chomh maith sa bhriatharchath, sa chaoi is go dtógtar ar an argóint agus go ndéantar ionsaí as an nua san aisfhreagra go minic. *Stichomythia* a thugtar ar an gcineál comhrá seo, ‘in which two opposing interlocutors repeatedly turn what their opponent has said around to make it the pretext

---

<sup>368</sup> Ní Mhuircheartaigh agus Mac Congáil, *Drámaí thús na hAthbheochana...*, 216.

<sup>369</sup> *Ibid.*

<sup>370</sup> Douglas Gray, ‘Rough Music: Some Early Invectives and Flytings,’ *The Yearbook of English Studies*, Vol 14 (1984) 30.

for a fresh attack. The argument feels as if it will be never-ending.<sup>371</sup> Feictear an dinimic áirithe sin ag feidhmiú sa bhriatharchath seo agus an chaint anonn is anall eatarthu.

**Pádraig:** Bhí lúth mo chos agam aon uair amháin, rud nach raibh agatsa riamh. Nár dhúirt Nóra Ní Bhriain fadó go mb'fhearr an damhsa a dhéanfá do chosa a fhágáil san mbaile is damhsa ar do cheann?

**Colm:** Ach céard a dúirt Nóra nuair a chonaic sí thusa do do thochas agus do do scríobadh féin ag an aifreann, dúirt sí nach raibh cailín ins na seacht bparóistí nach scanrófá.

**Pádraig:** Nach breá nár scanraigh mé Sorcha Rua nuair a shíl tú go raibh sí agat féin.

**Colm:** Agus an créatúr, ba bheag de shólás an tsaoil a bhí aici ina dhiaidh sin.<sup>372</sup>

Tá dinimic den chineál céanna le feiscint san agallamh 'An Sotach agus a Mháthair,' agallamh a bhí cloiste go minic ag de hÍde agus ar fhoilsigh sé leagan de sa leabhar *Abhráin Diadha Chúige Connacht*.

**An Chailleach:** Maidir le duais ná luaigh é ar aon chor,  
Ó d'athair ní bhfuairas dualgas béile;  
dada gan aird ach náire shaolta  
ag sagairt is ag bráithre do mo chrá is do mo chéasadh.

**An Sotach:** Siúd an fáth a chráigh is a cheas tú,  
ar bíonn an lán de na mnáibh díchéillí;  
ag gabháil le fear gan chead gan chomhairle,  
gan stiúir gan smacht gan chead gan pósadh.

**An Chailleach:** I gcúrsa an cháis sin fág thar héis é,  
ná cloiseadh a lán do ráite ar aon chor;  
ní fhacas fós bean óg ná aosta  
le dúil sa geleas ná déanfadh beart ba chlaoine.

**An Sotach:** Maidir le claoine ...<sup>373</sup>

Aithnítear go raibh tionchar nach beag ag cnuasaigh de hÍde ar ghluaiseacht drámaíochta an Bhéarla, ar shaothar Synge ach go háirithe,<sup>374</sup> ach is léir go bhfuil lorg na n-ealaíon béil le sonrú sa dráma *Teach na mBocht* freisin. Cosúlacht eile idir an dá théacs ná an tuiscint go raibh lucht éisteachta ag an aighneas a bhain spórt agus taitneamh as allagar gangaideach na beirte. Cuireann reacaire anaithnid an t-agallamh idir 'An Sotach agus a Mháthair' i láthair. Ní ghlacann sé páirt sa chomhrá féin ach

---

<sup>371</sup> Mick Wallis & Simon Sheperd, *Studying Plays*, (London: Arnold, 1998) 44.

<sup>372</sup> Ní Mhuircheartaigh agus Mac Congáil, *Drámaí thús na hAthbheochana...*, 216.

<sup>373</sup> Marion Gunn (eag.) *A Chomharsain Éistigí agus amhráin eile as Co. an Chláir* (Baile Átha Cliath, An Clóchomhar, 1984) 44.

<sup>374</sup> Féach Declan Kiberd, *Synge and the Irish Language* (London and Basingstoke: Macmillan Press, 1979)

tugann sé le fios gur stad sé, gur éist sé go fonnmar leis an mbriatharchath agus gur ‘sháigh sé faoi chéile iad.’<sup>375</sup>

D’éisteas go ciúin, ní dúras aon rud,  
Ach ag leagadh mo shúil go dlúth le chéile,  
Ba mhinic ar fán le fáth fir réitigh,  
Dheineas mo gháire is shás faoi chéile iad.

Spéisiúil go leor tá a leithéid le feiscint sa dráma *Teach na mBocht* freisin agus guthanna anaithnide ag éisteacht leis an mbeirt ó imeall an stáitse agus á ngríosú chun troda.

**Guth:** (*as leaba ar thaobh Phádraig*) O, murder! Sin an péire ag tosú arís.

**Guth eile:** Éist do bhéal agus beidh an-spórt againn.

... **Guth:** Lean de, a Choilm.

**Guth eile:** Ná lig le Colm é, a Phádraig.<sup>376</sup>

Mar a luadh cheana, ó thaobh ábhair agus foirme is dráma thar a bheith neamhghnách a bhí in *Teach na mBocht* sa tréimhse sin. Drámaí éadroma neamhúrchóideacha faoi chúrsaí cleamhnais le neart ceoil agus rince is mó a bhí in uachtar ag an am. Is cosúil nár éirigh go rómhaith le *Teach na mBocht* nuair a stáitsíodh é don chéad uair i nGaeilge agus dúirt Gregory faoi:

... the little play, when we put it on at the Abbey, did not go very well. It seemed to ravel out into loose ends, and we did not repeat it; nor did the Gaelic players like it as well as *The Marriage* and *The Lost Saint*.<sup>377</sup>

Cuimhneofar, áfach nár mhór lucht éisteachta géarchúiseach go maith le taitneamh agus tuiscint a bhaint as an dea-chaint ann. Bhíodh lucht féachana na ndrámáí i mBaile Átha Cliath ag an am ar bheagán Gaeilge go minic agus ní haon ionadh mar sin nach dtaitneodh a leithéid seo de dhráma leo. Leis an mbéim ar fad ar chlisteacht na cainte agus an stíl gheamaireachta a raibh cleachtadh acu uirthi go hiomlán in easnamh, is ar éigean a thuig lucht féachana cathrach é.

Rinne Lady Gregory athscríobh iomlán ar an dráma tamall de bhlianta ina dhiaidh sin agus d’fhoilsigh sí faoin teideal *The Workhouse Ward* é. Spéisiúil go leor bhain sí amach na guthanna eile a bhí le cloisteáil sa bhundráma Gaeilge, rud a chuir béim níos láidre fós ar an gcaint choimhlinteach idir an bheirt seanfhear. Agallamh níos fuinte a bhí mar thoradh ar an eagarthóireacht seo, dar léi.

... it was a complete re-writing, for the two old men in the first play had been talking at an imaginary audience of other old men in the ward. When this was

---

<sup>375</sup> Is é an t-aistriúchán a rinne de hÍde air seo ná ‘I had my laugh, and I set them at one another.’ *Abhráin Diadha Chúige Connacht* (1906), 299.

<sup>376</sup> Ní Mhuircheartaigh agus Mac Congáil, *Drámaí thús na hAthbheochana...*, 214.

<sup>377</sup> Gregory, *Our Irish Theatre...*, 89.

done away with the dialogue became of necessity more closely knit, more direct and personal ...<sup>378</sup>

Tá rian an agallaimh le sonrú ar an leagan Béarla den dráma chomh maith. Arís, tabharfar faoi deara faoin dráma gur beag gníomhaíocht nó gluaiseacht atá ann agus an bheirt sna leapacha taobh lena chéile. Tá rithim nó foirm an agallaimh ag baint leis an gcomhrá sa chaoi is go roinntear an chaint go cothrom eatarthu don chuid is mó. Cé nach bhfuil rannaíocht nó rím chinnte in úsáid, tá rithim ag baint leis an gcomhrá. Ní comhrá nádúrtha é ach caint shaothraithe agus é anonn is anall idir an bheirt agus an fad céanna ag na haisfhreagraí go minic, mar a bheadh rann ceithre líne an duine acu.

**Mike McInerney:** Is it sitting up by the hearth you are wishful to be, Michael Miskell, with cold in the shoulders and with speckled shins? Let you rise up so, and you well able to do it, not like myself that has *pains the same as tin-tacks within in my inside*.

**Michael Miskell:** If you have *pains within in your insides* there is no one can see it or know of it the way they can see my own knees that are swelled up with rheumatism, and my hands that are twisted in ridges the same as an old cabbage stalk. It is easy to be talking *about soreness and pains*, and they maybe not to be in it at all.

**Mike McInerney:** To open me and to analyse me you would know what sort of *pain and a soreness* I have in my heart and in my chest. But I'm not one like yourself to be cursing and praying and tormenting the time the nuns are at hand, thinking to get *a bigger share than myself* of the nourishment and of the milk.

**Michael Miskell:** That's the way you do be picking at me and faulting me. *I had a share and a good share* in my early time, and it's well you know that, and *the both of us reared in Skehanagh*.

**Mike McInerney:** You may say that, indeed, *we are both of us reared in Skehanagh*. Little wonder you to have good nourishment the time we were both rising, and *you bringing away my rabbits out of the snare*.

**Michael Miskell:** And *you didn't bring away my own eels*, I suppose, I was after spearing in the Turlough? Selling them to the nuns in the convent you did, and letting on they to be your own.<sup>379</sup>

Tógann siad suas caint a chéile freisin san allagar agus tá teicníc an *stichomythia* le feiscint arís ann, rud a chuireann le rithim na cainte. Tá an chosúlacht ar an scéal go raibh Lady Gregory ag déanamh aithrise anseo ar theicnící a bhí tugtha faoi deara aici sna hagallaimh. Tá mar a bheadh ceangal nó athrá ó véarsa go chéile, tréith a bhaineann leis an litríocht bhéil agus ciúta liteartha a chabhraigh leis an téacs a thabhairt chun cuimhne. Bhí roinnt agallamh curtha i gcló ag de hÍde, agus aistriúchán próis i mBéarla taobh leo, faoin am ar scríobhadh an dráma seo, 'Agallamh Raiftearaí leis an mBás,' 'Agallamh an Phótaire leis an Uisce Beatha,' 'An Sotach agus a Mháthair,' mar shampla. Cuimhneofar chomh maith nach mbeadh ar chumas Lady Gregory bunleagan

---

<sup>378</sup> Gregory, *Our Irish Theatre...*, 90.

<sup>379</sup> Gregory, *The Comedies...*, 97. [Liomsa an bhéim]

*An Siota agus a Mháthair* a léamh agus gur mó seans gurbh iad aistriúcháin phróis de hÍde a bhí mar ábhar inspioráide aici. Má bhreathnaítear ar an aistriúchán a d'fhoilsigh de hÍde taobh leis an mbunleagan feictear an t-athrá, an rithim agus an patrún cainte céanna in úsáid. Níl véarsaíocht nó rím in úsáid san aistriúchán Béarla ach coinnítear rithim na cainte leis an *stichomythia* agus an argóint leanúnach.

The Hag: As for reward, do not mention it on any account,  
From your father I never got a reward or a meal.  
Or anything of what-was-honourable, but only wordly shame,  
From priests and friars ruining me and torturing me.

Lout: That is the cause that ruined and tormented you,  
A's be's [the way with] a number of silly women,  
Going with a man without leave or counsel,  
Who plays his game without respect, without marriage.

Hag: As for that case, leave it after you,  
Let not on any account many hear you say it,  
And such numbers of young women, married and single,  
with liking for the game who do a turn more crooked.

Lout: As for crookedness, it was that was your right,  
Asking for alms on the side of the roads,  
For sure and certain unless I got some relief  
But I shall go to the churchyard with very-despair.<sup>380</sup>

‘That is the cause that ruined and tormented you’ a deir an Siota lena mháthair san aistriúchán. ‘That’s the way you do be picking at me and faulting me,’ a deir Michael Miskell lena leathbhádóir sa dráma *The Workhouse Ward*. Is léir go ndearna Gregory iarracht an teicnic seo a chur i bhfeidhm sa dráma, agus go bhfuil an-chosúlachtaí ó thaobh stíle, idir aistriúchán de hÍde agus an dráma.

Bhí alt scríofa ag Lady Gregory ar an iomarbhá fhíochmhar a bhí idir Raiftearaí agus muintir Uí Challanáin<sup>381</sup> agus baintear macalla as an iomarbhá sin in ionsaithe na beirte ar a chéile sa dráma. Go deimhin, mhair cáil an aighnis fhileata sin i seanchas an phobail. Fiú agus na filí iad féin ar shlí na firinne le fada, bhain beocht, abarthacht agus tráthúlacht lena n-argóintí fileata, dar léi. ‘I think the greater number of the “Contentions” between Raftery and his fellow poets were never written down; but the country people still discuss them with all the eagerness of partisans ...’<sup>382</sup> Chuir sí an-spéis san iomaíocht agus sa choimhlint a bhí idir filí éagsúla agus iad ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar a chéile agus bhailigh sí roinnt rannscéalta faoi Raiftearaí agus a chomhfhilí agus a gcuid ionsaithe deisbhéalacha ar a chéile.

---

<sup>380</sup> Hyde, *Abhráin Diadha Chúige Connacht*, Cuid II, 300-1.

<sup>381</sup> Lady Gregory, ‘Rival Poets’ *The Irish Homestead’s Celtic Christmas* (8 December 1900) 14-16.

<sup>382</sup> Gregory, *Poets and Dreamers...*, 22.



‘[H]e and Raftery would meet at fairs and weddings, and be trying which would put down the other,’ I am told of an ‘attack’ they made on each other one day on the fair green of Cappaghtagle.<sup>383</sup>

Thug Lady Gregory féin cuntas ar argóint a chuala i dTeach na mBocht faoi Raiftearaí agus Marcus Ó Callanáin:

One winter afternoon as I sat by the fire in a ward of Gort Workhouse, I listened to two old women arguing about the merits of two rival poets they had seen and heard in their childhood. One old woman, who was from Kilchreest, said “Raftery hadn’t a stim of sight; and he travelled the whole nation; and he was the best poet that ever was, and the best fiddler ... The other woman, who was from Craughwell, said: “Callinan was a great deal better than him; and he could make songs in English as well as in Irish; Raftery would run from where Callinan was.”<sup>384</sup>

Is ródhócha gur spreag an t-aighneas seo a chonaic sí i dTeach na mBocht í agus an dráma seo á scríobh aici agus cuirtear Raiftearaí féin i gcuimhne dúinn sa chéad chúpla líne nuair a thagraítear do ‘loirgne breaca’<sup>385</sup> na bhfear. Tá anáil Raiftearaí le haireachtáil go láidir ar fhriotal an dráma chomh maith. Sa sliocht seo tá Mike McInerney agus cur síos á dhéanamh aige ar an suaimhneas, agus an só a bheadh aige dá n-imeodh sé in éineacht lena dheirfíúr:

Mike McInerney: (*In a rising chant*) Every good thing! The goat and the kid are there, the sheep and the lamb are there, the cow does be running and she coming to be milked! Ploughing and seed sowing, blossom at Christmas time, the cuckoo speaking through the dark days of the year! Ah, what are you talking about? Wheat high in hedges, no talk about rent! Salmon in the rivers as plenty as turf! Spending and getting and nothing scarce! Sport and pleasure, and music on strings! Age will go from me and I will be young again. Geese and turkeys for the hundreds and drink for the whole world!<sup>386</sup>

Tá línte sa sliocht sin ar aistriúcháin focal ar fhocal iad ar dhánta Raiftearaí – mar shampla as ‘Cill Liadáin’ agus ‘Uilliam Ó Ceallaigh.’<sup>387</sup>

---

<sup>383</sup> *Ibid.*, 23.

<sup>384</sup> *Ibid.*, 15.

<sup>385</sup> Luann Mike McInerney ‘speckled shin’ in Lady Gregory, *The Workhouse Ward* (London: G.P. Putnam’s Sons, 1935) 7. Bhí tagairt déanta ag Lady Gregory in alt eile do rann a chum Seán de Búrca faoi Raiftearaí – ‘Raifteri poet agus a luirgne breac, ag seinm ceoil le stréigeachaibh cait!’ Douglas Hyde eag., *Abhráin agus Dánta an Reachtabhraigh* (Baile Átha Cliath: Clóchuallacht Chathail Teoranta, 1933). Luaite chomh maith in Gregory, *Poets and Dreamers...*, 23.

<sup>386</sup> Gregory, *The Workhouse Ward...*, 17.

<sup>387</sup> Douglas Hyde, *Abhráin atá Leagtha ar an Reachtúire: Songs ascribed to Raftery* (Irish University Press: Shannon, 1973) 98. Sciobadh línte ó dhánta eile freisin. Mar shampla ón dán Úna Ní Chatháin, ‘Treabhadh is siolchur’ (Ploughing and seed sowing); ‘Caitheamh is fáil is gan dadaidh gann’ (Spending and getting and nothing is scarce). Féach Ciarán Ó Coigligh eag., *Raiftearaí: Amhráin agus Dánta* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1987) 89.

Raiftearaí	Aistriúchán de hÍde	Téacs an dráma
Tá mionáin ag gabhar a's bainbh ag an gcéis ann, S' an loiligheach ag géimnigh ag triall ar an mnaoi. (102)	The goat has kids, the sow has bonhams, And the milch-cow is lowing as she goes towards the woman. (103)	The goat and the kid are there, the sheep and the lamb are there, the cow does be running and she coming to be milked!
Fá Nodlaig bíonn bláth ar na crannaibh a' fás ann (154)	At Christmas time there be's blossom on the trees growing there. (155)	Blossom at Christmas time
An chruithneacht chomh hárda a's go ndéanfadh sí fál. (154)	The wheat is so high that it would make a hedge. (155)	Wheat high in hedges
Dheamhan caint ar phighin cíosa ann ná dadaidh dá shórt. (98)	"Sorra" talk there is about a penny of rent nor anything of the kind. (99)	No talk about rent
Cnúdáin a's iasg ann chomh fairsing le móin (102)	The gurnets and fish are there as plenty as turf. (103)	Salmon in the rivers as plenty as turf!
D'imtheóchadh an aois díom agus bheinn arís óg. (98)	The age would go from me and I should be young again. (99)	Age will go from me and I will be young again.

Aithnítear an tionchar a bhí ag aistriúcháin Bhéarla de hÍde ar an ngluaiseacht drámaíochta i gcoitinne, ar an gcanúint, ar an réim agus stíl teanga a d'eascair as an aistriú focal ar fhocal, as an eachtrannú a d'imir sé ar an mBéarla sa chnuasach *Abhráin Grádh Chúige Connacht/Love Songs of Connacht*. Cuireadh tús le ré nua i litríocht na hÉireann dar le Yeats. 'The prose parts of that book were to me, as they were to many others, the coming of a new power into literature.'<sup>388</sup> Ó thaobh chúrsaí teanga agus stíle de, bhí Lady Gregory ag treabhadh an ghoirt chéanna lena drámaí tuaithe agus 'Kiltartenese,' nó a tuiscint féin ar chanúint na cosmhuintire. Ach is léir go raibh tionchar ag aistriúchán de hÍde ar *foirm* a cuid scríbhneoireachta chomh maith sa dráma seo agus go raibh tionchar nach beag ag foirm an agallaimh ar *The Workhouse Ward*. Bhí agallaimh le Raiftearaí feicthe aici ar an stáitse ag feiseanna éagsúla chomh maith agus is léir go ndeachaigh an múnla áirithe sin i bhfeidhm ar a cuid scríbhneoireachta. Ó thaobh seánra de, is cros-síolrach de shórt é, agus eilimintí d'agallamh beirte na béalairachta curtha in oiriúint d'ardán na hamharclainne.

<sup>388</sup> W.B. Yeats, *Samhain*, Deireadh Fómhair 1902, 7. Féach freisin Ó Siadhail, *Stair Dhrámaíochta na Gaeilge...*, 33 agus Kiberd, *Synge and the Irish...*, 196-7.

## J.M. Synge

### The Well of the Saints

Níorbh í Lady Gregory an t-aon duine amháin de cheannródaithe drámaíochta na hAthbheochana a chuir spéis san agallamh ná a d'fhéach le heilimintí áirithe den aighneas traidisiúnta a shníomh isteach i ndrámaí nua-aimseartha. D'aithin Kiberd go raibh Synge ag tarraingt ar 'Agallamh Oisín agus Phádraig' sna hargóintí ina dhrámaí idir baill údarásacha mheasúla den chléir agus daoine a bhí ar imeall na sochaí, tincéir i *The Tinker's Wedding* agus bacach dall i *The Well of the Saints*.

In the dialogues between Oisín and St Patrick lay the seeds of that debate between pagan and Christian which dominates *The Tinker's Wedding* and *The Well of the Saints*.<sup>389</sup>

Thug an t-agallamh sin agus frithchléireachas agus abarthacht Oisín deis chun scigmhagaidh agus baineadh taitneamh ar leith as an gcaint choimhlinteach ann. Thug de hÍde ceann don taitneamh a bhain an gnáthphobal as ionsaithe Oisín ar Phádraig agus don chontárthacht idir mallachtaí an phágánaigh aosta agus béalchráifeacht an Naoimh.

Pious as the Irish are by nature, their piety did not prevent them from taking much amusement out of the ancient poems in which Ussheen, or Ossian, quarrels with St. Patrick. They were not in the least loath to listen to the curses and vituperations of the old hero against Patrick and the clergy, and the bitterer Ossian's sayings, the greater the amusement of the audience.<sup>390</sup>

Díol suntais mar sin nár aithníodh go raibh an bunábhar agus an bunúdar céanna ag *The Well of the Saints* le Synge nuair a léiríodh ar dtús é.<sup>391</sup> In alt léi ar an miotas i saothar Synge, rianann Kate Power na cosúlachtaí idir Oisín agus an bacach bocht dall Martin sa dráma *The Well of the Saints*:

The evidence of Martin as an Oisín figure is ample. Like Oisín who spent three hundred years of his life in Tir na nÓg, the Land of Youth, Martin has been blessedly unaware of many of the effects of aging; his blindness has largely protected him from the knowledge of graying hair, withering skin, rotting teeth—the signals of human decay and approaching death. Like the Oisín who engaged in the great debates with Patrick, Martin who engages in a great argument with the Saint is old as well as blind.<sup>392</sup>

Is cinnte go bhfuil cosúlachtaí ann idir Oisín Mac Fhinn na Fiannaíochta, fé mar a léirítear é sna hagallaimh le Pádraig, agus pearsa Martin sa dráma seo. Is féidir a áiteamh, áfach, go dtéann na cosúlachtaí idir an dá shaothar níos doimhne ná sin agus

---

<sup>389</sup> Kiberd, *Synge and the Irish...*, 103.

<sup>390</sup> Douglas Hyde, *Abhráin Diadha Chúige Chonnacht Cuid I* (Dublin: M.H. Gill & Son, Ltd, 1906) 207.

<sup>391</sup> Luann Kate Powers gur shíl Joseph Holloway gur mhaslaigh an dráma seo Éire agus go ndúirt sé 'To call it Irish is distinctly a libel on our race and country.' Féach Kate Powers 'Myth and the Journey in The Well of the Saints,' *Colby Quarterly*, Vol. 26, No. 4 (December 1990) 234.

<sup>392</sup> Powers, 'Myth and the Journey...', 234.

go mbaintear macalla as friotal agus foirm an agallaimh chomh maith. Ag buaicphointe an dráma feictear an Naomh agus Martin agus iad in adharca a chéile.

**Saint:** (*coming close to Martin Doul and putting his hand on his shoulder*)  
Did you never hear tell of the summer and the fine spring in places where the holy men of Ireland have built up churches to the Lord, that you'd wish to be closed up and seeing no sight of the glittering seas, and the furze is opening above, will soon have the hills shining as if it was fine creels of gold they were, rising to the sky?

**Patch:** That's it, holy father.

**Mat Simon:** What will you say now, Martin Doul?

**Martin Doul:** I'll say it's ourselves have finer sight than the lot of you, and we sitting abroad in the sweetness of the warmth of the night (*the Saint draws back from him*), hearing a late thrush, maybe, and the swift crying things do be racing in the air, till we do be looking up in our own minds into a grand sky, and seeing lakes, and broadening rivers, and hills are waiting for the spade and plough.<sup>393</sup>

Cloistear guthanna eile ag séideadh faoin mbeirt le tabhairt faoina chéile i gceart, ach ní ghlacann siad páirt sa chomhrá féin agus níl d'fheidhm acu ach adú leis an achrann. Cé go mbaineann argóint Martin leis an Naomh le radharcanna áille, leanann sé an múnla céanna le hAgallamh Oisín agus Phádraig agus an t-easaontas i dtaobh chúrsaí ceoil ach go háirithe.

**Pádraig:** Ní chúalais a gcomhmaith do cheól  
ó thús domhain mhóir gus anocht  
tá tú ársaidh aimhglic liath  
gé do dhíoltá cíar ar cnoc ...

**Oisín:** Do-chúal ceól as fearr no an ceól  
ge mor mholus tú in chlíar  
sgalgarnach luin Leitreach Laoí  
's a' faoidheadh do-níodh an Dord Fían.

Smólach guithbhinn Ghleanna in Sgáil,  
monghar na mbárc búain ré trácht  
budh binne liom trossd na gcon  
ná do sgol, a chleirigh cháidh.<sup>394</sup>

Feictear an dinimic chéanna sa dá argóint. Molann an Naomh ceol na heaglaise agus deir sé nár chuala Oisín a leithéid riamh ina shaol. San aisfhreagra ó Oisín, deir sé go bhfuil ceol níos deise ná sin cloiste aige agus leanann cur síos fada ar cheol na n-éan agus na Féinne. An múnla ceannann céanna atá le sonrú ar argóint Martin agus an Naoimh. Áitíonn an Naomh go bhfuil radharcanna áille ar fud na tíre, áit ar bhunaigh fir naofa séipéil agus mainistreacha. Freagraíonn an seanóir bocht dall, nó an 'poor blind

---

<sup>393</sup> J.M. Synge, 'The Well of the Saints' *The Complete Plays* (London: Eyre Methuen, 1981) 166-7.

<sup>394</sup> LVII in eag. Gerard Murphy *Duanaire Finn: The Book of the Lays of Fionn II* (London: Irish Texts Society, 1933) 204.

sinner' mar a thugtar air, go bhfuil radharcanna (nó fuaimneanna) níos deise ná sin ann sa saol agus déanann cur síos ar aoibhneas an nádúir don dall. Feictear béim ar leith ar na céadfaí sa dá théacs agus tagairtí don smólach binn iontu araon. Is minic Oisín sna hagallaimh seo le Pádraig ag clamhsán faoi chlog Naomh Pádraig agus é 'ag eisdeacht re ceol na gclog as me um sheanoir bhocht dhall.' Sa laoi 'Faoidh cluig do-chuala an Druim Dheirg,' chomh maith is é an clog bun is barr an aighnis eatarthu agus deir Oisín go bhfuil sé cráite agus céasta ag ceol an chloigín. 'Cía in trú chleirighso shíar bheanus a cluigin go dian' a deir Oisín, nó mar a foilsíodh é san aistriúchán in *Dunaire Finn II*, 'Who is this miserable cleric to the west, who rings his little bell violently.'<sup>395</sup> I radharc amháin in *The Well of the Saints*, feictear Martin agus é ag teitheadh ó chlog an Naoimh:

**Martin Doul:** What's that is sounding in the west?

*A faint sound of a bell is heard.*

...

**Martin Doul:** *(with dismay)* It's the old Saint, I'm thinking, ringing his bell.

Ó thaobh ábhair agus friotail mar sin, is léir go raibh Synge ag tarraingt ar 'Agallamh Oisín agus Phádraig' agus an dráma seo á scríobh aige. Bhain sé leas as gnéithe eile d'ealaín na béalareachta ag fíorthús an dráma chomh maith agus an bheirt bhacach, Martin agus Mary, suite cois chlaí ag caint is ag cabaireacht. Bhí cur amach ag Synge ar an agallamh 'An Siota agus a Mháthair' agus d'úsáid sé roinnt línte agus íomhánna as ina dhráma *The Tinker's Wedding*.<sup>396</sup> Feictear an chaint thomhaiste rithimiúil chéanna a bhí ag Lady Gregory in *The Workhouse Ward* in úsáid ag Synge anseo ag fíorthús an dráma, agus mar a bheadh rann an duine ag an mbeirt bhacach. Tá teicníc an *stichomythia* le haithint air freisin, agus athrá nó ceangal agus an chaint anonn is anall eatarthu:

**Martin Doul:** What way wouldn't it be warm and it getting high up in the south? You were that length plaiting your yellow hair you have the morning lost on us, and the people are after *passing to the fair of Clash*.

**Mary Doul:** *It isn't going to the fair*, the time they do be driving their cattle and they with a litter of pigs maybe squealing in their carts, they'd give us a thing at all. It's well you know that, but *you must be talking*.

**Martin Doul:** *If I didn't talk* I'd be destroyed in a short while listening to the clack you do be making, for you've a *queer cracked voice*, the Lord have mercy on you, if it's fine to look on you are itself.

---

<sup>395</sup> Gerard Murphy eag. *Dunaire Finn II* (London: Irish Texts Society, 1933) 178.

<sup>396</sup> Féach Kiberd, *Synge and the Irish Language...*, 144.

**Mary Doul:** *Who wouldn't have a cracked voice sitting out all the year in the rain falling...*<sup>397</sup>



Léaráid 8: Léiriú de chuid Druid den dráma *The Well of the Saints*.<sup>398</sup>

Tá sé ríspéisiúil gurbh iad lucht drámaíochta an Bhéarla, leithéidí Yeats, Alice Milligan, Lady Gregory agus Synge, is mó a tharraing ar ealaín an agallaimh in Aimsir na hAthbheochana agus a d'fhéach leis na healaíona béil a athmhúnlú agus cruth drámatúil a chur orthu. Cé go bhfuil anáil an allagair le brath ar shaothar Milligan, Gregory agus Synge, tharraingíodar gnéithe éagsúla den agallamh fileata chucu agus is mór idir a gcuid drámaí, ó thaobh foirme agus stíle. Bhunaigh Milligan a cuid drámaí ar leaganacha scríofa 'Agallamh Oisín agus Phádraig' ach go háirithe, agus bhéimnigh sí an toise rómánsúil, gaisciúil den eachtra agus rinne maolú dá réir ar an ngreann, áibhéil agus ar an gcoimhlint sa bhriatharchath. Ó thaobh ábhair, d'fhéadfaí a áiteamh gur chloígh sí go dílis leis na laoithe Fiannaíochta mar bhunús dá saothar, ach gur fágadh gnéithe áirithe de choimhlint agus de spiorad an allagair ar lár. D'imir agallaimh Raiftearaí agus 'An Siota agus a Mháthair' tionchar ar shaothar Lady Gregory, ach suntasach go leor ní leaganacha scríofa amháin de na hagallaimh a tháinig faoina bráid, agus thagair sí go minic do bheogacht agus drámatúlacht na n-agallamh ar ardán na Feise. Murab ionann agus Milligan, ó thaobh ábhair, níor chloígh sí le suíomh ná le hábhar a tógadh ó agallaimh thraidisiúnta ina saothar, ach d'éirigh léi spiorad an allagair agus ealaín na sáraíochta a thabhairt léi agus a shní isteach i ndrámá nuachumtha.

---

<sup>397</sup> Synge, *The Complete Plays...*, 132. [Liomsa sa bhéim]

<sup>398</sup> Ó shuíomh idirlín Druid. [www.druidsynges.com/theplays/the-well-of-the-saints](http://www.druidsynges.com/theplays/the-well-of-the-saints)

## *Caibidil 3*

# **Allagar an bhéil bheo**

*Allagar, air, m., true and distinct pronunciation, fluency of speech and proper accent; a contention, a play (Long); a. cainnte, loud, half-angry talk; act of contending in words; bhíodar ag a. le chéile, they were contending loudly with one another.<sup>399</sup>*

---

<sup>399</sup> Rev. Patrick S. Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Dublin: Irish Texts Society, 1996) 35.

Is de dhlúth agus d'inneach thraidisiún na béalairachta an chaint choimhlinteach fhórsúil fhuinniúil. Ina leabhar ceannródaíoch *Orality & Literacy: The Technologizing of the Word* rianann Ong comharthaí sóirt agus saintréithe an chultúir bhéil. An bhuntéis atá aige ná nach ionann an tuiscint atá ag duine ar an bhfocal i gcultúr liteartha agus cumhacht nó buanna an fhocail i gcultúr béil. Dealáíonn an scríbhneoireacht an teachtaireacht ón teachtaire, an urlabhra ón urlabhraí, agus bronnann beatha úr ar an bhfocal ar phár, fearann atá neamhspleách ar bhéal an duine. Ní mar sin don chultúr béil, áit a mbíonn cór ilghuthach in iomaíocht lena chéile. Is i ngeall ar an mbundifríocht seo a bhíonn an ghné choimhlinteach chun tosaigh sa traidisiún béil, dar leis.

Many, if not all, oral or residually oral cultures strike literates as extraordinarily agonistic in their verbal performance and indeed in their lifestyle. Writing fosters abstractions that disengage knowledge from the arena where human beings struggle with one another. It separates the knower from the known. By keeping knowledge embedded in the human lifeworld, orality situates knowledge within a context of struggle. Proverbs and riddles are not used simply to store knowledge but to engage others in verbal and intellectual combat: utterance of one proverb or riddle challenges hearers to top it with a more apposite or a contradictory one.<sup>400</sup>

Ceann de shaintréithe na béalairachta is ea an claonadh chun iomaíochta agus an dúil san allagar. Bíonn an chaint agus na scéalta sa traidisiún béil *agonistically toned*, mar a deir sé, agus béim ar leith ar an gcoimhlint sna heachtraí agus san fhriotal féin. Ní le foréigean fisiciúil amháin a chuirtear carachtair i gcoimhlint lena chéile, agus go mion minic is le clisteacht cainte agus abarthacht a léirítear gaisciúlacht an laoih.

Bragging about one's own prowess and/or verbal tongue-lashings of an opponents figure regularly in encounters between characters in narrative: in the *Iliad*, in *Beowulf*, throughout medieval European romance, in the *Mwindo* Epic and countless other African stories, in the Bible, as between David and Goliath.<sup>401</sup>

Feiniméan í an chaint choimhlinteach seo atá le haithint ar an traidisiún béil i gcoitinne, ó sheaneipicí na hEorpa anuas go dtí cleachtais chultúrtha chomhaimseartha i ngrúpaí eitneacha éagsúla ar fud na cruinne. Áitíonn Huizinga ina leabhar ar an súgradh i gcultúir éagsúla, gur de nádúr an duine an dúil i gcomórtais chainte agus i mbriatharchathanna.

This boosting of one's own virtue as a form of contest slips over quite naturally into contumely of one's adversary, and this in its turn becomes a contest in its own right. It is remarkable how large a place these bragging and scoffing matches occupy in the most diverse civilizations. Their play-

---

<sup>400</sup> Walter Ong, *Orality & Literacy: The Technologizing of the Word* (London & New York: Methuen & Co. Ltd, 1989) 44.

<sup>401</sup> Ong, *Orality & Literacy...*, 44.



character is beyond dispute: we have only to think of the doings of little boys to qualify such slanging-matches as a form of play.<sup>402</sup>

Téann an dúil san iomaíocht agus in argóintí spráíúla i bhfoirm véarsaíochta chomh fada siar is atá siar ann dar le Huizinga.

Greek tradition has numerous traces of ceremonial and festal slanging-matches. The word *iambos* is held by some to have meant originally “derision”, with particular reference to the public skits and scurrilous songs which formed part of the feasts of Demeter and Dionysus.<sup>403</sup>

Tá rian na gcoimhlintí seo le haithint ar thuiscintí idirnáisiúnta ar ról an fhile, an fhilíocht mholta agus an aoir, a bhí mar shainseánraí na filíochta béil. Feictear an tréith chéanna i ndíospóireachtaí ársa na Gréige agus aithneofar gurb é an briatharchath atá mar bhunchloch ag córas dlíthiúil an domhain thiar, áit a gcuirtear an dá thaobh in adharca a chéile nó go bhfaigheann cainteoir amháin an ceann is fearr ar an gcainteoir eile. Briatharchathanna nó ‘verbal contests’<sup>404</sup> iad seo a bhfuil ealaín na béalairachta mar dhúshraith acu ar fad agus maireann cuid acu go fóill i riochtaí éagsúla ar fud an domhain: ‘For as Ong has shown, the agonistic heritage lingered and continues to linger in many areas of cultural life, and not least of all in our modes of discourse.’<sup>405</sup>

Ní mór sainmhíniú a dhéanamh ar dtús ar an rud a thuigtear le comhrac béil nó ‘verbal duel’ i dtraidisiún na béalairachta agus féachaint ar na tuiscintí agus gnásanna a bhaineann leo mar chleachtais chultúrtha go hidirnáisiúnta. ‘[T]he competitive exchange of usually obscene insults and invective between at least two parties’<sup>406</sup> an cur síos a bhí ag an *Encyclopedia of Language and Linguistics* ar ‘verbal conflicts.’ Is í Valentina Pagliai a rinne an sainmhíniú is iomláine agus is sásúla ar shaintréithe an tseánra, dar liom.

I would like to propose a relatively open and inclusive definition of verbal duels as a genre of argumentative language that entails exchanges between two persons, parties, or characters that challenge each other to a performative display of verbal skillfulness in front of an audience. The dialogic form is fundamental to all verbal duels. Differing from other genres, dialogue in verbal duels is always argumentative. Some kind of opposition of different views is necessary. Yet this is true of any form of debate and argumentative language. In addition, in verbal dueling there is stress on the performance, the display, and the search for a public witnessing. At the same time, in verbal duels there is also a heightening of the poetic dimension of language.<sup>407</sup>

---

<sup>402</sup> Johan Huizinga, *Homo Ludens: A Study of the Play-Element in Culture* (London: Routledge & Kegan Ltd, 1980) 65.

<sup>403</sup> Huizinga, *Homo Ludens...*, 68.

<sup>404</sup> Ward Parks, ‘Flyting, Sounding, Debate: Three Verbal Contest Genre,’ *Poetics Today*, Vol.7, No. 3 (1986), 456.

<sup>405</sup> *Ibid.*

<sup>406</sup> Marco Jacquemet luaithe in Valentina Pagliai, ‘The Art of Dueling with Words: Toward a New Understanding of Verbal Duels across the World,’ *Oral Tradition*, 24/1 (2009) 61.

<sup>407</sup> Pagliai, ‘The Art of Dueling...’, 63.

Cé nach ionann i gcónaí cruth, cur i láthair nó feidhm na gcomhrac seo i gcultúir éagsúla, feictear na buntréithe seo go forleathan ar fud na cruinne. Allagar nó argóint a chuirtear i láthair os comhair lucht éisteachta, a léiríonn deisbhéalaíocht agus abarthacht na gcainteoirí agus a leagann béim ar leith ar fhileatas na cainte atá i gceist. Déantar cuid acu a chumadh ar an bpointe nó *extempore* agus ullmhaítear agus cleachtaítear roimh ré iad i dtraidisiúin eile. Cantar cuid acu agus bíonn tionlacan ceoil leo ach is a bhfoirm véarsaíochta nó próis atá roinnt eile. Tá éagsúlacht ag baint leis na rannpháirtithe chomh maith – fir amháin a ghlacann páirt i gcultúir áirithe, *contrasto* na hIoldáile nó *dozens* Mheiriceá, mar shampla. I gcultúir eile cuirtear fir agus mná in adharca a chéile. Déanann Huizinga cur síos ar ghnásanna cúirtéireachta san Afraic, mar shampla, áit a gcantar amhráin fhonóideacha spráúla mar chuid de dheasghnátha an phósta. Cluiche nó nathaíocht atá sna hargóintí seo atá ag brath go mór ar an struchtúr dialógach, le fir agus mná ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar a chéile le clisteacht a gcuid cainte.

The inhabitants of Central Buru, also called Rana, practise a form of ceremonial antiphony known as *Inga fuka*. The men and women sit facing one another and sing little songs, some of them improvised, to the accompaniment of a drum. The songs are of a mocking and teasing nature ... The songs are always in the form of strophe and antistrophe, thrust and counter-thrust, question and answer, a challenge and a rejoinder. Sometimes they resemble riddles.<sup>408</sup>

I Meiriceá Theas, baintear leas as véarsaí beirte agus comhrac béil le caitheamh anuas ar bhail de phobail eile agus ábhar fonóide a dhéanamh díobh trí mheán an cheoil.

Throughout Latin America there exist forms of verbal dueling which are structured musically as well as verbally ... They include such forms as Spanish American *décimas*, *coplas*, and *huapangos* and Northeastern Brazilian *desafios*, as well as carnival songs in such places as Panama where a procession from one part of the town sings insults aimed at people from another part of town.<sup>409</sup>

Cé go ndírítear caint mhaslathach ar an gcéile comhraic san argóint, is léir gur le fonn spraoi agus diabhláochta a ghlactar páirt iontu. Cur i láthair atá ann atá dírithe i ndáiríre ar an tríú rannpháirtí sa chomhrac – an lucht éisteachta. Baintear leas as seifteanna éagsúla le haighneas fileata taitneamhach a léiriú – ceol, rithim, tráthúlacht, greann agus sofhriotail.

All of these forms involve competition in both musical play and verbal wit ... The singers alternate singing verses that combine fixed forms with improvised forms. There is a conventional metric and rhyme scheme. The verbal content is comical and satirical, often using double meanings.<sup>410</sup>

---

<sup>408</sup> Huizinga, *Homo Ludens...*, 122.

<sup>409</sup> Joel Sherzer, *Speech Play and Verbal Art* (Austin, University of Texas Press, 2002) 65.

<sup>410</sup> *Ibid.*

I dtraidisiún na nEiscimeach baineann feidhm chatairseach le cur i láthair na n-aighneas, sa méid is go dtugann sé ardán do dhaoine cúis ghearáin a chur in iúl os comhair an phobail. Ag féilte agus ócáidí sóisialta is minic ábhair chasaoide á bplé go poiblí i bhfoirm chomórtais amhránaíochta:

Two men involved in serious conflict could take advantage of this festival to face each other in a song duel. This was usually pre-arranged and began with one member of the pair stepping forward, holding a large caribou drum, and beginning his song ...<sup>411</sup>

Tugtar cead cainte do bhaill an phobail agus déantar ceisteanna achrannacha a phlé agus fadhbanna a réiteach ar an gcaoi seo. ‘Apart from the drumming-matches there is no form of jurisdiction whatsoever. They are the sole means of settling a dispute, there is no other way of moulding public opinion.’<sup>412</sup> Cé gur ceisteanna tromchúiseacha atá faoi chaibidil sna comórtais véarsaíochta seo, baineann tábhacht nach beag leis an ngreann agus leis an tráthúlacht chainte agus ní mór an lucht éisteachta a mhealladh san iarracht.

Since the outcome of the duel depended on the audience's reaction, much of the skill was designed to involve and excite the audience. The two opponents took turns delivering their songs, which contained mutual insults and accusations. Each contestant attempted to manipulate the reactions of the audience to his advantage. The audience's vocal responses served simultaneously as appreciation of the song and ridicule of the person who was the object of the song. The songs aimed to affirm the singer's general good character and to describe the transgressions of the opponent.<sup>413</sup>

Díol spéise an tsaoirse a bhronnann an meán féin ar rannpháirtithe agus iad ag gearradh is ag feannadh ar a chéile. Ní hionann caint mhaslaitheach sa chomhthéacs seo agus a leithéid a rá ‘sa ghnáthshaol’ agus ós rud é go mbaineann sé le fearann na n-ealaíon glactar le hiompar agus friotal nach gceadófaí sa saol laethúil.<sup>414</sup> ‘Mirth was the key to the event, and insults, accusations and self-aggrandizement - all forbidden in everyday interaction – had to be couched in humor and literary devices.’<sup>415</sup> Tagann deireadh leis an argóint nuair a chliseann an chaint ar dhuine de na rannpháirtithe is fágtar ina bhalbhán nó ina staicín áiféise é os comhair an phobail.

The opponents exchanged songs until one of the contestants was either laughed down by the audience, completely humiliated, or so angered that he was unable to reply. The appropriate conclusion to the duel was for the audience's mirth to drown the bad feelings of the opponents, who were then expected to laugh off their animosities and return to a friendly relationship.<sup>416</sup>

---

<sup>411</sup> Penelope Eckett & Russell Newmark, ‘Central Eskimo Song Duels: A Contextual Analysis of Ritual Ambiguity,’ *Ethnology* Vol. 12, No. 2 (Apr 1980), 192.

<sup>412</sup> Huizinga, *Homo Ludens...*, 85.

<sup>413</sup> Eckett & Newmark, ‘Central Eskimo Song...’, 192.

<sup>414</sup> Tá an feiniméan seo pléite ag Ruth Finnegan. Féach Ruth Finnegan, *Oral Poetry: Its nature, significance and social context* (Cambridge: Cambridge University Press, 2000) 224.

<sup>415</sup> Eckett & Newmark, ‘Central Eskimo Song...’, 192.

<sup>416</sup> *Ibid.*

Rinneadh staidéar antraipeolaíoch i bPoblacht Fhidsí ar chleachtais chultúrtha atá an-chosúil go deo le comhraic fhilíochta na nEiscimeach agus díol suime na cosúlachtaí sin i bhfianaise theoiricí Ong faoi nádúr uilíoch an allagair i dtraidisiún na béalareachta. Déantar na briatharchathanna seo a thionscain i bhFidsí ag ócáidí sóisialta nuair a thagann grúpaí eitneacha éagsúla le chéile. Tugann grúpa amháin faoin ngrúpa eile agus maslaíonn siad reiligiún, luachanna agus iompar na mball.

These performances, called "song challenges", are competitive; they take place at social gatherings where members of several religious communities are present and they involve teams of performers from two different religious groups. The content of the individual items or "challenge songs" varies greatly, but singers usually attack, insult, and slander the religion, relatives, and persons of their opponents. As the competition continues, the songs are increasingly concerned with accusations of social impotence and immorality that would, in almost any other context, provoke physical assault or other overt conflict. The social context and ground rules of these song challenges are so ordered that they create an artificial environment in which issues of great importance and sensitivity can be publicly aired. Within a rigid procedural framework and through song, rather than spoken insults, performers try to lower the prestige of their opponents and their opponents' religion. A group is defeated when its members become flustered, are unable to respond, are goaded into inappropriately vehement response, or call an end to the competition.<sup>417</sup>

Scaoileann comórtais den chineál seo cuid den teannas a bhaineann le grúpaí eitneacha éagsúla a bheith sa mhullach ar a chéile agus tugann fóram do dhaoine lena míshásamh a chur in iúl agus teacht ar réiteach d'fhadhbanna sóisialta. Ardán atá iontu chomh maith lena gcuid luachanna féin a chraobhscaoileadh agus féiniúlacht chultúrtha an phobail a fhógairt agus a dhearbhu. Baineann feidhm den chineál céanna le hamhráin áite i bPoblacht na Bolaive, áit a dtéann buíonta éagsúla in iomaíocht lena chéile le véarsaí moltacha faoina gceantar féin.<sup>418</sup> Ní gá gur naimhdeas nó fonn troda is cúis le briatharchathanna ach oiread, mar a shonraíonn Parks.

... Contests do not serve simply as a medium for the expression of hostility. Rather, as Ong argues, the point of contests has more to do with establishing and proving of selfhood. By means of the contest, the participant is able to establish identity – and particularly sexual identity – in a public way.<sup>419</sup>

Is mar chuid de theacht in inmhe an duine óig a ghlactar páirt i gcomhraic bhéil sa Tuirc. Buachaillí agus déagóirí is mó a ghlacann páirt sna hargóintí seo, ina mbíonn beirt ag boltaireacht agus ag spochadh as a chéile.

---

<sup>417</sup> Don Brenneis and Ram Padarath, "About those Scoundrels I'll let Everyone Know": Challenge Singing in a Fijian-Indian Community,' *The Journal of American Folklore*, Vol. 88, No. 349 (Jul-Sep., 1975) 283.

<sup>418</sup> Féach Thomas Solomon, 'Dueling Landscapes: Singing Places and Identities in Highland Bolivia,' *Ethnomusicology*, Vol. 44, No. 2, 257-280.

<sup>419</sup> Parks, 'Flyting, Sounding, Debate...', 440.

Among Turkish boys from about the age of eight to around fourteen, there is a traditional form of ritual insult exchange which depends upon an individual's skill in remembering and selecting appropriate retorts and provocative insults.<sup>420</sup>

Caitheann siad maslaí gáirsiúla lena chéile agus cuireann hómáighnéasacht i leith a gcéilí comhraic ach go háirithe. Fógraíonn siad a bhfearúlacht féin trí ionsaí a dhéanamh ar chlaonta gnéis óganaigh eile. Agus iad ar thairseach idir saol an pháiste agus saol an duine fhásta, cabhraíonn an deasghnáth seo leo éiginnteacht agus inní na tréimhse a láimhseáil agus cuid den teannas a mhaolú. 'The duel affords the young Turkish boy an opportunity to give appropriate vent to the emotional concomitants of the painful process of becoming a man.'<sup>421</sup>

Tá staidéar déanta ag béaloideasóirí agus ag antraipeolaithe ar chleachtais chultúrtha chomhaimseartha i gceantair uirbeacha Mheiriceá ar a dtugtar 'playing the dozens.' Briatharchathanna iad seo ina maslaíonn na rannpháirtithe máthair a gcéilí comhraic, agus déanann siad iarracht an ceann is fearr a fháil ar a chéile sa sciolladóireacht.

The Dozens is an Afro-American contest game in which two contestants, in the presence of a spurring audience of peers, try to best each other in casting aspersions on each other or each other's relatives, particularly the mother.<sup>422</sup>

Níl lucht critice agus léirmheastóireachta ar aon intinn faoi bhunús agus feidhm na n-argóintí stílithe seo. Is mar chuid de theacht chun coinlíochta an fhir ghoirm óig faoi chóras matrarcach na hÍosaicme uirbí a mhíníonn Roger Abrahams na briatharchathanna seo.<sup>423</sup> Feidhm chatairseach a shamhlaíonn Lefever leo sa méid is go gcabhraíonn siad le déagóirí a gcuid feirge a chur in iúl agus smacht a choinneáil orthu féin i lár na bruíne.<sup>424</sup> Is fianaise eile iad ar an dúil san iomaíocht atá mar shaintréith ag traidisiún na béalareachta dar le Ong. Ní argóintí a bhí iontu ach cleachtais chultúrtha a bhain le fearann is le dioscúrsa na n-ealaíon béil ó cheart.

Growing up in a still dominantly oral culture, certain young black males in the United States, the Caribbean, and elsewhere, engage in what is known variously as the 'dozens' or 'joning' or 'sounding' or by other names, in which one opponent tries to outdo the other in vilifying the other's mother. *The dozens is not a real fight but an art form, as are the other stylized verbal tongue lashings in other cultures.*<sup>425</sup>

---

<sup>420</sup> Alan Dundes, 'The Strategy of Turkish Boy's Verbal Dueling Rhymes,' *The Journal of American Folklore*, Vol. 83, No. 329 (Jul-Sept., 1970) 326.

<sup>421</sup> *Ibid.*, 349.

<sup>422</sup> Amuzie Chimezie 'The Dozens: An African-Heritage Theory' *Journal of Black Studies*, Vol. 6, No. 4 (Jun., 1976) 401.

<sup>423</sup> Roger D. Abrahams, 'Playing the Dozens,' *American Folklore Society*, Vol. 75, No. 297, 209-220.

<sup>424</sup> Harry G. Lefever, 'Playing the Dozens: A Mechanism for Social Control,' *Phylon* (1960-) Vol. 42, No. 1 (1st Qtr., 1981) 73-85.

<sup>425</sup> Ong, *Orality & Literacy*..., 44. [Liomsa an bhéim.]

Aithníodh leis na hargóintí seo nach gnáthchaint atá in úsáid leo ach stíl reacaireachta a dhealaíonn ón ngnáthshaol iad.

Whether the game involves rhymes or not, the language which is used is different from the everyday language of the contestants. Such linguistic (or paralinguistic) elements as changes in pitch, stress, and sometimes syntax, provide the signals of contest.<sup>426</sup>

Tugann na leideanna seo le fios do na rannpháiríthe agus do bhaill eile an ghrúpa atá ann mar lucht éisteachta go bhfuil comórtas nó cluiche cainte ar tí tosnú. Beirt a ghlacann páirt san aighneas ach ealaín í seo a bhraitheann go mór ar an gcur i láthair poiblí os comhair lucht éisteachta. Déanann na héisteoirí iad a ghríosadh le tabhairt faoina chéile agus le mallachtaí cruthaitheacha nuálacha a chaitheamh lena chéile.

Onlookers: "Oh oh! He told you about your maw. I would not take that if I was you. Go ahead and tell him something back."

The role of the onlookers or the audience is to spur the contestants to more disparaging and incensing invectives, thus keeping the game interesting and exciting.<sup>427</sup>

Tuilleann an duine deisbhéalach meas agus urraim i measc a chomrádaithe agus bronnann bua na cainte stádas ar leith air ina phobal féin.

The man of words in the ghetto is clearly looked up to and admired by his peers. The ability to use words well is as much admired as the display of physical strength. Verbal facility is thus a criterion that is used to separate the men from the boys.<sup>428</sup>

Cé go mbíonn cur i láthair nó eilimintí den ‘taibhléiriú’ i gceist i gcónaí sna hallgair idirnáisiúnta seo, tá béim ar leith ar stáitsiú na n-agallamh le *contrasto* na hIodáile agus *bertsolaritza* Tír na mBascach. Iomaíocht véarsaíochta *extempore* idir beirt fhilí os comhair lucht féachana atá i gceist leis an dá ealaín ach go bhfuil comórtais fhoirmeálta ar ardán mar chuid den traidisiún anois. Reáchtáiltear comórtais náisiúnta sa bhfilíocht bhéil i dTír na mBascach, craoltar ar an teilifís iad agus is minic na mílte i láthair.<sup>429</sup> Chuirtear an *contrasto* i láthair ag margaí agus ócáidí sóisialta eile ach de réir mar a tháinig deireadh le margaí áitiúla sna 1970í tosaíodh ar thaispeántais a reáchtáil ar ardáin fhoirmeálta, ‘the main venue for *Contrasto* performances [has] become onstage occasions.’<sup>430</sup> Murab ionann agus samplaí eile de bhriatharchathanna idirnáisiúnta a

---

<sup>426</sup> Abrahams, ‘Playing the Dozens...’, 211.

<sup>427</sup> Chimezie, ‘The Dozens...’, 401.

<sup>428</sup> Lefever, ‘Playing the Dozens...’, 75.

<sup>429</sup> Féach tuairisc John Miles Foley ar chomórtas náisiúnta in 2005. ‘Basque Oral Poetry Championship’ *Oral Tradition*, 22/2 (2007): 3-11. Bhí 13,025 duine i láthair ag an gcomórtas seo agus os cionn 100,000 duine ag breathnú air beo ar an teilifís.

<sup>430</sup> Valentina Pagliai, ‘Conflict, Cooperation and Facework in *Contrasto* Verbal Duels,’ *Performing Disputes: Cooperation and Conflict in Argumentative Language. Journal of Linguistic Anthropology*, Vol. 20, No. 1, 89.

pléadh go nuige seo, glacann rannpháirtithe an *contrasto* agus an *bertsolaritza* pearsana nó carachtar chucu féin agus baintear leas as an mbriatharchath le plé a dhéanamh ar thopaicí agus téamaí ilghnéitheacha, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta. ‘In the duels, each poet takes a side on a theme ... and proceeds to defend their point of view and attack the side of the other poet, who will retaliate in kind.’<sup>431</sup> An lucht féachana iad féin a roghnaíonn an téama i dtraidisiún na hIodáile, agus bítear ag súil go mbeidh ar chumas na bhfilí argóint fhileata thaitneamhach a chumadh agus a chur i láthair ar ala na huaire.

The themes treated in a *Contrasto* are chosen by the audience. They vary and are potentially limitless. Examples include figures in the family (e.g., *Contrasto* between husband and wife), popular characters (e.g., blonde and brunette, hunter and rabbit), abstract concepts (science and nature), social and political subjects (e.g., peasant and urbanite, Russia and America), historical *Contrasti*, and *Contrasti* between various Tuscan cities.<sup>432</sup>

I gcomórtais i dTír na mBascach is iad na moltóirí a roghnaíonn ábhar an agallaimh agus a thugann dúshlán na bhfilí. An choimhlint idir an saol nua-aimseartha agus an seansaol mar shampla an téama a tugadh d’iomaitheoirí ag comórtas filíochta in 2005.

“You have different world views: for Andoni the future of the world is bleak, while for Unai the future of the world is open and promising.” The two *bertsolariak* respond with pointed social commentary on subjects ranging from high-speed trains and shopping centers through third-world poverty and Basque politics.<sup>433</sup>

Tá idir shúgradh agus dáiríre i gceist le hábhair na n-aighneas. Baintear leas astu le plé a dhéanamh ar cheisteanna sóisialta, ar chúrsaí oibre, ar chúrsaí polaitiúla, ar cheist na teanga, ar fhéiniúlacht chultúrtha na tíre agus go leor eile. Uirlis agóidíochta atá san agallamh chomh maith a bhronnann saoirse áirithe ar na filí polaiteoirí a cháineadh agus labhairt amach ar son chearta na cosmhuintire.<sup>434</sup>

There’s a lot of humor involved, much of it stemming from the vivid portrayal of comically familiar behavior—problems and responses we all recognize. But there are occasional moments of unveiled social criticism, too, especially of the plight of powerless laborers in comparison to the comfortable, wealthy existence enjoyed by their bosses (at the workers’ expense, of course). Like the North American contest performances known as “slam poetry,” *bertsolaritza* serves as a vehicle for lamenting the ills of the common person, a platform for raising one’s voice in objection to the status quo. It often aims at exposing injustice in the hope that social maladies can be addressed and remedied.<sup>435</sup>

---

<sup>431</sup> *Ibid.*, 87.

<sup>432</sup> Valentina Pagliai, ‘Poetic Dialogues: Performances and Politics in the Tuscan *Contrasto*,’ *Ethnology*, Vol. 41 No. 2 (Spring 2002) 137.

<sup>433</sup> Foley, ‘Basque Oral Poetry Championship...’ 10.

<sup>434</sup> Tá cosúlachtaí móra idir traidisiún agallamh na hIodáile agus traidisiún na Gaeilge agus pléifear cuid acu seo sa chaibidil ar na Scoileanna Éigse.

<sup>435</sup> Foley, ‘Basque Oral Poetry Championship...’, 8.

Go deimhin, cuireadh cosc ar an *contrasto* san Iodáil in aimsir Mussolini, de bhrí gur cheistigh sé an *status quo* agus gur thug sé ardán do mhíshásamh an phobail.<sup>436</sup> Aitheantas ann féin a bhí sa méid sin do chumhacht na filíochta béil agus ról na bhfilí áitiúla i múnú agus craobhscaoileadh dhearcadh an phobail. Ní ar mhaithe le réiteach faidhbe nó maolú teannais a chuirtear an *contrasto* i láthair ach le haird a tharraingt ar éagóir, le lucht an údaráis a cheistiú, le tráchtairacht a dhéanamh ar chúrsaí polaitiúla. Nuair a ionsaíonn file amháin a chomhfhile ar stáitse agus *contrasto* idir lámha acu, is dream eile ar fad atá faoi ionsaí i ndáiríre, an phearsa nó an carachtar nó an steiréitíopa ar a bhfuil ábhar an aighnis bunaithe. ‘Their tongues are weapons, but their targets can be beyond the immediate context, and to reach them they need each other and their audience.’<sup>437</sup> Cumhacht a gcuid focal, inniúlacht agus géire a dteangacha a bhronnann stádas ar leith ar na filí agus a chinntíonn go n-éistfear lena nglórtha agus lena dtuairimí. Fiú agus téamaí tromchúiseacha á bplé, bíonn súil ag an lucht éisteachta le greann, le sofhriotal, le meafair agus fileatas cainte, nó ‘linguistic creativity.’<sup>438</sup> Téann siad in aighneas le chéile le taispeántas a thabhairt ar bhinneas a mbriathra agus ar abarthacht a gcuid cainte. Mar a deir Foley faoi *bertsolaritza* Thír na mBascach:

This exchange reveals the heart and soul of *bertsolaritza* as a contest. The two poets duel, casting contrary remarks back and forth, seeking to win the bloodless war of words by out-thinking one another.<sup>439</sup>

## An Béal Beo i dTraidisiún na Gaeilge

‘Bhí an Briathar ann i dtús báire ...’ (Soiscéal Naofa Íosa Críost de réir Eoin)

Bhain brí, beocht agus cumhacht ar leith leis an bhfocal labhartha riamh anall i dtraidisiún na Gaeilge. Ó tháinig Aimirgin i dtír in Inbhear Scéine is ó scaoil sé racht filíochta de is é ag glacadh seilbhe ar chríoch Fódhla, tá áit lárnach ag an bhfile agus ag béal na héigse i gcomhfhios cultúrtha na tíre.<sup>440</sup> Gníomh cruthaitheach atá san filíocht agus tá beatha dá chuid féin ag an bhfocal labhartha nuair a thugtar ar an saol é.<sup>441</sup> Neacha cinnte forsúla atá i bhfocail, a cheaptar, a shníomhtar le chéile, a fhítear agus a fhuintear i ndán dea-chumtha. Tá an coincheap seo den chaint mar rud fisiciúil le fáil i gcultúir bhéil eile.

<sup>436</sup> Féach Pagliai, ‘Conflict, Cooperation, and Facework...’, 88.

<sup>437</sup> *Ibid.*, 91.

<sup>438</sup> Pagliai, ‘Poetic Dialogues: Performances...’, 137.

<sup>439</sup> Foley, ‘Basque Oral Poetry Championship...’, 7.

<sup>440</sup> Féach Daithí Ó hÓgáin, *An File: Staidéar ar Osnádúirtheacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1982) *passim*.

<sup>441</sup> **Abair**: it derives from the Old Irish *as-beir*, literally ‘out-bring’ in the sense of producing from the mouth a word, phrase or speech. It is the usual request when an oral performance is being sought; for example, *abair scéal* (tell a story!), *abair dán* (recite a poem!) or *abair amhrán* (sing a song!). Féach Daithí Ó hÓgáin, *The Lore of Ireland: An Encyclopaedia of Myth, Legend and Romance* (Cork: Collins Press, 2006) 1.



For many cultures which are predominantly oral, auditory space is perceived as a physical field. And when we investigate beliefs concerning sound in African cultures, we find that human speech is frequently conceived of as a tangible entity which defines individual presence and allows human interaction.<sup>442</sup>

Ní tráchtairacht lom nó rámhailí gan dealramh atá sa chaint i dtraidisiún na béalairachta ach gníomh nó tarlúint ann féin atá ann, mar a shonraigh Peeks ‘... words do not simply accompany action, they constitute the action.’<sup>443</sup> Bhí leigheas ar thinnis agus aicídí le fáil i gcumhacht dhiamhair na hortha. Lean scrios agus díobháil traidisiún na haoire.

Bhí meas ar an gcainteoir maith, ar an duine a d’aimseodh an ciúta deas cainte nó a thomhaisfeadh an focal nó an frása cuí le cur síos a dhéanamh ar rud. Rinneadh anchúram den chaint agus aithníodh go raibh bua ar leith ag daoine áirithe, a d’fhág go raibh ealaín agus ceardúlacht ag baint lena n-urlabhra.

Chuirfidís focail ar a bhfaobhar duit ina ngnáthchaint, le blas ná raibh ag an gcuid eile againn in aon chor. Ba threise ná san iad ar an ndeisbhéalaíocht; an abairt ghiorraisc, an focal pras, an dá fhocal in ionad an dosaein, dob iad a bhí deas air.<sup>444</sup>

Scil ann féin atá sa dea-chaint agus is iomaí bealach le tabhairt le fios go bhfuil duine go maith leis an teanga. Duine deisbhéalach, deaschainteach, deaslabhartha, béalchliste, béalfhileata, béal-líofa, abartha, tráthúil atá sa chainteoir maith. Níl meas ar an té a bhíonn ag cabaireacht ná ar an duine a mbíonn caint amaideach gan éifeacht aige – an báirseoir, an bleadrálaí, an buimbiléir, an cabaire, an cadrálaí, an clabaire, an chlabóg, an dradaire, an gaotaire, an geabaire, an gleoisín, an giobstaire, an liopaire, an raiméisí, an ramscéalaí, an rifeálaí, an scaothaire, an sciotarálaí, an sconnaire, an siollaire, an spalpaire.<sup>445</sup> Fianaise ann féin ar thábhacht na cainte i ndioscúrsa an phobail atá sna téarmaí iomadúla a dhéanann cur síos ar chineálacha éagsúla cainte. I ndomhan atá go hiomlán bunaithe ar an bhfocal labhartha, tugtar an chluas bhodhar don té nach bhfuil bua na cainte aige. ‘Just as there is an emphasis on the ‘man of words’ the one who can speak well, deeply, coolly, and effectively, there is a tremendous disrespect for one who cannot speak well.’<sup>446</sup> Ní fhaigheann an cainteoir leamh marbhánta éisteacht ó Thomás Ó Criomhthain, mar shampla, san eachtra seo ó *Allagar na hInise*:

---

<sup>442</sup> Philip Peek, ‘The Power of Words in African Verbal Arts,’ *The Journal of American Folklore*, Vol 94, No 37, 21.

<sup>443</sup> *Ibid.*, 26.

<sup>444</sup> Pádraig Ua Maoileoin, luaite in Caoimhín Ó Sé, *Traidisiún na Scéalaíochta i gCorca Dhuibhne* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2001) 75.

<sup>445</sup> Féach Tomás Ó Fiach, *Cén Sórt É? Meascra Ainmneacha ar Chineálacha Daoine* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 2009) 138.

<sup>446</sup> Peek, ‘The Power of Words...’, 22.

Chrom sé ar a bheith ag gibris chainte ansin agus cé gur Gaelainn a bhí aige is mise nár thuig leath a ndúirt sé. An té a bhíonn marbh ina chnámha bíonn sé marbh ina theanga, is dóigh liom. “Fág an cosán uaim,” arsa mise leis. “Is mar a chéile liom a bheith ag caint leat nó leis an gcearc thrá úd thíos,” ag glanadh thairis siar.<sup>447</sup>

‘Flúirse focal agus smacht orthu’<sup>448</sup> na buanna is mó a luaitear leis an bhfile nó leis an gcainteoir maith dar le Daithí Ó hÓgáin. Ceapadh gur i bhfoirm filíochta a labhraíodh na filí an t-am ar fad agus go mbídís ábalta ar fhilíocht a chumadh as a seasamh. Dúradh faoi fhile i gCorcaigh, mar shampla ‘Bhí a lán gearraíocht chainte aige, agus níor mhór an dua leis filíocht do stealladh amach.’<sup>449</sup> Mhair an nóisean seo den dea-chaint agus den chlisteacht cainte mar bhua ó dhúchas agus mar thréith shuaithinseach ann féin i measc an phobail. Sa sliocht seo a leanas, mar shampla as *Allagar na hInise*, tugann Tomás Ó Criomhthain ceann do dheisbhéalaíocht an fhir óig agus molann dá réir é.

Bhuail sé chuige an t-uisce agus d’fhág sé ansin sinn. “Ní comhchaint le mná a chuirfeadh stuif ar phrátaí,” ar seisean.

“Nach deisbhéalach an buachaill é,” arsa mise.

“Ní dul suas ó dhúchas dó sin,” ar sise. “Ní raibh leábharaic in Éirinn ba mhó ná a athair féin.”<sup>450</sup>

Mhair ráitis ghlice chliste ghonta den chineál seo i mbuanchuimhne an phobail ansin, agus dhéantaí scéalta a thug léargas ar dheisbhéalaíocht an duine a insint agus a athinsint. Bhí an-tóir ar nathaíocht den chineál seo sa traidisiún. Ag trácht ag an gcáil a lean Diarmuid Ó Bruic, file, i gCorca Dhuibhne, tagraíodh don chuimhne a bhí ag an bpobal air. ‘Is mó eachtra a bhídís á n-aithris mar gheall air is na ráite gona filiúla a bhíodh aige.’<sup>451</sup> Bhí an cháil chéanna ar Johnny Chóil Mhaidhc i nGaeltacht Chonamara agus maireann a chuid scéilíní grinn agus ráitis abartha i gcónaí i gcuimhne an phobail. Mar a shonraigh Denvir ‘ealaín chruthaitheach í an chaint, agus déantar athfhríotal go minic i ngnáthchomhrá ar ranna agus ar nathanna tráthúla de chuid na bhfilí.’<sup>452</sup> Ina shaothar máistriúil ar thraidisiún an airneáin i bhFear Manach agus ar thábhacht thigh an chéilí mar láthair scéalaíochta, leag Henry Glassie béim ar leith ar an taitneamh a bhain an pobal as scéalta áitiúla faoi dhaoine deisbhéalacha. Thugtaí ‘bids’ ar scéalta den chineál seo. Lón intinne agus samhlaíochta a bhí sna scéilíní beaga seo do mhuintir na háite, a rinne ceiliúradh ar ionramháil chruthaitheach na teanga agus a shásaigh dúil an phobail sa dea-chaint.

---

<sup>447</sup> Tomás Ó Criomhthain, *Allagar na hInise* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1997) 217.

<sup>448</sup> Daithí Ó hÓgáin, *An File: Staidéar ar Osnádúirhacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1982) 5.

<sup>449</sup> CBÉ 44: 128, Luaite in Ó hÓgáin, *An File...*, 10.

<sup>450</sup> Ó Criomhthain, *Allagar na hInise...*, 214.

<sup>451</sup> CBÉ 1505: 38. Luaite in Ó hÓgáin, *An File...*, 9.

<sup>452</sup> Gearóid Denvir, ‘An Béal Beo: Filíocht Bhéil Chonamara Inniu,’ *Léachtaí Cholm Cille XIX* (Maigh Nuad: An Sagart, 1989) 202.

More common than tales of courage are tales of wit. “Wit” is not repartee but creative intelligence, exhibited in speech that is exciting, not dull; reasonable, not mad. Sitting together, bravely facing the long night ahead, it is wit that will get the ceiliers through, and they turn often to the subject of the “stars,” men like themselves whose wit got them through ... Stories that situate bids, recounting a particular, spontaneous display of wit, are also called “bids.” They may conclude in a phrase memorable for its beauty, or (as in tales of the bards abounding in medieval Irish manuscripts) in a brief poem extemporized on the spot to demolish another in swift, wicked satire. Or the bid may end in good humour, a punch line to life’s joke.<sup>453</sup>

Saothar eisceachtúil is ea leabhar Glassie, sa méid is go raibh tuiscint an-leathan aige ar gach a gcuimsítear sa téarma ealaín bhéil. Tá idir shean agus nua san áireamh sna scéalta a phléitear ina chuntas ar chomhthéacs agus feidhm na scéalaíochta. Rud beo beathaíoch a bhí i dtraidisiún na scéalaíochta agus dhéantaí plé ar ‘bids’ nuachumtha nó scéilíní beaga grinn nua sna tithe bothántaíochta. Níorbh amhlaidh a bhí agus feachtas ollmhór an bhailiúcháin idir lámha ag Coimisiún Bhéaloideas Éireann agus bhí claonadh ann díriú ar sheanscéalta gaisce agus litríocht bhéil a tháinig ó bhéal go béal aniar ón tseanaimsir. Cháin an Cadhnach an bhéim rómhór seo a bhí ag an gCoimisiún ar an seanreacht agus an neamhaird a léirigh siad i leith fhilíocht bhéil bheo na Gaeltachta.<sup>454</sup> Díol spéise sa chomhthéacs seo an plé a rinne Chinua Achebe ar an rangú a dhéanann béaloideasóirí ar ghnéithe éagsúla den litríocht bhéil. Tugann lucht béaloideas a agus scoláirí tosaíocht do sheanscéalta, finscéalta, seanfocail agus tomhaiseanna ach níl sna foranna seo ach cuid bheag éigin den chultúr béil. An chaint, an t-allagar is mó a thugann scóip de chruthaitheacht fhileata an phobail.

The prose tradition of non-literate peoples is often presumed to consist of folktales, legends, proverbs, and riddles ... *I would go so far as to say that they represent the least important part.* If ones takes the Igbo society which I know best, it seems quite clear that the finest examples of prose occur not in these forms but in oratory or even in the art of good conversation. Riddles and proverbs ... are cast in a rigid mould and cannot be varied at will. Legend ... and folktale ... are more flexible but only within a certain framework ... *Serious conversation and oratory, on the other hand, call for an original and individual talent and at their best belong to a higher order.*<sup>455</sup>

Ní le seanscéalta amháin a chaithí oíche airneáin, ach le gach cineál siamsaíochta agus cainte. ‘Bhídís ag trácht ar ghnáthchúrsaí an tsaoil; aragóint agus áiteamh agus aighneas acu ...’<sup>456</sup> Ní ardán aonair don scéalaí a bhí ann ach fóram ina bpléití cúrsaí na huaire agus scéilíní grinn. ‘Déarfadh duine scéal, agus bheadh cur agus cúiteamh acu ar a lán rudaí. Bheadh aighneas agus deisbhéalaí agus leibhéal agus greann ag baint lena gcuid

---

<sup>453</sup> Henry Glassie, *Passing the Time: Folklore and History of an Ulster Community* (Dublin: O’Brien Press, 1982) 43-4.

<sup>454</sup> Máirtín Ó Cadhain, ‘Béaloideas’ *Feasta*, Márta 1950, 25.

<sup>455</sup> Chinua Achebe, luaite in Gearóid Ó Cruallaíoch, ‘Litríocht na Gaeltachta: Seoladh isteach ar pheirspictíocht ó thaobh na litríochta béil,’ *Litríocht na Gaeltachta: Léachtaí Cholm Cille XIX* (1989) 16. [Liomsa an bhéim.] Luaite chomh maith in Seán Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse: Cioradh agus Cnuasach* (Camas: An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta, 2010) 36.

<sup>456</sup> Tomás Mac Síthigh luaite in Ó Sé, *Traidisiún na Scéalaíochta...*, 12.

cainte go minic.<sup>457</sup> Bhíodh lúibíní agus nathaíocht ann chomh maith, nó ‘extempore disputative dialogue in verse’<sup>458</sup> mar a thug Séamus Ó Duilearga air. Mar a luadh cheana, níor bhailigh an Coimisiún mórán den chineál seo ealaín bhéil, ach tá cur síos ag Tomás Ó Máille ar an náthaíocht chéanna seo mar chaitheamh aimsire ag an bpobal.

Bíonn siad, nó bhídís, scaití, ag nathaíocht. Is ionann an nathaíocht ó cheart agus a bheith ag déanamh píosáí filíochta (ar a chéile), lúibíní, ’s óró, a mhíle grá, etc. Is ionann nath agus filíocht, mar atá sa gcaint ‘gan nath gan ábhar’. Is ionann nathaíocht freisin, agus a bheith ag rá cainteanna grinn le chéile, focail a bhfuil gearradh iontu... Bíonn lucht grinn, freisin, faraor, ag scéaltóireacht agus ag aithris agus ag athléamh ar a geomharsana. Bíonn geabsaireacht agus freagraíocht freisin ar bun ag daoine óga.<sup>459</sup>

## An Briatharchath i dTraidisiún Béil na Gaeilge

Agallamh, -llmha, *d.*, -aim, *f.*, a discourse, a dialogue, a disputation, act of discoursing, disputing; vocative case.<sup>460</sup>

‘The tongue,’ said Peter Flanagan, man of words, ‘is the worst instrument attached to the human being. It’s the most destructful on the soul.’<sup>461</sup>

Pléadh samplaí idirnáisiúnta de bhriatharchathanna sa traidisiún béil nó ‘verbal duels’<sup>462</sup> agus na saintréithe a bhaineann leo i gcultúir éagsúla. Pléadh freisin teoiricí Ong agus Huizinga ar nádúr uilíoch na mbriatharchathanna seo agus an dúil ó dhúchas san iomaíocht agus in argóintí agus cluichí cainte. Is de nádúr na béalairachta an dúil sa choimhlint dar le Ong, agus bíonn an chaint ‘agonistically toned.’<sup>463</sup> Ós í an chaint choimhlinteach seo atá mar bhunchloch agus mar bhunithir chruthaitheach ag an agallamh beirte comhaimseartha, ní mór dúinn iniúchadh a dhéanamh ar choincheap seo an allagair fé mar a fheictear é i dtraidisiún na Gaeilge.

Téann an tuiscint seo ar an teanga mar bhall ionsaitheach foghach trodach i bhfad siar i dtraidisiún na hÉireann. In eachtra ón *Táin*, nuair a thugann aonmhac Chú Chulainn fogha faoi Chondere, is i dtéarmaí na cogaiochta a dhéantar cur síos ar an masla a chaitheann sé le Condere san agallamh.

‘Is maith dondigis,’ ol in gillae. ‘Rotbíaso didiu t’acallam. Géssiú gotha.

---

<sup>457</sup> Tomás Mac Síthigh luaite in Ó Sé, *Traidisiún na Scéalaíochta...*, 75.

<sup>458</sup> James H. Delargy, ‘The Gaelic Storyteller: With some notes on Gaelic Folk-Tales,’ *Proceedings of the British Academy* 31 (London: Geoffrey Cumberlege, 1945) 18.

<sup>459</sup> Tomás Ó Máille, *An Béal Beo* (An Gúm, Baile Átha Cliath: 2002) 171-2.

<sup>460</sup> Rev. Patrick S. Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Dublin: Irish Texts Society, 1996) 11.

<sup>461</sup> Glassie, *Passing the Time...*, 35.

<sup>462</sup> Valentina Pagliai, ‘The Art of Dueling...’, 61-88.

<sup>463</sup> Ong, *Orality & Literacy...*, 44.

Léicsiu úaim erchora  
cen imroll a cairpthinib.<sup>464</sup>

‘You have come and spoken well,’ the boy said, ‘so I will answer you:  
I tuned my voice:  
from little jaws a straight shot sped  
with my little spears flung from afar.’<sup>465</sup>

Labhraítear ar ‘ghairt’ nó ‘dairt den teanga’ a thabhairt do dhuine. Bíonn ‘faobhar ar a dteanga’ ag daoine áirithe agus tugtar ‘léasadh teanga’ nó bíonn ‘teanga bhearrtha’ ag daoine dá chéile.<sup>466</sup> Is mar chomhrac a léirítear an chaint i rannscéalta iomadúla na bhfilí sa bhéaloideas chomh maith. Múnla é seo a théann siar go *Immacallam in Dá Thuarad* ón 10ú aois, áit a ndeachaigh beirt fhilí in adharca a chéile i mbriatharchath, nó ‘verbal contest’ mar a thugann Vivian Mercier air.<sup>467</sup> Feictear an iomaíocht chéanna i rannscéalta faoi fhilí aitheanta. Téann beirt fhilí i ngleic lena chéile i gcomhrac focal, go mbuann duine acu ar an duine eile le clisteacht cainte, éirim aigne agus deisbhéalaíocht.

Tháinig ceann de na piardaí i bhfad Éireann ó bhaile chun é a chomhrac le barr filíochta. Do bhí Piaras ina choinnibh - i gcoinnibh an strainséara agus Piaras ag dul don nDaingean. Agus do chaith Piaras *challenge* chainte air.<sup>468</sup>

Bhídís ag teacht ó chian is ó chómhngar d’iarraidh buadhchaint air i bhfilíocht. Tháinig file lá ó’n Dún chuige. Fear deis-bhéalach ab’each é agus ba mhaith leis Piaras do chur i bpúnc ar an gcéad ruchar.<sup>469</sup>

‘Ní raibh aon teora le hEoghan Rua,’ a deirid na daoine i gCúige Mumhan, ‘níor theip freagra riamh air, is níor éirigh aoinne ina choinnibh riamh nár chuir sé síos.’<sup>470</sup>

Tugann na filí dúshlán a chéile sna scéalta seo, cuireann ‘*challenge* cainte’ ar a chéile, agus caomhnaíodh na scéalta seo toisc go raibh léiriú iontu ar thréithe agus cáilíochtaí a bhí faoi mhórmheas ag an bpobal. Ceiliúradh ar an dea-chaint a bhí sna rannscéalta seo, curtha i láthair i bhfoirm dhialógach. ‘By setting one person’s choice of words in another’s, they conjoin the best judgments of different speakers and exist to test and celebrate verbal dexterity.’<sup>471</sup> Ach ní i dtéacsanna nó i scéalta a bhain le filí na seanaimsire amháin a bhí fáil ar an ‘verbal dexterity’ céanna seo. Bhí an tuiscint seo ar an iomaíocht sa chaint mar chuid den saol laethúil agus bhí scéilíní nó ráitis abartha fós á gcumadh agus á n-aithris ag daoine. Tá léiriú air seo sa chlabhsúr a chuir duine d’fhaisnéiseoirí Glassie le scéal faoi bheirt fhear áitiúil a bhí ag sáraíocht ar a chéile faoi stoirm mhór. Faigheann duine acu an lámh in uachtar ar an bhfear eile:

---

<sup>464</sup> Aided Óenfir Aife, <http://www.ucc.ie/celt/published/G301018/index.html>

<sup>465</sup> Aistriúchán le Thomas Kinsella, *The Táin: From the Irish Epic Táin Bó Cuailnge* (Oxford: Oxford University Press, 2002) 41.

<sup>466</sup> Samplaí tógtha ó Dhaithí Ó hÓgáin. Féach *An File...*, 33-79 le plé ar an gcoincheap seo den bhua ‘i gCorp an Fhile.’

<sup>467</sup> Vivian Mercier, *The Irish Comic Tradition* (Oxford: Oxford University Press, 1969) 84.

<sup>468</sup> CBÉ 778: 54.

<sup>469</sup> ‘Taoiseach Uasal agus File,’ *Irish Independent*, 10.9.1928, 13.

<sup>470</sup> Ó hÓgáin, *An File...*, 10.

<sup>471</sup> Glassie, *Passing the Time...*, 48.

“Weren’t they a pair of smart men that could go on that way?”

“Do ye see: this McGrath man, he composed that while the other was tellin him about what he seen, do ye see. He just composed that, do ye see. He had it ready when the other man was done. *To beat him out.*”

“Beat him out, do ye see, that was the idea.”

“Oh aye, surely.”

“This was a wonderful place for witty bids and good yarns and bein able to compose a thing, do ye know.”<sup>472</sup>

Bhailigh an Coimisiún na mílte leaganacha éagsúla de rannscéalta faoi phearsana stairiúla agus faoi fhilí aitheanta ach níor tugadh faoi staidéar a dhéanamh ar an iomaíocht, an cur is cúiteamh agus ealaín an allagair agus na scileanna seo in úsáid sa ghnáthchaint i measc an phobail. Ní mór dúinn dul i muinín foinsí eile le hiniúchadh a dhéanamh ar an allagar nó an dúil in argóintí spráíúla nuachumtha mar chuid de dhioscúrsa phobal na béalairachta.

Scríbhinní Thomáis Uí Chríomhthain is fearr a thugann léargas ar an raon stíleanna éagsúla cainte agus ar an gcleasaíocht cainte a bhí mar chaitheamh aimsire ag an bpobal. Comhráite, argóintí agus caint dhílis a chomhoileánach atá le fáil i gcinn lae an Chríomhthanaigh, sa leabhar *Allagar na hInise* agus sna hailt a foilsíodh leis in irisí agus nuachtáin ach go háirithe. Tá gearradh agus bearradh iontach sa chaint nó mar a deir Tim Enright ina leith: ‘The shafts fly at known targets and the retorts are expected. It is *verbal fencing*, in the cut and thrust of which the young join freely with the old.’<sup>473</sup> Tá plé déanta ag Angela Bourke chomh maith ar an ngné choimhlinteach seo den chaint fé mar a léirítear é sa leabhar:

Ní comhrá atá sa chaint seo, mar sin, faoi mar a bheadh in úsáid ag scríbhneoir nua-aimsireach mar léiriú ar a chuid carachtar agus ar imeachtaí an scéil, ach gníomhartha cainte: is buillí nó iarrachtaí iad i gcluiche cainte a bhfuil Tomás agus a chomharsana an-oilte air.<sup>474</sup>

Tugtar cuntas ar chéilí comhraic ag sciolladh ar a chéile go minic sa dialann: ‘B’eo an bheirt aosta ar a chéile leis an dteanga – Seán agus Eoghan – agus ní raibh sé ina ndiaidh ann.’<sup>475</sup> Tá áibhéil agus greann ag baint leis na hargóintí seo chomh maith, rud a thagann le teoiric Huizinga faoi chluichí cainte agus an súgradh mar dhúshraith ag báirseoireacht den chineál seo nó ‘slinging-matches.’<sup>476</sup> Sa sliocht seo a leanas ó alt le

---

<sup>472</sup> *Ibid.*, 46. [Liomsa an bhéim]

<sup>473</sup> Tim Enright, ‘Introduction,’ *Island-Cross Talk: Pages from a diary* (Oxford: Oxford University Press, 1986) 3. [Liomsa an bhéim]

<sup>474</sup> Angela Bourke, ‘Na Mná trí Shúile Thomáis,’ *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2*, in eag. ag Máire Ní Chéilleachair (An Daingean: An Sagart, 1998) 117.

<sup>475</sup> Ó Críomhthain, *Allagar na hInise...*, 229.

<sup>476</sup> Huizinga, *Homo Ludens...*, 65.

Tomás, mar shampla, beirt phinsinéirí atá ag spochadh as a chéile, agus ragús ban ar dhuine acu:

**Eoghan:** Muise an diabhal go mbeire uathu thú! Níl, ná éinne buíoch díot, ná ní raibh riamh, ná ní bheidh go deo.

**Pádraig:** Nach breá atá Máire Bhán buíoch díom – dá gcloisfeá ag caint í – gur chuireas feidhre breá bróg uirthi an lá fê dheireadh.

**Eoghan:** Léan ar an liobóig bhocht! Agus mara mbeadh tusa bheith ag faire ar í mhealladh leat le pasa [pósadh?] is fada bheadh ceal bróg ar Mháire.

**Pádraig:** Nár thug an bás uaitse í chomh maith liomsa? Nach mór an t-ionadh ná beifeá d'iarraidh duine acu mhealladh! Ach ní spreallairí is ansa leo.

**Eoghan:** Mhuise, má tá Máire gan Chiall ag faire ar do bhóithre-se a leanúint is í Máire gan Éifeacht í! Ach is fearr agena chéile sibh ná beirt eile a lot libh.<sup>477</sup>

Feictear an bhabhtáil chainte agus an fheannadóireacht chéanna in argóint eile idir beirt sheanfhear agus déanann siad ionsaí ar ghaolta agus sinsir a chéile chomh maith:

**Pádraig:** Nach é an lá eile, ní fada ó shin, a dúraís ná tiocfadh aon ártach eile gliomach i mbliana aríst. Féach anois gur beag an náire atá ort agus í tagaithe.

**Tadhg:** Tá sí tagaithe agus níl aon oidhre ort féin ach í – spreallaire éitigh gur mó de ghreann a gheibheann tú dhe ná den lomfhírinne agus is ionua ag an ártach é.

**Pádraig:** Ach níl mórán aimsire ó dúraís féin go mbeadh preasáil in Éirinn, agus an dtáinig? Ach ní thógaim ort gach breallaí atá ag baint leat mar is é t'fhíor-dhúchas é.

**Tadhg:** Pé sórt mo dhúchas-sa, dar ndóigh ní orthu bhí an té mhairbh an t-aon chaora amháin a bhí ag fear bocht na déirce, agus d'ith air í. Agus ba dhóigh liom leis nach saor ód dhúchas-sa a bhí an fear a cailleadh sa phríosún i ngeall le sladaíocht dá shórt, agus a thuilleadh agus a thuilleadh, dá bur mhaith leat é dh'insint duit.<sup>478</sup>

An chleasaíocht chéanna agus an dúil chéanna sa choimhlint a bhí mar bhunchloch ag na lúibíní, nuair a dhéantaí véarsaí *extempore* a chumadh le magadh faoi dhaoine sa phobal. Thug Seosamh Ó hÉanaí cuntas fíorspéisiúil ar an lúibín mar amhrán saothair agus ar an gcaoi a ndéantaí véarsaí fonóideacha maslaitheacha a reic agus mná i mbun oibre ag níochnán:

This is one I thought of...it's a work-song, you know. And it's one where two women are arguing. They go out, you know, and they have a wash-board, we'll say they're out by the lake, with the wash-board, you know, and

---

<sup>477</sup> Tomás Ó Criomhthain 'An Dá Phinsinéar' in *Bloghanna ón mBlascaod*, eag. Breandán Ó Conaire (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1997) 49.

<sup>478</sup> Ó Criomhthain, 'Mar a labhartar Thiar go Léir' in *Bloghanna ón mBlascaod...*, 59.

they're not speaking to one another, you know. And one of them will start, you know, 'What did your husband have for breakfast today?' 'Oh, my husband had a good breakfast today.' 'Well, he didn't have as good a breakfast as my husband. What did your husband have?' she says. 'He had bacon and egg.' 'My husband had bacon and three eggs,' the other woman said. Then they'd start – in verse – they'd start arguing – cutting each other's throats. And probably the next day they'd be talking to one another....

Lúibín ó lú, bí lúth is bí láidir,  
Chonaic mé Máirtín ag baint fhataí ag Pádraic.  
Lúibín ó lú, bí lúth is bí láidir.

Lúibín ó lú, bí lúth is bí láidir,  
Tá a fhios a'm an lá ar ghoid tú mo cháca.  
Lúibín ó lú, bí lúth is bí láidir.<sup>479</sup>

Díol spéise ach go háirithe an bhéim a leag Seosamh ar nádúr éadrom na gcoimhlintí seo agus cé go mbíodh siad ag milleánú agus ag mallachtú a chéile sa lúibín, nár le holc a dúradh na rudaí a dúradh sa lúibín. Cluiche a bhí sa cháineadh seo, 'going hammer-and-tongs at one another this nice way'<sup>480</sup> agus léiriú eile ar an tsaoirse agus an spraoi a bhain le hargóintí den chineál seo.

Cad a dhéanann ealaín, cluiche nó taispeántas den argóint? Fé mar a bhí le briatharchathanna idirnáisiúnta, bhí tábhacht nach beag ag baint leis an lucht éisteachta agus béim ar 'the performance, the display, and the search for a public witnessing.'<sup>481</sup> Nó mar a deir Eddie Bheairtle Ó Conghaile 'nuair a thiocthadh sé ina chaismirt chainte idir bheirt chainteoirí maith ba bhreá leo an lucht éisteachta a bheith acu.'<sup>482</sup> Tugann sleachta leis an gCrimhthanach agus le Peig Sayers éachtaint dúinn ar an bpléisiúr a bhain éisteoirí as an gcaint spairneach seo. Siamsaíocht iontu féin a bhí sna hallagair seo, a thug faoiseamh agus fuascailt d'éisteoirí ó leadrán agus cruatan an tsaoil.

Laethanta nuair a bhuaileann cuid againn i dtreo a chéile bíonn a chaint féin ag gach aoinne. Caint a mbíonn sórt bun léi ag cuid acu agus a thuilleadh acu ag scilgeadh gan mórífacht. Ráinig cuid againn i dtreo a chéile an uair seo gur phreabamar ar scáth gleanna ó chith aniar aduaidh a bhí ag teacht agus gan aon fhuadar cóir faoi.

"A Mhuire," arsa Micheál, "an mbeidh an geimhreadh go deo ann. Nach olc an clipe atá anois chugainn aduaidh air."

"Léan ort, a dhaitín gan éifeacht, murar dhóigh le duine ort gur inniu nó inné a rugadh thú," arsa Micil, a bhí ag a ghualainn suite agus gan aon an-ghunga air féin san am céanna ach a oiread le cách. "Nach ort atá an t-iontas ná fuil an samhradh gach lá sa bhliain agat. Is dócha dá mbeadh an chumhacht agatsa agus tú i bhflaithis Dé go dtabharfá samhradh dúinne anseo gach lá. Ach níor dhóchúla duit ná roiste ceatha scaoileadh anuas a chuirfeadh chun báis ár leath!" arsa Micil.

---

<sup>479</sup> Cartlann Sheosaimh Uí Éanaí, <http://www.joeheaney.org/default.asp?contentID=933>

<sup>480</sup> *Ibid.*

<sup>481</sup> Pagliai, 'The Art of Dueling...', 63.

<sup>482</sup> Eddie Bheairtle Ó Conghaile, luaite in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 32.



Phléasc a raibh sa ghleann ar scartaíl ghairí, agus cé go raibh an chith go holl agus go cruaidh is sinn nár bhraith ag imeacht í ag sult na beirte.<sup>483</sup>

Uaireanta chuirí daoine ag argóint d’aon ghnó le siamsaíocht a sholáthar don slua a bhí bailithe. Rinne Tomás Ó Criomhthain cur síos ar ‘chomhrac béil’ idir beirt bhaitziléirí a bhí ag argóint faoi chúrsaí seanchais. An rud is speisiúla ar fad faoin gcuntas ná an chaoi a raibh an ‘slataire d’fhear óg’ ag saighdeadh faoin mbeirt acu agus ag iarraidh briatharchath a thionscain eatarthu. Déantar iarracht iad a ghríosadh chun troda agus cuireann an fear óg a ladar isteach san argóint anois is arís le cinntiú nach bhfuairí an scéal. Deir an Criomhthanach go neamhbhalbh go mbainidís an-spórt agus taitneamh as an mbeirt áirithe seo a chur in adharca a chéile.

#### **Achrann Beirte Aosta**

Bhí slataire d’fhear grinn agus suilt ann agus do thuig sé dá bhféadfadh sé an bheirt aosta so a chur in achrann a chéile go mbeadh lá grinn againn mar ba mhínic roimis seo a bhí spórt againn orthu.

“An b’ é cath Shliabh na mBan an cath is mó a bhí riamh in Éirinn, a Sheáin, ars’ an slataire.

“Is sé, mhuis’,” arsa Seán.

“Tá an t-éitheach agat,” arsa Mícheál.

“Níl, mhuis’,” arsa Seán.

“Tá, mhuis’, a sheana-dhiabhailín,” arsa Mícheál. “Is mó duine a chuala á rá riamh agus do b’fhearr go raibh eolas acu air ná agatsa,” arsa Seán.

“!!! Nár chloisir an chuach!” arsa Mícheál.

“Ambaiste, tá an lá aige Mícheál ort, a Sheáin,” arsa an slataire.

“Sin mar bhíonn ag breitheamh na héagóra i gcónaí agus an ainchirt,” arsa Seán.

“Ara, a mhic na croiche duibhe,” arsa Mícheál, “an amhlaidh ba mhó é ná Cath Fionntrá nó Cath Gabhra agus móran eile acu nach gá liom a luadh?”

#### **Comhrac Béil**

“Ach bhí cath Fionn Trágha lá agus bliain ar siúl,” arsa Seán.

“Ná rabhairse lá agus leathbhliain eile ar siúl, mhuisse,” arsa Mícheál ... “Má bhíonn tú, gur chun na cille a bheidh do thriall!”

“Tusa romham ann!” arsa Seán, “de mhórán laethe.”

“Ar mh’anam go bhfuil Seán maith a dhóthain duit, a Mhichíl,” ars an slataire.<sup>484</sup>

Speisiúil go leor agus díospóireacht ar siúl ag Éigse na Féile 1985 faoi bhunús agus nádúr an agallaimh bheirte mar ealaín, tagraíodh don nós ceannann céanna a bheith coitianta i gCorr na Móna. Dhéantaí an bheirt a ghríosadh le tabhairt faoina chéile agus chuirí siamsa agus ‘dibheirsean’ iontach ar fáil do na héisteoirí. An gnás seo a bhí mar bhunfhréamh ag an agallamh beirte dar leis an gcainteoir seo:

B’fhéidir go mbeadh dhá charachtair ann, ceann acu ag spallaíocht ar an gceann eile. Bheadh b’fhéidir ceathrar nó cúigear istigh sa teach sin agus bhídís ag imeacht, ag tuilleadh is ag iomrá (?) go bhfaighidís in aghaidh a chéile iad. Agus chomh luath is a bhfaighidís an dá bhuachaill sin, nó an

---

<sup>483</sup> Ó Criomhthain, *Allagar na hInise...*, 280.

<sup>484</sup> Tomás Ó Criomhthain, ‘Sliabh na mBan: Sceul ó sna Blascaedí,’ *Fáinne an Lae*, Feabhra 15 1919, 3. I geló freisin in *Bloghanna ón mBlascaod*, 32-3. [Liomsa an bhéim]

tseanchailleach is an seanbhuachaill in adharca a chéile, dhúnaidís a gclab, shuídís siar, is bhídís ag éisteacht.<sup>485</sup>

Ní hamháin gur baineadh taitneamh as a bheith ag éisteacht le hargóintí den chineál seo ach rinneadh iad a insint agus a athinsint, rinneadh ábhar agus abarthacht an allagair a chaomhnú agus iad ag cur le traidisiún béil an phobail. Deir Tim Enright ‘they would be recounted and savoured by the Islanders.’<sup>486</sup> Sa chaoi seo bronnadh beatha nua ar an allagar i gcuimhne an phobail. Dhéantaí iad a thabhairt chun cuimhne agus a aithris, ní ar mhaithe le hábhar an aighnis nó pé údar leamh laethúil a spreag an chaismirt a phlé, ach ar mhaithe le pléisiúr a bhaint in athuir ó láimhseáil chruthaitheach bharrúil na teanga. Sáraíonn an t-allagar taitneamhach an ghnáthchaint laethúil, agus seolann i dtreo na healaíne muid.

Cumadh véarsaí filíochta uaireanta mar chuid den iomaíocht chainte seo. I gcuntas rispéisiúil ó bhéalaithe Pheig Sayers déantar cur síos ar iomarbhá nó aighneas véarsaíochta a cumadh agus a mhair ansin i mbéal an phobail lena linn. Beirt bhan a cheap na véarsaí seo agus cearc a bhí ina cnámh spairne eatarthu.

Cearc faoi ndeara an chaismirt sin leis, agus a leithéid de cháinseoireacht is d’allagar cainte is a bhí acu. Ní haon lá amháin a bhí sin ar siúl acu ach i rith na bliana.

Bhí an bheirt bhan seo a deirim ina gcónaí sa dá thigh ba ghiorra dá chéile agus bhídís i gcónaí in iomarbháidh le chéile, mar níor líofa duine acu as a teanga ná an duine eile. *Is dóigh liom go raibh féith na filíochta i ngach aoinne acu de réir dúchais agus is minic a bhímís ag éisteacht leo nuair a bhíodh an argóint eatarthu.*

... Tar éis í a imeacht abhaile is ea a bhí an argóint go léir acu, mar chromadar ar véarsaí filíochta a dhéanamh dá chéile. *Tamall beag ina diaidh sin ní raibh i mbéal pháistí an bhaile ach an chaint ghonta a thug an bheirt bhan dá chéile.*<sup>487</sup>

Dúchas na filíochta a bheith acu fé ndear líofacht neamhchoitianta na beirte, dar le Peig, agus a d’uaisligh an íde a thug siad dá chéile ina ealaín. Díol spéise freisin an pléisiúr a bhain na páistí as a bheith ag éisteacht leis an sciolladóireacht. Cumadh véarsaí beirte bunaithe ar an achrann agus scaip na véarsaí sin ar fud an bhaile:

**Bríde:**

Ní hí do chearc í in aon chor ach cearc mo dheirféarsa  
A d’fhág sí agam féin nuair a chuaigh sí thar lear  
Tá Máire Shiobháinín á rá gur léi féin í,  
Is nára maith age Méaraí Bheag déanamh á ceal.

---

<sup>485</sup> Fear anaithid ó Chorr na Móna, ag labhairt ag Éigse na Féile 1985 i gCorr na Móna. Fiseán i gcartlann an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta.

<sup>486</sup> Enright, *Island-Cross Talk...*, 3.

<sup>487</sup> Peig Sayers, *Machnamh Seanmhna* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1992) 111-15.

**Máire:**

Is í siúd an bladaire de chaille bhuí an díomais  
Go bhfuil mórán de ina hintinn is go leana go brách  
A shlad cearc mo linbh léi a tháinig thar maoilinn  
Is nár chuire sí choíche mórbhreis ar a sparán.<sup>488</sup>

Bhreact an Criomhthanach allagar nó argóint i bhfoirm véarsaíochta síos chomh maith a ceapadh ar an oileán lena linn. Agallamh triúir, idir bean nuaphósta, a fear céile agus a máthair chéile atá sa cheann seo agus feictear coimhlint idir óige agus seanaois, leisce agus díograis oibre, an mhóρθír agus an t-oileán sa chomhrá eatarthu. Tá Úna, an bhean nuaphósta ón móρθír, ag súil go mbeidh ‘saol breá bog’ aici ar an oileán. Ligeann sí uirthi gur leas léi an díomhaoiteas agus gurbh fhearr léi a bheith sa bhaile áit a mbeadh obair le déanamh aici, ach tuigeann an mháthair chéile nach bhfuil ann ach cur i gcéill.

**Máthair a céile**

Fan fada go fóill, a stóir, is chífir  
Obair is gnó go leor is fuilleach,  
Beidh pluda ort go seóidh, tá móin is aoileach  
Is ní mór it shlinneán di, it dheáramh chímse.

Is beag a dtáinig ót áit-se chímse  
Ná gur suaimhneas is fearr leo go sámh is iad sínte  
Ní taca roim báid iad lá na scríbe  
Seachas mná an Oileáin a théann go cromán san taoide.

**Úna**

Scalladh chughatsa, a chunúisín chríonna,  
Go bhfuil do chos ar an uaigh is nach mór do dhícheall,  
Is measa dhom chugham thú ná banabhraiseach sníofa,  
Go mbeadh a tuirne san chúinne ag cur culaith ar dhaoine.<sup>489</sup>

Déanann na véarsaí seo dlisteanú de shórt ar luachanna na n-oileánach agus déanann ceiliúradh ar shaothar agus gaisce na mban a théann ‘go cromán san taoide’ nuair a chuirtear i gcomparáid le scráiste ón móρθír iad. Cuirtear an t-agallamh seo inár láthair mar ‘chomhrá sultmhar’ a tharla le cuimhne na ndaoine agus go deimhin féin uncail leis an gCriomhthanach a bhí pósta le hÚna an allagair. Suntasach go leor ní thugann Peig nó Tomás le fios gur rud eisceachtúil nó neamhchoitianta amach is amach a bhí sna hallagair seo a bheith á gcumadh i bhfoirm filíochta. Ní hé gur cumadh na píosaí filíochta *extempore* ach go raibh siad ag cur leo de réir a chéile. Deir Peig gur mhair Caismirt na gCearc ar feadh bliana agus de réir mar a ghéaraigh an t-aighneas gur chromadar ar na píosaí filíochta a cheapadh. Dúirt Pádraig S. Ó Murchú go gcumtaí véarsaí beaga ar an gcaoi sin ina óige chomh maith:

Tá cuimhne agam scata de na seanbhoic fadó cruinnithe thart ar an dtine.  
Chumadh fear éicint cúpla líne faoin bhfear a bhí trasna uaidh agus chumadh  
an fear eile ansin cúpla líne eile ag caitheamh dartóg ar ais leis. Agus

---


<sup>488</sup> *Ibid.*, 114.

<sup>489</sup> Ó Criomhthain, *Bloghanna ón mBlascaod...*, 55-6.

b'fhéidir go mbeadh duine éicint ansin a raibh cloigeann maith aige nó cuimhne mhaith aige agus bheadh sé sin tugtha abhaile leis. Agus bheadh sé á chur le chéile agus leis an am b'fhéidir go gcluinfadh sé cúpla píosa arís dhó oíche éicint eile. Ar an gcaoi sin tháinig go leor píosaí amach as an obair sin.<sup>490</sup>

## Saothar Thaidhg Uí Chonchubhair

### Drámaíocht a fáisceadh as ithir an dúchais?



Léaráid 9: Saothar Thaidhg Uí Chonchubhair.

Breacadh síos drámaí véarsaíochta, dánta, agallaimh agus amhráin ó bhéalaithris Thaidhg Uí Chonchubhair, Lios Póil i dtús an chéid seo caite. Sholáthraigh sé dráma véarsaíochta dár teideal ‘Cleamhnas an Bhacaigh’ d’Fheis an Daingin sa bhliain 1903 agus ina dhiaidh sin bhailigh Fionán Mac Coluim agus An Seabhac ábhar uaidh. Foilsíodh ‘eachtraihte Thaidhg Uí Chonchubhair’ san iris *An Lóchrann* ar dtús agus ansin i bhfoirm leabhráin *Racaireacht Ghriinn na Tuaithe* (1925). Sa phlé atá déanta ar a shaothar ó shin feictear go raibh claonadh ag léirmheastóirí díriú ar dhá mhórcheist ina leith – cad as a dtáinig na blúiríní filíochta agus drámaíochta seo agus cén chaoi ar cheart rangú a dhéanamh orthu?<sup>491</sup> Feictear an éiginnteacht seo i dtaobh a rangaithe i réamhrá an tSeabhaic:

---

<sup>490</sup> Pádraig S. Ó Murchú ag caint ar RNG 6 Meitheamh 2001, luaite in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 31.

<sup>491</sup> Féach mar shampla An Seabhac, ‘Roimhrádh,’ *Racaireacht Ghriinn na Tuaithe* (Baile Átha Cliath: Brún is Ó Nuallán, 1925); Roibeard Ó Cathasaigh, *Iris na hOidhreacht* 3 ead. Pádraig Ó Fiannachta (Baile an Fhirtéaraigh: Oidhreacht Chorca Dhuibhne, 1991) 137-83; Seán Ó Morónaigh, *Drámaíocht ó*

Tiompall na bliana 1903 iseadh fuarthas fios ar dtúis go raibh na “dánta” so ag Tadhg Ó Conchubhair.<sup>492</sup>

Cailleadh na *cóibeanna de'n “dán”* [Cleamhnas an Bhacaigh] agus nuair a chuathas chuig Tadhg chun a fhagháil arís uaidh bhí mór-chuid de imithe as a chuimhne.<sup>493</sup>

Níl na rudaí céanna i gceann aon duine eile in Éirinn... Saghais deilbhe leo féin sa litríocht is ea na heachtraithe filíochta atá ag Tadhg. Cia h-é do dhein ar dtúis iad?<sup>494</sup>

Cuireadh na píosaí seo ar stáitse ag Feis an Daingin, áit a raibh drámaí eile, leithéidí *Tadhg Saor, An Sprid, Seán na Scuab* agus *Máire Ní Eidhin*, á léiriú i dtús aimsir na hAthbheochana.<sup>495</sup> Níorbh ionann ‘drámaí’ Thaidhg ina ndreach nó ina gcruth le drámaí eile na hAthbheochana. Sleachta fíor-neamhghnácha a bhí iontu dar leis an Seabhad. ‘An chuid is tréithiúla de na h-iarrachtaí atá sa bhailiú seo – na píosaí fada atá i bhfuirm dráma – is neamhchoitianta an saghais oibre í i nGaedhilge.’<sup>496</sup> Níorbh ionann ach oiread bunús nó foinse na ndrámáí seo sa méid is gur glacadh síos ó bhéalaitheas iad. Ceistíodh Tadhg go minic i dtaobh údair na sleachta ach níor éirigh leo freagra cinnte a fháil uaidh.

Bhí éideimhin mhór ann i dtaobh cé dob údar do na h-iarrachtaí filíochta so. Le linn dúinn a bheith ’á bhfagháil ó Thaidhg, bhímís go piacalach ’á fhiafhraidhe dhe cé cheap iad nó cé uaidh a fuair sé féin iad. Ní dheineadh sé ach gáire agus freagra éigin a thabhairt dúinn d’fhágadh gan eolas sinn.<sup>497</sup>

An iarsmaí de dhrámaí traidisiúnta seanda a bhí iontu mar sin nó ábhar nuachumtha? Arbh é féin a chum is a cheap? Nó ar tháinig na drámaí ó bhéal go béal aniar ó Mhuiris Ó Grifín a mhair i lár an naoú céad déag, de réir thaighde Sheáin Uí Mhorónaigh?<sup>498</sup> Na ceisteanna sin is mó a tharraing plé agus go dtí seo níl mórán anailíse déanta ar an saothar é féin. Feictear domsa gurb é sainmhíniú róchúng lucht léinn ar an ‘traidisiún’ ba chúis le cuid den útamáil seo i dtaobh shaothar Thaidhg. Mar a luadh cheana, agus gluaiseacht an rómánsachais faoi lánseol, cuireadh béim ar leith ar scéalta agus dánta ársa a bhailiú. Samhlaíodh luach ar leith le míreanna béaloideas a tháinig anuas ó ghlúin go glúin ón tseanaimsir agus ceapadh go raibh éachtaint le fáil iontu ar stair agus *volksgeist* na tíre. Ba thábhachtaí le béaloideasóirí an toise stairiúil seo a bhain le heilimintí d’ealaín na béalaireachta ná gnéithe comhaimseartha.<sup>499</sup> D’fhág an meon sin

---

*Dhúchas ó bhéalaitheas Thaidhg Uí Chonchubhair* (Camas: An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta, 2005).

<sup>492</sup> An Seabhad, *Racaireacht Ghrinn na Tuaithe...*, ii. [Liomsa an bhéim]

<sup>493</sup> *Ibid.*

<sup>494</sup> An Seabhad, *An Lóchrann*, Meitheamh 1919 luaite in Ó Morónaigh, *Drámaíocht ó Dhúchas...*, 19.

<sup>495</sup> Ó Morónaigh, *Drámaíocht ó Dhúchas...*, 35.

<sup>496</sup> An Seabhad, *Racaireacht Ghrinn na Tuaithe...*, v.

<sup>497</sup> *Ibid.*, ii.

<sup>498</sup> Ó Morónaigh, *Drámaíocht ó Dhúchas...*, 21-2.

<sup>499</sup> Féach Pádraig Ó Héalaí, ‘An Béaloideas – A thábhacht agus a Phobal,’ in Pádraig Ó Fiannachta, ead. *An Teanga: Iris na hOidhreachta* 10 (1998) 25-50.

saothar Thaidhg in áit na leathphingine, sa méid is nach bhféadfaí é a rangú go sásúil mar bhéaloideas ná mar nualitríocht.

Creidim féin gurb é Tadhg Ó Conchubhair a chum na sleachta seo, ach ní fhágann sin nach píosaí traidisiúnta iad san am céanna. Briatharchathanna nuachumtha atá iontu ach tá siad neadaithe go domhain i mbéascna seanbhunaithe. Agallaimh iad seo a fáisceadh as traidisiún na béalareachta agus a ceapadh de réir ghnás agus stíl an aighnis fhileata. Chonacthas cheana go raibh allagair agus aighnis fhileata á gcumadh ar oileán an Bhlascaoid in aimsir an Chriomhthanaigh agus gur cumadh ‘Caismirt na gCearc’ i nDún Chaoin agus Peig ina cailín óg. An ealaín chéanna atá mar bhunchloch ag saothar Thaidhg Uí Chonchubhair, cé gur léir go bhfuil forbairt déanta aige uirthi agus go bhfuil iarracht déanta aige an t-allagar a chur in oiriúint don stáitse. Bailíodh trí cinn de ‘dhrámaí’ ó Thadhg Ó Conchubhair agus sé agallamh. Cuimhneofar gur d’Fheis an Daingin a bailíodh an chéad cheann, ‘Cleamhnas an Bhacaigh’, uaidh agus ar an ábhar sin ní mór tionchar an Chonartha a thógaint san áireamh. Ardán nua a bhí ar fáil sna Feiseanna agus ré nua tagtha ar an bhfód fé stiúir an Chonartha. Is léir ó ábhar na n-agallamh go raibh idé-eolaíocht an Chonartha faoi chúrsaí teanga imithe go mór i bhfeidhm ar Thadhg agus ós rud é gur bailíodh na sleachta seo uaidh le cur i láthair an phobail mar chuid den Fheis ní haon ionadh go ndearna sé iarracht iad a chur in oiriúint don lucht féachana/éisteachta agus don chomhthéacs léirithe nua. An mian céanna le hábhar ón traidisiún a mhúnlú de réir faisin agus slat tomhais na hAthbheochana a thug ar Pheig Sayers ‘dráma Gaelach’ a thabhairt ar agallamh a bailíodh uaithe. Mar seo a thosaigh sí ar scéal an agallaimh a chur i láthair:

*Seo dráma Gaelach atá agam le labhairt anso anocht. Buachaill agus cailín a bhí an. Do bhíodar i ngrá le chéile go mór, ach go mórmhór do bhí an buachaill imithe bán mar gheall ar an gcailín. Do bhí a lán buachaillí insan áit a bhí ag féachaint féna bhfabhraí uirthi. Ach do bhí eagla air seo go dtabharfadh duine éigint acu an cailín uaidh, agus níor dhein sé ach an cailín a dh’fhuadach óna muintir gan a dtoil.<sup>500</sup>*

Lean sí ansin le véarsaí na beirte, an cailín ag impí ar an mbuachaill í a scaoileadh abhaile agus ag caitheamh anuas ar an ‘mbadhbaire fáin’ a d’fhuadaigh í.

D’fhás drámaí agus agallaimh Thaidhg Uí Chonchubhair ó thraidisiún an aighnis agus fiú más sceitseanna nuachumtha a bhí iontu, bhíodar fréamhaithe go domhain in ithir na béalareachta. D’aithin An Seabhac go raibh Tadhg ag tarraingt ar ábhair ón traidisiún agus gur shíolraíodar ón spéis sa dea-chaint agus ó fhilíocht an bhéil bheo.

Bhí filíocht scaoilte den tsaghas so ag fás ameach na ndaoine gur chuir meath na Gaedhilge cosc leis ... An bíogadh filiúil ór fhásadar san is é ghríosúigh

---

<sup>500</sup> Peig Sayers, ‘Dráma Gaelach,’ *Labharfad le Cách: I Will Speak To You All*, in eag. Bo Almqvist agus Pádraig Ó Héalaí (Baile Átha Cliath: New Island, 2009) 69-71. [Liomsa an bhéim]

Tadhg Ó Conchubhair. Ní ón léighean ná ó scoilbh suadh a tháinig sé. D'fhás sé as aigne daoine gurbh áil leó fuirm agus órd ar chainnt agus gur ceileadh ortha ins na haimseara deirineacha an ealadha a mhúinfeadh dhóibh conus an ghreantacht iomlán a chur ar shruth a mbriathar béil.<sup>501</sup>

Agus é ag trácht ar fhoirm agus struchtúr na bpíosaí cumadóireachta a bailíodh ó Thadhg, luaigh An Seabhac go raibh cosúlachtaí áirithe ó thaobh foirme idir iad agus díospóireachtaí eile i bhfoirm filíochta. Bhí cruth nua curtha ag Tadhg orthu, áfach, agus iad forbartha ina dtaispeántais amharclainne.

B'fhéidir go bhfuair an t-údar an smaoineamh as an aithne a bhí aige (agus ag urmhór Gaedhilgeóirí le na linn) ar “An Peacach ’s an Bás,” “An Siota ’s a Mháthair,” “An Cholainn ’s an tAnam,” agus b'fhéidir “Cúirt an Mheadhoin-Oidhche” agus “Párlimint na mBan.” Ach ní ionnta san a fuair sé an deilbh drámaíochta atá ins “An Dá Dhrúncaer” agus i “(g)Caismirt na gCearc,” agus do bhí, leis, i “(g)Cleamhnas an Bhacaigh” nuair do bhí san slán.<sup>502</sup>

Is cinnte go raibh cur amach ag Tadhg ar na hagallaimh seo a luann An Seabhac agus tá fianaise air sin le fáil sa dráma ‘Cleamhnas an Bhacaigh,’ áit a mbaintear macalla soiléir as ‘Aighneas an Pheacaigh leis an mBás’. Nuair a thagann bacach ag déircínteacht ag tús an dráma, ligean an bhean an racht seo a leanas leis.

**Cáit:**

*Lig dod ghlamaireacht,  
A challaire an éithigh!  
Nó caithfead an tine dhearg leat,  
Mara mbeir amuigh de phléisc uaim!*

...

**Cáit:**

*Dá bhfeicinnse ar fud a' tí aon phíce!  
Nó aon airm eile go mbeadh puinnt' air!  
Is fadó bheadh sé tríd chroí agam!  
Is ansan bhéarfadh Lúisfear chuige féin síos tú!<sup>503</sup>*

Tá bagairtí na mná sna véarsaí, idir fhriotail, struchtúr agus stíl, bunaithe ar chaint bhagrach an Bháis in Aighneas Denn.

**An Bás:**

*Leig dod sheanchus, a sheanduíne chnaoite  
Nó saighfíod an bior so tré lár do chróidhe 'steach,  
Is tabharfaidh aon mhac Muire breith gan sgaoile,  
Air t'anam anois, is go h-ithfrionn síos leat.<sup>504</sup>*

Mianach an agallaimh atá mar bhuncháilíocht agus mar phríomhbhua ag na drámaí a tógadh ó bhéalaithe Thaidhg. Tosnaíonn gach ceann de na drámaí seo le hallagar nó

---

<sup>501</sup> An Seabhac, ‘Roimhrádh,’ *Racaireacht Ghrinn na Tuaithe...*, viii.

<sup>502</sup> *Ibid.*, vi.

<sup>503</sup> Ó Morónaigh eag., *Drámaíocht ó Dhúchas...*, 96. [Liomsa an bhéim.]

<sup>504</sup> Patrick Denn, *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás* (Port Láirge: Harvey & Co, 1899) 8.

briatharchath idir na príomhcharachtair. Murab ionann agus conair choinbhinsiúnach na drámaíochta ó aimsir Arastotail i leith, tosnaíonn na drámaí leis an gcoimhlint nó le buaicphointe na heachtra. Tosnaíonn ‘Caismirt na gCearc’ le hargóint idir beirt bhan faoi chearca; bean tí agus bacach atá in adharca a chéile in aighneas fileata ag tús ‘Cleamhnas an Bhacaigh’; sagart agus drúncaer atá ag tabhairt dúshláin a chéile in ‘An Dá Dhrúncaer.’ Gníomh amháin atá sa dráma ‘An Dá Dhrúncaer’ agus is é is fuinte agus is sásúla de dhrámaí Thaidhg. Tosnaíonn sé le hargóint réasúnta fada (tuairim is trian den script iomlán) idir an sagart agus an meisceoir Seán Ó Sé. Castar ar a chéile iad go moch ar maidin, agus Seán ar a bhealach abhaile i ndiaidh oíche ragairne. Nuair a cheistíonn an sagart é, ní ghéilleann Seán in aon chor dá údarás agus tugann a fhreagra easurramach le fios go mbeidh sé ina bhriatharchath barrúil eatarthu.

**An Sagart:**

Nach moch ataoir lasmuigh, a Sheáin Uí Shé!  
Is ní maith é do chruth ná do leibhiré;  
A neosfá conas a chaithis an oíche aréir?

**Seán:**

Ná fuileann tú féin amuigh chomh moch liom, Athair Paor!  
Is níl aon locht agamsa ar mo chruth ná ar mo leibhiré;  
Agus pé slí ar chaitheas-sa an oíche aréir,  
Is dóigh liom gurb é sin mo chúram féin.<sup>505</sup>

Leantar le comhrá faoin bpósadh, le Seán ag fáil lochta ar a bhean chéile Léan agus an sagart á cosaint. Géaraíonn ar an aighneas ansin agus imíonn sé ó ionsaí ar an mbean (nach bhfuil i láthair) go hionsaí díreach ar an sagart féin. Ag trácht ar an mbainis deir Seán:

Im briathar ’Athair, is maith is cuimhin liom é –  
Agus a bhfuairas uaithe ’spré,  
Gur bhainis-se dhíom é go léir;  
Is mara mbeadh scilling bhí im phóca féin,  
Gur baolach go mbeimis gan ár ndinnéar!

**An Sagart:**

Tá deallramh, a Sheáin, nár mhór í an spré,  
Mar níor thugais domhsa ach a’ seacht is raol.  
B’éigin dom leathchoróin eile a chur ann mé féin  
D’fhonn an easpaig a dhéanamh baoch.<sup>506</sup>

Fuintear cuid mhaith de ghreann an dráma as caint shotalach dhána Sheáin agus é ag déanamh comparáide idir stádas agus saothar an tsagairt, agus a ionad dearóil féin sa saol. Mar fhreagra ar chlamhsán an tsagairt faoin íocaíocht shuarach a fuair sé ar shearmanas an phósta deir sé:

---

<sup>505</sup> Tadhg Ó Conchubhair in *Drámaíocht ó Dhúchas...*, 71.

<sup>506</sup> *Ibid.*, 73.



**Seán:**

Tá fhios agam go maith, Athair Paor,  
Gur beag leat ar fad é,  
Cé ná rabhais thar deich neoimintí, ar a mhéid,  
Am' cheangalsa le Léan;  
Is gur minic a chaitheas dhá uair déag a chloig ag baint an fhéir,  
Le speil ar beagán faobhair,  
Is ná faghainn leath a'seacht is raol.<sup>507</sup>

Nuair nach bhfuil sásamh le fáil aige ar an sagart tairgeann sé níos mó airgid dó ach é féin agus Léan a scaradh óna chéile.

**Seán:**

Sea, 'nois a Athair Paor,  
Pé 'cu baint a' choirce é nó baint an fhéir,  
Dúblófaidh mé dhuit an seacht is raol  
Ach mé scur arís ó Léan!<sup>508</sup>

Fé mar a bhí leis 'An Siota agus a Mháthair' baintear leas as an ngreann le searbas agus géire na n-ionsaithe a mhaolú. Fuintear greann as aineolas Sheáin i dtaobh an chreidimh agus sacraimint an phósta. Ceadáíonn foirm an agallaimh an cáineadh agus an sciolladh seo mar go dtuigtear go bhfuil cead cainte ag an dá thaobh agus go ndéanfaidh siad ráitis a chéile a bhréagnú. Cuirtear Seán i láthair mar mheisceoir agus mar amadán, ach tugann an phearsa nó an aghaidh fidil sin saoirse áirithe don chumadóir/aithriseoir caint chonspóideach a chur ina bhéal. Nuair nár ceanglaíodh é féin agus Léan le chéile go fisiciúil le téad nó slabhra, ní thuigeann sé cén deacracht a bheadh ann iad a scaoilfeadh saor óna chéile.

**Seán:**

Arú, a Athair Paor!  
Ar ndóigh ní le slabhra ná le téid,  
Ná le córda ramhar ná caol,  
A cheanglais-se mé le Léan,  
Ach le beagán ráite béil  
Agus gan ach gibris i gcuid acu san féin.

**Sagart:**

'Á mba le slabhra nó le téid,  
nó le córda ramhar ná caol,  
do cheanglóinn tu le Léan,  
do scaoilfeá iad tu féin.  
Níorbh ea ach le ceann de shacraimintí Dé  
Agus a bhfuil de shagairt ar a saol,  
Is fiú amháin an Pápa féin,  
Ní fhéadfaidís tú scur anois ó Léan.<sup>509</sup>

Ní ghlacann sé le freagra an tsagairt nó teagasc na heaglaise i dtaobh an cholscartha ach oiread agus meabhraíonn sé don sagart go mbíonn lucht dlí in ann daoine a scarúint óna chéile:

---

<sup>507</sup> *Ibid.*, 73.

<sup>508</sup> *Ibid.*, 74.

<sup>509</sup> *Ibid.*, 74-5.

**Seán:**

Gabhaim párdún agat, 'Athair Paor.  
Ná cloisim Séamas Raol  
Á léamh as na páipéir  
Go bhfuil breithiúin dlí 'gus léinn  
Á scur in aghaidh an lae;  
Agus san ar fud a' tsaoil.<sup>510</sup>

Sroicheann siad teach Sheáin agus téann isteach, áit a dtugtar carachtair eile isteach sa dráma. Tagann dara coimhlint an dráma ó argóintí Sheáin lena bhean chéile Léan. Murab ionann agus an gnáthléiriú ar bhantracht na tuaithe i dtéacsanna na hAthbheochana, bean í Léan a bhfuil teanga aibí aici. Tá idir ghreann agus áibhéil ag baint le cur síos Sheáin uirthi – bean í a bhfuil a croí ‘chomh líonta ’mhioscais is de phlé is bheadh bolg seanbhó ’bheadh tar éis na hoíche ar choca féir.’<sup>511</sup> Tá teanga aibí, ghéar aici agus deir Seán, agus é ag tabhairt foláirimh don sagart:

Mhuisse mo thrua go mór tú 'Athair Paor!  
Dá mbeadh dáréag eile sagart ad fhochair féin,  
Agus Naomh Peadar 'n bhúr bhfochair go léir,  
Ní chuirfeadh sibh teanga síochánta i mbéal Léan.<sup>512</sup>

Deirtear faoi bhean eile go bhfuil ‘teanga aici bhéarfadh an fhéasóg de Ghiúdach.’<sup>513</sup> Leantar leis an argóint faoi spré Léan, deir Léan gur cúig phunt a thug sí mar spré agus áitíonn Seán nach bhfuair sé ach seacht is raol.<sup>514</sup> Tugtar isteach Séamas Raol, fear an tsíbin, a labhraíonn i mBéarla ar fad, a bhean chéile Sinéad agus comharsa eile, Máiréad, le ceist na spré a réiteach agus tá sé ina chogadh dearg idir na fir agus mná. Más meisceoirí iad na fir, cuirtear an peaca céanna i leith na mban. Deir Séamas go raibh tórramh ar siúl oíche an chleamhnais agus go raibh na mná ar fad súgach go maith agus nach cuimhin leo mórán faoin spré.

I slí's go rabhadar ar meisce caoch;  
Tamall ag caismirt agus a' plé,  
Tamall a' seimint A' Chlár Bog Déil;  
Tamall ag gol i ndiaidh Thaidhg Uí Néill.  
Agus an dóigh leatsa, 'Athair Paor,  
Go bhfuil aon chuimhne acu san ar ar mhór ná ar bheag í an spré –  
Is má imigh chúig phúint ó Léan  
Is amhla' chaill sí é ar thórramh Thaidhg Uí Néill.<sup>515</sup>

Tá greann Raibiléiseach ann ó thús deireadh agus léirítear tuiscint nach beag ar an stáitse. Admhaíonn na mná go rabhadar ag ól ach deir siad gur breoiteacht agus tinneas a chuir i dtreo an óil iad. Is í an chontrárthacht idir dáiríreacht Mhairéad agus í ag

---

<sup>510</sup> *Ibid.*, 75.

<sup>511</sup> *Ibid.*, 76.

<sup>512</sup> *Ibid.*, 77.

<sup>513</sup> *Ibid.*, 82.

<sup>514</sup> Réamhtheachtaí liteartha Chaitríona Pháidín!

<sup>515</sup> Tadhg Ó Conchubhair in *Drámaíocht ó Dhúchas...*, 84.

maíomh as neamhúrchóide na mban agus an tagairt don ‘tart gan traochadh’ sa líne dheireanach a léiríonn mianach na geandrámaíochta.

**Máiréad:**

Dhera, ca’ na thaobh ná neosainn é don Athair Paor  
Agus don pharóiste go léir –  
Bhí tinneas goile orm féin,  
Tinneas fiacal ar Léan  
Agus tart gan traochadh ar Shinéad.<sup>516</sup>

Cuirtear clabhsúr leis an eachtra ar fad nuair a iarrann an sagart orthu ar fad ‘an chros a thógaint’ agus staonadh den ól feasta.

Ní éiríonn chomh maith céanna le drámaí eile Uí Chonchubhair an snáithe céanna a choimeád ó thús deireadh. In ‘Caismirt na gCearc’ tosnaítear le hallagar ban faoi chearca agus tá an ghné choimhlinteach ann ón gcéad líne is an bheirt bhan ag milleanú agus ag mallachtú a chéile:

**Sinéad:**

A Mháiréad Ní Ghearailt, mara gcoiméadair do chearca  
Tabharfad ordú as mo sheasamh don chúirt duit,  
Cé gurb é m’opineón daingean ná faghair aon leathscéal dá ndeascaibh  
Ach plucaireacht cainte is athumhlacht.

**Máiréad:**

Ara, a Shinéad Ní Bhreasail, ní le haon easpa beatha  
Do thriallann mo chearca-sa chugatsa.  
Is acu bheadh na heagáin fuar dealbh ag teacht chugam abhaile  
Dá mbeidís ag braith ar a bhfaigheann siad ’na gcúrsa.<sup>517</sup>

Is breá ábalta atá na báirseoirí seo ar an teanga a úsáid agus leantar den achasán agus iad ag tabhairt íde na muc is na madraí dá chéile. Cuireann siad gadaíocht, leisciúlacht, mímhúineadh, sprionlaitheacht, súdairacht i leith a chéile agus liodán fada mallachtaí agus eascaíní atá i gcéad radharc an dráma.

**Sinéad:**

A cheirtleog gan maitheas, sé do leithéid mhaifeadh as ghaisce,  
Nár fhág riamh go dtí an t-eadartha an súsa;  
Nár dhein riamh balcuis do leanbh ná fearsaid a chasadh,  
Ach go gcuirfeá an oiread ad bhladar le cúigear.

**Máiréad:**

Mhuise, a oilithrigh mheata! Gan dealramh gan phearsa,  
Níl sé de cháil agat beatha do iompar;  
Ach go ndéanfá maoirseacht ar chearcaibh is dá sceinnfeadh sicín thar falla,  
Go gcloisfeadh an baile tú ag liúirigh.

...

---

<sup>516</sup> *Ibid.*, 86.

<sup>517</sup> *Ibid.*, 45.

A amhasadóir mhallaithe, chancrach, aithiseach,  
Ná fuair riamh teagasc ná múineadh,  
Níl aon bhean ar an mbaile ná go dtabharfadh an leabhar dom sa chathair  
Gurb é do choileachsa mheallann chun siúl iad.

**Sinéad:**

A chrónchailligh bhradaigh, phórphusach, smeartha,  
Níl mo choileachsa bradach ná siúlach;  
Is má deirir leis dada níl aon chloch ar an mbaile  
Nach gcuirfidh mé ceangailte dhod shúil í.<sup>518</sup>

Ní leor leo an foréigean a bhagairt ar a chéile agus déanann siad ionsaí fisiciúil ar a chéile, ag caitheamh cloch, ag brú agus ag bascadh a chéile. Cé gur minic bagairtí agus mionnaí móra sna hagallaimh a cumadh roimhe sin, ‘An Siota agus a Mháthair’ mar shampla, rinne Tadhg Ó Conchubhair gníomh den bhagairt ina dhrámaí agus téann na pearsana ar na doirne le chéile. Bailíodh an téacs seo ó Thadhg sa bhliain 1909 agus nuair a chuimhnítear ar an raic a tarraingíodh mar gheall ar shaothar Synge tamall de bhlianta roimhe sin agus an léiriú maslaitheach ar bhantracht na hÉireann a samhláíodh lena chuid drámaí,<sup>519</sup> díol spéise gur éirigh le Tadhg feannadóirí trodacha ban a chur ar an stáitse agus gur glacadh le greann na heachtra. Oscailt fhíorláidir bharrúil atá i gcéad radharc an dráma, ach cailltear an ghné choimhlinteach den dráma róluath san aicsean agus téann sé chun leimhe sa dara agus sa tríú gníomh le plé fadálach ar chúrsaí cleamhnais. Cuireadh fophlotaí eile leis agus rinneadh iarracht buaicphointe eile a shníomh isteach ag deireadh an dráma nuair a bhuaileann tinneas na carachtair ar fad, ach ní oibríonn an dráma mar aonad. Na laigí céanna atá le sonrú in ‘Cleamhnas an Bhacaigh’ a thosnaíonn ar an gcaoi chéanna le beirt charachtar ag tabhairt leadhbhairt teanga dá chéile agus a éiríonn beagáinín scaoilte agus scaipthe de réir mar a leanann sé ar aghaidh.

Bhí foirm an agallaimh lárnach sna sceitseanna stáitse ar fad a tháinig ó bhéalaithris Thaidhg agus tá cuid de na téamaí céanna sna hagallaimh a breacadh síos uaidh. An choimhlint idir fear agus bean chéile is ábhar do ‘Cáit a’ Chailithe agus a Fear.’ Deis chun scigthe atá sa cheann seo chomh maith agus tá taitneamh agus spórt an allagair ag brath ar dhearg-ghráin na beirte ar a chéile, fé mar a bhí leis an lánúin in ‘An Dá Dhrúncaer.’ Leathrann an duine an roinnt a dhéantar ar an gcaint, le ráiteas ón bhfear agus aishfhreagra giorraisc ón mbean. Leanann an dinimic seo ó thús deireadh, an fear ag dearbhú agus an bhean á bhréagnú, rud a thugann luas agus rithim neamhchoitianta don argóint. Mar seo a thosnaíonn sealaíocht phras niogóideach na beirte:

---

<sup>518</sup> *Ibid.*, 46.

<sup>519</sup> Féach mar shampla na círéibeacha a lean *The Playboy of the Western World* agus an bhaint a bhí ag Conradh na Gaeilge leis an raic. James Kilroy, *The ‘Playboy’ Riots* (Dublin: Dolmen Press, 1971) agus Declan Kiberd, *Synge and the Irish Language* (London: Macmillan, 1979).

**Fear:**

Bhuel, a oilithrigh! Is trua mar a bhacas tú,  
Mar Naomh Peadar ní fhéadfadh leat réachtaint!

**Cáit:**

Pé bhean is naofa ar a dtalamh so,  
Ní fhéadfadh sí gan bheith a' plé leat.

**Fear:**

Ar ndóí'n ní raibh aon bhean lem linnse ar an mbaile  
Ná faghainn ar bhagairt mo mhéire.

**Cáit:**

Is dóigh mhuisse gurb í Cáit bhocht gur thit uirthi scamall  
Agus tusa a ghlacadh mar chéile.<sup>520</sup>

Cuireann an fear céile ina leith go bhfuil faillí déanta aici ina cúraimí mar bhean chéile  
ach is láidre i bhfad maslaí na mná agus déanann sí ionsaí air siúd ina cuid freagraí.

**Fear:**

Níor chuiris riamh greim in aon bhalcuis dom,  
Is ní bhfuairas aon léine le mí uait.

**Cáit:**

Tá do chroiceann chomh buí is chomh smeartha san,  
Níorbh aon mhaith in aon chor í ní dhuit!

**Fear:**

Tá mo chosa gan aon luid den stoca agat,  
Níor dheinis riamh fearsad do shníomh dóibh.

**Cáit:**

Tá do chosa chomh cnámhach is chomh hainnis sin,  
Ní choimeádfadh Éire stocaí dóibh!<sup>521</sup>

Feictear aisiompú ar ról traidisiúnta na bhfear agus na mban i sraith véarsaí ina  
ndéanann an fear cur síos ar na curaimí atá air. Tá greann an allagair bunaithe ar an  
malartú rólanna seo agus easurraime na mná dá céile.

**Fear:**

Ná caithfidh mé an t-urlár a scuabadh is a ghlanadh dhuit,  
's an citeal a chrochadh chun té dhuit!

**Cáit:**

Dhera! A n-ólfainnse 'thé go ceann seachtaine  
Chuirfeá-sa at shlaítear é in éineacht.

**Fear:**

Ná caithfidh mé an t-uisce do tharrac ón dtobar chugat!  
Is na prátaí do phriocadh 's do ní dhuit!

---

<sup>520</sup> Tadhg Ó Conchubhair in *Drámaíocht ó Dhúchas...*, 114.

<sup>521</sup> *Ibid.*, 115.

**Cáit:**

Mara ndéanfá ábhairín éiginteach corraithe  
Thiocfadh dathacha at chnámha i ndíomhaointeas.

**Fear:**

Caithfidh mé an cliabhán do luascadh 's do bhogadh dhuit,  
'S an leanbh do ghaisceadh 's a chíoradh.

**Cáit:**

Ní mór é mo thoradh 'r an leanbh san,  
Mar ón athair is ró-olc an *breed* é.<sup>522</sup>

Sampla eile atá anseo don tsaoirse a bhaineann le healaín an agallaimh. Baintear taitneamh as an gcaidreamh a léirítear san agallamh seo mar nach bhfuil sé ag teacht le gnás nó le coinbhinsiúin shóisialta an phobail. Cuirtear iompar nó caint nach mbeadh inghlactha sa ghnáthshaol os ár gcomhair sna hargóintí seo agus dá réir sin tá fuascailt, greann agus éalúchas ag baint leo. Ceistítear an t-údarás agus cuirtear an saol agus stádas sóisialta na bpearsana as a riocht: an bhean atá ag barrastóireacht ar an bhfear in ‘Cáit a Chalaithe agus a Fear’; an páiste atá ina thiarna beag ar a mháthair in ‘An Peata agus a Mháthair’; an meisceoir atá ag sciolladh ar an sagart in ‘An Dá Dhrúncaer.’ Fiú nuair a bhagáíonn an fear foréigean fisiciúil ar an mbean ní ghéilleann sí dá údarás.

**Fear:**

Ní haon mhaith bheith a’ caint leat, a challaire!  
B’fhearr an maide do chur ort a’ rince!

**Cáit:**

Mhuise, ná déanfá é thriail liom, a spreallaire!  
Féachaint ciacu ’gainn araon a bheadh thíos leis.<sup>523</sup>

Tagann deireadh leis an agallamh nuair a bheartaíonn an fear céile cráite nach bhfanfaidh sé léi feasta, scarann siad óna chéile is imíonn sé ar a chonlán féin. Cuimhneofar gur le léiriú ar ardán an Daingin a cumadh na hagallaimh seo agus cé gur caint dhíreach ar fad atá iontu, tá gníomhaíocht agus geaitsíocht áirithe intuigthe leo. Tá gluaiseacht agus gothaí ag baint le cur i láthair na n-argóintí. Tosnaíonn siad nuair a chastar an bheirt phearsana ar a chéile agus cuirtear clabhsúr leis an eachtra le gníomh, nuair a scarann siad óna chéile. Le ‘Cáit a’ Chalaithe agus a Fear’, mar a pléadh, imíonn an fear uaithi ar deireadh le teann feirge. Críochnaíonn ‘An Peata agus a Mháthair’ nuair a théann an peata i luí, iarrann ar a mháthair é a chlúdach le pluid agus gan a bheith ag cur isteach air a thuilleadh. Tagann deireadh le ‘Tréalach agus Máiréad’ nuair a fheiceann siad an sagart ag teacht ina dtreo agus ritheann siad agus téann ‘i bhfolach uaidh sa bhfraoch ar an gcnoc.’<sup>524</sup> Seift amharclainne í seo a bhí in úsáid le clabhsúr a chur leis an argóint ar bhealach fisiciúil agus a léiríonn go ndearnadh cúram don taispeántas beo agus ‘stáitsiú’ na n-agallamh. Má bhí gnéithe d’ealaín an agallaimh in

---

<sup>522</sup> *Ibid.*, 116.

<sup>523</sup> *Ibid.*, 117.

<sup>524</sup> *Ibid.*, 135.

úsáid i ndrámaí Thaidhg, bhí teicnící de chuid na drámaíochta in úsáid i dtaibhléiriú na n-agallamh chomh maith. Taispeántais thaitneamhacha a bhí sna hagallaimh seo, mar a thugann tuairisc ar Fheis an Daingin ó 1906 le fios: ‘The dialogue ‘An Pata (sic) agus a Mháthair’ between Maurice Keane and Kate Francis (St. Brendan’s) was provocative of much mirth.’<sup>525</sup>

Tá idé-eolaíocht na hAthbheochana le sonrú ar chuid de dhrámaí agus agallaimh Thaidhg, ach go háirithe ar an agallamh do pháistí ‘Tréalach agus Máiréad.’ Úsáidtear comhrá na bpáistí le ceist na teanga a phlé agus leis an gcóras oideachais agus an eaglais a cháineadh. Níl coimhlint nó aighneas eatarthu faoi mar atá sna hagallaimh eile. Ina áit sin baintear leas as soineantacht agus easpa tuisceana na bpáistí le hionsaí a dhéanamh ar na húdaráis agus le plé a dhéanamh ar an athrú teanga. Tugtar léargas ar easpa tacaíochta na cléire do ghuaiseacht na teanga agus tionchar an tsagairt ar mheon an phobail:

**Máiréad:**

Im briathar, a Thréalaigh,  
Coitianta ó lá an *station*  
Go bhfuil mo mham gabháil don Béarla go tiubh  
Agus ‘*Maggie*’ a ghlaonn sí  
Ó shin orm féinig  
Is deir sí ‘*dat name is dacey me tink.*’

**Tréalach:**

Im briathar, a Mháiréidín  
Go bhfuil mo dhaid chomh maith léithe –  
Níl aon ní uaidh ach Béarla ó shin;  
Is deir sé liom féinig  
‘*Terry be nately an’ ingilly spake he,*  
*An’ de preesht will tink dale av oo din’.*

**Máiréad:**

Mhuisse ní fheadar, a Thréalaigh,  
Cá bhfuairéadar an Béarla  
Is gan focal ’na mbéal de go dtí so  
An é an sagart is a chléireach  
’Chuir ’na bpóca é lá an *station*  
Cé gur dhóigh leat ná fuil sé ró-bhríomhar.<sup>526</sup>

Cuirtear Béarla lochtach tútach i mbéal duine den chliar sa dráma ‘An Dá Dhrúncaer’ agus an fheidhm chéanna leis – ábhar fonóide agus magaidh a dhéanamh de sheoiníní. Labhraíonn fear an tsibín i mBéarla ar fad agus deir sé go bhfuil an ghráin aige ar ‘*that bleddy Irish, an’ fuin I talk it dat I’m shame.*’ Bíonn na carachtair eile ag áiteamh air ‘a theanga dhúchais féin,’ a labhairt.<sup>527</sup>

---

<sup>525</sup> *The Kerryman*, 14 Iúil 1906, luaite in Ó Morónaigh, *Drámaíocht ó Dhúchas...*, 36.

<sup>526</sup> Tadhg Ó Conchubhair in Ó Morónaigh, *Drámaíocht ó Dhúchas...*, 134.

<sup>527</sup> *Ibid.*, 79.

**Sinéad:**

Tuilleadh tubaiste chugat, a Shéamuis Raol.  
Is minic a dhuartsa leat, mé féin,  
An Béarla briste a dh'fhágaint it dhéidh,  
Is gan a bheith it ghléas magaidh is id choilichín Paor,  
'Ges na comharsain uile go léir.

**Séamus:**

*Don't be bothering me, Missus Rayle*  
*I'm soddy I ever with 'oo take*  
*And that I didn't get a woman of eddicate*  
*That would give me Ingilee when she spake.*<sup>528</sup>

Gléas aoire a bhí sa drámaíocht in aimsir na hAthbheochana agus ba mhínic Béarlóirí den chineál seo i ndrámáí bolscaireachta na tréimhse. Léiríodh an dráma bolscaireachta *Máire Ní Eidhin* le Tomás Mac Amhalghaidh ag Feis an Daingin sa bhliain 1905, mar shampla, ina raibh an carachtar Pádraig Ó hEidhin, 'a primitive shoneen' agus an dearcadh céanna i leith na Gaeilge aige: 'They make me talk the ould language yet; but, you see, I'm goin' to put me fut down at wanst now an' have the only rale, livin' language of 'Edication' in future!'<sup>529</sup> Is cinnte go raibh tionchar ag drámaí agus sceitseanna den chineál seo ar shaothar Thaidhg agus ar na hargóintí seo faoin teanga ach go háirithe.

Ba 'neamh-choitianta'<sup>530</sup> an cineál seo cumadóireachta dar leis an Seabhac ach ba thábhachtach agus ba spéisiúil iad mar phíosáí litríochta mar sin féin. Hibridí liteartha is ea iad go pointe, iad idir dhá thraidisiún, idir dhá sheánra. Tháinig Tadhg ar an saol aimsir an Ghorta Mhóir agus ba as saol an bhéaloidis agus traidisiún na béalaireachta a fáisceadh é. Saol eile ar fad a bhí ann agus gluaiseacht an náisiúnachais chultúrtha ag bailiú nirt nuair a bailíodh na sleachta seo ó bhéalaithe uaidh agus nuair a léiríodh iad ar stáitse an Daingin. Tá a shaothar traidisiúnta agus nuálach san am céanna, é ag tarraingt ar thraidisiún an aighnis fhilíochta agus ar choimhlintí géarchúiseacha na béalaireachta ach iad múnlaíthe de réir téarmaí tagartha nua agus curtha in oiriúnt do ré nua, lucht féachana nua agus comhthéacs léirithe nua ar ardán na Feise. Hibridí ó thaobh foirme iad chomh maith le seifteanna amharclainne in úsáid sna hagallaimh, agus briatharchathanna fileata agus mianach an allagair mar bhunús ag na drámaí stáitse. Téacsanna iad a gineadh as an gcros-síolrú idir traidisiún na béalaireachta agus an ghluaiseacht nua drámaíochta. Téacsanna iad a bhaineann leis an idirspás de réir teoiricí Homi Bhabha ar an gcultúr, an spás 'in-between the designations of identity.'<sup>531</sup> Téacsanna a thugann léargas dúinn ar fhéidearthachtaí cruthaitheacha an chros-síolraithe, mar a thuigtear anois i ndioscúrsa an iarchoilíneachais agus an iarnua-

---

<sup>528</sup> *Ibid.*, 80.

<sup>529</sup> Féach Éadaoin Ní Mhuircheartaigh agus Nollaig Mac Congáil ead. 'Máire Ní Eidhin' *Drámaí thús na hAthbheochana* (Gaillimh: Arlen House, 2008) 374.

<sup>530</sup> An Seabhac, 'Roimhrádh,' *Racaireacht Ghrinn na Tuaithe...*, v.

<sup>531</sup> Antony Easthope, 'Homi Bhabha, Hybridity and Identity or Derrida versus Lacan,' *Hungarian Journal of English and American Studies*, Vol. 4, No. 1/2 (1998), 145.



aoiseachais iad. Mar a shonraigh Victor Turner faoin gcros-síolrú liteartha agus cultúrtha, ‘what was once considered ‘contaminated,’ ‘promiscuous,’ ‘impure’ [was] becoming the focus of postmodern analytical attention.’<sup>532</sup>

Baineann tábhacht eile le saothar Uí Chonchubhair i stair an agallaimh mar thaispeántas beo. Is cosúil go raibh an-tóir ag Domhnall Ó Ceocháin, duine de bhunaitheoirí Dhámh-Scoil Mhúscraí, ar dhrámaí agus agallaimh Thaidhg agus go mbíodh *Racaireacht Ghrinn na Tuaithe* in úsáid aige mar uirlis teagaisc i gCúil Aodha.<sup>533</sup> Go deimhin, craoladh roinnt agallamh ón genuasach ar Radio Éireann sna tríochaidí le cliar ó Chúil Aodha á n-aithris. Ní foláir go raibh tionchar ag agallaimh Thaidhg ar thuiscintí Uí Cheocháin ar ealaín an agallaimh, agus tionchar dá réir aige ar an Oireachtas, ós rud é go raibh Ó Ceocháin agus muintir Mhúscraí chomh lárnach sin i saothrú ealaín an agallaimh i mblianta tosaigh chomórtais an Oireachtais. Stáitsiú an agallaimh fé stiúir an Oireachtais a bheas idir lámha sa chéad chaibidil eile.

---

<sup>532</sup> Victor Turner, luaite in Deborah A. Kapchan and Pauline Turner Strong, ‘Theorizing the Hybrid,’ *The Journal of American Folklore*, Vol. 112. No. 445 (Summer 1999), 239.

<sup>533</sup> Ó Morónaigh, *Drámaíocht ó Dhúchas...*, 171.

*Caibidil 4*

**Athbheochan an Oireachtais**

**(1939)**

Comórtais do mhuintir na Gaeltachta  
agus na healaíona béil

## Bunú an Chomórtais

Le hathbhunú an Oireachtais in 1939 cuireadh béim athuair ar stáitsiú na n-ealaíon béil. Cuireadh le líon agus le héagsúlacht na gcomórtas sna dachaidí agus rinneadh iarracht ar leith comórtais ardáin do mhuintir na Gaeltachta a spreagadh.<sup>534</sup> Bhí fealsúnacht na hAthbheochana i leith an chultúir Ghaelaigh agus idé-eolaíocht ‘Irish-Ireland’ mar bhunchloch i gcónaí sa ghluaiseacht agus go deimhin, sa Saorstát nua. Le hÉamonn De Valera ina Thaoiseach agus Dubhghlas de hÍde ina Uachtarán, féachadh le fis na hAthbheochana a fhíorú agus an tír tré chéile a athGhaelú. D’fháiltigh Seán Beaumont, bunaitheoir agus eagarthóir *An tÉireannach*, roimh athbhunú na féile agus leag sé béim ar leith ar fhás orgánach an chultúir Ghaelaigh agus ar fhorbairt an chultúir de réir téarmaí tagartha dúchasacha. Chaithfí an tOireachtas a bhunú ar ócáidí siamsaíochta na Gaeltachta, dar leis.

Dá bhrígh sin caithfidh lucht stiúrtha an Oireachtais tosú le a bhfuil a rith linn de shean-tsaoghal na nGaedheal agus an fhéile a bhunú ar na hoidhcheannta áirneáin a caithtear le hamhráin agus le sgéalaidheacht cois teallaigh i dtighthe na Gaedhealtachta agus ar iomarbháigh na bhfilí. An obair atá ar siubhal i nDámh-sgoil Mhuscraige Uí Fhloinn is sompla maith é den rud atá muid a rádh – rud nádúrtha a d’fhás i measg na ndaoine agus atá a’ leanacht den tsean-tsaoghal Gaedhealach.<sup>535</sup>

Chaithfí an litríocht agus féile an Oireachtais a bhunú ar an bhfilíocht phobail seo, dar le Seán Beaumont, agus thagair sé go ach go háirithe don aighneas fileata faoin *dole*, a lean ar feadh 4 mhí i leathanaigh *An tÉireannach*.<sup>536</sup> Nuachumadóireacht fréamhaithe sa chultúr dúchasach a bhí sna dánta ar an *dole* agus an fhilíocht phobail ag dul i ngleic le mórcheisteanna na linne.

Is leor mar chrúthú ar a maitheas gur éirigh le beirt díobh seo a chothuigheanns an Sgoil níos mó ná duais amháin a bhaint amach i gcomórtaisí liteartha Oireachtais na bliana seo. Sompla maith eile den rud céadna abeadh Iomarbháigh faoin Dole a mhair seal fada ins “An tÉireannach” agus a mhús-gail suim na Gaedhealtachta i gceist a bhain go dlúth léi féin.<sup>537</sup>

An Seabhac a bhí mar Chathaoirleach ar an Oireachtas agus bhí Aindrias Ó Muimhneacháin ina Leas-Chathaoirleach.<sup>538</sup> Ní raibh an t-agallamh beirte ar chlár na gcomórtas in 1939 ach cuireadh isteach an bhliain dár gcionn é in 1940. Tuairimíonn Seán Ó Morónaigh gurbh é seo an chéad uair a baineadh leas as an téarma ‘Agallamh

---

<sup>534</sup> Proinsias Mac Aonghusa, *Oireachtas na Gaeilge: 1897-1997* (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1997)

<sup>535</sup> Seán Beaumont, ‘Litridheacht na Gaedhilge – Céard tá i ndán di?’, *The Irish Times*, 4.11.1939, 3.

<sup>536</sup> Éamon Ó Ciosáin, ‘Amhráin na nDaoine agus an tAthrú Saoil: Iomarbhá faoin Dole agus amháin Antaine agus Thomáis Uí Bhriain,’ *Léachtaí Cholm Cille XIX: Litríocht na Gaeltachta* (Maigh Nuad: An Sagart, 1989) 223.

<sup>537</sup> Seán Beaumont, ‘Litridheacht na Gaedhilge – Céard tá i ndán di?’, *Irish Times*, 4.11.1939, 3.

<sup>538</sup> Eibhlín Ní Chathailriabhaigh, ‘An Seabhac agus Athbheochan an Oireachtais 1939,’ *Feasta*, Márta 1983, 12.

Beirte.’ ‘Roimhe sin (ag feiseanna) thugtaí ‘Agallamh’ ar an gcineál seo’<sup>539</sup> a deir sé. Bhí an téarma agallamh beirte in úsáid ag 2RN sna tríochaidí, áfach, i gclár do pháistí dar teideal *Uair i dTír na nÓg*, clár a raibh baint ag Máire Ní Ghuairim leis, deirfiúr Shorcha. Agus cé nach maireann taifeadtaí den chlár, tá cur síos éigin le fáil orthu ó nuachtáin chomhaimseartha.<sup>540</sup> I gclár raidió eile in 1935, rinneadh iarracht spléachadh a thabhairt do chaitheamh aimsire agus do chleachtais chultúrtha na Gaeltachta agus luaitear an t-agallamh go sonrach mar chuid den chlár.

The members of the cast are imagined as spending an evening’s entertainment in a Connemara cottage in order, as one of them remarks, to give listeners an idea of the life and customs of the people of the Gaeltacht. There was an amusing dialogue between two native speakers, who speak on “the migration from Connemara to Meath,” as well as an attractive selection of traditional, vocal and instrumental music ... Agallamh: ‘Imirce ó Chonamara go Conndae na Midhe,’ Micheál Ó Maodhbh, Seán Breathnach.<sup>541</sup>

Mar sin féin, ní raibh a leithéid de chomórtas ar chlár an Oireachtais go dtí 1940. Agus é ag iarraidh forás an agallaimh mar thaispeántas stáitse a rianadh, tuairimíonn Ó Morónaigh go raibh baint ag An Seabhac le bunú an chomórtais ach admhaíonn sé nach bhfuil aon chruthúnas i miontuairiscí an Oireachtais a thacódh lena thuairim.

Cé mhol don Oireachtas an comórtas áirithe sin a chur ar an gclár nuair nach raibh a leithéid ar siúl ar bhonn náisiúnta roimhe sin? Níl tuairisc nó fianaise ar fáil ina leith seo ach tagann beirt chun cuimhne láithreach – An Seabhac agus Aindrias Ó Muimhneacháin.<sup>542</sup>

Feictear dom féin go bhfuil dealramh leis an tuairim go raibh baint ag an Seabhac ach go háirithe le bunú an chomórtais nua seo. Deir Ó Morónaigh go raibh ‘baint nach beag acu beirt leis na ceantair (Ciarraí agus Múscraí) ina raibh an ealaín sin á saothrú.’<sup>543</sup> Cé gur fíor sin tá cúis mhaith eile ann le ceangal a shamhlú idir an Seabhac agus cur chun cinn an agallaimh. Sa bhliain 1920 chuir an Seabhac leagan de *An Siota agus a Mháthair* in eagar agus cuireadh i gcló é. Cuireadh i gcló arís é san irisleabhar *Béaloideas* in 1936.<sup>544</sup> Chuir An Comhar Drámaíochta an t-agallamh seo ar an stáitse, in Amharclann na Péacóige i Mí Aibreáin 1940. Aisteoirí ón gComhar a chuir an t-agallamh i láthair.

<sup>539</sup> Seán Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse: Cíoradh agus Cnuasach* (Camus: An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta) 42.

<sup>540</sup> Luaitear na hagallaimh seo a leanas mar shampla sa sceideal raidió: Agallamh Beirte le Siobhan Ní Lonain “Eachtra an Choileáin,” *The Irish Press*, 18.6.1935, 5. Agallamh Beirte le Máire Ní Ghuairim ‘Briseadh an Ghealltanais,’ *The Irish Press*, 31.12.1935, 5. Feicín Ó Dochartaigh agus Aodh MacCoinmide, ‘Agallamh Beirte i dtaobh Campa Clann na hÉireann,’ *The Irish Press* 30.8.1935, 5.

<sup>541</sup> ‘An All-Irish Programme on Radio: Amusing Dialogue between Native Speakers,’ *The Irish Press*, 23.12.1935, 9.

<sup>542</sup> Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 42.

<sup>543</sup> *Ibid.*

<sup>544</sup> An Seabhac, eagar. ‘An Sotach is a Mháthair,’ *Béaloideas*, Iml. 6, No. 2 (1936), 313-328.

Eibhlín Ní Mhurchadha, Seán Ó Conchubhair agus Seán Ó Síothcháin a rinne “An Sotach agus a Mháthair” a léiriú. Píosa beag deas é a bhfuil cuid mhaith grinn ann. ‘An Seabhac’ a chuir in eagr [sic] é.<sup>545</sup>

Glacadh go maith leis an taispeántas ar an iomlán agus spéisiúil go leor is i dtéarmaí an téatair a rinneadh léirmheastóireacht air.

Ba dheas taitneamhach ‘An Sotach agus a Mháthair,’ blúirín de dhráma filíochta a chuir an Seabhac i n-eagr. Do labhair an triúr a bhí páirteach ann na líntí go ceart ceolmhar agus do chuir siad fuinneamh ins an bhfilíocht. Ach anois agus arís do steall siad na focla amach beagán ró-thapaidh.<sup>546</sup>

An anailís agus an tráchttaireacht chéanna atá le tabhairt faoi deara agus an t-agallamh faoi chaibidil sna daichidí. Is mar fhoirm neamhiomlán neamhfhorbartha mhíshásúil drámaíochta a phléitear an t-agallamh agus déantar é a mheas de réir téarmaí tagartha na hamharclainne.

There was no native drama in Ireland. The poet, the writer, the storyteller, flourished, but our forefathers knew nothing of the actor’s accomplishments. Entertainment mostly centred round the hearthstone where the Seanchaí was a one-man play. Sometimes the storyteller might recite an “Agallamh” or Discourse, and though this often took the form of a conversation between two people, yet it is unlikely that the Seanchaí ever did more than present it as recitation. The first Agallamh was probably ‘Agallamh na Seanórach’, “The Oldman’s Discourse” composed sometime in the fourteenth century. And this, too, was the first trace of anything in the nature of native drama. There are a number of these Discourses in Irish and incidently, ‘An Seabhac’ has edited one which was presented by An Comhar Drámaíochta last season.<sup>547</sup>

Ócáid ríspéisiúil i stair an agallaimh a bhí sa léiriú seo sa mhéid is go raibh lucht drámaíochta na Gaeilge arís ag dul sa tóir ar fhoirmeacha ‘dúchasacha’ agus go raibh an t-agallamh á láithriú i gcomhthéacs sóisialta nua, ar ardán na hamharclainne. Tabharfar faoi deara gur ‘dráma filíochta’ a tugadh air.

As a curtain-raiser the Players gave a contemporary verse dramatisation by ‘An Seabhac’ of the humorous poem ‘An Siota agus a Mháthair.’ If Irish speakers had produced drama, they might have done something like this. Last night it sounded rather monotonous, but that was due more to the metre than to the acting of Seán Ó Conchubhair, Eibhlín Ní Mhurchadha and Seán Ó Síothcháin.<sup>548</sup>

---

<sup>545</sup> ‘Fás agus Feochadh,’ *The Irish Independent*, 1.5.1940, 8.


<sup>546</sup> A.O.M. ‘Drama ar Fheabhas,’ *The Irish Press*, 1.5.1940, 6.

<sup>547</sup> Antoine O Maolaoidh, ‘The Future of Gaelic Drama,’ *The Irish Press*, 13.1.1941, 4.

<sup>548</sup> ‘The Gaelic Players: Close of Successful Week,’ *The Irish Times*, 1.5.1940, 8.



Léaráid 10: Eagrán an tSeabhaic de ‘An Siota agus a Mháthair.’



Léaráid 11: Léiriú de ‘An Siota agus a Mháthair’ in Amharclann na Péacóige, 1940.

An bhliain cheannann chéanna a cuireadh an t-agallamh beirte ar bun mar chomórtas san Oireachtas agus is ródhócha go raibh baint ag an Seabhadh leis an gcinneadh sin. Fógraíodh i gclár an chomórtais 1940 go raibh comórtas nua ar an bhfód. Feictear sainchuspóirí Choiste an Oireachtais san fhógra freisin agus an bhéim ar ghnéithe d'ealaíona na Gaeltachta.

Agus tabharfar fá deara go bhfuil i mbliana comórtaisí amhránaidheachta agus scéalaidheachta, srl curtha leis an gClár a bhí againn anuraidh. Le mian freastal ar lucht na Gaedhealtachta a cuireadh breis leis na comórtaisí stáitse sin i mbliana. Tá súil againn go bhfreagróidh an Ghaedhealtacht do'n iarracht agus go mbeidh coimhleang fóganta árd-chaighdeán ann dá thoradh.<sup>549</sup>

Murab ionann agus comórtais eile Oireachtais, bhí na comórtais ardáin dírithe go sonrach ar mhuintir na Gaeltachta. Díol spéise na haidhmeanna éagsúla a luadh leis na comórtais ardáin seo. Ní hamháin go gcabhróidís le spéis a mhúscailt san Oireachtas féin mar ócáid, ach creideadh go spreagfaidís spéis sna healaíona béil agus go ngríosfaidís muintir na Gaeltachta leis an oidhreacht chultúrtha seo a chaomhnú agus a chur chun cinn.

B'e an chuspóir a bhí leo ná [1] spéis san Oireachtas a mhúscailt i measc muintir na Gaedhealtachta [2] fíor tasbána de chultúr agus buaidh na Gaeltachta maidir le scéalaíocht agus ceol a bheith ag an bhFéile [3] Muintir na Gaedhealtachta féin do spreagadh chun breis spéise do chuir san eadhlaín atá acu.<sup>550</sup>

Bhí fear eile a raibh páirt lárnach aige i ndearadh agus i bhforbairt na gcomórtas ardáin sa tréimhse seo – Domhnall Ó Ceocháin, file agus duine de bhunaitheoirí Dhámh-Scoil Mhúscraí. Bhí Ó Ceocháin agus a chomrádaithe ó Chúil Aodha ar thús cadhnaíochta sna comórtais seo agus tagraíodh dóibh go sonrach i dTuairisc an Rúnaí, in 1939, i gcur síos a rinneadh ar na comórtais ardáin.

Ní raibh aon éileamh gur fiú trácht ar na comórtaisí ardáin agus na comórtaisí uirghill. Ní fios dom i gceart cén fáth. Ach i gcás comórtais amháin nó dhó, b'fhéidir, ní raibh an caighdeán go hard. Marach muintir Chúil Aodha ní bheadh aon rath ortha-san ach an oiread.<sup>551</sup>

Sleachta filíochta a aithris os ard a bhí i gceist leis an gcomórtas uirghill agus tháinig Domhnall Ó Muláin, Cúil Aodha, sa chéad áit. Cé gur aithriseoireacht aonair a bhí i gceist, spéisiúil go leor b'agallaimh dhá cheann de na trí píosaí filíochta a bhí le n-aithris. 'An Sotach agus a Mháthair,' 'Seanchas na Sgeiche' le Raiftearaí, agus 'Mairgneach fá Chaisleán an Ghlasdromáin' le hArt Mac Cubhthaigh na dánta a luadh leis an gcomórtas. Bhí dhá chomórtas ardáin eile ann in 1939, bunaithe ar an mbéal beo,

---

<sup>549</sup> Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, MS G 1,327/4.

<sup>550</sup> MS G 562, Leon Ó Dubhghaill, Tuairisc an Rúnaidhe 1940, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>551</sup> MS G 562, Leon Ó Dubhghaill, Tuairisc an Rúnaidhe 1939, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

‘Greas Cabaireachta Grinn,’ agus ‘Mionradharc Ceoldhráma’ agus arís b’iad muintir Chúil Aodha a thug an svae leo sa dá chomórtas.

Greas Cabaireachta Grinn: An fhoireann is fearr a dhéanfaidh greas cabaireachta grinn. Is ceaduighthe ó n-a cúig go dtí a h-ocht neomataí do ghlacadh le h-aghaidh na cabaireachta. Duine amháin nó beirt nó triúr a bheith san bhfoirinn.<sup>552</sup>

Bhí moltóirí an chomórtais, Micheál Ó Siochfhradha, Máire Ní Ghallchobhair agus Peadar Ó hAnnracháin, an-tógtha leis an taispeántas a rinneadar agus bhronnadar marcanna arda ar an iarracht i ngach rannóg den scéim mharcála.

**Gaedhilge:** Ar Fheabhas – gan locht gan laige. [50/50]

**Gotheadh Cainte:** An-mhaith, slacht agus maise uirthi agus uchtach breagh lei. [26/30]

**Oireamhnacht:** Greas nua-cheaptha, ádhbhar nua-aimseardha, tráthamhail: tosach, lár agus iomláine ann. [20/20]

**Aguisin:** Moltar go láidir do Choiste an Oireachtais an ‘greas’ so do chur dá aithris tráth éigin idir rinncí le linn Chéilidhe an Oireachtais ist oidhche Dé Céadaoin.<sup>553</sup>

Chuaigh Ó Ceocháin i dteagmháil le coiste an Oireachtais i ndiaidh an Oireachtais in 1939 le roinnt moltaí faoi na comórtais do mhuintir na Gaeltachta. Cé gur sceitse grinn agus radharc as ceoldráma a bhí i gceist leis na comórtais seo, feictear gur theastaigh ón gCeochánach go mbeadh na comórtais seo ag tógaint ar thraidisiún béalaireachta na Gaeltachta. Ní caomhnú traidisiúin a bheadh i gceist leis na comórtais áirithe seo, ach forbairt agus forás na gcleachtas cultúrtha. Díol suntais ach go háirithe an moladh a dhéanann sé véarsaí beirte a dhéanamh den amhránaíocht sa cheoldráma.

... Anois, tá tuairm agam maidir le cúpla comórtas árdáin – an ghaoltacht tá i gceist agam. Is dóigh liom gur chruthaigh Cúil Aodha ag an Oireachtas go mbeadh da cheann ana oireamhnach don ghaoltacht, sé sin comórtas 22 agus 23. Do mholfainn an dá cheann so le haghaidh na gaoltachta. Dúthchas na gaoltachta an dá chomórtas tá i gceist. Ag féachaint siar dom anois ar comórtas 23 – an ceol dráma nó i bhfuirm ceol dráma nó pé ainm a bheadh oireamhnach dá leithéid, is féidir liom le coghnámh na sean bhuachaillí a bhí ag gabháil do cheana liom feabhas mor do chur air, cur i gcás bhearsaí beirte a dheanamh des na bhéarsaí aonair agus fuinn eile le leath rannta do thabhairt isteach. Níl a bhac orainn anois Ceol dráma a dhéanamh den chabaireacht grinn a bhí againn agus chomh maith san, cabaireacht grinn a dhéanamh den ceol drama a bhí againn. Tá an ghaoltacht ar fad líonta den rud so. Agus annsan ar ball tiocfaidh ughdar ceoil agus cuirfidh sé maisiú ortha – maisiú do réir dúthchais, tá súil agam. Bíodh mar sin, an dá cheann so don choiteantacht sa ghaoltacht.

P.S. 22 agus 23. Abair sa dá chomórtas so gur ceapadóireacht atá uaibh. As an saghas so ceapadóireacht sa ghaoltacht fásfaidh rudaí eile agus beithfear

---

<sup>552</sup> *Ibid.*

<sup>553</sup> MS G 1, 364/12, Tuairisc na Moltóirí 1939, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



ag leathnú nós agus ceol na gaoltachta nuair a bheid ag aithris agus ag canadh a ndéantúis féin ar an árdan. Agus spéis á cur iontu.<sup>554</sup>

Murab ionann agus comórtais amhránaíochta, scéalaíochta nó aithriseoireachta, nuachumadóireacht a bhí i gceist leis an gcabaireacht. Bhí Ó Ceocháin den tuairim go gcabhródh an feachtas seo le ceapadóireacht, filíocht agus ceol nua dúchasach a spreagadh sna Gaeltachtaí. Bhí an fhilíocht phobail agus ealaín na cumadóireachta ina steillbheatha i gCúil Aodha i gcónaí dar le Ó Ceocháin, agus b'fhianaise air sin saothar na Dámhscoile.

Sé bhí le clos agam i gCléire, go raibh na daoine a bhíodh ag déanamh na filidheachta ann ag tabhairt an fhéir le fada an lá, ach bhí bhéarsaí go tiugh ag muintir Chúil Aodha ar rudaí neamhghnáthacha a thuiteadh amach le n-a linn féin, agus ar dhaoine áirithe ná raibh mar an gcoitchiantacht i gCúil Aodha féin ...<sup>555</sup>

Baineadh leas as an bhfilíocht bheo seo, as traidisiún na béalareachta, sa chomórtas drámaíochta seo sna blianta tosaigh agus san agallamh beirte ina dhiaidh sin. Bhuaigh muintir Chúil Aodha an comórtas seo sa chabaireacht ghrinn an bhliain dár gcionn freisin agus tarraingíodh aird ar an ngreann, ar an dea-chaint agus ar fhéith na filíochta sa léiriú.

Ins an tráthnóna léirigh buidhean Eigscoil Cúl Aodha, cabaireacht grinn a thaitnigh go mór le a raibh i láthair, agus a thug le fios do chách comh beo agus atá an teanga agus an greann ins an nGaeltacht fós. Thasbain sé, freisin go bhful féith na filidheachta ins na daoine i nGaeltacht Ciarraidhe fós, agus bhí an léiriú féin thar barr, mar thug an moltóir, Colm Ó Lochlainn, 82 marcanna as an gceud dó na léirightheoirí.<sup>556</sup>

Tá tuairse an mholtóra thar a bheith suntasach agus tugann sé léargas ar thréithe an bhéil bheo sa phíosa cumadóireachta agus i dtaibhléiriú an sceitse. Moladh an cheapadóireacht agus an véarsaíocht go hard, ach tá an plé a rinneadh ar laigí agus lochtanna an dráma, dar leis an moltóir, níos suntasaí fós. Theastódh feisteas, frapaí agus cóiriú ceart le dráma ceart a dhéanamh de dar leis. Bheadh gá chomh maith le tuilleadh gluaiseachta le himní agus buaireamh aigne na gcarachtar a léiriú. Feictear anseo slat tomhais na drámaíochta in úsáid mar chritéir mheasúnaithe ag an moltóir. Mar 'dhráma' mar sin níor shásaigh sé an moltóir ach tá rian na béalareachta le tabhairt faoi ndeara sna gnéithe den taispeántas a cáineadh. Cumadóireacht a fáisceadh as ithir an dúchais a bhí i gceist le hiarrachtaí Chúil Aodha sna comórtais seo agus athmhúnlú déanta acu ar an ealaín bhéil.

---

<sup>554</sup> MS G 1, 360/17, Litir le Domhnall Ó Ceocháin, Cúil Aodha, 22.11.1939, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>555</sup> Domhnall Ó Ceocháin, *Saothar Dhámh-sgoile Mhúsgraighe* (Baile Átha Cliath: Oifig Díolas Foillseacháin Rialtais, 1933) iii.

<sup>556</sup> 'An tOireachtas,' *The Irish Press*, 29.10.1940.

Bun smaoinemh an-mhaith ag an drama beag seo. Sár-cheapadóireacht idir foclaí agus bhéarsaidheacht. Má bhí locht ar bith ortha badh é nár labhair cuid aca amach go maith i dtosach ach tháinig feabhas air sin. *Dá gcuirte ar ardán ceart é le gléas agus córaisú d'fhéadfaí dráma beag sultmhar do dhéanamh d'eachtraí na tosgaireachta seo. Theastóch tuille gluaiseachta sa léiriú le innidhe agus buaidhriamh aigne a thasbáint ní b'fhearr. Molaimse an chéad duais do bhthá seo le 82%.<sup>557</sup>*

Bhí Domhnall Ó Ceocháin agus Dámh-Scoil Mhúscaí ar thús cadhnaíochta i gcomórtas ardáin an Oireachtais sa tréimhse seo agus tionchar dá réir acu ar fhás agus ar fhorbairt na gcomórtas.



Léaráid 12: Lucht Éigse Chorcaí ag Féile an Oireachtais 1951. Ina measc, Seán Eoin Ó Súilleabháin, Pádraig Ó Tuama, Dónal (Amhlaoibh) Ó Loingsigh, Diarmuid Ó Ríordáin agus Donnchadha Ó Cróinín. I dtuairisc an Rúnaí, 1951.

---

<sup>557</sup> MS G 1,365/10, Colm Ó Lochlainn, Tuairisc an Mholtóra, 1940. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. [Liomsa an bhéim.]

## An tAgallamh Beirte – 1940

### Cruthú agus caighdeánú ‘traidisiúin’

Bhí an chéad sainmhíniú a rinneadh ar an Agallamh Beirte mar chomórtas i gclár Oireachtais na bliana 1940. ‘Díospóireacht nó aighneas, faid deich neomataí ann. Ádhbhar na díospóireachta nó gearr-thuairisg ar a mbeidh ann a chur isteach coighicíos roimh ré.’<sup>558</sup> Cuireadh buaiteoirí na bhFeiseanna ar aghaidh chuig an Oireachtas le hiomaíocht a dhéanamh ag an bhFéile Náisiúnta.<sup>559</sup> Is cosúil gur éirigh go maith leis, cé gur luadh nach raibh ionad an chomórtais ró-oiriúnach.

Bhí na comórtaisí do scéalaíocht agus d’Agallamh Beirte go maith. Ní raibh ionad na gcomórtais [sic] ró-oireamhnach.<sup>560</sup>

Trí fhoireann a ghlac páirt ann agus bhí an bua ag An Suibhneach Meann agus Seán Eoghain Ó Súilleabháin as Cúil Aodha. Cúrsaí cleamhnais a bhí mar ábhar an agallaimh, agus athair agus mac i mbun cainte faoin bpósadh. Mhol Eoin Ó Searcaigh greann agus cur i láthair an agallaimh ach go háirithe.

Agallamh greannmhar. É innste ar nós dráma. An t-Athair agus an mac ag caint ar phósadh. Comhairle dá thabhairt dá chéile dóibh. Innsint dheas nádúrtha. Marc 98.<sup>561</sup>

Thug an béaloideasóir Seán Ó Súilleabháin ardmholadh don iarracht seo freisin agus feictear na heilimintí go léir a shamhlaítear le hagallamh beirte an lae inniu sa chur síos a rinne sé. Ní foláir go raibh seantaithí agus cleachtadh ag an mbeirt acu ar aithriseoireacht phoiblí a dhéanamh chomh maith le Dámh-Scoil Mhúscraí agus molann sé cur i láthair an agallaimh. Is léir go raibh feisteas áirithe ar an mbeirt ‘iad gléasta don ócáid.’ Aighneas véarsaíochta a bhí ann freisin, le ‘ranna filíochta’ in úsáid san insint. Thug sé ceann do rithim nádúrtha agus gluaiseacht an agallaimh.

Bhí an bheirt seo gléasta don ócáid – duine aca agus deallramh an tseandúine air. Thugadar amach an chaint go láidir feidhmiúil. Bhí rith agus gluaiseacht nádúrtha fé’n iarracht. D’oir na ranna filíochta go binn don díospóireacht.<sup>562</sup>

As sin amach, sa chur síos a bhí ar an gcomórtas Agallamh Beirte, bhí giota beag eile curtha leis an sainmhíniú, ‘Díospóireacht nó Aighneas *nua-cheaptha i bprós nó i bhfilidheacht*, faid deich nóimeataí ann.’<sup>563</sup> Tharla go raibh easaontas nó dhó faoin

---

<sup>558</sup> MSG 1,327/4, Clár an Chomórtais, 1940. Luaite ag Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 41.

<sup>559</sup> ‘Siad a bhéas ag iomaidheacht ag Féile an Oireachtais insa comórtaisí seo ná lucht buaidhte duaiseanna [an chéad agus an dara h-áit] insna comórtaisí a chuirfeas na trí Dáil Cúigi [Dáil Uladh, Dáil na Mumhan agus Dáil Chonnacht] ar bun leis na daoine is fearr a thóghadh.’ MSG 1,327/4, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>560</sup> MS G 562, Tuairisc an Runaidhe 1940, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>561</sup> MS G 1,365/8, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>562</sup> Luaite in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 44.

<sup>563</sup> *Ibid.*

sainmhíniú a bhí ag an Oireachtas ar an agallamh beirte sna blianta tosaigh. Tháinig gearán ó iomaitheoirí i dTír Chonaill in 1942 agus tagraíodh don litir i miontuairiscí an choiste.

Léigheadh tuarisc ó Phádraig Ó hUallacháin ar thoradh na gcomórtaisí fá Chomhaltas Uladh. Chomh maith bhí gearán fada aige a fuair sé ó's na hiomadhthóirí fá'n gcomórtas "Agallamh Beirte". Dubhradh leis an rúnaidhe an gearán seo a bhur fá bhrághád Choiste an Oireachtais.<sup>564</sup>

Níl an litir féin ar fáil i measc cháipéisí an Oireachtais ach pléadh an cheist ag cruinniú de chuid Choiste an Oireachtais agus tá breis eolais le fáil i dtaobh údar an ghearáin sna miontuairiscí sin.

4.9.1942 Tuairisc ón mBuan-Choiste: Maidir leis an ngearán ó Phádraig Ó hUallacháin fá'n gcomórtas d'Agallamh Beirte do tugadh teagasc don Rúnaidhe a chur in iúl dos na hiomadhthóirí nách mbeadh cead "aon ghléasadh a dhéanamh."<sup>565</sup>

Dealraíonn mar sin sé gur eascair an gearán seo ó stáitsiú an agallaimh agus ó éiginnteacht faoi rialacha an chomórtais. Caithfidh go raibh iomaitheoirí áirithe míshásta go raibh feisteas á chaitheamh ag grúpa eile agus gur chuireadar an míshásamh sin in iúl don mholtóir.<sup>566</sup> Tháinig gearán eile faoi bhráid an Choiste in 1942 ó Aodh agus Conal Ó Domhnaill faoi thoradh an chomórtais san Agallamh Beirte ag an Oireachtas. Thánadar féin sa dara háit agus rinneadar agóid faoi bhuaiteoirí an chomórtais. Arís níl ach tagairtí don ghearán le fáil sna miontuairiscí anois agus níl fáil ar an litir féin.

4.11.42 Agóid ar thoradh Comórtas 26 Agallamh Beirte. Léigheadh an agóid ó Aodh Ó Domhnaill agus freisin leitir fada ó Dhómhnaill Ó Ceocháin ag cosaint na hiarrachta uatha. Tar éis an scéil do phlé socruigheadh go molfar don choiste "leanamhaint do bhreith na moltóirí sa chás seo as ucht nach bhfuil na cúiseanna mór a dhóthain leis an toradh a chur ar ceal."<sup>567</sup>

Pléadh an dá thaobh den argóint ag cruinniú de Choiste an Oireachtais agus ar deireadh beartaíodh go gcaithfí breith na moltóirí a chur ar ceal agus an chéad duais a bhaint de mhuintir Chúil Aodha. Níl aon nod sna miontuairiscí faoi údar an aighnis ach amháin gur shíleadar gur sáraíodh 'spioraid an chomórtais.' Is léir nach raibh baill an Choiste ar aon intinn faoin gcinneadh seo fiú amháin – caitheadh vóta ar deireadh agus glacadh leis an gcinneadh ar éigean.

---

<sup>564</sup> MSG 1, 327/9, Coiste an Oireachtais Leabhar Miontuairisce [Buan-choiste], Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>565</sup> An tOireachtas: Leabhar Mhiontuairiscí 1937-44, Aircív Oireachtas na Gaeilge, Casla, Conamara.

<sup>566</sup> Thiocfadh an cheist seo faoi fheisteas chun cinn arís agus an t-agallamh faoi chaibidil ag Éigse na Féile. Pléifear an cheist seo arís sa chaibidil ar an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta.

<sup>567</sup> MSG 1, 327/9, Coiste an Oireachtais Leabhar Miontuairisce [Buan-choiste], Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

20.11.1942: Maidir leis an agóid ó Aodh Ó Domhnaill i coinnibh réidhteach na moltóirí i gcomórtas a 26 Agallamh Beirte do lean díospóireacht fada agus ar deire glacadh leis an moladh seo leanas ó Phádraig Ó hUallacháin agus Micheál Eoghan Ó Súilleabháin ‘Molaimid go gcuirfear breith na moltóirí ar chomórtas a 26 <Agallamh Beirte> maidir leis an gcéad áit ar ceal, toisc spioraid an chomórtais do shárú.’ Cuireadh an rún chuig an cruinniú agus thug cúigear bhótaí i bhfabhar agus ceathrar ‘na coinne. Ar mholadh Leon Ó Dubhghaill socruigheadh an chuid eile do thoradh na moltóirí d’fhágaint mar atá agus an dara duais do bhronnadh.<sup>568</sup>

Cuireadh litir amach ag Aodh Ó Domhnaill le cinneadh an Choiste.<sup>569</sup> Iarradh ar Dhomhnall Ó Ceocháin an scéal a mhíniú don bheirt a bhí san iomaíocht ó Chúil Aodha agus a ghnóthaigh an chéad duais ar an lá.

A Dhomhnaill, a chara

Do pléidheadh an agóid i gcoinnibh réidhteach na moltóirí ar chomórtas a 26 (agallamh beirte) ag tionól do Choiste an Oireachtais Dia hAoine seo caithte. Taréis an cheist do phlé go ceann i bhfad agus guthaidheacht a dhéanamh glacadh leis an rún seo leanas.

“Molaimid go gcuirfear breith na moltóirí ar comórtas a 26 (Agallamh Beirte) maidir leis an gcéad áit ar cheal toisc spioraid an chomórtais do shárú.”

Ní bheidh mar sin aon duais ag dul do Mhuinntir Cúil Aodha. Is mór an tuagh é. An miste leat an scéal a luadh leis an mbeirt.<sup>570</sup>

Is léir go raibh an-doiléireacht agus an-éiginnteacht ann faoin rud arbh Agallamh Beirte é, an ealaín réasúnta nua seo, agus na rialacha a bhain lena leithéid a léiriú ag an Oireachtas. I dtuairisc nuachta ar fhéile an Oireachtais 1942, tagraíodh do cheist na moltóireachta agus luadh go mb’fhéidir gurbh fhearr an comórtas áirithe sin a chaitheamh san aer.

... Moltóir úd an Chomhrádh Beirte indiu, nuair dubhairt sé gur deacair rogha a bhaint as beirtibh de’n saghas, do bhain sé as mo bheul-sa é. Bhíos

---

<sup>568</sup> An tOireachtas: Leabhar Mhiontuairiscí 1937-44. Cartlann an Oireachtais, An Cheathrú Rua.

<sup>569</sup> MS G 1, 360/21, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Aodh agus Conall Uasal Ó Domhnaill

24.11.1942

Domhnach Pádraig  
An Uaimh  
Co. na Midhe

A Chara,

Bhí an agóid uaibh i gcoinnibh réidhteach na moltóirí i gcomórtas a 26 – Agallamh Beirte – ós comhair Coiste an Oireachtais Dia hAoine seo caite. Cuireadh an rún seo leanas i bhfeidhm:

“Molaimid go gcuirfear breith na moltóirí ar comórtas a 26 (Agallamh Beirte) maidir leis an gcéad áit ar cheal toisc spioraid an chomórtais do shárú.”

Socruigheadh annsan an cuid eile do thoradh na moltóirí d’fhágaint mar atá agus an dara duais do bhronnadh. Ós rud é gur sibh-se a ghnóthaigh an dara duais, seolaim chughaibh an seic.

Rúnaidhe.

<sup>570</sup> MS G 1, 360/21, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

díreach 'ghá rádh im' aigne féin nár mhíse an comórtas san do leigint ar lár agus comórtas óráideachta do chur i n-a áit.<sup>571</sup>

Bhí Pádraig Ó hUallacháin den tuairim go raibh fadhb bhunúsach leis na comórtais do mhuintir na Gaeltachta agus mhol sé go gcuirfí deireadh leis an iomaíocht idir Gaeltachtaí éagsúla. Bhí stíl shainiúil dá gcuid féin ag gach Gaeltacht agus níorbh fhéidir nó níor cheart iad a chaighdeánú nó a rangú. Anuas air sin lochtaigh sé stiúrthóirí an Oireachtais ar an éiginnteacht a bhain le coinníollacha na gcomórtais. An comhrá nó aithriseoireacht a bhí á éileamh acu san agallamh beirte mar shampla?

Cuireadh cuid mhaith spéise i gcomórtaisí na Gaedhealtachta agus rinneadh cuid mhaith cainnte ( a gos íseal b'fhéidir) fá'n mholtóireacht agus ceist seo na moltóireachta i gcoitchinn. Tá sé doiligh comórtaisí a thabhairt ar an ghné seo d'obair an Oireachtais ná ní'l ionnta ach comparáid eadar na doigheannaí éagsamhail atá ag muintir na Gaedhealtacht le sgéal a innse nó abhrán a rádh. Ní'l fhios againn an mbeadh sé ionnraice a rádh go raibh cúige ar bith morán níos fearr ná ceann ar bith eile agus nuair a théighid an sgéal go cnámh na huilleann an moltóir a mbeadh eolas trom aige ar an cheol Ghaedhealach nó ar an sgéaluidheacht, bheadh obair aige deighilt ar bith a dhéanamh eadar na cúigí i dtaca le marcannaí de. *Nuair a smaointighítear fosta nach bhfuil caighdeán ar bith leagtha síos ar na moltóirí nó ag coisde an Oireachtais, nuair nach bhfuil fios acu i gceart caidé tá 'e dhith ortha – ciaca ceol nó ceoltóireacht, sgéaltaí nó sgéaluidheacht, comhradh nó aithriseoireacht, nuair a smaointighítear ar na rudaí sin is doiligh a thuigbheáil cad chuige go gcuirtear muintir na Gaedhealtachta ar iomaidheacht le chéile ar chor ar bith. Sé ar mbaramhail mar sin go mb'fhéidir gurbh fhearr deireadh a chur le comórtaisí den chineál seo.*<sup>572</sup>

Tagraíodh do na deacrachtaí seo i dTuairisc an Rúnaí ag deireadh na bliana agus moladh leasuithe áirithe ar an gcur síos ar na coinníollacha agus na rialacha a bhain leis na healaíona béil.

Muintir na Gaedhealtachta a bhí chun tosaigh an dá lá seo. “Laetha na Gaedhealtachta” d'fhéadfaí a thabhairt orthu. Bhí na comórtaisí árdáin ar siubhal – scéalaidheacht, agallamh beirte, amhrán saothair, portíní béil, amhránaidheacht ar an Sean-nós. Is maith ar fad a chruthaigh siad agus bhí caighdeán na gcomórtaisí seasca fán' gcéad níos fearr na bliadhanta eile. Bhí na hiomadthóirí oilte go maith agus bhí na taisbeántaisí uatha go foghanta. Bhí gach réidhteach dos na comórtaisibh i bhfad níos fearr i mbliana. I dtreo is nach mbeidh aon mhí-thuigsint feasta molaim go ndéanfar na coingheallacha a bhaineas leis an dá chomórtas seo a leanas a mhíniú níos cruinne sa Chlár feasta (a) Comórtas d'Agallamh Beirte (b) Comórtas do Phoirtíní Béil.<sup>573</sup>

Suntasach go leor rinneadh leasuithe áirithe ar an gcur síos a bhain leis an Agallamh Beirte an bhliain dár gcionn. Dhá mhír bhreise a cuireadh isteach mar shoiléiriú ar théarmaí tagartha an chomórtais. Treoir faoi láithriú an agallaimh a bhí i gceist le ceann de na leasuithe agus dúradh go gceadófaí éadaí agus feisteas a bheadh ag teacht le pearsana an agallaimh. Is léir gur mar thoradh ar an easaontas in 1942 a cuireadh an

<sup>571</sup> 'Leac Logha,' 'An tOireachtas,' *The Leader*, 28.11.1942, 348.

<sup>572</sup> Pádraig Ó hUallacháin, 'An tOireachtas,' *An tUltach* (1942) Iml. 19 No. 9, 4. [Liomsa an bhéim.]

<sup>573</sup> Tuairisc an Rúnaí 1942, Airciv Oireachtas na Gaeilge, Casla, Conamara.

leasú seo isteach. Bhain an leasú eile le hábhar an agallaimh – agus cuireadh isteach an coinníoll breise gur gné éigin de shaol na Gaeltachta a bheadh mar chroí an scéil.

Agallamh Beirte – Díospóireacht nó Aighneas nua-cheaptha i bprós nó i bhfilidheacht *ar ghné éigin do shaoghal na Gaedhealtachta*. Faid deich nóimeataí ann. Adhbhar na díospóireachta do chur isteach coicthigheas roimh ré. *Ní cóiscfear éideadh a bhéas do réir firinne na hagallamha.*<sup>574</sup>

Is ródhócha mar sin gur bhain an gearán a rinneadh faoi bhuaiteoirí an chomórtais in 1942 le hábhar an agallaimh agus gur beartaíodh srian a chur leis na topaicí a cheadófaí.

### Scaipeadh agus buanú ‘traidisiúin’

Cuireadh leis na comórtais bunaithe ar an mbéal beo le comórtais do ‘Ceapóga nó Lúibíní nua’ in 1941 agus ‘Amhráin saothair’ in 1942. Cuireadh na lúibíní ar chlár na gcomórtas ar mholadh Shorcha Ní Ghuairim. Pléadh na hathruithe ag cruinniú do Choiste an Oireachtais, tagraíodh do na leasuithe sna miontuairiscí agus rinneadh sainmhíniú ar na healaíona béil seo.

13.12.1940: Comórtaisí na Gaeltachta: Glacadh leis na comórtais a bhí molta ag an fochoiste agus ar moladh Shorcha Ní Ghuairim cuireadh an ceann seo leis “Ceapóga nó lúibíní nua – (ar nós ‘Ó ró mhíle gradh’ nó ‘Ím bím babaró’) do ghabháil le ceol.”<sup>575</sup>

Tá *zeitgeist* na haimsire le sonrú sa phoiblíocht i nuachtáin chomhaimseartha, áit ar maíodh go mbeadh ‘barr-scoth na Gaedhealtachta’ ag an Oireachtas agus leagadh béim ar leith ar an deis a thabharfadh sé do mhuintir na Galltachta blaiseadh a fháil d’ealaíona béil na Gaeltachta.

A dozen Gaeltacht competitions were carried out during the day. Some of these were inter-Provincial and produced the strongest rivalry, the most colourful was the “Gaelic Drinking Song” competition, robustly won by the group from Baile Mhúirne. They gave us a breath of Gaeltacht conviviality. There was as well, some delightful traditional singing by men and women, boys and girls, as well as much spirited argument in dialogue competitions.<sup>576</sup>

Feictear béim ar leith ar an tseandacht, ar ‘iarsmaí’ cultúrtha a chaomhnú in alt Uí Mhuimhneacháin, rud atá ag teacht le hidé-eolaíocht an náisiúnachais chultúrtha.

... beidh plúr-scoth gach Gaedhealtachta san tír i mBaile Átha Cliath an tseachtain sin agus iad ag iomaidheacht le n-a chéile ar scéalaidheacht is ar amhránaidheacht, ar chabaireacht aighnis, ar amhráin saothair is ar phoirtíní béil. Tabharfaidh san caoi do mhór-phobal na Gaedhilge ar iarsmaí an tsean-

---

<sup>574</sup> Clár an Chomórtais 1943, Aircív Oireachtas na Gaeilge, Casla, Conamara.

<sup>575</sup> An tOireachtas: Leabhar Mhiontuairiscí 1937-44, Aircív Oireachtas na Gaeilge, Casla, Conamara.

<sup>576</sup> ‘The Gaeltacht comes to the Mansion House,’ *The Irish Press*, 29.10.1941, 3.

dúthchais a bhí in ár muintir do chlos ó n-a mbéal féin ag an gcuid sin dár gcine nár thréig an dúthchas san fós.<sup>577</sup>

Mar a luadh cheana, áfach, bhí nuaíocht agus cumadóireacht ag baint leis na comórtais nua seo agus ní caomhnú sean-nósanna a bhí iontu i ndáiríre. Ach go háirithe sna comórtais nua seo (agallamh beirte, lúibíní, amhráin saothair), áit a raibh nua-cheapadóireacht le déanamh agus beirt nó triúr rannpháirteach sa chur i láthair, theastaigh eagraíocht nó ceannaire éigin lena leithéid a chur ar bun. Bhí a leithéid d'eagraíocht i gCúil Aodha agus rath dá réir orthu i gcomórtais Oireachtais. I gcomhfhreagras le Coiste an Oireachtais, nocht Ó Ceocháin an tuairim go mbeadh sé deacair iomaitheoirí ó Ghaeltachtaí eile a mhealladh chuig an Oireachtas, mura ndéanfaí timireacht nó bainistiú ar an saothar.

Tá gádh le tionóladh éigin chun amhránaithe d'aimsíú agus iad do sheoladh fé dhéin an Oireachtais ach do bheadh sé deacair na Gaoltachtaí eile do bhogadh chun ceapadh agus chun ranna anois mara mbeadh duine éigin ina measg a dhéanfadh cuid den cheapadh é féin ón dtús agus annsan leagaint dóibh bheith ag cur leis, na fóirne do chur ag obair.<sup>578</sup>

Bhí dealramh leis an tuairim seo, agus tabharfar faoi ndeara gur láidre i bhfad 'traidisiún' an agallaimh sna háiteanna ina raibh eagraíocht a ghríosaigh daoine le dul i mbun pinn agus a thug ardán dóibh lena gcuid iarrachtaí a chur i láthair an phobail. Ba faoi stiúir na Scoileanna Éigse agus Seanchais, mar shampla, a tháinig glúin úr scríbhneoirí agus lucht déanta agallamh beirte chun cinn i gConnacht.<sup>579</sup> Bhí ról lárnach ag an Oireachtas i bhforbairt na n-ealaíon béil sa chéad seo caite, ní hamháin i dtaobh chúrsaí moltóireachta de ach i scaipeadh agus seachadadh foirmeálta comhfhiosach na n-ealaíon. Ní fás nó seachadadh orgánach béil, de réir chiall an bhéaloidis, a bhí i gceist le forbairt na n-ealaíon seo ach polasaí gníomhach de chuid an Oireachtais. Aithníodh i dTuairisc an Rúnaí ar fhéile an Oireachtais 1948, nach raibh rath ar na comórtais ardáin agus go mbeadh gá le timireacht le go mbeadh 'caighdeán seasamhach' ann sna comórtais seo.

Tá an gléas timhriachta do na Comórtasaí Ardáin gan ceapadh fós agus fearfar fáilte roimh aon mholadh a chabhróhadh linn a leithéid do chur ar fáil. Tá an chabhair so práinneach má's áil linn na comórtasaí árdáin do chur chun cinn.<sup>580</sup>

Mar chuid den iarracht seo iomaitheoirí ó cheantair éagsúla a spreagadh le tabhairt faoi na healaíona traidisiúnta 'nua' seo, cuireadh buíon ó Chúil Aodha go Baile an Fhéirtéaraigh in 1949 le taispeántas a dhéanamh. Tagraíodh don phlean seo i miontuairiscí an Oireachtais:

---

<sup>577</sup> Aindrias Ó Muimhneacháin, 'An tOireachtas – féile na nGaedheal' *An Glór*, 10.10.1942, 4.

<sup>578</sup> Ms G 1, 360/13, Litir ó Dhomhnall Ó Ceocháin, 22.4.1940, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>579</sup> Pléifear an cheist seo i gcaibidil 6.

<sup>580</sup> Tuairisc an Rúnaí 1948, Airciv Oireachtas na Gaeilge, Casla, Conamara.



B'é tuairim Liam Budhlaeir go mbeadh sé thar a bheith deacair spéis i gComórtaisí an Oireachtais do mhuscailt i measc mhuintir Chorca Dhuibhne. Bhí an fo-choiste den tuairim nár mhór mórán timthreacht do dhéanamh. Mhíng an Rúnaí go bhfuair sé moladh mar leanas ó Dhomhnall Ó Ceocháin .i. go rachadh buíon ó Chúil Aodha go paróiste Bhaile an Fhírtéaraigh agus go ndéanfaidís cuirm agus léiriú do dhéanamh ar na hagallamha beirte, na hamhráin saothair, na ceapóga, srl a ghnóthaigh duaiseanna. Cheap an fo-choiste go mba bhreágh an mholadh é agus go mba cheart do Choiste an Oireachtais a iarraidh ar Dhomhnall Ó Ceocháin socrú dá réir do dhéanamh chomh luath agus is féidir tar éis na Nodlag.<sup>581</sup>

Cuireadh clár le chéile agus socraíodh go mbeadh ceithre thaispeántas ann i mBaile an Fheirtéaraigh, ar an bhFeothanach agus i gColáiste Íde. Bhí idir agallaimh beirte, lúibíní, amhráin saothair, amhráin agus miondrámaí mar chuid den chlár, agus maíodh ar bharr an chláir go raibh 'Craobh na Gaoltachta bainte amach acu go léir ag an Oireachtas.'<sup>582</sup> Chuir rúnaí an Oireachtais, Leon Ó Dubhghaill, litreacha chuig an Athair Mac Amhlaibh, áit ar thug sé ardmholadh don chlár seo agus dúirt:

Is clár an-mhaith é agus táim cinnte de go mbainfidh pobal Gaedhealtachta Baile an Fhírtéaraigh taitheamh agus pléisiúr as na gnéithe sin do ceapadh i nGaedhealtacht Corcaighe.<sup>583</sup>

Iarradh ar an Athair Mac Ginneadh, Baile an Fhírtéaraigh, chomh maith, tacaíocht a thabhairt don turas agus cabhrú le fógraíocht an taispeántais. Míníodh cúspóirí na camchuartha mar seo a leanas.

Sé cuspóir na taispeántais seo ná [1] léiriú do dhéanamh do mhuintir Gaedhealtacht Chiarraidhe ar ghnéithe ón nGaedhealtacht a ghnóthuigh duaiseanna ag an Oireachtas; [2] Iad do spreagadh le spéis do chur san Oireachtas agus i gComórtaisí an Oireachtais agus [3] Iad do spreagadh chun gnéithe mar iad do cheapadh dóibh féin.<sup>584</sup>

Feachtas cultúrtha a bhí sa turas seo, a d'fhéach leis na healaíona seo a bhí tagtha chun cinn fé stiúir an Oireachtais agus Dáimh-Scoil Mhúscraí, a scaipeadh i nGaeltachtaí eile. Bhí Leon Ó Dubhghaill dóchasach faoin iarracht agus dúirt sé go mba cheart 'go n-éireochadh leis an dturas so atá beartaithe ag Dáimh-Scoil Chúil Aodha agus sé ár nguidhe go leanfaidh toradh maith an iarracht bolscaireachta seo.'<sup>585</sup> D'fhéadfaí an grúpa céanna a chur ar fud na nGaeltachtaí le taispeántais a thabhairt.

---

<sup>581</sup> Ms G 1, 327/15, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Miontuairiscí an Oireachtais – Fochoiste na Gaeltachta, 2.12.1948. Tagraíodh do litir eile ó Dhomhnall Ó Ceocháin ar an 20.12.1948 : 'Léigheadh leitir ó Dhomhnall Ó Ceocháin á rádh go mbeadh Dáimh Scoil Musgraí toilteanach do dhul go Baile an Fhírtéaraigh i Mí na Feabhra leis an taispeántas do thabhairt. Dhéanfaidh sé pé timthreacht annsan agus a bheadh ar a chumas.'

<sup>582</sup> MS G 1, 360/43. Comhfhreagras an Oireachtais, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>583</sup> MS G 1, 360/43. Comhfhreagras an Oireachtais, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>584</sup> MS G 1, 360/43, Comhfhreagras an Oireachtais. Litir chuig an Athair Mac Ginneadh, 18.1.1949, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>585</sup> MS G 1, 360/43, Comhfhreagras an Oireachtais. Litir chuig Tomás Ó Laoi, 25.1.1949, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Má éirigheann leis an iarracht so i mBaile an Fhírtéaraigh 'sé tuairim an fochoiste go mba cheart a iarraidh ar an dáimh-scoil cuairt do thabhairt ar cheanntracha eile.<sup>586</sup>

I litir chuig Domhnall Ó Ceocháin thug rúnaí an Oireachtais le fios go raibh sé ar intinn acu an feachtas seo a leathnú amach. 'Ba mhaith linn áiteabh ar Mhuinntir Thír Conaill aithris do dhéanamh oraibh sa dúthaigh ó thuaidh.'<sup>587</sup> Bhí Ó Ceocháin sásta tacaíocht a thabhairt don iarracht seo taibhealaíona an Oireachtais a scaipeadh ar fud na tíre agus theastaigh uaidh aithne a chur ar dhaoine i gCorca Dhuibhne a léirigh spéis san ábhar, daoine a mbeadh 'fonn orthu aithris a dhéanamh' ar shaothar na Dáimh-Scoile.

Tá spéis á cur ag Tomás Ó Laoi, Cigire na Gaoltachta sa ghnó so. Thugas cóib des na hadhbhair do aréir. Beidh sé ag dul go Baile 'n Fheiritéirig indiu. D'inseas do gur mian le Coiste an Oireachtais go ndéanfaid Éigse Cúil Aodha an teasbántas so. Tá fonn ar Tomás go ndéanfaí an teasbántas agus déanfaidh sé timtíreacht. Dubhairt leis gur mhaith liom aithne do chur ar beirt nó triúr go mbeadh fonn orthu aithris a dhéanamh ar ár ngnó.<sup>588</sup>

Léiríonn na hiarrachtaí seo a bhí ar bun ag an Oireachtas nach raibh na healaíona béil seo coitianta ar fud na tíre agus aithníodh go raibh gá le teagasc agus stiúrthóireacht len iad a chothú. Díol spéise chomh maith sa chomhthéacs seo an tuairisc a thug an tAthair Pádraig Mac Amhlaoibh ar thaispeántas mhuintir Chúil Aodha agus breithiúnas mhuintir Bhaile an Fhírtéaraigh air ach go háirithe.

Bhí an taisbeantas i mBaile an Fhir. oidhche Dé hAoine agus oidhche Dé Sath; dheineadar é i gColáiste Íde Dé Domhnaigh agus ar an bhFeothanach an oidhche sin ... *Ní raibh na daoine lán-tsásta leo – is dóigh liom féin nár thuigeadar go ró-mhaith an saghas rud a bhí acu – agus bhíodar ag súil le dráma!*

*B'fhearr iad i gColáiste Íde ná in aon áit eile mar is ann ab'fhearr a thuig an lucht éisteachta iad. Ach gheobhair cuntas is dócha ó Dh. Ó Ceocháin. Tá súil agam go spreagfaidh sé muintir na háite chun rudaí mar é do chleachtadh ach nílim ródhóchasach.*<sup>589</sup>

Is léir ón gcuntas seo go raibh na hagallaimh, na lúibíní, na hamhráin saothair sa taispeántas aduain ar fad ag muintir Chorca Dhuibhne. Easpa tuisceana nó easpa cleachtaidh ar shaothair den chineál seo fé ndear an mhíshástacht a léiríodar i leith an taispeántais. Díol suime chomh maith gur éirigh níos fearr leis an gceolchoirm cheannann chéanna i gColáiste Íde agus an tuairim a nochtaigh an tAthair Pádraig Mac Amhlaoibh, gurbh ann ab fhearr a thuig an lucht éisteacha iad. Bheadh taithí níos mó ag daltaí scoile ar chomórtais feise, ar chultúr oifigiúil na Gluaiseachta agus ar chur i

---

<sup>586</sup> Ms G 1, 327/15, Miontuairiscí an Oireachtais – Fochoiste na Gaeltachta, 21.1.1949, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>587</sup> MS G 1, 360/43, Comhfhreagras an Oireachtais. Litir 8.2.1949, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>588</sup> MS G 1, 360/43, Comhfhreagras an Oireachtais. Litir le Domhnall Ó Ceocháin, 13.1.1949, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>589</sup> MS G 1, 360/43, Comhfhreagras an Oireachtais. Litir leis an Athair Pádraig Mac Amhlaoibh, 8.2.1949, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. [Liomsa an bhéim.]

láthair den chineál seo. Níor éirigh leis an scéim áirithe seo spéis a spreagadh i gcomórtais den chineál seo i gCorca Dhuibhne agus níor éirigh leo iomaitheoirí a mhealladh ag Oireachtas na bliana 1949.<sup>590</sup>

Rinneadh timireacht i gceantair eile chomh maith agus cuireadh coistí áitiúla ar bun a d'fhéach leis na cleachtais chultúrtha seo a chur chun cinn i measc an phobail.

Bhí an Coiste den tuairim nach mbeadh rath ar na gComórtasáí annso go mbeadh coistí áiteamhla, de dhaoinibh a thuigeann na comórtasáí agus cuspóir na gComórtasáí, i mbun na hoibre. Ceapadh go bhféadfaí daoine oireamhnacha d'aimsíú agus fo-choistí do bhunú.<sup>591</sup>

Luadh cuid de na hiarrachtaí seo a bhí déanta ag Fochoiste na Gaeltachta daoine a mhealladh le páirt a ghlacadh san Oireachtas agus na healaíona seo a fhorbairt i dTuairisc an Rúnaí 1949.

Agus an Clár Comórtas foillsithe b'é céad cúram na Coiste [sic] ná forbairt do dhéanamh ar na Comórtasáí Ardáin. Cinneadh ar timireacht speisialta a dhéanamh fána gcomhair.

Fágadh cúram na gComórtasáí Eadar-Chúigí ar Fho-Choiste na Gaeltachta. Chuadar i mbun oibre i dtús na bliana agus leanadh don saothar go raibh an obair déanta. Chuireadar rómpa eagar ceart do chur ar na comórtasáí áiteamhla agus teagasc cinnte do thabhairt d'iomathóirí ins na Gaeltachtaí.<sup>592</sup>

Cuireadh Sorcha Ní Ghuairim go Connacht le coistí a bhunú agus cuireadh Gobnait Ní Shúilleabháin go hUíbh Ráthach ar an ngnó céanna. Scríobh Gobnait tuairisc fhada ar a turas timireachta go hUíbh Ráthach, tuairisc a thugann éachtaint dúinn ar mhodh oibre agus sainchuspóirí na dtimírí. Ní obair riaracháin amháin a bhí i gceist le heagrú feise agus b'éigean dóibh ar dtús iomaitheoirí a chuartú agus iad a mhealladh le páirt a ghlacadh san Oireachtas. Deir Gobnait faoin gcuardach a rinne sí:

Do bheartuigheas gan aon áit in Uíbh Ráthach fhágaint gan cíoradh an t-am so agus ná beadh aoinne ann oireamhnach don Oireachtas i ngan fhios dom.<sup>593</sup>

Murab ionann ansin agus bailitheoirí béaloideas na haimsire, a rinne an cuardach céanna ar scéalaithe agus amhránaithe le taifead a dhéanamh d'ealaíona béil, rinne timírí an Oireachtais stiúrthóireacht de shórt ar na hearraí cultúrtha seo. Tugann Gobnait cuntas ar na hoícheanta a chaith iomaitheoirí ag ullmhú, ag cleachtadh agus ag traenáil

---

<sup>590</sup> 'B'é tuairim Liam Budhlaeir nach dtiocfaidh puinn iomathóirí ó Bhaile an Fhirtéaraigh.' Ms G 1, 327/15, Miontuairiscí an Oireachtais – Fochoiste na Gaeltachta, 29.4.1949, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>591</sup> Ms G 1, 327/15, Miontuairiscí an Oireachtais – Fochoiste na Gaeltachta, 2.12.1948, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>592</sup> MS G 1, 320/2 Tuairisc an Rúnaí (1949), 2, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>593</sup> Ms G 1,360/43. Comhfhreagras an Oireachtais. Tuairisc le Gobnait Ní Shúilleabháin, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

don Fheis, agus í féin mar oide nó mar léiritheoir acu. Déanann sí cur síos ar an dian-ullmhúcháin a bhí i gceist le hagallamh beirte a réiteach don ardán.

An bheirt a bhí agam don agallamh beirte sa Choirreán thagadís chugham ar a 10.30pm agus is minic a bhíodh sé tréis a haon nuair racaidís abhaile.<sup>594</sup>

Níorbh fhiú an tairbhe an trioblóid i gcónaí, mar is léir ón tuairisc seo a leanas uaithi ar iomaitheoir don agallamh agus don chabaireacht ghrinn nár tháinig ag an bhFeis, i ndiaidh an dua ar fad a caitheadh leis an gcleachtadh.

Thagaimís le chéile san halla i mBaile ‘n Sgeilg nach mór gach re oidhche ar a 10.30 agus bhíos a’ gábhail d’amhrán, agallamh, scéal agus cabaireacht grinn. Bhí an t-agallamh ar fheabhas ar fad acu agus bé an ceann ab’fhearr agam é, ach is amhlaidh a bhí sé ró mhaith, theip duine dhíobh theacht lá na feise, mar bhí a mháthair breoite agus ní cheadóthadh sí dó theacht. Nuair a tháinig an duine eile ina aonar agus mhínigh sé cad a tharla, thuit an lug ar an lag agam agus d’fhonn gan an agallamh a chailleamhaint thógas taxi agus chuas siar chun tíghe chuige uair a chluig roimh am osgailte na feise féach a mbeadh aon tseans é mheallach liom ach cead ní bhfaghadh sé dá dtugainn míle púnt dóibh agus ba chuma liom ach ní raibh a mháthair chómh hólac san. Níor thuigeas riamh go mbeadh smacht den tsaghas san ar aoinne. B’shin cabaireacht grinn imtighthe leis, mar sin é an buachaill a bhí a’ dul isteach ar an gCom. sin. Bhíos níos mó na díombádhach, tréis na hoidhcheanta a bhí curtha isteach agam san áit ...<sup>595</sup>

Tugtar léargas i dtuairisc Ghobnata ar ról an Oireachtais i scaipeadh agus athbheochan cleachtais chultúrtha, nach raibh le fáil go forleathan ar fud na tíre. Tuariscíonn sí go ndearna sí iarracht an t-amhrán saothair a ‘mhíniú’ d’fhíle áitiúil, ag súil go spreagfaí chun cumadóireachta é.

Tá file de shaghas i mBaile ‘n Sgeilg agus bheadh sé go maith is dóigh liom dá mbeadh duine eile leis a’ cumadh – tá ana chuid “ráiméis” cuibhseach maith déanta aige agus sgríobhas síos ballad a bhí ar an rud is fearr déanta aige agus chuireas isteach ar Com. an Oir. é dó. *Mhínigheas do mar gheall ar amhrán saothair ach theip air aon rud a dhéanamh dom - b’fhéidir don bhliain seo chugainn anois.*<sup>596</sup>

Thabharfadh an tagairt sin le fios nach raibh an t-amhrán saothair coitianta mar nós beo sa cheantar. Tharraing Máirtín Ó Cadhain aird ar shaorgacht an amhráin saothair mar chomórtas Oireachtais ina alt conspóideach ar an mbéaloideas.

Shíleas bliain eile go maródh beirt a chéile le dhá shúiste ar an ardán. Is cleasach an cheird í súisteoireacht. Níor mhór duit a bheith ag dul di achar is faide ná seachtain roimh an Oireachtas!<sup>597</sup>

---

<sup>594</sup> *Ibid.*

<sup>595</sup> *Ibid.*

<sup>596</sup> *Ibid.* [Liomsa an bhéim.]

<sup>597</sup> Máirtín Ó Cadhain, ‘Béaloideas’ *Ó Cadhain i bhFeasta* (Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1990) 149.

Cur i gcéill a bhí sa chomórtas áirithe sin dar leis, nuair nach raibh a leithéid le fáil mar nós beo a thuilleadh. Bhí feidhm agus *raison d'être* an amhráin saothair imithe agus meath dá réir tagtha air sa phobal.

Rud inspéise i stair na litríochta é an t-amhrán saothair. Deirtear gurb é an chéad ghné den fhilíocht é, an ghné is gaire don draíocht as ar thúsaigh sí. Bhí sé tráth ar fud na hEorpa ar fad, agus b'fhéidir ar fud an domhain.

Ag an Oireachtas a chualas féin an chéad uair iad. Chuala mé amhráin roimhe sin arb é a gcosúlacht gur amhráin saothair a bhí iontu uair eicint ach b'fhada dealaithe ó aon tsaothar ar leith iad le linn domsa a gcloisteáil. Má bhí gnás an amhráin saothair coitianta anseo ariamh – agus is é mo bharúil féin nach anchoitianta é – bhí sé imithe roimhainne, imithe as páirteanna móra den Ghaeltacht ar aon nós.<sup>598</sup>

Díol spéise ráiteas an Chadhnaigh gur ar ardán an Oireachtais a chonaic sé amhrán saothair idir lámha an chéad uair riamh. Dúisíonn sé ceist spéisiúil faoi cheist an traidisiúin agus athbheochan nó athchruthú béascna ársa. Chomhlíon na hamhráin saothair feidhmeanna ar leith ina gcomhthéacs ceart sóisialta féin – an t-am a mheilt agus obair thuirisiúil idir lámha, comhoibriú a chothú agus rithim na hoibre a choimeád.<sup>599</sup> Níorbh ionann in aon chor feidhm ná údar na n-amhrán saothair ar ardán an Oireachtais, ach cur i láthair ar mhaithe le siamsaíocht a sholáthar (agus duaiseanna a bhuchtaint!) a bhí anois iontu. Ealaín nua a fad a bhí ann mar sin, fiú más rud é go raibh sé bunaithe ar ealaín ársa. Tá an méid seo ag teacht le tuiscint Hobsbawm ar 'chruthú traidisiúin.'

Nor should we overlook the break in continuity which is sometimes clear even in traditional topoi of genuine antiquity ... Such a break is visible even in movements deliberately describing themselves as 'traditionalist', and appealing to groups which were, by common consent, regarded as the repositories of historic continuity and tradition, such as peasants. Indeed, the very appearance of movements for the defence or revival of traditions, 'traditionalist' or otherwise, indicates such a break. Such movements, common among intellectuals since the Romantics, can never develop or even preserve a living past (except conceivably by setting up human natural sanctuaries for isolated corners of archaic life), but must become 'invented tradition'.<sup>600</sup>

Thug an béaloideasóir Lauri Honko 'tarna beatha an bhéaloidis' ar ghluaiseachtaí agus feachtais den chineál seo, rud a mhíníonn Ó Giolláin mar 'ábhar de chuid an bhéaloidis a bheith á úsáid i gcomhthéacs nach ionann agus a bhunúsáid nádúrtha.'<sup>601</sup>

---

<sup>598</sup> *Ibid.*

<sup>599</sup> Féach Breandán Ó Madagáin, *Caointe agus Seancheolta eile* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2005) *passim*.

<sup>600</sup> Eric Hobsbawm, 'Introduction,' *The Invention of Tradition*, (Cambridge: Cambridge University Press, 1983) 7.

<sup>601</sup> Diarmuid Ó Giolláin, *An Dúchas agus an Domhan* (Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 2005) 121.

Athbheochan agus athmhúnlú gnásanna cultúrtha i gcomhthéacs agus *milieu* nua a bhí san Oireachtas, agus béim ar chaomhnú agus ar an tseandacht go minic. Cháin Séamus Mac Donncha claonadh caomhnaitheach seo an Oireachtais agus dúirt go raibh béim rómhór ar léargas a thabhairt ar an seansaol, sean-nósanna agus seanábhair sna comórtaisí ardáin. Ag teacht leis an méid a bhí ráite ag an gCadhnach ar an ábhar, dúirt sé go gcaithfí aghaidh a thabhairt ar an saol nua-aimseartha agus staonadh den chur i gcéill. Ag trácht ar an amhrán saothair ach go háirithe, agus é idir shúgradh agus dáiríre, mhol sé ábhair nua-aimseartha a d’oirfeadh don chomórtas áirithe sin:

Ach feasta, deir Cadhan, fagtar an bhró, an súiste agus an bocstaí sa músaem. Cumtar amhráin saothair do’n tsábh leictreachais nó do’ tluasaid ghaile – an sean-mhúnlá i bhfeiliúint do shaothar mheicniúil an lae inniu. Ní mise d’áiteodh malairt scéil air. Cheana féin tá an aibhléis ag teacht do’n Ghaeltacht. An asáiteoidh an Hoover nó an chuinneóg leictreachais an t-amhrán, nó an giotamálaíthe meicniúla gan ceol ina gcroíthe a bheas i lucht na n-úsáide sa nGhaeltacht? Marab eadh, cumtar amhráin dóibh.<sup>602</sup>



Léaráid 13: Eibhlín Ní Loingsigh agus Máire Ní Cheocháin, Cúil Aodha. (1944)  
Amhrán Saothair ar bun acu ag an Oireachtas.<sup>603</sup>

## Cúrsaí Moltóireachta

Tugann tuairiscí na moltóirí sna 40í/50í/60í éachtaint dúinn ar na critéir agus na téarmaí tagartha faoinar measadh aeistéitic an agallaimh i gComórtais an Oireachtais.

---

<sup>602</sup> Séamus Mac Donncha, ‘An tOireachtas’, *Comhar* (Bealtaine 1950) 21.

<sup>603</sup> Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 579.

D'athraigh an cur síos agus na cinnteidil a d'úsáid moltóirí ó bhliain go chéile ach go bunúsach díriodh ar dhá phríomhghné den agallamh – an t-ábhar agus an cur i láthair. Feicfeadh ó dháileadh na marcanna go raibh béim níos mó ar ábhar an agallaimh sna blianta tosaigh le 50 marc (as céad) ag dul ar an 'Ábhar' agus 30 marc ar an nGaeilge in 1945 mar shampla. Bhí 10 marc ag dul ar 'Gheáitsí' agus 10 marc eile ar an 'Modh'.<sup>604</sup> Níor tugadh aon mhíniú ar an rud a bhí i gceist leis an 'Modh' seo ach tagraíodh dó anois is arís i nótaí na moltóirí agus is léir gurbh é an cur i láthair féin a bhí i gceist leis an modh. Moladh nádúrthacht na haisteoireachta go minic, 'Modh fíor agallaimh – an-nádúrtha',<sup>605</sup> 'insint dheas nádúrtha',<sup>606</sup> 'léiriú nádúrtha'.<sup>607</sup> Bhítí ag súil, ar ndóigh, go mbeadh an t-agallamh ar eolas go maith ag iomaitheoirí agus cáineadh iad siúd a bhí ag brath ar leaganacha scríofa san insint. 'Ní fhoireann an iomarca léightheoireachta in agallamh',<sup>608</sup> agus dúradh go raibh sé 'mí-nádúrtha na píosaí páipéir [a bheith] ina lámha acu'.<sup>609</sup> Tagraíodh don insint nó don stíl reacaireachta féin sa chás nach raibh an cur i láthair féin sásúil ann - 'An cailín beagán marbhánta in áiteacha'.<sup>610</sup> Cé go raibh marcanna ag dul ar an ngeáitsíocht, cáineadh claonadh chun galamaisíochta in iomaitheoirí áirithe. Mhol Pádraic Óg Ó Conaire, agus é ina mholtóir ar Oireachtas Chonnacht in 1947, do Tomás Ó Céidigh agus Micheál Mac an Iomaire (Ros a Mhíl) díriú ar an gcaint í féin agus an gheáitsíocht a mhaolú sa léiriú:

Commenting on the Agallamh Beirte (dialogue) competition Pádraic Óg Ó Conaire said that the theme was good but that they were rather boisterous and used too many gestures. They should pay more attention to the actual speech and should tone down somewhat before they went to Dublin.<sup>611</sup>

Stíl aisteoireachta ar leith a theastaigh le hagallamh a reic i gceart, dar le Séamus Mac Donncha. Níor fheil stíl gheamaireachta nó stíl arbh oiriúnaí do 'sceitseanna áiféiseacha' í. Ealaín ann féin a bhí san agallamh dar leis, a d'éiligh stíl reacaireachta ar leith, agus léiriú 'staidéarach soilbhir so-thuigthe'.<sup>612</sup>

Dráma beag an t-agallamh agus ní mór do'n aisteoir a phearsantacht a nochtadh le bheith éifeachtach. Ach má leigtear le nós is feiliúnaí do chabaireacht ghrinn nó do sceitseanna áiféiseacha ná d'agallamh, ní fearrde an comórtas é. Togha ábhair an t-agallamh má láimhsítear mar is ceart é.<sup>613</sup>

<sup>604</sup> MS G 1,370/9. Tuairiscí na Moltóirí 1945, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>605</sup> Ms G 1, 371/5 Tuairisc an mholtóra 1946, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>606</sup> MS G 1,365/8 Tuairisc an mholtóra, 1940, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>607</sup> MS G 1,391/9 Tuairisc an mholtóra 1967, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>608</sup> MS G 1,371/5 Tuairiscí na Moltóirí 1946, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>609</sup> MS G 1,388/13 Tuairisc na Moltóirí 1964, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Is cinnte go gcuirfeadh léitheoireacht isteach go mór ar éifeacht an agallaimh ach tá ioróin de shórt ag baint leis an achainní nuair a chuimhnítear go mbíodh lámhscríbhinní in úsáid mar *aide memoire* ag reacairí an agallaimh anallód.

<sup>610</sup> MS G 1, 371/5 Tuairisc an mholtóra, 1946, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>611</sup> 'Connemara should open a bank to foster thrift,' *Connacht Tribune*, 12.7.1947, 2.

<sup>612</sup> Séamus Mac Donncha, 'An tOireachtas' *Comhar*, Bealtaine 1950, 20.

<sup>613</sup> *Ibid.*

Moladh slacht na léirithe go minic agus teacht i láthair ‘bríomhar agus beo’<sup>614</sup> agus fuarthas locht ar léirithe nach ndeachaigh i bhfeidhm ar an lucht éisteachta nó agallaimh a chuaigh chun leadráin. ‘Bhí i bhfad níos mó cainte san agallamh seo ná mar a bhí sa cheann roimis ach ar chuma éigin ní raibh an oiread suime ag an lucht éisteachta sa scéal.’<sup>615</sup> Luaigh tuairiscí nuachtáin taitneamh an lucht éisteachta go minic chomh maith, agus é ina shlat tomhais ar chumas aisteoireachta agus fuirseoireachta na beirte:

Bhain an lucht éisteachta sult agus taitneamh as na hagallamha beirte a tháinig ó thrí Gaeltachta, sé cinn as Cúige Chonnacht agus ceann amháin as Tír Chonaill. Ba léir go maireann bua na cainte agus féith na haisteoireachta go láidir fós ins na Muimhnigh. Do sciobadar an chéad is an dara duais ó na cúigí eile. Fuair Pádraig O Tuama agus Dónal O hEaluithe as Cúil Aodha an chéad duais. Bhí an chaint go breá, bríomhar, ceolmhar acu agus dothain den ghreann tríd síos.<sup>616</sup>

Ní i gcónaí a bhí iomaitheoirí ar a suaimhneas ar an ardán, go háirithe agus pobal éisteachta strainséartha os a gcomhair amach, agus bhí an támáilteacht sin le haithint ar an gcur i láthair scaití. I dtuairisc ar chomórtas agallaimh an Oireachtais in 1941, luaigh an t-iriseoir go raibh Tom Pheaidí Mac Diarmada agus Micheál Ó Céidigh ‘cineál righin codaltach’ sa chaint agus nach raibh cur i láthair an agallaimh chomh héifeachtach ná chomh healaíonta agus ba dhual don bheirt chéanna agus iad ar ardán an bhaile:

Mar is gnáth Lá na Gaedhealtachta an lá ab fhearr ... Beirt as Cúil Aodha a ghnóthuigh an duais son Agallamh. Ba mhaith an aghaidh ortha é. Bhaineadar fad ró-mhór as an sgéal, *ach bhí a gcuid cainte go nádúrtha agus bhí spreacadh agus greann inntí. D’aithris Tam Pheadaí agus Maidhc Mhaidhc Mharcuis píosa breágh filidheachta a chum Seosamh Ó Donnchadha. Cheapas, ámhthach, go raibh siad cineál roighin, codaltach sa gcainnt, ar chaoi go mba deacair iad a thuisgint sgaithí. Bhíodar go maith, bail ó Dhia ortha, agus ghnóthuigheadar an dara duais. Ach b’fhearr go mór chaon duine acu uair ar bith dár chualas é ar an ardán i gCois Fhairrge.*<sup>617</sup>

San anailís seo a rinneadh ar chur i láthair agus reacaireacht an agallaimh, tarraingíodh ealaín na drámaíochta isteach sa phlé anois is arís. Moladh duaisiarrathóirí 1940 as an taispeántas a bhí ‘inste ar nós dráma.’<sup>618</sup> B’údar dóchais ag Liam Ó Buachalla, duine de bhunaitheoirí na Taibhdheirce, a liachtaí sin daoine óga a bheith ag gabháil d’agallaimh bheirte. Díol spéise nach ar mhaithe le forbairt nó fóras an agallaimh ann féin a mholann sé comórtais an Oireachtais, ach le go mbeadh siad mar bhunchloch nó dúshraith ag gluaiseacht na drámaíochta.

“It is a great source of hope and courage for the future to see so many young people coming into these competitions,” said Senator L. O Buachalla speaking in Irish after adjudicating at a local preliminary competition for the

<sup>614</sup> MS G 1387/26, Tuairisc an mholtóra, 1963, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>615</sup> MS G 1,388/13 Tuairisc na Moltóirí 1964, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>616</sup> ‘Comórtais idir trí Gaeltachtaí’ [sic], *The Irish Press*, 20.10.1959, 7.

<sup>617</sup> ‘Ag An Oireachtas,’ *Ar Aghaidh*, Nodlaig 1941, 1. [Liomsa an bhéim.]

<sup>618</sup> Tuairisc an mholtóra 1940. I gcló in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 44.



Connacht Oireachtais ar Spiddal on Sunday ... Referring to the dialogue competitions (*Agallamh Beirte*) he said that the competitors displayed an instinct for drama as good as any to be found in the country. He hoped that these young boys and girls would be given an opportunity of playing their part in the Irish drama renaissance which was at hand.<sup>619</sup>

Aithníodh go raibh forbairt ag teacht ar ealaín na haisteoireachta san agallamh sna seascaidí. Agus borradh faoi chúrsaí drámaíochta i gConamara agus an t-agallamh á chothú faoi stiúir na Scoileanna Éigse, tháinig dream nua chun cinn a bhí oilte ar an dá cheird agus a nasc le chéile gnéithe den dá sheánra. Tharraing Pádraig Ó Siochfhradha, a bhí mar mholtóir ar chomórtas agallaimh na bliana 1968, aird ar leith ar chur chuige nuálach Joe Steve Uí Neachtain agus na cleasanna drámaíochta a tharraing sé chuige féin san insint.

Rinne an moltóir, Pádraig Ó Siochfhradha, léirmheas spéisiúil ar na h-agallmha. Rud atá dá thabhairt faoi deara aige, deir sé, le bliadhanta beaga anuas, forbairt nua ar an agallamh beirte, cumas aisteoireachta. Muintir an Iarthair, go h-áirid aisteoirí as Conamara, atá gá thabhairt sin ar aghaidh. Mhol sé cumas léirighthe na beirte a fuair an chéad duais (Seosamh Ó Neachtain agus a bhean). Theasbáin Seosamh an-tuisgint sa mbealach in-ar thug sé fúinn ón tosach. Choinnigh siad greim orainn an t-am ar fad.<sup>620</sup>

Bhain Joe Steve agus a bhean an chéad áit san Oireachtas leis an agallamh ‘Biuró Pósta’<sup>621</sup> sa bhliain 1968 agus ‘idir Gaedhilge agus aisteoireacht ar fheabhas.’<sup>622</sup> Moladh tús an agallaimh ach go háirithe an tseift dhrámatúil a d’úsáid Joe Steve leis an taibhléiriú agus comhthéacs réalaíoch an léirithe a shníomh le chéile. Tosaíodh ar an gcarachtracht agus ar an gcur i láthair sular tosaíodh ar an agallamh in aon chor. ‘Ghabh Joe pardún ag an moltóir faoi chur isteach ar a chuid agallamh beirte. Ach b’éigean dhó.’<sup>623</sup> Is ansin a tháinig Máirín, a bhean isteach ag casaoid faoin bhfear a fuair sí ón mBiúro Pósta agus tosaíodh ar an aighneas i gceart.

## Ábhair agus Cumadóireacht

Ní mhaireann téacsanna na n-agallamh i gcáipéisí an Oireachtais ach is féidir tuairim a fháil de scóip na dtéamaí ó nótaí na moltóirí. An chéad bhliain a raibh an comórtas ann chuir trí ghrúpa isteach air. Bhain agallamh Chúil Aodha le cúrsaí cleamhnais, ‘athair agus mac ag caint ar an bpósadh.’<sup>624</sup> An chontrárthacht idir sean agus nua b’ábhar do ghrúpa eile, ‘duine amháin ’ghá rádh gur fearr an saoghal a bhí ann sa tsean-am ’ná tá anois, duine eile ’ghá rádh gur fearr an saoghal atá ann inniu.’<sup>625</sup> Is minic an dá bhuntéama sin pléite ó shin, agus an chontrárthacht idir an sean agus an nua pléite i

---

<sup>619</sup> ‘Spiddal Oireachtais Competitors,’ *Connacht Tribune*, 21.6.1947, 15. [Liomsa an bhéim.]

<sup>620</sup> ‘An tOireachtas,’ *Ar Aghaidh*, Nodlaig 1969, 5.

<sup>621</sup> Joe Steve Ó Neachtain, *Fead Glaiice* (Béal an Daingin: Cló Iar-Chonnachta, 1986) 25-30.

<sup>622</sup> ‘An tOireachtas,’ *Ar Aghaidh*, Nodlaig 1969, 5.

<sup>623</sup> *Ibid.*

<sup>624</sup> Tuairisc an mholtóra 1940. I gcló in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 2001, 44.

<sup>625</sup> *Ibid.*

riochtaí éagsúla. Ag an gcéad chomórtas don agallamh in 1940, tugadh ardmholadh do bheirt as Tír Chonaill agus greann an agallaimh a bhí acu ach go háirithe. ‘Agallamh deas greannmhar’<sup>626</sup> a bhí ann dar le hEoin Ó Searcaigh agus mhol Seán Ó Súilleabháin an t-ábhar taitneamhach a bhí acu freisin. ‘Ábhar grinn do tharrig an bheirt seo chucu féin do thaitin go mór leis an gcuideachtain a bhí ag éisteacht.’<sup>627</sup> Tugadh comhairle d’iomaitheoirí ábhair éadroma thaitneamhacha a roghnú, mar shampla in 1945 dúradh gurbh fhearr ‘Adhbhar níos eadtroime a thoghadh. Níos oireamhnaigh ar ócáid den tseort seo.’<sup>628</sup> Ón mbliain 1943 ar aghaidh cuireadh mar choinníoll i rialacha an chomórtais gur ‘gné éigin do shaoghal na Gaedhealtachta’ a bheadh faoi chaibidil san aighneas. Plé ar cheisteanna comhaimseartha nó athruithe móra i saol agus sochaí na Gaeltachta ba mhó a bhí faoi chaibidil, mar a léiríonn tuairisc nuachta ó 1957 mar shampla:

The conversation section attracted an entry of over 20 competitors and included topics of daily interest in the Gaeltacht areas ... emigration, rural electrification, marriage amongst others.<sup>629</sup>

In 1950 fuair Séamus Mac Donncha locht ar a theoranta agus a bhí ábhar na n-agallamh a cumadh don Oireachtas. Cháin sé paróisteachas agus dearcadh cúng na moltóirí i leith ábhar ‘oiriúnach’ go speisialta. Ceisteanna éadroma áitiúla ba bhunábhair d’fhormhór na n-iarrachtaí.

Mar a léirithear an t-agallamh beirte fá láthair ní mórán is fiú é, agus ní cabhair atá dearcadh na moltóirí a thabhairt dó. Aighneas, agus aighneas géarchainteach suarach gan mórán gearradh a bhíos ann go rómhinic. Nach bhfuil Gaeilgeoirí i ndon píosa cainte a dhéanamh ar fiú éisteacht leis ní ar son Gaeilge ach ar son an ábhair agus modh a phléite? Ach le go mbeadh sin amhla caifear a dhul thar pobal amach, nó b’fhéidir thar tír amach, ar lorg ábhair. Pléitear beo-cheisteanna an lae, in Éirinn nó thar sáile, agus bíodh tuairimí rianúla le nochtadh againn fútha. ‘Spáinneadh muid fiú má tá ár mbrath go mór ar nuachtáin Bhéarla faoi eolas an tsaoil amuigh, go bhfuil muid i ndon cúrsaí a phlé go ciallmhar ar árdán agus tuairimíocht ghaioisiúil a thabhairt uainn. Beidh an t-agallamh biamhar eolasach dá réir agus fonn ar dhuine éisteacht leis ...’<sup>630</sup>

B’fhearr i bhfad díospóireachtaí stuama le plé ar chúrsaí reatha, ar scéalta idirnáisiúnta agus ar mhórchesteanna na linne, dar leis. Argóintí ‘suaracha’ logánta a bhí i gcuid mhaith acu dar leis, rud nach raibh oiriúnach ar ardán náisiúnta an Oireachtais, ‘is minic ábhar a mbíonn barúil mhaith dhó ag feis áitiúil nach mó ná sásúil a fhéachann sé sa bpríomhchathair.’<sup>631</sup> Feidhm theagascach a shamhlaigh Mac Donncha leis na hagallaimh, seans, óir leag sé béim ar leith ar chaint ‘eolasach’ agus ‘tuairimíocht

---

<sup>626</sup> *Ibid.*, 43.

<sup>627</sup> *Ibid.*

<sup>628</sup> MS G 1, 370/9 Tuairisc an mholtóra 1945, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>629</sup> ‘Gaeltacht Day at the Oireachtas,’ *The Irish Press*, 22.10.1957.

<sup>630</sup> Séamus Mac Donncha, ‘An tOireachtas,’ *Comhar* Bealtaine 1950, 20.

<sup>631</sup> *Ibid.*

ghaoisiúil' sa phlé a rinne sé orthu. Ar ndóigh, feidhm nó cuspóir eile ar fad a bhain leis na hagallaimh 'éadroma' thaitneamhacha, agus shásaigh siad lucht éisteachta ar leith. Cé go raibh sé an-ghéar sa cháineadh a rinne sé seans go raibh cuid den cheart aige. Is cinnte gur chuir an coinníoll gur gné de shaol na Gaeltachta a bheadh i gceist laicis mhínádúrtha ar chumadóirí na n-agallamh. Nuair a bhuaigh Johnny Chóil Mhaidhc in 1965 leis an sár-agallamh 'Raiftearaí agus an File', mar shampla, fuair sé ardmholadh ar a fhileata agus a chliste is a bhí an chaint ann. Mar sin féin bhí an moltóir amhrasach faoin aighneas os rud é nár 'bhain an t-ábhar le haon ghné de shaol na Gaeltachta.'<sup>632</sup> Tháinig agallamh faoi bhanghardaí agus cúrsaí ólacháin sa dara háit agus luadh go raibh 'níos mó de bhaint aige le saol na Gaeltachta ná an t-ábhar ag 2.' [ie – 'Raiftearaí agus an File']<sup>633</sup> Léiríonn sé go raibh dearcadh cúng go leor ann maidir le hábhair a samhlaíodh a bheith oiriúnach don chomórtas. Saothar eisceachtúil amach is amach a bhí in 'Agallamh Raiftearaí agus an File,' lena léargas ar an bhfile pobail agus oidhreacht liteartha na Gaeltachta, agus is deacair teacht le tuairim an mholtóra nach raibh baint ag 'Raiftearaí agus an File' le 'saol na Gaeltachta.'

Thugtaí moltaí eile i dtaobh na cumadóireachta agus i leith fhoirm shainiúil an agallaimh freisin. Níor mhór do ghné an allagair a bheith chun tosaigh agus cáineadh iarrachtaí nach raibh 'díospóireacht nó aighneas'<sup>634</sup> láidir iontu. Fuarthas locht ar iarrachtaí a shleamhnaigh rómhór isteach i ngort na drámaíochta, mar shampla i dtuairiscí 1945 dúradh 'Chan agallamh é seo. Dráma a bhí ann.'<sup>635</sup> Le go mbeadh agallamh dea-dhéanta ann chaithfí céilí comhraic a thoghadh agus a chruthú a bhí réasúnta cothrom, agus an bheirt acu inniúil ar aisfhreagraí abartha a thabhairt. Chaithfeadh cothromaíocht áirithe a bheith ann le teannas a chothú san aighneas agus le go mbeadh briatharchath ceart ann. Chaithfí dhá thaobh na hargóna a léiriú agus an dá thaobh a bheith chomh cumasach, chomh deisbhéalach lena chéile, chomh fada agus ab fhéidir. Cáineadh monológa nó agallaimh ina raibh cainteoir amháin i bhfad róláidir dá leathbhádóir.

Duine ró-láidir don duine eile. Ní maith é go mbeadh formhór na cainte fé dhuine amháin.<sup>636</sup>

An iomad den gcaint ag duine amháin??<sup>637</sup>

Duine róchrosta agus duine eile róchiúin.<sup>638</sup>

Duine i bhfad róláidir don duine eile.<sup>639</sup>

---

<sup>632</sup> MS G 1, 389/11 Tuairisc an mholtóra 1965, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>633</sup> MS G 1, 389/11 Tuairisc an mholtóra 1965, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>634</sup> MS G 1, 389/11 Moltóireacht 1965, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>635</sup> MS G 1, 370/9 Tuairiscí na moltóirí 1945, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>636</sup> MSG 1387/26 Moltóireacht 1963, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>637</sup> MSG 1,388/13 Moltóireacht 1964, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>638</sup> MS G 1, 389/11 Moltóireacht 1965, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Moladh duaisiarracht Thír Chonaill sa chéad chomórtas in 1940, an bhabhtáil chainte agus rithim shnoite éifeachtach an agallaimh ach go háirithe. ‘Thugadar gach re seadh dá chéile gan staonadh agus rithim nádúrtha thríd.’<sup>640</sup> Cumadóireacht fhuinte fhileata rithimiúil ab fhearr san agallamh agus tagraíodh go sonrath don véarsaíocht go minic:

Níos fearr sa bhfileathacht ná sa phrós.<sup>641</sup>

Ní raibh an chaint rithimiúil i dtosach.<sup>642</sup>

Ní raibh an dúchas ceart ann.<sup>643</sup>

Tá idir mholadh agus cháineadh i dtuairiscí moltóireachta an Oireachtais. Ar bhealach is mó de léargas a thugann na lochtanna a fuarthas ar iarrachtaí áirithe dúinn ar aeistéitic an agallaimh agus ar shlat tomhais na moltóirí. Ba i gcomórtais ardáin an Oireachtais a tosaíodh ar an Agallamh Beirte a chur chun cinn agus a chothú go foirmeálta. Ba ar ardán na féile agus i léirmheasanna na moltóirí a céad tosaíodh ar anailís a dhéanamh ar shaintréithe an agallaimh chomh maith. Bhí tionchar ollmhór dá réir ag critéir, téarmaí tagartha agus sainmhíniú an Oireachtais ar an ealaín bhéil seo ar na comharthaí sóirt a shamhlaítear le hagallamh dea-dhéanta sa lá atá inniu ann.

---

<sup>639</sup> MS G 1, 389/11 Moltóireacht 1965, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>640</sup> Tuairisc an mholtóra 1940, luaite in Ó Morónaigh *Agallaimh na hÉigse...*, 43.

<sup>641</sup> MSG 1387/26 Moltóireacht 1963, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>642</sup> MSG 1,388/13 Moltóireacht 1964, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<sup>643</sup> MSG 1,388/13 Moltóireacht 1964, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

*Caibidil 5*

**Díospóireachtaí faoin  
Drámaíocht Dhúchasach:  
1930-1960**

Le bunú an Chomhair Drámaíochta (1923) agus oscailt na Taibhdheirce (1928), tháinig forbairt ar dhrámaíocht institiúideach na Gaeilge agus rinneadh iarracht traidisiún amharclainne a chothú i nGaeilge.<sup>644</sup> Na deacrachtaí agus na dúshláin chéanna a bhí le sárú ag lucht drámaíochta na tréimhse seo agus a bhí ann i dtús aimsir na hAthbheochana. Nuair nach raibh traidisiún drámaíochta, nó lucht féachana rialta, nó léiritheoirí, aisteoirí nó drámadóirí oilte, céard a bheadh mar bhunchloch ag an ngluaiseacht drámaíochta úr? Aistriúcháin ba mhó a léiríodh ar stáitse na Taibhdheirce sna blianta tosaigh agus níor shásaigh na hearraí aduaine seo baill áirithe den choiste nó den lucht féachana, dar le Tomás Mac Enrí:

After a year's experience 99 per cent of the committee and also the general public are of the opinion that the plays produced, mostly translations from foreign authors, were unsuitable and that a new programme should be pursued.<sup>645</sup>

Chaithfeadh bundrámaí Gaelacha teacht ó dhrámadóirí Gaeltachta nó ealaín aduain thar chlaí isteach a bheadh i ndrámaíocht na Gaeilge i gcónaí, dar le léirmheastóirí áirithe de chuid na tréimhse seo.

... dá mhéad moladh atá ag dul do dhaoine atá a' déanamh a ndichill annseo is annsiúd ar fud na Galldachta, ní fhéadfá bheith a' súil le dráma Gaedhilge dáiríre ach amháin ó mhuintir na Gaedhealtachta. An chainnt croidhe na drámaidheachta – dá fheabhas iad seifteanna beaga éagsamhla an árdáin mar annlainn don chainnt – agus sa nGaedhealtacht atá cainnt réidh, nádúrtha na Gaedhilge le fágháil.<sup>646</sup>

Fiú mura mbeadh an cainteoir dúchais oilte in ealaín na hamharclainne, leagfaí bunchloch níos nádúrtha do dhrámaíocht na Gaeilge sa Ghaeltacht ná i mBaile Átha Cliath, dar le Séamus Ó Grianna.

Acht an chéad drama a sgríobhfas duine aca, dá mba i ndán 's nach mbeadh ann acht rud sgaoilte gan chuma gan déanamh – agus nach mbeadh áit ar bith aca le n-a léiriúghadh acht i mbóitheach ag tóin na bó, agus coinneal i mbuidéal pórtair mar sholus aca – beidh buadh aige nach rabh ag na drámaí a bhí i n-Amharclainn na Mainistreach. Tús nádúrtha a bhéas ann agus tiocfaidh as le linn na haimsire.<sup>647</sup>

Tugadh ard-mholadh do dhrámaí a léiríodh ar an gCeathrú Rua in 1935, drámaí a fáisceadh as saol, cultúr agus teanga na Gaeltachta, dar le léirmheastóir *Ar Aghaidh*.

... Níl a bhréagnú ann gur fearr a d'éirigh leo ná mar d'eireóchadh leis na haisteoirí ba chliste a mbeadh ceird na haisteoireachta foghlumtha acu ins na

---

<sup>644</sup> Féach Pádraig Ó Siadhail, *Stair Dhrámaíochta na Gaeilge 1900-1970* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1993) agus Philip O'Leary, *Gaelic Prose in the Irish Free State* (Pennsylvania: Pennsylvania State University Press, 2004) ar stair na n-eagraíochtaí seo.

<sup>645</sup> Tomás Mac Enrí, 'Taibhdhearc na Gaillimhe,' litir chuig an eagarthóir, *The Connacht Tribune*, 12 Deireadh Fómhair 1929, 6. Luaite in Ó Siadhail, *Stair Dhrámaíochta na Gaeilge...*, 105.

<sup>646</sup> Gan ainm, 'Saothar na Gaedhealtachta,' *An tÉireannach* 4.1.1936

<sup>647</sup> Séamus Ó Grianna, *Fáinne an Lae*, Samhain 1929, 7. Luaite in O'Leary, *Gaelic Prose in...*, 501.

cathracha móra. Cé an bhuidh atá acu? ‘Ní annsa,’ mar adéarfadh na seanollamhna. Tá an Ghaeilge acu, agus bhí drámaí acu a bhain le saoghal a d’fhás go nádúrtha as an nGaedhilge sin.<sup>648</sup>

Más ealaín chathrach a bhí i ndrámáíocht na hamharclainne, níor fhág sin nach raibh mianach drámatúil i gcluichí, nósanna traidisiúnta, ealaíona béil agus cleachtais chultúrtha na Gaeltachta. Thuairimigh Seán Ó Ciarghusa go bhféadfaí tarraingt ar fhéith nádúrtha seo na haisteoireachta le drámaíocht eitneach a bhunú.

Adubhairt gur ealadha chathardha an drámaidheacht agus ná cleachtuighítear de ghnáth í ná ná saothruighítear san tuaithe í; agus gur ó Ghaedhlibh na Gaedhealtachta tiocfaidh dráma Gaedhealacha má thagann sé ar aon chor. Ní thagann an dá thuairim sin go ró-mhaith le n-a chéile, adeurfaí. Ní thagaid, mar níl ealadha na drámaidheachta ag Gaedhlibh na Gaedhealtachta. Fágann sin go gcaithfear í mhúineadh dóibh agus sin fadhb mhór le réiteach. An bhfuil caoi againn í mhúineadh dóibh? Badh chóir go mbeadh. Tá níd amháin. Muna bhfuil ealadha na drámaidheachta ag muinntir na Gaedhealtachta ní fhágann sin ná fuil féith na drámaidheachta ionnta. Adeurfainn féin go bhfuil an fhéith sin ionnta. Adeurfainn go bhfuil sí ionnta chomh maith agus níos nádúrtha ná tá sí i muinntir na Galltachta.<sup>649</sup>

D’fhógair sé go raibh eilimintí den chur i láthair agus den gheáitsíocht mar dhlúthchuid de litríocht agus d’ócáidí sóisialta na Gaeltachta agus dúirt go raibh ealaín na drámaíochta le haithint ar nósanna tórraimhe agus caointe, ar chleasaíocht agus comhoibriú na meithile agus ar litríocht bhéil na Gaeilge, an Aisling ach go háirithe. Cé go bhféadfaí a áiteamh go dtéann sé thar fóir agus é ag dul sa tóir ar fhoirmeacha dúchasacha drámaíochta, mar sin féin is léargas é ar smaointeoireacht agus idé-eolaíocht chriticiúil na tréimhse agus ar an iarracht a rinneadh teacht ar mhúnlaí dúchasacha don stáitse.

Gach tórramh in san nGaedhealtacht, is dráma é; gach sochraid is dráma í; agus mar an gceudna gach deunamh cruaiche, gach cóimhthionól ag fuirseach le hAifrionn leasmuich de theampall maidean Domhnaigh go n-a gcuid aisteoirí agus áilteoirí agus an seanchas agus an tseanaimsireacht fhianachta ghabhann leo. Níl i “Riders to the Sea” le Synge ach tórramh Gaedhil, agus ní raibh ach leath, - seadh agus leamh, - dheallramh air gur cuireadh Gaedhilg air agus gur chaoin an bhean-chaointe an marbh i nGaedhilg mar ba dhual. Dráma is eadh gach Aisling is san litridheacht féin. Cáinte na hAislingí go minic i dtaoibh a mharbhántacht atáid agus gan aon sceul nua choidhche ag an speur-mhnaoi ionnta. Dar liomsa, ní hioncháinte í n-a thaoibh sin iad maran ioncháinte drámaí na Gréige chomh maith leo. ... Seadh; adeurfainn go bhfuil féith na drámaidheachta i nGaedhlibh agus ádhbhar drámaí in san nGaedhealtacht.<sup>650</sup>

Mhaigh Máirtín Ó Direáin freisin go gcaithfí an drámaíocht a bhunú ar bhuanna aisteoireachta agus ar ealaín scéalaíochta na Gaeltachta le go bhféadfaí sí go hógánach

---

<sup>648</sup> ‘Dráma eile as an gCeathramhain Ruadh,’ *Ar Aghaidh*, Nodlaig 1935, 3.

<sup>649</sup> Seán Ó Ciarghusa, *Ar mo Mharanadh Dam* (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais 1933) 107-9.

<sup>650</sup> *Ibid.*

as ithir an dúchais agus d'áitigh sé nach mbeadh rath ar dhrámaíocht na Gaeilge mura dtiocfadh foirm shainiúil tuath-dhrámaíochta chun cinn sa Ghaeltacht.

Ní raibh drámaíocht mar fhuirm ealadhanta dúthchasach ag ár muinntir ariamh, cé go raibh cuimse drámaíochta 'na gcuid gothaí agus iad ag scéalaíocht nó ag aithris eachtra éigin. D'fhéadfaidhe an tuath-fhuirm, nó tuath-drámaíocht a bhunú ar sin agus bheadh fás nádúrtha ann ionnus go mbeidh an fhuirm ealadhanta againn ar deire mar tharla in gach tír le gach uile ealadhain idir cheol agus eile; ach in ionad cabhrú le mion-bhuidheanta beaga sa nGaedhealtacht a raibh féith nádúrtha na haisteoireachta ionnta, le drámaí beaga a cheapadh agus a aistiú iad féin a thabharfadh sásamh agus taitneamh dá muinntir, bunuigheadh an Comhar Drámaíochta, thar gach áit eile, i mBaile Átha Cliath agus, dár ndóigh, an Taidhbhearca i nGaillimh.<sup>651</sup>

Fuarthas locht ar na hinstiúidí drámaíochta a bunaíodh i mBaile Átha Cliath agus a laghad tacaíochta a cuireadh ar fáil do ghrúpaí Gaeltachta. Cáineadh chomh maith an fhaillí a rinneadh ar thaibhealaíona traidisiúnta na Gaeilge agus an aithris a rinneadh ar mhúnlaí gallda drámaíochta.

Bhí dúthchas an dráma ionainn ariamh, bhí seanchaidhte agus amlóirí maithe dár gcuid féin againn ... Nuair a thosaigh an ghluaiseacht náisiúnta arís ní raibh againn beó aon nós drámaíochta Gaedhilge, ní raibh i sgríbhinn múnla de dhráma Gaedhilge. Ní rabh dá bharr sin ach an aithris, agus aithris den chineál ba mheasa, go leor di, ar mhúnlaí eachtrannacha.<sup>652</sup>

Mhol an tAthair Eric Mac Fhinn freisin go ndíreofaí ar dhrámaíocht na Gaeltachta agus go dtógfáí ar dhúshraith dhúchasach na scéalaíochta agus na gcúirteanna bréige, agus cleachtais chultúrtha eile a raibh tóir i gcónaí orthu sa Ghaeltacht.

An leigheas atá air sin, cheapfainn, feidhm a bhaint ar an drámaidheacht dúthchasach atá le fagháil acu taobh amuigh de na drámaí fuirmeamhla. Tá, cuir i gcás, drámaidheacht a' baint le sgéaltóireacht an tseanchaidhe, agus sin fáth amháin leis na daoine óga a ghríosadh leis an gcéird sin a thóigeáil i gceart ón seandream. Is mó fós a bhfuil drámaidheacht a' baint leis na seanchleiseannaí, 'An Muilneoir Bodhar', srl. Tá drámaidheacht le fagháil freisin ins na díospóireachtaí agus ins na "cúirteanna bréige" a cleachtuitgear ag cumainn ar nós Cumainn Díospóireachta Cois Fhairrge.<sup>653</sup>

Ba mhinic na cúirteanna bréige úd ina n-údar spóirt agus siamsaíochta ag Cumann Díospóireachta Chois Fharraige agus moladh cumas aisteoireachta na mball sna haighnis spráíula seo. Díol spéise an tuairim a nocht léirmheastóir *An tÉireannach* gurbh fhearr a d'oir na díospóireachtaí agus na hargóintí seo do scileanna aisteoireachta na rannpháirtithe ná mar a d'oir struchtúr foirmeálta an dráma. Ábhar dóchais a bhí ann go bhféadfadh an drámaíocht fás ón gcineál seo allagair.

---

<sup>651</sup> Máirtín Ó Direáin, 'Níl Drámaíocht Ghaedhilge againn toisc nach bhfuil Gaedhilge againn,' *An Glór*, Iúil 13 1946, 2.

<sup>652</sup> 'Eagarfhocal,' *Comhar*, Samhain 1942, 4.

<sup>653</sup> An tAthair Eric Mac Fhinn, 'Drámaidheacht faoi'n Tuaithe' in eag. Proinnsias Ó Súilleabháin, *Láimhleabhar Drámaidheachta* (Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin, c1938) 26.



Bhí cúirt bhréige ar bun ag Cumann Díospóireachta Chois Fhairrge oidhche Dia Máirt, seachtmhain is an lá indiu. Bhí sluagh an-mhór i láthair, agus ba mhór an spóirt a bhaineadar as an dá chúis a bhí dá bplé ... *Tá an méid seo cinnte – dá fheabhas é an dráma, b'fhearr fós an aisteoireacht sna cúirteanna bréige. Iad araon tasbáineann siad an méid seo:- má tá drámaidheacht Gaedhilge le bheith againn, an Ghaedhilge nádúrtha féin an rud is mó atá a' teastáil chuige, agus gur ón nGaedhealtacht a chaitheas sí teacht.*<sup>654</sup>

Is léir ón gcuntas ríspéisiúil seo a leanas ar dhíospóireacht, áit ar cuireadh an seansaol agus an saol úr in iomaíocht lena chéile, go raibh idir gheáitsíocht agus fheistear mar chuid den allagar. Fuair an seandream an lámh in uachtar ar an dream óg sa bhriatharchath agus tugadh suntas ach go háirithe don chur i láthair agus do scileanna aisteoireachta na gcainteoirí, a sháraigh aon ní a bheadh ar stáitse Amharclann na Mainistreach, dar leis an léirmheastóir.

Bhí an díospóireacht ar braghaid ar a' Dubh Charraid oidhche Aoine 's chuidh thart aríst. Char leig na seandaoine a gcnámh leis a' madadh an iarraidh seo. Glacadh le leagan eile de'n díospóireacht a bhí aca roimhré "Gur fearr a saoghal a bhí ann leath-chéad bliadhain ó shoin ná tá ann indiu." Thug siad toiseach cainnte do'n aos óg agus d'iarr ortha a ndithcheall a dhéanamh agus dá fhichead bomaite a bhaint as. Ceathrar a bhí ainmniste le labhairt ar 'ach thaobh agus rinne a cheathrar óga gnaithe maith go leor ar son a lá féin. Annsin réidhtighead an t-árdán. Siúd 'un tosaigh le Peadar Ac Amhloibh agus Domhnall Ac Ruaidhrí agus gréasan báinín ar iomchar le Peadar díreach mar tháinig sé as an tseól. Chuir Peadar Ó Duibheannaigh agus Pádraic Ac Gaoithín fáilte chroidheamhail an tsean-t-saoghail rómpa, agus sgairt siad ar chuidiughadh leis an ghréasan a sgiúradh, rud a fuair siad go fonnmhar. Thoisigh an obair agus thoisigh an comhrádh agus, a mhic na n-anam, sin an áit a bhfuair an sean-tsaoghal an moladh agus an saoghal úr a' cáineadh. Fad is an rópa d'a coipeadh bhí croidheamhlacht agus béasaí is carthanacht an t-sean-ama d'a chur i míotúir. Nuair a bhí siad ag déanamh a sgithiste fhad is bhí an báinín ar na stuic, fuair na hógánaigh a gcuid féin fá fhallsacht agus laige brigh. Bhí daoine sa láthair adubhairt nach bhfuighfí a dhath san "Abbey Theatre" i mBaile Átha Cliath a b'fhearr ná é.<sup>655</sup>

Cuireadh spéis sa scéalaíocht freisin mar amhábharr drámaíochta sa tréimhse seo freisin agus rinneadh cur síos ar chur i láthair agus reacaireacht an scéalaí i dtéarmaí na hamharclainne go minic. Bhí borradh faoi chúrsaí béaloidis i gcoitinne le bunú An Cumann le Béaloideas Éireann (1927) agus Coimisiún Béaloideas Éireann (1935) agus bailitheoirí ag tabhairt faoi litríocht bhéil na tíre a chaomhnú agus a chur 'ar buanchoimeád don náisiún.'<sup>656</sup> Aisteoir cruthanta a bhí sa scéalaí dar le Séamus Ó Duilearga, a léirigh an scéal ar stáitse an tinteáin.

A storyteller must also have something of an actor in him, for he is the sole interpreter on the stage by the footlights of the turf-fire of the events of the

---

<sup>654</sup> 'Triallam Timcheall na Gaedhealtachta: Cúirt Bhréige,' *An tÉireannach*, 5.9.1936, 2-3. [Liomsa an bhéim]

<sup>655</sup> 'Cumann Díospóireachta agus Sgéaluidheacht an Dubh Charradh,' *An tÉireannach*, 11.4.1936.

<sup>656</sup> Séamus Ó Duilearga, 'Ó'n bhFear Eagair,' *Béaloideas*, Iml. 1, Uim. 1 (Meitheamh 1927) 3.

tale, the delineator of the character of the various actors who pass to and fro across the stage of the narrative.<sup>657</sup>

I gcur síos a rinne sé ar scéalaí ó Ros Comáin leag sé béim ar leith ar stíl inste agus ciútaí aithriseoireachta an fhir.

Willie was a born actor and he brought his stories to life as he acted the part of each character during the progress of the tale. Sometimes, he would suddenly raise his voice to a shout, only to lower it dramatically to almost a whisper and repeat what he first said so loudly once or twice for added emphasis. As he believed all the events, no matter how fantastic, that occurred in his tales, it was easy for him to put all the power of his – by no means small – histrionic ability into the telling. And his favourite parenthesis, ‘There’s no lie in it!’ punctuated every tale.<sup>658</sup>

Mar a shonraigh Zimmerman, bhain taibhléiriú áirithe le scéal a chur i láthair go héifeachtach agus bhíodh eilimintí den aisteoireacht, den gheáitsíocht, den chur i gcéill agus den charachtracht in úsáid san insint. ‘With its verbal and non-verbal aspects, a telling can, to a varying degree, display theatrical qualities.’<sup>659</sup> Bhíodh stíl an-ghníomhach ag scéalaithe áirithe, agus gothaí agus geáitsí éagsúla mar dhlúthchuid den insint.

Tá buadh cainte aige chun cur síos ar nithe nó ar dhaoineibh. Gnáthchiúta aige iseadh seasamh amach ar an urlár nuair a bhíonn scéal á innsint aige, agus an cúntas a léiriú le geáitsí beo nádúrtha.<sup>660</sup>

His piercing eyes are on my face, his limbs are trembling, as immersed in his story, and forgetful of all else, he puts his very soul into the telling. Obviously much affected by his narrative, he uses a great deal of gesticulation, and by movement of his body, hands and head, tries to convey hate and anger, fear and humour, like an actor in a play. He raises his voice at certain passages, at other times it becomes almost a whisper. He speaks fairly fast, but his enunciation is at all times clear. I have never met anyone who told his tales with more artistry and effect than this very fine old storyteller ... He does not like to tell his tales on the Ediphone recording machine, as it hampers the movements he considers essential to heighten the effect of the story.<sup>661</sup>

Ach fiú mura raibh aisteoireacht nó cleasaíocht fhísiciúil ar bun ag an scéalaí, bhain drámatúlacht leis an láimhseáil mhothálach a rinneadh ar an scéal.

---

<sup>657</sup> Séamus Ó Duilearga luaite in Caoimhín Ó Sé, *Traidisiún na Scéalaíochta i gCorca Dhuibhne*, (Coiscéim: Baile Átha Cliath, 2001) 77-8.

<sup>658</sup> James G. Delargy, ‘Three Midland Storytellers,’ *Béaloideas* Iml. 50 (1982) 45.

<sup>659</sup> Georges Denis Zimmermann, *The Irish Storyteller*, (Dublin: Four Courts Press, 2001) 492.

<sup>660</sup> Seán Ó Súilleabháin, ‘Seanchas na Tuaithe,’ Séamus Ó Duilearga eag., *Béaloideas* 4 (1934) 390, luaite in Ó Sé, *Traidisiún na Scéalaíochta...*, 79.

<sup>661</sup> J.H. Delargy, ‘The Gaelic Storyteller: With Some Notes on Gaelic Folk-Tales,’ *Proceedings of the British Academy* 31, (London: Geoffrey Cumberlege 1945), 16.

Thá dhá thaobh ar cheard na scéalaíochta – an scéal féin, agus na comharthaí a bhíonn ag an scéalaí chun é chur abhaile ar an lucht éisteachta – criothán an ghutha, casadh na súl, corraí na lámh, na gáirí agus na deora.<sup>662</sup>

Ó thaobh na drámaíochta, tuairimíodh go bhféadfadh grúpaí Gaeltachta tógaint ar ealaín seo na scéalaíochta agus a buanna aisteoireachta a chur in oiriúint don stáitse. Nuair a aithníodh rian na scéalaíochta, mar shampla, ar stíl aisteoireachta grúpa ó Ros Muc, tugadh ardmholadh dóibh as a nádúrtha agus a dhúchasaí is a bhí an léiriú.

Bhí ollamh de shaoithe éigse Éireann sgathamh uaim, le linn an dráma, agus chuala mé gá rádh é, - a' baint na bhfocal de mo bhéal: 'Is follus nach bhfuil na daoine seo millte ag Hollywood.' B'fhíor dó. Ní raibh a dtuilleambuidhe seo ar gheáitsí ná ar bhoc-léimnigh thimpeall ar ardáin. Níor chuireadar dhá straine agus trí streill orthu féin le haghaidh a bpobail a thabhairt leo. Bhí an bhuaidh sin leo, buaidh teangadh agus buaidh tuisgeana, agus chuireadar leis an mbuaidh sin gluaiseacht nádúrtha an deagh-aithriseora, an té ar fágadh an sgéalaidheacht sa bhfuil aige.<sup>663</sup>

Is sa chomhthéacs seo is fearr a thuigtear an cúlra a bhaineann leis an gcéad scannán Gaeilge, *Oidhche Sheanchais* le Robert Flaherty, a eisíodh i Márta 1935.<sup>664</sup> Aithníodh ag an am go raibh dúil ollmhór ag an ngnáthphobal i scannáin Mheiriceá agus áitíodh go gcaithfí scannáin Ghaeilge a sholáthar le dul i ngleic leis an tóir seo ar shiasmaíocht ghallda.

It must have become obvious some time during the last four or five years to everyone who gave thought to the question that there is no possibility whatever of restoring the Irish language to general use or even of preserving it where it still survives, if we have no films in Irish.<sup>665</sup>

Chuir an Roinn Oideachais deontas ar fáil le scannán gearr a léirú i nGaeilge, fhad is a bhí Robert Flaherty ag obair ar a shaothar cáiliúil *Man of Aran*. Díol spéise an t-ábhar agus an fhoirm ealaíne a roghnaíodh don chéad scannán Gaeilge. An scéalaí Seán Ó Direáin, nó Seáinín Tom Sheáin mar ab fhearr aithne air, agus é ag insint finscéil osnádúrtha is ábhar don scannán. Is beag gluaiseacht nó aicsean a bhí sa phictiúr agus an scéalaí suite cois tine agus roinnt éisteoirí taobh leis á ghríosadh agus á mholadh agus é ag insint an scéil.

Agus bhí bád a' g'áil isteach, bhí bád a' g'áil amach agus 'chuile bhád 'a bádhadh, 'a bádhadh.

(Ó, 'bhfóire Dia orainn! Dia á réidhteach!)

---

<sup>662</sup> Seoirse Mac Thomáis luaite in Ó Sé, *Traidisiún na Scéalaíochta...*, 79.

<sup>663</sup> 'Drámaidheacht – 'Lucht Cleamhnais' i Rosmuc,' *Ar Aghaidh*, Meadhon Fógmhair 1937, 4. [Liomsa an bhéim]

<sup>664</sup> O'Leary, *Gaelic Prose in...*, 498-500; Nollaig Mac Congáil, 'Man of Aran agus Scannán Gaeilge le Robert Flaherty' *Feasta* 56 (2), 19-21 agus *Feasta* 56 (3), 19-21; Brian Ó Catháin, '*Oidhche Sheanchais* le Robert J. Flaherty: An Chéad Scannán Gaeilge dá nDearnadh,' *Bliainiris* 2004, (Carbad: Ráth Cairn, 2004) 151-235.

<sup>665</sup> Ernest Blythe luaite in O'Leary, *Gaelic Prose in...*, 496.

(Ba bhocht a' scéal é! Ba bhocht a' scéal é!)<sup>666</sup>

Cé gur aithníodh sna léirmheasanna gur chuir an t-ábhar féin laincis áirithe ar an stiúrthóir, sa mhéid gur cloíodh leis an suíomh céanna cois tine, leis an reaire céanna agus sa mhéid is gur athinsint ar eachtra a bhí ann seachas léiriú ar eachtra, mar sin féin moladh beogacht agus mianach drámatúil an taibhléirithe.

The film shows a group around the hearth of a typical dwelling in the Aran Islands. Seánín Tom Sheáin is called on for a story, and he thereupon relates the tale of Mairtín 'ac Conraoi. *Accompanied by a wealth of gesture. And imbued with the personality of the teller, the story provides a finely characteristic example of an art that has preserved much of Ireland's ancient folk lore.*<sup>667</sup>

Certainly, the little film would be a problem to any producer. A man telling his story to a fireside group is about the worst possible material for a medium that needs continual action, and I was interested to see how Mr. Flaherty would find a way out of the difficulty – if indeed he could find a way out at all. However, I had not counted on Tomás Ó Dioráin, the Aran islander who tells the story. I had imagined an old man by the fire, conscientiously plodding through the narrative, with Mr. Flaherty desperately trying to keep up the interest by switching his camera round this room. *Actually, Ó Dioráin's tale is about as dramatic as it could be, and he needs no help from the producer to hold our interest. He acts his story as well as he tells it, with the most extraordinary variations of gesture, and although I did not understand a word from beginning to end, the attention never wandered ...* Four of the principal characters in "Man of Aran" take part in this film but they only form the background to the scene, and Ó Dioráin bears almost the whole burden. *He is a very fine natural actor ...*<sup>668</sup>

It depicts an Aran man telling his stories round the fireside, and runs for ten or fifteen minutes ... A man telling a story is unpromising material for the films, which deal with movement and action. One was prepared to see Flaherty trying to keep up the interest with his camera, switching from face to face to show us the intentness of the listeners, or to underline the dramatic moments in the story. He does this indeed, but with uncommon skill, but it was not so necessary as one might have thought. *One had forgotten the action which the Irish story-teller brings naturally into his work. Ó Dioráin tells his story not only with his voice, but with his hands and the expression on his face, and can hold the attentions even of those who do not know a word of Irish.*<sup>669</sup>

Tugadh ardmholadh ach go háirithe do chumas aisteoireachta Sheáinín Tom Sheáin agus an chaoi ar éirigh leis brí an scéil a chur trasna lena ghlór, lena ghothaí agus lena gheáitsí. Cé go bhféadfadh an scéalaíocht a bheith leamh go leor mar amháibhar cruthaitheach do scannán, maíodh gur éirigh leis an scéalaí beocht agus fuinneamh neamhchoitianta a bhronnadh ar an saothar.

---

<sup>666</sup> Níl fáil ar an scannán féin níos mó ach foilsíodh an script san *Irish Press*. Féach 'Oidhche Sheanchais,' *The Irish Press*, 15.3.1935, 4.

<sup>667</sup> M.A.T., 'Storytelling in the Aran Isles: The First Talk Film in Irish,' *The Sunday Independent*, 17.03.1935, 4.

<sup>668</sup> 'Three Irish films to be finished: Another Flaherty Picture,' *The Irish Times*, 18.12.1934, 4.

<sup>669</sup> Our Cinema Correspondent, 'An All-Gaelic Film: Private Show Last Night,' *The Irish Times* 15.12.1934, 6.

On the surface, of course, nothing would seem more simple than to make a film of an Aran fisherman telling a tale in Irish, but in reality it is almost impossible; for how can one keep up the interest for even ten minutes in a film where there is no movement at all, but only a fireside group listening to an old man? Without Ó Dioráin even a producer so gifted as Mr. Robert Flaherty might have thrown up his hands in despair, but Ó Dioráin saves the situation. *He tells the story with his expression and gestures as well as with his voice, and brings life into a theme that otherwise would have been appallingly dull.* He monopolises the film, of course, and his listeners are only picturesque subjects for Mr Flaherty's roving camera.<sup>670</sup>

Leagadh béim ar leith ar nádúrthacht an tsaothair agus an iarracht a rinneadh ealaín na béalairachta a léiriú ina *milieu* ceart sóisialta féin. Bhí baint ag Séamus Ó Duilearga le roghnú an scéalaí agus le taifeadadh an scannáin agus ní haon ionadh mar sin an bhéim a leagadh ar dhílseacht don bhunábhar. Is i stúidió i Londain a rinneadh an scannánú, ach rinneadh iarracht suíomh airneáin Árannach a athchruthú mar seit. Díol suime an tuairisc a thugann le fios gur iarradh ar na rannpháirtithe gan aon ‘aisteoireacht’ chomhfhiosach a dhéanamh, ach an scéal a insint fé mar dhéantaí sa bhaile.

No effort, of course, was made to make the characters “act”; Ó Dioráin was induced to tell his story just as he would have told it in his own cottage. Several attempts were made, but at first without success. There was a feeling of constraint; something was lacking in the atmosphere, and the story-teller was not feeling at home. At last the question was solved. The scene was a perfect replica of the Aran cottage except for one important omission – it lacked the piece of dried fish that hangs on the wall of every Aran home. After a hurried search through the local shops the fish was discovered and hung by the fireplace; and no sooner this done than everything went well.<sup>671</sup>

Bhí cáil an ghrinn agus na dea-chainte ar an scéalaí ina cheantar áitiúil féin agus is cosúil go mbíodh sé de nós aige aithris a dhéanamh ar ghuthanna na bpearsana éagsúla agus é i mbun reacaireachta.

Bhí Seáinín ardghlórach torannach, chloisfeá amuigh ar an mbóthar é ag gáire agus dá mbeadh sé ag cur síos ar aon rud a bheadh tar éis titim amach ar an mbaile ghníodh sé aithris ar’ ch uile dhuine a raibh baint aige leis an scéal, sa gcaoi go mba gheall le bheith ag dráma a bheith ag éisteacht leis.<sup>672</sup>

---

<sup>670</sup> ‘A Film Story Told in Gaelic,’ *The Irish Times*, 19.3.1935, 4.

<sup>671</sup> ‘Three Irish films to be finished: Another Flaherty Picture,’ *The Irish Times*, 18.12.1934, 4.

<sup>672</sup> D. Ó Flannagáin, *Ó Thrá Anoir*, (Foilseacháin Náisiúnta Teoranta: Cathair na Mart, 1985) 204. Luaite in Ó Catháin, ‘*Oidhche Sheanchais le...*’, 169.



Léaráid 14: Seáinín Tom Sheáin in ‘Oidhche Sheanchais,’ *Irish Press* 15.3.1935, 4.

Cé gur thug iriseoirí áirithe léirmheas dearfach don scannán turgnamhach seo don chuid is mó, níor mealladh an ghnáthphobal le dul ag breathnú air.<sup>673</sup> Ar dhuine de na daoine ba mhó a cháin *Oidhche Sheanchais* bhí Earnán de Blaghd, a fuair locht ar bhunábhar an scannáin agus a chuir leimhe agus leadrán ina leith. Cuimhneofar go raibh dlúthbhaint ag an mBlaghdach le bunú na Taibhdheirce agus le hAmharclann na Mainistreach agus go mb’fhéidir nach raibh an scannán ag teacht lena thuiscintí ar chúrsaí drámaíochta agus siamsaíochta.

In any case, the face of the old man, who may be a good story-teller, was expressionless, his emphasis was absurd, as it is in the case of many of these story-tellers; and generally, it was the most hopeless thing possible from the point of view of entertainment.<sup>674</sup>

Ar ndóigh, bhí feidhmeanna seachdhrámaíochta ag an togra scannánaíochta áirithe seo. Iarracht a bhí ann ealaín na scéalaíochta a chaomhnú sna meáin leictreonacha úra agus tuairimíodh freisin go bhféadfaí an scannán a úsáid mar uirlis teagaisc sna scoileanna. Mar sin féin, is ríspéisiúil gur bunaíodh an chéad scannán Gaeilge dá ndearnadh riamh ar na healaíona béil traidisiúnta agus iad ag tarraingt ar thobar an dúchais agus ar mhianach drámatúil na béalaireachta le scannán ‘dúchasach’ a chruthú.

Rinneadh iarrachtaí eile sa tréimhse seo an seanchas agus an t-airneán a stáitsiú agus a chur in oiriúint don amharclann. Léiríodh sceitseanna nó drámaí a bhí réasúnta scaoilte

<sup>673</sup> Féach O’Leary, *Gaelic Prose in...*, 499.

<sup>674</sup> Earnán de Blaghd ag labhairt i Seanad Éireann, 1935. Luaite in O’Leary, *Gaelic Prose in...*, 499.

ó thaobh foirme de ina raibh léiriú ar thraidisiún na bothántaíochta.<sup>675</sup> Ba nós leis an Damer freisin oícheanta seanchais agus airneáin a léiriú<sup>676</sup> agus leagadh béim ar leith ar nádúrthacht agus ilghnéitheacht na siamsaíochta:

The idea is to present on the stage a typical social evening in a Gaeltacht kitchen. The entertainment is unscripted and unrehearsed and the presentation is so natural that after a few minutes most members of the audience feel themselves transported to the Gaeltacht.<sup>677</sup>

Tugadh scéalaithe, amhránaithe, ceoltóirí agus damhsóirí ó Ghaeltachtaí uilig na tíre le taispeántas a thabhairt ar na healaíona dúchais ar ardán an Damer:

Páirteach ann bhí Maidhc Peig Sayers, Seán (Thomáis) Criomhthain as Ciarraí, Máire Ní Bhaoighill as Tír Chonaill, Máire Ní Dhochartaigh agus Seosamh Ó hÉanaí a tháinig abhaile ó Shasana le páirt a ghlacadh ann agus Beartla Ó Conghaile agus Tomás Ó Ceannabháin as Carna, agus Diarmuid Mac Coitir as Cúil Aodha agus an damhsóir Tomás Cheaite Breathnach.<sup>678</sup>

Bhain Johnny Chóil Mhaidhc leas as an oíche airneáin mar chreatlach do sceitse a léirigh sé sa Damer freisin. Bhí idir cheol agus scéalaíocht sa léiriú seo, agus plota scaoilte a shní le chéile iad.

Oíche Áirneáin ... centred round the return to her Gaeltacht home of a female Yank (Sorcha Ní Chadhain) and her teenage son (Seosamh Ó Neachtain) ... Songs, dances and stories are contributed by a number of the cast ... The plot (such as it is) of the sketch hinges round the vain attempts of the teenage daughter of the house (Siobhán Ní Fhatharta) to persuade her father that the world does rotate on its axis, as her teacher says, and the sketch ends with the puzzled father (Seán Ó Coisdealbha) inquiring 'Meas tú an ólann an Máistreás?'.<sup>679</sup>

Sa phlé a rinneadh ar dhrámaíocht dhúchasach sa tréimhse seo, feictear cuid den tuairimíocht agus den idé-eolaíocht chéanna is a bhí le haithint ar cheannródaithe na hAthbheochana. Féachadh le taibhealaíona nua a fhuineadh as cleachtais chultúrtha thraidisiúnta le cinntiú go mbeadh bonn Gaelach faoi shiamsaíocht chomhaimseartha an phobail. Áitíodh go bhféadfaí na hamhráin ina mbíonn comhrá nó allagar idir beirt,

---

<sup>675</sup> Féach mar shampla 'Cuirme Cheoil na Gaillimhe,' *Ar Aghaidh*, Eanáir 1953, 5. 'Ó Chois Fharraige,' *Ar Aghaidh*, Feabhra 1957, 1. 'Oidhche Áirneáin,' *Ar Aghaidh*, Nodlaig 1959, 6. 'Drámaí ag Coláiste Croidhe Mhuire: Oidhche Áirneáin,' *Ar Aghaidh*, Eanáir 1964, 4.

<sup>676</sup> Léiríodh na hoícheanta airneáin seo a leanas sa Damer: *Oícheanta Seanchais* 14-19 Bealtaine 1956, Séamus Ennis a léirigh; 13-18 Bealtaine 1957 *Oícheanta Seanchais*, Mícheál Ó Gríofa a léirigh; 12-24 Bealtaine 1958, *Oícheanta Seanchais*, Mícheál Ó Gríofa a léirigh; 22-27 Feabhra 1960, *Oícheanta Seanchais*, Pádraig Ó Catháin a léirigh; 16 Deireadh Fómhair 1962, *Oíche Scéalaíochta*; 24-26 Deireadh Fómhair 1968, *Oíche Airneáin*, Seán Ó Coistealbha (Johnny Chóil Mhaidhc) a léirigh; 21-22 Meán Fómhair 1973, *Oíche Airneáil*. Féach Máiréad Ní Chinnéide, *An Damer: Stair Amharclainne* (Baile Átha Cliath: Gael Linn, 2008).

<sup>677</sup> 'Bringing the Gaeltacht to Dublin,' *The Irish Times*, 13.5.1958, 4.

<sup>678</sup> Léiriú 13-18 Bealtaine 1957 *Oícheanta Seanchais*, Mícheál Ó Gríofa a léirigh. Féach Ní Chinnéide, *An Damer...*, 107.

<sup>679</sup> 'Entertaining Sketch in Damer Hall,' *The Irish Independent*, 25.10.1968, 3.

leithéidí Éamonn an Chnoic, an *débat* grá, an *chanson de la malmariée*<sup>680</sup> agus eile a úsáid mar bhunús do cheoldrámaí nua-aimseartha, agus tógaint ar an mianach drámatúil a bhí iontu.

Rud eile atá i n-easbaidh ar óg agus ar aosta sa tír seo seadh ceol-drámaí ... Is iomdha amhrán Gaeilge atá i n-a dhráma beag ann féin, pé dráma beirte nó eile é, agus a bheadh go rí-spéiseamhail acht a dhul dhó i gceart.<sup>681</sup>

Luadh an t-agallamh fileata freisin mar fhoirm shainiúil Ghaelach drámaíochta, foirm a d'fhéadfaí a fhorbairt ina ealaín amharclainne. Bhí sé i gceist ag an Taibhdhearc leagan de 'Agallamh Oisín agus Phádraig' a léiriú mar thaispeántas stáitse do Lá Fhéile Pádraig 1931, ach caitheadh an pleán san aer.<sup>682</sup> D'áitigh an drámadóir Eoghan Ó Tuairisc go bhféadfaí drámaí véarsaíochta a chumadh agus a chraoladh ar an raidió, bunaithe ar mhúnla na n-agallamh traidisiúnta.

Creidim go diongbhála go bhfuil féith na drámaíochta i litríocht na Gaeilge, ach go bhfuil féith na filíochta fite fuaite trithí: cuirim i gcás 'Caoineadh Airt Uí Laoghaire,' 'Cath Céim an Fhaidh' 'Mise Rafturáí', 'Cúirt an Mheadhoin Oidhche' agus ar dúchas drámaiteach a chuir an Fhiannaíocht agus an Chríostaíocht i gcoimhlint lena chéile in 'Agallamh na Seanórach.' Is foirm í an duanchluiche radio a fheileann go seoidh don dúchas drámaiteach sin agus tá mé cinnte go mbainfidh filí na Gaeilge feidhm de an túisce éireoidh leo bhéarsaíocht dhrámaiteach a fhuinneadh agus a chur i riocht.<sup>683</sup>

Chreid Donn Piatt ar an gcaoi chéanna go raibh féidearthachtaí drámatúla in oidhreacht liteartha na Gaeilge agus sna haighnis fhileata ach go háirithe agus go bhféadfaí forbairt a dhéanamh orthu.

Ach tá rudaí sa Ghaedhilg atá an-chosúil le drámaí de chuid an tsluaigh, drámaí nach dtáinig i méadaíocht arimh, ar siocair nach rabh amharclanna na mbailteach mór foscailte do dhrámaí Gaelge sna haoiseanna seo ghabh tharainn. Comhrac Chúchulainn agus a Mhic, is minic a smaointigh mé ar an síol dráma atá ann ... Cad é tá annsin ach giota de dhráma? Dráma nár scríobhadh in iomláine riamh, dar ndóigh?<sup>684</sup>

Thug sé suntas ach go háirithe do na hagallaimh a mhair i mbéal an phobail, nó aighnis ina mbíodh níos mó ná carachtair amháin ag caint. Luann sé leagan den bhriatharchath cáiliúil idir an Duine agus an Bás, leagan a ndéantaí a aithris ag ócáidí sóisialta poiblí le beirt reacairí á reic.

---

<sup>680</sup> Féach Seán Ó Tuama, *An Grá in Amhráin na nDaoine* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 2001)

<sup>681</sup> 'An Ceol Gaelach,' *An tÉireannach*, Lúnasa 3 1935, 4.

<sup>682</sup> Féach miontuairiscí an Choiste, 2.3.1931. 'Socrúigheadh *An dá Aodhaire* a dhéanamh tréis na Cásca agus curtain raiser ina theannta. Agallamh Oisín agus Pádraig oíche lá le Pádraig. Miontuairiscí 15.3.1931 Socrúigheadh gan tada dhéanamh Oidhche Féile Pádraig.' Páipéirí na Taibhdheirce, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

<sup>683</sup> Eoghan Ó Tuairisc, 'Radio,' *Feasta*, Bealtaine 1950, 18.

<sup>684</sup> Donn Piatt, 'An Amharclainn agus na Gaedhil,' *Comhar*, Feabhra 1943, 6.



Annsin tá giota eile de fhilíocht leathdhrámata ann, a bhfuil níos mó na aon charagdaer amháin ag labhairt ann. An Bás agus an Muilleoir Bán, cuirim i gcás. An Bás do theacht isteach i dtíogh an Mhuilleora. An Muilleoir agus fonn codlata air, eadar méan oíche is lá; fonn troda ar an ngaiscíoch ghruamdha.

**An Muilleoir do labhairt:** ‘An duine saolta thú ná geilt?’

**An Bás:** Ní duine saolta mé ná geilt, ach is mé gaiscíoch an domhain mhóir!

**An Muilleoir:**

Más gaiscíoch thú, is caol liom iad do chrámha!  
Agus níl aon óigfhear a ghabhfadh leat sa spáirn!  
Is e dóigh liom gur tú bheadh ar lár!

**An Bás:**

Leag mé Goll, agus leag mé an Gearaltach;  
Leag mé Bónaí, is ba saighdiúr e  
Leag mé Páraic le cúnamh Dé  
Is beidh an Muilleoir Bán agam le fáinniú an lae.

Sin píosa a bhíodh ag muinntir Iorras Domhann fadó, agus, do réir mar aduirt an seanchaí, bhíodh sé dá rádh ag aontaigh agus ag margaidh, fear ag glacadh páirt an bháis agus fear eile ag glacadh páirt an mhuilleora. Ní haisteoireacht a bhíodh ar siúl, is cosúil ach aithriseoireacht ach bhí síol an dráma ann mar adéarfá.<sup>685</sup>

Suntasach go leor déanann sé idirdhealú idir an stíl aithriseoireachta a bhíodh i gceist le hagallamh den chineál seo a chur i láthair agus ‘aisteoireacht’ na drámaíochta. Síol drámatúil é seo nár bhláthaigh agus nár fhorbraigh ina thraidisiún sainiúil Gaelach i ngeall ar chúinsí polaitiúla agus sóisialta, dar leis. Bheadh drámaí véarsaíochta tagtha chun cinn i nGaeilge ar mhúnla an agallaimh fhileata murach cur isteach ón taobh amuigh:

Agus anois, cé gur beag le rádh na píosaí seo, agus rudaí cosúil le *hAighneas an Pheacaigh leis an mBás*, sílim go mbréagnuionn siad an bharúil go rabh na Gaedhil ródháiribh, nó rochtúil, nó rómhór ionnta féin le spéis a chur sna taidhbhdhearca. *Agus sílim chó maith go dtugann siad léargas dúinn ar an chineál dráma a bheadh againn, dá mbeadh an saol mar ba cheart le cúig céad blian anuas. Bheadh an dráma fileata againn mar a bhi ag Racine ...*<sup>686</sup>

Thuairimigh drámadóir eile a bhí ag teacht in inmhe sa tréimhse seo go raibh tionchar ag na hagallaimh a chleacht sé ina óige ar a oiliúint mar dhrámadóir. Na feiseanna agus na hagallaimh bheirte a chuir Seán Ó Tuama ar chonair na drámaíochta an chéad lá riamh:

The Gaelic League, and its activities, was another part of our background at the time. There were a lot of *feiseanna*, for instance, where we engaged in competitive forms such as the *agallamh beirte*, dramatic dialogue. The drama may not be a traditional form in Irish, but different variations of the *agallamh*

---

<sup>685</sup> *Ibid.*

<sup>686</sup> *Ibid.*

*beirte* are very traditional indeed. Two people trying to beat each other at repartee is an ancient – and ever present feature – of Irish culture.<sup>687</sup>

Cé nár chum sé féin agallaimh nó drámaí véarsaíochta nuair a chuaigh sé i mbun pinn é féin, is ríspéisiúil go dtugann sé aitheantas mar sin féin do thábhacht an agallaimh mar bhunfhoirm dhrámaíochta agus mar thúsphointe nádúrtha d’ealaín na hamharclainne.

Ó Tuama feels that drama as an art form is very much part of Irish community culture – a natural progression from the Agallamh – and that the ordinary Irish person has a particular penchant for that he describes as “public dialogue.”<sup>688</sup>

Mar a léiríodh, ba mhinic lucht critice na tréimhse seo ag trácht ar shíolta drámatúla i dtraidisiún béil na Gaeilge, agus ar an gcaoi a bhféadfaí an scéalaíocht nó an t-agallamh a úsáid mar bhunchloch i ngluaiseacht drámaíochta chomhaimseartha. Ach cé gur tráchtadh ar na féidearthachtaí seo minic go leor, is beag fianaise atá ann gur tháinig aon drámadóir Gaeltachta chun cinn sna tríochaidí agus daichidí a mhúnlaigh ealaíona béil na Gaeltachta ina ndrámaí stáitse. D’áitigh Séamus Ó Grianna in 1929 nach mbeadh bunús dúchasach nádúrtha faoi ghluaiseacht na drámaíochta go dtí go dtiocfadh drámadóir Gaeltachta ar an bhfód.<sup>689</sup> Ba é Johnny Chóil Mhaidhc an drámadóir Gaeltachta ba mhinicí a luadh le traidisiún dúchasach drámaíochta lena linn, agus ba mhó a d’úsáid gnéithe d’ealaín na béalairachta ina shaothar. Breathnófar anois ar anáil an bhéil bheo agus ealaín an agallaimh fhileata ach go háirithe i ndrámaí stáitse Uí Choisdealbha.

## **Johnny Chóil Mhaidhc (1929-2006):**

### **File Pobail agus Drámadóir Gaeltachta**

Aisteoir, drámadóir, file, gearrscéalaí agus fear déanta agallamh beirte ba ea Seán Ó Coisdealbha, nó Johnny Chóil Mhaidhc mar ab fhearr aithne air.<sup>690</sup> Ba le Scoil Éigse na Tulaí a thosaigh sé ag cumadh agus ag aithris dréachtaí filíochta, gearrscéalta, agallamh agus drámaí. Cé gur gnách idirdhéalú a dhéanamh idir seánraí éagsúla cumadóireachta agus idir litríocht bhéil agus scríofa, i gcás ildánaí cosúil le Johnny, ceileann an deighilt rónéata sin idir ceapadóireacht scríofa agus cur i láthair nó béilinsint an tsaothair cuid mhaith orainn faoi stíl agus teicnicí an údair. Bhí tionchar mór ag an tuiscint a bhí aige

---

<sup>687</sup> Seán Ó Tuama luaite in Dr. Daniel Murphy, *Education and the Arts: The Educational Autobiographies of Contemporary Irish Poets, Novelists, Dramatists, Musicians, Painters and Sculptors: A Research Report* (Trinity College Dublin: School of Education, c1987) 183.

<sup>688</sup> Murphy, *Education and the Arts...*, 188.

<sup>689</sup> Séamus Ó Grianna, luaite in O’Leary, *Gaelic Prose in...*, 501.

<sup>690</sup> Eolas Beathaisnéiseach ar fáil ar <http://ainm.ie/Bio.aspx?ID=1878>. Féach freisin Gearóid Denvir, ‘File an Phobail,’ *Comhar*, 47, 49-53; Gearóid Denvir, ‘Aitheasc a tugadh ar ócáid bhronnta na céime Máistir Oinigh sna healaíona ar Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha, File, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ar an 4 Samhain, 2005’, *Feasta*, 58, 19-21; Liam Ó Dochartaigh, ‘Éigse an Bhéil Bheo: Saothar Sheáin Uí Choisdealbha’, *Scríobh* 2, 77-89; Sailí-Áine Ní Dhroighneáin, ‘Buillí an Ghabha: Johnny Chóil Mhaidhc an Ghabha Ó Coisdealbha: Saol agus Saothar,’ *Tráchtas MA (neamhfhoilsithe)*, OÉG, 2006.

ar cheird na haisteoireachta ar na drámaí agus na hagallaimh a chum sé. Bhí tionchar freisin ag a thuiscint ar an drámaíocht ar na hagallaimh a scríobh sé, agus *vice versa*. Na ciútaí agus na buanna céanna a tharraing Johnny chuige i ngach gné dá shaothar cruthaitheach agus ní mór a shaothar a mheas mar aonad san anailís. Féachfar freisin ar an gcomhthéacs sóisialta inar léiríodh na drámaí. Mar chumadóir agus mar aisteoir, bhain Johnny féin an-sásamh as a chumas daoine a chur ag gáire, ‘mhairfínn ar an stáitse ag baint gáire as seanbhean bhocht eicínt nach bhfacthas meanga ar a béal cheana ó oíche a bainise, agus a bhfuil a hainm anois ar rolla an bháis.’<sup>691</sup> ‘File pobail’<sup>692</sup> ba ea Johnny Chóil Mhaidhc agus bhíodh an-tóir i gcónaí ag an bpobal ar a chuid drámaí. Féachfar le léargas a thabhairt ar shaothar Johnny agus díreofar ach go háirithe ar na hagallaimh a chum sé agus ar an leas a bhain sé as an aighneas fileata agus gnéithe éagsúla de thraidisiún na béalairachta ina chuid drámaí.

Foilsíodh agallaimh agus drámaí le Johnny in *An Tincéara Buí* (1962)<sup>693</sup> agus sa chnuasach *Buille Faoi Thuairim Gabha* (1987)<sup>694</sup>. Cuireadh na drámaí *Ortha na Seirce* (1968), *An Cruastóir agus an Mhéar Fhada* (1995) agus *Mar a chéile muid* (2000) i gcló freisin. Maireann saothair chruthaitheacha neamhfhoilsithe óna pheann i leabhar Scoil Éigse na Tulaí, an dráma ‘An tÉan Cuaiche’ agus na hagallaimh ‘An File is Fearr’, ‘An Baitsiléara agus an Fear Pósta’ agus ‘An Mháthair agus a Mac.’<sup>695</sup> In agallamh le Risteard Ó Glaisne, thug sé le fios gur thosaigh sé ar na dréachtaí agus na drámaí seo a chur i láthair ina theach féin, gan frapa gan taca, gan seit gan soilsiú.

I dtosach léirigh Johnny é ina theach féin. Ocht mbliana déag d’aois a bhí sé san am. “Ní raibh stáitse ná soilsi ná cuirtín ann,” deir sé. Ba dhaoine óna cheantar féin na haisteoirí.<sup>696</sup>

Rinneadh iad a aithris ag Ollchruinnithe na Scoileanna Éigse ina dhiaidh sin, ag an Oireachtas agus ag ceolchoirmeacha ar fud Chonamara. Tugadh ardmholadh do léiriú le Cumann Drámaíochta Indreabháin in 1956 as feabhas na nuachumadóireachta seo. Spéisiúil go leor is mar ‘mhiondrámaí’ a rinneadh cur síos ar na hagallaimh sa tuairisc seo:

Bhí an-oíche drámaí sa gColáiste ar an gceathrú lá déag de Dheire Fómhair ... Léiríodhar dhá dhráma “Aon Pionta Uisce” agus “Oíche Áirneáin” agus dhá mhiondráma “An Volkswagon agus an tAsal” agus “An Baitsiléara agus

<sup>691</sup> Seán Ó Coisdealbha, *An Tincéara Buí* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1962) Leathanach cúil.

<sup>692</sup> Denvir, ‘File an Phobail...’, 49-53.

<sup>693</sup> Na drámaí ‘An Tincéara Buí’ ; ‘Pionta Amháin Uisce’ agus na hagallaimh ‘Fear na Tíre agus Fear na Cathrach’ ‘An Volkswagon agus an tAsal’ agus ‘Táilliúir nó Bádóir.’

<sup>694</sup> Na hagallaimh ‘Raiftearaí agus an File’ agus ‘An Cigire agus an Tiománaí.’

<sup>695</sup> G36, Miontuairiscí Scoileanna Éigse agus Seanchais, Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Féach san Aguisín.

<sup>696</sup> Risteard Ó Glaisne, ‘Seán Ó Coisdealbha ag Comhrá le Risteard Ó Glaisne,’ *Inniu*, 17/24 Nollaig 1971, 9.

an Fear Pósta.” Bhain an lucht éisteachta sásamh breá as an oíche. Iad féin a chéadcheap na drámaí ar fad agus is mór an chreidiúint atá ag dul dóibh.<sup>697</sup>

Léiríodh go leor drámaí agus agallamh ag ceolchoirmeacha den chineál seo ar fud Conamara, agus míreanna gearra éagsúla ar chlár siamsaíochta na hoíche go hiondúil. Cur chuige é seo a d’fheil go speisialta do phobal na Gaeltachta, agus é ag tógaint ar thraidisiún an airneáin. Ba mhinic meascán d’agallaimh, drámaí, amhráin, scéalaíocht, rince agus cúirteanna bréige á léiriú in éineacht agus bhí an-tóir ag an bpobal orthu. Seo thíos tuairisc ar oíche dhrámaíochta a réachtáil Cumann Díospóireachta Chois Fharraige agus Foireann Drámaidheachta Indreabháin in 1956:

Bhí sluagh mór i láthair agus thaitnigh an oidhche thar cionn le chuile dhuine. Maidir le sult agus gáire, ní chloisfeá méar i gcluais de bharr an méid a bhí ann dhó. ’Sé Pádraic Beag Ó Fatharta as an hAille a chuir tús leis an oidhche le dhá amhrán a cloistear ar an aer go minic. Annsin, agallamh ó bheirt bhuachaillí ó Ghairm-Sgoil an Chnuic, agus dráma, ‘An Fear as Buenos Aires,’ faoi an bPríomh-Oide, Mícheál Mac-Aodha. Cúpla amhrán ó Phádraic Ó Cualáin; agallamh beirte ó Sheán Ó Coisdealbha agus Seosamh Ó Márta as Indreabhán; ...’Na dhiaidh sin rinne Nóra Ní Chearra agus Sorcha Ní Con Iomaire agallamh beirte a bhí an-ghreannmhar. Annsin fuair muid radharc ar an dráma ‘Aon Phionta Uisce’ atá curtha le chéile ag Seán Ó Coisdealbha as Indreabhán go h-iongantach agus go cumasach. ‘Aoibhinn Beatha an Sgoláire’ agallamh beirte ón bPríomhoide Mícheál Mac Aodha ó Cheard-Sgoil an Chnuic agus Mícheál Ó Céide, agallamh a cheap an múinteoir féin, mar Phádraig Mac Piarais agus a dhriotháir Liam, ar Sgoil Éanna agus Seachtain na Cásga.<sup>698</sup>

Ní mór an comhthéacs sóisialta seo inar léiríodh drámaí agus agallaimh Johnny a thógaint san áireamh agus a shaothar á mheas againn. Níorbh ionann stíl nó feidhm na ndrámaí seo agus drámaí fada cathrach. Cumadh na drámaí seo le cur i láthair ag ócáidí sóisialta do phobal faoi leith, agus an tslat tomhais is fearr a d’fhéadfadh a bheith againn agus iad á meas againn ná an tóir a bhí ag an bpobal céanna orthu. Tugadh tús áite don ghreann agus do dhrámaí a bhain le hábhair áitiúla go minic. D’aithin Johnny go raibh éileamh ann dá leithéid sa phobal agus rinne sé freastal ar an éileamh sin:

Dúirt sé liom go bhfuil sé tugtha faoi deara aige gur greann is mó a thaitníonn le pobal iomlán na Gaeltachta. Ní dóigh go mbaineann siad an sult ná an taitneamh céanna as aon ábhar a bhíonn trom. Is léir gurb é a bhíonn ar intinn ag Seán Ó Coistealla drámaí a scríobh agus a léiriú do mhuintir na Gaeltachta agus iad a bheith bunaithe ar shaol nádúrtha na Gaeltachta. Taitníonn an cineál seo go mór le pobal dúchasach na Gaeilge agus leanann siad na haisteoirí de ghrá an ghrinn agus an spóirt.<sup>699</sup>

Áitíonn Denvir gurbh í ‘an drámaíocht saol sóisialta Chonamara sna 1950í agus sna 1960í’<sup>700</sup> agus go raibh páirt lárnach ag Johnny Chóil Mhaidhc sa ghluaiseacht drámaíochta sin. Ba ghnách leis a chuid drámaí a léiriú ar fud Chonamara agus sna

---

<sup>697</sup> ‘Thart fá Choisfhairrge,’ *Amárach*, Nollaig 1956, 4.

<sup>698</sup> ‘Drámaí sa Spidéal,’ *Ar Aghaidh*, Bealtaine 1956, 5.

<sup>699</sup> Seán Ó Conghaola, ‘Drámaí Gaeltachta,’ *Inniu*, 7.5.1966, 2.

<sup>700</sup> Denvir, ‘Aitheasc a tugadh...’, 19.

hoileáin ‘an Spidéal, an Cheathrú Rua, Carna, Cill Rónáin féin – arae théidís go dtí Inis Soir, Inis Meáin agus Árainn Mhór.’<sup>701</sup> Bhíodh an-tóir ar fad ar dhrámaí Johnny ar fud Chonamara agus na léirithe lán go doras i gcónaí.

Ba mhínic san am a caitheadh a bhí 400 duine ag léiriú de dhráma nua uaidh féin “agus an doras dúinte sa chaoi ’s go mbíodh orthub tíocht ar ais.” Thosaídis an chéad seachtain den Charghas, mar shampla, tráth nach mbíodh damhsaí ann, agus leanaidís ar aghaidh go deireadh an Charghais. Thagadh gach uile shórt isteach, seanphinsinéirí agus eile, agus bhainidís ardsult as.<sup>702</sup>

I léirmheas ar léiriú de *Ortha na Seirce* sa Spidéal, tugtar an-chur síos go deo ar an sult a baineadh as an dráma.

Halla mór millteach pacáilte, plóduighe, brúigte, dincíge go fiú agus le pont-a-chéile thuas ar na fuinneogaí. An sluagh sin a’ lúbadh, a sgairtaighíl, a’ sgreadach, ag osnaighíl le falrach gáirí. Chonnaic mé daoine ’triomú na súl i gcaitheamh ’na achair agus ní thóigfeá ortha é ach na dhiaidh sin badh iad togha ’n domhain iad, mar nár b’éidir stopadh.<sup>703</sup>

Sna drámaí seo, bhí Johnny ag freastal ar a phobal dúchais féin agus bhíodh súil ag an bpobal le cineál áirithe drámaí uaidh. Tugadh ard-mholadh don dráma *Ortha na Seirce* in *Ar Aghaidh* mar shampla ar a ‘ghaelaí’ is a bhí sé. Aithníodh gur earra ar leith a bhí ann, dráma Gaeltachta i nGaeilge na Gaeltachta scríofa go speisialta do phobal na Gaeltachta:

Sgríobhtha do’n Gaedhealtacht, san nGaedhealtacht agus l’aghaidh na Gaedhealtachta atá ’n dráma seo idir chlár ’s chuinneog. Níor sgríobhadh go feasach mé a léithide i gConamara ’riamh ná fós i n-aon Ghaedhealtacht eile. Ach ’s cinnte nár sgríobhadh a léithid i gConamara roimh “Chré na Cille,” ná ó “Chré na Cille” a leith.<sup>704</sup>

Ní cúrsaí teanga agus canúna amháin ba chúis leis an dáimh a bhí ag pobal Chonamara le drámaí Johnny. Thuigeadar gur bhain ábhair na ndrámaí seo go dlúth leo féin agus go raibh léiriú iontu ar an saol fé mar a thuigeadar féin é. Ní strainséaraí, áiteanna aduaine nó luachanna coimhthíocha a bhí sna drámaí, ach léiriú ar a bpobal féin, lena gcultúr, seanchas, tuiscintí agus *weltanshaung* féin.

Dé Céadaoin na seachtaine seo léiríodh dráma nua-scríofa Sheáin Uí Choistealbha i gCarna agus bé an rud is mó le fada an lá a raibh caint agus tuairmíocht faoi ... Bhí an slua thar a bheith sásta leis an dráma. Is deas an rud drámaí mar seo, a scríobhadh ag daoine as an chomharsain, go dtuigeann an pobal ’na h-iomlán iad.<sup>705</sup>

---

<sup>701</sup> Risteard Ó Glaisne, ‘Seán Ó Coisdealbha ag Comhrá le Risteard Ó Glaisne,’ *Inniu*, 17/24 Nollaig 1971, 9.

<sup>702</sup> *Ibid.*

<sup>703</sup> Mac Edbhard, ‘Ortha na Seirce: Dráma nua trí-ghníomh ó Chois Fhairrge,’ *Ar Aghaidh*, Bealtaine 1966, 1.

<sup>704</sup> *Ibid.*

<sup>705</sup> ‘Carna,’ *Amárach*, 25.3.1966, 8.

Tagraítear go mion minic i léirmheasanna don dlúthcheangal sin idir an drámadóir agus an lucht féachana agus don taitneamh a baineadh as a chuid drámaí ‘dúchasacha.’

Tá muintir Chois Fharraige ar nós go leor leor go leanann siad an dúthchais. Is maith leo an greann agus bíodh go dtugann siad tacaíocht do lucht Iolscoile agus a leithéid i ndrámáí, siad drámaí Johnnie Chóil Mhaidhc is mó a thaithníonn leo.<sup>706</sup>

Leag an *Irish Independent* béim ar leith ar bhuanna dúchasacha Uí Choisdealbha agus ar an tábhacht a bhain lena leithéid a bheith ag saothrú na drámaíochta: ‘An drámadóir Gaeilge is bisiúla, is dúchasaí agus is spéisiúla dá bhfuil againn.’<sup>707</sup> Ós ealaín chathrach í an drámaíocht stáitse, ní minic an focal ‘dúchasach’ á lua le drámaí amharclainne nuachumtha, ach aithníodh go raibh bua ar leith ag baint le saothar Johnny. Céard a d’fhág, mar sin, go raibh drámaí Uí Choisdealbha ní ba ghaelaí nó ní ba dhúchasaí ná iarrachtaí eile?

## Allagar an ardáin

### An tAgallamh i ndrámáí Uí Choisdealbha

Bhuaigh *Pionta Amháin Uisce* an chéad duais don bhundráma is fearr ag an Oireachtas agus ag Féile Drámaíochta an Iarthair 1956.

I dtús báire, mhol Mac Uí Eidhin Seán Ó Coisdealbha, duine de na haisteoirí, as ucht an dráma ‘Aon Phionta Uisce’ a scríobhadh. Dúirt sé go raibh gaisce ins an méid sin féin gan a dhul orlach níos fuide.<sup>708</sup>

Sceitse taitneamhach atá in *Pionta Amháin Uisce*, a thugann léiriú barrúil áibhéileach ar an gcoimhlint idir fear agus a bhean chéile. Tugadh suntas ar leith do chumas aisteoireachta nádúrtha Chumann Drámaíochta Indreabháin ag an bhFéile Drámaíochta:

Bhí aisteoireacht an cheathrair as Indreabhán sa dráma beag nua-cheaptha, ‘Aon Phionta Uisce’ iongantach nádúrtha, chuile dhuine acu – fear a’ tighé agus a cháca, an comharsa agus é ghá chomhairliú, an tincéara mná ag iarraidh “charity”, bean a’ tighé ar eirigh le cleas na comhursan a croidhe a bhogadh.<sup>709</sup>

Ba mhinic Johnny ag tarraingt ar thobar an bhéaloidis ina shaothar agus tá *Pionta Amháin Uisce* bunaithe ar mhoitíf ó scéal réaloidis, an fear a gcuirtear iachall air obair na mban a dhéanamh.<sup>710</sup> Fuintear greann an dráma as tuathalach agus liopastacht an fhir agus é i mbun cúraimí tí. Tháinig bunsmaoineamh an dráma ón scéal idirnáisiúnta

---

<sup>706</sup> ‘Cois Fharraige,’ *Amárach*, 3.3.1972, 8.

<sup>707</sup> Luaite in Seán Ó Coisdealbha, *Ortha na Seirce* (Baile Átha Cliath: Sáirseál agus Dill, 1968). Clúdach.

<sup>708</sup> ‘Bua agus Comóradh: Corn an Oireachtais Bronnta ar Aisteoirí Indreabháin,’ *Amárach*, Meitheamh 1957, 4.

<sup>709</sup> ‘An Fhéile Drámaidheachta,’ *Ar Aghaidh*, Márta 1956, 4.

<sup>710</sup> AT 1408 ‘The Man who does his Wife’s Work.’ Féach Seán Ó Súilleabháin agus Reidar Th. Christiansen, *The Types of Irish Folktale* (Helsinki: Suomalainen Tiedekatemia, 1963) 252.

sin ach feictear dom go raibh tionchar ag dráma le Muiris Ó Súilleabháin ar *Pionta Amháin Uisce* agus ar chríoch an dráma ach go háirithe. Léiríodh roinnt drámaí le Muiris Ó Súilleabháin ar an gCeathrú Rua in 1942,<sup>711</sup> agus tá an-chuid cosúlachtaí idir *Pionta amháin Uisce* agus dráma dár teideal *Seacht gCúraimí an tSléibhe*. Cé nach maireann script an dráma é féin, is léir ó thuairisc nuachta ar dhráma Uí Shúilleabháin go raibh an plota ceannann céanna acu.

Go deimhin bhain Seán gáiridhe amach nuair a réidhtigh sé é féin suas i n-éadaigh Mháire agus nuair a thosuigh sé a' déanamh obair a' tigh, agus go mór mhór nuair a thosuigh sé a' déanamh an cháca. Chuaidh Máire a bhean ag obair ar a' bhfeilm, agus nuair a chonaic Seán a' teacht í agus gan an cáca ná tada leath-dhéanta aige, shín sé ar an úrlár agus leig sé air fhéin go raibh sé tinn.<sup>712</sup>

An chríoch áiféiseach chéanna atá ag an dá dhráma cé nach bhfuil a leithéid mar chríoch ag an mbunscéal sa traidisiún béil.<sup>713</sup> Feictear an choimhlint idir saol an fhir phósta agus saol an bhaitsiléara sa chomhrá idir Seán agus Tadhg in *An Tincéara Buí* freisin. Is minic na contrárthachtaí seo mar bhunchloch ag drámaí Uí Choisdealbha agus é ag tarraingt ar fhoirm shainiúil an agallaimh bheirte ina shaothar amharclainne. An chodarsnacht dhénártha idir saibhir agus bocht, fir agus mná, pósta agus singil, freagracht agus neámhspleáchas, daoirse agus saoirse atá mar bhunphréamh na ndrámáí agus cuirtear carachtair a fhreagraíonn do na tréithe seo in adharca a chéile go minic ina shaothar. Na céilí comhraic céanna atá in iomaíocht lena chéile san agallamh 'An Fear Pósta agus an Baitsiléara' agus atá i gcomhrá Sheáin agus Thaidhg in *Pionta Amháin Uisce*. An baitsiléar atá i mbun an tí ag tús an agallaimh agus molann an fear pósta dó bean a fháil, leis an obair sin a dhéanamh dó. Tosnaítear ar an argóint agus ar an tsáraíocht ansin, an fear pósta mar chosantóir ar an saol pósta agus suáilcí an tsaoil shingil á moladh ag an mbaitsiléar.

**Fear Pósta:**

Dia dhuit a Chuilm nach glas an sórt lá é  
Shíltheá gur tú atá ag cumhdach an tigh  
Nach shíltheá go mb'fhearr dhuit bean fháil 's pósadh  
A chóireochadh do leaba 's a réiteochadh do ghreim.

**Baitsiléara:**

An ndó tá mé ag cuimhniú le fada air  
Ach tá sé luath go leor fós agam  
Ní bheidh mé leath-céad go timcheall Féil Míchil,  
Tá sé sathach éasga agam bean fháil a bheadh sásta mé phósadh  
Ach nach róluath bheas mé sáite i dtrioblóidí an tsaoil.<sup>714</sup>

<sup>711</sup> Féach Nuala Ní Aimeirgín, *Muiris Ó Súilleabháin: Saol agus Saothar* (Maigh Nuad: An Sagart, 1983) 66-7.

<sup>712</sup> Pádhraic Mhac Fhualáin, 'Sa gCeathramhain Ruaidh,' *Ar Aghaidh*, Aibreán 1942, 7.

<sup>713</sup> Féach mar shampla leaganacha éagsúla den scéal a bailíodh i nGaeltacht Chonamara: CBÉ 181: 438; CBÉ 271: 157; CBÉ 471: 330.

<sup>714</sup> Agallamh neamhfhoilsithe le Johnny Chóil Mhaidhc. Féach Aguisín.

Sa dráma *Pionta Amháin Uisce*, feictear aisiompú cliste ar an argóint seo. An fear pósta, Seán, atá i mbun obair an tí agus cáca le déanamh aige sula dtagann a bhean abhaile ón aonach. É siúd a cháineann an saol pósta agus a shantaíonn saol suaimhneach an bhaitisiléara. An friotal ceannann céanna a úsáidtear sa dráma agus san agallamh:

**Seán:**

Má tá sciota ar bith den ádh ort ná bíodh síos ná suas agat le mná.

**Tadhg:**

Ach ar ndóigh, a Sheáin, nár dheas an rud bean a bheith agat a chóireodh do leaba duit, a réiteodh do bhéilí agus a dhéanfadh an cáca agus rudaí beaga den tsórt sin ...

**Seán:**

Tá bean agamsa agus nach mé féin atá ag déanamh an cháca?<sup>715</sup>

Díol spéise a mhinicí is a fheictear beirt ag argóint i saothar Uí Choisdealbha. Tá seisear sa chliar sa ghearrdhráma *An Tincéara Buí*, mar shampla, ach is i bhfoirm chomhráite beirte a thiteann imeachtaí an dráma ar fad amach, nach mór. Tosnaíonn sé le hargóint idir athair agus iníon (Séamas agus Bríd) faoi chúrsaí cleamhnais. Imíonn Bríd agus tagann Sorcha (bean óg shingil) ar an stáitse agus déanann Séamas iarracht í a mhealladh. Imíonn Sorcha sula dtagann an chéad duine eile chun cainte le Séamas – Team Rua, seanbhaitisiléar atá ag iarraidh Bríd a phósadh. Fíorannamh a tharlaíonn sé go mbíonn triúr ar an stáitse. Téann Seán Óg, fear óg atá i ngrá le Bríd agus Team Rua, an seanbhaitisiléar, in adharca a chéile ag buaicphointe an dráma i gcomhrac béil.

**Seán Óg:**

Thug sí ar parlús mise agus thug sí tae agus cáca milis dom agus dúirt sí nach bpósfadh sí aon fhear go deo ach mé.

**Team Rua:**

Is nár dhúirt sí an rud céanna liomsa!

**Seán Óg:**

Dúirt sí liomsa go raibh sí i ngrá liom.

**Team Rua:**

Dúirt sí liomsa go mba doimhne a grá dom ná méaracán táilliúra, nár fhága mé seo murar dhúirt ...

**Seán Óg:**

Chuir sí a lámh timpeall ormsa agus dúirt sí ...

**Team Rua:**

Chuir sí a dhá lámh timpeall ormsa agus cá bhfuil an rud nár dhúirt sí.<sup>716</sup>

Tá an dráma ‘An tÉan Cuaiche’<sup>717</sup> ag brath go mór ar an tsáraíocht agus an choimhlint idir beirt freisin, fear agus bean chéile sa chás seo. Dráma aon-ghnímh atá ann, suite i

---

<sup>715</sup> Ó Coisdealbha, *An Tincéara Buí*, 41.

<sup>716</sup> *Ibid.* 25



‘gcisteanach bhocht faoi an dtuaithe.’ Seán agus Nóra, lanúin phósta sna daichidí na príomhphearsana ann agus is iad na tréithe céanna a fheicimid is a bhí le sonrú ar charachtair *Pionta Amháin Uisce*. Leisceoir a bhfuil dúil san ól aige é Seán agus é céasta ag a bhean chéile, Nóra. Tá iníon leo, Máirín le ‘boc mór’ saibhir a phósadh ach nuair a thagann sé ar cuairt ag an teach, náiríonn Seán iad, bristear an cleamhnas, imíonn Nóra agus Máirín leo go Sasana agus fágtar leis féin é ag deireadh an dráma. Tarlaíonn na heachtraí móra seo go léir ag deireadh an dráma ar fad agus dáiríre gan mórán coinne againn leo. Is iad na hargóintí deisbhéalacha idir Seán agus a bhean, agus Seán agus a chomharsa béil dorais ‘Súgach,’ buaicphointí agus mórbhuanna an dráma seo. Abarthacht agus géire Nóra is mó a bhronnann an greann ar an gcaint.

**Nóra:**

Déan deifir ar son Dé. Tá an sagart imtighthe siar le fada.

**Seán:**

Bhfuil socraide eile inniu ann?

**Nóra:**

Níl ach beidh ceann ann mara ndéanfaidh tú deifir. Sin a mbeadh uait socraid nó torraimh nó bainis. Bheifeá in am ansin! Bheadh! Bheadh portar ann! Mar a bhfuil socraide ann tá faoisdin ann.

**Súgach:**

M’anam gur fíor dhuit! Faoisdin na bhfear a Sheáin. (*Tugann Seán drochbhreathnú ar Shúgach*)

**Nóra:**

Dá mba teach ósta bosca na faoistine ní uair sa mí a bheifeá ann agus dá mba portar an t-uisge coisricthe – báidte san iomar a gheobhaidís tú maidín eicint.<sup>718</sup>

Sa bhriatharchath seo faoi chúrsaí faoistine sa dráma, bhí Johnny ag tarraingt arís ar ealaín an agallaimh agus ar chiútaí cainte ó agallamh eile a chum sé idir máthair agus mac. An t-údar argóna céanna atá ann agus an mháthair ag iarraidh iachall a chur ar an mac faoistin a dhéanamh. Baintear leas as an gcomparáid chéanna idir teach ósta agus séipéal, idir dúil san ól agus an chráifeacht is dual don dea-Chaitliceach.

**An Mháthair:**

Déan deifir maith buachaill nó beidh sé thar am ort  
Tá Páidín Chóil Sheáin ’s Beartla a’ dul síos  
Tá do phaidrín crochta ansin thall ar an táirne  
Agus caonach air fásta cheal láimhseáil le mí.

**An Mac:**

Dá mbeadh coróin ar an doras ní bheadh an bheirt sin in am ann  
Ach faointe a gceapadh ’na daoine go raibh siad ag cóimhlíonadh an dlí

---

<sup>717</sup> Seán Ó Coisdealbha, ‘An tÉan Cuaiche,’ *Dráma neamhfhoilsithe*. G36, Miontuairiscí Scoileanna Éigse agus Seanchais, Ollscoil na hÉireann Gaillimh.

<sup>718</sup> Seán Ó Coisdealbha, ‘An tÉan Cuaiche,’ *Dráma neamhfhoilsithe*. G36, Miontuairiscí Scoileanna Éigse agus Seanchais, Ollscoil na hÉireann Gaillimh.

Cúl chaint is biadán is chuile pléraca  
's go ngoididís an braithlín amach ó do thaoibh.

**An Mháthair:**

Ar ndóigh ní ag céilí go maidin a shabháilfeas tú t-anam  
Gan paidir gan Aifreann ach ag ól go meán-oidhche  
Ach da mba teach ósta é an seipéal agus da mba cúntar an ráille  
Ní bhfhearr don sagart an máiléad le thú dhibirt aníos.<sup>719</sup>

Áitíonn an mac san agallamh nach fiú dó dul ag faoistin mar ‘Ní dhearna mé tada as an mbealach aon cheo gur fiú trácht air, ní hé don dream sin a théann ann chuile mhí.’  
Nochtann Seán an tuairim chéanna agus é ag déanamh casaoide lena bhean.

**Seán:**

Á cuirfidh sibh deathacha fiacla ar iongachaí mo chos. Faoisdeanacht,  
Aifreannachaí, Paidreacha ó oidhche go maidin is ó mhaidin go tráthnóna.  
Níl a fhios a'm céard a rinne muid as bealach ó bhí muid ann cheana.

**Nóra:**

Uimhir I Leisge. Uimhir II Meisge

*(Briseann Seán isteach uirthi)*

**Seán:**

Uimhir III Sgiolladh Uimhir IV Sgéalta.<sup>720</sup>

Tá Seán agus Sógach, an siúinéir béal dorais, ina gcéilí comhraic chomh maith agus tá argóint fhada ghéarchainteach eatarthu i gceartlár an dráma, agus iad saighdeadh faoina chéile. Cuireann siad bochtanas, déircínteacht, caimiléireacht agus claidhreacht i leith a chéile. Deir Sógach nach raibh léine phósta ag Seán agus gur léine déanta as máilín mine ba ghnách leis a chaitheamh, agus an branda le feiscint go soiléir ar a dhroim. Ní raibh an méid sin féin ag Sógach dar le Seán.

**Sógach:** *(ag seasamh suas le cochall)*

Cé bhí a' dul treasna ag an séipéal agus na píosaí a' fuadach de. *(go réidh)*  
An gcuihmhíonn tú ar bhainis Mhicil Dic nuair a stripáil tú do léine ag Colm Michil Mhóir faoi go dtug sé Nóra annseo ag damhsa. Nach raibh an tír a' caint ort féin is ar do léine mháilín mine a raibh 112lb Ranks Ireland W.D. brandáilte thiar i gceartlár do dhroma.

**Seán:**

Bheadh sé ortsa thú féin ach níor cheannaigh tú mála mine in éineacht ariamh ach an cloichín gágach.

**Nóra:**

Éirigí as an tseafóid seo agus bíodh ciall agaibh!

**Sógach:**

Mála amháin a cheannaigh tú nuair a dhíol tú an bhó sgeadach agus rinne sé

---

<sup>719</sup> Ó Coisdealbha, ‘An Mháthair agus Mac,’ Féach Aguisín.

<sup>720</sup> Seán Ó Coisdealbha, ‘An tÉan Cuaiche,’ Dráma neamhfhoilsithe. G36, Miontuairiscí Scoileanna Éigse agus Seanchais, Ollscoil na hÉireann Gaillimh.

sin féin dhá leith sgoiltí ar dhruim an asail – bhí druim an asail chomh géar sin.<sup>721</sup>

Géaraíonn an argóint agus caitheann siad maslaí eile lena chéile go dtí go ndíbríonn siad Súcach ón teach ar deireadh. Cluiche cainte é seo atá ag teacht cuid mhaith leis an gcur síos ar rinneadh ar nádúr sainiúil an allagair bhéil, mar a pléadh é i gCaibidil a dó. Fágtagar an focal scoir ag Súcach san argóint agus casann sé ar an véarsaíocht leis an mbuille marfach a thabhairt. Tá anáil an agallaimh bheirte le haithint ar an gcleas seo chomh maith agus véarsa barrúil mar bhuille scoir le clabhsúr a chur leis an allagar.

**Súcach:** (*Ag Imeacht*)

Feicfidh mé aríst thú a mhic ó.

‘Bhí treabhsar flainnín agus báinín bán air

Léine máilín a bhí ar dath na luaith’

‘Gus ba gheall le caora é bheadh taréis a bearrtha

Branda air fáisgthe sula ngabhfaidh sé amú.’<sup>722</sup>

Baineann géire bhreise leis an ionsaí a dhéantar sa bhfilíocht sa mhéid is go bhfuil bua agus fuinneamh na haoire ag roinnt léi, gona tuiscintí traidisúnta faoi chumhacht osnádúrtha an fhile. Buanaítear cáil an duine san fhilíocht agus tá sé le tuiscint go mairfidh an véarsa scigmhagúil seo mar oidhre ag Seán. Is ríspéisiúil go gcastar ar an bhfilíocht le clabhsúr a chur leis an aighneas seo i ndrámá Uí Choisdealbha agus arís léiríonn sé an leas a bhain sé as saintréithe agus ciútaí an agallaimh fhileata ina chuid drámaí. Feictear arís go raibh sé ag tarraingt ar íomhánna agus ar ábhair aighnis a bhí in úsáid aige ina chuid agallamh freisin. San achrann úd idir ‘An Mháthair agus a Mac’ faoi chúrsaí faoistine, bhí an mac ag caitheamh anuas ar dhrochéadach na bhfear sa tseanaimsir, agus a gcuid léinte déanta as málaí mine le branda ar a gcúl.

**An Mháthair:**

Mo shlán leis an aimsir agus mo chéad mhíle slán léithi,

Nuair a bhí báiníní bána ar chuile fhear sa tír

Sean-treabhsar flainín agus léintreacha máilín,

Theidheadh siad síos ag na ráillí faoi do chuile mhí.

**An Mac:**

Go deimhin ba dheas iad sa bhfeisteas atá ráidhte a’d

Agus is mise atá sásta gan a bheith ann le na linn

Sean-treabhsar flainín agus léintreacha máilín

Agus ½ punt meadhchain sgríobhtha thiar ar a ndruim.<sup>723</sup>

Tá rian an agallaimh le haithint go han-láidir ar ghearrdhráma eile dá chuid *Mar a Chéile Muid*. Léiríodh ag Féile Náisiúnta Drámaíochta an Oireachtais é in 1961, áit ar tháinig sé sa dara áit agus sa Damer in 1967. Tugadh ardmholadh do ghreann an dráma agus do chumas aisteoireachta Johnny nuair a léiríodh sa Damer é.

---

<sup>721</sup> Seán Ó Coisdealbha, ‘An tÉan Cuaiche,’ Dráma neamhfhoilsithe. G36, Miontuairiscí Scoileanna Éigse agus Seanchais, Ollscoil na hÉireann Gaillimh.

<sup>722</sup> *Ibid.*

<sup>723</sup> Ó Coisdealbha, ‘An Mháthair agus Mac,’ Féach Aguisín.

Ach is le Mara Chéile Muid, le Seán Ó Coistealbha, a shroichtear uasphointe na hoíche. Is sa dráma seo a fhaightear an greann leathan gan scáth, an gliocas, an bheocht, an fhilíocht – agus méid nach suarach den tseanmóinteacht. Chuir Seán féin – i bpáirt an tsúdaire – brí lena dhrama féin agus chomh maith leis mheall sé sár-thaispeántas óna chomhaisteoirí ...<sup>724</sup>

Teach ósta lá aonaigh suíomh an dráma seo. Tá príomhmhóitíf an dráma bunaithe ar scéal béaloidis idirnáisiúnta (AT 844) faoi Rí a raibh inní air. Moltar dó léine a fháil ó fhear gan inní agus í a chaitheamh agus leigheasfear a intinn chráite. Aimsíonn sé fear bocht nach bhfuil aon rud ag déanamh inní dó, ach fear é nár chaith léine riamh ina shaol.<sup>725</sup> Tagann príomhchoimhlint an dráma ón mbriatharchath idir an tÓstóir, Peadar, agus Tom Súdaire, baintreach fir a bhfuil dúil san ól aige agus súil aige ar iníon Pheadair. An iomarbhá fhileata ghéarchainteach chliste seo atá mar chroí an dráma agus is beag gníomhaíocht nó gluaiseacht atá ann sa ghnáthchiall. Sciolladóireacht agus caint bhearrtha an agallaimh a mhórbhua agus is é an dráma is fearr dár chum Johnny, sílim féin. Dúirt Johnny féin gurbh é ‘an dráma is fearr liom féin de na drámaí aonmhíre atá scríofa agam.’<sup>726</sup> San argóint fhada idir Peadar agus an Súdaire tugtar léargas cliste ar na contrárthachtaí agus na cosúlachtaí idir saibhir agus daibhir, idir uasaicme agus íosaicme.

**Peadar:**

D’íoc mise cúig chéad punt sa mbliain ar Choláiste ar feadh cúig bliana ar an iníon sin. Tá culaith le haghaidh an Domhnaigh aici agus culaith le haghaidh an Luain. Nuair a bhíonn scadáin agatsa bíonn mairteoil aici. Nuair a bhíonn buidéal agatsa bíonn paidrín aici.

**Súdaire:**

Is minic paidrín fada ag rógaire. Mar a chéile muid, a Pheadair. Tá tusa ag íoc cé mhéad a deir tú? Cúig chéad punt sa mbliain ar t’iníon. Maith go leor, cé atá dhá íoc? Tá mise dhá íoc, tá an tincéara, an saibhéara, an siúinéara, an scaibéara, an scláitéara agus an scaiftéara. Tá an bodach, an bacach, an báicéir, an bádóir, an búistéara agus an buitléara. Muide atá ag íoc na gcúig chéad punt sin, mar muid ní thusa. Mar a chéile muid, a Pheadair. Tá tusa ag breathnú amach agus mise ag breathnú isteach. Tá tusa ag líonadh na bpiontaí agus mise dhá bhfolmhú. Marach thusa bheadh tart ormsa agus marach mise bheadh ocras ortsa. Murach mise a bheith ag folmhú na ngloineachaí ní bheadh aon ghraithe agatsa dhá líonadh agus nach mar a chéile muid?

**Peadar:**

Ní mar a chéile muid muis – slán an tsamhail. Tá an oiread difríochta eadrainn agus atá idir an coll agus an cuileann. Is tusa an fear deireanach a théanns amach as Teach an Ósta agus an chéad fhear a théanns amach as Teach Dé. Is tú an chéad fhear a théanns ag an gcuntar agus an fear deireanach ag na ráillí. ‘Siad na buidéal na clocha atá ar do pháidrín agus an pórtar an t-uisce coisreacain atá a’d. Níl t’ainm ar leabhar an Bhainc leath chomh minic is atá sí ar Leabhar an Chuntais anseo.

---

<sup>724</sup> Léirmheas ón *Irish Press* luaite in Ní Chinnéide, *An Damer...*, 133.

<sup>725</sup> Luaite ag Liam Ó Dochartaigh, ‘Éigse an Bhéil Bheo: Saothar Sheáin Uí Choisdealbha’, *Scríobh* 2, 81.

<sup>726</sup> Risteard Ó Glaisne, ‘Seán Ó Coisdealbha ag Comhrá le Risteard Ó Glaisne,’ *Inniu*, 17/24 Nollaig 1971, 9.

**Súdaire:**

Níl m'ainmse ar aon Leabhar Bainc, ach bheadh marach thusa. Níl aon éadach maith orm ach bheadh marach thusa. Tá tusa, a deir tú, ag tabhairt £20 don sagart faoi Nollaig is faoi Cháisc; is maith an fáth – faitíos go labhródh sé ón altóir ort. Tá tú ag cur £5 ar chuile altóir. Féadfadh tú, nuair a dhíolas tú coinnle, tobac agus pórtar le haghaidh na sochraide. Tá tú ag buachtáil ar shaibhir is ar bhocht, ar íseal is ar uasal, ar bheo is ar mharbh.<sup>727</sup>

Tabharfar faoi deara freisin go bhfaigheann an fear bocht, an súdaire, an lámh in uachtar san argóint, nós coitianta sna hagallaimh bheirte i gcoitinne. Tá gearradh agus bearradh iontach sa chaint agus moladh deisbhéalaíocht na cainte nuair a léiríodh an dráma sa Damer. 'Ó Coistealbha is best known for his brilliant Irish dialogue and the play gives his talent full scope.'<sup>728</sup> Tabharfar faoi deara nach caint nádúrtha nó próis leamh an ghnáthshaoil atá in úsáid sa bhriatharchath, ach friotal ardaithe, fiú ardréimneach, saibhir, dea-shaothraithe. Cuireann an t-athrá, an uaim agus fad na bhfreagraí le rithim thomhaiste fhileata an chomhrá. Leagtar béim ar leith ar chontrárthachtaí agus is sna téarmaí seo a chuirtear an caidreamh eatarthu in iúl: an chodarsnacht dhénártha idir saibhreas agus bochtanas, An Teach Ósta agus Teach Dé, a bheith ag líonadh nó ag folmhú piontaí. Is í buntéis Tom Súdaire go bhfuil maoin agus saibhreas ag Peadar mar go mbíonn sé ag teacht i dtír ar bhochtáin an cheantair, agus gur 'mar a chéile iad'. Más súdaire é féin, áitíonn sé go mbíonn súdaireacht agus diúgaireacht ar bun ag Peadar ar shlí eile. Argóint an-fhorbartha atá sa dráma agus tugann sé léargas cliste ar bhunparadacs an rachmais agus an gaol siombóiseach atá mar chloch choirnéil ag an gcóras caipitleach.

**Súdaire:**

Dar fíá, is garr go mbeidh siad ag iarraidh airgid ar sholas an lae féin. Is garr, mo choinsias. Tá an saol ina dheabhal. Ní fhéadfá néal den oíche a chodladh faoi shuaimhneas gan a bheith ag cuimhniú cá ndeacha' an £1 deiridh nó cé as a dtiocfadh an chéad phunt eile.

**Peadar:**

Tá leigheas maith air sin, shílfeá. Nuair atá £1 agat, coinnigh é.

**Súdaire:**

Sin é é. Plean maith, an-phlean, ach dá ndéanfadh chuile dhuine é sin ní bheadh graithe ar bith agatsa.

**Peadar:**

Má bhíonn chuile dhuine a' rá, 'Cuir ar an leabhar é,' ní bheidh aon ghraithe agam ann ach an oiread. Agamsa atá an chúis ghearáin agus a bheith gan codladh na hoíche, agus tá a shliocht orm, tá mé liath blianta roimh an am.<sup>729</sup>

Cuireadh agallamh beirte idir 'Óstóir agus Tincéir' i láthair ag Ollchruinniú na Scoileanna Éigse agus Seanchais in 1960 agus tá an argóint cheannann chéanna le

---

<sup>727</sup> Seán Ó Coisdealbha, 'Mar a Chéile Muid,' *Gearrdhrámaí an Chéid* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2000), 197-8.

<sup>728</sup> Léirmheas ón *Evening Herald* luaite in Máiréad Ní Chinnéide, *An Damer...*, 133.

<sup>729</sup> Ó Coisdealbha, 'Mar a Chéile Muid...', 189-90.

feiscint ann.<sup>730</sup> Cuireann an tincéir i leith fear an Ósta go mbíonn sé ag teacht i dtír ar ‘amadáin na háite,’ agus deireann an tÓstóir gur beag brabach atá le déanamh as a leithéidí de chustaiméirí.

**An Tincéir:**

Tá tú’ caint ar mharcannaí ach níl fhios a’ m cén fáth;  
Nach bhfuil ól istigh sa teach agat nó cé le haghaidh a chuir tú suas an clár.  
I do sheasamh chois an teallaigh ansin ach ní ’tabhairt allais do chuid cnámha  
é;  
Tá tú ansin a’ maireachtáil ar amadáin na háite.

**An tÓstóir:**

Ní mórán a’ bith maireachtáil a dhéanfainn de do bharrsa  
Mar ní mórán a’ bith a cheannódh a bhfuil thíos ar thóin do mhála.  
Ní fhaca mé riamh falach ort ach do bhríste nach raibh ag dul go básta,  
Ciomachaí ’gus ragannaí agus na rúogaí dhá bhfáisceadh a’ t.<sup>731</sup>

Máirtín Mór Ó Tuairisc agus Pádraic Ó Donncha ó Chnoc na hAille a chuir i láthair é.<sup>732</sup> Cumadh *Mar a Chéile Muid* trátha an ama céanna, chomh fada agus is féidir a dhéanamh amach. Tá leagan lámhscríofa i leabhar Scoil Éigse na Tulaí ó 1960-1<sup>733</sup> agus stáitsíodh é ag Oireachtas na bliana 1961. Ní hé go bhfuilim ag áiteamh go raibh tionchar díreach ag an agallamh áirithe seo idir ‘An tÓstóir agus an Tincéir’ ar shaothar Johnny, ach is ríspéisiúil na cosúlachtaí eatarthu mar sin féin. Tá an dráma agus an t-agallamh ag tarraingt ar na téamaí céanna agus déantar an láimhseáil céanna orthu. Is é an múnla dúchasach céanna atá mar bhunchloch ag an dá shaothar. Tá ‘agallamh’ eile ag deireadh an dráma idir an Tincéir agus Peadar an Ósta agus baintear macalla as an argóint fhada bhí ann idir Tom Súdaire agus Peadar. Feictear coimhlint idir saibhreas agus bochtanas, freagracht agus neamhspleáchas, inní agus saoirse.

**Tincéara:**

Gach a mbaileoidh mo bhean inniu ólfaidh muid i bpáirt anocht é. Íosfaidh muid béile i dteach agus ólfaidh muid deoch i dteach eile. Casfaidh muid jig inniu agus damhsóidh muid ríl amárach. Tá muid ag baint lá dhe agus céard atá an té is fearr sa saol ag déanamh ach an rud céanna.

**Peadar:**

Ní bheadh aon chaoi ar an saol dá mbeadh chuile dhuine mar thusa.

**Tincéara:**

Ní bheadh, is dóigh nach mbeadh, ach ní bheadh aon chaoi air dá mbeadh chuile dhuine mar thusa ach an oiread.<sup>734</sup>

Déanann Tom Súdaire iarracht cluain a chur ar Mhairéad, iníon Pheadair, ag pointe amháin sa dráma agus tá ‘agallamh’ eile nó *débat* grá mar a thug Liam Ó Dochartaigh ar

<sup>730</sup> Máirtín Mór Ó Tuairisc agus Pádraic Ó Donncha, ‘An Tincéir agus an tÓstóir,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1960. I gcló in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 151-4.

<sup>731</sup> *Ibid.*

<sup>732</sup> Bhí Johnny i láthair ag an Ollchruinniú. É féin a bhuaigh comórtas na nAgallamh le ‘An File is Fearr.’ Féach Aguisín.

<sup>733</sup> G36, Leabhar Scoil Éigse na Tulaí i gcartlann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

<sup>734</sup> Ó Coisdealbha, ‘Mar a Chéile...’, 205.

an allagar eatarthu.<sup>735</sup> Ní dhéantar forbairt puinn ar Mhairéad mar charachtar, ach ní gá gur laige é sin leis an dráma áirithe seo. Is mar thípeanna aitheanta is fearr a oibríonn na hargóintí agus tá toise uilíoch ag roinnt leo. Tarraingítear ar sheantéama ó thraidisiún an aighnis sa chomhrá eatarthu. Agallamh beirte idir seanbhaintreach fir a bhfuil ragús ban air agus cailín óg atá sa chomhrá agus sníomhtar isteach go healaíonta sa dráma é. Is i bhfoirm véarsaíochta atá an comhrá ar fad, agus mhairfeadh sé neamhspleách ar imeachtaí an dráma.

**Súdaire:**

Óra, a Mhairéad, a mhuirnín, dá ndéanfá mo chomhairle.  
Is cailín deas múinte thú, ní as ucht mise á rá.  
Tá mé sách slachtmhar cé go bhfuil mé roinnt aosta,  
Ach níl aon aois scríofa le titim i ngrá.  
Bhí mé pósta cheana, a Mhairéad, ach seo singil arís mé.  
'Gus nach aisteach na smaointe atá ag teacht i mo cheann?  
Go mb'fhearr liom in d'aice ar an teallach san oíche,  
Ag baint póigíní milse de do bhéilín caol láith.

**Mairéad:**

Tá plámás agat nuair atá do phutógaí líonta.  
Agus is mar sin a bhí tú nuair a phós tú Nóra Liam Cháit.  
Agus ba é ráiteas na gcomharsan go mba tú giorrachán saoil dhi,  
A d'fhág a cnámha sínta thíos i Reilig an Aird.

**Súdaire:**

Aon duine atá básaithe níl sé ceart a bheith ag cur síos air.  
Ach ó phós mise Nóra, níor chodail mé sámh.  
Torann buicéad ar maidín is measa tráthnóna.  
Ní bhfaighfeá scilling le haghaidh pionta  
Dá dtitfeadh an draid as do cheann.

**Mairéad:**

'Sé síoról na bpiontaí a d'fhág gan chaoi thú.  
D'fhágadar pócaí spíonta agat agus liathadar do cheann.  
Agus ar ndóigh do bhean bhocht a bhí ag coinneáil an tí dhuit.  
Chuir tú sa gcill í i bhfad roimh an am.<sup>736</sup>

Is í ealaín agus ceardaíocht an agallaimh a stiúran an dráma seo agus a thugann an chumhacht neamhchoitianta sin don choimhlint ann. Is léir nach bhfaca Johnny aon deighilt rómhór idir na seánraí éagsúla a chleacht sé, agus gurbh iad na teicnící agus ciútaí céanna a d'úsáid sé ina chuid drámaí agus a chuid agallamh. Aisteach go leor níor aithníodh ardmhianach *Mar a Chéile Muid* i gcónaí agus nuair a léiríodh ag an Oireachtas é in 1961, fuair an moltóir Mícheál Ó hAodha<sup>737</sup> lochtanna éagsúla air. Cháin sé an cur i láthair féin, a gcumas cainte agus deaslabhra go háirithe.

<sup>735</sup> Ó Dochartaigh, 'Éigse an Bhéil...', 81.

<sup>736</sup> Ó Coisdealbha, 'Mar a Chéile...', 195-6. Is mar phrós a leagadh amach é sa leagan clóite seo ach tá sé roinnte i véarsaí agam le go bhfeicfí níos soiléire gur véarsaíocht atá ann.

<sup>737</sup> Eolas beathaisnéiseach ar fáil <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1709>. Mícheál Ó hAodha (1918-1998). 'Bhí an staraí amharclainne, drámadóir agus beathaisnéisí seo ar dhuine de na pearsana móra raidió agus amharclainne ó 1940 amach.'

Criticising another Gaeltacht group, from Indreabháin [sic], Co. Galway he said that such groups should remember that their fine native speech was not enough. They should also strive to make themselves clear.<sup>738</sup>

Cuimhneofar gur in Amharclann an Gheata, Baile Átha Cliath, a léiríodh an dráma mar chuid den fhéile agus gur lucht féachana eile ar fad a bhí os a gcomhair seachas an gnáthlucht leanúna thiar sa bhaile. Seans gur sciarr cuid den dea-chaint agus na ‘cruachaintean’ sa dráma tharstu nó nár tuigeadh an chanúint. Luadh easpa soiléireachta i dtuairisc an mholtóra chomh maith. ‘Bhí an chaint bhreá líofa san bpíosa seo, ró-dhoiléir le haghaidh na hamharclainne. Molaim don bhfuirinn aire a thúirt do shoiléireacht cainnte – tá sin riachtanach san amharclainn.’<sup>739</sup>

Díol spéise an locht eile a fuarthas ar an dráma. I léirmheas in *Ar Aghaidh* tugadh cuntas ar an bhFéile Drámaíochta agus na tuairimí a nochtaigh an moltóir, Micheál Ó hAodha arís agus é ag bronnadh na nduaiseanna. Tháinig *An Fear Siúbhail*, aistriúchán ar dhráma le Lady Gregory, sa chéad áit agus dúradh nach dráma a bhí in *Mar a Chéile Muid* ann in aon chor, ach agallamh.

Bhí sluagh mór daoine i nAmharclann a’Gheata an oidhche sin agus iad ar fad sásta agus taitneamh bainte as an oidhche aca. Ach le ráiteas a’ mholtóra bhí ‘n bís ar chuile dhuine! Ar aon chaoi bhí ‘n duais idir dráma ó Indreabhán ‘Mara chéile muid’ le Seán Ó Coisdealbha agus ‘An Fear Siúbhail’ ó Loch Conaortha. Deir a’ moltóir agus ‘s deacair a ghabhail’ na dhiaidh ar fear a bhfuil sgil agus meabhair agus tuiscint mhór ar dhrámaí aige. Deir sé go raibh sé sáinige ag a dá dhráma. A Dhia cé raibh ‘n sáiniú agus deich marc eatortha. *Deir sé nach dráma é ‘Mar a chéile muid’ ach Agallamh i dteach ósta lá aonaigh.*<sup>740</sup>

Is ríspéisiúil gur aithníodh rian an agallaimh agus anáil an bhéil bheo ar an léiriú agus gur cáineadh ar a shon sin é. Luachanna cultúrtha agus tuiscintí eile ar fad ar an drámaíocht a bhí ag an moltóir. Saineolaí ba ea Micheál Ó hAodha ar thraidisiún drámaíochta na cathrach agus bhí leabhair scríofa aige ar stair Amharclann na Mainistreach agus drámadóirí an Bhéarla.<sup>741</sup> Ba iad na tuiscintí sin ar an dráma dea-dhéanta a leag sé anuas ar dhrámaíocht na Gaeltachta agus ba iad na critéir mheasúnaithe sin a stiúraigh a chinneadh. Níor aontaigh iriseoir *Ar Aghaidh* leis an gcáineadh a rinneadh ar *Mar a Chéile Muid* agus níor tháinig sé le sainmhíniú Uí Aodha ar an drámaíocht.

---

<sup>738</sup> ‘Connemara group wins drama cups,’ *The Irish Press*, 8.5.1961, 8.

<sup>739</sup> Cáipéisí an Oireachtais: MS G 1, 386/7, Comórtas 32.

<sup>740</sup> Mac Edbhard, ‘Cumann Lúithchleas Ghael – sreath chluiche Ceannais – Moltóirí’ *Ar Aghaidh*, Mí Mheadhoin 1961, 2. [Liomsa an bhéim.]

<sup>741</sup> Leabhair le Micheál Ó hAodha: *Plays and Places* (1961); *The Abbey – Then and Now* (1969); *Theatre in Ireland* (1974) *The O’Casey Enigma* (1980); *Picture at the Abbey: the collection of the Irish National Theatre* (1983); *The Importance of being Michael: A Portrait of Mac Liammóir* (1991); *Siobhán: a Memoir of an Actress* (1994). Féach <http://ainm.ie/Bio.aspx?ID=1709>.



Má's mar sin é céard é 'Dubhairt sé Dabhairt sé' agus ní drochdhráma é, ach 'Agallamh lá aonaigh 's bean a' díol ubhlaí ar chornéal sráide agus a' míadh ar Pháid Breathnach. An 'Fear Siúbhail' féin, nach 'Agallamh' é idir fear agus páiste agus a mháthair, ach go bhfuil a' dráma níos solamhanta má tá sé déanta go maith, rud a bhí sé an oidhche úd go cinnte. Ach má's mar sin é cá bhfuil a' dráma? Níl ann go fírinneach ach plot, plot a bhfuil caint nó agallamh sgríobhtha ann. Pé brí céir 'd é 'n dráma 's mara chéile moltóir agus moltóirí. 'S fíor go Seán Ó Coisdealbha é! Ach, ar mara chéile muid!<sup>742</sup>

Céard a bhí i ndráma ach 'plot a bhfuil caint nó agallamh scríobhtha ann'<sup>743</sup> dar leis.

### An Dea-chaint

B'í an chaint chraicneach sin agus an tráthúlacht mórbhua agus saintréith Uí Choisdealbha ina shaol agus a shaothar araon. Mar a shonraigh Denvir 'Tá sé de cháil ar Johnny go sileann an dea-chaint ina sruth buan as a bhéal agus ní taise dá pheann é.'<sup>744</sup> An dea-chaint agus an deisbhéalaíocht na tréithe ba thábhachtaí in aon dráma a bhí le léiriú sa Ghaeltacht, dar le Ó Coisdealbha.

Cad iad na tréithe is mó a theastaíonn i ndráma a léireofá i gConamara?

"Greann an rud is tábhachtaí," ar seisean – "rud eicint a bheith agat le rá agus é a rá go deas. Ní hé an rud a abraíonn tú ach an chaoi a n-abraíonn tú é – tráthúlacht (*wit*) agus saibhreas a bheith sa chaint. Ar an gcaint a mhaireann an Ghaeltacht – aon áit faoin tuath."<sup>745</sup>

Díol spéise an bhéim a leagann sé anseo ar thráthúlacht agus saibhreas cainte. Níorbh é an plota nó imeachtaí an dráma a thug taitneamh dá lucht éisteachta dar leis ach an chaint fhileata shaibhir féin. Tagraíodh go minic do bhua na cainte seo a bhí aige i léirmheasanna ar a chuid drámaí agus don phléisiúr a baineadh as nádúrthacht na cainte.

B'iontach an sult a bhain an lucht éisteachta as na leaganacha nádúrtha cainte a bhí ins an dráma.<sup>746</sup>

Tá buadh iomlán nádúrtha ag an úghdar ar nádúrtha agus an chaoi nádúrtha ar chuir sé an nádúrthacht sin a sgríbhinn.<sup>747</sup>

Bhain muid an-taitneamh as an dráma – spraoi agus togha aisteoireachta agus comhradh.<sup>748</sup>

An tréith is sunndasáighe agus is taitneamhaighe dá mbaineann leis, an comhrádh tráthúil, beodha, nádúrtha. Theastóchadh togha aisteoirí agus togha cainteoirí le é a léiriú. Bhí sé sin le fághail sa bhfuirinn a bhí ag Johnnie Chóil Mhaidhc nuair a léirigh sé fhéin an dráma – b'shin é an fáth gur

<sup>742</sup> Mac Edbhard, 'Cumann Lúithchleas Ghael – sreath chluiche Ceannais – Moltóirí,' *Ar Aghaidh*, Mí Mheadhoin 1961, 2.

<sup>743</sup> *Ibid.*

<sup>744</sup> Denvir, 'File an Phobail...', 52.

<sup>745</sup> Seán Ó Coistealbha ag Comhrá le Risteard Ó Glaise, *Inniu*, 17/24 Nollaig 1971, 9.

<sup>746</sup> 'Inis Mór Árainn,' *Amárach*, 23 Meitheamh 1967, 5.

<sup>747</sup> Mac Edbhard, 'Ortha na Seirce: Dráma nua trí-ghníomh ó Chois Fhairrge,' *Ar Aghaidh*, Bealtaine 1966, 1.

<sup>748</sup> 'Ortha na Seirce,' *Ar Aghaidh*, Aibreán 1966, 1.

líonadh – gur pacáladh – an Taibhdhearc nuair léirigheadh é agus gur líonadh hallaí eile nuair léirigheadh ionntu é.<sup>749</sup>

An abarthacht chéanna seo nó an dúil sa dea-chaint a stiúran a chuid drámaí ar fad.

**Séamas:**

Maise do chéad míle fáilte, a thráthúil go leor.

**Sorcha:**

Cén fáth go n-abrófá é sin, a Shéamuis Uí Loideáin?

**Séamas:**

Maise ar ndóigh, an rud is gaire don chroí is é is gaire don bhéal, a Shorcha.

**Sorcha:**

Is cosúil gurb í an bhíotáillte is gaire do do chroíse mar sin, a Shéamais, mar ba í ba ghaire do do bhéal nuair a bhí mé ag teacht faoin doras.<sup>750</sup>

An greann, an nathaíocht, na ‘one-liners’ seo is mó a thug pléisiúr don lucht féachana agus mhair cuid acu neamhspleách ar an dráma ansin i measc an phobail. Mar a shonraigh Denvir ‘Bíodh sé ina dhráma, ina agallamh nó ina dhán, ní bhíonn sé i bhfad go mbíonn píosa nua le Johnny i mbéal phobal sin a dhúchais.’<sup>751</sup> An chaint, an choimhlint agus an sciolladóireacht na buanna is mó atá le haithint ar an dráma *An tÉan Cuaiche* freisin agus tá an-chlisteacht ag baint leis na cora cainte ann. Ag tús an dráma feictear Seán ag clamhsán faoi ghortú a bhain dó i lár na hoíche – bhí buidéal uisce te ag a bhean sa leaba agus tháinig an corc as agus scalladh a dhroim. Is í Nóra atá breá ábalta aige san aishreagra cliste a chaitheann sí leis:

**Nóra:**

Agus má dhóigh sé féin thú nár mó Páis Críost ná é.

**Seán:**

Páis Críost! Dá mhéid dá ndeacha sé tríd níor dóigheadh é ar dóigheadh?

**Nóra:**

Níor dóigheadh ach marach é dhóighfeadh a chlann agus clann a chlainne agus mara bhfuil ag Dia – dóigte a bheas tusa mar mbreathnuighidh tú amach do t-anam.<sup>752</sup>

An abarthacht chéanna seo atá le haithint ar fhreagraí an tSúdaire agus é ag argóint le fear an Ósta in *Mar a Chéile Muid*:

**Peadar:**

Meas tú dá bhfeicfeadh Naomh Peadar an Leabhar sin.

---

<sup>749</sup> P. E. MacFh, ‘Ortha na Seirce,’ *Ar Aghaidh*, Lúnasa 1968, 5.

<sup>750</sup> Ó Coisdealbha, *An Tincéara Bui...*, 14.

<sup>751</sup> Denvir, ‘Aitheasc a tugadh...’, 20.

<sup>752</sup> Seán Ó Coisdealbha, ‘An tÉan Cuaiche,’ *Dráma neamhfhoilsithe*. G36, Miontuairiscí Scoileanna Éigse agus Seanchais, Ollscoil na hÉireann Gaillimh.

**Súdaire:**

Hep 'sh, dá bhfeicfeadh féin, níl idir mise agus na Flaithis ach £9 agus níl idir mé agus Teach na mBocht ach £3.

**Peadar:**

Agus níl tada idir tú agus amadán.

**Súdaire:**

Ó níl, níl ach an cuntar.<sup>753</sup>

Tagann an greann sna samplaí seo ar fad ní ó chleasaíocht fhisiciúil na n-aisteoirí ná ó ghothaí, geamaí ná gníomhartha na beirte, ach ó chlisteacht na cainte féin. Is í an iomaíocht cainte agus an tsáraíocht spráíúil idir beirt chainteoirí ábalta atá mar shaintréith an agallaimh chomh maith. In alt ar *flytings*, aighnis filíochta a cleachtaíodh in Albain ina mbíodh idir ghreann agus gháirsiúlacht in ionsaithe na bhfilí ar a chéile, phléigh W.H. Auden éifeacht an ghrinn sna véarsaí maslacha seo.

The comic effect arises from the contradiction between the insulting nature of what is said which appears to indicate a passionate relation of hostility and aggression, and the calculated skill of verbal invention which indicates that the protagonists are not thinking about each other but about language and their pleasure in employing it inventively. A man who is really passionately angry is speechless and can only express his anger by physical violence. Playful anger is intrinsically comic because, of all emotions, anger is the least compatible with play.<sup>754</sup>

Níl an cantal nó an tútachas greannmhar ann féin. Is sna hiarrachtaí a dhéanann na céilí comhraic an ceann is fearr a fháil ar a chéile agus ón láimhseáil nuálach chruthaitheach ar an teanga féin a fhuintear an greann. Tá an gliceas cainte seo atá idir shúgradh agus dáiríre i ndrámáí uilig Johnny agus, mar a léiríodh cheana, bhain sé leas as múnla an agallaimh go minic ina shaothar.

Fuarthas locht anois is arís ar phlotaí nó struchtúr dhrámáí Johnny, mar nár chloígh siad le foirm thraidisiúnta arastataileach, le tús, lár agus deireadh fuinte dea-dhéanta.<sup>755</sup> Díol spéise sa chomhthéacs sin tuairim Johnny féin i dtaobh na cumadóireachta. I gcomhrá le hiriseoir ón *Irish Times* sna hochtóidí d'áitigh sé arís gur chuma faoi phlota an dráma dá mbeadh an chaint féin go maith. Agus é ag labhairt faoin éileamh a bhí ann do dhráma nua sa Ghaeltacht, dúirt sé:

But it must be a new one with good dialogue. I don't mind about the plot so much because if the talk and crack is good there must be a plot in it. There's

---

<sup>753</sup> Ó Coisdealbha, 'Mar a chéile...', 203.

<sup>754</sup> WH Auden luaite in Douglas Gray, 'Rough Music: Some Early Invectives and Flytings,' *The Yearbook of English Studies*, Vol. 14, 21.

<sup>755</sup> 'Níl gearrdhrámáí Uí Choisdealbha saor ó locht ach oiread ina bplotaí. In *An Tincéara Bui* ní fheictear príomhphearsa an dráma ach ar feadh nóiméid ag an tosach agus arís ag an deireadh agus ní léir dúinn cén fáth go mbeadh Bríd i ngrá leis.' Ó Dochartaigh, 'Éigse an Bhéil...', 80.

a plot in every speech. You don't have to think a plot, just write and your wit'll take you anywhere – someone told me that once.<sup>756</sup>

Nuair a stáitsíodh *Ortha na Seirce* sa Damer in 1968, cháin léirmheastóir an *Irish Times* gnéithe éagsúla den léiriú, an aisteoireacht agus an claonadh chun galamaisíochta agus áibhéile ina measc, ach mar sin féin ba léir dó gur baineadh an-taitneamh as an dráma.

Some of the scenes go on far too long, like the Chaplin haircutting scene in the second act. Some of the voices are so muffled and faraway that you can barely overhear them. Some of the geáitsíocht is so exaggerated that it spoils the essential vigour of the play. *Yet the audience enjoyed these failures*, like players listening to Hamlet.<sup>757</sup>

I léirmheas ar *Ortha na Seirce* aithníodh go raibh claonadh ann dul ar seachrán ón bplota i ndrámáí Johnny, ach gur d'aon ghnó a rinneadh é. Ní locht an easpa struchtúir seo dar le Séamus de Bhilmot, óir d'fheil sé do shainriachtanais an lucht féachana.

Níl an insint chomh díreach in *Ortha na Seirce*. Téann an scéal ar seachrán uaireanta, ach ní i ngan fhios don údar é, déarfainn. Caithfear cuimhneamh gur údar ón nGaeltacht é Seán Ó Coisdealbha atá ag scríobh drámáí go profisiúnta le léiriú sa Ghaeltacht nó do mhuintir na Gaeltachta. Mar gheall ar sin is dóigh liom nach bhfuil sé faoi cheangal – agus é sin d'aon ghnó, dar liom – na ceardaíochta a ghabhann leis an dráma dea-dhéanta. Diríonn sé a aire i gcónaí ar an lucht éisteachta, ar mó acu saibhreas cainte ná gníomhaireacht...<sup>758</sup>

Díol suime ráiteas de Bhilmont gur don dea-chaint a tugadh tús áite i ndrámáí Gaeltachta agus gur seánra ann féin a bhí ann ar bhealach.

### ***Ortha na Seirce* agus traidisiún na béalairachta**

Dráma fada trí ghníomh a bhfuil lorg dhrámáí Uí Chathasaigh agus Synge le haithint air is ea *Ortha na Seirce*. Nuair a chuir Sáirséal agus Dill an leabhar *An Tincéara Bui* i gcló, chuir an t-eagarthóir Seán Ó hÉigeartaigh dornán leabhar chuig Johnny. 'Drámáí de chuid Sheán O'Casey a bhí iontusan: *The Plough and the Stars, Juno and the Paycock* agus *The Shadow of a Gunman*.'<sup>759</sup> Tá a rian sin le tabhairt faoi deara ar an gcéad dráma eile óna pheann, *Ortha na Seirce*, atá suite in aimsir na nDúchrónach agus a phléann le cúrsaí cogaíochta, brathadóireachta agus leis an mbás. Cé go bhfuil cúrsaí polaitíochta go mór i gceist sa dráma, is ón mbéaloideas a thagann bunsmaoineamh an dráma, ortha an ghrá. Moladh an meascán seo de réalachas agus béaloideas nuair a léiríodh an dráma sa Damer.

---

<sup>756</sup> Elgy Gillespie, 'In the Footsteps of Raftery,' *The Irish Times*, 17.7.1981, 8.

<sup>757</sup> Dominic O'Riordain, 'Mixture of Folk and Realism at Damer' *The Irish Times*, 2.3.1972, 10.

<sup>758</sup> Séamus de Bhilmot, 'Éagsúlacht Drámadóireachta,' *Feasta*, Nollaig 1968, 33.

<sup>759</sup> Risteard Ó Glaisne, 'Seán Ó Coisdealbha ag Comhrá le Risteard Ó Glaisne,' *Inniu*, 17/24 Nollaig 1971, 9.

It is a mixture of folk, realism and literature ... In this play songs and folklore intermingle; comment is juxtaposed with a sort of creative bawdiness; and rhythm of language combines with that sense of almost monosyllabic urgency that human situations create.<sup>760</sup>

Cumadh an dráma seo do phobal ar leith, mar a pléadh cheana, agus ní i gcónaí a d'éirigh leis an dráma dul i bhfeidhm ar lucht féachana cathrach. Díol spéise cuntas Denvir ar na deacrachtaí a bhain leis an dráma a léiriú i mBaile Átha Cliath, agus deacrachtaí tuisceana an lucht féachana ach go háirithe.

... Ghlac mé féin páirt roinnt blianta ó shin i ndráma Johnny Chóil Mhaidhc, *Ortha na Seirce*. Léirigh muid i Ros Muc agus ar an Tulach é agus, mar is dual do dhrámaí Johnny, bhí an dá lucht éisteachta sna trithí againn ó thús deireadh. Léirigh an fhoireann chéanna an dráma céanna sa Damer i mBaile Átha Cliath go gairid ina dhiaidh agus thit muid ar ár dtóin. Níor bhain muid oiread agus gáire amach i gcaitheamh an léirithe. Ní hamháin go raibh deacrachtaí áirithe teanga nó canúna ag an lucht éisteachta cathrach, ach níor thuigeadar bunchloch an dráma, na tuiscintí neamhráite a bhíos ag pobal air féin agus nach gá a mhíniú arae déantar talamh slán díobh.<sup>761</sup>

Bhí Johnny Chóil Mhaidhc sa dráma seo ag tarraingt ní hamháin ar thuiscintí ón mbéaloideas, faoi phiseoga, orthaí agus an mhallacht a ghabhann leo ach bhain sé leas as véarsaí ó thraidisiún na béalaireachta chomh maith. Sníomhtar an ortha féin isteach i gcorp an dráma, agus baintear an-adhmad as iarrachtaí an bhaitisiléara Tom, ar fhoclaíocht na hortha a chur de ghlan mheabhair.

**Séamas:**

Ortha na Seirce agus í a thíocht ón gcroí.

**Tom:**

Ortha na Seirce agus í a thíocht ón gcroí.

**Séamas:**

Le searc, le gean is le gnaoi.

**Tom:**

Le searc, le gean is le gnaoi.

**Séamas:**

Le mórtas is meas faoi dhíon do thí.

**Tom:**

Le mórtas is meas faoi dhíon do thí.

**Séamas:**

Gan stop, gan stad, beidh sí agat mar mhnaoi.<sup>762</sup>

Baintear leas as gné eile de traidisiún na béalaireachta sa dráma, mar atá, an t-amhrán saothair. Tosnaíonn an dara radharc den dara gníomh le Tom agus Áine ag ramhrú

---

<sup>760</sup> Dominic O’Riordain ‘Mixture of Folk and Realism at Damer,’ *The Irish Times*, 2.3.1972, 10.

<sup>761</sup> Gearóid Denvir, ‘An Béal Beo: Filíocht Bhéil Chonamara Inniu,’ *Léachtaí Cholm Cille XIX*, (Maigh Nuad: An Sagart, 1989) 211.

<sup>762</sup> Seán Ó Coisdealbha, *Ortha na Seirce* (Baile Átha Cliath: Sáirseál agus Dill, 1968) 63.

bréidín agus ag gabháil fhoinn. Tá Séamas agus Seán ‘ag casadh súgán tuí’ chomh maith agus an t-amhrán ‘Anonn is anall leis an mbréidín’ acu go léir. Tá idir ghníomhaíocht agus cheol sa radharc seo agus tugtar léargas ar thraidisiún an amhráin oibre chomh maith. Feictear Tom agus Áine agus iad cosnócha agus ‘*an bréidín eatarthu agus iad ag ciceáil go dian in aghaidh a chéile.*’<sup>763</sup> Coinnítear rithim na hoibre leis an amhrán agus cabhraíonn sé freisin ‘le hardú meanman agus dea-aoibh a chur ar an mbuíon oibre,’<sup>764</sup> mar a deir Ó Madagáin. Feictear máthair Tom agus í ag doirteadh steille den ‘Seanmháistir’ ar an mbréidín agus faightear léargas ar ghnás a bhain le gnáthshaol mhuintir na tuaithe agus an úsáid a baineadh as an stéamar nó maothachán le héadaí a ní, ‘chuirte an snáithín olla ar bogadh ann chun an tuar a bhaint as agus níte an anairt ann chun í a ghealadh. Níte éadaí leis ann.’<sup>765</sup>

Ba ghnách le daoine véarsaí *extempore* a chumadh don amhrán oibre agus ba mhinic cúrsaí grá á bplé. I gcuntas le Tomás Ó Broin deir sé gur bhain saoirse áirithe leis na lúibíní a chumtaí agus gur thug sé cead cainte do dhaoine labhairt ar chúrsaí cleamhnais. ‘Ar chúrsaí grá is cleamhnaisí is mó labhróidís. Bheireadh an lúibín ligean dóibh le leidí agus goineóga a thabhairt dá chéile.’<sup>766</sup> Tréith aitheanta is ea í seo de chuid na litríochta béil. Déantar díphearsanú ar an teachtaireacht trí mheán na filíochta agus bronnann an meán féin saoirse áirithe ar an amhránaí a cheadaíonn plé oscailte ar bhealach atá inghlactha ag an bpobal. Is de dhlúth agus d’inneach thraidisiún na béalaireachta é seo agus tá plé déanta ag Ruth Finnegan air.

The convention by which things can be said in a poetic medium that could not be uttered in a more ‘direct’ form, is a widespread and interesting one. It is as if expression in poetry takes the sting out of the communication and removes it from the ‘real’ social arena. And yet, of course, it does not – for the communication still takes place. It is a curious example of the conventions that surround various forms of communication in society, where, even if the overt ‘content’ remains the same, the form radically affects the way it is received – whether or not it is regarded as a confrontation, for example.<sup>767</sup>

Tá an bua seo ag an amhrán saothair in *Ortha na Seirce* áit a labhrann Tom go hoscailte faoin ngrá atá aige d’Áine, cé nach ligean an chúthail dó labhairt léi in aon chor sa ‘ghnáthshaol.’

**Tom:**

Mo ghrá thú, a stór, tá an cheird a’ d thar barr,

<sup>763</sup> *Ibid.*, 75.

<sup>764</sup> Breandán Ó Madagáin, *Caointe agus Seancheolta Eile: Keening and other Old Irish Musics* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2005) 27.

<sup>765</sup> Pádraig Ó Héalaí, ‘Béaloideas an linbh ar an mBlascaod,’ *Léachtaí Cholm Cille XXII*, (Maigh Nuad: An Sagart, 1992) 88.

<sup>766</sup> Tomás Ó Broin, luaite in Ó Madagáin, *Caointe agus Seancheolta...*, 29.

<sup>767</sup> Ruth Finnegan, *Oral Poetry: Its nature, significance and social context* (Cambridge: Cambridge University Press, 1977) 224.

Is ciceáil go láidir's go tréan é,  
Beidh pluideanna bán dár gclúdach ar ball  
Agus iad gearrtha as ceann an bhréidín.

**Uilig le chéile:** Anonn is anall 7rl.

**Tom:**

Beidh Nóra a'inn is Cáit, Taimín is Seán,  
Cóilín is Séamas is Brídín,  
Beidh sult agus greann ag gach a mbeidh ann,  
Is tabharfaidh mé lánsearc mo chroí dhóibh.<sup>768</sup>

Mar a sonraíodh cheana, bhí drámaí Johnny préamhaithe i saol a mhuintire, i saol na béalairachta agus béascna agus gnásanna an phobail léirithe go paiteanta iontu. Luadh gur fearr a tuigeadh na drámaí seo ina gcomhthéacs ceart sóisialta féin agus le lucht féachana ar leith, pobal Chonamara ach go háirithe. Ar ndóigh theastódh cliar ar leith nó aisteoirí ar leith freisin le drámaí Johnny a stáitsiú. Ní go rómhaith a d'éirigh le foireann as Béal Feirste mar shampla *Ortha na Seirce* a léiriú go sásúil in 1970. Is cosúil go raibh deacracht ar leith ag baint leis an amhrán saothair, nuair nach raibh a leithéid sa dúchas acu nó nuair nár tuigeadh b'fhéidir conas a leithéid a dhéanamh.

Ní go ró-mhaith a d'éirigh le muintir Bhéal Feirste *Ortha na Seirce* a léiriú, cé go raibh aisteoir amháin a raibh Gaedhilge nádúrtha, so-thuigte aige. *Shilféa nár thuigeadar céard a bhí i gceist le reamhrú an bhréidín. D'fhágadar an t-amhrán ar lár.* Ní thiocfhainn leis an moltóir ar chor ar bith, ámhthach, nach dráma maith an dráma féin. Thar éis an tsaoghail, cuspóir dráma taithneachtáil le lucht éisteachta, ní h-é marcanna fhaghail ó mholtóir. Nuair a léirigh fuireann as Cois Fhairrge 'Ortha na Seirce' i nGaillimh lion siad an Taibhdhearc. Cé mhead de dhrámaí na Taibhdheirce fhéin a raibh sé sin le rádh fúthu?<sup>769</sup>

Díol suime go dtagraítear arís don deighilt idir dráma dea-dhéanta de réir chritéir an mholtóra, agus drámaí a thaithníonn leis an bpobal féin, nó le pobal na Gaeltachta ach go háirithe.

Mar a pléadh, áitíodh go minic in aimsir na hAthbheochana agus, go deimhin, i ndiaidh bhunú an Stáit go bhfásfadh drámaíocht dhúchasach ón nGaeltacht féin agus ó thraidisiún béil na Gaeltachta, nuair a thiocfadh drámadóir de bhunadh na Gaeltachta ar an bhfód.<sup>770</sup> Ba dhrámadóir Gaeltachta é Johnny Chóil Mhaidhc agus féachadh sa chaibidil seo le tionchar na béalairachta ar a shaothar amharclainne a aithint agus a thomhais. Is léir ón iniúchadh a rinneadh gur bhain sé an-earraíocht as na healaíona béil ina shaothar agus gur tharraing sé ar ghnéithe d'ealaín an agallaimh ach go háirithe ina dhrámaí amharclainne.

---

<sup>768</sup> Ó Coisdealbha, *Ortha na Seirce...*, 77.

<sup>769</sup> 'Féile Drámaidheachta na nIolsgoil,' *Ar Aghaidh*, Aibreán 1970, 5.

<sup>770</sup> Féach, mar shampla ráitis Shéamuis Uí Ghrianna ar an gceist seo, a pléadh ag tús na caibidle.

# *Caibidil 6*

## **Scoileanna Éigse agus Seanchais na Gaillimhe**

*Gabhaim pardún, a fhile, nó a thaise de dhuine,  
An bhfuil do thriall siar go Scoil Éigse?  
Beidh buille in aghaidh buille agus file in aghaidh file,  
Is gabhfaidh an bheirt againn i gcúnamh a chéile...<sup>771</sup>*

---

<sup>771</sup> Johnny Chóil Mhaidhc, 'Raiftearaí agus an File,' *Buille Faoi Thuairim Gabha* (Indreábhán: Cló Iar-Chonnachta, 1987) 69.



Bhláthaigh gluaiseacht liteartha, chultúrtha agus shóisialta i nGaeltacht na Gaillimhe sna caogaidí a chothaigh an t-agallamh beirte mar shainfhoirm liteartha agus a chuir ardán rialta ar fáil le hagallaimh nuachumtha a chur i láthair an phobail. Gríosáíodh glúin úr cumadóirí le dul i mbun ceapadóireachta agus tháinig forbairt ar thaibhléirí na n-agallamh. Breathnófar sa chaibidil seo ar ról na Scoileanna Éigse i bhforás na n-agallamh beirte agus déanfar iniúchadh ar shaintréithe agus ar phríomhthéamaí an tseánra i mblianta rathúla na gluaiseachta, caogaidí, seascaidí, seachtóidí agus ochtóidí an chéid seo caite.

Cuireadh tús le scéim na Scoileanna Éigse in 1955, faoi stiúir Choiste Oideachais Ghairme Beatha Chontae na Gaillimhe. Bhí an eagraíocht úr seo bunaithe ‘ar shompla Dhámh-Sgoil Mhúscaidhe Uí Fhloinn’<sup>772</sup> a bhí ina fhóram liteartha tábhachtach i nGaeltacht Chorcaí ó bunaíodh é in 1925.<sup>773</sup> Moladh saothar na Dámhscoile sin sna dachaidí agus dúradh gur cheart a leithéid a dhéanamh i nGaeltachtaí eile na tíre. ‘Is maith an sompla atá dá thabhairt ag muinntir Cúil Aodha dho na Gaedhealtachtaí eile. Chuile cheann acu, tá na filí le fághail ann.’<sup>774</sup> Bunaíodh dámhscoileanna i bparóistí éagsúla ar fud na Gaeltachta agus as sin amach thionólaí Ollchruinniú na Scoileanna Éigse uair sa bhliain ar Dhéardaoin Deascabhála le cumadóireacht na mball a chur i láthair, léirmheastóireacht a dhéanamh agus duaiseanna a bhronnadh.<sup>775</sup> Bhain ilghnéitheacht le clár oibre na Scoileanna Éigse, agus thugadar faoi sheanchas áitiúil a bhailiú agus nuacheapadóireacht a spreagadh, ‘drámaí beaga, agallmha beirte, filidheachta, díosbóireachtaí, gearrscéalta.’<sup>776</sup> Gluaiseacht liteartha í seo a bhí préamhaithe i gcumadóireacht thraidisiúnta an phobail agus páirteach ann bhí ‘feirmeoirí, iascairí agus mná tí,’<sup>777</sup> ach go háirithe iad siúd a raibh cáil na deisbhéalaí orthu.

Toghtar baill na sgoil ó ghnáthmhuintir na háite, *go h-áirid iad siúd a bhfuil cáil orthu mar chainnteoirí, mar chumadóirí nó mar sgríbhneoirí*. Ní uimhreacha móra a bhíonn dá lorg acu, ach mianach maith, i ndream beag piochta. Bíonn leabhar mhiontuairisgí acu agus leabhar mór na ceapadóireachta.<sup>778</sup>

Tugann na leabhair mhiontuairisgí úd éachtaint dúinn ar mhodh oibre agus cur chuige na Scoileanna Éigse maidir leis na hagallaimh a chumadh. Ba ghnách le Scoil Éigse

<sup>772</sup> ‘Ollchruinniú na Scoileanna Éigse,’ *Ar Aghaidh*, Iúil, 1965, 2.

<sup>773</sup> Féach Liam Ó Dochartaigh, ‘Éigse an Bhéil Bheo: Saothar Sheáin Uí Choisdealbha’ *Scríobh* 2, 77.

<sup>774</sup> ‘Dámh Sgoil Mhúscaidhe,’ *Ar Aghaidh*, Eanáir 1941, 4.

<sup>775</sup> Féach Tráchtas MA neamhfhoilsithe Lisa Ní Fhlatharta, *Scoileanna Éigse agus Seanchais Ghaeltacht na Gaillimhe* (OÉG, 2005) le plé ar bhunú, riaradh agus forbairt na scéime. Bunaíodh dámhscoileanna ‘ar an gCearthrú Rua, i Ros Muc, in Inis Mór Árann, Corr na Móna, Mearaí, Tamhain, Carna, An Tulach, Na hAille, An Carn Mór, Baile an Chláir agus Lisín na hAillte,’ 4.

<sup>776</sup> ‘Cabarets Éigse na Gaedhilge,’ *Ar Aghaidh*, Aibreán 1956, 4. [Liomsa an bhéim.]

<sup>777</sup> ‘Ollchruinniú na Scoileanna Éigse,’ *Inniu*, 28.4.1967, 4

<sup>778</sup> ‘Cabarets Éigse na Gaedhilge,’ *Ar Aghaidh*, Aibreán 1956, 4.

agus Seanchais Bhaile Chláir na Gaillimhe na hagallaimh a chumadh i bpáirt mar shampla:

2/12/1965 Ina dhiaidh sin pléidheadh moltaí faoi agallamh beirte. Ceapadh gur rí-fheiliúnach an t-ábhar a mhol S. Ó Coincheanainn – “Óglach agus Gasúr Óg.” D’iarr an stiúrthóir ar na baill bheith ag iarraidh an t-agallamh sin a cheapadh agus go ndéanfaí léirmheas ar na hiarrachtaí ag an gcéad chruinniú eile.<sup>779</sup>

Gréasán a bhí sna Scoileanna Éigse a ghríosaiigh cumadóirí ní hamháin le hábhar nua a cheapadh ach a d’fhéach le hanailís agus léirmheastóireacht a dhéanamh ar an saothar chomh maith. D’fhéach Scoil Éigse agus Seanchais Bhaile Chláir na Gaillimhe, mar shampla, le hinspioráid a fháil d’ábhar agallaimh ó shaothar na ngrúpaí eile.

22/3/1967 Pléadh ceist agallamh beirte a cheapadh. Rinneadh go leor cainte faoi ábhair a bheadh feiliúnach agus socraíodh tabhairt faoi cheann a cheapadh amach anseo. Ní bheadh aon cheann réidh faoi chomhair an Ollchruinnithe, áfach. Léigh an stiúrthóir na hagallaimh a ceapadh i dTamhan, Carn Mór mar threoir agus mar chabhair. Rinneadh léirmheas orthu siúd.<sup>780</sup>

Dhéantaí cleachtadh freisin ar chur i láthair na n-agallamh roimh an Ollchruinniú ach go háirithe.

Ansin cleachtaíodh an t-agallamh beirte “Sagart agus Meisceoir” faoi chomhair an Ollchruinnithe.<sup>781</sup>

30/10/1968 Caitheadh tamall ag cleachtadh an agallaimh idir Ph. Ó hÉanacháin agus Tomás Mac Uailtéir (le haghaidh Fheis Cheoil an Iarthair) Tugadh faoi deara go raibh feabhas mór ar an “tabhairt amach” ó tugadh amach an t-agallamh ag Ollchruinniú 1968.<sup>782</sup>

Thagair Seán Ó Gaora, a bhí mar mhúinteoir Gaeilge agus mar stiúrthóir ar Scoil Éigse na Ceathrún Rua, don chleachtadh a rinneadh ar léiriú an agallaimh go speisialta: ‘Rinne an múinteoir Gaeilge agus na hiarrthóirí cleachtadh urlabhraíochta agus teacht i láthair, go háirithe leis na hagallaimh bheirte’.<sup>783</sup> Sa léirmheastóireacht a rinneadh ar agallaimh na n-iomaitheoirí ag an Ollchruinniú, tugadh comhairle faoin stíl aithriseoireachta ab fheiliúnaí dá leithéid. Níor oir rannaireacht neafaiseach nó aithriseoireacht shaorga don agallamh, dar leis an Athair Eric Mac Fhinn.

Faoin agallamh beirte, bhíomar thar a bheith sásta le chuile iarracht. Na rudaí is mó atá le cur san áireamh – nádúracht agus ceolmhaireacht na cainte, agus bhí sé sin le fáil go háirithe insna hiarrachtaí is fearr. Filíocht atá insan agallamh, nó a bhí ar a laghad a bhí insna hiarrachtaí a bhí againn anocht,

---

<sup>779</sup> LS G36 11, Leabhar Mhiontuairiscí Bhaile Chláir na Gaillimhe, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

<sup>780</sup> *Ibid.*

<sup>781</sup> *Ibid.*

<sup>782</sup> *Ibid.*

<sup>783</sup> In agallamh le Lisa Ní Fhlatharta, *Scoileanna Éigse agus Seanchais Ghaeltacht na Gaillimhe* (OÉG, 2005) 5-6.

filíocht ach comhrá san am céanna. Ba cheart chuige sin go mbeadh an véarsaíocht de ghlanmheabhair, sílim, is locht é más éigean do dhuine léitheoireacht a dhéanamh in agallamh beirte. B'fhearr go mór mar sin na daoine go raibh an véarsaíocht de ghlanmheabhair acu. Ach san am céanna, ní ceart an véarsaíocht, ó tharla gur comhrá í, ní ceart í a bheith ar nós paidir, mar a déarfá, tá súil agam nach cineál lochtú ar phaidreacha é sin, ach an rud atá i gceist agam, nach ceart é a bheith ar nós rud atá de ghlanmheabhair agat le fada an lá. Ní ceart go mbeadh sé ar nós na ndánta, cuir i gcás, ar scoil. Ba cheart go mba véarsaíocht, ach véarsaíocht dheas nádúrtha, ar nós dá mbeadh beirt in ann caint le chéile sa bhfilíocht.<sup>784</sup>

Ba mhinic tagairtí don stíl aisteoireachta nádúrtha seo sna tuairiscí a foilsíodh in *Ar Aghaidh*, 'Bhí an chainnt go nádúrtha, soiléir acu – an chainnt go ceolmhar ag an gcailín agus go spreachamhail ag an mbuachail.'<sup>785</sup> 'Aithriseoireacht cheolmhar agus bhéarsaidheacht chliste, taithneamhach.'<sup>786</sup> 'Bhí an chainnt go ceolmhar, soiléir agus togha aisteoireachta acu.'<sup>787</sup> Aithníodh go raibh bua nó scil ar leith ag daoine áirithe an t-agallamh a chur i láthair agus tugadh an-mholadh do Johnny Chóil Mhaidhc go minic as a chumas aisteoireachta agus an bua a bhí aige spiorad agus brí na caismirte a chur trasna.

Cuireadh tús leis an bhFéile le Agallamh Beirte. Bhí foireann ó gach Dáimhscoil san iomaíocht. D'fhéadfeá a rá go raibh sé ina chailicéarach agus ina choimhlint ghéar. Sé Seán Ó Coistealla as Indreabhán a thug an chraobh leis san agallamh seo agus ní inniu ná inné a thosaigh Seán ag baint duaiseannaí amach. Tá clú agus cáil bainte amach aige mar aisteoir stáitse agus ní bréag ná magadh nach bhfuil bua na cailicéarachta agus na haisteoireachta ó nádúr ceart ann.<sup>788</sup>

De réir a chéile tugadh isteach frapaí chomh maith i dtaibhléiriú na n-agallamh 'Bhíodh an bradán ag an bpoitsealaí, an pota gliomach ag an iascaire agus mar sin de.'<sup>789</sup> I dtuairisc ar ollchruinniú na bliana 1968, rinneadh cur síos ar fhearais stáitse agus giúrléidí leighis a bhí in úsáid in agallamh idir Dochtúir agus Othar. 'Bhí an-mhuinghin ag an othar as an dochtúir beag catach. Agus go deimhin thiubharadh an bord agus an buidéal agus an steiteascóip misneach do dhuine ar bith.'<sup>790</sup> Rinneadh léiriú físiúil den allagar cainte, le gluaiseacht, prapaí agus go deimhin seit iomlán ar uairibh mar chuid den taispeántas.

Chuir na hagallaimh a cumadh faoi scáth na Scoileanna Éigse i láthair, ní hamháin ag an Ollchruinniú bliantúil, ach ag feiseanna, aeraíochtaí agus ócáidí sóisialta eile sa phobal. Tagraíodh, mar shampla i dtuairisc ar aeraíocht i Ros Muc in 1961, don phléisiúr a bhain an lucht éisteachta as na hagallaimh a léiríodh mar chuid de

---

<sup>784</sup> Moltóireacht 1958. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>785</sup> 'Ollchruinniú na Sgol Éigse,' *Ar Aghaidh*, Meitheamh 1958, 6.

<sup>786</sup> *Ar Aghaidh*, Meithimh 1969.

<sup>787</sup> *Ar Aghaidh*, Mí Mheadhón 1967.

<sup>788</sup> 'Féile Eigse is Seanchais ag Cnoc na hAille,' *Inniu*, 29.5.1959, 2.

<sup>789</sup> Seán Mac Íomhair in agallamh le Lisa Ní Fhlatharta, *Scoileanna Éigse agus Seanchais Ghaeltacht na Gaillimhe* (OÉG, 2005) 20.

<sup>790</sup> 'Ollchruinniú na Sgol Éigse,' *Ar Aghaidh*, Mí Mheadhoin 1968, 4.

shiamsaíocht na hoíche. Tugadh suntas ar leith d’fhileatas agus ceolmhaireacht na cainte sa dá agallamh.

Ba léir go mba as na hAgallmha beirte ba mhó a bhain an lucht éisteachta taitneamh. Agus thioctha leis an lucht éisteachta – pé sgéal, b’iad na breithimh ab fhearr. Bhain siad an-spraoi as an ‘Athair’ agus an ‘Mac’ agus as an g‘Ceannaidhe’ agus an ‘Táilliúr.’ Agus bhí ceol na cainte ann chomh maith leis an ngeann. Duine uasal ón nGearmáin a bhí i n-aice liom, a bhí ag éisteacht go cúramach, cé nach bhfuil Gaedhilge aige, thug sé faoi deara rithim agus ceol na bhéarsaigheachta.<sup>791</sup>

Ní hamháin gur baineadh an-phléisiúr as taispeántas beo na n-agallamh, bhí an lucht éisteachta iad féin rannpháirteach san insint, sa mhéid is gur spreagadar na haisteoirí le taibhléiriú fuinniúil spráíúil a thabhairt agus iad ag spochadóireacht ar a chéile. Tá plé déanta ag Finnegan (1988), Ó Laoire (2002) agus Denvir (2010) ar pháirtíocht an lucht éisteachta i láithriú na n-ealaíon béil. Mar a shonraigh Ó Laoire sa phlé a rinne sé ar thraidisiún amhránaíochta Thoraí, ‘Ní healaín go láithriú’<sup>792</sup> agus ní mór an comhthéacs sóisialta ina ndéantar taibhléiriú ar na healaíona béil a thógaint san áireamh san anailís. Imríonn na héisteoirí tionchar ar an léiriú sa mhéid is go múnlaíonn agus go gcruthaíonn na reacairí an ‘téacs’ as an nua le gach insint, agus iad a freagairt do chomhthéacs a láithrithe. Mar a deir Finnegan:

While every poet is to some extent influenced by expectations of the public’s reaction, the *oral* composer experiences this most directly. Each piece of oral literature is realised in its actual performance and – the relevant point here – before a particular audience. It is directly influenced, and this moulded, by the audience as well as by the composer.<sup>793</sup>

Ní hagallamh go léiriú, agus ní hionann an ‘téacs’ lom a mhaireann i ndiaidh an taispeántais agus an ealaín bheo. Tugann tuairisc ar fheis sa Cheathrú Rua in 1958 éachtaint dúinn ar ghnéithe éagsúla den léiriú beo poiblí seo agus tagraíonn sé ach go háirithe don chomhoibriú, don chomhpháirtíocht agus don chomhthuisicint idir reacairí agus éisteoirí, a bhí mar chloch choirnél ag an léiriú.

Dá fheabhas iad na buidheanta ceoil, na h-amhránaidhthe agus na daimhseoirí, *an rud ab fhearr a thaithnigh leis an lucht éisteachta*, sílim, an tAgallamh Beirte faoin leictreachas – an cailín óg a’ moladh an leictreachais agus an tseanbhean ghá freagairt ‘Muide rinne muid obair sul má cuimhnigheadh ar leictreas.’ *Bhain an lucht éisteachas an-spraoi as, agus ar ndó ghríosaigh sé sin na cainteoirí tuille fós.* ‘Thiubhradh sé sgíth dho do chrámha’ dubhairt an cailín óg. Ach níor leig an tseanbhean léi é. B’í bhí i ndon cur síos ar an gcostas maireachtála – ‘punt ar an nadhlán’ agus mar sin de, agus ‘ní beag linn an budget a shíl muid a chriogadh.’ Ainneoin go

---

<sup>791</sup> ‘InGairm-Sgoil na bPiarsach,’ *Ar Aghaidh*, Lúnasa 1961, 7.

<sup>792</sup> Lillis Ó Laoire, *Ar Chreag i Lár na Farraige: Amhráin agus Amhránaithe i dToraigh* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2002) 56.

<sup>793</sup> Ruth Finnegan luaite in Gearóid Denvir, *Sé an Saol an Máistir: Filíocht Learaí Phádraic Learaí Uí Fhíneadhá* (Indreabhán, Cló Iar-Chonnacht, 2010) 355.

ndubhairt an bhean óg go dtiocfa an aibhléis ‘má bhíonn ainm gach duine sa gcomhaireamh’ níor éirigh léi an tseanbhean a thabhairt léi.<sup>794</sup>

Cumadh agus láithríodh os cionn dhá chéad agallamh faoi scáth na Scoileanna Éigse, rud a fhágann *corpus* substaintiúil téacsanna agus taifeadtaí le hiniúchadh a dhéanamh ar phríomhchiútaí, ar shaintréithe agus ar théamaí na n-agallamh. Is féidir bunáite na n-agallamh a rangú go téamúil sna catagóirí seo a leanas – agallaimh ina ndéantar cíoradh ar an gcodarsnacht dhénártha idir dhá rud (beo nó teibí) nó tíopaí aitheanta sa phobal; agallaimh ina gcuirtear an seansaol i gcomórtas leis an saol nua-aimseartha; agallaimh faoi chúrsaí grá agus cleamhnais; agallaimh faoi chúrsaí polaitíochta agus teanga nó díospóireachtaí ar chúrsaí na huair. Breathnófar chomh maith ar ghné na hidirtheacsúlachta agus síortharraingt na bhfilí ar ábhar ó thraidisiún na béalairachta sa chumadóireacht. Déanfar iniúchadh freisin ar na teicnící agus ciútaí liteartha éagsúla a úsáidtear sna hargóintí.

### Argóintí Dénártha

Ceapadh go leor agallamh inar baineadh adhmaid as an gcodarsnacht dhénártha idir dhá rud nó idir steiréitíopaí traidisiúnta. An choimhlint idir maith agus olc, fir agus mná, críonnacht agus baois, an fhírinne agus an bhréag, talamh agus uisce, tuath agus cathair, mar shampla atá mar bhunchloch ag na hagallaimh seo go léir. Is iad na céilí comhraic chéanna a fheicimid i gcuid mhaith de na hargóintí, agus ó thaobh na carachtrachta, cloítear le tíopaí aitheanta an bhéaloidis - an feirmeoir críonna, an tincéir drabhlásach, an bádóir fearúil, an táilliúir meata, an cailín óg álainn, an seanfhear suarach sprionlaitheach. Murab ionann agus cúrsaí nualitricíochta i gcoitinne, ní gá gur locht é an easpa doimhneachta seo sa charachtracht san agallamh, óir is mó de dheighilt a chruthaítear eatarthu muna ngéilleann siad dá chéile in aon chor san argóint. Más geall le comparáid idir dubh is bán é, agus rannpháirtithe an aighnis iomlán difriúil óna chéile, is mó de theannas a chothaítear sa choimhlint eatarthu. Is de nádúr na béalairachta<sup>795</sup> agus de nádúr na Gaeilge an tuiscint dhénártha seo ar an saol, agus an ceangal nó gaol a shamhlaítear idir focail nó coincheapa contrártha – sonas agus donas, saoi agus daoí, sólas agus dólás, suáilce agus duáilce, soineann agus doineann, saibhir agus daibhir, thuas agus thíos, uasal agus íseal. Cuirtear na céilí seo in adharca a chéile sna hagallaimh idir ceantair agus slite beatha éagsúla – ‘Fear Sléibhe agus Fear an Chladaigh’,<sup>796</sup> ‘Fear na Tíre agus Fear na Cathrach’,<sup>797</sup> ‘An Mairnéalach agus an

---

<sup>794</sup> ‘Sa gCeathramhain Ruaidh,’ *Ar Aghaidh*, Iúil 1958, 3. [Liomsa an bhéim.]

<sup>795</sup> Féach anailís Levi-Strauss ar an gcoimhlint dhénártha i scéalta béaloidis. M.sh. Claude Levi-Strauss, *Structural Anthropology* (New York: Anchor Books, 1967)

<sup>796</sup> Piaras Ó Conaire, Taifeadadh fuaime ó Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1957, Cartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35. I gcló in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 120-5.

<sup>797</sup> Curtha i láthair ag Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1958. Seán Ó Coisdealbha, *An Tincéara Buí agus dréachtaí eile* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1962) 55-60.

Táilliúir,<sup>798</sup> ‘An Feirmeoir agus Bean an Bhádóra,’<sup>799</sup> ‘Táilliúir nó Bádóir?’<sup>800</sup> ‘An Feilméir agus An Bádóir,’<sup>801</sup> ‘Fata Árann agus Fata an Achréidh,’<sup>802</sup> ‘Fear na Cathrach agus Fear Chonamara,’<sup>803</sup> ‘An tIascaire agus an Feilméir,’<sup>804</sup> ‘An Feilméir agus an Múinteoir,’<sup>805</sup> ‘An tÁrainneach agus Fear Chonamara,’<sup>806</sup> ‘An Choirleach agus an Chniotáil.’<sup>807</sup> Bíonn na hargóintí seo réasúnta cothrom agus an dá phearsa ag maíomh as saibhreas a gceantair féin agus ag caitheamh anuas ar shlí beatha a gcomrádaí eile san aighneas.

**Fear sléibhe:**

Ní fear ar bith ón Achréidh mé, ach is cuid d’fhir an tsléibhe mé;  
Nach furasta aithint ar mo dhreach é is ar na héadaí atá ar mo dhroim.  
Tá cuma bia is beatha orainn, ní fearacht lucht na gIcadach é,  
Tá mairteoil agus caoireoil againne is an blogam crua le n-ól.

**Fear ón gIcadach:**

Ná bí ag iarraidh bheith ag magadh fúm ná ag caitheamh anuas ar chladóirí,  
Ná ar lucht saoraithe na farraige atá amuigh ’siúl oíche is ló,  
A’ saothrú a gcuid airgid ag iascach ‘s a’ díol feamainne.  
Tá airgead sa mbainc acu is ní ghlacfaidís an *dole*.

**Fear sléibhe:**

Níl aon mhaith dhuit bheith ag argóint ná ag áibhéil faoi na cladaí seo,  
Mar níl deis agaibh le maireachtáil ná rud ar bith dhá shórt;  
Ach amuigh sa tír seo againne tá caoirigh, beithigh is capaill ann,  
Tá mairteoil is bagún ann is portaigh lena ló.

**Fear ón gIcadach:**

Stop do chuid seafóide nó is gearr go dtiocfaidh ‘sleaic’ orm,  
Ag inseacht dhom faoi laghortaigh nach gothódh aon rud beo,  
Ach giorrachaí is naoscanna agus froganna ina bhfianaise.  
Níl bainne ag bó ná caora ann ach iad dhá gcailleadh le brios brún.<sup>808</sup>

Samhlaíonn fear an tsléibhe bochtanas agus leisciúlacht le muintir an chladaigh agus is beag meas atá ag fear an chladaigh ar thailte agus ar shaibhreas lucht an tsléibhe. Díol spéise na cosúlachtaí idir agallaimh den chineál seo agus briatharchathanna fileata

<sup>798</sup> Máirtín Ó Curraoin agus Cóilín Ó Cualáin, ‘An Máirnéalach agus an Táilliúir,’ ag Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1958. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>799</sup> Pádraig Ó Conghaile agus Peifí Ní Iarnáin, ‘An Feilméir agus Bean an Bhádóra,’ ag Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1965. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>800</sup> Ó Coisdealbha, *An Tincéara* Bui..., 64-6.

<sup>801</sup> Siobhán Ní Fhatharta agus Treasa Ní Chadhain, ‘An Feilméir agus an Bádóir,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1967. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>802</sup> Colm P. Ó hIarnáin, ‘Fata Árann agus Fata an Achréidh,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1965. I gcló in Seán Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 353-6.

<sup>803</sup> Máirtín Mac Craith agus Colm MacCraith, ‘Fear na Cathrach agus Fear Chonamara,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1971. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>804</sup> Máire Uí Fhatharta agus Pádraig Ó Cuaig, ‘An tIascaire agus an Bhean,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1977. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>805</sup> Máirtín Ó Curraoin, ‘An Feilméir agus an Múinteoir,’ *Ar Aghaidh*, Lúnasa 1962, 2.

<sup>806</sup> Pádraic Ó Domhnaill, ‘An tÁrainneach agus Fear Chonamara,’ *Amárach*, 11.9.1958, 3.

<sup>807</sup> Colm Ó Cualáin, ‘An Choirleach agus an Chniotáil,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1958. I gcló in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 137-40.

<sup>808</sup> Piaras Ó Conaire, Taifeadh fuaime ó Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1957. I gcló in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 120-5.

traidisiúnta na hIndinéise. Cuirtear foirne ó cheantair éagsúla in adharca a chéile agus téann siad i muinín steiréitíopaí le cur síos scigmhagúil a dhéanamh ar a chéile:

When Bukit and Ciq teams meet in contests stressing domain rivalry, they sing a great number of "attack" songs in which they taunt each other's stereotyped socioeconomic characteristics and personal (especially sexual) shortcomings. Issues of economic development, political honesty, and moral character are couched in terms of the overriding Bukit/Ciq opposition. Bukit people, living in villages around or near the lake, are described as lazy fishermen, while Ciq people, with gardens on the hills north and west of the town, are vegetable growers with little else to their name.<sup>809</sup>

Fuintear greann as áibhéil na beirte agus iad ag sciolladh is ag déanamh díspeagadh ar a chéile agus ag maíomh as feabhas a mbeatha féin. Déanann an feirmeoir clamhsán faoi bhia an iascaire:

**Fear sléibhe:**

Ní ghabhfainnse go Sasana ná ní íosfainn do chuid carraigín.  
D'íth mé gliomach cheana 'gus is beag nár cailleadh mé 'na dhiaidh,  
Mar go raibh mo bholg ataithe ar feadh dó nó trí de sheachtainí,  
Is marach dochtúir mór as Gaillimh ní bheinn i bhfad eile beo.<sup>810</sup>

Chaith Fear an Chladaigh seal ar phortach lena asal chomh maith agus deir sé gur 'tháinig aicíd ar an asal ann mar nach raibh le n-ithe aige ach cíb.'<sup>811</sup> Bheadh an bheirt acu as alt i dtimpeallacht a gcomhpháirtí. In agallamh eile idir Árainneach agus Fear as Conamara, bíonn an bheirt acu ag magadh faoi chiotrúntacht, aineolas agus éagumas a gcéile comhraic agus iad i dtimpeallacht aduain a chéile.

**An tÁrainneach**

Ara ruidín beag tútach cé leis mbeadhfeá 'g caint,  
Nach beag é do sgillsa i gcurrach ná i mbad;  
Is tú istigh i gceann lá cheanna céard a bhuail tú ach *shakes*,  
Is marach chomh maith 's dearnadh thú sábhál nach mbeadhfeá anois báite.  
A muise is beag a shíl siadsan gur spriosán a bhí ann,  
Ach dá mbeithinnse na dteannta bhruighinnse síos thú a shean rógaire cham.

**Fear Chonamara:**

Tá sin ré go leor a Árainnigh a stór,  
Ach an cuimhneach leatsa an samhradh seo caite –  
Tháinig tú as Árainn isteach ar an bportach a'm,  
Thosaigh tú ag pógadh na móna is ag craitheadh do cheann,  
Sul má bhí a balladh ceart sáite  
Nach thit tú sa bportach síos faoi mo shleághan.<sup>812</sup>

---

<sup>809</sup> John R. Bowen, 'Poetic Duels and Political Change in the Gayo Highlands of Sumatra,' *American Anthropologist*, Vol. 91, No. 1 (Mar., 1989), 32.

<sup>810</sup> Piaras Ó Conaire, Taifeadh fuaime ó Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1957. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG. I gcló in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 120-5.

<sup>811</sup> Piaras Ó Conaire, Taifeadh fuaime ó Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1957. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG. I gcló in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse*, 124.

<sup>812</sup> Pádraic Ó Domhnaill, 'An tÁrainneach agus Fear Chonamara,' *Amárach*, 11.9.1958, 3.

Molann siad a ngairm féin de ghnáth sna hagallaimh seo agus fógraíonn siad nach nglacfaidís choíche le saol nó le gairm a leathbhádóirí san aighneas.

Ní bheinn in mo bhádóir ar shaibhreas an tsaoil.<sup>813</sup>

Bhuel ní bheinnse mo tháilliúir dá dtugtaí dhom gealltanais go mbeadh na flaithis le fáil a'm i ndeireadh mo shaoil.<sup>814</sup>

Comparáid idir obair na mban agus obair na bhfear is ábhar don agallamh ‘An Choirleach agus an Chniotáil’ agus iad beirt ag maíomh as an airgead a shaothraíonn siad agus ag milleánú obair a chéile.

**Bean:**

Sé obair na mbiorán is tábhachtaí a chonaic mé fós;  
Ní chreidfinn ón saol nó is rud é a mhairfeas go deo.  
Dá mbeadh ciall ag na mná agus aire sách maith a thabhairt dhó,  
Bíodh tusa lán cinnte go mbeadh airgead acu is ór.

**Fear:**

Dá bhfeicfeá do shúile atá slogaithe siar in do cheann;  
Ná súile is áille a bhí ag aon chailín ariamh ins an áit.  
Tá do shlinneáin bocht cromtha is tú ag gearán ar phian i do láimh;  
Tabhair do mhallacht don chniotáil ach b'fhéidir go bhfuil tusa mall.<sup>815</sup>

Cuirtear clabhsúr leis an tsáraíocht ar deireadh agus tagann siad ar réiteach de shórt, nuair a aontaíonn siad go bhfuil toil Dé á leanúint ag an mbeirt acu sa saol:

**Fear sléibhe:**

Níl aon mhaith a bheith a' seanchas ná dhul róghéar san argóint  
Fúinn fhéin deis maireachtála atá geallta dhúinn ag Dia ...<sup>816</sup>

**Iascaire:**

... Ach féacha! Cén mhaith dhúinn bheith 'sáraíocht mar 'tá muid?  
Tá obair le déanamh i dtír 's ar saíle.  
'Beatha duine a thoil' is ní féidir e a shéanadh  
Is nach fearr dúinn bheith gnóthach ná in áthrach a chéile.<sup>817</sup>

In agallamh triúir le Johnny Chóil Mhaidhc cuirtear Táilliúir i gcomórtas le Bádóir agus tugtar léargas ar na tréithe a shamhlaítear le cineálacha áirithe daoine sa phobal. B'fhéarr leis an mbean an bádóir a phósadh, fear a bhfuil laochas ag baint leis agus

---

<sup>813</sup> Máirtín Ó Fionntáin agus Máirtín de Bhailís, ‘An Bádóir agus an Táilliúir,’ in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 118.

<sup>814</sup> *Ibid.*

<sup>815</sup> Colm Ó Cualáin, ‘An Choirleach agus an Chniotáil,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1958. I gcló in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 139.

<sup>816</sup> Piaras Ó Conaire, ‘Fear Sléibhe agus Fear ón gCladach,’ in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 125.

<sup>817</sup> Pádraic Ó Conaire, ‘An Iascaire agus an Feilméara,’ in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 114.



duine a mbeidh ‘caint is clú go brách air.’<sup>818</sup> Cuirtear láidreacht, gaisciúlacht agus fearúlacht an bhádóra, i gcomparáid le meatacht agus spadántacht an táilliúra bhacaigh.

**An Bhean:**

A tháilliúir shéimh, ní abróinn fhéin  
Gur fíor do scéal ná t’ábhar,  
Mar go mb’fhearr liom fhéin fear báid is téad,  
Ná fear le snáth agus snáthaid.<sup>819</sup>

Ach más duine lagspridiúil bacach é an táilliúir, ar a laghad níl sé i gcontúirt de ló is oíche:

**An Táilliúir:**

Nach olc an áit a bheith amuigh i mbád,  
Agus í ina stoirm thintrí,  
Gan idir tú is an bás ach píosa cláir  
Is gan sagart ná bráthair ’do ghaobhar?<sup>820</sup>

An t-aighneas ceannann céanna, leis an gcodarsnacht dhénártha chéanna idir fearúlacht agus meatacht, contúirt agus sábháilteacht, a bhí i gceist le hagallaimh eile a cumadh sna seascaidí, ‘An Feirmeoir agus Bean an Bhádóra.’

Muise is é do chloigeann atá folamh, a bheainín gan chiall,  
Tá bóthar faoi mo shála is ní baol dom dul síos,  
Ach ní hé sin do d’fhear céile, má thagann poll ar an mbáidín,  
Sí an leaba a pholl báite is ní thiocfaidh sé aníos.<sup>821</sup>

Cuirtear pearsana eile agus tréithe éagsúla i gcoimhlint lena chéile in agallaimh dhénártha eile – ‘An Fear Críonna agus an Druncéar’<sup>822</sup> ‘An Tincéara agus an Feilméar’<sup>823</sup> ‘An Feirmeoir agus an Tincéir’<sup>824</sup> ‘An Feilméar agus an Tincéara,’<sup>825</sup> ‘An Feiliméir agus an Tincéir,’<sup>826</sup> ‘An Buidéal Poitín agus an Buidéal Fuisce,’<sup>827</sup> ‘An Tincéir agus an tÓstóir’<sup>828</sup> ‘An Sáirsint agus an Stiléara’<sup>829</sup> ‘An Póitséalaí agus an Maor

---

<sup>818</sup> Seán Ó Coisdealbha, ‘Tailliúir nó Bádóir?’ *An Tincéara Bui...*, 64.

<sup>819</sup> *Ibid.*, 65.

<sup>820</sup> *Ibid.*

<sup>821</sup> Pádraig Ó Conghaile agus Peigí Ní Iarnáin, ‘An Feilméar agus Bean an Bhádóra,’ ag Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1965. Taifeadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>822</sup> Máirtín Ó Curraidhin, ‘An Fear Críonna agus an Druncéar,’ *Ar Aghaidh*, Iúil 1964, 1.

<sup>823</sup> Colm Mac an Iomaire, ‘Tincéara agus Feilméar,’ *Ar Aghaidh*, Lúnasa 1962, 1.

<sup>824</sup> Pádraig Mac Con Mara agus Eibhlín Uí Chuaig, ‘An Feiliméar agus an Tincéar,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1967. Taifeadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>825</sup> Pádraig Ó hIarnáin agus Pádraig Ó Cuaig, ‘An Feiliméir agus an Tincéara,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1970. Taifeadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>826</sup> Pádraig Ó Corcoráin agus Seán Ó Fathaigh, ‘An Feiliméir agus an Tincéir,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1986. Taifeadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>827</sup> Colm agus Máirtín Mac Craith, ‘An Buidéal Poitín agus an Buidéal Fuisce,’ *Ar Aghaidh*, Samhain 1969, 2.

<sup>828</sup> Máirtín Mór Ó Tuairisc agus Pádraic Ó Donncha, ‘An Tincéir agus an tÓstóir,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1960. I gcló in *Agallaimh na hÉigse...*, 151-4.

<sup>829</sup> Seán Ó Conghaile agus Peadar Mac an Iomaire, ‘An Sáirsint agus an Stiléara,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1965. Taifeadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

Iascaigh,<sup>830</sup> ‘An tÓstóir agus An Garda,’<sup>831</sup> ‘Fear an Asail agus an Sagart.’<sup>832</sup> An chontrárthacht idir stuamacht agus baois, idir saibhreas agus bochtanas, idir daoirse agus saoirse atá mar bhunphréamhacha ag na hagallaimh seo go léir. Cuirtear ball údarásach, measúil éigin den phobal (feirmeoir, múinteoir, sáirsint, sagart) in aghaidh duine imeallach tairseachúil éigin, (an tincéir, an stiléara, póitseálaí) pearsa éigin nach ngéilleann do choinbhinsiúin nó rialacha na coitiantachta. Coimhlint idir uasal agus íseal atá sna hargóintí seo a thosnaíonn go minic, leis an tincéir ag iarraidh déirce ar an bhfeirmeoir.

**Tincéara:**

Bail ó Dhia isteach anseo, nach é an lá tá ag éirí fuar?  
Shíleas go mbuailfinn isteach le haghaidh foscadh d’fháil ón múr.

**Feilméar:**

Muise cé’rbh as ar éirigh tusa, atá ar dhath an ghuaile?  
Is dócha gur ag iarraidh déirce thú, ón loinnir atá id’ shúil.<sup>833</sup>

Leagtar béim ar chúrsaí oibre go minic sna hagallaimh seo agus cuireann an feirmeoir súdaireacht agus leisciúlacht i leith an tincéara.

**Feilméar:**

Go deimhin d’íosfá fataí ’s ghlacfa braon bainne,  
Ach cé chonaic riamh le láidhe thú faoi chéad réalt na maidne.<sup>834</sup>

**An tÓstóir:**

Is minic a sheas mé dhuitse agus ní dhá bhuíochtáil ort atá mé,  
Nuair a tháinig tú ’uig a’ doras a’m is do ghoile le do shála.  
Bhí goin le teann ocrais ort is faobhar le teann plámáis,  
An cáca a bhí ar an drisiúr a’m gur shloig tú suas ina mheall é.<sup>835</sup>

Más súdaire é an tincéir, is sprionlóir gortach é a chéile comhraic. Cuireann an tincéir ina leith go bhfuil sé ag teacht i dtír ar mhuintir na háite, ag carnadh airgid agus ag déanamh brabach ar bhochtáin an cheantair. Má tá saibhreas ag an Óstóir, tá go leor daoine eile bánaithe aige.

**An Tincéir:**

Muise go deo deo ní bheidh aon ghean a’m ort agus ní ghuifí’ mé an t-ádh ort.  
Is tú d’fhága chois a’ bhall mé gan teach agam ná áras.  
Is minic a théinn isteach chugat agus soirseáil i mo lámha  
Ach níor dhúirt tú ariamh ’téir abhaile leis; is mór a’ trua na páistí.

---

<sup>830</sup> Seán Ó Cearnaigh agus Micheál Ó Tuairisg ‘An Póitseálaí agus an Maor Iascaigh,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1971. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>831</sup> Colm P. Ó hIarnáin agus Maitiú Ó Maoláin, ‘An tÓstóir agus an Garda,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1967. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>832</sup> Seán Ó Cearnaigh agus Máirtín Ó Duithche, ‘Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1979. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>833</sup> Colm Mac an Iomaire, ‘Tincéara agus Feilméar,’ *Ar Aghaidh*, Lúnasa 1962, 1.

<sup>834</sup> *Ibid.*

<sup>835</sup> Máirtín Mór Ó Tuairisc agus Pádraic Ó Donncha, ‘An Tincéir agus an tÓstóir,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1960. I gcló in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 151-4.

**An tÓstóir:**

Ta tú anois sách seanórach agus múineadh an cheird in am dhuit;  
Cén áit a mbíonn do chapall a't 's í tugtha amach roimh lá as.  
Níl aon teach dá gcainteoinn air nach bhfuil do chloigeann agat sáite ann  
Agus níl aon áit a bhfuil brabach air nach bhfuil bladaireacht le fáil uait.

**An Tincéir:**

Cat bradach a gheobhadh brabach ort, a ó chaithfeas mé a rá leat.  
Tá tú a' meáchan t-anama is gan cuimhneamh ar an mbás a't.  
'Liachtaí teach a bhí i gCois Fharraige a bhí gléasta suas go bláthmhar,  
Gur fhága tú na rataí leis 'gus na scrathachaí anuas le fána.<sup>836</sup>

An plé céanna ar chúrsaí airgid agus an choimhlint chéanna idir santacht agus féile atá le feiscint san argóint idir 'An Fear Críonna agus an Druncéar.' Cé gur fánaí drabhlásach meisciúil é an druncéar, tá saoirse áirithe ag baint leis an saol agus an meon atá aige. Caitheann sé gach pingin a thagann ina threo, murab ionann agus an fear críonna. Molann sé don fhear críonna déanamh amhlaidh, óir is beag cabhair an stór airgid ar leaba an bháis agus b'fhearr ceol a bhaint as an airgead agus as an saol le do bheo.

**Druncéar:**

Níor chaill tusa codladh le hól ná díchéille,  
Ach saint is maoin saolta ariamh do d' chrádh,  
Níor sheas tú riamh pionta le croí geal na féile,  
Ach bí cinnte 'na dhiaidh sin nach ngabhfa tú ó'n mbás.

**Fear Críonna:**

Póit agus meisge mar chaith tú do shaol leis,  
Ara, 'chomhrádaí dhílis, ní stopfaidh sé an bás,  
'Bhfuil go phórtar ag Guinness is go breweries sa tír seo,  
Nach é d'fhága tú gan dídean, gan teach a'd ná bothán.

**Druncéar:**

'Nois, ól do chuid airgid, 'chuile dheabhal pingin de,  
Mar troid agus bruíon bhéas faoi sin ar ball;  
B'í a' slogadh neart fuisce fad a bhéas tú ar an saol seo,  
Mar beidh tú fós sínte 's gan pingin i do láimh.<sup>837</sup>

Baineann an lucht éisteachta taitneamh as an mbabhtáil chainte agus as na haisfhreagraí glíce agus iad ag feannadh ar a chéile. Cé gurb é saothar Shakespeare a bhí faoi chaibidil ag Heller agus í ag déanamh anailíse ar an ngreann i mbriatharchathanna, is ionann na cáilíochtaí agus na tréithe a luann sí agus an tsáraíocht chliste ghlic is dual don agallamh.

---

<sup>836</sup> *Ibid.*

<sup>837</sup> Máirtín Mór Ó Tuairisc agus Pádraic Ó Donncha, 'An Tincéir agus an tÓstóir,' *Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1960. I gcló in Ó Morónaigh, Agallaimh na hÉigse...*, 151-4.

Verbal battles must be spirited, funny and real; there must be hits and counter-hits, points seized and scored. We laugh at every hit, tasting it, taking pleasure in it, and sympathizing with its position. The wittier, the merrier.<sup>838</sup>

Tá toise an ghrinn chun tosaigh sna hagallaimh seo agus sna híomhánna áibhéileacha barrúla a tharraingíonn an bheirt chucu féin.

**Druncéar:**

Le cruas agus saint sea chruinnís na mílte  
'S níor chaith tú riamh pingin le súgradh ná greann  
Ach 'na mheall istigh i t'ascaill go ndearnaidh sé caonach,  
Mar ní bheidh sé a'd le síneadh ag bean chéile ná clann.

**Fear Críonna:**

Ní raibh an paráiste a' magadh fúm ná a' gairí ná a' straoisíl,  
Ní búirtheach a bhí me, ná chaith mise m'am,  
Ach thug me áird ar an Aifreann 's ar an tSacraimint Naofa,  
Mar, a dhruncéara dhílis, nach olc í do cháil?<sup>839</sup>

## An Sean agus An Nua

An choimhlint dhénártha idir sean agus úr, idir an saol traidisiúnta agus an saol nua-aimseartha, is ábhar do riar maith agallamh. Go mion minic cuirtear athair agus mac in adharca a chéile agus pléitear suáilcís agus duáilcís an tsaoil mar a bhí is mar atá. Téama é seo atá le fáil go coitianta in aighnis fhilíochta idirnáisiúnta a luadh I gCaibidil a trí, leithéidí *bertsos* Thír na mBascach agus *contrasto* na hIodáile ach go háirithe. I gcomórtas *bertsos*, mar shampla, iarradh ar fhilí aighneas a cheapadh ina mbeadh duine acu ag caitheamh anuas ar an saol nua-aimseartha agus an dúil sa dul chun cinn agus go mbeadh an file eile ina chosantóir ar shaol na freacnairce agus féidearthachtaí agus forbairt na teicneolaíochta. 'You have different worldviews: for Andoni the future of the world is bleak, while for Unai the future of the world is open and promising.'<sup>840</sup> Téama uilíoch is ea é seo a eascraíonn ó chlaonadh chun *nostalgia* an duine agus iarracht na healaíne friotalú a dhéanamh ar chaitheamh na haimsire féin agus neamhbhuaine na beatha. I sampla ó thraidisiún na hIodáile, feictear an buntéama céanna in úsáid agus an chontrárthacht chéanna idir sean agus nua:

[I]n a *contrasto* between 'The Present Times and the Past Times' ('*il mondo vecchio e il mondo nuovo*') ... Bianchi, an older man, was singing about the past times, and Ciolli, a young novice poet, the present times ... The young poet acknowledges that in the present things may be changing too quickly, but at the same time, as a young person, he appreciates this quick change. The elder poet's voice, by contrast, is the voice of nostalgia and also of experience that cautions the young one 'to go slowly' and to think twice, as what seems to be good and new may bring destruction as well: the new life is

---

<sup>838</sup> Agnes Heller, *Immortal Comedy: The Comic Phenomenon in art, literature and life* (Oxford: Lexington Books, 2005) 64.

<sup>839</sup> Máirtín Mór Ó Tuairisc agus Pádraic Ó Donncha, 'An Tincéir agus an tÓstóir,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1960. I gcló in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 151-4.

<sup>840</sup> John Miles Foley, 'Basque Oral Poetry Championship' *Oral Tradition*, 22/2 (2007) 10.

the end of the old, the opposite sides of the passing of time. The poetry is about particular persons, and concurrently about universal human conditions.<sup>841</sup>

An chontrárthacht idir saol agus luachanna na glúine óige agus an saol traidisiúnta mar a thuigeann a dtuismitheoirí é, is cúis leis an teannas sna hagallaimh seo. Cumadh na hagallaimh áirithe seo sna seascaidí agus borradh mór faoi chultúr na n-óg go hidirnáisiúnta agus go deimhin anseo in Éirinn. Ba é seo ré na teilifíse, *Rock n' Roll*, Elvis, na Beatles, agus bhí *frisson* agus saoirse úr faoi chultúr na hóige. An ghlúin óg a bhí ag teacht in inmhe sna blianta sin, bhí meon, taithí agus saoldearcadh éagsúil acu ón dream a chuaigh rompu agus deighilt dá réir eatarthu. Téann na hagallaimh seo i ngleic leis an deighilt seo, agus tugtar léargas, fiú más go magúil agus go háibhéileach féin é, ar athruithe móra sóisialta na linne. Tagraítear freisin don athrú ollmhór a tháinig ar chúrsaí oibre agus feirmeoireachta agus an dul chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta. Úsáidtear an tseift chéanna le tús a chur leis an aighneas i gcuid mhaith de na hagallaimh seo idir athair agus mac. Tosnaítear le hachainí ón athair agus tugann an mac an t-eiteach dó:

**An tAthair:**

A Mhicil, maith an fear thú, ach breathnaigh i ndiaidh an asail,  
Fáisg air an *harness* agus réitigh é i gcaoi;  
Buail suas ag a' gcasadh ag iarraidh glac scrathachaí  
A bhruithfeas cúpla fata agus bÁCús min-bhuí.

**An Mac:**

Ach breathnaigh anseo, a Dheaide, ná bí do mo chraiceáil;  
An bhfaca tú mo hata 's mo chuid slipéirí buí?  
Bíodh an diabhal ag an asal, ag a' gcarr 's ag na scrathachaí,  
Caithfidh mé dhul 'Gaillimh – isteach ag an spraoi!<sup>842</sup>

Cuireann na véarsaí tosaigh seo pearsantacht na beirte i láthair agus feictear an chodarsnacht idir guth stuama, staidéartha an athar agus é ag caint ar chúrsaí oibre agus rásántacht an mhic nach bhfuil tada ag déanamh imní dó ach 'craic is spraoi.' An cleas ceannann céanna a fheictear san agallamh 'An Sotach agus a Athair' agus an chontrárthacht chéanna idir críonnacht na seanghlúine agus teaspach na hóige.

**An Athair:**

A Chóilín, maith an fear thú, gabh síos ag an tobar  
Agus fáigh canna uisce go bhfliuchfad an tae  
Cuir glas ar an ngeata nuair bhéas tú a' filleadh  
Agus seachain a' ndoirtfeá oiread is braon.

**An Sotach:**

Ní fhéadfainn, a Dheaide, tá an bhróig dho mo ghortú,  
Is an péire eile atá a'm tá siad réití i gcaoi

---

<sup>841</sup> Valentina Pagliai, 'The Art of Dueling with Words: Toward a New Understanding of Verbal Duels across the World,' *Oral Tradition*, 24/1 (2009) 73-5.

<sup>842</sup> Colm Ó Finneadha, 'An tAthair agus an Mac' *Ar Aghaidh*, Meán Fómhair 1961, 2-3.

le dul ag an damhsa i ‘Seapoint’ i nGaillimh  
Beidh ceol is pléaráca go huair a’ mheán oí.<sup>843</sup>

Tá easpa fearúlachta le sonrú i gclamhsán an fhir óig agus é ag trácht ar ‘shlipéirí buí’ agus bróga damhsa agus cé go bhfuil cead cainte ag an dá ghuth sna hagallaimh seo, feictear bá ar leith leis an seansaol agus le meon an athar. Baintear leas as *double voice* de réir shainmhíniú Bakhtin i gcaint an mhic, sa mhéid is go bhfuilimid ag éisteacht le caint dhílis an ógánaigh agus é á chosaint féin, mar dhea, i nguth amháin, ach go gcloistear ann intinn agus peirspictíocht an údair freisin agus é ag tarraingt aird ar dhuáilcí an aosa óig.<sup>844</sup> Níos faide anonn san agallamh, cuireann an t-athair i leith an mhic go bhfuil sé leisciúil, santach, díomhaoin agus saonta agus tá an méid sin léirithe cheana féin i gcaint an mhic agus an lucht éisteachta ar aon intinn leis an athair.

Fuintear greann ar leith as faisean na seascaidí a chur i gcomparáid le feisteas traidisiúnta Chonamara. Éadach nua-aimseartha aduain a chaitheann an mac, an ‘Style’ a tháinig anall ó Londain, é ag déanamh aithrise ar uaisle Shasana, an Rí agus an Bhanríon. Maslaíonn an mac an báinín agus an tseanstíl a shamhlaíonn sé le bochtanas, cúlraideacht agus le daoine imeallacha ar nós ceannaithe agus tincéirí.

**An Mac:**

An bhuil tusa ag ceapadh go leanfad do’n sean-nós  
Ag slubáil ’s ag slabáil ó mhaidin go hoíche,  
Puiteach go cluais orm ’s mé ag imeacht le rapar  
Ar nós ceannaí an Pholl Gainimh gan cuma gan caoi?

**An tAthair:**

Dún suas a Mhaistín, is ná maslaigh an sean-nós  
Sé an feisteas bheadh ceart é le bheith ar fhear tí,  
Seachas brístí caol fada agus casóg gan cnaipe  
Ach cipíní maide agus ruagáí leob síos.

**An Mac:**

Sin é an saghas seaicéid ar a nglaoitar an *Donkey*,  
As Londain an *Style* sin nó ar chuala tú faoi?  
Tá siad an-daor mar tá siad dochaite.  
Bionn ceann ar an mBainríon agus ceann eile ar an Rí.

**An tAthair:**

Céipéar na Bainríona ní theastaíonn sa teach seo  
’S dá maireadh do Mhama choisfeá-sa faoi.  
Shílfeá gur *Tan* tú a bhí anseo in aimsir an chlampair,  
Caith díot an *rig* sin atá gan cuma ná caoi!

**An Mac:**

Muise tá sé céad uair níos slachtmhaire ná’n báinín sin a’d-sa  
A bhfuil súghlach tobac dá chur i droch-chaoi

---

<sup>843</sup> Mícheál Ó hEidhin agus Seán Mac Giollaléith, ‘An Sotach ’s a Athair,’ *Ar Aghaidh*, Meán Fómhair 1969, 6.

<sup>844</sup> Féach Sue Vice, *Introducing Bakhtin* (Manchester: Manchester University Press, 1997)

Ní fhacas níos measa é ar cheannaí ná ar bhacach  
Ó'n am a raibh an campa taobh thiar de'n Aill Bhuí.<sup>845</sup>

An argóint chéanna atá mar bhunábhar sna hagallaimh 'An Dearca Nua 's an Seanchóiriú'<sup>846</sup> agus san agallamh idir 'Mamó agus Cailín an Mhini.'<sup>847</sup> Cúrsaí faisin agus anáil an phopchultúir dhomhanda ar an aos óg atá ina gcnámh spáirne agus faisean na mban ach go háirithe atá faoi chaibidil. 'Níl fad mo mhéara i do sciortín ón mbásta'<sup>848</sup> a deir Mamó leis an gcailín ag tús an allagair agus a cuid 'ioscaidí caola' le feiscint ag an saol mór. Leagann aisefhreagra an chailín béim ar thionchar an chultúir idirnáisiúnta ar chruinneshamhail agus ar mheon na ndaoine óga.

**An Cailín:**

Sin í an *mini*, a Mhamó, is ná bí á cáineadh,  
Tá sí sa bhfaisiún anois le trí ráithe,  
Is é atá ar *phopstars* i Londain is i bPáras,  
Ar Srimpton is ar Mhansfield is ar Sandy Óg Shaw.<sup>849</sup>

Fráma tagartha agus friotal aduain ar fad é seo do Mhamó, leis na tagairtí iomadúla do 'phopstars' na linne agus áiteanna iasachta. 'Sin é a bhfuil ag baint do chuid céille díot, *Pops* agus *stars* agus *minis* is péint orthu.'<sup>850</sup> Cáintear baois na gcailíní óga agus an faisean is déanaí acu:

**An Mháthair:**

In sa saol atá caite ní raibh caint ar an ealaín,  
Atá anois sa bhfaisiún is ag mealladh an aos óig,  
Tá a gcuid malaí á ngearradh is a gcuid inginí á ndathú,  
Agus cuid acu catach nach mbeadh amhlaidh go deo.<sup>851</sup>

An t-olagón céanna ag caoineadh an tseansaoil agus ag cáineadh saol na freacnairce a chloistear ó na tuismitheoirí sna hagallaimh seo ar fad. Go deimhin, baintear úsáid as na híomhánna agus an friotal céanna iontu go mion minic.<sup>852</sup> In agallamh le Johnny Chóil Mhaidhc idir máthair agus mac, déantar ceangal idir an stíl nua seo agus tréigean an chreidimh.

**An Mac:**

Is fearr é sin féin ná treabhsair ceann-easna  
'Gus cóta mór dearg ar chuile bhean tí

---

<sup>845</sup> Colm Ó Finneadha, 'An tAthair agus an Mac,' *Ar Aghaidh*, Meán Fómhair 1961, 2-3.

<sup>846</sup> 'An Dearca Nua 's an Seanchóiriú,' Tomás Ó Céide, Cnocadtuaidh, in *Ar Aghaidh*, Márta 1952, 1.

<sup>847</sup> Áine agus Máire Nic Dhonnchadha, Scoil Éigse Ros a Mhíl, Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1967, Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>848</sup> *Ibid.*

<sup>849</sup> *Ibid.*

<sup>850</sup> *Ibid.*

<sup>851</sup> 'Aibhléis nó Lampa' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1958. Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>852</sup> Féach mar shampla an chosúlacht idir na véarsaí thuas luaite agus sliocht ón agallamh 'Cleamhnas,' *Ar Aghaidh*, Lúnasa 1962, 2. Athair: Ar ndóigh ní bean as an áit seo a bheadh ceart a'tsa ' Phádraic/ Tá mná óga na háite seo imithe i gciall / Nach bhfuil a n-ingneacha daite 's a malaí 'á maisiú / is cuid acu catach nach mbeadh amhlaidh 'choích!

Seanphéire miotáin agus a gcuid bonnacháí attaí,  
Gága dá mbascadh ceal cuma ná caoi.

**An Mháthair:**

Osgail do shúile ná hiarr a bheith seafóideach  
Nach bhfeiceann tú féin iad má bhreathnuigheann tú grinn,  
Gúna beag tanaí 's gan ann ach an sgáile  
's gan é sin féin ag dul sáthach fada sios.  
Bróga sál árdá 'gus a gcuid iongacháí daite  
Is ní catach ó nádúr atá mullach a gcinn,  
Fáinne 'na gcluasa 'gus maillí caol fada  
Gan aon bhuille maitheasa ná aon chaint ar Chríost.<sup>853</sup>

Fáiltíonn an mac roimh na hathruithe seo go léir agus an dul chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta. Tugann na tagairtí don spásrás, Sputnik, na heitleáin agus luas Ronnie Delaney le fios go bhfuil ré nua cheannródaíoch tagtha ar an bhfód, agus forás gan teorainn i ndán don chine daonna.

**An Mac:**

Ní hionann an t-am sin agus an t-am atá láithreach,  
Nó an bhfeiceann tú na báid sin atá a dul siar ós ár gcionn.  
Tá Ronnie Delaney ag déanamh míle i dtrí nóiméad  
Is Sputnik na Rúise chomh luath leis an ngaoith.

**An Mháthair:**

Sin í an ealadhain atá ag tarraingt na báistighe,  
Stoirm is gála ó mhaidin go faoithin.  
Nach mó caint ar Grace Kelly 's ar Mháirín Ó Hara  
Ar Laurel agus Hardy ná ar Naomh Páraic 's Naomh Bríd.

Tá an saol athraithe ó bhonn agus an domhan nádúrtha curtha as a riocht ag an teicneolaíocht úr seo, dar leis an máthair. Tá lucht scannán agus teilifíse ina ndéithe beaga ag an bpobal anois agus naoimh dúchais na tíre in áit na leathphingine. Is éifeachtach agus is cliste an chomparáid a dhéantar idir an dá chúpla - 'Laurel 's Hardy' agus 'Naomh Pádraig 's Naomh Bríd', ag tabhairt le fios go bhfuil, creideamh, oidhreacht agus patrúin na hÉireann díbeartha ag fuirseoirí amaideacha ó Mheiriceá.

Baintear leas as cleasanna agus teicnicí reitriche éagsúla<sup>854</sup> agus na céilí comhraic ag babhtáil chainte. Bíonn siad ag easaontú agus ag sciolladh ar a chéile, ach déantar iarracht chomh maith an bonn a bhaint d'argóintí an pháirtí eile san allagar. Mar a shonraigh Haydar, agus é ag trácht ar bhriatharchathanna fileata na Liobáine:

In addition to the main argument, duelers adopt other strategies. A favorite approach is to say that the opponent's argument is old and that the intelligent audience will not buy it. Here the appeal to the audience's wisdom earns the dueler psychological support. Another approach is to put words into the opponent's mouth and then attack these words ... Finally, one of the poets

---

<sup>853</sup> Johnny Chóil Mhaidhc, 'An Mháthair agus an Mac' Agallamh neamhfoilsithe, leagan lámhscríofa i leabhar mhiontuairiscí na Tulaí, Miontuairiscí Scoileanna Éigse agus Seanchais. G36, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Féach Aguisín.

<sup>854</sup> Pagliai, 'The Art of Dueling...', 75.



may repeat his adversary's weak argument in order to expose and explode it.<sup>855</sup>

San agallamh ‘An Dearca Nua ‘s an Seanchóiriú’ feictear na stráitéisí seo in úsáid agus an iníon agus í ag déanamh ionsaí ar mheon na seanmhná. Cé gur minicí luí leis an seansaol ná a mhalairt sna hagallaimh seo, faigheann an iníon an lámh in uachtar ar an máthair san aighneas áirithe seo. Sula mbíonn deis ag an máthair meath an tseansaoil a chaoineadh, tagann an iníon roimpi ag gearán go mbíonn sí de shíor ag ‘cur síos ar an aimsir, ar chótaí ‘s ar sheálta, a bhíodh ort féin ‘s ar do mháthair nuair a bhí rath ar a’ saoghal.’<sup>856</sup> Tugann tagairt dhíspeagúil na hiníne le fios, agus í ag déanamh scigaitrise ar olagón na máthar, gur argóintí seanfhaiseanta seanchaite atá ag an máthair, atá cloiste go mion minic cheana aici. Meallann an cleas an mháthair agus leanann cur síos ar fhaisean na mban ina hóige féin, ach ní théann a teachtaireacht i bhfeidhm orainn, i ngeall ar réamhrá tarcaisneach na hiníne.

**An Mháthair:**

‘Sé ‘bhfuil do do mharbhú ar maidin ‘s tráthnóna,  
Sgáthán is púdar, cead ceoil agus spraoi,  
Codladh maith fada, sin a bhfuil ort de chúram,  
Is tú casta sa gciomach sin ó mhúineál go buínn.

**An Inghean:**

Níl sé baoghal ar chomh fada leis an bhfalach tá fút-sa  
Is ní mórán ab fhiú é an lá ‘bfhearr ‘raibh sé ‘gcaoi.  
Ní chuirfinn i gcaitheamh é dá bhfághainn Éire ar fad bronnta,  
Mar ní bál é ar aon nós le caitheamh ag mnaoi.

**An Mháthair:**

Tá sé rómhaith a’d mar sé’n truaigh é ‘cur amugha leat  
Mar ní fhanfá do mo chumhdach dhá bhfághainn bás sa meadhon oidhe  
Ach tú ag imeacht do mhaistín gan smacht ort ná comhairle,  
Is ní bheidh mise níos mó leat a liathchan mo chínn.

**An Inghean**

*Dhá bhfanfainnse dho d’fhaire níor mhórán le rádh mé,  
‘Sé a mbeadh dá bharr a’m brón ‘s briseadh croidhe,  
Tú ‘cur síos ar an aimsir, ar chótaí ‘s ar sheálta  
A bhíodh ort féin ‘s ar do mháthair nuair a bhí rath ar a’ saoghal.*

**An Mháthair:**

*Ba shin í an aimsir is mo bheannacht go bráthach léi,  
Ní raibh cainnt ar shála arda ná ar slipéirí buidhe –  
Ach cótaí breágh’ dearga is seálta ar a’ mbrághaid a’inn  
Is miotáin orainn fáisgí ó na’ gcalapaí síos.*

**An Inghean**

Go deimhin níor dheas thú sa gcóiriú ‘tá ráidhte a’d  
Agus is mé atá sásta is gan a bheith ann le do linn.

---

<sup>855</sup> Adnan Haydar luaite in Pagliai, ‘The Art of Dueling...’, 75.

<sup>856</sup> Tomás Ó Céide ‘An Dearca Nua ‘s an Seanchóiriú,’ *Ar Aghaidh*, Márta 1952, 1.

Ach anois tá mé measamhail faoi mo dhearca nua áluinn,  
É síos le mo shála is gan beánn ar a' saoghal.<sup>857</sup>

Pléitear cúrsaí oibre go minic sna briatharchathanna seo idir óg agus aosta, agus cuirtear leisce agus díomainteachas i leith na n-ógánach. San áit a mbíodh an t-athair ag obair ó dhubh go dubh, seacht lá na seachtaine, ag saothrú na talún, feictear dó go mbíonn a mhac 'gléasta mar Phrionsa' agus é saor ag an deireadh seachtaine. Tuiscintí éagsúla ar an obair atá acu, taithí ag an athair ar an gcrúatan agus obair fhisiciúil agus é ag saothrú dó féin. An mac faoi smacht 'an mháistir' agus an chórais chaipitligh tré chéile.

**An tAthair:**

Muise, a mhaicín díchéillí, nuair a bhí mise óg, muise  
Is beag éirí anárde bhí an uair sin san saol,  
Ach ag obair go cruaidh ó mhaidin go faoithin  
Is muid ag deireadh gach seachtain gan scilling ná pighinn.

**An Sotach:**

Ara, b'fhéidir go gceapann tú nach ndéanaimse tada  
Is mé in éadan mo phosta gach lá ag a naoi,  
An máistir úd gránna is é i gcónaí a' faire  
Ní fhéadfainn leath nóiméid a chaitheamh díomhaoin.

**An tAthair:**

Muise go bhfóire Dia ortsa is ar do mháistir úd gránna  
Is beag eolas atá a'tsa ar chruatan an tsaoil,  
Tú gléasta mar phrionnsa ag imeacht gach lá dhuit,  
Is tú críochnaí tráthnóna i bhfad roimh a naoi.

**An Sotach:**

Faraor nach bhfuil an ceart a't, a Athair, mo chroí thú  
Is soiléir nár oibrigh tú faoi mháistir ariamh.  
Is minic mé ag obair go seacht sa tráthnóna  
Is mé fágtha gan tada sa mbreis ina dhiaidh.

**An tAthair:**

Ara, a mhic ó, go deimhin, céard sin á rá a't?  
Nó an gceapann tú gur sclábhaí thú le anró an tsaoil?  
Tú gach maidin Sathairn sa leaba ansin caite,  
Tú an lá ar fad a' leadíocht gan cor a chur díot.<sup>858</sup>

Agus scéim leictriú na tuaithe faoi lánseol, bhí athrú ag teacht ar obair na mban agus cúraimí tí éascaithe go mór. In agallamh idir 'Máthair agus Iníon' faoin leictreachas ag Ollchruinniú na bliana 1958, cuireadh meon na máthar i dtaobh chúrsaí oibre i gcomparáid le dearcadh na hiníne.

**An Mháthair:**

Muise rinne muid obair sular cuimhníodh ar leictear,  
Ag cniotáil, ag sníomh is ag cardáil.

---

<sup>857</sup> *Ibid.* [Liomsa an bhéim]

<sup>858</sup> Mícheál Ó hEidhin agus Seán Mac Giollaléith, 'An Sotach 's a Athair,' *Ar Aghaidh*, Meán Fómhair 1969, 6.

Dá gcuartóinn an pobal, ní bhfaighinn inniu stoca olann,  
A rinne aon bhean óg insan áit seo.<sup>859</sup>

Áit a mbíonn an tseanbhean ag maíomh as dianobair, fadfhulangacht agus gaisce na mban sna seanlaethanta, déanann an iníon cur síos ar bhuntáistí móra an leictreachais agus an obair ar fad a shábhálfar ar mhná na háite.

**An Iníon:**

Bhí mise le gairid i gContae na Mí,  
ar cuairt ar mo ghaolta is mo chairde,  
Tá an leictear le feiceáil ar gach uile thaobh,  
Sa teach is amuigh insna stáblaí,  
Tá sé ag níochán na soithí agus  
Is é a bhliitheanns na beithigh,  
Agus scuabann sé an t-úrlár go sásta.  
Níl aon mhaoil oibre ar aon bhean dá bhfuil ann,  
Ná fios aici céard i an sclábhaíocht.<sup>860</sup>

Leisceoirí falsa atá i mná óga na linne seo dar leis an tseanbhean, agus déantar dlisteanú áirithe ar a cuid achasán nuair a admhaíonn an iníon nach mbeadh ‘muide sásta a bheith ag plé leis an sclábhaíocht a bhí ann le do linnse, fé anró is fé bhrón.’<sup>861</sup> B’fhearr léi a saol a chaitheamh ar a sáimhín só ná an cruatan a raibh cleachtadh ag a máthair air ina hóige.

**An Iníon:**

Nár bhreá an rud do dhuine a chosa a shíneadh,  
Agus imeacht le níochán a chur sa meaisín,  
Seachas a bheith ag crágaíl is ag obair ó mhaidin go hoíche,  
Ag éagcaoin scoilteacha is pian i do dhroim.<sup>862</sup>

Baintear leas as seift eile le sean agus nua a chur i gcoimhlint lena chéile in agallaimh eile. Cuirtear dhá rud, a bhfuil an fheidhm chéanna acu, a bheag nó a mhór, i gcomparáid le chéile, agus cíortar na hathruithe atá tagtha ar an saol. Is den mhúnla céanna ‘An Volkswagen agus an tAsal,’<sup>863</sup> ‘An Túirne agus an Mhonarcha’<sup>864</sup> ‘An Chiaróg agus Fear Chonamara,’<sup>865</sup> ‘An Aibhléis agus an Lampa,’<sup>866</sup> ‘An tAsal agus an Tractor,’<sup>867</sup> agus ‘An Seanchaí agus an Díoltóir Teilifíse,’<sup>868</sup> ‘An Diesel Range agus an

---

<sup>859</sup> Bríd Ní Fhionntáin agus Máire Ní Choisdealbha, Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1958, Taifeadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>860</sup> *Ibid.*

<sup>861</sup> *Ibid.*

<sup>862</sup> *Ibid.*

<sup>863</sup> Ó Coisdealbha, ‘An Volkswagon agus an tAsal,’ *An Tincéara Bui...*, 61-3.

<sup>864</sup> Micheál Ó hEidhin agus Seán Mac Gearailt ‘An Túirne agus an Mhonarcha,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1965. Taifeadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>865</sup> Comparáid idir an amhránaíocht ar an sean nós agus ceol nua-aimseartha, idir duine de na Beatles agus Fear ó Chonamara. Pádraic Ó Conghaile, ‘An Chiaróg agus Fear Chonamara,’ *Ar Aghaidh*, Iúil 1965, 2-3.

<sup>866</sup> Colm Ó Finneadha (Phádhraic Learaí) ‘Lampa nó Iasg Buidhe,’ *Ar Aghaidh*, Meitheamh 1967, 7-8.

<sup>867</sup> Máirtín Mac Craith agus Seán Ó Catháin, ‘An tAsal agus an Tractor,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1970. Taifeadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>868</sup> ‘An Seanchaí agus an Díoltóir Teilifíse,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1972. Taifeadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

Tine.<sup>869</sup> Bíonn luí áirithe leis an seansaol sna haighnis seo freisin agus is minic an focal scoir ag urlabhra an tseansaoil. Díol spéise gur thagair iriseoir *Ar Aghaidh* do bhá an lucht éisteachta leis an asal, seachas an *Volkswagon*, nuair a cuireadh an t-agallamh áirithe sin le Johnny Chóil Mhaidhc i láthair ag Ollchruinniú na bliana 1956:

Bhí asal dá mholadh ag duine acu agus Volkswagen ag an duine eile, mar dheis taisteal “uig Aifreann, uig damhnsa ná spraoi.” Chuala muid go raibh “an t-asal as faisíun” agus ar nós an fhíle, tháinig tocht orainn. Ach níor fhág an file deágh-thréartha an asail gan cosaint, ná míbhuntáistí “do Wócswagen” gan magadh a dhéanamh fúthu.<sup>870</sup>

Labhraíonn an tincéir thar cheann an asail san agallamh seo agus é mar chosantóir ar an saol traidisiúnta, na seanmhodhanna oibre, seanmhodhanna taistil agus tuiscintí traidisiúnta an bhéaloidis. Baineann Fear an *Volkswagon* leis an saol nua-aimseartha, an dul chun cinn agus saol na tionsclaíochta. Faigheann an tincéir an ceann is fearr ar an tiománaí cairr áfach, nuair a mheabhraíonn sé dó an lá ar fágadh ‘ina staic’ é nuair a chlis ar an mótar agus go raibh sé i dtuilleamaí an asail chun é a chur sa tsiúl arís:

**An Tincéara:**

An geuimhníonn tú an lá siúd a raibh tú ag dul go Gaillimh,  
A raibh an carr ina staic ort i lár Sráid Bhleá'n Rí  
Is nach raibh fear ar an mbaile nach raibh dhá bhrú as an mbealach  
Ach murach mise is an t-asal ní chorródh siad i.<sup>871</sup>

Tá coimhlint freisin idir bochtanas agus saibhreas, idir na haicmí imeallacha (tincéirí, ceannaithe agus bacaigh) agus lucht an rachmais agus an ‘lár.’ Tarraingíonn an tincéir ar thuiscintí traidisiúnta ar an asal ó scéalta cráifeacha dúchasacha mar thaca dá thuairimí agus mar léiriú ar an ómós atá dlite don bheithíoch.

**Fear an Volkswagon:**

Tá sin ceart go leor ach tá an t-asal as faisean,  
Céad glóire do Dhia é thíocht ins an saol  
Nach gcasfaí a leithéid ort ar bhóthar ná ar bhealach  
Ach ag tincéara is ag ceannaí, ag bacach nó ag sraoill.

**Tincéara:**

Anois, a dhuine uasail, níor chóir dhuit an t-asal a mhaslú,  
Nó an bhfaca tú an chrois sin 'tá trasna ar a dhroim?  
An t-am a raibh Iorua ag marú na leanbh,  
Nach é an t-asal an deis mharcaíocht' bhí 'dul go hÉigipt ag Críost?<sup>872</sup>

Feictear an chontrárthacht chéanna idir gaois agus léann an bhéaloidis agus saol na nuatheicneolaíochta san argóint idir ‘An Seanchaí agus an Díoltóir Teilifíse.’<sup>873</sup> Tá ról an tseanchaí sa phobal tógtha ag an teilifís agus níl tóir ar a chuid scéalaíochta ná

---

<sup>869</sup> Máire Ní Cheoinín agus Siobhán Ní Ghuairim, ‘An Diesel Range,’ *Inniu*, 19.4.1974, 14.


<sup>870</sup> ‘Ollchruinniú na nDámh-sgol’, *Ar Aghaidh*, Mí Mheadhoin 1956, 4.

<sup>871</sup> Ó Coisdealbha, ‘An Volkswagon agus an tAsal,’ *An Tincéara Bui...*, 62.

<sup>872</sup> *Ibid.*

<sup>873</sup> Micheál Ó Tuairisg agus Seán Ó Cearnaigh, ‘An Seanchaí agus an Díoltóir Teilifíse,’ *Ollchruinniú na Scoileanna Éigse* 1972. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

éisteacht le fáil aige. ‘San áit a dtugainnse amach seanchas a bhaineadh amach caoineadh is gáire, tá an rud seo sa gcoirnéal anois agus cláir air.’



Léaráid 15: An Seanchaí, *Amárach*, 16.4.1982, 7.

Déanann an díoltóir teilifíse argóintí ar son na teilifíse, agus leagann béim ar an tsiamsaíocht, an fhoghlaim agus an nuacht atá le fáil ar an teilifís:

**Díoltóir Teilifíse:**

Bhuel sé an saol atá ag athrú agus déan thusa mar an gcéanna,  
Agus théis do lá oibre nach deas an rud compórd is pléisiúr,  
Suí ar do chathaoir agus ar iompú do mhéara,  
Féachaint ar Chogadh Vietnam nó an trioblóid i dTuaisceart na hÉireann.

**An Seanchaí:**

M’anam go bhfuil sin air go dearfa, marú is clárú,  
Ach tá cuid mhaith den tseafóid air a d’fhágfadh mé náirithe,  
Mná ag pocléimnigh, ag screadaíl is ag gárthaíl,  
Is diabhal oiread éadach orthu is a bheadh ceirte de léine a bheadh gearrtha.<sup>874</sup>

Fuintear greann an agallaimh as uafás an tseanchaí agus é ag trácht ar nithe eile a bhíonn le feiceáil ar an teilifís, ‘mná móra ramhra, is diabhal falach ar bith a bhí orthu thuas thar a mbásta.’<sup>875</sup> Nuair nach bhfuil tóir aige ar an gcineál siamsaíochta a bhíonn ar fáil sna meáin nualeictreonacha, déanann an díoltóir iarracht é a mhealladh le réamhfhaisnéis na haimsire. ‘Nuair a bheas tú ag sábháil do chuid féir, agus gan fhios agat cén chaoi a mbeidh an lá amárach, bheadh fear na teilifíse agat agus ní féidir é a

<sup>874</sup> Micheál Ó Tuairisg agus Seán Ó Cearnaigh, ‘An Seanchaí agus an Díoltóir Teilifíse,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1972. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>875</sup> *Ibid.*

shárú.<sup>876</sup> Ach ní theastaíonn satailít nó réamhaisnéis mheitéareolaíoch ón seanchaí – tá tuar na haimsire le léamh ar an tírdhreach féin agus tuiscint ó dhúchas aige ar a thimpeallacht. ‘Nach bhfuil a fhios ag an saol, agus tá a fhios agat féin é, má tá an ghaoth as Mám Dearg go mbeidh an lá amárach ag scalladh gréine.’<sup>877</sup>

Sa chíoradh a dhéantar ar na hathruithe ollmhóra atá tagtha ar an bpobal agus ar an saol sna haighnis seo, baintear leas an-éifeachtach as an gcódmheascadh. Tá an deighilt idir sean agus nua le sonrú ar leibhéal na teanga féin, agus an ghlúin óg ag dul i muinín an Bhéarla le trácht ar an saol nua-aimseartha. An briseadh céanna leis an seansaol agus le béascna, bealaí oibre agus teanga na seanmhuintire is ábhar do ghearrscéal an Chadhnaigh, ‘Úr agus Críon.’ Airítear saol na nua-theicneolaíochta agus saol an Bhéarla ag brú isteach sa téacs féin le tagairtí don ‘*tractor*,’ ‘*high compression engine*,’ agus ‘*gelignite*.’<sup>878</sup> San agallamh faoin ‘Diesel Range’ mar shampla, cuireann an chontrárthacht idir Gaeilge thraidisiúnta chraicneach na máthar agus códmheascadh na hiníne agus a cuid cainte breac le focail Bhéarla, go mór leis an tuiscint go bhfuil an saol athraithe as éadan.

**Baibín:**

Maise, a Mhama na gcarad, tá an tine ag dul as  
Nár bhreá rud é an *Range* ‘s ná bhreá rud é teas?  
Thriomódh sé an *Lipstick*, is an *Hair Spray* dá réir  
Thiomódh sé an *Nail Varnish* ar bharra mo chúig méar.

**Mama:**

Maise éirigh i do sheasamh agus téighre amach a Bhaibín,  
Tabhair isteach gabhailín mhóna, tá an oíche seo fuar,  
Mura bhfuil tine thíos a’ d ar chartúr an teallaigh  
I dtús ráithe an Gheimhridh tá an scéal go han-chrua.<sup>879</sup>

Níl aird ar bith aici ar chomhairle a máthar, a mholann di fear breá láidir a phósadh ‘a bhainfeadh an mhóin.’ Ní theastaíonn a leithéid in aon chor níos mó agus teas lárnach ag cách.

**Mama:**

Dá dtógfása comhairle ón gcoigealach caillí  
D’fhéachfá le fear fháil a bhainfeadh an mhóin  
Sclábhaí breá láidir le bríste breá leathan –  
Ach ní air atá aird a’ d ach ar an mbríste beag cúng.

**Baibín:**

Seafóid, a Mhama, ‘s dún suas do bhéal feasta!  
Nach bhfuil *Diesel Range* ins gach uile theach nua?

<sup>876</sup> *Ibid.*

<sup>877</sup> *Ibid.*

<sup>878</sup> Máirtín Ó Cadhain, ‘Úr agus Críon,’ *An tSraith ar Lár* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2009) 51. Féach an plé atá déanta ar an gceist seo freisin in Gearóid Denvir, *Cadhain Aonair: Saothar Liteartha Mháirtín Uí Chadhain* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1987) 78-9.

<sup>879</sup> Máire Ní Cheoinín agus Siobhán Ní Ghuairim ‘An Diesel Range,’ *Inniu*, 19.4.1974, 14.

Ní theastódh fear láí, fear sluasad ná sleáin uainn,  
Bheadh teas breá ón *Range* is ní bhfaigheadh muid an fliú.<sup>880</sup>

Baintear úsáid as an gcódmheascadh ar an mbealach céanna in agallamh le Colm Ó Fínneadh, ina gcuirtear lampa ola agus leictreachas i gcomparáid lena chéile. Cuirtear tús leis an allagar nuair a iarrann Marcus ar a chomharsa béil dorais Micil braon ola lampa a thabhairt dó. Cuireann úsáid an Bhéarla le haduaine an leictreachais, agus an bheirt fhear ag trácht ar ‘*electricity*’ ‘*balance*’ ‘*ground rent*’ ‘*units*’ ‘*bulb forty*’ agus béarlagair uilig an aireagáin úir.

**Marcus:**

Maidir le ola lampa tá mé réidh léi anois feasta  
Agus níl oireadh agus lán spúnóige faoi chaolachaí an tí  
Ach breathna ar an *yoke* seo tá greamaí sa mballa  
Nach é Dia a chas an bealach an *electricity*.

**Micil:**

Ar a bhfuil de strochláin is do *ghadgeí* as seo go Ceann Caillí,  
Ní bhéarfainn mo laimpín ar Chomhairle an Rí  
Maidir le costas na hola níorbh fhiú dhuit bheith cainnt faoi  
Is níl bille nó *balance* ag teacht agam faoi.

**Marcus:**

Sgéal cam ar do lampa atá ina shampla ar an mballa  
Gan air ach púir dheataí agus solas gan chaoi  
Smután de ghlobe air nach bhfuil ag breathnú an-*tslachtmhar*  
Gan níochán nó glanadh ó am an drochshaoil.

**Micil:**

Tá an lampa san teach agam ó phós Micil Pheatsa  
Is níor tharraing sé náire orainn nó cás ar aon chaoi  
Níl *ground rent* nó tada ag fairiú aon am air  
Agus sílim gur fearr é ná an *eléctricity*.<sup>881</sup>

Bhí tionchar mór ag leictriú na tuaithe ar an bhfeirmeoireacht agus tagraítear san agallamh seo do scéim na gcearc, scéim a bunaíodh faoi stiúir James Dillon agus an dara Cogadh Domhanda ag tosnú. D’fhéadfaí ál sicíní a thógáil faoi lampaí móra, idir gheimhreadh agus samhradh.

Dillon suggested widening the use of Hover and Putnam lamps, as the average country house had no suitable accommodation for the maintenance of day-old chicks ... Rural electrification helped the winter production of eggs as lights could be left on to fool the hens into thinking it was still summer.<sup>882</sup>

---

<sup>880</sup> *Ibid.*

<sup>881</sup> Colm Ó Fínneadh (Phádhraic Learaí) ‘Lampa nó Iasg Buidhe,’ *Ar Aghaidh*, Meitheamh 1967, 7-8. Cuireadh leagan eile den agallamh seo i gcló in Cóil Learaí Ó Fínneadh, *Filíocht agus Feannadh* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1999) 220-221.

<sup>882</sup> Máirtín Mac Con Iomaire agus Andrea Cully, ‘The History of Eggs in Irish Cuisine and Culture,’ *Eggs in Cookery: Proceedings of the Oxford Symposium on Food and Cookery 2006*, eag. Richard Hosking (Devon: Prospect Books, 2007) 142.

Cuireadh deontais ar fáil sa scéim seo agus bhí éileamh mór uirthi sna ceantair Ghaeltachta. ‘Since the inception of the ‘day old chick scheme’, young chicks have been known as ‘Dillons óga’ or ‘young Dillons’ in the West Galway Irish speaking ‘Gaeltacht’ area.’<sup>883</sup> Cé go bhfáiltíonn fear an leictreachais go mór roimh an scéim agus an t-airgead a thiocfaidh as, tá fear an lampa an-amhrasach faoi. ‘Céipear in aghaidh nádúir’ atá ann, dar leis agus ní thiocfaidh aon mhaith as.

**Marcus:**

Nach n-éistea liom tamall nó go n-innseóinn níos fearr duit  
Roinnt mhaith do thairbhí an *Eléctricity*.  
Tá an citil ’s an t-iarann is iad réidhtí gach am dhuit  
Is má tá na *day old chicks* fáighte a’ d sí bhéarfás dóibh croí.

**Micil:**

Maidir le sgéim na gcearca sé Dillon a cheap é  
Is níor mhínic gníomh slachtmhar a bheith beartaí ag sraoil.  
Céipear in aghaidh nádúir é an *electric* is na háлта  
Sí an cheaire ina tárlú ag fíor tosach an tsaoil.

**Marcus:**

Éist do chuid cainnte is ná bac leis an tseafóid  
Nuair a mhéadóis na cearca beidh an tsoinseáil a’ d cruinn.  
Fáigh bosga breágh fairsing agus socruigh do lampa ann  
Agus gheobhaidh tú *bulb forty* ar sgilling is dhá phingin.

**Micil:**

*Thirty nó forty* níor mian liom é chaith leób  
Mar nuair a bhíonn siad ag grágaíl ní bhíonn siad róbhinn  
Nuair a thioctas an garla agus na cleiteachaí ag crapadh  
Beidh na *units* anáirde agus na héanachaí tinn.<sup>884</sup>

Fágtar an focal scoir ar an ábhar ag fear an lampa áit a nochtann sé arís an drochiontaibh atá aige sa scéim agus sa leictreachas tré chéile agus fógraíonn sé nach mbeidh baint ná páirt aige leis. Is minic guth na seanaimsire sna hagallaimh seo go léir amhrasach agus faiteach i dtaobh na n-athruithe agus na bhforbairtí seo. Mar a shonraigh Denvir is ‘de nádúr na litríochta béil a bheith caomhantach, iardhearcach, traidisiúnta.’<sup>885</sup>

An bhunchoimhlint chéanna idir an seansaol agus an saol nua-aimseartha is ábhar do na haighnis seo go léir. Athraíodh na pearsana a bhí mar chéilí comhraic agus le himeacht aimsire tháinig topaicí agus conspóidí nua chun cinn ach an chontrárthacht bhunúsach chéanna a bhí mar bhunchloch acu go léir. Cumadh agallamh eile sna seachtóidí idir ‘Asal agus Tractor’ áit ar cuireadh asal agus tarracóir in adharca a chéile.<sup>886</sup> An t-ábhar

---

<sup>883</sup> *Ibid.*, 143.

<sup>884</sup> Colm Ó Finneadha (Phádhraic Learaí) ‘Lampa nó Iasg Buidhe,’ *Ar Aghaidh*, Meitheamh 1967, 7-8.

<sup>885</sup> Gearóid Denvir, ‘An Béal Beo: Filíocht Bhéil Chonamara Inniu,’ *Léachtaí Cholm Cille XIX: Litríocht na Gaeltachta* (Maigh Nuad: An Sagart, 1989) 218.

<sup>886</sup> An tAsal:

Nach aisteach an t-athrú atá tagtha le tamall,  
An t-am a bhí mise i mo shearrach,  
Bhíodh m’athair is mo mháthair ag tarraingt cliabhracha is mála,



ceannann céanna a bhí idir lámha is a bhí in agallamh Johnny Chóil Mhaidhc, ‘An Volkswagon agus an tAsal’ ach nach raibh tráthúlacht nó ‘geit’ na nuálaíochta ag baint leis an gceist níos mó, dar le daoine áirithe sa lucht éisteachta. I dtuairisc ar Ollchruinniú na bliana 1970 inar áitíodh go raibh athchóiriú agus athmhúnlú de dhíth ar na Scoileanna Éigse tré chéile, tarraingíodh aird ar leith ar ábhair na n-agallamh beirte agus dúradh go raibh siad imithe chun leimhe agus chun leadráin.

‘Tá mé tinn tuirseach ag éisteacht le hagallaimh idir gluaisteáin agus asail,’  
dúirt fear óg amháin as an gCeathrú Rua. ‘Nach sílfeá go smaoinoidís ar rud  
éigin nua?’<sup>887</sup>

Fráma nó foirmle sholúbtha a bhí sna coimhlintí idir sean agus nua a d’fhéadfaí a athmhúnlú agus a athchruthú de réir imeachtaí agus conspóidí na haimsire ach ní hionann sin agus athinsint ar sheanchonspóidí. Ní mór plé ar chúrsaí na huairé agus abháir aighnis a bhfuil tráthúlacht ag baint leo a roghnú le húire a choinneáil ann. Baineadh leas as an bhfoirmle chéanna ach é a bheith iompaithe bunoscionn san agallamh ‘Céilí na Seandaoine’ le Colm Ó Cualáin agus Peadar Ó Maoilchiaráin.<sup>888</sup> Athair agus mac atá ag argóint ann, ach gurb é an t-athair atá ag imeacht le pléaraca an tsaoil agus ag dul ag hallaí damhsa chuile oíche.

**Athair:**

Ó tá fhios a’ m, a mhaicín, nach é deireadh a’ tsaoil é;  
Nach shin caitheamh aimsire is siamsa atá le haghaidh fir is mná.  
Dá bhfeicfeá do Dheaide is do Mhama ag dul timpeall  
Mar a bheadh dhá mhionnán míosa ann amuigh ins an *hall!*

**Mac:**

Measann tú, a Dheaide, nach é baois na haoise é,  
Nó ar ól sibhse aon bhraoinín a d’éireodh ina gceann?  
Nach bhfuil *corns* ar Mhama agus pian i’ do dhroimse  
Is nach maslathé an siamsa a ngabhfaidh an cúpla agaibh ann.<sup>889</sup>

## Cúrsaí Cleamhnais

Téama eile a pléadh go mion minic agus a d’fhorbair le himeacht aimsire ná cúrsaí cleamhnais agus grá. Agallamh ar chúrsaí cleamhnais idir ‘Athair agus Mac’ a tháinig

---

Go mór mór nuair a thagadh an tEarrach.

Bhídís ag obair go dílis, shiúl maidin is faoithin,

‘s a straicléáil le haoileach is feamainn,

Go dtáinig tusa i do thaibhse, le torann is le soilse,

Is tú ag scantraí muintir an bhaile.’ Máirtín Mac Craith agus Seán Ó Catháin, ‘An tAsal agus an Tractor,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1970. Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>887</sup> Seosamh Ó Cuaig, ‘An Chúirt Éigse Sa Cheathrú Rua: Cruth Nua-Aoiseach ag Teastáil,’ *Inniu* 5.5.1970, 2.

<sup>888</sup> Colm Ó Cualáin agus Peadar Ó Maoilchiaráin, ‘Céilí na Seandaoine,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1970. Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG. I glicó in Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 126–130.

<sup>889</sup> Colm Ó Cualáin agus Peadar Ó Maoilchiaráin, ‘Céilí na Seandaoine’ in *Agallaimh na hÉigse...*, 127.

sa chéad áit sa chéad chomórtas Oireachtais in 1940. Cumadh agus aithrisíodh go leor ar an téama céanna sna Scoileanna Éigse in imeacht na mblianta, ina measc ‘An Baitsiléara agus an Fear Pósta’<sup>890</sup>, ‘Athair agus Mac’<sup>891</sup>, ‘An Cleamhnas: Fear Óg agus Athair’<sup>892</sup>, ‘Cúrsaí Cleamhnais’<sup>893</sup>, ‘Athair agus Mac’<sup>894</sup>, ‘Cleamhnas an Bhangharda,’<sup>895</sup> ‘An Biúro Pósta,’<sup>896</sup> ‘Iarracht Cleamhnais,’<sup>897</sup> ‘Biúro na mBan,’<sup>898</sup> ‘An Bhean nár Oibrigh a Pósadh Dhi,’<sup>899</sup> ‘Comhairle don Bhaitisiléir.’<sup>900</sup> Comhrá idir tuismitheoir (athair go hiondúil) agus mac faoin bpósadh is minicí a bhíodh i gceist. Tugtar léargas traidisiúnta ar dheasghnáth an phósta agus ar ról na dtuismitheoirí i roghnú an pháirtí i gcuid mhaith de na hagallaimh.

**An Mháthair:**

Tá mise in aois ’gus is gearr mo shaol, Is ní bheidh bean blite bó a’d  
A ghearrfas scealláin, a bheathós bulláin, nó a chruinneós bárr an Fhómhair,  
Ach tá tú leat féin de ló is d’oíche,’ faoi leatrom géar is anró,  
A’ gearán leat féin is tú i mbrón nár ghlac tú ort bean do phósta.

**Seán:**

Fós ariamh níorbh eol dom féin do chomhairle gan a bheith go maith,  
Ach m’anam féin, gur mór an job a’ dul ag iarraidh bean.  
Níor mhór dom fear a labhrós dom is a dhéanfas dom an cleamhnas,  
A chuirfeas an cheist, a roinnfeas deoch sul a ngabhfa muid chuig an sagart.<sup>901</sup>

Tagann an ghné choimhlinteach go minic ó mhíshástacht an athar faoin bpáirtí atá roghnaithe ag an mac.

**Fear Óg:**

Breathnaigh anseo, a Dhaide, agus cogar anall liom,  
Tá mé ag smaoiniamh le tamall ar shocrú síos,

<sup>890</sup> Johnny Chóil Mhaidhc, leagan lámhscríofa i leabhar mhiontuairiscí na Tulaí. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG. Léirithe ag Ollchruinniú 1957. I gcló gan ainm in *Agallaimh na hÉigse...*, 155-9.

<sup>891</sup> Micheál Ó Gaora agus Cólín Ó Cualáin, ‘An tAthair agus an Mac,’ Ollchruinniú na bliana 1960. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>892</sup> Na Baill a chum, Scoil Éigse na Ceathrún Rua, ‘An Cleamhnas: Fear Óg agus Athair,’ *Ar Aghaidh*, Lúnasa 1962, 2.

<sup>893</sup> Peige Ní Iarnáin agus Pádraig Ó Confhaola, ‘Cúrsaí Cleamhnais,’ *Ar Aghaidh*, Mí Iúil 1964, 1.

<sup>894</sup> Colm Ó Cualáin agus Peadar Ó Mhaoilchiaráin, ‘Athair agus Mac,’ *Ar Aghaidh*, Samhain 1968, Agusín.

<sup>895</sup> Colm Ó Cualáin, ‘Cleamhnas an Bhangharda’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1967, i gcló in *Agallaimh na hÉigse...*, 131-6.

<sup>896</sup> Joe Steve Ó Neachtain, ‘Biúro Pósta,’ *Fead Ghlaice* (Béal an Daingin: Cló Iar-Chonnachta, 1986) 25-30. Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1969. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>897</sup> Eibhlín Uí Chuaig agus Pádraig Mac Con Mara, ‘Iarracht Cleamhnais,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1973. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>898</sup> Séamus Ó Fiannachta agus Colm Mac Donncha, ‘Biúro na mBan,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1977. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>899</sup> Séamus Ó Fiannachta agus Seosamh Giobúin, ‘An Bhean Nár Oibrigh a Pósadh di,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1983. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>900</sup> Séamus Ó Dubhghaill agus Éamonn Ó Finn, ‘Comhairle don Bhaitisiléir,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1986. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>901</sup> Peige Ní Iarnáin agus Pádraig Ó Confhaola, ‘Cúrsaí Cleamhnais,’ *Ar Aghaidh*, Mí Iúil 1964, 1.

Nach bhfuil fhios agat go maith go bhfuil sé ag tarraingt ar am dom,  
'S má tá tusa sásta, pósfaidh mé Bríd.

**Athair:**

Go deimhin 's go dearfa, níl mise sásta,  
Is cosúil go bhfuil tú meallta ag cainteanna Bhríd,  
Éirigh as do chuid seafóide, céard tá ionat ach páiste,  
Níor phós mise do mháithrín go raibh mé dhá bhliain is dhá fhichead.<sup>902</sup>

Ní mór an bhean cheart a roghnú, bean a mbeadh spré aici<sup>903</sup> agus a bheadh go maith i mbun tí, bean 'a chóireodh do leaba is a réiteodh do ghreim'<sup>904</sup> a 'dhéanfadh duit cáca is a dheasóchadh do bhríste.'<sup>905</sup> Déantar comparáid idir tuiscintí na dtuismitheoirí ar chúrsaí suiríochta agus cleamhnais agus meon a gclainne, agus an choimhlint idir sean agus nua arís lárnach san achrann. Inniúlacht na mná ar a cuid dualgaisí tí a chomhlíonadh an slat tomhais atá ag an athair, murab ionann agus an mac.

**Athair:**

Nach mbeadh bean den bhaile chuile orlach comh maith léi,  
Agus b'fhéidir i bhfad níos fearr dhuit;  
Nó ar iarraidh tú dhi a' raibh sí in ann na scealláin a scaradh  
Nó go maith a' fuint a' cháca.  
Ba mhaith liom í a fheiceáil thíos ins an gcladach  
Agus cliabh mór feamainn' uirthi ardaithe,  
Is nár dheas a' radharc í 'teacht aníos a' strapadh  
Lena cuid bróga sálaí arda.

**Mac:**

Tá asal maith a'inn le haghaidh an chladaigh,  
Tá neart builíní i siopa Charna.  
Tá mná do bhaile-sa seasta dá gceannacht  
Le leisce gabháil ag fuint aon cháca.<sup>906</sup>

Is mór an t-athrú atá tagtha ar cheiliúradh na bainise freisin agus cur amú airgid atá ann dar leis an athair. Fuintear greann as an gcodarsnacht idir an bhainis nua-aimseartha, an fáinne, an *taxi*, an béile sa Sancta Maria agus mí na meala i bPáras agus an cleamhnas traidisiúnta, an buidéal poitín agus 'dul a tanachan meaingels an mhaidin dár gcionn.'

**A Mac:**

Ach nach bhfuil cúig phúnt fhichead ar fháinne 'engagement' i nGaillimh?  
Agus tá an fáinne pósta i bhfad ós a chionn,  
Agus m'anam, an sagart, nach ndéanfadh se an 'job' mór sin in aisce  
Gan caint ar an mbricfeasta san 'Sancta Maria';

---

<sup>902</sup> Na Baill a chum, Scoil Éigse na Ceathrún Rua, 'An Cleamhnas: Fear Óg agus Athair,' *Ar Aghaidh*, Lúnasa 1962, 2.

<sup>903</sup> Mar shampla 'Gheobhaidh mise bean duit-se nuair a bhéas sé in am a't, Is bean a mbeidh spré léi, bó agus lao.' Na Baill a chum, Scoil Éigse na Ceathrún Rua, 'An Cleamhnas: Fear Óg agus Athair,' *Ar Aghaidh*, Lúnasa 1962, 2. Agus 'Muise, is dona an aghaidh bean ort má tá tú san aois sin, Cé go bhfuighinnse bean tighé dhuit agus spré cúpla bó.' Johnny Chóil Mhaidhc, 'Plé ar an bPósadh' in *Agallaimh na hÉigse...*, 155-9.

<sup>904</sup> Johnny Chóil Mhaidhc, 'Plé ar an bPósadh,' in *Agallaimh na hÉigse...*, 155.

<sup>905</sup> *Ibid.*, 156.

<sup>906</sup> Colm Ó Cualáin, 'Cleamhnas an Bhangharda,' *Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1967*, i gcló in *Agallaimh na hÉigse...*, 133.

Agus taxi a thiubharfas an bheirt a' ainn go Gaillimh,  
Agus 'ar n-dó' an cáca bheadh sé damanta daor,  
'Gus dá ngabhfadh an bheirt a' ainn go Páras ar mhí na meala,  
Mo choinsias, a Dheaide, bheadh sé dhá chéad is ós a chionn.

**An tAthair:**

Taxi! Ag a' diabhal ort féin is ar Nan Mhaggie!  
Nuair a phós mise do Mhama bhí cuma ar an saol,  
Ní raibh caint ar 'engagement' ná ar mhí na meala  
Ach a' dul a' tanachan meaingels an mhaidin dár gcionn;  
Buidéal poitín 'fháil thiar 'tí Sheáin Taimín  
Agus a' dul 'uig a' teach aici uair an mheán-oíche;  
Í a iarraidh go cneasta 's go múinte ar a Deaide,  
'Gus bíodh beannacht na n-ingeal ort chun mhairfeadh tú aríst.<sup>907</sup>

Coincheap aduain é 'Mí na Meala' don athair agus is cliste, deaslabhartha an chaoi a gcuirtear an dá íomha den phósadh le hais a chéile. An cleas céanna agus an chontrárthacht chéanna a úsáideadh san agallamh seo a leanas, na tuismitheoirí 'ag ceangal arbhair' ar lá na bainise.<sup>908</sup> Baineadh taitneamh as ciúta deas cliste nó comparáid bharrúil a shníomh isteach in agallamh.

**Mac:**

Go raibh maith agat a Dheaide, is tuisceannach a' fear thú,  
Ach ná bacadh muid leis sin go fóilleach.  
I dteach ósta Chnoc a' tSalainn a bhéas an bricfeasta a' inn ar maidin  
Is ag caitheamh mí na meala i Minosota.

**Athair:**

Muise a mh'anam fhéin a mhaicín gur amach ag ceangal arbhair  
A chuaigh mise agus do mhama an lá a phós muid.  
Tar éis a mbéile fataí 'gus a bpíosa breá de bhallach  
Ní raibh aon chaint ar mhí na meala i Lócosóiti.<sup>909</sup>

Cuirtear an saol pósta i gcomparáid le cinniúint an bhaitsiléara sna hagallaimh seo, agus tuiscentí traidisiúnta ar an té a fhaigheann bás, gan bean nó páiste, gan aon duine len iad a chaoineadh os cionn cláir. In agallamh le Johnny Chóil Mhaidhc, meabhraíonn an fear pósta don bhaitsiléir go mbeidh sé ina aonar ar leaba a bháis. Ní ghéilleann an baitsiléir dó agus deir sé nach féidir le haon duine teacht i gcabhair ort ar Lá an Bhreithiúnais.

**Peadar:**

Ach cá bhfuil an chearc nach bhfuil gioblach nó go dtógfaidh sí a háilín;  
Ach tiocfaidh lá breá éicint a mbeidh tú i do leaba is tú tinn,  
Gan duine le tú fhéachaint dhá bhfanfá go brách ann,  
Nó cé a chaoiféas do chnámha an lá a ngabhfaidh tú sa gcill.

---

<sup>907</sup> 'An Mac agus an tAthair,' *Ar Aghaidh*, Mí Iúil 1964, 1.

<sup>908</sup> Spéisiúil go leor dúradh rud an-chosúil leis sin i dtuairisc a bailíodh ar nósanna bainise sna nóchaidí. 'Ní raibh aon chaint ar mhí na meala; cheapfainn gur ag baint fheamainne a chuaigh siad nó b'fhéidir ag cur fataí.' In eag. Pádraig Ó Héalaí agus Lochlainn Ó Tuairisg, *Tobar an Dúchais: Béaloideas as Conamara agus Corca Dhuibhne* (An Daingean: An Sagart, 2007) 70.

<sup>909</sup> Colm Ó Cualáin, 'Cleadhnas an Bhangharda,' *Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1967*, i gcló in *Agallaimh na hÉigse...*, 133.

**Colm:**

Ní bean, leanbh ná páiste a dhéanfas maith dhom an lá sin,  
Ná an té a shocrós an bhráillín go deas os mo chionn,  
Mar is cuma cén t-airgead a chuaigh thríd do lámha  
Nuair a bheidh do chuid ordógaí in airde a't agus tú dall ar an saol.<sup>910</sup>

Luaitear deasghnátha an tórraimh sa chomhthéacs céanna agus cúrsaí cleamhnais á bplé ag athair agus mac.

**Athair:**

Muise céad slán leis an am a raibh drár ann is báinín,  
Bhí cailíní breátha ann is togha na mban tí,  
Gan *lipstick* gan *powder* gan sáilíní arda,  
Ach ag cniotáil is ag cardáil go huair an mheáin oíche.

**Mac:**

Sin é a d'fhág Sally is Pádraig mar tá siad,  
Nó cé a chabhrós ar ball leothab nuair a ghabhfás siad in aois,  
Ní cniotáil ná cardáil, cé a dhúnfás a súile, a shocrós a lámha,  
Nó cé a chóireos an bhráillín go deas os a cionn.

**Athair:**

Ó nach cuma leo an lá sin cé a shocrós a mbráillín,  
Mar beidh leaba bhreá réidh dóibh i bhFlaitheas na Naomh,  
Má thug siad aire don Aifreann is don Phaidrín Páirteach,  
Má thréig siad an grá agus pléisiúr an tsaol.<sup>911</sup>

An argóint cheannann chéanna agus an struchtúr agus friotal ceannann céanna a úsáideadh in agallamh eile dhá bhliain ina dhiaidh sin agus cúrsaí pósta á bplé.

**Fear Óg:**

Sin é a d'fhág Máirtín is Nóra mar 'tá siad,  
Tá a gcuid laethanta maith caite, is ní phósfaidh siad choich'.  
Cé dhúnfás a súile nó a shínfeas a gcnámha,  
Nó a chuirfeas an bhraithlín go deas ós a gcionn.

**Athair:**

Is cuma dhóibh an lá sin cé shínfeas a gcnámha,  
Nó a chuirfeas an bhraitlín go deas ós a gcionn,  
Má thugadar aire don Aifreann 's don Phaidrín Páirteach,  
I gCathaoir na nGrást a bheas siad 'na suí.<sup>912</sup>

Pléifear nádúr macallach na n-agallamh amach anseo agus an chaoi ar baineadh leas idirthéacsúil as ábhair ón traidisiúin béil i gcoitinne ina gcumadóireacht. Mar a sonraíodh cheana i gcás na n-agallamh faoin seansaol agus an saol nua-aimseartha, is de nádúr na n-agallamh an t-athrá seo agus an athchúrsáil ar ábhair a thaitníonn leis an lucht éisteachta. D'éirigh le cumadóirí áirithe áfach, cor nua cruthaitheach a chur san fhoirmle sheanbhunaithe agus tráthúlacht bhreise a thabhairt don phlé ar chúrsaí

---

<sup>910</sup> Johnny Chóil Mhaidhc, 'Plé ar an bPósadh' in *Agallaimh na hÉigse...*, 157.

<sup>911</sup> Micheál Ó Gaora agus Cóilín Ó Cualáin, (Scoil Éigse Charna) 'Athair agus Mac,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1960. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>912</sup> Na Baili a chum, Scoil Éigse na Ceathrún Rua, 'An Cleamhnas: Fear Óg agus Athair,' *Ar Aghaidh*, Lúnasa 1962, 2.

cleamhnais. Chum Colm Ó Cualáin agallamh ina raibh an t-athair agus an mac ag brath ar phósadh agus iad in iomaíocht lena chéile, cé acu a phósfai i dtosach. Tagann éirim an ghrinn san agallamh áirithe seo ón ngnáthmhúnla a iompú bunoscionn agus droim ar ais.

**Athair:**

Ná maslaigh do Dhaide, níl sé basach ná bacach,  
Is tá cailíní óga i ngrá leis;  
Ach níor dhóigh scéal agatsa ná gurbh é an doras amach é,  
Tú féin agus Baba is do pháiste.

**Mac:**

Go deimhin, a Dhaide, tá droch leagan amach agat  
Ag tabhairt na buataise amach ar an tsráid dom,  
Ach ní thiocfaidh aon chailleach as íochtar an bhaile  
Sa teach seo in áit mo mháthar.<sup>913</sup>

In agallamh eile le Colm Ó Cualáin, a cuireadh i láthair ag Ollschrúinniú na Scoileanna Éigse in 1967, cuireadh le tráthúlacht an agallaimh trí chleamhnas a shamhlú idir bangharda agus an fear óg. Ábhar é seo a bhí i mbéal an phobail ó chéad-cheapadh mná sna Gardaí in 1959.

**Athair:**

Chuir tú an diabhal léi anois a mhaicín,  
Nó meas tú a' raibh tú dallta;  
Níor chuala mise riamh cheana  
Go mbíonn bean ar bith sna gardaí.  
B'fhéidir gur fear é a bheadh fút ag magadh;  
Tá gruaig mhór fhada ar a lán díobh,  
Ach nuair a fheiceas tú arís í dearc go maith í  
Sula gceannaíonn tú an fáinne.<sup>914</sup>

Athnuachan agus athchóiriú ar an téama céanna a bhí i gceist le 'Biúro Pósta' Joe Steve Uí Neachtain sa bhliain 1969. Bhain tráthúlacht bhreise le hagallamh Uí Neachtain, sa mhéid is gur ceapadh agus gur láithríodh é agus Biúro Pósta an Chnoic díreach tagtha ar an bhfód. Bunaíodh 'The Knock Marriage Introductions Bureau' faoi choimirce na heaglaise in 1968 agus é mar bhunchuspóir acu ráta pósta an Iarthair a ardú.

One of the main reasons for the founding of the bureau was the remarkably high percentage of bachelors in western counties. In Sligo, Galway, Mayo and Leitrim 90% in the 25-30 age group are bachelors. In Roscommon the figure is 91%. The owners of farms in the 40-plus age group completely outnumber those in the 20-40 age groups.<sup>915</sup>

Cuireadh cruth nua ar an téama traidisiúnta san agallamh seo, le ceist chomhaimseartha a bhí go mór i mbéal an phobail a phlé ar bhealach taitneamhach, éadrom. Mar réamhrá

---

<sup>913</sup> Colm Ó Cualáin agus Peadar Ó Mhaoilchiaráin, 'Athair agus Mac,' *Ar Aghaidh*, Samhain 1968.

<sup>914</sup> Colm Ó Cualáin, 'Cleamhnas an Bhangharda,' Ollschrúinniú na Scoileanna Éigse 1967, i gcló in *Agallaimh na hÉigse...*, 132.

<sup>915</sup> 'Western Girls Set Sights too High: Marriage Bureau's Problems,' *The Irish Times*, 2.1.1969, 25.

ar an mbriatharchath, tharraing sé aird ar fhíorchomhthéacs sóisialta an agallaimh, bánú na Gaeltachta agus líon na mbaitsiléirí faoin tuath, ach cuireann réim thírúil an fhir agus é ag trácht ar chúrsaí collaíochta le greann an ábhair.

Éistigí go fóilleach,  
Tá bánú i ndán don Ghaeltacht,  
Níl deoraí ariamh ag pósadh  
Mar an cúthail atá na créatúir,  
Ach tá Biúró Pósta bunaithe agamsa,  
Is tá daoine ag teacht ina gcéadta,  
Óra, is gearr a sheasfas leapachaí,  
Mar tá springeannaí dhá bpléascadh.<sup>916</sup>

Tuairimíonn Pagliai go n-úsáidtear caint láidir chraicneach, an rud a dtugann sí ‘outrageous speech’ air, d’aon ghnó i mbriatharchathanna agus in aighnis fhileata na béalairachta le haird an lucht éisteachta a fháil agus le cumhacht fhórsúil a bhronnadh ar an ráiteas.

... what I will call “outrageous speech,” including obscenities, vulgarities, blasphemy, dirty words, and so on. As far as I know, every society has a category of outrageous words and expressions that, even when not used as insults, raise people’s eyebrows, so to speak ... Outrageous speech, words that cannot be used lightly, are more powerful than others in modifying the mood or key of the interaction.<sup>917</sup>

Aighneas spráúil é seo ina ndéanann bean gearán le bainisteoir an Bhiúró Pósta, faoin ‘scaiste mór’ a tugadh di mar fhear céile. Tagann greann an allagair seo ní ón gcaidreamh idir an bheirt a fheicimid ar an stáitse, an bhean agus bainisteoir an Bhiúró, ach ón gcur síos a dhéantar ar an tuathánach d’fhear céile atá ‘lán le dreancaidí’ a bhíonn ‘á únfairt is á scraitseáil féin’ i gcaitheamh na hoíche. Déanann an bhean aithris ar iompar agus ar ghlagaireacht an fhir lá na bainise:

Ag an mbricfeasta lá an phósta,  
Bhí an caipín socraithe ar stiúir air,  
Bhí treabhsar mór ceanneasna air –  
Chomh leathan le dúchán móna;  
Nuair a d’éirigh an sagart bocht  
Le haltú a rá go múinte,  
Ara, deir sé: ‘Éirigh as an ealaín seo  
... *cripes*, nach bhfuil mé stiúcaithe.’  
Nuair a leagadh anuas an bricfeasta,  
Oiread is *thanks* níor dhúirt sé,  
Leag sé anuas a chaipín dó  
Agus thit sé síos sa súp uaidh;  
Thug mé súil t’réis tamaillín  
Go bhfeicfinn cén fáth an rúcáil,

---

<sup>916</sup> Joe Steve Ó Neachtain, ‘Biúró Pósta,’ *Fead Ghlaice* (Béal an Daingin: Cló iar-Chonnachta, 1986) 25.

<sup>917</sup> Pagliai, ‘The Art of Dueling...’, 70.

Bhí an forc caite ar an talamh aige  
Is é ag placadh lena chrúba.<sup>918</sup>

Tá a cuid ionsaithe agus a cuid cainte binbí dírithe ar an bpearsa seo agus agus áitíonn sí ar fhear an Bhiúró é a thógaint ar ais:

Ara, croch leat i dtí an diabhair 'un bealaigh é  
Agus gheobhaidh mé *central heating*.<sup>919</sup>

Dá bharrúla agus dá áiféisi iad achasáin na mná san agallamh seo, tá léargas géar-chúiseach le fáil ann ar dheacrachtaí a bhain le gnó an Bhiúró ag an am. Tugadh le fios i dtuairisc in 1969 gur bhain deacracht ar leith le pairtnéirí a aimsiú d'fheirmeoirí tuaithe.

The number of farmers in the older age group is causing the bureau a lot of worry and anxiety, as they are finding it difficult to get suitable partners for them. A lot remains to be done to change the image of the farmer. Farming and farmers have changed a great deal, but the old image lingers and there is no use pretending that many will not have to bring themselves up to the times.<sup>920</sup>

Bhí oifigeach caidrimh phoiblí an Bhiúro den tuairim gur éirí in airde na gcailíní gairmiúla ba chúis leis na fadhbanna a bhí ag an eagraíocht cleamhnas a dhéanamh do bhaitisiléirí tuaithe an Iarthair.

We have a large number of applications from professional girls, but they in most cases, do not want to settle on the land. I think myself the girls are setting their sights a little too high and they should be contented with a lot less.<sup>921</sup>

Feictear an choimhlint chéanna seo in agallamh Joe Steve, idir mórchúis na mná nua-aimseartha agus aineolas agus tuathalacht an fhir tuaithe thraidisiúnta agus is ródhócha gur tháinig inspioráid an aighnis ón bplé ar an gceist seo sna meáin.<sup>922</sup> Más téama traidisiúnta seanbhunaithe a bhí i gcúrsaí cleamhnais, tá iarracht anseo dul i ngleic le ceist chomhaimseartha a bhain leis an bpósadh agus tá an téacs ar fad breac le tagairtí do chúrsaí na huaire.<sup>923</sup>

---

<sup>918</sup> Joe Steve Ó Neachtain, 'Biúró Pósta' *Fead Ghlaice*, 26. Ollchruiniú na Scoileanna Éigse 1969. Taifeadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>919</sup> *Ibid.*

<sup>920</sup> 'Marriage Bureau Suspects Unreported Weddings,' *The Irish Times*, 27.10.1969, 14.

<sup>921</sup> Rev. Michael Keane luaite in 'Western Girls Set Sights too High: Marriage Bureau's Problem,' *The Irish Times*, 2.1.1969, 25.

<sup>922</sup> Cumadh dhá agallamh eile bunaithe ar obair an Bhiúró ina dhiaidh sin, 'Biúró na mBan' in 1977 agus 'Bean nár oibrigh a Pósadh dhi' in 1983.

<sup>923</sup> Luaitear mar shampla, 'go raibh súil aige i ndiaidh Jacqueline sul má phós an t-asal thall í' tagairt do Jacqueline Kennedy a phós Aristotle Onassis in 1968.



## Ceisteanna Sóisialta agus Polaitiúla

Le himeacht aimsire, bhí claochlú ag teacht ar an agallamh fileata agus na téamaí traidisiúnta ag dul i léig. Uirlis a bhí san agallamh anois le ceisteanna comhaimseartha a phlé agus le tráchttaireacht a dhéanamh ar fhadhbanna sóisialta áitiúla agus idirnáisiúnta. Tá tráchttaireacht ghéarchúiseach sna hagallaimh bheirte ar chúrsaí na huaire agus gach a mbaineann le saol nua-aimseartha na Gaeltachta. Taifead ríspéisiúil is ea iad mar a shonraigh Liam Ó Muirthile:

Ní ar theilifís ná ar raidió, ar nuachtán ná in iris liteartha atá an chuid is deisbhéalaí agus is géire de thráchttaireacht phobal na Gaeltachta ar a gcúrsaí saolta féin le fáil le fada an lá, ach san agallamh beirte, go háirithe, agus sna foirmeacha eile aithriseoireachta ina dhiaidh sin. Tá trácht sna hagallaimh ar ecstasy agus poitín, ar an gauger agus an dole, an Teilifís, an seanfhear dúr agus an bhean óg aerach, ar slurry muc agus imirce, ar an sliabh, an garraí, an portach agus an cladach, agus ar an nGaeltacht féin.<sup>924</sup>

I measc na n-ábhar a tháinig chun cinn ag Ollchruinnithe na Scoileanna Éigse, bhí cúrsaí polaitíochta ('Cúrsaí Toghacháin,'<sup>925</sup> An Rialtas Nua<sup>926</sup> 'Toghchán,'<sup>927</sup> 'An Toghchán,'<sup>928</sup>) agus móreachtraí idirnáisiúnta, spásrás na seascaidí agus an Cogadh Fuar san áireamh. ('Fear na Gealaí agus an Spásaire,'<sup>929</sup> 'Astronaut agus Feilméar,'<sup>930</sup> 'Fear na Gealaí agus an Madadh,'<sup>931</sup> Agallamh faoi Ambasáid na Rúise<sup>932</sup>). Pléadh cúrsaí eacnamaíochta ar bhonn áitiúil agus na hathruithe a tháinig le bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa. ('Margadh na Feola: Stailc na bhFeirmeoirí,'<sup>933</sup> 'An EEC'<sup>934</sup> 'An Stailc Leictreachais,'<sup>935</sup> 'Ardú an Ráta Úis sa Bhanc,'<sup>936</sup> An Comh-mhargadh<sup>937</sup>). Bhí borradh faoi chearta daonna go hidirnáisiúnta agus anseo in Éirinn sa tréimhse

<sup>924</sup> Liam Ó Muirthile, 'An Peann Coitianta: Agallaimh na hÉigse,' *The Irish Times*, 7.5.2002, 26.

<sup>925</sup> Scoil Éigse na Ceathrún Rua a cheap, 'Cúrsaí Toghacháin,' *Ar Aghaidh*, Mí Iúil 1964, 1.

<sup>926</sup> Bairbre is Nóra Ní Cheoinín, Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1973. Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>927</sup> Seán Ó Cearnaigh agus Micheál Ó Tuairisg, 'Toghchán,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1973. Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>928</sup> Máirtín Ó Duithche agus Seán Ó Cearnaigh, 'An Toghchán,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1977. Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>929</sup> Máirtín Mac Donnchadha agus Colm Ó Domhnaill, 'Fear na Gealaí agus an Spásaire,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1970. Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>930</sup> Pádraic Ó Conghaile, 'Astronaut agus Feilméar,' *Ar Aghaidh*, Lúnasa 1963, 4.

<sup>931</sup> Coireall Ó Flatheartaigh agus Pádraic Ó Conghaola, 'Fear na Gealaí agus an Madadh,' luaite in 'Comhdháil na Sgol Éigse,' *Ar Aghaidh*, Mí Mheadhoin 1964, 2.

<sup>932</sup> Séamus Ó Dubhghaill agus Micheál de Búrca, 'Agallamh faoi Ambasáid na Rúise,' *Inniu*, 28.3.1975, 13.

<sup>933</sup> Pádraic Ó Coisdealbha agus Séamus Ó Dubhghaill, 'Margadh na Feola: Stailc na bhFeirmeoirí,' ag Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1967. Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>934</sup> Nóra agus Bairbre Ní Cheoinín, 'An EEC,' ag Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1972. Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>935</sup> Riobard Ó Cionnaith agus Micheál Ó Corlaigh, 'An Stailc Leictreachais,' ag Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1972. Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>936</sup> Colm Ó Cionnaith agus Seán MacAogáin, 'Ardú an Ráta Úis sa Bhanc,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1973. Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>937</sup> Roibeard Ó Cionnaith agus Micheál Ó Curleigh, 'An Comh-mhargadh,' *Inniu*, 3.12.1971, 6.

chéanna, agus déantar cíoradh ar chearta na mban, ar Chearta Sibhialta an Tuaiscirt agus na Trioblóidí ó thuaidh, maraon le plé ar Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta agus na cearta teanga a éilíodh ar an Rialtas. ('Cearta na mBan,'<sup>938</sup> 'Cearta na bhFear,'<sup>939</sup> 'Paisley agus Naomh Peadar,'<sup>940</sup> 'Maggie Thatcher agus Charlie Haughey,'<sup>941</sup> 'Cóilín agus Peadar ag argóint faoin nGaeilge,'<sup>942</sup> 'Labhairtear Gaeilge Anseo,'<sup>943</sup> 'Teilifís Nua don Ghaeltacht,'<sup>944</sup> 'Fear Ghaeltarra agus Fear Chonamara,'<sup>945</sup> 'Raidió na Gaeltachta agus RTÉ,'<sup>946</sup> 'Údarás na Gaeltachta agus Gaeltarra Éireann,'<sup>947</sup> 'Ar Thóir Deontais'<sup>948</sup>). Díol spéise na cosúlachtaí idir topaicí agus ábhair a phléitear in agallaimh na Gaeilge agus briatharchathanna fileata i dtraidisiúin eile. Is minic plé ar chúrsaí reatha agus díospóireachtaí polaitiúla i *contrasto* na hIodáile, cuir i gcás.

In the period of the Cold War, common topics of the *Contrasto* included duels between the United States and Russia, or the West vs. the East. These highlighted the main differences between the two political-economic systems, but also defended or criticized actions taken by these two governments, especially in the international arena.<sup>949</sup>

Tá an tráthúlacht seo ó thaobh ábhar le sonrú in aighnis véarsaíochta na hIndinése chomh maith. I gcás *didong* na hIndinése, d'athraigh foirm agus téamaí na n-agallamh le himeacht aimsire agus tugadh isteach plé ar chúrsaí comhaimseartha i lár an chéid seo caite. Chleachtaí an *didong* go traidisiúnta ag bainiseacha agus ócáidí airneáin ach tosaíodh ar na haighnis seo a chur i láthair ag comórtais agus féilte sna dachaidí agus

<sup>938</sup> Colm B. Ó Finneadha, 'Cearta na mBan,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1973. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>939</sup> Mairéad Ní Mháille agus Mairéad Seoige, 'Cearta na bhFear,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1976. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>940</sup> Séamus Ó Fiannachta agus Peadar Mac Donnchadha, 'Paisley agus Naomh Peadar,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1976. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>941</sup> Kevin Mhaidhc Ó Conghaile agus Josie Chóilí Óig Culáin, 'Maggie Thatcher agus Charlie Haughey,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1981. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>942</sup> Seán Mac Giolla Léith agus Micheál Ó hEidhin, 'Cóilín agus Peadar ag argóint faoin nGaeilge,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1967. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>943</sup> Seán Ó Cearnaigh agus Máirtín Ó Duithche, 'Labhairtear Gaeilge Anseo,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1975. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>944</sup> Nóra agus Bairbre Ní Cheoinín, 'Teilifís Nua don Ghaeltacht,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1974. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>945</sup> Máirtín Davy Ó Coisdealbha agus Colm Ó Tuathail, 'Fear Ghaeltarra agus Fear Chonamara,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1974. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>946</sup> Colm P. Ó hIaráin agus Pádraig Ó Cuaig, 'Raidió na Gaeltachta agus RTÉ,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1974. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>947</sup> Máire Ní Churraoin agus Máire Treasa Ní Dhonnchú, 'Údarás na Gaeltachta agus Gaeltarra Éireann,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1978. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>948</sup> Aisling agus Mairéad Ní Neachtain, 'Ar Thóir Deontais,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1985. Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG. I gcló in Joe Steve Ó Neachtain, *Fead Ghlaice*, (Béal a Daingin: Cló Iar-Chonnachta, 1986) 35-40.

<sup>949</sup> Valentina Pagliai, 'Poetic Dialogues: Performance and Politics in the Tuscan *Contrasto*,' *Ethnology*, Vol 41:2 (Spring 2002) 139.

cuireadh an ealaín bhéil thraidisiúnta in oiriúint don chomhthéacs soch-chultúrtha nua.<sup>950</sup>

The new form of *didong* is distinguished from the old in its emphasis on the individual composition of rhymed songs that comment on ongoing events ... Many new songs are “set toward” reference (Jakobson 1960), describing recent events (the last harvest, the upcoming election, tobacco prices) in a language that is much closer to everyday speech than are the earlier poetic forms.<sup>951</sup>

De réir mar a d’athraigh lucht éisteachta agus *milieu* an láithrithe, tháinig athrú ar thopaicí agus feidhm na n-agallamh. Tugadh isteach ábhair a bhain leis an dioscúrsa poiblí agus a thug éachtaint ar chomhthéacs sochpholaitiúil an tsaothair. Is féidir an ghluaiseacht chéanna i dtreo na tráthúlachta a aithint ar agallaimh na Gaeilge sna seascaidí. Mar a shonraigh Éamon Ó Ciosáin, is tráchttaireacht shóisialta ar mhóirmeachtaí agus ar fhadhbanna na linne atá sna hagallaimh seo agus tugtar léargas ar údair inní agus aighnis i measc an phobail.

Cé gur le fonn spraoi nó diabhlaíochta a chumtar cuid mhór de na hamhráin, na hagallaimh beirte, na lúibíní agus aroile, is tráchttaireacht ar an tsaol atá i gcuid mhór eile díobh. Is sna píosaí seo atá fáil ar léargas phobal na Gaeltachta ar an athrú saoil, agus ar fhianaise ar an gcaoi a ndeachaigh imeachtaí na staire i bhfeidhm ar an bpobal. Ní shin amháin, ach léiríonn siad freisin cé na himeachtaí a chuir cor sa tsaol acu agus cé hiad nár chuir.<sup>952</sup>

Laistiar den mhagadh, den áibhéil agus den ghreann, tugtar éachtaint ar cheisteanna sóisialta comhaimseartha a bhí ag déanamh tinnis do phobal na Gaeltachta tré chéile. Tá an meascán céanna de shiamsaíocht agus de thráchttaireacht shóisialta mar dhlúthchuid de *contrasto* na hIodáile:

A primary goal for the poets is to entertain their audience, which decides the success of a performance and an artists’s fame. Equally important to the poet is expressing themselves both as political agents, through scathing critiques of the Italian state and its institutions, and as artists, producing beautiful poetry and unique verses.<sup>953</sup>

Ar na hábhair chomhaimseartha ba mhó a tharraing plé in agallaimh na tréimhse sin, bhí an *dole* agus an imirce. Sna hagallaimh a cumadh faoi chúrsaí imirce, go minic cuireadh imirceoir agus duine a d’fhan ag sáraíocht ar a chéile, agus rinneadh comparáid idir an saol thar lear agus an saol sa bhaile in Éirinn. Ceapadh agus láithríodh na hagallaimh

---

<sup>950</sup> ‘By the 1960s didongs were performed more often in such sponsored contests and less often at wedding.’ Féach John R. Bowen, ‘Poetic Duels and Political Change in the Gayo Highlands of Sumatra’ *American Anthropologist*, Vol. 91, No. 1 (Mar., 1989) 34.

<sup>951</sup> Bowen, ‘Poetic Duels...’, 34.

<sup>952</sup> Éamon Ó Ciosáin, ‘Amhráin na nDaoine agus an tAthrú Saoil: Iomarbhá faoin Dole agus amháin Antaine agus Thomáis Uí Bhriain,’ *Léachtaí Cholm Cille XIX: Litriocht na Gaeltachta* (Maigh Nuad: An Sagart, 1989) 223.

<sup>953</sup> Valentina Pagliai, ‘Conflict, Cooperation and Facework in Contrasto Verbal Duels,’ *Performing Disputes: Cooperation and Conflict in Argumentative Language. Journal of Linguistic Anthropology*, Vol. 20, No.1, 88.

seo a leanas ag Ollchruinnithe na Scoileanna Éigse sna seascaidí - ‘An Deoraí Sásta,’<sup>954</sup> ‘Yank agus Beartle,’<sup>955</sup> ‘An tImirceoir agus a Athair,’<sup>956</sup> ‘Fear a’ bhaile is an Puncánach,’<sup>957</sup> ‘An Mac agus an tAthair,’<sup>958</sup> ‘Fear Cho. na Midhe.’<sup>959</sup> Tá léargas ar dhearcadh défhiúsach an phobail faoin imirce le haithint ar na hargóintí idir na himirceoirí agus na hurlabhraithe a labhrann thar ceann an bhaile.<sup>960</sup> In agallamh idir ‘Mac agus a Athair’ feictear fear óg atá ar tí imeacht go Sasana agus fuadar chun imeachta air. Tá súil an mhic dírithe ar an saol sóisialta agus an spórt a bheidh aige i Londain san ‘Elefant’ agus ag an gcéilí sa ‘Shamrock.’

**An Mac:**

Breathnaigh, a Dheaide, tá mé a’ caint ar imeacht le fada,  
Ach fuair mé litir an lá cheana uaidh Shéamus Sheáin Bhríd;  
Ag an ‘Elefant Castle’ is ann tá sé ‘fanacht,  
Abair le Mama go bhfuil mé ag imeacht Diardaoin.  
Tabhair deich bpunt dom, a Dheide, i gcomhair costas an bhealaigh.  
Déanfaidh deich bpunt, mar beidh lóistín a’ m saor.  
Tá ‘lads’ Chonamara a’ fanacht i ‘flat’ ann,  
Tá Beartla ‘tabhairt ‘job’ dom, má imím Diardaoin.

**An tAthair:**

Róstaí ag a’ diabhal go raibh tú féin agus Beartla!  
Tá smál, tubaiste is mallacht ‘a tíocht ar aos óg an tsaoil.  
Cé thiúrfas aire don bhaile? Tá mise a’ fáil craite.  
Cé choinneós an teach seo agus do Mhama thíos tinn?

Labhrann an t-athair thar ceann an phobail a fhanann sa bhaile, an tseanghlúin a fhágfar leo féin má thréigeann na hógánaigh uilig an ceantar. In agallaimh eile cuirtear argóint idir imirceoir a fhilleann abhaile agus duine a d’fhan in Éirinn i láthair. Cé go mbíonn cuma an tsaibhris ar an imirceoir tá ciall cheannaithe aige faoi shaol an deoraí.

**Tomás:**

Céad fáilte romhat abhaile, is breá tá tú a’ breathnú,  
Chuaidh Meiriceá go maith dhuit, nó is mór ‘tá mé amú.  
Tá culaith de thogha an éadaigh ort, hata deas is méid ann,  
Slabhra breá i d’bheist agat is foscadh ar an múr.

**Puncánach:**

Go mairidh tú, a Thomáis, seo cathaoir is suí fút  
Go gcuirfidh mé sios ar Mheiriceá duit, ó’s leis atá tú a’ sil.

---

<sup>954</sup> ‘An Deoraí Sásta,’ *Ar Aghaidh*, Iúil 1966, Aguisín 3-4.

<sup>955</sup> Joe Steve Ó Neachtain, ‘Yank agus Beartle,’ *Ar Aghaidh*, Iúil 1966, 1. Leagan eile de i gcló in Ó Neachtain, *Fead Ghlaice...*, 31-4.

<sup>956</sup> Máirtín Mac Conchatha agus Roibeárd Ó Cionnaith, ‘An tImirceoir agus a Athair,’ *Ar Aghaidh*, Iúil 1967, 7.

<sup>957</sup> Na baill a chuir le chéile – Tír an Fhiaidh, ‘Fear a’ bhaile is an Puncánach,’ *Ar Aghaidh*, Lúnasa 1962.

<sup>958</sup> ‘An Mac agus an tAthair,’ *Ar Aghaidh*, Mí Iúil 1964, 1.

<sup>959</sup> Tomás Mac Eoin, ‘Fear Cho. na Midhe,’ *Ar Aghaidh*, Meán Fómhair 1961.

<sup>960</sup> Féach Máirín Nic Eoin agus Aisling Nic Dhonnchadha, *Ar an gCoigríoch* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2008) ar cheist na himirce i litríocht na Gaeilge.

Tá culaith de thogha an éadaigh orm, is hata breá bhfuil méid ann,  
Dá mbeadh sin is oiread eile a'm, ní mholfainn dhul anonn.<sup>961</sup>

Murab ionann agus na hagallaimh ina mbíonn na rannpháirtithe ag maíomh agus ag déanamh gaisce faoina n-ionad féin sa saol, san agallamh seo agus in agallamh le Joe Steve Ó Neachtain, cáineann an t-imirceoir an saol thar sáile agus lochtaíonn fear an bhaile an saol in Éirinn. Níl faic na fríde ag an duine a fhanann sa bhaile mar thoradh ar a chuid oibre ar fad dar le Fear an Bhaile:

**Tomás:**

Tá muide anseo 'sa mbaile is 'sé 'bhfuil dá bharr againn  
Obair agus sclábhaíocht ó mhaidin go hoíche,  
A' baint agus a' cartadh 'sa ngarraí ó thuaidh dinn  
A' briseadh do chnámha, ní áirmhím do dhruim.

**Puncánach:**

Tá tusa a' caint ar obair is ar sclábhaíocht i rith do shaoil,  
A' cur agus a' treabhadh an gharraí atá a't ag binn a' tí,  
A' caitheamh anuas ar Éirinn nach bhfuil aon tí ann mar í,  
Is go mb'fhearr duit bliain amháin inti ná i Meiriceá i rith do shaoil.<sup>962</sup>

Bréagnaíonn an 'Yank,' an Puncánach atá tagtha abhaile, na scéalta ar fad faoi shaibhreas agus airgead as éadan a bheith i ndán d'aon duine a imíonn thar lear.

**Beairtle:**

Muise céad fáilte abhaile  
Nach breá atá tú ag breathnú  
Ní aithneoinn de dhaoine an tsaol tú  
Nach ort a bhí an t-ádh  
An lá ar fhág tú a'ainn slán  
Is gan fanacht ag sclábhaíocht sa tír.

**Yank:**

M'anam nach raibh na *dollars*  
Le piocadh den tsráid  
Is nach raibh tada le fáil gan é a shaothrú  
Is dhá n-oibreoinn sa mbaile  
Chomh crua is d'oibrigh mé i mBoston  
Go mbeadh sásamh níos fearr  
Ar mo shaol ann.<sup>963</sup>

Cuirtear dhá íomha den Ghaeltacht os ár gcomhair san agallamh seo freisin, sa chéad áit íomhá rómánsach idileach thraidisiúnta an Phoncánaigh, den chomhthionól fuinniúil fuinte.

Bheadh suaimhneas is sláinte a'd,  
Bheadh beatha garraí is beatha cladaigh a'd  
Bheadh comhluadar geanúil 'do thimpeall.<sup>964</sup>

---

<sup>961</sup> Na baill a chuir le chéile – Tír an Fhíaidh, 'Fear a' bhaile is an Puncánach,' *Ar Aghaidh*, Lúnasa 1962.

<sup>962</sup> *Ibid.*

<sup>963</sup> Ó Neachtain, 'Filleadh an Deoraí,' *Fead Ghlaice...*, 31.

<sup>964</sup> *Ibid.*, 32.

Diúltaíonn Beairtle don bhréagrómánsachas seo agus cuireann íomhá de lagbhri agus bánú na Gaeltachta i láthair. Tá uaigneas, easpa torthúlachta agus easpa beochta ag baint le saol Bheairtle, is gan aige ach ‘*hot water bottle*’ mar chéile leapan.

**Beairtle:**

Comhlúadar geanúil  
An cat is an mada  
Ná bí ag bleadaráil chainte  
Ar an gcaoi sin  
Dhá mbeifeá ’do leaba, oíche sheaca  
Is do chosa faoi t’ascaill  
Is *hot water bottle* ag spraoi leat.<sup>965</sup>

Baintear leas as an gcontrárthacht idir dubh agus bán agus débhrí na bhfocal úd agus an ‘Yank’ ag clamhsán faoina ‘flat’ i mBoston, ‘Is bleaics ina gcónaí ’chaon taobh.’ Má tá an áit thall dubh le daoine, is fearr sin ná talamh bánaithe Chonamara dar le Beairtle agus d’fháilteodh sé roimh shlua de mhná Mheiriceá in Éirinn.

Ó dhiabhail nárbh í an chabhair,  
Dhá dtagadh bád acu anall  
’Sé a leithéid atá ag teastáil sa tír seo  
Ní bheadh aon chall inní  
I dtaobh an ghabháltas a bheith bán  
Tá mé cinnte go síolródh an *breed* sin.<sup>966</sup>

Má tá lagmhisneach agus lagsprid ar phobal na hÉireann agus na ceantair tuaithe bánaithe, tugtar aitheantas chomh maith don chumha agus briseadh croí atá i ndán dóibh siúd a imíonn. Tugtar le fios nach raibh an dara rogha ag fir óga an cheantair ach imeacht ag quartú oibre thar lear. Ní chloítear le steiritíopaí neamhbháúla d’aisimirceoirí rachmasacha agus téann agallaimh áirithe i ngleic le meon neamhthuisceanach míthrócaireach mhuintir an bhaile i leith na ndeoraithe.

**An Mac:**

Bhí grim an fhir bháite ar bhéal an sparáin a’t.  
Ar theach ná ar thalamh níor chaith tusa pighin.  
Ní raibh seans againn scolaíocht ná céard bheag a fhoghlúim,  
Ach ag sclábhaíocht i gcónaí gan tada ’na dhiaidh.  
Bliain agus fiche chaith mise thar sáile  
Is nuair a d’fhág mé an baile ’sea briseadh mo chroí;  
Shiúl mé na sráideanna fuara im’ aonar,  
Ag smaoiniamh ar Lisín is ar Bhuí Aibhneach thíos.

Ní raibh túirt suas ná léann a’m, ná oideachas cléirigh,  
Ní raibh ionnam ach spailpín gan oidhreacht, gan maoin,  
A’ tochair is a’ réabadh is a’ cartadh don strainséar,  
Is nuair a thagadh scéal uait b’é an béal bocht de shíor.

Níor iarr tú faoi lóistín, faoi chothú ná éadach,  
Níor thug tú aon scéal dom a thóigfheadh mo chroí,

---

<sup>965</sup> *Ibid.*

<sup>966</sup> *Ibid.*, 33.

Níor tháinig aon chomhairle faoi Aifreann Dia Domhnaigh;  
Ach – “Ná dearmad cúig phúnt a chur chugam Diardaoin.”<sup>967</sup>

Cáinte an rialtas freisin as an bhfáil atá déanta acu ar aos óg na tíre in agallamh eile agus aontaíonn an bheirt nár fíoradh aisling na Cásca.

**Comharsa:**

Nach bocht an éadail d’fhir óga na hÉireann  
Gur mar sin atá an scéal i Seasca Sé,  
Na laochra a daoradh ar son na saoirse  
I 1916 i gCilmainhaim Jail.

**Séamas:**

Má fuairéadar bás ar son na hÉireann  
Níl mórán athrú le feiceáil fós,  
Gan pioc le saothrú ag aos óg na tíre  
Is gan blas le fáil acu ach *Relief* nó *Dole*.<sup>968</sup>

Bhí an *dole* céanna ina ábhar aighnis agus iomarbhá ó cuireadh tús leis an scéim in 1933.<sup>969</sup> Go deimhin, foilsíodh dhá amhrán déag in ‘Iomarbhá an Dole’ sa nuachtán *An tÉireannach* in 1935. Ceapadóireacht í seo a d’fhéach le meabhair a bhaint as ceisteanna a bhí ag déanamh inní don ghnáthphobal Gaeltachta. Mar a dúirt duine de chumadóirí na n-amhrán seo, ‘Nuair a d’athraigh an saol, an dtuigeann tú, go gcaithfeadh muid ... go raibh se in am rud éicint a rá faoi, an dtuigeann tú, an chaoi sin.’<sup>970</sup> Tá idir mholadh agus cháineadh do scéim an *dole* sna hagallaimh seo. Aitníodh go raibh daoine ag brath ar an airgead ón Stát agus go mbeidís ar an ngannchuid dá mbainfí an *dole* uathu. In agallamh idir oifigeach *dole* agus seanbhean bhocht, feictear inní agus buairt na mná go gcaillfidís an *dole*.

**Fear:**

Freagair dhom na ceisteanna go haireach is go grinn,  
Nó má faightear amach bréagach thú, cuirfear ort an dlí.  
Cé mhéid bárdal agus gandal a’t lacha agus gé?  
Tá suas le trí scór cearca agat! Freagair mé de léim.

**Bean:**

Tá bárdal a’m ’tá bacach is gandal atá caoch,  
Coileach atá ar leath chois ó sheas an t-asal ar a dhroim.  
Tá cúig nó sé de sheana chearca agam a bhfuil galra orthu le mí  
Is má choinníonn siad sin teach dhom féadfaidh mé suí síos.<sup>971</sup>

Cé go n-aithnítear gur tháinig feabhas ar chaighdeán maireachtála an phobail leis an *dole*, is minic a leagtar béim ar shaol díomhaoin na n-ógánach, a fhaigheann deontais agus *dole* ón rialtas. Leisceoirí cruthanta atá i bhfír óga an cheantair anois, nach bhfuil

---

<sup>967</sup> Máirtín Mac Conchatha agus Roibeárd Ó Cionnaith, ‘An tImirceoir agus a Athair,’ *Ar Aghaidh*, Iúil 1967, 7.

<sup>968</sup> ‘An Deoraí Sásta,’ *Ar Aghaidh*, Iúil 1966, Aguisín 3-4.

<sup>969</sup> Ó Ciosáin, ‘Amhráin na nDaoine...’, 223.

<sup>970</sup> Antaine Ó Briain luaite in Éamon Ó Ciosáin, ‘Amhráin na nDaoine...’, 224.

<sup>971</sup> Colm Ó Cualáin, ‘Fear an Dole,’ in *Agallaimh na hÉigse...*, 147-8.

sásta a mbeatha a shaothrú dóibh féin, dar leis an máthair san agallamh áirithe seo a leanas:

**An Mac:**

Mar adubhairt mé leat cheana tá an aimsear sin caithte  
Tá airgead fairsing agus beatha sa tír  
Tá an *Dole* chuile Mháirt againn 'gus an pinsin Dé hAoine  
Insurance Dé Céadaoin 's an dochtúir Diardaoin.

**An Mháthair:**

Faoisdin Dé Sathairn mo léan d'fhága tú amach é  
Agus deontas na ngasúr 'chaon céad Mháirt sa mhí  
Bainne ón *nGovernment* le fáil agaibh in aisce  
Céilís's go maidin 's dhul a codhladh ag a trí.<sup>972</sup>

Is minic an liodán áirithe sin de dheontais agus '*grantanna*' á lua sna hagallaimh ag tuismitheoirí agus iad ag tabhairt le fios gur saol bog éasca atá ag an dream óg atá anois ann.

Ná fiafraigh anois díom cén' chaoi gur mhair muid,  
Ní raibh deontas gasúir a'inn, *dole* ná *relief*,  
Ní raibh beairic Dé Máirt a'inn ná 'Insurance' Dé Céadaoin,  
Pinsean De hAoine ná an dochtúir Diardaoin.<sup>973</sup>

An iad sin na rudaí is tábhachtaí, dar leat?  
Ní raibh siad ag ár muintir san aois atá thart;  
Is féach mar a mhair siad go ciúin is go cóir  
Ag saothrú a mbeatha gan deontais ná *dole*.<sup>974</sup>

Tá easpa fearúlachta ag baint leis an gcur síos ar fhir óga an cheantair, is iad ag triall ar oifig an *dole* i bhfaisean na linne.

Ach, a Mhaighdean Bheannaithe  
Céard a dhéanfas mo Phaitín  
Dé Máirt is Dé Céadaoin an geimhreadh  
Seo 'teacht?'  
Beidh a chuid *Bell-Bottoms* caite  
Is na bróga sál-leathan  
Ag siúl bóithre garbha dul ag "saighneáil" an *dole*.<sup>975</sup>

Ag Joe Steve Ó Neachtain atá an ráiteas is láidre agus is géire faoi thionchar an *dole* ar mheon agus spiorad an phobail. Cuirtear saol an fhir oibre agus saol an duine ar an *dole* i gcomparáid san agallamh 'Staidéar.' Beirt pháistí atá ag argóint san aighneas áirithe seo agus meon a dtuismitheoirí i leith chúrsaí oibre agus *dole* mar chnámh spáirne eatarthu. Tá idir shúgradh agus dáiríre san agallamh seo ach go háirithe i monológ fhada

---

<sup>972</sup> Johnny Chóil Mhaidhc, 'An Mháthair agus a Mac,' agallamh neamhfhoilsithe le Johnny Chóil Mhaidhc i lámhscríbhinn Scoil Éigse na Tuláí. Féach Aguisín.

<sup>973</sup> 'An Mac agus an tAthair,' *Ar Aghaidh*, Mí Iúil 1964, 1.

<sup>974</sup> Séamus Ó Dubhghaill agus Micheál de Búrca, 'Agallamh faoi Ambasáid na Rúise,' *Inniu*, 28.3.1975, 13.

<sup>975</sup> Bairbre agus Nóra Ní Cheoinín, 'An Rialtas Nua,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1973. Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.



an bhuachalla ar deireadh agus é ag maíomh as an saol bog falsa a bheidh aige agus é ag súdaireacht ón Stát.

Má fhaighimse mo dhóthain oideachais,  
Le *forms* a líonadh ceart,  
Beidh ioncaim maith go seasta,  
Ag teacht isteach 'mo theach.  
Beidh airgead na ngasúir a'm,  
Cinnte gheobhaidh mé an *dole*,  
Gheobhaidh mé deontas as na laonta,  
Is *grant* as cúpla bó,  
Beidh cárta leighis gan tada a'm,  
Le spéacláirí nó drad,  
Is beidh deontas Roinn na Gaeltachta a'm,  
Le caoi a chur ar mo theach,  
Beidh leasú talúna gan tada,  
Le fáil ón E.E.C.,  
Is gheobhaidh mé *disability*,  
Má chuirim gleainnín beag 'mo dhroim,  
Beidh deontas labhairt na Gaeilge,  
Go flaithiúil ag mo chlann,  
Beidh oideachas in aisce acu,  
Is taisteal saor ón stát.  
Ní tada ansin an méid sin,  
Go dtosóidh mé 'fáil sean,  
Beidh pinsean a'm is teilifís,  
Is fón saor istigh 'mo theach,  
Beidh gual le fáil in aisce agam,  
Beidh solas le fáil *free*,  
Is beidh mé fhéin 'is mo bhean ag *touráil* thart  
Ar chostas C.I.E.<sup>976</sup>

Tá 'double voice' Bakhtin in úsáid le teachtaireacht eile a chur trasna i gcaint an bhuachalla agus Ó Neachtain ag tarraingt airde ar spleáchas agus cleithiúnas an phobail ar shíneadh lámhe an rialtais.<sup>977</sup> Tá luachanna, oidhreacht agus dúthracht oibre a muintire caite i dtraipéisí ag an nglúin óg agus gan ach spadántacht agus marbhántacht i ndán don Ghaeltacht feasta. Castar súmaire fir eile linn san agallamh 'Cailleadh Meáchain' agus Joe Steve ag tabhairt fogha faoi mheon na caimiléireachta arís:

**Fear:**

Ara, Jasus, a bhean, níl ann ach *cod*,  
Mura bhfuil tú ag fiddileáil an Stáit seo,  
A dhiabhail, nach gcaillfinn an *dole* –  
Is bheinn bánaithe ag *tax*  
Dá salóinn mo chuid lámha.<sup>978</sup>

---

<sup>976</sup> Ó Neachtain, 'Staidéar,' *Fead Ghlaice...*, 62-3.

<sup>977</sup> Tá plé an-spéisiúil déanta ag Carmel Nic Eoin ar an agallamh seo freisin agus an chaoi a gcuirtear 'dearcadh macánta, uaillmhianach an fhostaí mheánaicmigh – fiú má tá a dhuáilcí féin ag baint leis siúd, mar a fheicfear – in aghaidh dhearcadh diúgaireach, cleithiúnach an fhir Ghaeltachta.' Féach Carmel Nic Eoin, 'Clochmhóin an Dúchais: Saothar Joe Steve Uí Neachtain,' Tráchtas MA (neamhfhoilsithe), OÉG 2004, 27.

<sup>978</sup> Ó Neachtain, 'Cailleadh Meáchain,' *Fead Ghlaice...*, 19.

Bhí faitíos ann ó cuireadh tús leis an *dole* go ‘ndéanfadh sé leisceoirí de na daoine,’<sup>979</sup> agus in agallamh ó 1986 tugtar le fios go bhfuil an tuar tagtha faoin tairngreacht. Caismirt idir fear atá ag cur isteach ar phost agus fear ar an *dole* atá ann, agus tugtar le fios nach fiú lá oibre a dhéanamh.

Caillfidh tú an *dole* agus an *medical card*,  
Is beidh brú fola ort an uair sin is fáth agat,

...

Ní bheidh luach an *mhargarine*,  
Ní áirím an t-im, théis an PAYE as do pháigh.<sup>980</sup>

Éiríonn le fear an *dole* an fear eile a thabhairt leis agus faoi dheireadh an agallaimh níl aon difear eatarthu agus an lámh in uachtar ag dearcadh na déircínteachta. Fágтар an focal scoir ag an bhfear a bhí ag cur isteach ar an bpost, agus é ina shúdaire leisiciúil anois, dála a chomrádaí.

Déarfainn gur dóichí gur agat atá an ceart,  
Gur suaimhní do leaid a bheith díomhaoín,  
Ná a bheith bánaithe ag *taxman* is PRSI,  
Agus gan compórd ón Luan go dtí an Aoine,  
Ní bhacfaidh mé scríobh acu seo ar chor ar bith,  
Beidh lá eile fós ag an bPaorach,  
'S ólfaimid sláinte na bhfear atá fial,  
'S a choinníonn ár leithéidí íoctha.<sup>981</sup>

Fóram poiblí a bhí sna Scoileanna Éigse le tráchtairacht a dhéanamh agus plé a thionscain ar mhórchéistean sósialta na linne. Fearacht samplaí idirnáisiúnta den fhilíocht bhéil agus briatharchathanna fileata, baineadh leas as múnla an agallaimh ach go háirithe mar uirlis agóidíochta. I bhfilíocht béil na Nigéire, cuir i gcás, dhéantaí aoir ar bhaill an phobail agus ar na húdaráis, ach go háirithe sna ‘battles-of-songs’, nó sna hiomarbhánna idir dreamanna éagsúla. Tráchtairacht shóisialta ar chúrsaí na huairé atá san ealaín bhéil áirithe seo:

Udje among the Urhobo generally is the poetry of social comment. Such comment is fundamentally of a topical nature, and many songs have therefore had a rather short life. But depending on the beauty of the composition and the depth of its sentiment, a topical song may enjoy a lasting popularity and be seen as a transcending comment on life.<sup>982</sup>

---

<sup>979</sup> Ó Cíosáin, ‘Amhráin na nDaoine...’, 225.

<sup>980</sup> Pádraig Ó Duitche agus Pádraic Ó Coiribín, ‘Obair agus Dole,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1985. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>981</sup> Pádraig Ó Duitche agus Pádraic Ó Coiribín, ‘Obair agus Dole,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1985. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>982</sup> Isidore Okpewho, *African Oral Literature: Backgrounds, Character, and Continuity* (Indiana: Indiana University Press, 1992) 31.

Tá plé déanta ag Foley freisin ar an toise polaitiúil a bhaineann leis an bhfilíocht bhéil tré chéile agus iarracht na bhfilí aird a tharraingt ar an éagóir agus an chos ar bolg. ‘Slam poets aim at striking, memorable verse, a fit vehicle for their continuing project of social criticism.’<sup>983</sup> Bhain an fheidhm chéanna le filíocht na hAfraice Theas agus baineadh leas as an bhfocal beo leis an rialtas a cháineadh agus ionsaí a dhéanamh orthu siúd a bhí i gcumhacht.

Izibongo became a vehicle for public criticism of governmental leaders well before the fall of apartheid, for instance. As long as such verbal attacks remained unwritten they also remained untreasonous; as long as they existed solely as oral performances rather than documentary records, their “authors” enjoyed freedom from censure ... His oral poetry often became a vehicle for social protest, not unlike slam poetry.<sup>984</sup>

Is de dhlúth agus d’inneach an agallaimh an t-easaontas agus an t-achrann. Cuirtear céilí comhraic i láthair os comhair lucht éisteachta agus cé go mbaineann an saothar le réimse na healaíne, go minic is coimhlint í seo a fhreagraíonn do choimhlint éigin i ngnáthshaol na n-éisteoirí.

In the *Contrasto*, the speech play is a mimicry and a display of what in everyday life is the continuous negotiation of reality. It introduces counterdiscourses and contradictions which reflect the counterdiscourses and contradictions present in the social context.<sup>985</sup>

Múnla is ea an t-agallamh a éilíonn go mbeidh dhá ghuth le cloisteáil, agus iad ag sciolladh ar a chéile. Is de nádúr an agallaimh mar sin rudaí a cheistiú agus an bonn a bhaint de réamhthuiscintí agus argóintí an dá thaobh. Mar a shonraigh Pagliai:

The structure of the genre – its bipolar organization that allows and requires that two opposite voices (or two opposite discourses) be heard, and both in turn be attacked – allows the *Contrasto* to present two sides of reality, thus presenting them as unstable and subjective. More than that, it allows for a continuous affirmation and deconstruction of both of them.<sup>986</sup>

Is féidir, mar sin, an t-agallamh a úsáid le guth treascrach ceisteach easumhal a chur i láthair an phobail. Ós rud é go mbíonn guthanna an agallaimh i gcoimhlint lena chéile, is féidir leo tuairimí dána dínáireacha a nochtadh, agus an argóint ag dul ó mhaol go mullach. I dtraidisiún aighnis Phoblacht na Liobáine, tugtar cead cainte d’fhilí na tíre agus pléitear ceisteanna polaitiúla.

Within the medium of verbal dueling, radical statements, political dissent, and social criticism are sanctioned, encouraged, and held up as models for

---

<sup>983</sup> Foley, *How to Read...*, 28.

<sup>984</sup> Foley, *How to Read...*, 5-6.

<sup>985</sup> Pagliai, ‘Poetic Dialogues...’, 151.

<sup>986</sup> *Ibid.*, 150.

corrective social and political measures. The general sentiment seems to be that anything is fair in the medium of art.<sup>987</sup>

Bhain feidhm pholaitiúil le briatharchathanna fileata i dtíortha eile freisin agus go deimhin, rinneadh iarracht guthanna an agallaimh a bhalbhú i gceantar Gayo na hIndinése. ‘Criticism of government policies was more frequently heard in the late 1950s and early 1960s than it is today, leading to the short-term imprisonment of several of the more creative performers.’<sup>988</sup> Craobhscaoiltear guth an phobail in agallaimh na hIodáile freisin agus uaireanta baintear leas astu le dearcadh an phobail a mhúnlú agus treoir a thabhairt.

The poets argue, continuously trying to upset the truth bases of each other’s statements. At the same time, the overall effect of the *Contrasto*, especially those involving political arguments, is *to reveal and at times heighten conflicts* inside the larger society, upsetting (locally) the truth bases of discourses produced at the national political level.<sup>989</sup>

[The *Contrasto*] ... at times expresses “the common sense” solidified among the popular strata, at times becoming itself an active instrument in the formation of the collective orientations. In the phase of the organization of the Leagues and of the peasant movements, the greatest Tuscan improvisers are League-leaders and agitators who make poetical ability a powerful instrument of ideal conquest and of organization.<sup>990</sup>

Uirlis chumhachtach atá san fhilíocht bhéil a thugann dúshlán na n-údarás. Díol spéise sa chomhthéacs sin an chinsireacht a rinneadh ar fhilí pobail na hIodáile in aimsir na bhFaisistithe agus an cosc a cuireadh ar mhúnla an agallaimh bheirte ach go háirithe. D’fheidhmigh an *contrasto* mar fhreasúra agus mar uirlis agóide sa deachtóireacht agus baineadh leas as le Mussolini a cháineadh. Baineadh amach guthanna freasúra an agallaimh agus rinneadh uirlis bholscaireachta den *contrasto*, le file amháin agus guth amháin ag moladh na n-údarás.

The Fascists tried to prohibit the dialogical aspect of the structure for a reason ... The monologue can laud power, but the dialogue will destroy it by questioning its claims to authority and delegitimizing them.<sup>991</sup>

Ceistíonn guthanna freasúra an *status quo* agus is féidir an briatharchath a úsáid mar ardán le gearáin agus údair aighnis an phobail a fhógairt go hard. Agus Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta agus bailiú nirt i ndeireadh na 1960í agus tú na 1970í, tabharfar faoi ndeara go raibh faobhar ag teacht ar ghuth na hagóide sna hagallaimh. Tarraingíonn cuid de na hagallaimh aird ar fhaillí an Rialtais i leith na Gaeltachta agus

---

<sup>987</sup> Adnan Haydar ‘The Development of Lebanese *Zajal*: Genre, Meter, and Verbal Duel,’ *Oral Tradition*, 4/1-2 (1989) 189.

<sup>988</sup> Bowen, ‘Poetic Duels...’, 34.

<sup>989</sup> Pagliai, ‘Conflict, Cooperation and...’, 94.

<sup>990</sup> Franceschini luaite in Pagliai, ‘Poetic Dialogues...’, 138.

<sup>991</sup> Pagliai, ‘Poetic Dialogues...’, 146.

déantar iarracht iontu an pobal a ghríosadh chun éirí amach. In agallamh ó 1964, cáineadh na páirtithe ar fad agus bladaireacht bhréagach na bpolaiteoirí plámásacha:

**Tomás:**

Is maith an tír a bheadh againn dá mbeadh chuile ‘party’ díreach,  
Faoi’n méid a bhíonn siad a’ geallúint  
Roimh gach toghachán san tír seo;  
Tá cat is dhá ruball ansin dul á dhéanamh,  
Is ní fiú do sheacht mallacht aon gheallúint dá ndéantar.<sup>992</sup>

Níl Tomás, san agallamh seo, sásta vóta a chaitheamh sa toghchán mar nach fiú vóta a chaitheamh le haon duine de na hiomaitheoirí atá ann.

**Pádraic:**

Is mór an náire do leithéide a’ tabhairt an droch-shompla,  
D’aos óg an bhaile nach ndéanfadh do dhualgas,  
Do bhóta a chaitheamh go fearúil is go fiúntach,  
Seachas fanacht sa teallach ‘gus an lá curtha amú a’ d.

**Tomás:**

Tá mé tuirseach de bhréaga is de lucht Fianna Fáil;  
Tá mé bréan d’Fhine Gael, Sinn Féin is a bhfuil ann;  
Tá mé tuirseach de ‘Labour’ is den ‘Pharty’ neamhspleách,  
Ní fiú trumpa gan teanga aon ‘Pharty’ san Dáil.

**Pádraic:**

Séar ba cheart duitse ‘déanamh nuair a bheas toghachán ann arís,  
Do ‘Pharty’ féin a bheith ceapaí’ a’ d is do *pholicy* a scríobh,  
Do chuid tuairimí a nochtú ar Radio Éireann,  
Is ní túisce do phictiúr san bpáipéar ná tú ‘Nominated.’

**Tomás:**

Is nach ag muinntir an bhaile bheadh an t-údar maith gáirí,  
Mar bheadh na torthaí dá bhfógairt is dá léamh ins na páipéir,  
Mar nach mbeadh agam san deire a bheadh caite i gcártaí  
‘And he lost his deposit and Fell out with his Party.’<sup>993</sup>

Is ríspéisiúil an mhíshástacht leis an Rialtas agus na páirtithe go léir a fhógraítear go hard san agallamh seo agus an dearbhchasaoid atá mar chroí na hargóna. Díol suime freisin go moltar do Thomás a pháirtí féin a bhunú don chéad toghchán eile. Tháinig an tuar faoin tairngreacht agus tamall de bhlianta ina dhiaidh sin bunaíodh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta agus sheas Peadar Mac an Iomaire mar iarrthóir in olltoghchán na bliana 1969. Más fíor do Oscar Wilde bíonn an saol ag déanamh aithrise ar an ealaín níos minicí ná a mhalairt. Is fíor freisin go mbíonn an ealaín bhéil ina scáthán dílis ar mhíshástacht agus inní an phobail agus go mbíonn an file mar urlabhraí ag an ngnáthphobal. Bhí baint ag ceannródaithe Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta leis na Scoileanna Éigse agus tá an fuadar chun agóide céanna le haithint ar chuid dá saothar cruthaitheach sna seascaidí.

---

<sup>992</sup> An Cheathrú Rua – na baill a cheap, ‘Cúrsaí Toghacháin,’ *Ar Aghaidh*, Mí Iúil 1964, 1.

<sup>993</sup> *Ibid.*



Léaráid 16: Joe Steve Ó Neachtain i mbun agóide agus an Taoiseach Jack Lynch ag canbhasáil i gConamara. [Olltoghachán na bliana 1969, ón gclár faisnéise *Splanc Dheireadh na Gaeltachtaí*, TG4.]

Ba mhínic filí na Scoileanna Éigse ag ligean amach a racht leis na húdaráis agus cúrsaí polaitíochta á bplé. In agallamh beirte a cuireadh i láthair ag Ollchruinniú na bliana 1971, tosnaíonn an comhrá le Fear Chonamara a thabhairt le fios go bhfuil sé tagtha go Baile Átha Cliath le fogha a thabhairt faoin Taoiseach agus George Colley, an tAire Airgeadais.

As Gaeltacht Chonamara a d'fhág mé ar maidin,  
Tá mé ag triall anois ar Dháil Éireann,  
Go bhfeicfinn George Colley nó b'fhéidir an Taoiseach,  
Tá ceist agam le cur ar an mbeirt sin.<sup>994</sup>

Is é údar a ghearáin gur baineadh an *dole* d'fhir óga neamhphósta agus deir sé nach bhfuil de rogha acu anois ach imeacht thar saíle.

Na cúpla punt *Dole* a bhí á fháil ag leaids óga,  
Tá sé coinnithe anois ag na gadaithe,  
Is nach bhfuil anois ag na créatúir ach an *suitcase* a réiteach,  
Is aghaidh a thabhairt ar Heuston ar maidin.<sup>995</sup>

Bhí taibhléiriú cruthaitheach san agallamh seo ar fhíorchoimhlint a bhí ag réabadh ag an am. Déardaoin Deasgabhála 1971 rinneadh agóid faoin gceist i gcathair na Gaillimhe le cruinniú poiblí agus mórshiúl.<sup>996</sup>

<sup>994</sup> Máirtín Mac Craith agus Colm Mac Craith, 'Fear na Cathrach agus Fear Chonamara,' Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1971. Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>995</sup> *Ibid.*

<sup>996</sup> An tOllamh Gearóid Mac Eoin, ag caint ar an gclár *Splanc Dheireadh na Gaeltachta*, TG4.



Léaráid 17: Tuairisc ar an agóid i mí Bealtaine 1971, tógtha ón gclár faisnéise *Splanc Dheireadh na Gaeltachta*.

Ag an Ollchruinniú céanna bhuaigh agallamh idir ‘Póitseálaí agus Maor Iascaigh’ an chéad duais. Ábhar conspóideach eile ab ea é seo a bhí go mór i mbéal an phobail. Bhí sé mar aidhm ag Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta cearta iascaireachta a éileamh agus eagraíodh ‘fish-in’ mar agóid. Léiriú éadrom barrúil ar an ngaol éagothrom idir Póitseálaí agus Maor a chuirtear os ár gcomhair san agallamh seo agus cúrsaí na huaire agus ábhar agóide na gluaiseachta arís mar bhunithir chruthaitheach agus mar inspioráid ag an ealaín bhéil.

Baineann saoirse áirithe leis an agallamh mar uirlis agóidíochta i dtraidisiún na Gaeilge, óir is féidir na pearsana a chruthaítear a úsáid mar aghaidh fidil agus rudaí conspóideacha a chur i mbéal an gcarachtar sin. Mar a chonacthas le hagallaimh Thaidhg Uí Chonchubhair, baineadh úsáid as carachtair imeallacha nó duine den chosmhuintir le hionsaí a dhéanamh ar bhaill mheasúla údarásacha an phobail. Tá an tréith seo le sonrú go han-láidir ar agallaimh na tréimhse seo chomh maith agus muintir na Gaeltachta ag tabhairt dúshlán na n-údarás. Comhrá idir gnáthbhean Ghaeltachta, ar baineadh deontas na Gaeilge dá mac, agus maorlathach ó Roinn na Gaeltachta atá san agallamh ‘Ar Thóir Deontais.’<sup>997</sup> Agallamh faoi chúrsaí teanga atá ann agus fuintear greann as na míthuiscintí agus na deacrachtaí cumarsáide idir Gaeilge oifigiúil chaighdeánach an Stáitseirbhísigh agus códmheascadh na mná Gaeltachta.

**Mairéad:**

Dúirt mise - ‘Cad is ainm duit?’  
Is níor fhreagair sé in aon chor!

<sup>997</sup> Aisling agus Mairéad Ní Neachtain, ‘Ar Thóir Deontais,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1985, Taifeadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG. I gcló in Ó Neachtain, *Fead Ghlaice...*, 35-40.

**Aisling:**

A dhiabhail, ní *Cod* is ainm dó!  
Baisteadh chomh maith leat féin é.

**Mairéad:**

Dúirt mise: ‘An mbíonn calóga ar maidin agat?’  
Dúirt sé: ‘No! Bíonn *corn flakes* a’ainn.’

**Aisling:**

Tugaim *corn flakes* is *porridge* dó,  
Ní dhéanfadh calóga ach é a phrécadh.<sup>998</sup>

An choimhlint idir an rialtas agus muintir na Gaeltachta atá faoi chaibidil arís san aighneas seo. Baineann greann na míthuiscintí an ghoimh as an teachtaireacht ag tús an agallaimh, ach tá teanga na mná Gaeltachta ag géarú de réir a chéile agus tugann sí fogha faoi dhearcadh na n-údarás i leith na Gaeilge i dtreo an deiridh:

**Mairéad:**

Oiread is freagra amháin ní raibh ceart aige,  
Ní thuigeann sé aon Ghaeilge.  
Dúirt mé: ‘Cén teanga atá ag do Mhamáí?’  
Dúirt sé: ‘Sí an ceann atá ina béal í.’  
Ní íocfaidh muid aon deontas leis  
Mura bhfoghlaímíonn sé Gaeilge.  
Tá corchlár maith ar theilifís –  
Féach ar *Trom agus Éadrom*.

**Aisling:**

Ní clár é sin le breathnú air  
Má tá tú ag foghlaim Gaeilge:  
Ó Murchú á scraitseáil féin  
Is é ag plobaráil i mBéarla.  
Ach ‘sé a leithéid sin a bhfuil meas acu air,  
Is a gheobhas job ar fónamh in Éirinn.  
Is ní bheadh job sa Roinn seo agatsa  
Dá mbeadh Gaeilge a’ d ón gliabhán.<sup>999</sup>

Tá an choimhlint seo idir lucht údaráis, (Roinn na Gaeltachta, ‘Gaeilgeoirí’ RTÉ) agus gnáthphobal na Gaeltachta ag sní tríd an aighneas ar fad. Músclaítear ceisteanna faoi chumhacht agus cúrsaí feiniúlachta, agus Gaeilgeoirí ag glacadh seilbhe ar an teanga. Tugtar le fios go mbíonn daoine áirithe ag teacht i dtír ar an nGaeilge agus cuirtear caimiléireacht ina leith le ciúta fíorchliste an ‘*codology*.’

A dhiabhail, nach tú atá smartáilte,  
Ag magadh fúinn sa nGaeltacht.  
Ach murach pái mhaith bheith sa *job* seo a’ d,  
ní labharfá mórán Gaeilge.  
Ná bí ag déanamh gaisce liom le –  
‘Cod as duit’ nó ‘Cod e sin.’  
Céard é sin ach *codology* a bhfaighimse boladh bréan air.<sup>1000</sup>

---

<sup>998</sup> Ó Neachtain, *Fead Ghlaice...*, 36.

<sup>999</sup> Ó Neachtain, *Fead Ghlaice...*, 37.

<sup>1000</sup> Ó Neachtain, *Fead Ghlaice...*, 39.



Is ag an mbean Ghaeltachta atá an focal scoir san aighneas seo freisin agus bua ag an ngnáthdhuine ar an údarás arís.

Bhí an ghné pholaitiúil chomh lárnach in agallaimh na Scoileanna Éigse go ndearnadh scigaithe air in agallamh beirte faoi phróiseas na cumadóireachta ag Ollchruinniú na bliana 1985. Comhrá idir beirt fhear atá sa bhriatharchath seo, ina bpléitear ról na bhfilí aitiúla agus stádas lucht na hÉigse. Iarrann duine acu ar a leathbhádóir cabhrú leis agallamh a chumadh le go mbeidh siad in ann freastal ar an Ollchruinniú. ‘Scríobhfaidh muid agallamh beirte, amhrán nó dán, beidh Éigse i gCorr na Móna is beidh ann chuile chineál dream.’<sup>1001</sup> Déanann duine acu díspeagadh ar na filí, ach meabhraítear dó an chumhacht a bhaineann lena gcuid cainte agus go bhfuil bua na haoire acu ach go háirithe.

**Fear 1:**

Ná bí drochbhéasach, cuimhnigh ort féin i gceart,  
Tá bua na cainte acu is uafásach é a neart,  
Nuair a shuíonn siad síos is tosáíonn siad ag scríobh  
Gearrann siad amach iad féin ó chuile ní sa saol.<sup>1002</sup>

Ní ghéilleann a chomrádaí do chumhacht ná do theanga fheannta na bhfilí agus geilt atá iontu, dar leis, a chaitheann a gcuid ama ar fad ag sciolladh ar a chéile agus ag gearán faoin rialtas.

**Fear 2:**

Cheapfainn go bhfuil siad scaipithe, is cinéal *screw-loose*,  
Ní bhíonn ar siúl acu ag ráiméis, ina dheireadh ’gus ina thús,  
Ag caint ar chumhacht, an t-údarás, agus na *dossers* thuas sa Dáil,  
Ní dhéanfaidh mé aon Agallamh, bíodh an diabhal ag Feara Fáil.

**Fear 1:**

Dá dtosófá ag cuimhniú is ag scríobh píosa de dhán,  
Bheadh jobanna móra ag do bhean is do chlann,  
Ní bheadh tada le déanamh agatsa ach ag dul ó theach go teach,  
Ag inseacht dóibh faoin *fiddle*-áil is ag cur síos ar an gcraic.

**Fear 2:**

Tá clabaireacht agus grabaireacht agat agus do theanga ar do chomhairle féin  
Ag sciolladh agus ag feannadh, cén sort duine thú féin?  
Tá fataí le cur a’msa is tá an tsean*lady* ag iarraidh tae,  
Imigh as mo bhealach, nó déanfaidh mé dhíot gé.<sup>1003</sup>

Díol spéise an stádas a shamhlaítear leis na filí agus iad mar urlabhraithe ag an bpobal ‘ag inseacht dóibh faoin *fiddle*-áil is ag cur síos ar an gcraic.’ Luaitear filí béil eile an cheantair agus na filí comhaimseartha anois ina n-oidhrí orthu, sa traidisiún liteartha nó

---

<sup>1001</sup> S. Ó Fiannachta agus S. Ó Giobúin, ‘Scríobhfaidh muid Agallamh,’ ag Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1985. Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>1002</sup> *Ibid.*

<sup>1003</sup> *Ibid.*

sa ‘líne nár briseadh fós.’<sup>1004</sup> ‘Chuala tú caint ar Raiftearaí, Pádraig Ó Conaire is Joe Steve, tá Mac Eoin ar an gCeathrú Rua acu ...’<sup>1005</sup> Beartaíonn siad go scríobhfaidh siad agallamh ar deireadh agus go rachaidh siad chuig an Scoil Éigse. Beidh clú agus cáil orthu féin agus tógfar dealbh le comóradh a dhéanamh orthu, mar a rinneadh le Pádraic Ó Conaire. Cuirtear clabhsúr leis an agallamh agus iad ag clamhsán faoin rialtas agus an fhaillí atá déanta acu ar bhóithre Chonamara. Díol suime go n-aithníonn siad an claonadh chun agóidíochta mar shaintréith an agallaimh, agus déanann dá réir.

Dá líonfaidís na *potholes*, is é is gaire do leas,  
Teachtaí Dála agus Seanadóirí, níl a’ m orthu morán meas.  
Meas tú an mbeidh aon duine acu i gCorr na Móna ag an gcrac?  
Cinnté má bhíonn tarraingeoidh mise raic.<sup>1006</sup>

Is minic, mar a luadh cheana, coimhlint idir uasal agus íseal nó idir dream na cumhachta agus an chosmhuintir san agallamh. Tá ‘an dearcadh ó bhonn aníos’<sup>1007</sup> mar a bhaist Denvir air, le sonrú go han-láidir sna haighnis. Éiríonn leis an ngnáthdhuine an ceann is fearr a fháil ar an mboc mór go han-mhinic sa tsáraíocht freisin.

Léirítear an fearín beag a bhíos thíos go minic, a mbuailtear cos i gcónaí air, agus tugtar deis dó a aisfhreagra a tabhairt agus an pocaide a scaoileadh amach. Seasann an file leis an ngnáthfhear oibre in aghaidh na mboicíní, na ndaoine gairmiúla ... Is glíce i gcónaí fear na tíre ná an boc mór, an maorlathach gan ainm, ‘*coathanger na straoise*’ mar a bhaist Johnny Chóil Mhaidhc in agallamh amháin air, agus fuintear cuid mhaith de ghreann na litríochta seo as bua an ghnáthdhuine, agus as an gcaoi a mbeirtear amuigh ar fhear na mórchúise.<sup>1008</sup>

Má bhuailtear cos ar an té atá thíos sa ghnáthshaol, tugtar deis dó an lámh in uachtar a fháil i bhfearann na litríochta béil. Dinimic í seo atá le haithint i bhformhór na n-agallamh. Is le clisteacht chainte agus le deisbhéalaíocht a bhuan an ‘gnáthdhuine’ ar an duine mór le rá. Má tá éagothromaíocht ag baint le cumhacht agus stádas na gcarachtar seo sa saol réalaíoch, déantar aisiompú ar an dinimic sin san agallamh agus tagann an duine beag nó an t-íochtarán amach ar bharr. An tréith chéanna a bhí mar bhunús leis na ‘bids’ nó scéilíní grinn a bhailigh Glassie:

When bids pit a local person against an outsider, characters are subtly defined to embody the great world’s power relations. Wit overturns strength. The local person, weaker and poorer, the ceilier’s representative, proves intellectually superior and emerges victorious. In one story, a local farmer out-curses a rate collector, the petty functionary of an oppressive economic system. In another, a local farmer fools the police ... Conflict and hope hide

<sup>1004</sup> Gearóid Denvir, ‘An Béal Beo: Filíocht Bhéil Chonamara Inniu,’ *Léachtaí Cholm Cille* XIX, 199.

<sup>1005</sup> S. Ó Fiannachta agus S. Ó Giobúin, ‘Scríobhfaidh muid Agallamh’ ag Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1985. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>1006</sup> *Ibid.*

<sup>1007</sup> Féach Gearóid Denvir, ‘An Béal Beo: Filíocht Bhéil Chonamara Inniu,’ *Litríocht na Gaeltachta: Léachtaí Cholm Cille* XIX, 212-3; Gearóid Denvir, *Sé an Saol an Máistir: Filíocht Learaí Phádraic Learaí Uí Fhinneadha* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2010) 248.

<sup>1008</sup> Denvir, ‘An Béal Beo...’, 212-3.

just beneath the surface of bids in which local people best strangers, in which the potential for victory lies gently coiled in wit. In contests between local people, the famed star loses.<sup>1009</sup>

Déanann na filí cúis an té atá faoi leatrom a agairt agus cuirtear an duine beag i lár an aonaigh. Baineann an lucht éisteachta taitneamh as bua caithréimeach an duine bhig mar go bhfuil siad féin páirteach ann. Is ríspéisiúil na cosúlachtaí idir traidisiún an agallaimh agus briatharchathanna fileata idirnáisiúnta. Ar an gcaoi cheannann céanna tugann *bertsolaritza* Thír na mBascach ardán d'fhilí le cur in aghaidh na n-údarás agus le saol an lucht oibre a chur i gcomparáid le saint agus rachmas na gceannasaithe. 'It serves as a vehicle for lamenting the ills of the common person, a platform for raising one's voice in objection to the status quo.'<sup>1010</sup> Guth na cosmhuintire a chloistear in allagair na hIodáile freisin, agus an tionónta bocht ag buachaint ar an tiarna talún.

Poems in octets that expressed the voice of the poor date to the seventeenth century. An example is the *Contrasto* between peasant and landowner, a well-known and oft quoted *tema* belonging to a folk tradition that is learned as well as improvised upon.<sup>1011</sup>

Beireann an tuathánach an chraobh leis i gcónaí sna briatharchathanna seo agus déanann an t-aighneas dlisteanú de shórt ar luachanna agus ar chruinneshamhail an ghnáthphobail.

Since it is a vehicle of folk expression, it is not surprising that it is this class that is vindicated, that is, the poor over the rich, the simple over the sophisticated, the *contandino* [peasant] over the *padrone* [owner].<sup>1012</sup>

Aithnítear bá an lucht éisteachta leis an ngnáthduine mar cheann de shaintréithe an agallaimh bheirte anois agus go mbítear ag súil leis go mbeidh an bua acu ar deireadh.

One of its most popular formats is the argumentative discourse between two sharp tongued adversaries who swing the arguments from side to side to the pleasure of listeners who usually cheer the underdog.<sup>1013</sup>

Sa phlé a rinne Bakhtin ar ghnásanna agus tuiscintí an charnabhail, luaigh sé an tsaoirse a bhronn ócáidí agus féilte áirithe ar an bpobal an domhan agus a n-ionad féin sa phobal a athshamhlú agus a aisiompú. Cuirtear an saol mar atá as a riocht agus bunoscionn le linn an charnabhail, 'the world is temporarily turned upside down.'<sup>1014</sup> Cuirtear an bacach bocht in áit an Rí. Tógann an t-amadán ról an fhir feasa. An t-aisiompú céanna

---

<sup>1009</sup> Henry Glassie, *Passing the Time: Folklore and History of an Ulster Community* (Dublin: O'Brien Press, 1982) 48-9.

<sup>1010</sup> John Miles Foley, 'Basque Oral Poetry Championship,' *Oral Tradition*, 22/2 (2007) 8.

<sup>1011</sup> Pagliai, 'Poetic Dialogues...', 138.

<sup>1012</sup> *Ibid.*

<sup>1013</sup> *Oíche Chonamara*, Féile Ealaíona na Gaillimhe 1997, Clár i dTaisce Cheol Dúchais na hÉireann, 20478-PG.

<sup>1014</sup> Lynn Pearce luaite in *Literary Theory and Criticism: An Oxford Guide*, eag. Patricia Waugh (Oxford: Oxford University Press, 2006) 230.

atá ag feidhmiú san agallamh agus cuireann sé go mór le taitneamh na n-éisteoirí agus le greann na sáraíochta. I bhfocail Heller ‘[Bakhtin] put his finger on the neglected comic phenomenon, and on the relationship between the comic and the reversal of hierarchical order.’<sup>1015</sup>

Tá an dinimic seo mar chuid lárnach den agallamh ‘Faoistin’ le Joe Steve Ó Neachtain, agallamh ina ndéantar aisiompú barrúil ar chumhacht agus údarás na heaglaise. Téama seanbhunaithe atá san argóint idir peacach agus ball údarásach míthrócaireach den chléir, gona macalláí do chaidreamh agus údar aighnis ‘Agallamh Oisín agus Phádraig’ agus ‘Aighneas an Pheacaigh leis an mBás.’ Baintear macalla freisin as friotal agus deasghnátha na faoistine agus tús an chomhrá nuair a théann an bhean ar a glúine os comhair an tsagairt:

**Bean:**

Beannaigh mé, a Athair  
Má’s peacach mé,  
Ach sílim fhéin, nach ea!  
Rinne mé rudaí aisteacha,  
Ach by Jasus rinne mé rudaí maith.  
Ní raibh mé ag faoistin cheana  
Le os cionn scór bliain.<sup>1016</sup>

Tugann sí dúshlán an tsagairt ón dtús agus ní ghéilleann sí dá údarás ná dá smacht uirthi agus í ag trácht ar pheaca na drúise agus ‘*underwear*’ a ghoid as Tí Standún. Cuireann an réim teanga, an dearcadh tíriúil agus an greann Raibiléiseach le braistint an charnabhail san agallamh agus an bhean ag tabhairt fogha faoi na húdaráis.

**Sagart:**

...Tá na deich n-aitheanta ar nós slabhra,  
Deich lúb in aon cheann amháin,  
Is tá an t-iomlán ina phraiseach a’d,  
Má bhris tú oiread is ceann.

**Bean:**

Á muise ... straidhneáil mé cuid mhaith dhíobh, a Athair,  
Nuair a bhí mé i Sasana fadó an lá,  
Bhí mé craiceáilte i ndiaidh na leaids, a mhac,  
Tá fhios a’d féin an séu ceann.

(*Sagart ag grúsacht*)

Ara, stop an bloody grúsacht, Athair,  
Níl muid óg ach uair amháin.  
Dá mbeinn ag tabhairt aire don frigging slabhra sin,  
Bheadh sé le *weldáil* chuile lá.<sup>1017</sup>

---

<sup>1015</sup> Agnes Heller, *Immortal Comedy: The Comic Phenomenon in art, literature and life* (Oxford: Lexington Books, 2005) 3.

<sup>1016</sup> Ó Neachtain, *Fead Ghlaice...*, 9.

<sup>1017</sup> Ó Neachtain, *Fead Ghlaice...*, 11.

Nuair a dhiúltaíonn an sagart maithiúnas a thabhairt di ar deireadh, déanann sí ionsaí arís ar theagasc agus ar dhearcadh na hEaglaise i leith chúrsaí collaíochta agus i leith na mban ach go háirithe.

**Bean:**

Ara, shílfeá go mbeadh *cop-on* a'd a Athair,  
Breathnaigh ... doirt anall,  
Nach ndearnadh naomh de Mháire Magdalen,  
Is bhí sí fhéin ar an gcéapar tráth.  
Cáid ó bhí tú ag faoistin a Athair?  
Nó a bhfuil aon pheaca mór dod' chrá?  
Gheofá maiteanas gan badar, a Athair,  
Dhá ndéantaí sagairt de na mná.

Ise atá mar iniúchóir agus mar bhreitheamh morálta ag deireadh an agallaimh, agus í ag ceistiú an tsagairt faoina pheacaí féin. Cuireadh easurraim na mná in iúl ní hamháin leis an gcaint spairneach spreacúil ach trí éifeacht fhísiúil freisin, le gluaiseachtaí agus geáitsí na beirte. Tosaíodh ar an agallamh leis an mbean ar a glúine os comhair an tsagairt ach faoi dheireadh na hargóna, bhí an sagart ar a ghlúine agus é anois faoi smacht na mná. Rinneadh léiriú físiúil de bhua an duine bhig ar na húdaráis san agallamh áirithe agus fuintear greann as aisiompú rólanna na beirte, nó ‘the reversal of hierarchical order’<sup>1018</sup> sa choimhlint.



Léaráid 18: ‘Faoistin na Striapaí’ ag Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1990. (Taifeadadh físe i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.)

<sup>1018</sup> Heller, *Immortal Comedy*..., 3.

## Macallaí an bhéil bheo

### ‘Mar a dúirt Colm a’ Bhailís – sé a bhí indon a ráite...’

Mar a chonacthas sa phlé atá déanta go nuige seo ar mhórthéamaí na n-agallamh, ba mhinic filí na Scoileanna Éigse ag tarraingt ar na hábhair chéanna agus na híomhánna nó foirmlí cainte céanna acu mar dhúshraith sa chumadóireacht. Is de nádúr na filíochta béil macalla a bhaint as téamaí traidisiúnta agus meafair sheanbhunaithe a shní isteach sa téacs. Mar atá léirithe ag Denvir, is ‘nós le filí tarraingt go minic ar shaothar na sean mar ghléas dlisteanaithe agus fréamhaithe údarásaigh ar a saothar féin agus mar chruthúnas ar fhírinne agus ar ghaois a gcuid cainte.’<sup>1019</sup> Ní hionann tuiscint na nualitríochta ar chruthaitheacht na hindibhíde agus tuiscint na litríochta pobail ar an dea-chumadóireacht. Na pearsana dénártha céanna agus na coimhlintí céanna a tharraing na filí chucu féin sna haighnis agus fiú an friotal ceannann céanna acu san insint. Rinneadh athmhúnlú agus athchúrsáil ar ábhar ón seanchas, agus na filí ag tarraingt ar an oidhreacht liteartha choiteann chéanna. Mar a dúirt Ong faoi cheist na cruthaitheachta san fhilíocht bhéil:

Persons in a primary oral culture can entertain some sense of proprietary rights to a poem, but such a sense is rare and ordinarily enfeebled by the common share of lore, formulas and themes on which everyone draws.<sup>1020</sup>

Úsáidtear caint sheanfhoclach mar thaca do thuairimí agus mar léiriú ar fhealsúnacht agus gaois an bhéaloidis.

Ar chuala tú é, an focal atá fíor,  
an seanfocal gur deacair a shárú,  
Nár thóg an fear thuas aon bhearna ariamh  
nach leagfaí ceann eile ina áit sin.<sup>1021</sup>

Ní easpa cruthaitheachta nó bradaíl is cúis leis an athrá agus athchúrsáil ábhar seo. Tréith shainiúil de chuid na litríochta béil atá ann, agus filí ag síortharraingt ar ghaois agus stór foirmlí an tseanchais ina gcumadóireacht féin. Bheadh an pobal ag súil lena leithéid agus bhaintí taitneamh as dea-chaint fhilí na cianaimsire a thabhairt chun cuimhne. Próiseas dialógach nó comhrá leanúnach atá ann idir an nua-cheapadóireacht agus an t-earra cultúrtha a tháinig anuas ó bhéal na hoidhreachta. Sa phlé a rinneadh cheana ar an deisbhéalaíocht, luadh an taitneamh a bhaintí as ráitis chliste ghonta na bhfilí a thabhairt chun cuimhne agus a athúsáid.<sup>1022</sup> Dhéantaí nathanna agus ranna na bhfilí a athmhúnlú agus a shní isteach i gcomhráite agus i nua-cheapadóireacht. Mar a deir Denvir ‘ní thuigtear bradaíl liteartha ná aithris cheal samhlaíochta’<sup>1023</sup> leis an

---

<sup>1019</sup> Denvir, *Sé an Saol an Máistir...*, 285.

<sup>1020</sup> Ong, *Orality and Literacy...*, 131.

<sup>1021</sup> ‘Aibhléis nó Lampa,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1958, Taifeadadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>1022</sup> Féach ‘An Béal Beo i dtraidisiún na Gaeilge.’

<sup>1023</sup> Denvir, *Sé an Saol an Máistir...*, 301.

gcineál seo ceapadóireachta. Is cuid de scil na béalairachta ionramháil thuisceanach a dhéanamh ar ábhar ón seanchas. Tá an dearcadh seo le sonrú ar an eachtra seo thíos ó pheann an Chriomthánaigh:

Bainim amach an Tobar Beannaithe. Mura raibh mná ina stad ann ní lá go maidin é. Bhí buicéad is fiche ann, agus ní ceal uisce a choimeád ann iad ach ag ciorrú an lae ag salmaireacht lena chéile.

“Ar bhaineabhair na prátaí nua fós?” arsa bean acu le bean eile.

“Bhaineamar,” ar sise.

“An raibh aon chrích orthu?”

“Níl ach ná baintear an ainm den bhlonraig agus sin nú ag prátaí nua na haimsire seo é,” ar sise. “Níor phráta don chearc, don mhuc ná don mhadra iad. Níor phráta chun bídh, chun síl ná chun margaidh iad agus iad mion, dubh fánach ina theannta sin.”

“Táid siad chomh comhairithe agat le Eibhlín Ní Dhuibh,” arsa an bhean eile.<sup>1024</sup>

Baineann an tagairt d’Eibhlín Ní Dhuibh ar deireadh le rannscéal faoi phrátaí, ina ndearna tionónta deaslabhartha an cur síos seo a leanas ar a chuid prátaí. ‘Tá siad fluich, fánach, creachánach, polltach, piastach, Is an ceann ramhar lofa díobh.’<sup>1025</sup> Cé gur eachtra ón ngnáthshaol é seo, tá léiriú ann ar mheon áirithe faoi athmhúnlú agus athúsáid deismireachtaí cainte ón mbéaloideas. Moladh a cur síos fileata agus baineadh pléisiúr as na cosúlachtaí a aithníodh idir a cuid cainte agus caint Eibhlín Ní Dhuibh.

Bhítí ag súil ar an gcaoi chéanna sna hagallaimh, go n-aithneodh an lucht éisteachta na tagairtí agus cosúlachtaí idir saothair éagsúla. Tagraítear go díreach don amhrán ‘Cúirt an tSrutháin Bhuí’ le Colm de Bhailís in agallamh amháin mar shampla:

<p>Mar is iomaí cás nach maith a bheith ag trácht air A bhíos ag lánúin tí.<sup>1026</sup></p>	<p>Mar adúirt Colm a’ Bhailís, ‘sé bhí indon a ráite – Is iomdha an cás a bhíonn idir comhluadar tí.’<sup>1027</sup></p>
--	--

Baintear macalla soiléir as traidisiún an ‘Chanson de la malmariée’ san agallamh ‘Bean Spráiuil agus Seanfhear Dúr’<sup>1028</sup> le Colm Ó Cualáin. Argóint nó *débat* idir lanúin

<sup>1024</sup> Tomás Ó Criomhthain, *Allagar na hInise* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1997) 215.

<sup>1025</sup> Luaite in Ó Morónaigh eag. *Agallaimh na hÉigse...*, 32.

<sup>1026</sup> Colm de Bhailís, ‘Cúirt an tSrutháin Bhuí,’ in eag. Gearóid Denvir, *Amhráin Choilm de Bhailís* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1996) 75.

<sup>1027</sup> Tomás Mac Eoin, ‘Fear Cho na Mídhe,’ *Ar Aghaidh*, Meán Fómhair 1961.

<sup>1028</sup> Colm Ó Cualáin, ‘Bean Spráiuil agus Seanfhear Dúr,’ in *Agallaimh na hÉigse...*, 141-45.

nuaphósta atá ann fearacht na n-amhrán ina mbíodh ‘bean óg de ghnáth – ag cásamh go bhfuil sí pósta ag fear gan mhaith, scraiste nó seandúine éadmhar.’<sup>1029</sup>

**Bean:**

Nach orm ’bhí an mearbhall an lá ar phós mé thú, faraoir,  
Is liachtaí fear deas as so go Bleán Rí,  
Ach cen mhaith dhom bheith ’seafóid, ní bhfaighidh mé do mhalairt  
Mo sheacht míle mallacht do thaobh chúl do chinn.

**Seanfhear:**

Stop, stop a chailleach, nach réidh leat mé a mhaslú;  
Scuab suas an teallach, cuir amach an bhó bhuí,  
Réitigh beatha na gcearca sé is gaire go leas duit,  
Fataí na ngamhna agus bainne don lao.

**Bean:**

Dileá ar chearca, nach beag é a mbrabach;  
Ní bhfaighfeá tochas do dhroma ar ghamhain ná ar lao,  
’S nárbh fhearr liomsa amhrán a chloisteáil ó Joe beag  
Ná saibhreas Rí Sheoirse is mo mhór-chuid den tsaol.<sup>1030</sup>

Meabhraíonn an seanfhear di go bhfuil dualgais áirithe aici anois mar bhean phósta, ach is beag spéis atá aici i gcúraimí tí agus a leithéid. Deir an seanfhear go dtabharfaidh sé bata agus bóthair di agus go mbeidh aiféala uirthi ansin. Luann Seán Ó Tuama na saintréithe seo a leanas leis an seánra:

Tarlaíonn bruíon nó débat fo-uair idir an bheirt. (a) Déanann sé iarracht ar í a chur chun suaimhnis; ach is é a dheireadh, de ghnáth, ná go mbriseann an fhoighne air. Cuirfidh sé chun bóthair í. Ní bheidh éadaí ná faic le fáil aici uaidh. (b) Is cuma leis an *mal mariée*. Aon ní ach a bheith scartha leis an saol duairc a bhíonn aici ina theannta.<sup>1031</sup>

Leanann an t-agallamh ar fad múnlaí ceapadóireachta agus téarmaí tagartha an *chanson de la mal mariée* sa méid seo freisin.

**Seanfhear:**

Nuair nach dtógfáir mo chomhairle ná fan anseo nóiméad  
Ach buail thusa bóthar go moch leis an lá.  
Ná biodh teach damhsa ná siamsa nach gcaithfidh tú oíche ann  
’S as seo go ceann míosa caoinfidh tú ard.  
Gan foscadh ná dídean ’s tú amuigh de shiúl oíche,  
Tú cosúil le síogaí bheadh díbrithe ar fán.  
Cén mhaith dhuitse damhsa ná aon chineál siamsa;  
Beidh na bonnacháí tinn a’t agus ríl i do cheann.

**Bean:**

Imeoidh mé cinnte is ní bheidh me mar shíogaí,  
’S ná tóg thusa an smaoineamh sin isteach i do cheann.  
Fágfaidh mé an tír seo, is bíodh an fheamainn ag gaolta  
’S féadfaidh mé an geimhreadh a chodladh go sámh.  
Fan go dtí amárach nach deas thú a’ fuint cáca

---

<sup>1029</sup> Seán Ó Tuama, *An Grá in Amhráin na nDaoine* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1960) 31.

<sup>1030</sup> Colm Ó Cualáin, ‘Bean Spráitúil agus Seanfhear Dúr,’ in *Agallaimh na hÉigse...*, 142.

<sup>1031</sup> Ó Tuama, *An Grá in Amhráin...*, 40-1.



Le do chuid ladhrachaí gágach’ ’s iad cosúil le tlú,  
Is mise ar parlús i bhfad as an áit seo.  
Seo cúrsaí gáire ní chaoinfidh mé thú.<sup>1032</sup>

Tá anáil Choilm de Bhailís le haithint go han-láidir ar an saothar seo chomh maith, agus baintear macalla as friotal ‘An Seandúine Cam’<sup>1033</sup> ach go háirithe.

An Seandúine Cam	Bean Spráúil agus Seanfhear Dúr
D’fhéadfainn an Geimhreadh a chaitheamh go sámh.	’S féadfaidh mé an geimhreadh a chodladh go sámh.
Da mbeithfeá comh críonna is ba cheart do bhean tí a bheith,	A Pheige, bí críonna ... Muise, a Pheige an chúil chataigh, bíodh ciall agat feasta ’S tabhair aire don teach seo mar a thabharfadh bean tí
Da dtugta an mórshaol le n-ithe is le n-ól dhom, Saibhreas Rí Sheoirse, ba mhór é le rá, Loingeas faoi sheolta is cóistí ar bhóithre, Is b’fhearr liom fear óg ná thú, a sheandúine cam.	’S nár bh fhearr liomsa amhrán a chloisteáil ó Joe beag Ná saibhreas rí Sheoirse is mo mhór-chuid den tsaol
... Go bhfanfaidh mé taobh leat, a sheandúine cam.	Dá bhfaighinnse na mílte ní fhanfaidh mé taobh leat mar a deir an bhean ó Aonach leis an seandúine cam.

Go deimhin, déantar tagairt díreach don téacs ‘An Seandúine Cam’ agus bean óg an agallaimh ag tarraingt ar mhaslaí agus mallachtaí an amhráin. Cumadóireacht í seo atá fréamhaithe sa domhan dúchais agus i dtraidisiún na béalairachta agus baintear leas as na foirmle cainte seo agus as an idirthéacsúlacht le saothar ealaíne eile a thabhairt chun cuimhne. Úsáidtear na tagairtí nó frásaí seo mar aonaid tógála sa litríocht bhéil dar le Foley: ‘In short, then, the “bigger words” engage a traditional frame of reference, a naturally resonant context larger and deeper than any individual situation or story.’<sup>1034</sup>

Fuair filí áirithe inspioráid ó sheanagallaimh agus ceapadh aighnis nua idir na céilí comhraic chéanna. Is cinnte, mar shampla, go bhfuil ‘An File agus an Speal’ le Learaí Phádraic Learaí Ó Finneadha (1932 – 1999) go mór faoi chomaoin ag an agallamh ‘An

<sup>1032</sup> Ó Cualáin, ‘Bean Spráúil...’, 143-4.

<sup>1033</sup> Colm de Bhailís, ‘An Seandúine Cam,’ in eagr. Gearóid Denvir *Amhráin Choilm de Bhailís*, 54-6.

<sup>1034</sup> Foley, *How to Read...*, 19.

Láí’ le Marcas Ó Callanáin (c1789 – c1848).<sup>1035</sup> Comhrá idir an file agus speal nó láí atá sa dá shaothar agus tá tús na n-agallamh an-chosúil go deo ó thaobh an fhriotail féin agus éirim na hargóna.

An Láí	An File agus an Speal
<p><b>An File:</b></p> <p>Goidé an fáth, a láí, nach mbíonn tú ag obair, Agus mise a fhágáil i mo shuí go socair? Is bocht an lá nach mbímse tuirseach, Agus dhá fhad an lá nach mbíonn tada ortsa.</p>	<p><b>An File:</b></p> <p>Mo thuirse ortsa mar speal mhór ghobach Nach dtéann tú ag gearradh mo gharraí féir, Agus mise a fhágáil faoin sceach go socair Go maolódh teas na gréine siar.</p>
<p><b>An Láí:</b></p> <p>Lúb do dhroim agus sín do ghéaga, Beir ar an láí agus bain béim scéithe, Agus téimse faoi dhuit dul faoi na gréine, Go mbeidh an obair déanta againn i bhfál a chéile.</p>	<p><b>An Speal:</b></p> <p>Beir ar an gcloch agus déan mé a ghéarú Is tabhair an clár ar ais ón gcúl aniar dhom, Is deirim leatsa roimh meán an lae ghil Go mbeidh stiall maith bainte againn i dteannta a chéile.</p>
<p>Is suarach an t-ábhar dhuit seasamh in m’fhochair, Mura dúil atá agat na gnaithí a chrochadh; Ní iarraimse páí ort, bia ná fothair, Ach bíodh tabhairt na sráite ar an té gheobhas mo shochar.</p>	<p>Is náireach an cás dhuit mise a lochtú Mar bainim an pháirc dhuit is ní dhéanaim í a bhochtú, Ní iarraim páí, bia ná deoch ort Ach mo chúl le talamh is gan mo lanna a ghortú.</p>

Sa chéad chúpla véarsa is mó atá na cosúlachtaí le haithint. Baineadh leas as agallamh Mharcais mar thúsphointe nó mar bhunús don agallamh nua, agus rinneadh athshamhlú ar an ábhar céanna ina dhiaidh sin agus Learaí Phádraic Learaí ag cur leis an traidisiún a fágadh le huacht aige.

Idithéacsúlacht de chineál eile atá i gceist le mórshaothar Johnny Chóil Mhaidhc ‘Raiftearaí agus an File’ agus é ag dearbhú a ionad féin in oidhreacht liteartha an cheantair. Comhrá idir é fein agus Raiftearaí atá ann agus seo mar a chuir sé an t-agallamh i láthair ag Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1967:

Mar a dúirt mé, seo file a bhí ar a bhealach chuig an Oireachtas, agus sheas sé ag uaigh Raiftearaí i gCillínín i gCreachmhaoil agus chuaigh sé ag caint leis

<sup>1035</sup> Learaí Phádraic Learaí Uí Fhíneadhá, ‘An File agus an Speal,’ in eag. Denvir, *Sé an Saol an Máistir...*, 183-4 agus Marcas Ó Callanáin, ‘An Láí,’ in eag. Seán Ó Ceallaigh, *Filíocht na gCallanán* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1985) 49-55.

an leac agus d'éirigh taise Raiftearaí aníos aige. Thosaigh an file mar seo  
...<sup>1036</sup>

Murab ionann agus bunáite na n-agallamh beirte nua-aimseartha, ní codarsnacht dhénártha atá mar bhunábhar argóna idir pearsana an agallaimh seo. Beirt fhilí ó thréimhse éagsúla, ar mó de chosúlachtaí ná de dhifríoachtaí eatarthu, atá i mbun cainte ann. Tugann na filí dúshlán a chéile sa chomhrac béil seo agus tugtar léargas ar cheird na filíochta agus ról an fhile sa phobal. An fheidhm chéanna agus an ról céanna atá ag an bhfile pobail i gcónaí, mar a shonraigh Gearóid Denvir:

Sin an tuiscint shinseartha a shníos trína agallamh beirte cáiliúil, 'Raiftearaí agus an File,' gur sliseanna den mhaide dúchais céanna iad, go maireann agus go mairfidh siad araon beo trí bhíthin na ceirde dúchais.<sup>1037</sup>

Iomaíocht den chineál céanna atá in *Immacallam in Dá Thuarad*, áit a dtéann an file óg Néde i ngleic leis an ollamh Ferchertne. Cuireann an bheirt tomhaiseanna ar a chéile is iad ag maíomh as a gcumas filíochta féin agus cuirtear clabhsúr leis an mbriatharchath le comhréiteach.

At the end of it Néde kneels before his elder, saying, 'Ferchertne is a great poet and a prophet,' and yields up the ollave's chair and robe. Ferchertne in his turn acknowledges Néde's great gifts and wishes him a glorious future; Néde reciprocates his good wishes, and the text ends on this note of reconciliation.<sup>1038</sup>

Tosnaítear ar an tsáraíocht leis an bhfile comhaimseartha ag tabhairt dúshláin Raiftearaí i nguth misniúil dána.

File:  
A Raiftearaí, a fhile, dá mairfeása tuilleadh  
Le go mbeinnse agus tusa le chéile,  
Cé againn a file nó an fhilíocht ba bhinne?  
Ba cheist í a bheadh doiligh le réiteach.  
Mise agus tusa a bheith ag iomaíocht sa gcluife  
Agus an bheirt againn ag an Scoil Éigse,  
Thabharfainn mo mhionna nár ba mhise ba dhona  
Nuair a thabharfadh an réiteoir a léirmheas.<sup>1039</sup>

Tugtar cuireadh chun comhraic do Raiftearaí chuig an Scoil Éigse, áit a mbeidh filí eile in iomaíocht lena chéile, 'beidh buille in aghaidh buille agus file in aghaidh file,'<sup>1040</sup> ag iarraidh an chraobh a thabhairt leo. Beidh comórtas véarsaíochta acu, le leathrann an

---

<sup>1036</sup> Johnny Chóil Mhaidhc, Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1967. Taifeadadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG. Tháinig 'Raiftearaí agus an File' sa chéad áit ag Oireachtas na bliana 1965 agus ag Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1966. Cuireadh i láthair arís é mar chuid de cheolchoirm ag Ollchruinniú na bliana 1967.

<sup>1037</sup> Gearóid Denvir, 'Aitheasc a tugadh ar ócáid bhronnta na céime Máistir Oinigh sna hEalaíona ar Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar an 4 Samhain 2005,' *Feasta Nollaig* 2005, 20.

<sup>1038</sup> Vivian Mercier, *The Irish Comic Tradition*, (London: Oxford University Press, 1962) 86.

<sup>1039</sup> Johnny Chóil Mhaidhc, 'Raiftearaí agus an File' *Buille faoi Thuairim...*, 69.

<sup>1040</sup> *Ibid.*

duine le cumadh as a seasamh acu beirt. ‘Tosóidh mise sa bhfilíocht is cliste agus críochnóidh tusa gach véarsa.’<sup>1041</sup> Bhí Ó Coistealbha ag tarraingt ar thuiscintí traidisiúnta faoi dheisbhéalaíocht na bhfilí sa bhéaloideas agus ar chleas an ‘verse-capping’ nó an leathrann.<sup>1042</sup> Seift í seo a bhí úsáidte ag an gCoistealbhach i sceitse eile dá chuid idir beirt fhilí, agus iad ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar a chéile le deismireacht chainte.

**Cóilín:** (*agus cóip leabhar aige*)

Chuala mé go bhfuil tusa a rádh gur fearr uait filíocht a chumadh ná uaimse.

**Seán:**

Dar ndóigh dubhairt mé é agus má dubhairt féin níor dhubhairt mé ach an fhírinne. Ní fhaca mise píosa slachtmhar filíochta cumtha ariamh a’d.

**Cóilín:**

Is garr go mbeidh a fhios a’inn aois cé’n file is fearr. (*ag oscailt an chóipleabhair*) Tá cúpla líne cumtha a’m-sa anois agus caithfidh tusa cur leis agus bhéarsa a dhéanamh de. Cuir i gcás anois go bhfuil cat a’m-sa agus capall a’d-sa. Tá cúpla líne cumtha a’m annseo faoin gcat agus caithfidh tusa an bhéarsa a chríochnú faoin gcapall. An dtuigeann tú?

**Seán:**

Nach tráthuíl anois go bhfuil sé sgríobhtha a’ dsa agus go gcaithfidh mise cuimhniú air agus é chumadh!

**Cóilín:**

Má tá tú chomh maith sin críochnaigh an bhéarsa seo –  
Tá puisín cait agam de thogha na tíre  
agus cat níos críonna ní fhéadfá fháil.

**Seán:**

Tá puisín cait agam de thogha na tíre  
Agus cat níos críonna ní fhéadthá fháil;  
Tá gach rud goidthe aige dá bhfuighe sé greim air  
An písín feola nó an ruainín aráin.  
Bhfuil sé sin ceart?

**Cóilín:**

Níl. Níl. Nár dubhairt mé go gcaithfeadh tusa a chríochnú faoin gcapall?<sup>1043</sup>

Déanann Johnny briatharchath den chineál céanna a thionscain le Raiftearaí agus leanann plé ar nádúr na litríochta pobail agus léargas an fhile ar an saol. Ní raibh radharc na súl ag Raiftearaí fad a mhair sé agus é ag cumadh a chuid dánta i ndorchadas buan uaigneach. ‘Don té atá ina dhall, is ionann dath do gach ball, bíonn an dubh ’gus

---

<sup>1041</sup> *Ibid.*

<sup>1042</sup> Féach an plé a rinneadh air seo i gCaibidil a hAon.

<sup>1043</sup> Johnny Chóil Mhaidhc, ‘An File is Fearr,’ Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1960, Taifeadh fuaimne i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG. Leagan lámhscríofa i leabhar mhiontuairiscí na Tulaí. Féach Aguisín.

an bán mar an gcéanna.<sup>1044</sup> Luaitear filí eile a bhí dall, is nach bhfaca áilleacht na cruinne:

**Raiftearaí:**

Milton, a dhuine, Seamus Dall agus mise,  
Triúr nach bhfaca áilleacht an tsaoil seo  
Taoille trá is taoille tuile nár ba linne ba bhinne,  
Ach an rós ná an lile níor léir dúinn.<sup>1045</sup>

Mura raibh radharc na súl ag Raiftearaí, mar sin féin chruthaigh sé íomhánna áille ina chuid véarsaí a mhaireann go fóill. Déanann an file comhaimseartha ionsaí air, agus cuireann sé ina leith gur ag stealladh bréag a bhíodh sé os rud é go ndearna sé cur síos ar rudaí nach bhfaca sé riamh:

**File:**

Mara bhfaca tusa áilleacht na cruinne  
Séard thú ná file a bhí bréagach;  
Sí Máire Ní Eidhin an pabhsae ba ghile  
Dar chuir file ariamh ina véarsa.  
A leaca ba chruinne ná clocha i mbéal tuinne  
Agus a guth ba bhinne ná an chéirseach  
Ach nach gcuala muide go mba stróinse í de dhuine  
A bhí ag lorg fear óg le hí a bhréagadh.<sup>1046</sup>

Tá gné na hidirthéacsúlachta le sonrú go han-láidir agus an file ag tabhairt chun cuimhne an cur síos a rinneadh ar Mháire Ní Eidhin, ‘an pósae gléigeal’ in amhrán cáiliúil Raiftearaí.<sup>1047</sup> Maireann an íomhá seo di nuair nach maireann Máire féin nó Raiftearaí níos mó agus beatha shíoraí bronnta uirthi i ndomhan na litríochta. Ar an gcaoi chéanna, tá Raiftearaí féin fós beo trína chuid filíochta:

Níl aon chur i gcás, mar ní bhfuair Raiftearaí bás  
Ach maireann a cháil ar fud Éireann  
Nó go bhfeicfidh na daill, ní thréigfidh mo cháil  
Is beidh meas ag Críoch Fáil ar mo véarsaí.  
An bhfeiceann tú an ail a chlúdaíonn mo chnámh?  
Is nach trua nach léir dom an scríbhinn!  
Greanta san ail tá m’ainm is mo cháil  
Ag Uachtarán Chríoch Fáil, An Craoibhín  
Ó tá na milliúnaí cnámh san reilig sin thall  
Tá bodhar, bacach is dall ann in éineacht;  
Níl a n-ainm ná a gcáil greanta san ail.  
Tá siad uilig chomh dall lena chéile!<sup>1048</sup>

Baintear gaisneas as na focail ‘dall’ agus ‘léargas’ le fis agus fios osnádúrtha an fhile, an *imbis forosnai*, a mheabhrú dúinn agus cuireann débhrí na bhfocal úd le clisteacht na

---

<sup>1044</sup> Johnny Chóil Mhaidhc, *Buille Faoi Thuairim...*, 73.

<sup>1045</sup> *Ibid.*

<sup>1046</sup> *Ibid.*, 72.

<sup>1047</sup> Raiftearaí, ‘Máire Ní Eidhin,’ in eag. Ciarán Ó Coigligh, *Raiftearaí: Amhráin agus Dánta* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1987) 84.

<sup>1048</sup> Johnny Chóil Mhaidhc, *Buille Faoi Thuairim...*, 73-4.

gcontrárthachtaí san agallamh. Cé nach raibh radharc na súl ag Raiftearaí, bhí léargas neamhchoitianta aige ar stair agus ar shaol na hÉireann. Bhí sé dall lena bheo, ach anois agus é cailte, maireann a cháil go fóill san áit a bhfuil na sluaite eile ar shlí na fírinne ligthe i ndearmad agus ‘chomh dall lena chéile.’<sup>1049</sup> Baintear macalla san agallamh seo freisin as an iomarbhá ghangaideach a bhí idir Raiftearaí agus Muintir Uí Chellanáin, agus an cur síos a rinne Marcas air mar ‘F[h]ile de dhall gan radharc gan léargas.’<sup>1050</sup>

Cé go bhfuil an bheirt fhilí san agallamh seo in iomaíocht lena chéile, níl aon ghangaid san ionsaí a dhéanann siad ar a chéile agus mar a deir Liam Ó Dochartaigh, ‘Níl aon drochrún sa tsáraíocht seo.’<sup>1051</sup> Iarrann Raiftearaí ar Johnny a chnámha a chruinniú le chéile agus é a chur sa Ghaeltacht. Deir Johnny go ndéanfaidh sé amhlaidh, go mbeidh sochraid Stáit dó agus go bhfaighidh sé aitheantas cuí mar fhile ón Rialtas agus ó lucht Éigse na tíre. Leanfar leis an gcomhrá, leis an allagar agus leis an tsáraíocht spráúil ansin.

Beidh Mac Liammóir, Ó Ríordáin, Ó Direáin is mise  
 Ag cumadh ag casadh ’s ag véarsaíocht;  
 Beidh Raiftearaí an file á thabhairt chun na cille  
 Is á chur i measc uaisle breá Gaelach.  
 San am mharfach na hoíche is an ghealach ina suí  
 Ansin tiocfaidh mise i m’aonar,  
 Beidh muid ag cogar is ag caoi ar feadh na hoíche  
 Is beidh troid na mbó maol againn le chéile.<sup>1052</sup>

Is cinnte go ndeachaigh an t-agallamh ‘Raiftearaí agus an File’ i bhfeidhm go mór ar lucht éiseachta na Scoileanna Éigse, agus cumadh agallamh an-chosúil leis, cé nach bhfuil an fileatas céanna ag baint leis, an bhliain dar gcionn idir ‘An Bard agus an File.’<sup>1053</sup> Tagann Bard ar ais ar an saol agus téann chun cainte le file ón Scoil Éigse, agus déantar comparáid eatarthu.

Cuir ainm agus sloinne ar na filí ba bhinne,  
 dár mhair i gCríoch Fáil an tráth sin,  
 Déan comparáid idir muide agus filí do linne,  
 Anois cé acu ab fhearr leat.<sup>1054</sup>

Ní téascanna traidisiúnta amháin a bhí mar ábhar inspioráide ag filí na Scoileanna Éigse agus cuid acu ag tarraingt ar ábhar nuachumtha mar bhunús dá gceapadóireacht féin.<sup>1055</sup>

<sup>1049</sup> *Ibid.*, 74.

<sup>1050</sup> Ó Callanáin, ‘An Sciolladh,’ *Filíocht na gCallánán*, 77.

<sup>1051</sup> Liam Ó Dochartaigh, ‘Éigse an Bhéil Bheo: Saothar Sheáin Uí Choisdealbha,’ *Scriobh* 2, 84.

<sup>1052</sup> Johnny Chóil Mhaidhc, *Buille faoi Thuairim Gabha*, 75.

<sup>1053</sup> S. Ó Súilleabháin agus T. Ó Nia, ‘An Bard agus an File,’ *Ollchruinniú na Scoileanna Éigse 1967*.  
 Taifeadh fuaime i gCartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35, OÉG.

<sup>1054</sup> *Ibid.*

<sup>1055</sup> Féach freisin an t-idirdhealú a dhéanann Gearóid Denvir idir ‘úsáid shofaisticiúil’ na hidirthéacsúlachta agus ‘glanaithris’ in *Sé an Saol an Máistir...*, 297.

Fóram tábhachtach a bhí sna Scoileanna Éigse a ghríosaigh cumadóirí le dul i mbun pinn agus níos tábhachtaí fós, a thug ardán dóibh lena saothar a chur i láthair an phobail ag an Ollchruinniú bliantúil. Cothaíodh ealaín an agallaimh ach go háirithe agus spreagadh glúin úr le haighnis fhileata a cheapadh. Maireann *corpus* substaintiúil téacsanna agus taifeadtaí ó ghluaiseacht na Scoileanna Éigse a thugann éachtaint dúinn ar phríomhthéamaí agus ar shaintréithe na n-agallamh. Múnla ceapadóireachta a bhí ann a d'fheil cumadóirí na linne agus iad ag dul i ngleic le hathruithe móra sóisialta agus teicneolaíochta. Mar a léiríodh, baineadh leas as freisin mar uilis agóidíochta agus filí na tréimhse ag tarraingt airde ar éagóir nó ag labhairt amach ar son cearta na cosmhuintire. Is féidir tionchar na Scoileanna Éigse ar athbheochan agus ar fhorás an agallaimh a thomhas ón méid a bhí le rá ag duine de mhórscribhneoirí agallamh na tréimhse sin.

Is beag agallamh beirte a chuala Joe Steve le linn a óige, áfach, cé gur chuala sé riamh caint orthu. 'Is iad na filí i mo thuairim a thosaigh na hagallaimh beirte mar bhí siad ag cur dúshláin ar a chéile go fileata.'<sup>1056</sup>

Más annamh a chonaic Joe Steve aighnis den chineál sin ina óige, bhí rabharta ar agallaimh le linn bhlianta rathúla na Scoileanna Éigse agus cumadh na céadta acu ar fud Chonamara. Fiú más do chomórtais a cumadh cuid de na hagallaimh seo, láithríodh iad go mion minic ina dhiaidh sin ag ócáidí sóisialta éagsúla. Buanaíodh an nós, agus músclaíodh dúil an phobail sna hagallaimh:

Tá dúil mhór ag pobail an lae inniu ins an Agallamh Beirte agus is beag ócáid shóisialta nach gcuirfeadh beirt éigin agallamh amach dhá gcroí i lár an urláir.<sup>1057</sup>

Cuireadh an t-agallamh beirte mar ealaín bhéil i lár an aonaigh i gConamara, agus níor bheag an bhaint a bhí ag Gluaiseacht na Scoileanna Éigse leis an méid sin.

---

<sup>1056</sup> Máiréad Ní Chinnéide, 'Féith an Ghrinn sa Chré Dubh,' *The Irish Times*, 15.4.1991, 10.

<sup>1057</sup> Ó Neachtain, 'Réamhrá,' *Fead Ghlaice...*, 8.

## *Caibidil 7*

### **An Comhlachas Náisiúnta**

### **Drámaíochta:**

Stáitsiú an Agallaimh agus Taibhléiriú  
na Scéalaíochta



### **Athbhreithniú agus athmhachnamh ar an Agallamh Beirte:**

Nuair a tháinig an Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta ar an bhfód in 1976, cuireadh béim ar leith ar dhrámaíocht amaitéarach na Gaeltachta a chur chun cinn. Mar chuid den fheachtas seo taibhealaíona na Gaeilge a spreagadh agus a chothú, rinneadh iniúchadh as an nua ar fhoirmeacha dúchasacha drámaíochta agus pléadh mianach drámatúil na n-agallamh agus na scéalaíochta. Breathnófar sa chaibidil seo ar na tuairimí agus na teoiricí a forbraíodh faoi stáitsiú na n-ealaíon béil agus na hábhair aighnis a tháinig as na hiarrachtaí a rinneadh sainmhíniú a dhéanamh ar ealaín an agallaimh.

D'fhás an Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta ón scoilt sa Chomhairle Náisiúnta Drámaíochta in 1972, agus míshástacht Chumann áirithe faoin bhfaillí a bhí á déanamh ar dhrámaíocht na Gaeltachta, dar leo. I measc na n-ábhar gearáin a cuireadh in iúl, bhí an bhéim rómhór ar dhrámaí agus eagraíochtaí i mBaile Átha Cliath:

Ní raibh aon bhéim á cur ar an obair sna Gaeltachtaí, cé gur fánach againn a bheith ag gabháil don obair muna ndeinimid é sin. Tá an Eagraíocht ann don tír go hiomlán, ach is sna Gaeltachtaí is mó a fheictear an toradh fóna ar an obair agus is uathu a thioctfaidh an spreagadh is an misneach don chuid eile den tír.<sup>1058</sup>

Lonnaíodh ceannáras an Chumainn nuabhunaithe i gCamus i gceartlár Ghaeltacht Chonamara agus féachadh le drámaíocht agus taibhealaíona dúchasacha na Gaeltachta a chothú agus a fhorbairt. Cuireadh an t-agallamh beirte ar chlár na bhféilte náisiúnta in 1974 agus spreagadh na cumainn drámaíochta le tabhairt fúthu. Cuireadh agallaimh ó na cúigí éagsúla i láthair ag an gcéad fhéile agus tugadh suntas do na difríochtaí stíle eatarthu:

Bhí Agallamh Beirte sa bhféile don chéad uair agus bhí sé ana shuimiúil na hagallaimh ó na ceantair Ghaeltachta éagsúla a chur i gcomparáid len a chéile.<sup>1059</sup>

Fearacht na Scoileanna Éigse, chuir an Comhlachas ardán rialta ar fáil do chumadóirí agallamh lena saothar a chur i láthair an phobail agus aitheantas a fháil. Tuairimíodh go gcabhródh sé le healaín an agallaimh a chothú agus cumadóirí a ghríosadh le dul i mbun ceapadóireachta:

Is rud é an comórtas agallaimh beirte a cuireadh ar an gclár dhá bhliain ó shin agus chabhraigh sé seo leis na scríbhneoirí a bhíonn ag scríobh na n-

---

<sup>1058</sup> An tAthair P.S. Ó Argáin luaite in ‘An Chomhairle Náisiúnta Drámaíochta Eile,’ *Inniu*, 12.10.1973, 8. Féach an plé atá déanta ag Pádraig Ó Siadhail ar an scoilt seo agus bunú an Chomhlachais in *Stair Dhrámaíochta na Gaeilge 1900-1970* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1993) 160-5.

<sup>1059</sup> ‘Gearr-Chuntas ar an bhFéile ar an gCeathrú Rua,’ *Amárach*, 10.5.1974, 8.

agallamh, mar bíonn siad in ann a gcuid oibre a fheiceáil ar stáitse agus léirmheas a fháil air chomh maith.<sup>1060</sup>

Ní agallaimh nuachumtha amháin a bhí i gceist agus rinneadh athchóiriú ar laoithe Fiannaíochta<sup>1061</sup> agus ar shaothar Raiftearaí,<sup>1062</sup> agus saothar scríbhneoirí eile agus cuireadh i láthair as an nua iad sna comórtais ardáin. Ba iad na moltóirí drámaíochta a rinne léirmeastóireacht ar na hagallaimh chomh maith sna blianta tosaigh, agus ní nach ionadh, leagadh béim an-mhór ar láithriú na n-agallamh agus ar na scileanna aisteoireachta thar aon ní eile. Moladh an láimhseáil dhrámatúil a rinneadh ar ‘Raiftearaí agus an File’ ag an bhFéile Náisiúnta in 1981, mar shampla:

Ní amháin gur éirigh leo a thaispeáint dúinn gur féidir crot drámatúil a chur air ach gur féidir léargas nua a fháil air.<sup>1063</sup>

Ba i dtéarmaí na drámaíochta dúchasáí a pléadh leis an aighneas fileata agus féachadh le ‘forbairt’ a dhéanamh air.

Dúirt Tomás Mac Ardghaill go mba chóir an-fháilte a chur roimh na hAgallaimh Beirte mar chuid do chomórtais agus féilte drámaíochta. Bhí mianach dúchasach sa tsaghas seo ealaíne agus d’fhéadfaí an-fhorbairt a bheith i ndán dó.<sup>1064</sup>

Thuairimigh Garry Hynes go raibh tábhacht ar leith ag baint le sainmhúnlaí drámaíochta na Gaeilge a chaomhnú agus a fhorbairt:

Braitheann an bhrí atá le dráma ar struchtúr foirmeálta an dráma sin ... Sa drámaíocht Ghaeilge tá foirmeacha againn nach bhfuil i ndrámáíocht an Bhéarla in aon chor – an tAgallamh Beirte mar shampla. Má chaillimid na foirmeacha seo caillfidimid bríonna leo.<sup>1065</sup>

Chuirtear na hagallaimh i láthair ar an ardán ag na féilte drámaíochta idir drámaí fada sna blianta tosaigh ach de réir a chéile, aithníodh nár oir an comhthéacs láithrithe nó critéir léirmheastóireachta agus slat tomhais na moltóirí drámaíochta don ealaín bhéil seo. Tionscnaíodh díospóireacht faoin gceist sna luath-ochtóidí agus féachadh le saintréithe an aighnis fhileata a rianadh agus téarmaí tagartha an mhúnla a bheachtú. Suntasach go leor, ag an gcéad Éigse na Féile in 1983, aithníodh nár bh ionann saineolaí ar chúrsaí drámaíochta agus moltóirí maith agallamh beirte, agus cuireadh ‘comhairleoirí

---

<sup>1060</sup> Mairtin Davy, ‘Céad Fhéile Náisiúnta an Chomhlachais nua,’ *Inniu*, 14.5.1976, 9.

<sup>1061</sup> Féach leagan gearr de ‘Agallamh Oisín agus Phádraig’ le hEoghan agus Páidí Ó Lionáird a cuireadh i láthair ag an bhFéile Drámaíochta in 1985 in *Agallaimh na hÉigse...*, 293.

<sup>1062</sup> ‘Raiftearaí agus An Chléir’ cóirithe ag Proinsias Ó Maolmhuaidh don Fhéile Drámaíochta 1981. Bunaithe ar ‘Faoistin Raiftearaí,’ in eag. Ciarán Ó Coigligh, *Raiftearaí: Amhráin agus Dánta* (An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath, 1987) 61-3.

<sup>1063</sup> Tomás Mac Ardghaill ag trácht ar ‘Raiftearaí agus an File’ le Peadar Ó Cualáin agus Seán Ó Coisdealbha, *Amárach*, 7.8.1981, 7.

<sup>1064</sup> ‘An Fhéile Drámaíochta i nGaoth Dóbhair,’ *Inniu*, 21.5.1976, 9.

<sup>1065</sup> Garry Hynes, ‘Tábhacht Teanga,’ *Stáitse: Iris na Drámaíochta Gaeilge* 1991, 10.

Gaeltachta’ agus cumadóirí agallamh beirte i mbun léirmheastóireachta ar an gcomórtas.

Cuireadh suim faoi leith in Éigse na Féile. Bhí cúig Agallamh Beirte ann – iad ainmnithe ó na Féilte Áitiúla – agus slua breá i láthair ann. I dteannta moltóir na féile [Tomás Mac Anna] bhí triúr comhairleoirí Gaeltachta, Dónal Ó Liatháin, Cúil Aodha; Seosamh Ó Neachtain, An Spidéal; agus Tomás Mac Giolla Bhríde, Gaoth Dobhair. Labhair siad san faoin Agallamh Beirte ina gceantar féin agus thug siad léirmheas ar na hAgallaimh a deineadh ag an Éigse.<sup>1066</sup>

Beartaíodh an t-agallamh a bhaint anuas den stáitse agus ócáid a reáchtáil i suíomh neamhfhoirmeálta a bheadh ag teacht níos mó le *milieu* an airneáin. Níor oir an bhearna idir léiriú agus pobal d’ealaín an agallaimh, dar le Máirtín Mac Donnchadha, agus cuireann rannpháirtíocht an lucht éisteachta le taitneamh an taispeántais:

Agus tógadh an t-agallamh beirte anuas den stáitse ar fad ... Agus tá mé cinnte go bhfeiceann sibh féin an buntáiste a bhaineann leis sin. Déantar an t-agallamh i lár na ndaoine. Bíonn an bheirt i gceist, bíonn siad an-ghar don chomhluadar. Bíonn siad ag tarraingt ar an gcomhluadar, ar mhaithe leis an argóint atá acu féin, ag cur ar a son féin, ag tarraingt as an lucht éisteachta chun é sin a dhéanamh.<sup>1067</sup>

Bhí Pádraig Ó Siochrú ar aon intinn le Máirtín Mac Donnchadha faoin ngá a bhí ann athmhachnamh a dhéanamh ar shuíomh agus ar léiriú na n-agallamh ag na féilte drámaíochta.

Bhíos-sa go minic, agus is cuimhin liom a bheith i Ros Muc bliain ó shin, agus bhí an t-agallamh beirte mar a bheadh píosa ceoil idir dhá dhráma agus is dóigh liom gur botún a bhí ansin ... Dá mbeadh an rud seo againn i halla inniu, ní dóigh liom go n-oibreodh sé.<sup>1068</sup>

Mar chuid d’iniúchadh an Chomhlachais ar chomharthaí sóirt an agallaimh, reáchtáladh fóram plé ag Éigse na Féile 1985 agus rinneadh plé ar chúrsaí meadarachta, ar chúrsaí aisteoireachta agus ar fheisteas agus frapaí a bheith in úsáid. Ghlac moltóirí na Féile, iad siúd a bhí san iomaíocht sa chomórtas agus an lucht éisteachta, páirt sa díospóireacht fhíorshuimiúil seo agus cuireadh na hagallaimh éagsúla i gcomparáid lena chéile. Aithníodh go raibh difríocht an-mhór ó thaobh an chuir i láthair ach go háirithe agus go raibh eilimintí nua tagtha isteach i ‘stáitsiú’ na n-agallamh. Ba mhór idir an t-agallamh nuachumtha ‘Tá’s agam’ le Tomás Mac Eoin agus Mairéad Mhic Chon Iomaire, agus an cóiriú drámatúil a rinne muintir Uí Lionáird ar ‘Agallamh Oisín agus Phádraig.’ Sa bhfuadar seo le forbairt a dhéanamh ar an agallamh beirte agus le drámaíocht dhúchasach a chruthú, bhí gnéithe de stíl agus d’aisteoireacht na hamharclainne agus na geamaireachta tugtha isteach agus bunmhúnla an agallaimh imithe ar bóiléagar, dar le

---

<sup>1066</sup> ‘Spotsholas is Bruachshoilse,’ *Inniu*, 20.5.1983, 12.

<sup>1067</sup> Máirtín Mac Donnchadha, ag labhairt ar an gclár *Iris 90*, RTÉ1, a craoladh 25ú Márta 1990.

<sup>1068</sup> Pádraig Ó Siochrú, ag labhairt ag Éigse na Féile 1985, ag an bhFéile Drámaíochta i gCorr na Móna. Taifeadh fise i gcartlann an Chomhlachais.

daoine áirithe a bhí i láthair. Labhair an moltóir Lorcán Ó Riain ar an athrú seo a bhí tagtha ar an agallamh beirte:

Cuireann sé gliondar orm i dtosach go bhfuil na hagallaimh beirte ag tréigint an ardáin, *you know*, mar a bhíodh siad ag Féilte Drámaíochta agus le blianta anuas, agus na hagallaimh beirte ar siúl ar stáitse ag féilte drámaíochta. Bhí siad ag athrú i sceitseannaí, cheap mé, agus níor thaitin sin liom ar chor ar bith agus is dóigh liom gur roinnt moltóirí a ba chiontach leis. Bhí radharcra, cultacha mar sin de.<sup>1069</sup>

D’aontaigh Tomás Mac Con Iomaire go raibh dochar déanta ag moltóirí áirithe don agallamh agus gur mhinic míshoiléireacht agus éiginnteacht faoin gcineál léiriú a bhí á éileamh ag comórtais éagsúla.

... iomarca gléasra agus iomarca maisiúchán agus iomarca rudaí beaga eile curtha leis agus tá cuid mhaith den locht ag dul ar na moltóirí ... Feicim go háirithe ag Slógadh agus ag ócáidí do dhaoine óga, agus rudaí mar sin go ngabhfadh tú áit agus déarfadh moltóir amháin, bhuel ba cheart éadach a chaitheamh a ghabhfadh leis an Eaglais, ba cheart maisiú a bheith déanta ar aghaidheanna, ar éadaí. Agus ansin go bhfuil tú ag dul áit eicint eile agus deir siad “Níor cheart go mbeadh.” Ceapaim dá mbeadh leibhéal eicint moltóireachta leagtha síos – go mbeadh a fhios ag daoine go díreach céard tá ag teastáil. Mar tá daoine ag dul i gcoimhlint le buachtáil, in áit a bheith ag dul amach le sásamh a bheith as an rud agus sásamh a thabhairt don lucht éisteachta. Ceapaim gur i laige a bheas an t-agallamh beirte ag dul má chuirtear iomarca béime ar mhaisiúchán agus ar éadaí.<sup>1070</sup>

Ba mhinic na hagallaimh ina ngeansceitsí ag Slógadh agus siúl ag na moltóirí le nósmaireachtaí uilig na hamharclainne. Bhí seit iomlán, frapaí agus cultacha ag buaiteoirí Slógadh Chonnacht in 1976 mar shampla, agus rinneadh léiriú stáitsiúil den agallamh idir ‘Fear Chonamara agus Fear Gaeltarra.’



Léaráid 19: Seán Ó Cualáin agus Micheál Mac Diarmada, an Spidéal a bhuaigh comórtas áitiúil Slógadh d’agallaimh beirte in 1976. ‘Fear Chonamara agus Fear Ghaeltarra’ le Máirtín Davy Ó Coisdealbha a bhí acu.

---

<sup>1069</sup> Lorcán Ó Riain ag labhairt ag Éigse na Féile 1985, ag an bhFéile Drámaíochta i gCorr na Móna. Taifeadh fise i gcartlann an Chomhlachais.

<sup>1070</sup> Tomás Mac Con Iomaire ag labhairt ag Éigse na Féile 1985, ag an bhFéile Drámaíochta i gCorr na Móna. Taifeadh fise i gcartlann an Chomhlachais.

Léiriú drámata den chineál sin a bhí sa leagan de ‘Agallamh Oisín agus Phádraig’ a léiríodh ag Éigse na Féile 1985, le feisteas na Féinne, geáitsíocht agus aisteoireacht chlasaiceach, fhoirmeálta na hamharclainne. Cuireadh clabhsúr leis an agallamh le hólógán Oisín agus é ag caoineadh an tseansaoil, é ar an dé deiridh, agus an t-aisteoir ag luí síos ar an talamh go méaldrámatúil:

Deireadh na Féinne anois,  
Is mé Oisín mór mac Fhinn  
Ag éisteach le gothaibh clog  
Is fada anocht in Ailfinn.<sup>1071</sup>

Sa díospóireacht a lean an comórtas, rinneadh iarracht an t-idirdhealú idir stíl aisteoireachta na hamharclainne agus stíl nádúrtha an allagair a shoiléiriú agus tharraing an moltóir Dónal Ó Donnabháin aird ar an deighilt seo.

An rud is tábhachtaí, cá mbeidh an tAgallamh Beirte ag dul feasta. Tá dhá rud bunúsach ann. Tá dhá mar a déarfá *poles* ann. Sin an rud traidisiúnta ar fad, rud atá bunaithe beagnach ar fad mar a dúirt Pádraig, ar an gcaint, caint álainn na Gaeltachta, fé mar atá sé fós againn. Tá roinnt dos na rudaí sin, bhí sé sin againn ar maidin. Agus ní mór iad san a choimeád sa tsiúl. Ar an dtaobh eile de ansin, bhí rud éigin stáitsiúil, mar a déarfá, rud a bhain níos mó leis an stáitse.<sup>1072</sup>

Ní raibh an fhorbairt seo i dtreo na drámaíochta foirmeálta ag teacht leis an tuiscint a bhí ag daoine eile a bhí i láthair ar an agallamh beirte agus bhí Tomás Mac Con Iomaire den tuairim nach agallaimh a bhí iontu:

Bhí ar a laghad trí shaghas agallamh beirte difriúla ansin inniu. Bhí agallamh beirte mar a chleacht muid i gConamara, abair, i nDúiche Sheoigheach. Bhí ... dráma ann, agus bhí *pageant* ann. Agus b'fhéidir, abair, an t-agallamh beirte a raibh cleachtadh anseo air le blianta go siúlfadh beirt ar an stáitse, gan aon mhaisiú ná gléasadh ná tada mar sin, sin an t-agallamh beirte a raibh cleachtadh air.<sup>1073</sup>

Tharraing an cheist seo tuilleadh cainte, agus d'aontaigh Pádraig Ó Siochrú go gcaithfí idirdhealú a dhéanamh idir briatharchathanna tráthúla agus aeistéitic na drámaíochta:

**Pádraig Ó Siochrú:** Ach is dóigh liom gur *entertainments* atá ag teastáil. Dáiríribh. Déarfáinn gurb é sin atá ag teastáil, le teacht ón rud, go mbeadh taitneamh nó greann, leathaoibh ón drámaíocht, an dtuigeann tú. Táimidne ag rá go bhfuil difríocht an-mhór nó gur cheart go mbeadh difríocht áirithe idir dráma agus beirt ag agallamh lena chéile. Go mbeadh siad chomh difriúil sin,

---

<sup>1071</sup> An véarsa deireanach mar a cuireadh i láthair é ag Éigse na Féile 1985. Eoghan agus Páidí Ó Lionáird. I gcló in *Agallaimh na hÉigse...*, 296.

<sup>1072</sup> Dónal Ó Donnabháin, ag labhairt ag Éigse na Féile 1985, ag an bhFéile Drámaíochta i gCorr na Móna. Taifeadh fise i gcartlann an Chomhlachais.

<sup>1073</sup> Tomás Mac Con Iomaire, ag labhairt ag Éigse na Féile 1985, ag an bhFéile Drámaíochta i gCorr na Móna. Taifeadh fise i gcartlann an Chomhlachais.

go ndéarfá sin rud ar leith ar fad atá anseo, agus ná beadh sé róchosúil le dráma ... an dtuigeann tú ...<sup>1074</sup>

Thaobhaigh go leor sa lucht éisteachta leis agus bhí faitíos ar dhaoine áirithe go raibh an t-agallamh beirte mar fhoirm ‘ag titim rómhór isteach sa drámaíocht.’ An chaint féin, agus clisteacht na cainte ba thábhachtaí, agus chaithfí filleadh ar bhunfhréamhacha an agallaimh, dar le Pádraig Ó Siochrú.

Do dhúnas mo shúile ar chúpla ócáid inniu, is dúirt liom féin – Agallamh Beirte – nach é an rud is tábhachtaí a bhaineann le hAgallamh Beirte ná an chaint, an chumadóireacht, greann, deisbhéalaíocht agus mar sin de.<sup>1075</sup>

Rinneadh iarracht sainmhíniú a dhéanamh ar an gcineál aisteoireachta a d’fheil don agallamh. Nuair a dúradh nach raibh aon aisteoireacht in aon chor ag teastáil sa chur i láthair, d’esaontaigh Tomás Mac Eoin, ach is ríspéisiúil an cur síos atá aige ar an rud a thuigeann sé féin leis an téarma ‘aisteoireacht.’

**Tomás Mac Eoin:** Aisteoireacht an saol ar fad. Má bhíonn tú istigh i dteach ósta, ag breathnú ar bheirt fhear ag caint le chéile, sin an áit a bhfeicfidh tú an aisteoireacht.

**Pádraig Ó Siadhail:** Ach aisteoireacht nádúrtha – aisteoireacht ón teallach atá i gceist agat ar shlí.

**Daoine ag aontú:** Sea.<sup>1076</sup>

Ba cheart go mbeifí in ann agallamh beirte a aithris, gan dul i muinín frapaí nó éadaí nó eilimintí dromchlacha eile den stáitsíocht le brí na cainte a chur in iúl, dar le Máiréad Mhic Con Iomaire.

Aontaimse go mór leis sin ... gur cheart gur rud amháin agallamh beirte agus gur rud eile drámaíocht. Má theastaíonn uait dul ag breathnú ar dhráma téann tú chuig dráma agus má theastaíonn uait dul ag breathnú ar Agallamh Beirte bíonn tú ag súil le rud eicint difriúil. Go bhfuil tú in ann an rud seo a chur trasna, ar an lucht éisteachta i do chuid éadaí féin nó do rud féin ar do bhealach féin, má éiríonn leat sin a dhéanamh creidim gurb shin Agallamh Beirte agus Agallamh Beirte maith. Ach é a chur trasna ar chaoi nádúrtha agus aisteoireacht nádúrtha an rud ar fad.<sup>1077</sup>

Rinne Pádraig Ó Siochrú iarracht achoimre a thabhairt ar na tuairimí a nochtáíodh agus sainmhíniú ginearálta a thabhairt ar thréithe an agallaimh. Suntasach go leor luann sé

---

<sup>1074</sup> Pádraig Ó Siochrú ag labhairt ag Éigse na Féile 1985, ag an bhFéile Drámaíochta i gCorr na Móna. Taifeadh fise i gcartlann an Chomhlachais.

<sup>1075</sup> Pádraig Ó Siochrú, ag labhairt ag Éigse na Féile 1985, ag an bhFéile Drámaíochta i gCorr na Móna. Taifeadh fise i gcartlann an Chomhlachais.

<sup>1076</sup> Tomás Mac Eoin ag labhairt ag Éigse na Féile 1985, ag an bhFéile Drámaíochta i gCorr na Móna. Taifeadh fise i gcartlann an Chomhlachais.

<sup>1077</sup> Máiréad Mhic Con Iomaire, ag labhairt ag Éigse na Féile 1985, ag an bhFéile Drámaíochta i gCorr na Móna. Taifeadh fise i gcartlann an Chomhlachais.

nár bh ionann stíl na Mumhan, fé mar a léiríodh é ag an Éigse, agus stíl Chonamara, a bhí ag brath níos mó ar ghliceas cainte agus deisbhéalaíocht.

*Now* – tá rudaí dearfa ráite – b’fhéidir don chéad uair le fada an lá – ó bhí an sean-nós ann, an t-agallamh beirte ar an sean-nós mar a bhíodh insan Oireachtas fadó. Beirt b’fhéidir ag suí cois tine, nó ina seasamh gan aon rud, nó ina suí ach a laghad agus do b’fhéidir d’órnáidí nó do stáitsíocht nó d’éadach á úsáid. An sainmhíniú atá á thabhairt agaibh – is dóigh liom gurb é ceann Chonamara, Dúiche Sheoigheach é seo, as an nua agus sean. B’fhéidir nach mbeadh muintir an Deiscirt rósháshta leis an rud a dúradh, nach dteastaíonn aisteoireacht. “A” mór, is dóigh liom atá i gceist aige, “A” mór, mar a thuigtear ar ardán agus dráma. Tuigimse go díreach cad atá i gceist ansan.<sup>1078</sup>

Pléadh an cheist chéanna seo ag ócáidí eile a bhain leis an gComhlachas sna hochtóidí agus nóchaidí, agus tá claonadh láidir caomhnaitheach le haithint ar threoracha agus comhairle an Chomhlachais as sin amach, agus iad ag tathaint ar chumadóirí agus aithriseoirí gur cheart ‘gnéithe seachtracha stáitsíochta’<sup>1079</sup> a sheachaint. Bronnadh gradam ar agallamh in 1989 ‘a bhí dea-chumtha, *dilis do mhúntla an Agallaimh* agus curtha i láthair go snasta bríomhar.’<sup>1080</sup> Fuair duaisiarracht le Peadar Ó Coirbin agus Pádraig Ó Daoithe ardmholadh chomh maith as an ‘[g]caint chliste agus coimhlint, a cuireadh i láthair go soiléar éadrom greannmhar, *gan dul thar fóir*.’<sup>1081</sup> Tá éachtaint le fáil ar shlat tomhais na moltóirí ón gcur síos a rinneadh ar agallamh le Tomás Mac Eoin agus Máiréad Mhic Con Iomaire freisin, a bhuaigh gradam in 1987. Bhí na buanna ar fad a chuimsigh agallamh beirte maith aige, dar leo:

Dúirt na moltóirí go raibh gach rud a bhain le hagallamh foirfe sa cheann áirithe seo – m.sh., deachumadóireacht, véarsaíocht, coimhlint agus cur i láthair foirfe a tharraing an lucht éisteachta uilig isteach ann.<sup>1082</sup>

Chuaigh an plé agus an díospóireacht ar fad chun tairbhe an agallaimh dar le Máirtín Mac Donnchadha, agus tuiscint níos fearr anois ag daoine ar chomharthaí sóirt an allagair.

Agus is dóigh linn, ag breathnú siar ar thríd na blianta, go bhfuil an-fhorbairt tagtha ar an agallamh beirte, go bhfuil sé i bhfad níos soiléire dúinn anois céard is agallamh beirte ann, agus go bhfuil forbairt de réir a chéile ag teacht ar an agallamh beirte taobh istigh den fhoirmle a bhí leagtha síos dhó, nuair a bhíodhas á dhéanamh ins an 40í fiú agus na caogaidí.<sup>1083</sup>

---

<sup>1078</sup> Pádraig Ó Siochrú, ag labhairt ag Éigse na Féile 1985, ag an bhFéile Drámaíochta i gCorr na Móna. Taifeadadh fise i gcartlann an Chomhlachais.

<sup>1079</sup> Sainmhíniú nua ar an Agallamh Beirte in eag. Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, vi.

<sup>1080</sup> Nuachlitir an Chomhlachais, 4.5.1989, i gcartlann an Chomhlachais. [Liomsa an bhéim]

<sup>1081</sup> ‘National Drama Festival in Ghaioth Dobhair,’ *The Derry People*, 5.5.1990, 4. [Liomsa an bhéim]

<sup>1082</sup> ‘Tuarascáil,’ *The Irish Times*, 15.4.1987, 12.

<sup>1083</sup> Máirtín Mac Donncha ag caint ar an gclár *Iris 90*, RTÉ1, a craoladh ar an 25ú Márta 1990. [Liomsa an bhéim.]

D'aontaigh Lorcán Ó Riain go raibh tuiscint níos fearr ann ar an agallamh beirte mar ealaín shainiúil ann féin. Bhíothas ag cúlú ón drámaíocht agus ag fillleadh ar an mbunmhúnla, dar leis:

Ag an siompóisiam bhí díriú ar ghnéithe den drámaíocht thraidisiúnta – An tAgallamh Beirte agus an Scéalaíocht – mar fhoirmeacha ealaíne ar leith lena dtréithe áirithe féin. Sa tslí seo bhí cúiteamh á dhéanamh ag an gComhlachas don dochar a bhí déanta don Agallamh Beirte trí chomórtasaíocht agus moltóireacht a bhí ag brú ‘amharclannaíocht’ ar an Agallamh agus á mheas mar ‘sketch’ le radharcanna breise bréige nó mar mhír ghrinn. Ó shin tá stádas neamhspleách tugtha ar ais don Agallamh Beirte mar fhoirm ealaíne shainiúil.<sup>1084</sup>

Ar chlár *Iris* 88, ar RTÉ, iarradh ar dhuine de mholtóirí na Féile in 1988, Máire Uí Chruaidhlaioich, cur síos a dhéanamh ar thréithe agus cáilíochtaí an fhíoragallaimh. Cáineadh arís an fhorbairt i dtreo na drámaíochta, forbairt a bhí ina truailliú dáiríre ar an bhfíorealaín, dar léi:

**Michael Davitt:** Ach tá áiteamh ar bun le déanaí faoi cad is fíoragallamh beirte, mar a mhínigh duine de na moltóirí, Máire Uí Chruaidhlaioich.

**Máire:** B'fhéidir gur fusa a rá leat, a Mhichíl, cad iad na rudaí nach Agallaimh Beirte iad. An rud a dtugaimid an sceitse air. Ní dócha gur agallamh beirte é sin i ndáiríribh. Níor cheart d'agallamh beirte a bheith ag brath ar frapaí, abraimís, ná ar feisteas, ná ar dhrámaíocht, aisteoireacht. Déarfainnse, na hagallaimh beirte a dheineamar sa bhaile i gCúil Aodha nuair a bhíomar óg, agus do bhíos féin ag gabháil dóibh; soiléireacht cainte agus beirt ag caint nó ag agallamh nó ag argóint. Agus go mbeadh an bhrí ar fad ag teacht as an gcaint agus comharthaí aghaidh, comharthaí súile, comharthaí gutha, b'fhéidir beagán feistis, beagán ar fad. Agus b'fhéidir frapa nó dhó, mar bata ag fear, nó hata nó píopa nó a leithéid.

**Michael Davitt:** Bhfuil sé riachtanach go mbeadh greann éigin sa rud?

**Máire:** Bhuel cuireann sé leis gan dabht. An dtuigeann tú, bíonn saghas, is gnáthach is dócha, argóint de shaghas éigin nó conspóid a bheith ann. Ní dóigh liom go mbeadh puinn tairbhe ann mura mbeadh sé sin ann agus ar ndóigh má bhíonn an chonspóid go maith bíonn sé greannmhar.<sup>1085</sup>

Chreid Máirtín Mac Donnchadha go raibh anáil na teilifíse le haithint ar an bhforbairt i dtreo na ngeansceitsí agus go gcaithfí iarracht a dhéanamh na heilimintí nua seo a dhíbirt ón agallamh beirte nua-aimseartha.

Anois insna seascaidí agus insna seachtóidí, thosaigh athrú beag ag teacht ar na hagallaimh beirte agus i mo thuairim féin, agus níl ann ach mo thuairim phearsanta féin, ba í an chúis a bhí leis ná na rudaí a bhí daoine a fheiceáil ar an teilifís. Is insan tréimhse sin a tháinig an teilifís isteach agus thosaigh daoine ag breathnú ar dhaoine cosúil le Benny Hill agus Marty Feldman agus na sórt sceitseannaí a bhíodh ar bun acu siúd. Agus de réir a chéile thosaigh an t-agallamh beirte ag dul ó aithne ar dhaoine. Chonaic siad na scileanna a

---

<sup>1084</sup> Lorcán Ó Riain, 'Aisteoirí na Tíre,' *Stáitse*, 1991, 8-9.

<sup>1085</sup> Michael Davitt agus Máire Uí Chruaidhlaioich ag caint ar an gclár *Iris* 88, RTÉ1 a craoladh 22 Bealtaine 1988.



bhain leis an *stand-up-comic* cosúil leis na dá *Ronnies* agus na scileanna a bhain leis na sceitseannaí seo a chur inár láthair agus thosaigh béim ag teacht an uair sin ar chultacha agus ar gheáitsíocht ar an stáitse agus ar stáitsiú mór a dhéanamh ar an rud a rabhtas ag tabhairt Agallamh Beirte air.<sup>1086</sup>

I nuachtlitir an Chomhlachais in 1999, comhairlódh do lucht déanta na n-agallamh an dea-chaint agus an deaslabharthacht a bheith mar bhunchloch ina gcuid cumadóireachta agus briatharchathanna a cheapadh a bheadh ag teacht le téarmaí tagartha traidisiúnta na healaíne.

**Comhairle:** Braitheann an taitneamh a bhaintear as Agallamh Beirte ar rithim agus brí na bhfocal ar an dóigh ina ndéantar láimhseáil ar an ábhar agus go mór mhór ar dheisbhéalaí na beirte. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar an gcaint – ar shaibhreas na cainte agus ar léiriú na cainte – agus an chumadóireacht fhéin a bheith beacht agus fíntach.<sup>1087</sup>

Sa chur is cúiteamh seo a rinneadh ar bhuntréithe an agallaimh thraidisiúnta sna hochtóidí, pléadh ceist na véarsaíochta agus sainfhoirm fhileata an agallaimh. Ba ghnách le hiomaitheoirí ó Thír Chonaill na hagallaimh a chumadh i ngnáthchaint phrósúil agus bhí Noel Ó Gallchóir den tuairim nach raibh cothrom na Féinne le fáil ag lucht déanta agallamh beirte an Tuaiscirt.

Tá rud níos bunúsaí arís. Tá claonadh ann le blianta anuas dímheas a chaitheamh ar agallamh atá sa ghnáthchaint, sé sin i gcodarsnacht, nach bhfuil sé i véarsaíochta. *I mean*, chímse sin ag Féilte le roinnt blianta anuas, gur fearr le moltóirí agallamh atá i véarsaíocht a fheiceáil agus nach bhfuil an oiread sin measa acu ar rud atá sa ghnáthchaint ... *I mean*, caithfidimid glacadh leis go bhfuil traidisiúin éagsúla ann agus b'fhéidir an míniú atá air sa Tuaisceart, ná nach bhfuil aon traidisiún iontach filíochta ann, ach tá traidisiún seanchais againn, sé sin caint, sin an fáth na hagallaimh beirte a dtuigeann tú i dTír Chonaill go bhfuil siad sa ghnáthchaint. Agus sílimse gur cheart fáil réidh leis an *gconcept* sin atá ag cuid mhór daoine gur fearr agallamh atá i véarsaíocht.<sup>1088</sup>

Luaigh Tomás Mac Con Iomaire gur tharraing an cheist chéanna plé ag an Oireachtas tamall de bhlianta roimhe sin agus na hagallaimh ó cheantair éagsúla á gcur i gcomparáid lena chéile. Tugadh suntas ach go háirithe do na hagallaimh phróis, nach raibh ag teacht le tuiscint mhuintir Chonamara ar fhoirm an allagair.

Ábhar cainte ina dhiaidh, nuair a bhí chuile dhuine ag ól piontaí ina dhiaidh, bhí daoine ag rá, ‘Ní shin agallamh beirte, sin dreas cainte idir beirt ach ní agallamh é.’ Mar gheall nach raibh rannaireacht ann.<sup>1089</sup>

Tuairiscíonn Denvir chomh maith gur thug Conallach faoi ‘go cantalach’ ag féile an Oireachtais nuair a thuirimigh sé go raibh traidisiún agallamh Chonamara níos dílse

---

<sup>1086</sup> Máirtín Mac Donncha ag caint ar an gclár *Iris 90*, RTÉ1, a craoladh ar an 25ú Márta 1990.

<sup>1087</sup> ‘Éigse na Féile: Comhairle’ *Nuachtlitir an Chomhlachais*, 26.2.1999, i gcartlann an Chomhlachais.

<sup>1088</sup> Noel Ó Gallchóir, ag labhairt ag Éigse na Féile 1985, ag an bhFéile Drámaíochta i gCorr na Móna. Taifeadh fise i gcartlann an Chomhlachais.

<sup>1089</sup> Tomás Mac Con Iomaire ag labhairt ag Éigse na Féile 1985, ag an bhFéile Drámaíochta i gCorr na Móna. Taifeadh fise i gcartlann an Chomhlachais.

‘don seantraidisiún ná agallamh aon cheantair eile tharla gur i véarsaíocht a cumtar’<sup>1090</sup> iad. Ardaíodh an cheist seo sa díospóireacht ag Éigse na Féile 1985 freisin agus ceistíodh Tomás Mac Eoin faoin dearcadh a bhí aige féin ar fhoirm a chuid cumadóireachta. Ní ‘filíocht’ a bhí i véarsaíocht an agallaimh dar leis ach ‘caint nádúrtha i bhfoirm véarsaíochta.’

**Pádraig Ó Siochrú:** Ach an ndéarfá-sa anois, mar fhreagra ar an rud sin – an dtabharfása filíocht, rannaireacht nó caint nádúrtha rithimeach do do cuid féin ar an rud a dheinis?

**Tomás Mac Eoin:** Ah muise, cuma ... cineál véarsaíochta. Is dócha ... Véarsaíocht ... Ara caint nádúrtha ... mar a ... ach amháin ... Caint nádúrtha i bhfoirm véarsaíochta.

**Pádraig Ó Siochrú:** Sin é. Sin an rud a bhí uaim.

**Tomás Mac Eoin:** Le beagáinín beag slacht a chur air b’fhéidir. Thioctadh sé níos éasca le duine ach é a bheith i véarsaíocht.<sup>1091</sup>

Ag ceardlanna an Chomhlachais ar an agallamh ina dhiaidh sin cuireadh béim ar leith ar mheadarachtaí dúchasacha a chleachtadh.<sup>1092</sup> Ó 2005 ar aghaidh, cuireadh ceardlanna agallaimh ar bun ar fud na tíre, agus féachadh le healaín an agallaimh a chothú agus cumadóirí a ghríosadh le dul i mbun ceapadóireachta. ‘Ag na hócáidí seo déantar cur agus cúiteamh ar na saintréithe a bhaineann leis an múnlaí éagsúla agus bíonn an chumadóireacht agus an cur i láthair á gcleachtadh is á dtriail.’<sup>1093</sup> Fóram tábhachtach plé a bhí in Éigse na Féile sna hochtóidí le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den aighneas fileata, an cur i láthair, comhthéacs agus suíomh an láithrithe, an stíl aisteoireachta agus cúrsaí véarsaíochta ina measc. Ar na cumadóirí éagsúla a ghlac páirt i gcomórtais agallaimh ag na Féilte Náisiúnta Drámaíochta bhí, Tomás Mac Eoin, Joe Steve agus Máire Uí Neachtain, Seán Ó Gráinne, Seán Ó Muimhneacháin, Micheál Ó Tuairisg, Seosamh Ó Dónaill agus Ray Mac Mánaís. Ní nach ionadh, feictear cuid de na téamaí agus na coimhlintí dénrtha céanna i saothar na gcumadóirí seo agus a chonacthas in agallaimh na Scoileanna Éigse. Feictear codarsnacht idir sean agus nua, idir bocht agus saibhir, idir stuamacht agus baois in agallaimh Mhicheáil Uí Thuairisg mar shampla, maille le plé ar cheisteanna tráthúla agus ábhair chomhaimseartha.<sup>1094</sup> Cíortar na hathruithe atá tagtha ar an saol, agus aithneofar arís bá an chumadóira leis an

---

<sup>1090</sup> Gearóid Denvir, ‘An Béal Beo: Filíocht Bhéil Chonamara Inniu,’ *Léachtaí Cholm Cille XIX: Litríocht na Gaeltachta*, 1989, 194.

<sup>1091</sup> Pádraig Ó Siochrú agus Tomás Mac Eoin ag labhairt ag Éigse na Féile 1985, ag an bhFéile Drámaíochta i gCorr na Móna. Taifeadadh fise i gcartlann an Chomhlachais.

<sup>1092</sup> Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 50.

<sup>1093</sup> Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse...*, 50.

<sup>1094</sup> ‘An Chearc agus an Lao,’ ‘An Chearc agus an Coileach,’ ‘An Euro agus an Punt,’ ‘Bainisteoir Baine agus Custaiméir,’ ‘An Tábhairneoir agus an Meisceoir,’ ‘An Baitsiléir agus an Fear Pósta,’ ‘Brian Merriman agus a Chara,’ ‘An Póitséara agus an Maor,’ ‘Michael Ó Laoghaire agus Taistealaí,’ ‘Fear Tacsáí agus Fear Ólta,’ ‘Feilméara agus Fear na hAimísire,’ ‘An Scoil Nua agus an Seanscoil,’ ‘An Fear Bocht agus an Fear Saibhir,’ ‘An Spéaclóir agus an Dall.’ In eag. Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse* (2010).

seansaol. In agallamh idir ‘An Scoil Nua agus An Seanscoil’ [*sic*] mar shampla, cáintear díchuimhne an phobail atá beag beann ar stair agus oidhreacht a muintire, agus an Tíogar Ceilteach faoi lánseol.

**An Seanscoil:**

A’ gcloisim scoil bheag taobh liom fhéin  
Scoil a hosclaíodh maidin inné.  
Le siosúirín suarach a scaoileadh an téad  
Is fosclaíodh thú le raic ’s beithé.  
Bhí lá sa saol nuair a thosaigh mise,  
Is an Gorta Mór ar éigin imithe;  
’S nuair a bhéas an t-am sin atsa tugtha  
Beidh féar a’ fás ort is cúpla copóg.

**An Scoil Nua:**

Tá an ré sin caite gan filleadh go deo;  
Níl trácht ar Ghorta anois níos mó.  
Tá an Tíogar Ceilteach linn le scaitheamh  
Is níl beann againn ar chúrsaí staire.  
Ach baineann tusa leis an aimsir chaite  
Ní bhacfadh leat fear, bean ná páiste.  
Mar ní chuirfidís aon am amú  
Ar scéal faoi chruatan is bhraon anuas.

**An Seanscoil:**

Ach táimse bródúil as na laethanta crua  
Nuair ’bhí gasúir leata ag an ngaoth aduaidh;  
Is má bhí claíocha romhainn i gcúrsaí léinn  
Tógadh na caisleáin céim ar chéim.  
Bhí gach rang cneasta ciúin ag éisteacht.  
An bhfuil an óige fós chomh fhonnmhar béasach.  
Tá a gceann anois sa bhfón beag sáite  
Ag iníon gach athar is gach mac máthar.<sup>1095</sup>

## **Anáil na Béalaireachta ar Dhrámaí Mhichíl Uí Thuairisg**

Chum Micheál Ó Tuairisg trí dhráma véarsaíochta freisin inar fhéach sé le gnéithe den aighneas fileata a úsáid mar bhunús do dhrámaí nuachumtha. Ceapadh na drámaí seo i ndiaidh do Mhicheál freastal ar cheardlann drámaíochta a d’eagraigh an Comhlachas. Rinneadh iarracht drámaí nua a cheapadh bunaithe ar na múnlaí traidisiúnta, mar a tógadh ó bhéalaithe Thaidhg Uí Chonchubhair iad i dtús an fichiú haois. Cé go rabhthas ag áiteamh nár cheart gnéithe den drámaíocht a thabhairt isteach san agallamh, aithníodh go bhféadfaí eilimintí den aighneas fileata a úsáid i ndrámáíocht stáitse le healaín chros-síolrach a chruthú. Tá tionchar dhrámaí Thaidhg Uí Chonchubhair agus anáil an aighnis fhileata le haithint ar dhrámaí Uí Thuairisg, mar atá *Na Bacaigh*, *Sínte* agus *Craiceann is a Luach*.<sup>1096</sup> Spéisiúil go leor, murab ionann agus na hagallaimh bheirte a cheap sé, a bhain leis an saol comhaimseartha agus ceisteanna tráthúla, baineann an saol a chuirtear os ár gcomhair sna drámaí le ré éiginnte an bhéaloidis agus

---

<sup>1095</sup> Micheál Ó Tuairisg, ‘An Scoil Nua agus an Seanscoil,’ *Agallaimh na hÉigse...*, eagr. Ó Morónaigh (2010) 700-702.

<sup>1096</sup> Níor foilsíodh na drámaí véarsaíochta seo ach tá fáil orthu i gcartlann an Chomhlachais, Camas.

le tíopaí aitheanta an traidisiúin bhéil. Ar na carachtair a chastar orainn ina chuid drámaí tá lanúin phósta, bacaigh, sagairt, filí, mná caointe, buachaillí aimsire agus An Gobán Saor. Is le briatharchath barrúil idir fear agus a bhean chéile a thosnaíonn *Na Bacaigh*.

**Páidí:**

A Bhaibín, a stór, seo leat go beo,  
Is ní iafród go deo ort, a thuilleadh.  
Cuir greim ar an mbord, roinnt fataí is feoil  
Sul dá ndéanfadsa triall ar an muileann.

**Báibín:**

Fan siar leat, maith fear, is tabhair scíth do do ghrad  
Is ní áirim dhá scíth do do bholg.  
Ar mo chnámha gan neart tá 'bhfuil d'fheoil ann faoi ghlas,  
Is ní roinnfear í leat ach an oiread.

**Páidí:**

Ó is ortsa 'tá feoil nach mblaisfinn go deo.  
Mar bheadh tú chomh roighin leis an leathair.  
Bheadh fiaclaí dhá mbriseadh agus gialltrachtaí 'cliseadh  
Ar an té a bhaineadh plaic nó dhó asat.

**Báibín:**

Bhuel dár seo is dár siúd is na mionnaí dhá dtabhairt,  
Is deirim go fireannach leatsa:  
Níl feoil ins an teach; sin deireadh mo reacht.  
'S ná cloisim a thuilleadh faoi feasta.<sup>1097</sup>

Deir an bhean chéile nach bhfuil bia ar bith sa teach agus cuireann a cuid aiséireagraí gonta le greann an aighnis.

**Páidí:**

Bhuel, níl leigheas ar an scéal ach arán agus tae;  
Ach líonfadh sí poll i mo bholg.

**Baibín:**

Níl sé againn mo bhrón, ach seo crústa, a stór,  
Agus muiín deas uisce ón tobar.

Nuair a imíonn an fear céile, tagann sé chun solais go bhfuil bia sa teach ach go bhfuil sé curtha i bhfolach aici le tabhairt dá grá geal, Cóilí. Leanann comhráite fileata idir Baibín agus Cóilín, a bhaineann macalla as friotal coinbhinsiúnach na n-amhrán grá.

**Cóilí:**

A Bhaibín, mo chroí, is mo chuidse don tsaol  
Tar chugam, a stór 's mo chéad searc.  
Go leagad mo shúil, ar do cheann 's do ghrua  
Tar chugam-sa treasna go heatrom.<sup>1098</sup>

I véarsaíocht atá na drámaí ar fad, ach is sa dráma *Sínte* is mó a bhaintear gaisneas as féidearthachtaí drámatúla uilig na n-ealaíon béil. Sa chur síos a rinne an drámadóir féin

---

<sup>1097</sup> Micheál Ó Tuairisg, *Na Bacaigh*, Cartlann an Chomhlachais, 1. (Cumadh an dráma idir 2007-9)

<sup>1098</sup> *Ibid.*, 4.

ar an saothar tugadh ‘dráma grinn véarsaíochta’ air agus dúradh go ‘[n-] eascraíonn an cineál seo drámaíochta ó thraidisiún na n-agallamh fileata.’<sup>1099</sup> Tá an dráma féin bunaithe ar scéal béaloidis faoi fhear a ligeann air a bheith marbh.<sup>1100</sup> An bunscéal céanna a bhí mar ábhar inspioráide ag Synge nuair a chum sé *The Shadow of the Glen*. Is iondúil sa scéal béaloidis, go ligeann fear air a bheith marbh lena bhean chéile a thástáil agus le héisteacht leis an gcaoineadh a dhéanadh sé air. Tástáil a dhéanamh ar bhréagcharthannacht agus inní na gcomharsan an chúis atá ag an bpríomhcharachtar Mártan é féin a shíneadh os cionn cláir i ndráma Uí Thuairisg. Seanfhear crosta nach raibh ar fónamh le tamall é Mártan agus tosnaíonn an dráma le briatharchath agus é ag casaoid lena bhuachaill aimsire Laipín.

**Laipín:**

Dá mbeadh tú chomh dona, is tá ráite a’t, a dhuine,  
Is na pianta do réabadh i do chnámha  
Bheadh an chloch os do chionn, is tú sínte sa gcell,  
Go domhain ins an uaigh le trí ráithe.

**Mártan:**

Muise, is beag é do thrua, tá na focla sin crua,  
Is ní minic a dhéanaimse casaoid;  
Ach a’ fulaingt gan saoirse, i ndeireadh mo shaoilsa,  
’Gus an bás do mo stialladh ’s mo streachailt.

**Laipín:**

Ó éist liomsa tamall, ’s éirigh as an mbagairt,  
Is féach ar an saol mar atá sé.  
Tá mé sastaí ort a’ freastal, ó oíche go maidin;  
Ar phortach, ar gharraí ’s ar stábla.

**Mártan:**

’Nois éist liomsa a ghiolla ’s ná bí gaisciúil ’mo choinne  
Is chualair go minic é ráite –  
Go dtagann an bás gan choinne don duine,  
Is é an fear fada bhíos lag ina bhásta.<sup>1101</sup>

Meabhraíonn cur síos Mhártain ar an mbás a thagann ‘gan choinne don duine’ na comhráite iomadúla idir an Peacach agus an Bás i dtraidisiún an aighnis fhileata agus an bás ‘nach dtugann spás’ is a leagann ‘úr is críon gan cás ná náire.’<sup>1102</sup> Tá lorg Johnny Chóil Mhaidhc le haithint ar na línte freisin agus é ag baint macalla as ráiteas an Choistealbhaigh go ‘[d]tiocfaidh an bás gan chás gan chuireadh.’<sup>1103</sup> Déanann Laipín gearán go bhfuil siad bánaithe ag na comharsana a thagann ar cuairt chuile lá, ag súdairacht agus iad ag ligint orthu go bhfuil siad an-bhuartha faoi shláinte Mhártain.

<sup>1099</sup> Micheál Ó Tuairisg, ‘Réamhrá,’ *Sínte*, Cartlann an Chomhlachais. An chéad léiriú ag Éigse na Féile, 2007.

<sup>1100</sup> Féach Patricia Lysaght, ‘Caoineadh os Cionn Coirp: The Lament for the Dead in Ireland,’ *Folklore*, Vol. 108 (1997) 81.

<sup>1101</sup> Ó Tuairisg, *Sínte*..., 1-2.

<sup>1102</sup> Mar shampla Learaí Ó Finneadh, ‘Agallamh an Bháis leis an bPeacach,’ in eagr. Seán Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse* (2010) 423.

<sup>1103</sup> Seán Ó Coisdealbha, ‘Comhairle an tSeandúine don Duine Óg’, *An Tincéara Bui* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1962) 69.

**Laipín:**

Ní hé sin is measa ach na comharsain atá a'tsa  
Dá mbeidís mar chomharsain le n-áireamh:  
Ag bualadh ar do dhoras le hómós, mar dhea,  
Is ag ól suas go meidhreach do shláinte.<sup>1104</sup>

Beartaíonn Laipín agus Mártan go ligfidh siad orthu go bhfuil Mártan cailte agus tiocfaidh na comharsana chuig an tórramh agus poitín agus pórtar acu.

**Laipín:**

'Nois caith thú féin siar ansin i do smíste,  
Is scaipfidh an drochscéal go beacht.  
Beidh tusa ann sínte mar scadán na hInse,  
Is siúlfaidh na buidéil isteach.<sup>1105</sup>

Cruinníonn na comharsana isteach agus tosnaítear ar an bhfear 'marbh' a mholadh le caint choinbhinsiúnach dheasghnách an bháis.

**Tom:**

Muise ba mhaith thú, a Mhártan, mar fhear is mar ghabh' ceártan.

**Séamas:**

Ba díreach mar thiomáin tú táirne.

**Tom:**

Ó dhéanfása crú a bhí fáiscí maith dlúth,

**Séamas:**

Is bhí sodar sna capaill ded bharrsa.

**Tom:**

Go ndéana Dia trócaire ar Mhártan,  
A d'imigh gan focal a rá.  
I bhfochair na naomh is na n-aingéal  
Atá sé i gCathair na nGrást.

**Séamas:**

Chas mé leis maidin Lá Fhéil' Pádraig,  
Sea mh'anam thíos ar an trá.  
Is cé cheapfadh go mbeadh sé anois marbh  
Ó a Mhaighdean sé an saol atá gearr.<sup>1106</sup>

Tagann daoine eile le comhbhrón a dhéanamh le Laipín agus baintear leas as meadarachtaí difriúla agus cineálacha éagsúla ealaíon béil. Tagann mná caointe, file agus sagart chuig an tórramh agus a stíl shainiúil filíochta béil acu ar fad. I rosc atá véarsaí na mná caointe agus iad ag caoineadh an mhairbh agus á mholadh, ag trácht ar shaol an fhir agus ar uaisleacht a mhuintire.

**Bean Chaointe 1:**

M'ochón is mo chráiteacht

---

<sup>1104</sup> Ó Tuairisg, *Sinte...*, 2.

<sup>1105</sup> Ó Tuairisg, *Sinte...*, 4.

<sup>1106</sup> Ó Tuairisg, *Sinte...*, 6-7.

Gur éalaigh Mártan  
Ó Ghleann a' Mháma,  
Is ochón ó!

**Bean Chaointe 2:**

An bás a thóg é  
Ag ard-thráthnóna  
Gan fuaim gan fógra  
Is ochón ó!

**An Bheirt le chéile:**

Ochón, ochón is ochón ó!  
Ochón, ochón is ochón ó!

**Bean Chaointe 1:**

A Mhártain, a mhúirnín,  
Muise rug tú an uaisleacht  
Go tréan leat ó dhúchas;  
Is labhair tú riamh liomsa  
Go muinteartha múinte.  
'A Chaitín,' a dúirt tú,  
'Mo ghreidhn is mo chuach tú  
Is molaim do ghrua  
Thar bhéithe na dúiche.  
Is ochón ó!<sup>1107</sup>

Bhíodh eilimintí den chur i láthair agus den taispeántas i gceist ar ndóigh le nósanna caointeoireachta agus iad ag stiúradh deasghnátha aistrithe an phobail. Tá Ó Tuairisg anseo ag tarraingt ar bhundrámatúlacht an chaointe agus á chur in oiriúint don stáitse. Tagann iomaíocht, aighneas agus gné choimhlinteach isteach i véarsaí na mban agus iad ag sáraíocht ar a chéile sa dreas caointeoireachta seo. Cé go bhfuil an chaint a dhéanann siad fós dírithe ar an gcorpán, mar dheia, ionsaí atá sa chaoineadh ar an mbean chaointe eile agus ar na héisteoirí eile ag an tórramh.

**Bean Chaointe 2:**

Ó, a Mhártain, a chréatúir  
Nach aoibheann Mac Dé dhuit  
Nach bhfuil ortsa éisteacht  
Le seafóid is éitheach,  
Is mórchuid díchéile  
Ó shean-bheanín déirce  
A d'ólfadh a léine  
Ag margadh is aonach  
Is ochón ó!

**Bean Chaointe 1:**

Má chloiseann Naomh Peadar,  
Nó fiú an Ard-Aingeal,  
Na bréaga á mbreacadh  
Ag an mbean seo im' aice,  
Ná lig ort, gan dearmad,  
Go mbaineann sí leatsa,  
Nó beidh tú gan aimhreas,

---

<sup>1107</sup> Ó Tuairisg, *Sinte...*, 8.

Caite amach as Na Flaithis.  
Is ochón ó!

**Bean Chaointe 2:**

Ach, a Mhártain, a thaisce,  
Ní raibh ortsa aon pheaca,  
Ach anró is stracadh  
Is fulaingt go seasta.  
Is caitheadh go cúng leat  
Ag Laipín an lúbaire.  
Muise, féach thall an burla  
'Na sheasamh sa chúinne.  
An bacach gan bhuaire air.  
Ó Ghoid sé an mórchuid  
Den airgead uaitse  
Is d'ól ag an gcúntar  
Tí Éamonn de Búrca  
Is ochón ó!<sup>1108</sup>

Cuireann an t-achrann seo le greann agus le *agon* nó iomaíocht spairneach an dráma. Tá léiriú ann freisin ar ghné eile de thraidisiún na caointeoireachta agus an chaoi a ndeachaigh mná caointe in adharca a chéile, corruair, agus iad ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar a gcomhpháirtí sa chaoineadh. Tá cur síos ag Seán Ó Súilleabháin ar an gcaoi a n-éiríodh iomarbhá chainte idir mná caointe agus iad i mbun gnó:

Níorbh aon ionadh, leis, ó tharla an tuilleamh ag gabháil leis an ngnó, gur mhinic na mná caointe ag iomaíocht le chéile os cionn na marbh, ag iarraidh a chéile a shárú. Tá scéalta ar an slí d'éirídis as an gcaoineadh ar fad i ndeireadh báire agus mar a luídis ar a chéile a scóladh go nimhneach agus go fileata. Chuirí an ruaig amach orthu go léir nuair a tharlaíodh sin, agus níor mhiste sin!<sup>1109</sup>

Cuirtear an ruaig ar na mná caointe i ndrámá Uí Thuairisg freisin agus tagann file chuig an doras, siúlann 'go mall maorga go dtí an corp'<sup>1110</sup> agus tosnaíonn ar mharbhna a reic. Moltar Mártan go hard sa mharbhna i dteanga fhoirmiúil thomhaiste mhaorga an fhile agus tráchtar ann ar a chumas agus ar a ábaltacht mar fhear oibre, agus déantar cur síos ar a cháilíochtaí agus ar a dhea-thréithe, ina chló agus ina phearsa.

**File:**

Is mise file Dhúiche Fodhla  
File gleann is cnoc is bóthar,  
File focail anseo chun tórramh,  
Go ndéanfaidh tagairt ort go brónach.  
A Mhártain, d'éalaigh tusa leofa,  
Ar thitim oíche anonn thar teorainn,  
Go scaladh grian ar chlár do chónra,  
Crochta os cionn an uisce a' seoladh.  
Le stoc Dé Danann, claíomh is clóca,  
Slán go Maigh na Meille Móire ...

---

<sup>1108</sup> Ó Tuairisg, *Sinte...*, 9.

<sup>1109</sup> Seán Ó Súilleabháin, *Caitheamh Aimsire ar Thórraimh* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1980) 119.

<sup>1110</sup> Ó Tuairisg, *Sinte...*, 10.



Is maith shiúil do chos na sléibhte  
Is léim siad clai gan staonadh;  
Is maith chaith tú 'n síol sa gcréafóig  
Le teacht an Earraigh éachtaigh.  
Uaisleacht i do ghéaga  
Is beart de réir do bhriathra,  
Le cothrom ceart na Féinne  
A bronnadh ar do ghaolta,  
Mar thabhartas ó na déithe.<sup>1111</sup>

Cuireann na meadarachtaí agus na stíleanna éagsúla véarsaíochta sna healaíona béil difriúla seo cor nua sa dráma le gach cuairteoir a thagann chuig an tórramh agus cinntíonn sé nach dtéann an véarsaíocht chun leimhe. Baintear leas freisin as lúibíní i mbuaicphointe an dráma nuair a thosnaíonn na fir ag magadh faoi sprionlaitheacht an fhir mhairbh. Bhíodh na lúibíní agus véarsaíocht *extempore* mar chaitheamh aimsire ar thórraimh freisin agus ba mhínic ábhar grinn iontu mar a deir Seán Ó Súilleabháin ‘gach re véarsa acu á cheapadh agus tagairtí ag gach duine acu do ní éigin i dtaobh an duine eile a thuigfeadh cách, agus a bhainfeadh gáire astu.’<sup>1112</sup>

**Laipín:**

An cuimhin leat lá ar an bpatrún,  
Thíos i lár Chathair na Mart.

**Séamas:**

Bhí na cailíní a’ magadh faoi Mhártan  
Mar nach raibh sé in ann labhairt leofa i gceart.

*(Gáire ón gcuid eile. Ansin tosnaíonn Laipín ag portaireacht ‘Táim in Arrears’ chun iad a spreagadh tuilleadh)*

**Laipín:**

Is teidilí eidil i eidil  
Is teidilí eidil i am.

**Tom:**

Murach dreancaidí bheith ina leabaigh  
Ní éireodh boc Mártan in am.

**Laipín:**

Is teidilí eidil i eidil  
Is teidilí eidil i am.

**Séamas:**

Bhíodh Mártan a’ faire ar Mháire,  
Ach sí Máire ’tá pósta le Tom.<sup>1113</sup>


Éiríonn an ‘corpán’ le teann feirge ag an bpointe seo agus scaoileann racht mallachtaí leis na fir agus díbríonn ón teach iad.

---

<sup>1111</sup> Ó Tuairisg, *Sinte...*, 11.

<sup>1112</sup> Ó Súilleabháin, *Caitheamh Aimsire...*, 22.

<sup>1113</sup> Ó Tuairisg, *Sinte...*, 14.



Léaráid 20: Léiriú Aisteoirí Chorr na Móna den dráma *Sinte*, le Micheál Ó Tuairisg.<sup>1114</sup>

Nuair a cuireadh an dráma i láthair, leagadh béim ar leith ar shimplíocht an stáitsithe agus ar sheit lom neamhornáideach. Cé gur gaire do thraidisiún an agallaimh ná do thraidisiún clasaiceach na hamharclainne é, mar sin féin léirítear an-tuiscint ar an stáitse agus ar an ngluaiseacht sa dráma. Murab ionann agus in ealaín an agallaimh, ní ó dheisbhéalaíocht na cainte amháin a fhuintear an greann sa saothar, ach ón gcontrárthacht idir an rud atá á rá agus gothaí na n-aisteoirí. Nuair a thagann an comharsa Tom ar cuairt ar dtús, ófráiltear deoch dó. An t-idirphlé idir geáitsí Laipín, an rannpháirtí balbh sa chomhrá seo, agus guagacht Tom a bhronnann an greann ar an radharc.

*(Le linn na cainte ina dhiaidh seo tógann Laipín buideál amach, cuireann isteach arís é agus tógann amach arís é de réir mar a n-athraíonn Tom a intinn dar le Laipín.)*

**Tom:**

Ó, tá obair le déanamh i gcónaí ag daoine,  
Is beidh sin ann 's muide faoin bhfódrach.  
Ach is luath é sa lá a bheith ag ól farasbarr ...  
Ceart go leor, mar sin buidéilín porter.<sup>1115</sup>

Mar a dúradh, is i véarsaíocht atá an dráma seo ó thús deireadh agus baintear úsáid as gnéithe éagsúla d'ealaín na béalaireachta sa taibhléiriú. Fítear agallaimh, lúibíní, caointe, marbhna, beannachtaí agus paidreacha an tsagairt agus mallachtaí Mhártain

<sup>1114</sup> In *The Mayo News*, 5.8.2008,  
[http://www.mayonews.ie/index.php?option=com\\_content&task=view&id=4706&Itemid=103](http://www.mayonews.ie/index.php?option=com_content&task=view&id=4706&Itemid=103)

<sup>1115</sup> Ó Tuairisg, *Sinte*..., 3.

isteach sa dráma agus Ó Tuairisg ag tarraingt ar mhúnlaí dúchasacha taibhléirithe sa saothar. Earra cultúrtha ar leith atá sa dráma, bunaithe ar thraidisiún na n-agallamh agus ar shaothar Thaidhg Uí Chonchubhair. Tá gné na hidirthéacsúlachta le haithint air freisin agus baintear macalla as scéalta béaloidis agus as an bhfilíocht bhéil i gcoitinne. Tagraítear do shaothar Raiftéirí agus ‘Caismirt an Phótaire leis an Uisce Beatha’ ach go háirithe.

**Laipín:**

Nár dhúirt Raiftéirí an file linn fadó  
Is é ag trácht ar an té bhíonn ag ól  
Cén mhaith iad na cáirt is na buidéal  
Gan chomhluadar gnaiúil 'na chomhair.<sup>1116</sup>

Saothar cros-síolrach é seo, fréamhaithe i ndomhan na n-agallamh ach le leathchois aige i ndomhan na drámaíochta chomh maith. Díol spéise mar sin go mbaintear macalla ní hamháin as ábhair ó thraidisiún na béalareachta, ach as saothar ó thraidisiún na hamharclainne chomh maith. Meabhraíonn tagairt idirthéacsúil do shaothar Synge agus don seanchas a spreag a dhráma *The Playboy of the Western World* dúinn gur dráma é seo a fáisceach as cumasc idir dhá thraidisiún.

**Laipín:**

Ní bheidh focal uaim feasta á chreidiúint,  
Go hoileán san iarthar mo thriall,  
Mar chuaigh Máilleach na láí ar a theitheadh,  
Buachaillín báire an domhain thiar.<sup>1117</sup>

Iarracht spéisiúil a bhí i ndrámáí turgnamhacha Mhichíl Uí Thuairisg gnéithe den aighneas fileata a shníomh isteach i ndrámáí stáitse. Bhí ról lárnach ag an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta i bhforbairt agus i gcothú an agallaimh bheirte le dhá scór bliain anuas. Is sa tréimhse seo is mó a tugadh faoi thréithe na n-agallamh a bheachtú agus sainmhíniú a dhéanamh ar an ealaín bhéil seo. Feictear dhá shnáithe éagsúla sa tuairimíocht agus sa phlé ar an agallamh a tháinig chun cinn sa tréimhse seo. Ar lámh amháin, feictear na hiarrachtaí a rinneadh ealaín an agallaimh a dheighilt ó dhrámaíocht na hamharclainne, agus scagadh a dhéanamh ar shaintréithe neamhthruaillithe an aighnis fhileata. San am céanna, bhí iarracht ar bun acu dúchasú a dhéanamh ar ealaín na drámaíochta agus cleachtas chultúrtha áirithe a chur in oiriúint don stáitse. Mar chuid den fheachtas seo drámáí traidisiúnta a chumadh agus a léiriú, fiosraíodh ealaín bhéil eile a d'fhéadfaí a úsáid mar bhunchloch don drámaíocht, mar atá, an scéalaíocht.

---

<sup>1116</sup> Ó Tuairisg, *Sinte...*, 16.

<sup>1117</sup> Ó Tuairisg, *Sinte...*, 17.

## An Scéaldrámaíocht

### Drámaíocht ó dhúchas

Ó aimsir na hAthbheochana i leith, ba mhinic lucht an bhéaloidis ag trácht ar mhianach drámatúil an traidisiúin bhéil agus na buanna aisteoireachta a bhain le scéal a chur i láthair. ‘Aisteoir’<sup>1118</sup> a bhí sa scéalaí dar le Tadhg Ó Murchú agus rinne Seán Ó hEochaidh an cur síos seo a leanas ar stíl inste Sheáin Mhic Bhriartaigh. ‘Bhí an fear sin mar dá mba dráma an scéal agus bhí sé ag aisteoireacht achan pháirt den scéal.’<sup>1119</sup> Ba mhinic freisin a léirigh lucht drámaíochta na Gaeilge spéis in ealaín na scéalaíochta mar bhunús dúchasach cuí don drámaíocht stáitse. Rinneadh athchóiriú drámatúil ar scéalta béaloideas agus moladh d’aisteoirí grinnstaidéar a dhéanamh ar ghnéithe de stíl aithriseoireachta an scéalaí.<sup>1120</sup>

Tá cuid den idé-eolaíocht chéanna le tabhairt faoi deara ar an iniúchadh a rinne an Comhlachas ar fhoirmeacha dúchasacha drámaíochta sna seachtóidí agus ar fhorbairt na scéaldrámaíochta mar ealaín stáitse go háirithe. Traidisiún na béalaireachta a bhí mar amháibhar don dráma *An Dreoilín* a léirigh Aisteoirí na Tíre in 1975. Bunaíodh an script ar scríbhinní an tSeabhaic, ar nósanna cleamaireachta agus bhí ceol agus pléaráca Lá an Dreoilín lárnach ann. ‘Sé an rud atá muid ag iarraidh a dhéanamh i léiriú an dráma seo ná teacht ar fhoirm nua drámaíochta go mbeadh cultúr traidisiúnta na tíre mar bhunús aice.’<sup>1121</sup> Pléadh na haidhmeanna seo ag ceardlanna agus cúrsaí oiliúna an Chomhlachais, áit ar béimníodh ‘forbairt scileanna agus eolas na mball agus ag an am gcéanna, scrúdú agus taighde le modhanna nua agus céimeanna á dtógaint i dtreo drámaíocht dhúchasaigh [sic] na Gaeilge.’<sup>1122</sup> Moladh do lucht na drámaíochta tarraingt ar thobar an bhéaloidis ina gcuid léirithe agus bonn dúchasach a chur faoi dhrámaí Gaeilge. ‘Bhí an-phlé ar bhealaí ina bhféadfaí scéalta a chur in oiriúint don stáitse, agus moladh gur chóir níos mó aird a dhíriú ar scéalta ó bhéaloideas na hÉireann agus tíortha eile.’<sup>1123</sup> D’fhéadfaí drámaíocht dhúchasach ghaelach a chruthú, le healáin na scéalaíochta agus na béalaireachta mar dhúshraith aici, dar le stiúrthóir an Chomhlachais Seán Ó Morónaigh.

Céim ar chéim is mian linn drámaíochta dhúchasach na Gaeilge a fhorbairt. Fiú gan an Ghaeilge a bheith ar a dtoil acu, thuig Synge agus Yeats tábhacht na seanscéalta agus na seanlitríochta mar fhoinse do dhrámaíocht na tíre seo,

---

<sup>1118</sup> Tadhg Ó Murchú luaite in J.H. Delargy, ‘The Gaelic Storyteller with Some Notes on Gaelic Folk-Tales’ *Proceedings of the British Academy* 31, (G. Cumberlege London: 1945) 16.

<sup>1119</sup> Seán Ó hEochaidh, luaite in Caoimhín Ó Sé, *Traidisiún na Scéalaíochta i gCorca Dhuibhne* (Coiscéim: Baile Átha Cliath, 2001) 81.

<sup>1120</sup> Féach tuairimí Sheáin Mhic Giollarnáth, mar shampla i gcaibidil 2, Aimsir na hAthbheochana.

<sup>1121</sup> ‘An Dráma,’ *Amaráich*, 1.8.1975, 5.

<sup>1122</sup> Lorcán Ó Riain, ‘Aisteoirí na Tíre,’ *Stáitse* 1991, 8.

<sup>1123</sup> Colm Ó Torna, ‘An Drámaíocht Amaitéarach,’ *Inniu*, 22.10.1976, 11.

idir ábhar agus stíl. Tá an ithir ar fáil ag lucht drámaíochta na Gaeilge ach é a dhéanamh i gceart.<sup>1124</sup>

Bhí baint lárnach ag Lorcán Ó Riain leis an dlús a cuireadh faoin scéaldrámaíocht sa tréimhse chéanna seo agus é ar thús cadhnaíochta i stáitsiú na litríochta béil. Bhí cur amach ag Ó Riain ar theoiricí scéaldrámaíochta nó ‘ar mhodh drámaíochta do dheantaí a chleachtadh ar bhonn trialach sna Stáit Aontaithe’<sup>1125</sup> ina ndéantaí téacsanna béaloidis a léiriú ar stáitse, gan feisteas ná frapaí, ach ar éigean. Bhí an ghluaiseacht scéaldrámaíochta nó ‘story-theatre’ seo tagtha ar an bhfód i Meiriceá faoin stiúrtóir Paul Sills agus scéalta iontais leis na deartháirtheacha Grimm léirithe mar dhrámaí stáitse.<sup>1126</sup> Tháinig an cur chuige nuálach seo chun cinn i Chicago sna seascaidí déanacha ar dtús, agus Sills ag iarraidh teacht ar mheán nua ealaíona le dul i ngleic le mórcheisteanna sóisialta agus cíor thuathail pholaitiúil na linne. Is i scéalaíocht na Grimms agus i nguth údarásach an tseanchais a d’aimsigh sé an meán íonghlan a bhí uaidh le haghaidh a thabhairt ar ábhair thráthúla ar bhealach ealaíonta uilíoch. Bhí gaois agus firinne i dteachtaireachtaí na scéalta iontais, dar leis, agus léargas le fáil ar mhórfhadhbanna achrannacha ag lucht éisteachta comhaimseartha.

**Laurie:** Would you discuss the process by which Story Theatre was developed? How and why was it initially conceived?

**Paul:** It was an answer to the question of how the theatre could be relevant in 1968. We opened the Story Theatre in Chicago in July, and the democratic convention nominated Humphrey in August of that extraordinary year, when in the Spring, first Martin Luther King, then Bobby Kennedy were assassinated. Initially we were talking about opening a bar where we could put the Democratic party on trial for getting us into Vietnam in the first place, but that was just a desperate idea. *Then I happened to read the Blue Light story in the Grimm Brothers collection and I saw it on stage in the space then and there without the need to change a word ...* As for the other fairy tales in the first Story Theatre show, the audience found those that were relevant to their concerns and saw them as pertinent to the hour.<sup>1127</sup>

Tá a thuairimí faoi bhuaire agus nádúr uilíoch na seanscéalta ag teacht le teoiricí an bhéaloideasóra Holbek agus an t-athléamh, an athinsint agus an t-athshamhlú a dhéantar ar théacsanna na hoidhreachta béil.

There is no reason to think that these elements are remembered because they are heirlooms ‘handed down’ from a hoary past, since all of them can be

---

<sup>1124</sup> Seán Ó Morónáigh, ‘An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta: Ag Freastal ar an bPetit Patrie,’ *Comhar*, Iml. 49: Uim. 11 (Samhain 1990) 42.

<sup>1125</sup> Lorcán Ó Riain, ‘An Scéaldráma,’ *Stáitse: Iris na Drámaíochta Gaeilge* (2000) 15.

<sup>1126</sup> Luaite in Laurie Ann Gruhn, ‘Interview: Paul Sills Reflects on Story Theatre,’ *Drama Theater Teacher*, Vol 5, No. 2. Ar fáil <http://sillsspolintheaterworks.com/biography/interview-paul-sills-reflects/>

<sup>1127</sup> Laurie Ann Gruhn, ‘Interview: Paul Sills Reflects on Story Theatre,’ *Drama Theater Teacher*, Vol 5, No. 2. Ar fáil <http://sillsspolintheaterworks.com/biography/interview-paul-sills-reflects/> [Liomsa an bhéim]

related to the present. They may of course be old as regards form, but they are throbbing with life.<sup>1128</sup>

I léirithe scéaldrámaíochta, cuirtear an scéal i láthair, díreach fé mar a d’inis an scéalaí é, gan aon fhocal ná eachtra ann a athrú ná a leasú. ‘Story Theatre showed us how to do texts that were not, essentially, written in dialogue, where we could preserve the integrity of the original story.’<sup>1129</sup> Roinntear téacs an scéil amach ar na pearsana éagsúla agus cloítear leis an insint mar atá sé sa téacs, agus cuid de sa tríú pearsa. D’fhéach Sills leis an scéalaíocht a chur i láthair ar bhealach nuálach, agus an fhoireann ina n-aisteoirí agus ina reacairí ar an scéal.

I coached players to tell the story Snow White while acting the roles, thus eliminating the need for a separate narrator. I began to read seriously the great traditional stories.<sup>1130</sup>

Rinneadh taibhléiriú ar an scéal féin ar an stáitse mar scéal, mar athinsint ar eachtra agus ní mar eachtra a bhí ag titim amach beo os comhair an lucht éisteachta. Cloíodh le modhanna reacaireachta an scéalaí agus úsáideadh guthanna éagsúla an chliair san insint, mar a léiríonn an sliocht seo a leanas den scéal iontais *The Blue Light* a léiríodh in 1968.

**Soldier:** There was once a soldier who fought many years and had so many battle wounds that when the war was over, he went before his King.

**King:** The King said to him, I don’t need you. You have done your service. Of course you are not getting any more pay. I only pay wages to those who are fit to work for me.

**Soldier:** Well now, the soldier had no knowledge of anything but soldiering and didn’t know how to make even a bare living. So he walked and he walked away very worried and definitely displeased. When night came he was in a dark forest. But he saw a light. He approached it and saw it was a house.

**Witch:** And in the house lived a witch.<sup>1131</sup>

Iarracht a bhí sa scéaldrámaíocht tógaint ar mhianach drámata na seanscéalta agus iad a insint sa stíl reacaireachta céanna. Leagadh béim sa ghluaiseacht scéaldrámaíochta in Éirinn freisin ar dhílseacht don bhunscéal, mar a léiríonn an chomhairle seo a leanas ó Lorcán Ó Riain:

Ach scéal fóna ealaíonta le saibhreas cainte, a thoghadh, ní mór cloí go cruinn leis an scéal, gan baint as ná cur leis. Fiú is ceart nathanna mar ‘ar seisean,’ ‘ar sise,’ ‘a dúirt sé’ ‘arsa an fear’ etc. etc. a bheith á rá ag na

---

<sup>1128</sup> Bengt Holbek, *Interpretation of Fairy Tales* (Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia 1987) 422.

<sup>1129</sup> Robert Brustein and James W. Flannery ‘An Interview with Robert Brustein,’ *Theatre Journal* Vol. 33, No. 1 (Mar, 1981) 107.

<sup>1130</sup> Paul Sills, *Story theatre: Four Shows* (New York: Applause Books, 2000) 7.

<sup>1131</sup> Sills, ‘The Blue Light,’ *Story theatre...*, 38.

carachtair (sa tríú phearsa) mar tá sé sin ana thábhachtach do rithim na cainte agus do thuiscint leanúnach ar an scéaldráma.<sup>1132</sup>

Tugadh suntas ar leith don stíl reacaireachta seo i léirmheasanna ar an scéaldráma *Ceardaí na gCleas*, a léirigh Aisteoirí na Tíre in 1987.<sup>1133</sup>

D’inis gach aisteoir a pháirt nó páirteanna éagsúla ar bhealach díreach agus gan puinn athraithe ar an méid atá scríofa sa scéal. Go fiú gur thosaigh gach aisteoir le ‘Dúirt Cearbhall’, ‘Dúirt an Siúinéir’ nó ‘D’fhreagair an Tiarna’ agus lean ag rá na bhfocal a bhí le rá ina pháirt féin. Níor chuir seo as don dráma nó do na gluaiseachtaí snasta agus d’imigh uair an chloig go leith nó mar sin tharainn go taitneamhach gan aon sos.<sup>1134</sup>

Is de nádúr na litríochta béil an meascán de chaint dhíreach sa chéad phearsa agus cur síos sa tríú pearsa. Bronnann an reacaireacht seo drámatúlacht bhreise ar an insint bhéil dar leis an mbéaloideasóir A.J. Bruford: ‘Folk-tellers often put into dialogue passages which, in [manuscript] romances, are expressed in *oratio obliqua* or as the thought of a character: this gives a more direct and dramatic picture.’<sup>1135</sup> Is gné shainiúil thábhachtach den ealaín bhéil freisin an t-athrá ar ‘a dúirt sé/sí’ agus a leithéid agus cuireann sé le rithim na hinste.

The frequent use of ‘says’, ‘say’, or ‘said’, functioning not just to introduce dialogue but also, apparently, as a rhythmic device and reminder that this is a story heard rather than experienced directly by the narrator.<sup>1136</sup>

Bhí Seán Mac Réamoinn an-tógtha leis an léiriú de *Ceardaí na gCleas* freisin agus mhol sé ‘an dílseacht don scéal’<sup>1137</sup> ach go háirithe. Botún a bheadh ann eagarthóireacht a dhéanamh ar na scéalta béaloidis nó iad a leasú ar aon bhealach, agus chuir an t-athrá le pléisiúr agus cumhacht an fhocail bheo, dar leis.

Dá mbeithé ag cuimhneamh ar seo ‘a priori’ go ndéarfá b’fhéidir – ‘a bhuel, caithfear a leithéid seo a ghearradh amach’ agus ‘tá an iomarca athrá ann’ agus mar sin de. B’fhéidir gur thuig cuid againn anocht níos fearr ná mar a thuigeamar riamh cheana nach rud leadránach é an t-athrá sna scéalta béaloideasa ach gur bealach é le blas breise a chur ar an scéal. Agus bhaineamar b’fhéidir ciall nua agus taobh nua as gach uair dá raibh athrá ann.<sup>1138</sup>

---

<sup>1132</sup> Lorcán Ó Riain, ‘An Scéaldráma,’ *Stáitse: Iris na Drámaíochta Gaeilge* (2000) 16.

<sup>1133</sup> Bunaíodh an léiriú ar an scéal béaloidis ‘Ceardaí na gCleas’ le hAmhlaoibh Ó Luínse. Léiríodh é in Óstán Montrose, Baile Átha Cliath 24.1.1987 agus lean plé an léiriú. Féach Lorcán Ó Riain, ‘An Scéaldráma,’ *Stáitse: Iris na Drámaíochta Gaeilge* (2000) 17.

<sup>1134</sup> Colm Ó Tórna, ‘Cor Nua sa Drámaíocht,’ *Anois*, 1.2.1987.

<sup>1135</sup> A.J. Bruford luaite in Georges Denis Zimmermann, *The Irish Storyteller* (Dublin: Four Courts Press, 2001) 491.

<sup>1136</sup> J.A. Burrison luaite in Zimmermann, *The Irish Storyteller...*, 492.

<sup>1137</sup> Seán Mac Réamoinn, Plé ar an scéaldráma *Ceardaí na gCleas*, 24.1.1987, luaite in *Stáitse: Iris na Drámaíochta Gaeilge* (2000) 17.

<sup>1138</sup> Seán Mac Réamoinn, Plé ar an scéaldráma *Ceardaí na gCleas*, 24.1.1987, luaite in *Stáitse: Iris na Drámaíochta Gaeilge* (2000) 17.

Bhíothas ag tógaint ar ealaín agus ar scileanna an scéalaí thraidisiúnta, dar le Micheál Ó Seighin.

Maidir leis an scéal-drámaíocht, an teoiric atá ar a chúl ná an scéalaí a d’inis an scéal, bhí scil cúpla míle bliain ar a chúl. Cinnte ní raibh fhios ag an scéalaí na teicnicí a bhí ar eolas aige. Ní raibh anailís déanta aige ar a chuid teicnicí ach an oiread le ceardaí an-mhaith ar an seanbhealach, ach go raibh ceird na scéalaíochta go hiomlán ar eolas aige ... Tá sé [an scéaldrámaíocht] fíoréifeachtach agus cinnte is bealach an-tapaídh é le drámatú a dhéanamh ar scéal mar tá tú ag baint úsáid as an bundrámatúlacht a bhí ag an seanchaí é fhéin.<sup>1139</sup>

Mar fhoirmeacha ealaíne agus taibhléirithe, bhí cosúlachtaí idir an drámaíocht agus an scéalaíocht, dar le Daithí Ó hÓgáin.

Má ghlactar leis na meáin éagsúla litríochta – is dócha gurbh í an drámaíocht is cóngaraí don bhéaloideas. Ní cruthaitheacht láithreach bonn bail a bhí i gceist leis an drámaíocht ach athrá ar rud atá cruthaithe cheana féin. Agus sa mhéid sin tá cosúlacht áirithe aici leis an mbéaloideas.<sup>1140</sup>

Thug an léiriú beo brí agus beocht breise don scéal traidisiúnta dar leis agus ealaín nua ar cros-síolrach den scéalaíocht agus den amharclannaíocht í cruthaithe ag an gComhlachas.

Bhí dhá mhór bhua ag obair as lámha a chéile – bua na haisteoireachta agus bua na stíle a bhí ag Amhlaoibh Ó Luínse. Thaispeáin an dráma gnéithe den insint a bhí ag Amhlaoibh Ó Luínse ná rithfeadh leat agus tú ag léamh agus thaispeáin sé leis conas mar bhí an tsiceolaíocht i scéal a bhí ag an ngnáthphobal. Ba dhóigh liom go bhféadfadh seo a bheith mar shaghas nua ealaíne.<sup>1141</sup>

Murab ionann agus drámadóirí a thóg plotaí ón mbéaloideas agus a d’athmhúnlaigh iad ina ndrámaí stáitse de réir coinbhinsiúin agus nósmaireachtaí na hamharclainne, d’fhéach an scéaldrámaíocht leis an scéalaíocht a léiriú de réir a téarmaí tagartha féin. ‘Bhíodar san ag iarraidh teacht ar an mbéaloideas ón dtaobh amuigh ach táimidne ag iarraidh dul isteach ann agus gan teacht amach.’<sup>1142</sup> Léiríodh scéalta ó *Leabhar Sheáin Uí Chonaill*, ó *Scéalaíocht Amhlaoibh Uí Luínse*, ó *A Mhuintir Dhú Chaocháin, Labhraigí Feasta*, ina gceantar féin le haisteoirí áitiúla. Léirigh Aisteoirí Chúil Aodha leaganacha béil de scéalta Fiannaíochta freisin, *Diarmuid agus Gráinne*, agus *Curnán Mhac Cimilide agus a Thriúr Iníon Foirbhteanta Fíorghrána*. Leagadh béim i

---

<sup>1139</sup> Micheál Ó Seighin ag labhairt ar Raidió na Gaeltachta. Luaite in *Stáitse: Iris na Drámaíochta Gaeilge* (2000) 18.

<sup>1140</sup> Daithí Ó hÓgáin, Plé ar an scéaldráma *Ceardaí na gCleas*, 24.1.1987, luaite in *Stáitse: Iris na Drámaíochta Gaeilge* (2000) 17.

<sup>1141</sup> Daithí Ó hÓgáin, Plé ar an scéaldráma *Ceardaí na gCleas*, 24.1.1987, luaite in *Stáitse: Iris na Drámaíochta Gaeilge* (2000) 17.

<sup>1142</sup> Máire Ní Mhaonaigh, Plé ar an scéaldráma *Ceardaí na gCleas*, 24.1.1987, luaite in *Stáitse: Iris na Drámaíochta Gaeilge* (2000) 18.



léirmheasanna freisin ar shimplíocht agus neamhórnáidíocht na léirithe, gan frapaí nó feisteas ach ar éigean agus an bhéim ar fhocail an scéil thar aon rud eile.

Ní raibh cúlra stáitse ar fiú a lua i gceist agus rinneadh an méid ba ghá as beagán frapaí agus bhí samhlaíocht ag baint lena cuma agus lena húsáid ... Cloisfear agus feicfear go leor den saghas nua seo drámaíochta.<sup>1143</sup>

Moladh neamhórnáidíocht na léirithe nuair a stáitsíodh na scéalta Fiannaíochta chomh maith:

Under Bríd Ní Liatháin's restrained direction, the players face the audience and tell the story in an almost Grecian mode. The sackcloth jerkins give the right sense of something ancient and primitive, and the simple knocking of sticks to create tension adds to the elemental feel of the production.<sup>1144</sup>

An cur chuige ceannann céanna a bhí ag Paul Sills i ngluaiseacht scéaldrámaíochta Mheiriceá, agus stáitse lom in úsáid mar spás somhúnlaithé solúbtha san insint.

It must be remembered that storytheatre is done without scenery or properties in their material form; all is invisible until brought into existence by the players who shape the space.<sup>1145</sup>



Léaráid 21: Léiriú den scéal 'Cúrnán mhac Cimilide agus a Thriúr Iníon Foiritheanta Fíorghrána.'<sup>1146</sup>

---

<sup>1143</sup> Colm Ó Tórna, 'Cor Nua sa Drámaíocht,' *Anois*, 1.2.1987.

<sup>1144</sup> Victoria White 'Diarmuid agus Gráinne' at the City Centre, *The Irish Times*, 16.10.1991.

<sup>1145</sup> Sills, 'Introduction,' *Story theatre...*, 13

<sup>1146</sup> In Seán Ua Súilleabháin, 'An Scéaldráma,' *An Aimsir Óg: Cuid a Dó*, eag. Micheál Ó Cearúil (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000) 258.

Tá an cur síos ar an suíomh agus an seit sa scéaldráma féin agus fághtar faoin lucht féachana domhan an scéil a shamhlú dóibh féin, díreach faoi mar a tharlaíonn sa scéalaíocht thraidisiúnta.

**Oisín:** (*le Diarmuid*)

Do luigh an Fhéinn ar bheith ag déanamh an-ionadh ...

**Diarmuid:** (*le hOisín*)

... den raidhse seilge a bhí san áit.

**Conán Maol:** (*le Diarmuid agus Oisín*)

“Ach!” arsa Conán Maol, “ní gá dhíbh an ionadh. Seo áit ná rabhas-sa riamh cheana. Sin thíos gleann ná feaca fós im shúilibh cinn. Mheasas go dtí so go raibh an tí le chéile seana-shiúlta agam.”

**Oisín:** (*Tá Oisín, Faolán agus Diarmuid ag labhairt le Conán*)

Ní raibh duine óg

**Faolán:**

... ná aosta ...

**Diarmuid:**

... ar an bhFéinn ...

**Oisín:**

... ná gurbh é dálta Chonáin aige é i dtaobh na háite.<sup>1147</sup>

Cé gur cloíodh focal ar fhocal le hinsint an scéalaí ar na heachtraí Fiannaíochta, bhí cruthaitheacht agus samhlaíocht ag baint le láithriú an scéil. Chuir Peadar Ó Riada ceol leis an léiriú agus chuir gluaiseacht na n-aisteoirí le greann an scéil.

**Oisín:** (*Tá Oisín agus Faolán ag siúl síos an cnoc*) Ní raibh Críostaí mhic an luain sa ghleann.

**Faolán:** Ní raibh de thithibh ann ach aon tigh amháin ...

**Conán Maol:** (*Tagann Conán ar aghaidh chun é a fheiscint*) ... agus ní raibh sé de chrot ar an dtigh sin go raibh puinn saibhris dá leanúint ... (*ardaíonn Cúrnán smut beag den chanbhás agus chítear a cheann*)

[*Gáire ón lucht éisteachta*]

**Cúrnán:** ... agus b'iad a chónaigh sa tigh sin ná Cúrnán mhac Cimilide ... (*I ndiaidh a chéile agus iad ag caint, seasann an triúr iníon agus fágann i leathaobh an chúdach a bhí orthu*)

**Iníon A:** ... agus a thriúr iníon ...

**Iníon B:** ... foiritheanta ...

**Iníon C:** ... fíorghrána.

---

<sup>1147</sup> Conchubhar Ó Deasmhumhna, ‘Cúrnán Mhac Cimilide agus a Thriúr Iníon Foiritheanta Fíorghrána,’ arna chóiriú mar scéaldráma ag Seán Ó Morónaigh, in *An Aimsir Óg 2000: Cuid a dó*, eag. Micheál Ó Cearúil, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000) 252.

[*Gáire ón lucht éisteachta*]<sup>1148</sup>

Cuireann an meascán den reacaireacht sa tríú pearsa agus an aisteoireacht agus caint sa chéad phearsa leis an tuiscint gur athinsint ar scéal atá ann. Labhraítear go díreach leis an lucht féachana anois is arís agus ní hann do ‘cheathrú-balla’ na hamharclainne sa stíl seo drámaíochta. Is gaire friotal gonta díreach an scéil bhéaloidis do stíl eachtraíochta agus beogacht na scéalta Fiannaíochta ná iarrachtaí eile a rinneadh drámaí a chumadh faoin bhFiannaíocht go dtí sin. Bhí deacrachtaí ollmhóra ag Yeats agus George Moore mar shampla, an réim chainte cheart a aimsiú agus *Diarmuid and Grania* á scríobh acu.<sup>1149</sup> Is mór an difear freisin idir na scéaldrámaí seo agus stíl mós liteartha, mós románsúil, Mhichíl Mhic Liammóir agus a leagan siúd de *Diarmaid agus Gráinne*.<sup>1150</sup>

Gluaiseacht nua drámaíochta a bhí sa scéaldrámaíocht Gaeilge, fréamhaithe i dtraidisiún na béalaireachta. Ó na hochtóidí ar aghaidh, chuir an Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta béim ar leith ar fhorbairt na scéaldrámaíochta, le ceardlanna agus cúrsaí drámaíochta. ‘Oireann na seanscéalta go mór don stáitse ... agus is gné den drámaíocht í atáimid a fhorbairt le cúpla bliain anuas.’<sup>1151</sup> Díol spéise, i gcomhthéacs dhrámaíocht na hÉireann i gcoitinne sa tréimhse seo, go raibh cuid de mhórdhrámadóirí an Bhéarla ag tabhairt faoi ealaín na scéalaíochta a shní isteach i ndrámaí stáitse freisin. Tá an dráma *Bailegangaire* le Tom Murphy, a léirigh Druid don chéad uair in 1985, fréamhaithe i dtraidisiún scéalaíochta na tíre agus crochtar imeachtaí an dráma ar insint Mhamó ar sheanchas Bhailegangaire agus an oíche chinniúnach úd a bhfuair an áit a hainm. Tarlaíonn an dráma ar fad in aon seomra amháin, agus Mamó i lár an stáitse ina leaba ag insint a scéil. Is ar éigean a bhogann sí ón leaba ó thús deireadh an dráma agus tagann cuid mhaith de theannas agus d’aicsean an dráma óna scileanna mar scéalaí agus a monalóg bhríomhar fhuinniúil á reic aici.<sup>1152</sup> Tugtar le fios gur scéalaí cumasach atá i Mamó, agus go mbíodh an-tóir ag an bpobal ar a cuid scéalta. Deir a gariníon Mary, atá ag tabhairt aire di:

And sure you have lots of poems. Lots of stories, nice stories, instead of that old one. ‘Mick Delaney’ – do you remember that one? We loved that one. How did it begin? Or ghost stories. People used to come *miles* to hear you tell stories.<sup>1153</sup>

<sup>1148</sup> Conchubhar Ó Deasmhumhna, ‘Cúrnán Mhac Cimilide agus a Thriúr Iníon Foiritheanta Fíorghrána,’ arna chóiriú mar scéaldráma ag Seán Ó Morónaigh, in *An Aimsir Óg 2000: Cuid a dó*, eag. Micheál Ó Cearúil, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 252. Léiríodh an scéaldráma seo i gCúil Aodha 28.4.2000 agus tá taifeadadh de chuid den léiriú i gcartlann an Chomhlachais.

<sup>1149</sup> Féach Caibidil a dó, Aimsir na hAthbheochana.

<sup>1150</sup> Micheál Mac Liammóir, *Diarmuid agus Gráinne* (Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1935)

<sup>1151</sup> Seán Ó Morónaigh, ‘Na drámaí: ó Beckett go Bidín,’ *Foinse*, 27.4.2003 i Nuachtlitir an Chomhlachais 14.5.2003.

<sup>1152</sup> Éiríonn sí ón leaba ag pointe amháin le panna leaba a úsáid taobh thiar den leaba.

<sup>1153</sup> Thomas Murphy, *Bailegangaire* (Dublin: Gallery Books, 1986) 30.

Tuigtear anois áfach, nach mbíonn ach an t-aon phort agus an t-aon scéal amháin aici, agus í ag rámhailí, ag insint agus ag athinsint an scéil chéanna faoi Bhailegangáire. ‘Unfinished symphony’<sup>1154</sup> a thugann Mary ar an scéal seo mar nach n-éiríonn le Mamó an scéal a chríochnú ariamh, agus beartaíonn sí an oíche áirithe seo go gcuirfidh sí iachall uirthi clabhsúr a chur leis an scéal agus iad ar fad a thabhairt slán ó ghuairneán na rámhaille. Ó thaobh foirme de, tosaíonn an dráma le Mamó ag tosnú ar a scéal agus críochnaíonn an dráma nuair a éiríonn léi an scéal a chríochnú.

**Mommo:**

Scoth caoch! Shkoth!

*Driving imagined hens from the house, out the back door which is open ...  
Mommo has again interrupted her meal to talk to imagined children at the  
foot of the bed.*

... Let ye be settling now, my fondlings, and I'll be giving ye a nice story tonight when I finish this. For isn't it a good one? An ye'll be goin' to sleep.<sup>1155</sup>

Cuireann códmheascadh Mhamó, agus an meascán Gaeilge agus Béarla a úsáideann sí, leis an tuiscint gur iarsma de chultúr béil ársa í agus mar a deir Fintan O'Toole ‘Mommo is a skilled, formal storyteller ... and her language and technique are a part of the drama. She uses a baroque highly stylised language, full of archaic syntax and remnants of Gaelic ...’<sup>1156</sup> An scéal croí-lár an dráma seo agus is í ealaín na scéalaíochta a bhronnann cumhacht agus fórsa neamhchoitianta ar an mbéal beo sa dráma seo, agus Murphy ag tarraingt ar bhunfhoinní dúchasacha na drámaíochta. Mar a shonraigh Roche ‘In placing the oral recital of a folk narrative at centre stage, Murphy is returning Irish drama to its origins...’<sup>1157</sup>

Ar an gcaoi chéanna bhain Conor McPherson feidhm as ealaín na scéalaíochta ina dhráma *The Weir*, a léiríodh don chéad uair in 1997. Dráma é seo atá suite i dteach tabhairne i gContae Liatroma, agus a dhíríonn ar chúigear carachtar agus iad i mbun oíche cabaireachta agus scéalaíochta. Ó thaobh foirme arís tá an dráma seo go mór faoi chomaoin ag ealaín na scéalaíochta agus traidisiún an airneáin. Is beag gluaiseacht atá sa dráma féin, agus na carachtair ag suí thart ag insint scéalta dá chéile, ach músclaíonn scéalta osnádúrtha na gcarachtar spéis an lucht éisteachta. Mar a dúirt an drámadóir féin ‘It was just people talking ... so it shouldn't have worked. It should have been boring.’<sup>1158</sup> Taobh istigh de chreatlach an dráma, insítear cúig scéal, ina measc finscéalta osnádúrtha faoin slua sí agus faoi thaibhsí agus scéalta pearsanta faoin mbás

---

<sup>1154</sup> Murphy, *Bailegangaire...*, 37.

<sup>1155</sup> Murphy, *Bailegangaire...*, 9-10.

<sup>1156</sup> Fintan O'Toole, *Tom Murphy: The Politics of Magic* (Dublin: New Island Books, 1994) 245.

<sup>1157</sup> Anthony Roche, ‘Bailegangaire: Storytelling into Drama,’ *Irish University Review*, Vol 17:1 (Spring 1987) 115.

<sup>1158</sup> Conor McPherson luaite in Kevin Kerrane ‘The Structural Elegance of Conor McPherson's *The Weir*,’ *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua*, Vol. 10: 4 (Winter, 2006), 105.

agus briseadh croí. Tugtar na hinsintí osnádúrtha seo isteach go nádúrtha i gcomhrá na hoíche de réir a chéile.

**Jack:** It's only short. It's just, Maura ... Nealon used to come in here in the evening, sit over there at the fire. How old was she, Jim? When she died?

**Jim:** Oh Jays, she would have been nearly ninety.

**Jack:** But she was a grand, you know, spritely kind of a woman 'til the end. And had all her ... She was on the ball, like, you know? And she swore that this happened. When she was only a girl. She lived in that house all her life. And she had older brothers and sisters. She was the youngest. And her mother, eh ...

**Jim:** Bridie.

**Jim:** Bridie. She was a well-known woman in the area. A widow woman

...<sup>1159</sup>

Téann na monalóga fada seo go mór i bhfeidhm, ní hamháin ar an lucht éisteachta taobh istigh den dráma, ach ar na héisteoirí eile sa lucht féachana agus iad ag cúlúisteacht le hoíche airneáin. Fuintear brí agus fileatas an dráma seo as cumhacht dhiamhair na scéalaíochta agus cruthaíonn na hinsintí éagsúla dáil díospóireachta ina bpléitear uaigneas agus míshuaimhneas na gearachtar.

Cuireadh an scéalaíocht agus ealaín an tseanchaí in oiriúint don stáitse ar bhealaí éagsúla ó na hochtóidí ar aghaidh. Rinne drámadóirí éagsúla an Bhéarla ealaín na scéalaíochta a shníomh isteach ina gcuid drámaí agus aithníodh bundrámatúlacht na nealaíon béil. Sa tréimhse chéanna bhí an Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta ag tabhairt faoi stíl thurgnamhach nua drámaíochta bunaithe go hiomlán ar bhuanna dúchasacha an scéalaí. Cé go raibh drámaíocht na Gaeilge agus drámaíocht an Bhéarla sa tréimhse seo ag tarraingt ar ealaín na béalairachta, bhain difríocht bhunúsach lena gcur chuige. D'fhéach an Comhlachas leis an scéalaíocht a athchruthú ar an stáitse, agus léiriú físiúil a thabhairt air gan cur isteach ar théacs an scéil in aon chor. Cur chuige níos scaoilte a bhí ag drámadóirí ar nós Tom Murphy agus Conor McPherson, agus gnéithe áirithe de cheardaíocht an tseanchaí curtha in oiriúint do stáitse na hamharclainne.

Tharla borradh sa drámaíocht dhúchasach le dhá scór bliain anuas ó bunaíodh an Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta. Féachadh leis na healaíona béil, idir scéalaíocht agus aighnis véarsaíochta a mhúnlú ina ndrámáí stáitse agus tógaint ar mhúnlaí traidisiúnta taibhléirithe. An idé-eolaíocht chéanna seo a bhí mar dhúshraith ag an scéaldrámaíocht agus drámaí véarsaíochtaí Uí Thuairisg, agus an Comhlachas ag tabhairt faoi 'dhúchasú' na drámaíochta. Bhain tábhacht nach beag freisin leis an gcothú a rinne An Comhlachas ar an agallamh beirte mar fhoirm ealaíne ann féin agus an plé a tionscnaíodh ar shainbhuananna an agallair fhileata.

---

<sup>1159</sup> Conor McPherson, *The Weir* (London: Nick Hern Books Ltd, 1997) 20.

# Conclúid

Téann fréamhacha an agallaimh fhileata i bhfad siar i stair liteartha na hÉireann. Féachadh sa tráchtas seo le hanailís a dhéanamh ar stair, ar fhorbairt agus ar chur i láthair na n-agallamh fileata, ach go háirithe san fhichiú haois. Bhain doiléireacht agus easpa eolais le stair an agallaimh agus is beag plé a rinneadh ar an tsainfoirm ealaíne seo i gcoitinne i léann na Gaeilge. Glacadh leis go minic freisin, go raibh an t-agallamh ann i gcónaí agus an cruth céanna air is atá sa lá atá inniu ann, rud nach fíor. Rinneadh anailís ar agallaimh iomráiteacha ón traidisiún liteartha agus ón traidisiún béil, leithéidí ‘Agallamh Oisín agus Phádraig,’ ‘An Sotach agus a Mháthair’ agus ‘Aighneas an Pheacaigh leis an mBás.’ Dealraíonn sé ón iniúchadh a rinneadh gur aithriseoireacht aonair ba mhó a bhí i gceist le cur i láthair na n-agallamh, cé go bhfuil corrrhagairt do bheirt a bheith i mbun aithriseoireachta sa naoú céad deag. Féachadh freisin ar thraidisiún an allagair go hidirnáisiúnta agus i dtraidisiún na Gaeilge agus an dúil sa choimhlint agus in argóintí spráíúla do rannpháirtithe agus d’éisteoirí araon. An cíocras céanna seo chun iomaíochta agus chun sáraíochta atá mar bhunspreagadh ag an agallamh beirte comhaimseartha agus ag briatharchathanna fileata eile an bhéil bheo.

Is le haimsir na hAthbheochana agus bunú na gcomórtas a cuireadh cor nua i ndán an agallaimh agus tosaíodh ar agallaimh a stáitsiú mar chuid de chomórtais aithriseoireachta ar ardán an Oireachtais agus ag Feiseanna ar fud na tíre. Tosaíodh ar agallaimh nuachumtha ag an Oireachtas in 1940 agus rinneadh iarracht filí pobail a ghríosadh le haighnis thráthúla nua a cheapadh agus a chur i láthair. Bhí ról lárnach ag Dámhscoil Mhúscraí, ag na Scoileanna Éigse agus Seanchais agus ag an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta i gcothú na healaíne seo agus féachadh ar an tionchar a d’imir siad ar fhorbairt an agallaimh lena linn.

Roghnaíodh na hagallaimh a cumadh sna Scoileanna Éigse mar shampla ionadaíoch de sheánra na n-agallamh agus pléadh na príomhthéamaí agus príomhthréithe i saothar chumadóirí Chonamara le linn ré na Scoileanna céanna. Roghnaíodh na cumadóirí seo mar gur thug sé *corpus* téagartha agallamh ó phobal agus ó thréimhse ar leith, le go bhféadfaí mórthéamaí agus gnásanna stíle a scrúdú agus claochluithe agus forbairtí a aithint thar na blianta. Bhain cúis mhór eile le roghnú na n-agallamh seo thar aon réigiún nó cumann Éigse eile. Tá fáil ar thaifeadtaí a rinneadh de na hagallaimh seo á gcur i láthair ag Ollchruinnithe na Scoileanna Éigse ó 1957 go 1996, rud a chiallaigh nach rabhthas ag brath ar leaganacha scríofa amháin de na hagallaimh san anailís. Chabhraigh an taibhléiriú beo, ina chomhthéacs ceart sóisialta féin agus le pobal éisteachta a thuig tagairtí indíreacha agus tuiscintí neamhráite na n-agallamh, le tuiscint a fháil ar na téacsanna mar ealaín bheo. Thug Haydar suntas do rannpáirtíocht an lucht éisteachta freisin sa phlé a rinne sé ar bhriatharchathanna fileata na Liobáine.

Also the translation necessarily leaves out all those emotive meanings that are comprehensible only to the particular audience, as well as audience

reaction itself, which often consists of loud approval or disapproval of the particular poet's arguments.<sup>1160</sup>

Ós rud é gur roghnaíodh tréimhse áirithe, grúpa cumadóirí agus pobal ar leith don anailís théacsúil ar na hagallaimh, fágann sé go bhfuil agallaimh le mórchumadóirí agus filí bisiúla eile fágtha ar lár. Tá obair mhór fós le déanamh ar aighnis an lae inniu agus ar shaothar Ray Mhic Mhánais agus Joe Uí Dhomhnaill<sup>1161</sup> mar shampla, ar lucht Éigse Chorcaí agus cumadóirí na nGaeltachtaí eile. Tá sé i gceist go ndéanfaí obair pháirce amach anseo le próisneas na cumadóireachta a fhiosrú le lucht déanta agallamh beirte na freacnairce.

Dhá shnáithe a bhí sa tráchtas agus rinneadh iniúchadh freisin ar an gceangal a rinneadh idir na healaíona béil agus an drámaíocht. Is de nádúr na drámaíochta an chomhlint. Go deimhin, an focal céanna a bhí ann ar aisteoir agus coimhlinteoir i dtraidisiún na Gréige.

... the word [protaganist] comes from the Greek *proto-* ('first') and *agonistes* ('actor' or 'combatant') ... But what of this idea of the agonist? Actor and combatant are, in ancient Greek, embraced by the same word. Tied up with this word for actor is the idea of struggle. The actor is not so much an impersonator as the one who struggles. It is very common to say that struggle, or *agon*, is at the heart of drama.<sup>1162</sup>

Le borradh faoi chúrsaí litríochta agus taibhléirithe in aimsir na hAthbheochana cuireadh spéis i dtaibhealaíona traidisiúnta na Gaeilge mar amhábh ar drámaíochta. Mhúscaíl de hÍde spéis sna hagallaimh agus féachadh sa tráchtas ar an leas a bhain ceannródaithe drámaíochta na tréimhse as an aighneas fileata ina gcuid drámaí. D'fhéach Alice Milligan le tógaint ar na laoithe Fiannaíochta agus 'Agallamh Oisín agus Phádraig' mar dhúshraith aici le drámaíocht 'dhúchasach' a chumadh. Tá tionchar agallamh Raiftearaí le haithint go láidir ar shaothar Lady Gregory freisin. Ealaín nua a cruthaíodh i gcuid de na drámaí seo, ar cros-síolrach í i ndáiríre agus an drámaíocht agus an t-agallamh fite fuaite le chéile. Fealsúnacht agus idé-eolaíocht an náisiúnachais chultúrtha a spreag na húdair seo le fillleadh ar mhúnlaí traidisiúnta mar bhunchloch dá gcuid drámaí féin. Drámadóirí liteartha a bhí iontu go príomha, a bhí ag teacht chuig traidisiún an agallamh ón taobh amuigh agus a d'úsáid gnéithe den allagar ina dtaibhléirithe amharclainne. A mhalairt a bhí i gceist le Tadhg Ó Conchubhair, a bhí oilte i dtraidisiún na béalaireachta, agus a thóg cleasanna áirithe drámaíochta agus a chumasc le haighnis fhileata iad. Cros-síolrach den agallamh agus den drámaíocht a bhí sna drámaí véarsaíochta seo freisin, a tógadh ó bhéalaithris Thaidhg. Rinneadh iniúchadh freisin ar anáil na béalaireachta ar dhrámaí Johnny Chóil Mhaidhc agus an leas a bhain sé as comhráite beirte, codarsnacht dhénártha agus aighnis véarsaíochta ina

<sup>1160</sup> Adnan Haydar 'The Development of Lebanese *Zajal*: Genre, Meter, and Verbal Duel' *Oral Tradition*, 4/1-2 (1989): 189-212; 207.

<sup>1161</sup> Ray Mac Mánais agus Joe Ó Dónaill, *Ray agus Joe, Beo! Agallaimh bheirte, amhráin agus lúibíní* (Baile Átha Cliath: Macalla Teo, 2006)

<sup>1162</sup> Mick Wallis & Simon Sheperd, *Studying Plays* (London: Arnold, 1998) 103.



dhráma ‘Mar a Chéile Muid’ ach go háirithe. Tá drámaí véarsaíochta nuachumtha Mhichíl Uí Thuairisg fréamhaithe san agallamh fileata freisin agus stáitsiú amharclannach déanta ar an aighneas arís sa mhílaois nua. Is fada ó tagraíodh don cheangal idir an drámaíocht agus an t-agallamh beirte. Rinneadh iniúchadh ar fhás agus forbairt na teorice seo san fhichiú haois. Fiosraíodh an drámaíocht san agallamh agus úsáid an agallaimh sa drámaíocht, agus an t-idirspás nó trasnaíl idir an dá ealaín. Spéisiúil go leor, cáineadh drámaí áirithe a bhí róghar don agallamh<sup>1163</sup> agus ar an gcaoi chéanna lochtaíodh agallaimh áirithe a shleamhnaigh rómhór isteach i ngort na drámaíochta.<sup>1164</sup>

Is iomaí ábhar a pléadh agus ceist a cíoradh trí mheán an agallaimh fhileata in imeacht na mblianta. Ó allagar an phágánaigh Oisín Mac Fhinn le Naomh Padraig agus dogma na Críostaíochta mar chnámh spairne eatarthu, go briatharchathanna faoi cheisteanna sóisialta agus polaitiúla na linne seo, d’éirigh leis an agallamh beirte mar fhoirm dul i ngleic le mórathruithe an tsaoil. Tugtar éachtaint dúinn sna hagallaimh ar cheisteanna agus ábhair aighnis mar a tuigeadh iad in am faoi leith agus in áit faoi leith, agus cé go samhlaítear paróisteachas áirithe uaireanta leis an bhfilíocht phobail, meabhraítear línte Kavanagh dúinn agus an t-uchtach a thug taibhse Homer dó agus é in ísle brí:

That was the year of the Munich bother. Which  
Was more important? I inclined  
To lose my faith in Ballyrush and Gortin  
Till Homer’s ghost came whispering to my mind  
He said: I made the Iliad from such  
A local row. Gods make their own importance.<sup>1165</sup>

‘Easaontais áitiúla’ atá sna hagallaimh go minic freisin, faoi chearca,<sup>1166</sup> faoi phrátaí,<sup>1167</sup> faoi uisce beatha,<sup>1168</sup> faoi chúrsaí tae agus tobac<sup>1169</sup> agus faoi scéim leictirithe na tuaithe<sup>1170</sup> ach tá toise uilíoch ag baint leo freisin agus faightear léargas ar streachailt shíoraí an duine agus ar ábhair inní an phobail agus an saol ag athrú. Táthar ag súil go spreagfaidh an tráchtas seo ‘agallaimh’ agus díospóireachtaí bisiúla eile i ndioscúrsa na Gaeilge agus go bhfaighfear léargas úrnua ar stáitsiú na n-ealaíon béil san fhichiú haois.

<sup>1163</sup> Féach mar shampla an cáineadh a rinneadh ar dhrámaí Alice Milligan i gCaibidil a Dó agus an breithiúnas a thug moltóir Oireachtais ar ‘Mara Chéile Muid’ le Johnny Chóil Mhaidhc i gCaibidil a Cúig.

<sup>1164</sup> Féach an plé a rinneadh ar an gceist seo i gCaibidil a Seacht, ar an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta.

<sup>1165</sup> Patrick Kavanagh, ‘Epic,’ *The Complete Poems* (Newbridge: The Goldsmith Press, 1984) 238.

<sup>1166</sup> Peig Sayers, *Machnamh Seanmhná* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1992), 111-15. Féach an plé a rinneadh ar ‘Chaismirt na gCearc’ i gCaibidil a Trí.

<sup>1167</sup> Colm P. Ó hIarnáin, ‘Fata Árann agus Fata an Achréidh,’ *Ollchruinniú na Scoileanna Éigse* 1965. I gcló in *Agallaimh na hÉigse* (2010), 353-6.

<sup>1168</sup> Raiftearaí, ‘Caismirt an Phótaire leis an Uisce Beatha.’ Feach Caibidil a hAon.

<sup>1169</sup> Colm de Bhailís, ‘Amhrán an Tae,’ in eag. Gearóid Denvir, *Amhráin Choilm de Bhailís* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1996) 49.

<sup>1170</sup> Colm Ó Finneadha (Phádhraic Learaí) ‘Lampa nó Iasg Buidhe,’ *Ar Aghaidh*, Meitheamh 1967, 7-8. Féach Caibidil a Sé ar na Scoileanna Éigse agus Seanchais.

# Aguisíní

## **Aguisín 1: Scríbhinní Alice Milligan in *The Daily Express***

**Dráma: Oisín and Padraic, *The Daily Express*, Samhain 4 1899 agus 11 Samhain 1899, 3.**

[Scene – In Glenasmoil. In the background is a Cromlech from which the table stone has been dislodged, and stands leaning edgewise against the pillar stones. In front of it lies Oisín, with long grey locks and beard, and faded green garments. His eyes are closed, his cheeks deathly pale. Around him are some peasants in dull coloured garments, with implements of toil. Some of them are old and bent. The trees are in Autumn foliage. All in contrast to the beauty and brightness of Tir nan Og. At one side of the stage is a large simply hewn cross and little pile of stones marking a holy well. As the curtain rises the voices of monks are heard chanting a verse of a psalm in Latin. Then a few women come across the stage as if from a church. They join the group about Oisín. Next a bell rings two or three clear strokes, and as if answering a summons, a boy comes running across the stage to go towards the church, carrying a milk pail.]

**Garrav:** *(an old peasant, detaining him)*

Thou nimble-footed servant of the clerics,  
Since thou art going to their house,  
Summon quickly the holy Padraic;  
A miracle has happened here.

**The Boy:** *(setting down his milk pail and going to stare)*

Who is this aged man among you?  
Is it a weakness of death is on him?  
Bring him, then, to the cleric's house,  
Nor disturb them going to their meal.

**Garrav:**

Thy duty is not to ask questions  
Nor does it become me to answer thee.  
Run for Padraic as I bid.  
To him alone we will tell the wonder.

Often has Patrick left food and fire  
And the shelter of walls in wild winter  
To bring comfort to a bed of death.  
And now his coming is not far.

*(Exit the boy. A woman kneels down and raises Oisín's head to her knees, feeling his brow and heart.)*

**The Woman:**

It is not death has come upon him;  
His heart beats, though very faintly;  
His breath comes; though very softly,  
And slightly I heard him sigh.

*(Enter Patrick, attended by a monk, the boy pointing the way)*

**Geur:** *(a peasant)*

O holy Padraic of the croziers,  
Glad are we of thy coming.  
A great wonder has come to pass,  
And we fear the power of demons.

**Patrick:**

The power of demons you need not fear.  
There is One that hath greater power.  
He it is ye have chosen for Master  
By the holy vow of baptism.

He will protect you from Druids' spells,  
He will guard you from demon's hate,  
He will uphold you in every danger.  
I am Patrick, His servant.

**Garrav:**

O holy Padraig of the crozier,  
O learned Saint of the white books,  
Here has a great miracle happened,  
Like those your gospels tell.

This aged man you see among us,  
White-headed, wrinkled, frail,  
some spell, hath been cast upon him,  
To make him lie thus.

**Patrick:**

It needs no spell of demons  
To make an old man faint and weary.  
Often my own limbs would have failed me  
But for the power of the one God.

**Garrav:**

Age was not on him at his coming,  
But bright youth, manly, pleasant  
and he riding on a white steed  
with a brown harp on his knee.

We were struggling all around the Cromlech  
Striving to heave away the stone.  
It was needed for thy new altar  
And we were to be carrying it.

Heavy was that grey flagstone.  
Too few were we to raise it  
And the strange knight of the white steed  
watched us and he mocking.

Weaker, said he, must men be  
Than in the days of mighty Finn.  
One of Finn's warriors and no more  
Could have hurled aside that flagstone.

And thus was my answer made  
– that it was folly he was speaking.

There was never a man in life  
whose single arm could lift it.

Padraic, I speak no lie.  
He rode proudly up among us;  
He bent lightly to the stone and  
he laid his fingers on it.

Padraic, I tell the truth,  
As my comrades here will witness.  
With one hand and with one push  
He left the flagstone yonder.

**Geur:**

Patrick he speaks the truth.  
We were standing here and all watching  
But with the blow he gave the stone  
Himself fell from the saddle.

**Garrav:** (*interrupting*)

Padraic, listen to me  
and let me tell the story.  
I was near at hand  
and saw the wonder plainly.

The falling of the noble youth  
We did not wait to see it,  
For the snowy steed of the white mane  
Ran swiftly down the glen.

**Geur:**

We were all shouting and following  
We were all racing and running;  
We were all weary in a little while,  
And the steed was gone from us.

We turned then to the noble rider  
To see if any limb was broken,  
And why he was not pursuing  
The white steed along with us.

**Garrav:** (*putting Geur aside*)

Padraic, I am speaking truth.  
Padraic it is I should tell it.  
It was no youth we found there  
But this aged man, and he in faintness.

Patrick:

This a miracle you relate,  
And no miracle is without reason.  
It is not for harm that he has fallen  
at the very threshold of God's house.

(*To the monk*)

Brother, go to the house of meat,  
Bring me bread and bring me wine.  
Stand not crowding round about him,  
But leave him the breath of life.

*(The Monk returns with wine. Patrick puts some to Oisín's lips, whilst a woman rubs the hands. The old man sighs and stirs.)*

**Padraic:**

Now, glory to Him who gives life,  
Life is not gone out from him,  
His breath comes, his lips move,  
Faintly he strives to utter words.

*(All bend silently to listen. Patrick pours more wine.)*

**Oisín:** *(in a weak, broken voice)*

Come O Niamh of the tresses,  
And hear me finish my chant.

*(He opens his eyes and stares wildly.)*

I am not with Niamh now at all!  
Who are these around me?

**Patrick:**

The men of Erin are these,  
and I am Padraic the Apostle.

**Oisín:**

Padraic! That name I do not know,  
and these men are strangers to me.

**Garrav:**

If we are strangers to thee,  
thyself to us art far more strange,  
with thy sudden magical changes,  
youth on thee first and then age.

*(Oisín looks at his snowy beard and groans.)*

**Patrick:**

Mock not the old man in his grief.  
See how these words make him weep.

**Oisín:** *(running his fingers through his beard)*

And am I indeed become old?  
True were then the words of Niamh.

*(Laying his hand on the earth.)*

In touching this sod of Erin's earth youth  
I lost and endless life.  
Tell me the name, then, of the place,  
that I may duly curse it.

**A Woman:**

Thou art now in Glenasmoil;  
Lauded it is by saints and bards.  
Since Padraic planted there the cross,  
Thy curse can work no woe. (She points to the cross.)

**Oisin:** (*sits up and stretches forth his withered hands*)

In spite of Padraic's standing stones,  
whatever power is in it,  
I lay my curse on Glenasmoil,  
I pronounce a curse bitter, heavy.

On every sod of it heathy hill,  
on every tree of its great wood,  
on the water in every stream of it,  
I pronounce a curse.

*(The people shrink away horrified. Patrick steps forward and stretches forth his hand, as if blessing to counteract the curse.)*

**Patrick:**

Evil it is to be cursing anything on God's good earth.

**Oisin:**

Right am I to be weeping.  
Oh, old man, if you knew my grief!

**Patrick:**

Relate thy grief and I will listen;  
to tell a sorrow brings some relief.  
Ye good people keep very silent,  
for weak is his voice and thin.

*(The peasants stand in a group behind Patrick. Oisin sits up at the foot of the Cromlech to begin his narration.)*

11.11.1899, 3

*Oisin is sitting up propped against a stone, Patrick and the peasants stand waiting for him to begin his narration. He speaks in a thick weak voice.*

**Oisin:**

Thou that, callest thyself Padraic,  
old man with the crooked staff,  
though thou art a stranger to me,  
I will tell thee all my grief.

It was from Tir-nan-Oig I came,  
From a far land of unfading beauty.  
I left that land and all its beauty  
For better I loved Eri.

I had with me a fairy woman  
of white limbs and golden tresses.  
I forsook her love and joyous mirth,  
For more I desired Finn.

And oh, ye people of the Glen of Thrushes  
Ye see what doom has come upon me.  
Youth has fallen swiftly from me like  
A mantle that is unlooked.

The prohibition of the woman was  
that my foot should not touch the sod.  
Late everlasting I have lost  
in falling from the saddle.

Therefore is it that I have cursed  
this green sod on which I lie,  
though little I thought ever to  
curse any sod of Eri's earth.

It was in Eri I was born.  
Here I grew to vigorous manhood;  
Here I rejoiced in chase and battle  
with my comrades of the Fianna.

**Padraic:** (*eagerly*)  
What people are these Fianna.  
Verily I have not seen that tribe.  
Tell me, old man, where they dwell,  
that I may relate the gospel to them.

**Oisín:**  
Oh, Padraic, very gladly  
would I bring you among the noble people,  
and if thou hast a narration to make  
gladly would they hail thee.

Welcome always in Finn's hall  
was every teller of a pleasant story,  
for telling that story, the gospel,  
thou would'st win a rich reward.

Thou would'st get a golden cup,  
not niggardly is my king's hand;  
and Grania, though worthless is the woman,  
would distribute jewels to thee.

**Padraic:**  
It is not reward I am seeking,  
jewels fine or cups of gold,  
but to deliver only the Gospel,  
the message of my heavenly King.

**Oisín:** (*laughing*)  
Here is a miracle come to pass,  
a bard craving no reward.  
Verily this king whom you serve  
lives very far from Eri.



**Padraic:**

He is the King of Eri now.  
He is also the King of heaven.  
He it was who made the heaven  
with its stars and its light.

**Oisín:** *(laughing)*

This is truly a pleasant story.  
More marvellous than the deeds of Angus  
or than the feats of Lugh Lamh Fhada  
are the deeds of that King.

**Padraic:**

Marvelous indeed, are my King's doings.  
He is the fountain of all wonders;  
He is the giver of all life  
Greater than your De Daanans.

It is my King who formed the heavens  
It is He who gave might to the warrior  
It is He that created the world  
It is He that gives the blossom of the trees.

It is He that made the moon and the sun  
It is that brings fish into the lake  
It is He that formed fields and grass.  
What were the deeds of Finn?

**Oisín:** *(laughing)*

It was not in forming fields and grass  
That my King took delight  
But in mangling the bodies of heroes  
In contesting kingdoms and spreading his fame.

In courting, playing and hunting  
And unfolding his banner in the front of the fight.  
In playing at chess and swimming  
And in beholding all in the house of drinking.

But this is my heavy cause of grief  
That I know not where he now abides  
I cannot bring thee to his company  
Or go myself among them.

His lime white mansion I have sought  
The high Dunn Allen's hill.  
I have found no fortress there  
But weeds and thorns and nettles.

*(He begins to weep.)*

Alas, I fear the thing is true  
which the fairy woman told me,  
Finn and the Fianna walk no more  
Among the men of life.

**Geur:** *(excitedly)*

Oh Padraic, this is enchantment  
And the work of of the Duine Sidhe.

Finn, the chief whom he is seeking,  
Is dead for many years.

**Garrav:**

Thou art a foreigner, holy Padraic  
And therefore hast not heard the fables  
Which old men tell of mighty Finn  
Of whom their father's father spoke.

**Geur:**

And if this man hath seen Finn,  
And is yet here in life among us,  
O Padraic, this thing must be by  
The power of mighty demons.

**Padraic:** (*sternly*)

To speak of demons I will have forbidden.  
It is by the will of God on high.  
Good people, I pray, hold now  
Your peace whilst I comfort the old man's sorrow.

*(He approaches Oisín and lays his hand on his shoulder, the people who have been babbling with excitement in a noisy crowd fall into little groups and continue to discuss in whispers.)*

**Padraic:** (*to Oisín*)

O stranger of the noble aspect,  
Be not so bitter in thy grief;  
Why for this Finn who is long dead art  
Thou shedding still thy tears.

**Oisín:**

O brehon of the pleasant voice,  
Give me leave still to lament,  
Seeing it is fit for me to weep,  
I am Oisín his son.

*(A great sensation among the people. They burst into clamour of discussion)*

**A woman:**

True is then the fairy fable  
Of Oisín the warrior poet,  
And of how he was lured away to  
A land of enchantment.

**Geur:**

Padraic, if this be Oisín he should tell us wondrous tales.

**Garrav:**

Ask him, Patrick, where is hidden the golden treasures of King Finn.

**Padraic:**

Silence, ye foolish people,  
See how the aged man is grieving.  
It is not becoming to question him;  
Give him time to ease his woe.

*(Oisín, rising to his feet slowly, supports himself by holding to the stones. The peasants draw away from him at a gesture from Padraic.)*

**Oisín:**

I will make my lamentation  
Though it is long since he is dead  
I will pronounce a poem upon him  
as if he lay cold before me.

O mighty Chief of the Fianna  
Leader of warriors swift,  
Fierce, lover of songs,  
It becometh Oisín, though late,

To make a song upon thee.

*(He chants).*

My grief fallen battle shaft,  
My grief shining torch at feast,  
My grief, the cold cairn at last,  
My grief, my never ending grief.

My grief! Thy nobleness and mirth  
My grief for dearth of nightly cheer,  
My grief! Oh chief of changeless worth,  
My grief! Finn whose name was fear.

My grief, thy swiftly coursing hounds,  
My grief, they sweetly sounding horn,  
My grief, our muster on green mounds,  
My grief, our hunt at dewy morn.

My grief my grief the racing fawn,  
My grief the chasing at Innish Va Cuinn,  
My grief the following of Bran,  
My grief, oh Slieve-na-mban Fionn.

My grief the banner, lue, bright,  
My grief in fight it used to blaze,  
My grief for men of great might,  
My grief they followed Finn always!

My grief Faolan of fierce deeds,  
My grief Daire of the Duans,  
My grief Fergus of songs sweet  
My grief Diarmuid of the Women.

My grief! O sad, generous, strong,  
Bards he loved and harp's tones,  
But more than sounds of bard's song,  
Blades in battle hacking bones.

My grief, my grief, my threefold grief!  
For Finn's son in grief behind.  
Without the Fianna, or their chief,  
My grief, Oh Oisín, feeble, blind!

*(He sings the last verses very feebly, his voice sinking to a hoarse whisper, and when he stops chanting he steps forward, still muttering "My grief! My grief!")*

**Padraic:** *(Steps forward to support him)*

In the hospitable house of the Clerics,  
old man, we will give thee shelter,  
and thou shalt relate the deeds of Finn  
to my scribes of the white books.

They will record every word  
of his fame and of his might,  
and I shall tell thee in my turn  
the glory of Heaven's King.

*(He calls the boy messenger)*

Thou boy with the pitcher,  
come thou near beside him.  
Let him lean upon thy shoulder;  
I will lead him by the hand.

Oisín: *(is led across the stage, walking with feeble steps and murmuring to himself)*

Sad is Oisín after the Fianna,  
Aged, blind, withered, slow,  
without friends,  
without fighting.  
My grief! My grief!

*A bell rings two or three strokes. The voices of the clerics sing a stave of a psalm. Patrick drops Oisín's hand to cross himself and pray. Oisín stands with his eyes uplifted, murmuring and listening in wonder to the music.*

## **Ailt/litreacha le Alice Milligan in *The Daily Express***

21.1.1899: Literary Drama and the Gaelic League

To the Editor of the "Daily Express"

Sir - Mr. W.B. Yeats, in his interesting letter of Saturday last on the Irish Literary Theatre, made reference to the dramatic entertainments given in connection with the recent Aonach Tir-Conail at Letterkenny, Co. Donegal, and quoted the success of those ventures as encouraging him to believe that plays appealing to the higher intelligence of an audience can attain success.

Having taken part in the production of one of these plays, the *Passing of Conal*, I think that I may be permitted to express an opinion on the subject. Opinion when founded on experience, is always of value, and en passant, let me say that I think the "Daily Express", which is setting a good example to the Press of Ireland in so many things, might very well set the example in refusing to publish correspondence such as that in Wednesday's paper, over the signature, "A West Briton", on the subject of learning Irish. When an opinion is expressed by a person whose ignorance is palpable, why should it be inflicted on the intelligent reading public in the shape of a letter to the Press? A "West Briton's" assertion that Irish language and literature are extinct is as untrue as that the world is flat, or that two and two make five, and the "Express" editor, knowing this well, might very well act as dictator.

This is apparently a digression from the main subject of my letter, but is not so in fact. Both Mr. Yeates [sic.], as an Irish literary man, and a "West Briton" will be interested to know that a main feature of the Letterkenny play was the introduction of an act written in Gaelic verse by a living Gaelic poet, and enacted by Gaelic speakers. The experiment was so successful that Dr. Douglas Hyde, Miss Norma Borthwick, and other leading members of the Gaelic league, present at the production, were convinced of the importance of using the stage to promote the revival of the native Irish language as a medium of literature and culture. The next Oireachtas, which will be held in Dublin at the end of May, will likely be the occasion of a dramatic entertainment in which the Irish language alone will be used, and which, at the same time, will be instructive and attractive to those who only understand English and other foreign languages. Ancient Irish legendary literature gives us the Ossianic dialogues the nearest approach to drama in an ancient native literature. Taking the disputes between Oisín and St Patrick as a basis, I have sketched for the Gaelic League a dramatic entertainment which has met with approval, though it is not yet formally adopted by any committee.

I have suggested that a few members of the League in Dublin, who have considerable elocutionary power, should impersonate the aged Oisín, Patrick, and his clerics, and that from the old version of the dialogues some of our poets should condense the most important parts, embodying Oisín's laments for his lost comrades, Fin and the Fianna, a narrative of the elopement of Diarmuid and Grainne, and his own wanderings to Tirnan-Oig. During the narration, Oisín, by magic art, is to summon up of the benefit of the astonished clerics visions of the chief scenes in his heroic youth. These in a series of beautiful tableaux, appearing behind a gauze curtain in an inner stage, will form the chief feature of the entertainment.

In Belfast, last May during Feis Ceoil week we produced such tableaux with undoubted success, our subjects being scenes from the story of Cuchulain and the Flight of Diarmuid and Grainne. In Belfast they were accompanied by an explanatory lecture given by T. O'Neill Russell. A step in advance will be taken in Dublin by introducing a dramatic setting and also by using only the native language.

Our venture will come off most likely a full month after the production of Mr. Yeats's and Mr Martyn's plays, and the fact that the Gaelic League has theatrical ambitions will only increase public interest in the National Literary Theatre's dramas. We will have much to learn from each other, and perhaps our Gaelic production will lead Mr. Yeats to decide on dramatising or adapting his own Wanderings of Oisín for the Literary Theatre to produce in the first year of the next century. - Very Truly,

Alice Milligan.

Dublin, 19th January.

Daily Express Feb 18th 1899, 3

Irish Literature and Dr Mahaffey

Alice Milligan

To the Editor of the "Daily Express"

Sir - I have read with intense interest the interview with Dr. Mahaffy, published in your paper on Thursday. I trust it will be thoughtfully and carefully studied by other Gaelic workers and students, and that, instead of plunging into angry discussions with the object of controverting (not convincing) Dr. Mahaffy, we shall one and all set ourselves to the task of calmly and deliberately studying the problem which Dr. Mahaffy's attitude towards the Irish language and literature suggests. In the interview you publish he has granted us much - Firstly, that Irish is essential for purposes of comparative

philology: secondly, he commends the study of ancient classical Irish by scholars; thirdly, he allows that a really remarkable literature may exist, for all he knows, and he pathetically asks why doesn't someone translate it? "If Dr. Hyde will do for his unknown authors what Macpherson did for Ossian," he says, "we will gladly pardon him the fascination of genius." Here we have a confession of a sort of liking for the remarkable book in which Gaelic literature, in English translation, first took Europe by storm.

Well, now, it would hardly do to assume that Dr. Mahaffy was ignorant of the fact that the principal Irish Ossianic poems and tales have been upon the shelves of his College Library for the last fifty years. They were edited, translated, annotated, and published by a learned Society, whose president, William Smith O'Brien, may be known to him, if in no other capacity, as the grandfather of the brilliant scholar, from whom he takes much of his information as to Irish literature. Even in the bald literal English translation, which runs side by side with the Irish text, the dialogues of Ossian and Patrick could not fail to captivate a man with Dr. Mahaffy's keen sense of humour.

Then, if Macpherson's cloudy epics give him any satisfaction, how can he fail to know that Standish O'Grady has done far greater justice to the great epic tale of the Gael by his "Coming of Cuculain" and his records of the "Red Branch Knights," published long years ago in his so-called History of Ireland? If Dr. Mahaffy has read this book he will, perhaps, say Standish O'Grady was imitating Homer when he wrote it. Doubtless he was, but if Dr. Mahaffy betook himself to the heart of Donegal he could come across some old illiterate peasant, who had never heard of Homer, who would tell him, with the aid of an interpreter, the story of the death of Cuculin little less eloquently than Standish O'Grady has done.

I do hope Gaelic workers are not going to lose their temper with Dr. Mahaffy, for I verily believe that if they went the right way about it they would find in him the making of a Gaelic enthusiast.

There is a great deal of sense in his demand to be shown some of this grand Gaelic literature that we are always talking about. The folk-lore tales, which are so much to the fore at present, are of course, immensely valuable and interesting. All the same a man of Dr. Hyde's capacity might be better employed than as a folk-lorist. Folk-lore will not attract the schoolboy to take Irish as an Intermediate subject, and it will not convince a Trinity College Professor of the literary value of the Irish language. I know that as long as I was doing "Grimm's tales" I detested German; when I came to Schiller's "Wilhelm Tell," in the middle grade, and Goethe's "Iphigenie," the case was altered.

The Irish stories for the Intermediate are occasionally quite ridiculous and inappropriate. Talk of the Intermediate Commissioners doing injury to Celtic by lowering marks! The injury is really done by the Gaelic workers, who neglect to prepare books calculated to inspire the youthful mind.

As an example of the mistakes that can be made, I will just point to one story of the folk-lore class included in one of these Intermediate text books. It is a story of a priest who was captivated by a wicked young woman, and as penalty for breaking his priestly vows was given too heavy a penance by the Bishop. The Bishop comes off second best in the story. When we recollect that Irish is mainly taught in Christian Brothers' Schools, it will be allowed that a book containing such a story could not very suitably be put by a priest in the hands of his class.

Why cannot Dr. Hyde and others give us modern versions of some of our grand heroic tales, or our important historical poems - the story of Brian, from the Wars of the Gael; or the poem about the Circuit of Muircherteach of the Leather-Coats?

The Nibelungen Lied has been put into an excellent modern German version, and years ago I had the pleasure of doing it in class with Professor Bucheim. Homer is an Intermediate text book, and if Ireland is going to hold up her head in the presence of Greece and Germany, and even in the presence of Dr. Mahaffy, she must show that she has an epic tale which, as a tale, can be put side by side with the tales of Troy Divine and the Story of the Nibelungen. Let Dr. Hyde cease to trouble about the goats and tailors and renegade priests of the folk-tales and set himself to write the Story of the Red Branch Knights in vigorous, resounding, living Gaelic prose, with bursts of song here and there (following the old texts).

When he has done that, we will be in a position to inaugurate a mission to Trinity College, and I verily believe Dr. Mahaffy would be our very first convert, and would develop into the John Stuart Blackie of the Irish Gaelic Movement.

- In this faith I remain, sir, yours truly,

Alice Milligan.



## 16.9.1899: The Dramatic Element in Gaelic Literature

Mr. William Canton, who has always a kindly word to say on behalf of the Celtic renaissance, has, in this month's "Good Words", given an appreciative and lengthy notice to Dr. Douglas Hyde's new Literary History. In the course of it, he takes occasion to note the absence of any specimen of the dramatic art in Gaelic literature, though he allows that the Ossianic dialogues may possibly have been given a sort of dramatic form in recitation. At a time when the literary talent of our country is being invited to inaugurate a revival of the drama in Ireland, it will be well for us to understand that effort is not being wasted to introduce an exotic art. An acquaintance with even the translated editions of our native literature will show us that, though the dramatic form is not represented, the dramatic element is strong in every one of the old tales and poems. When we recollect that they were not composed to be read in the study, but to be recited in the Chieftain's hall by troops of bards and bardic pupils, we will comprehend that the recitals must have taken a dramatic form, especially at those parts where narrative was discontinued and dialogue took place. The reciters would naturally identify themselves in voice, gesture, action, and expression with the characters represented. Such dialogues occur frequently, as for example, the arguments between Brian and Mahon in *The Wars of the Gael*; but in the Ossianic series of poems we have the dialogue in its perfect form, and an account of these will give the reader an accurate idea as to how far the dramatic element was developed by the Gaelic poets. At the outset I would point out to those who are accustomed to deplore the illiteracy of our peasantry, that these poems have been handed down from one generation to another traditionally. A few days ago, in County Donegal, I heard two children of tender years recite a lengthy Ossianic *gaoi* whilst their instructor, a white-haired peasant, stood by rejoicing in the fact that he had ensured the transmission of the poem, taught him in youth by his grandsire.

But to turn to the dialogues as you will find them fixed in print in the publications of the Ossianic Society, I will give you some account of their subject matter, asking the reader to summon up in imagination [sic] the circular hall of a Chieftain's *dun* crowded with auditors; whilst on the side next the doorway, to permit of entrances and exits, the bardic reciters are grouped. The two chief bards, elderly men, take the parts of Oisín and Patrick; the pupils, at intervals act in the characters of the attendant clergy, whose bell-ringing offends the musical ear of the old Pagans, When the recitation begins Oisín is soundly asleep, perhaps snoring lustily if, like so many actors, he is given to introducing burlesque. Some clear chimes from the hand-bell outside the door enjoin silence on the audience, showing that it is rising hour in the monastic house, and immediately St. Patrick enters to waken Oisín and summon him to early Mass. Having, doubtless, shaken him up and poked him with his crozier, he upbraids him thus:-

Oisin, long is thy slumber.  
Rise up and hear the psalm.  
They agility and valour have forsaken thee  
Though thou didst engage in battles and fierce combat.

Oisin responds, imitating, in every movement, the stiffness and palsy of extreme age -

I have lost my agility and strength.  
Since no battalion survives to Finn,  
In the clerics is not my pleasure.  
Music, after him, is not sweet to me.

St. Patrick is enraged at his derision of the Church music, and at once they plunge into hot argument as follows:-

**Patrick:**

Thou hast not heard music equally good  
since the beginning of the world to this day.

**Oisin:**

I have heard music more melodious than your music,  
Though greatly thou praisest the cleric,  
the song of the blackbird of Letterlee,  
and the melody of the war-song of the Fianna.  
The very sweet thrush of Gleann-a-sgail,  
Or the dashing of the barks touching the strand.  
More melodious to me was the cry of the hounds  
than of thy schools, O chaste cleric!

From telling what music the Fenians loved, in stanza after stanza of pure poetry, he goes on to boast of their mighty deeds, and to lament that he has outlived his comrades in age and blindness, and he asks the Saint to pray for the souls of the heroes -

O Patrick, ask heaven of God  
For Fionn of the Fenians and his clan;  
Pray for the chief  
Whose equal has not been heard of in your time

And now we have come to the main point of the contest between Saint and Pagan. Patrick always protests that Finn and his warriors are in hell. Oisin will not believe that God or demon could keep the mighty ones anywhere against their will. This argument recurs again and again throughout the dialogues, Patrick always trying to explain the power of God, and how He made all things and has conquered even the Fenians. Oisin judges him by the standards of an earthly King: He is not hospitable or He would have Finn in His house of heaven; He is not generous or He would not keep his clerics fasting; He is not noble if He will not deliver Finn from the bonds of hell; for if God Himself were in bonds, says the old Pagan, Finn would "deliver Him." He Calmly tells Patrick not to believe a word "that man-God told him, if He boasted that He conquered Finn, for that is plainly a lie." And he gets into a fine fury at Patrick's asserting the power of the King of Heaven:-

“O Patrick of the crooked crozier,  
Who makest that impertinent answer,  
Thy crozier would be in atoms  
Were Oscar present.  
Were my son Oscar and God  
Hand to hand on Cnoc-na-bh-Fiann:  
If I saw my son down  
I would say God was a strong man.

Patrick explains the power of the Creator -

It is my King who formed the heavens;  
It is He who gives might to the warrior;  
It is He that created the universe;  
It is He that gives blossom to the trees.

It is He that made the moon and sun;  
It is He that brings fish into a lake:  
It is He that formed fields and grass.  
Not like the deeds of Finn.

Oisín laughs hugely at Patrick’s idea of Kingly power, and says:-

It was not in forming fields and grass  
that my King took delight,  
but in mangling the bodies of heroes,  
In contesting kingdoms, and spreading his fame;

In courting, playing, and hunting,  
And unfolding his banner in the front of the fight:  
In playing at chess and swimming,  
And in beholding all in the house of drinking.

When the joys of Heaven are described for him he innocently asks may he bring his hound there. Patrick says no, and laughs at his foolishness, to which he responds:-

If it were I that were acquainted with God,  
And that my hound were at hand,  
I would reconcile him with my hound,  
Whoever gave food to myself.

Occasionally Patrick has hopes of converting him and says he believes he will in the end forsake the Fenians for the God of Grace; but, as will be seen, Oisín's fidelity to his comrades is maintained to the last scene of the dialogues, and here at the outset he makes a noble plea on their behalf, saying that they kept God’s laws, and he believes, in spite of Patrick, they are now assuredly in heaven.

All that thou and they clerics tell;  
According to the laws of Heaven's King,  
These qualities were possessed by the Fians of Fionn  
And they are now powerful in God's Kingdom.

Patrick, inquire of God  
Whether He recollects when the Fenians were alive,  
Or hath He seen East or West  
Men their equal in fight.

Or hath He seen in His own country,  
Though high it be above our heads,  
In conflict, in battle, or in might  
A man who was equal to Fionn.

And Patrick, who is childishly impatient for a story, yields in the argument, and invokes a blessing on the dead hero.

Oisin sweet to me is thy voice,  
And a blessing moreover on the soul of Fionn;  
Relate to us how many deer  
Were slain at Sliabh na-m-ban by Fionn

And then from abusing one another they fall to complimenting each other and speaking politely:-

Oisin:  
O! Patrick, hast thou heard of the chase,  
O! Son of Calphruin of the tuneful psalms.

Patrick:  
I have not heard, O! Son of the King,  
O! wise Oisin, of the fierce deeds;  
Relate to me, and tell no untruth,  
How the chase was made by ye.

And so instead of taking Oisin off to prayers, Patrick sits down to hear the stories, and all goes well till the old Pagan, describing some terrible slaughter made by Oiscur of Fionn, laughs aloud [sic], and wishes he could see those warriors burst in among Patrick's clergy, smashing their bells and croziers and making heads and limbs fly, and once he pronounces this rank blasphemy.

O! Patrick, it was not in the time of the Fionn  
That man-God lived.  
Certain if he were East and West  
The Fians would have stricken off his head.

Sometimes Patrick on such a digression plunges again into argument; sometimes he is too eager to hear the story, and merely urges Oisin to go on, and asks him to adhere to the strict truth. Then the old warrior is up in arms, and says that truth was always dear to the Fenians.

We, the Fians, told no lies;  
Such should not be laid to our charge;  
By truth and the strength of our hands  
We came unhurt from every battle.

A cleric never sat in thy church,  
O! Patrick of the melodious voice,  
More truthful than Fionn himself.

Amongst the narrations presented to us in this dramatic way we have the story of the fight at Cnoc-an-Air, and of several hunts; the story of Oisín's sojourn in Tir-nan-oig, which is told in answer to Patrick's asking how he came to be alive after his comrades.

Perhaps the most powerfully dramatic scenes of all is that in which Oisín dies, as he does finally, exhausted by fasting and in extreme age. The reciter, or actor, as I may call him, who had to personate Oisín found scope for his art in representing the gradual breakdown of the aged hero, and the final triumph of Patrick over him in his utter blindness of feebleness.

Prometheus defying Jove is hardly so pathetic a picture, because less human than the old Gaelic bard crying aloud to the unknown God whose attributes he has failed to understand, to whom he appeals for mercy on his dead comrades, who, Patrick has said, are in the Lough Of Torments. Here are some of the petitions in Oisín's prayers:-

Alas! readily and very humbly  
I would go to Thee, O God,  
Could I but get a sight of Fionn,  
And obtain an abundance of food.

Alas! O god, I ask again,  
Look on my face and hide not my desire,  
If Fionn and the Fenians be in Thy land,  
Suffer me to journey to them, or send them to me.

Alas! O God, if Thou pitiest an old man,  
Look down upon me each morn,  
And thou wilt see the cause of my complaint,  
For I am gloomy, feeble, without food, without sleep.

Alas! O god, if it be Thou who hast subdued  
Fionn of the Princes and the Fenians,  
I would freely follow Thy doctrine,  
If Thou would'st take me, like them, from the clergy.

Alas! O God, if it be Thou who hast subdued  
Fionn of the Princes and the Fenians,  
I would freely follow Thy doctrine,  
If Thou would'st take me, like them, from the clergy.

Alas! O God, whose sway is pleasant,  
If Thy clergy say true that they are certain,  
If it be under Thy correction the Fenians are,  
Be hospitable and generous to them.

Alas! O God, who givest every gift,  
If the strange doctrine of the clergy be true,  
Be not angry for the love I bear Fionn,  
Who never grudgingly kept food from me.

He upbraids God for keeping the Fenians from coming to his aid, since surely force alone can restrain them if they can see the poverty of his Lenten fare, and he entreats -

Alas! O God, do not so  
Receive me into Thy palace lovingly;  
And if it be there Thou hast the Fenians,  
Very joyful I shall be going to meet them.

But if the Fenians are not with God, he declares he would renounce heaven and follow his comrades. But, in spite of his prayerful spirit, the old heathen is strong in him. Hear why he desires the presence of his comrades -

Alas! Oh Fionn, do thou come with Oscur,  
Among the clerics of Patrick,  
And we will leave them all headless,  
And will hinder their maddening bells from jangling.

After a long lamentation for the past joys of hunt and battle, he prays again, promising submission to God if only his hunger is relieved. Patrick enters, and overhearing this prayer, says:-

I am near thee, O Oisín.  
What prayers is this thou utterest?  
It appears now, from thy words,  
Thou wilt yield love to the Man above.

Oisín promises submission if he is fed, and then falls asleep. St. Patrick orders food and drink in abundance to be left beside him, that he may think he got it from the God of Grace. Here come three or four stanzas which we may treat as a stage direction, as doubtless, the wakening of Oisín, his greed, hunger, and praise for the food were all enacted:-

“When Oisín, the son of Fionn, awoke, he quickly stretched his hand to search he found the drink and the bread. He ate and drank till he was satisfied, and praised the Man above. Patrick was nigh to him, and he rejoiced as the prayer was repeating. He gave thanks to the God of the saints, that Oisín, who had been foolish, was become humble. Oisín uttered suddenly a loud cry for Patrick of Rome. The cleric came upon the spot, and the miserable man spoke mildly to him.”

Then the dialogue goes on:-

Oisin:- A good man is thy God,  
O Patrick, and a generous, I trow,  
He sent me a sufficiency of bread  
And drink with it at the dawning of the day.

He then says that he will submit and not boast any more about the Fenians, but pathetically asks Patrick if God would hear if they, too, spoke in a whisper about Finn. Patrick assures him that God can hear, and he promises to be silent on the subject, but marvels that the God of Heaven should be angry at his weak voice. Here we have another stage direction saying that, at these words, Oisin felt the first pang of death. He had never seen death except, on the battlefield - asks Patrick as to the symptoms, describing the pain in his side. Patrick assures him it is a death pang, and exhorts him to prepare, telling him to pray for an increase of the pain, as it is good for his soul. Even with his dying breath, Oisin faintly argues against this doctrine, and asks if it would satisfy God if he ceased to talk about any of the Fenians except himself and Finn. Patrick reiterates that he must not talk about these things at all, or he will make God angry. Oisin, still sceptical, asks how is he to know God is angry. Patrick plays a trick to convince him. Here is the account of it in two verses of stage direction.

“Patrick called for his clerk and said to him - ‘Hearken to me secretly: strike a stroke of thy palm upon Oisin, which shall wound him to the heart with sorrow.’ The clerk struck sorely a stroke of the palm on the cheek of the grey man. He cried with a loud-sounding voice of horror, and called on the help of the only Son of God.”

The dialogue is then resumed, Patrick asking, as if he had seen nothing, why he had cried out. Oisin tells him how he felt a blow, and Patrick says he must have said something to displease God, and the poor dying man remonstrates:-

Truly I marvel, O! Patrick,  
Since God is gracious in mercy and justice;  
That He would sorely wound  
A wretched one on his cheek with the blow of a palm.

Patrick entreats him to make his peace with God as death is very near, and Oisin says:-

I crave forgiveness from the great God -Forgiveness,  
horeover [sic?], I give to all others.  
Take me into Thy dun, O God!  
And let Finn and the Fenians be with me without delay.

Losing all patience, Patrick denounces Oisin’s sins in praying to be with his dead comrades, and tells him that not one of them shall enter the Kingdom of Heaven to all eternity. With the last breath that flutters from his frail lips, Oisin asks God’s

forgiveness, but his final contradiction of Patrick, though he is too feeble to urge it, is embodied in the wording of the petition defiantly qualified by an if:-

“If thou hast been angered by my voice  
In speaking of the hosts of Finn.”

Here I have given you in bald prosaic English some examples of the humour and philosophy in these dialogues - the Samson Agonistes of the Gael. Even if you do not know a word of Irish, but would judge of the literary quality, get some Gaelic-reading friend to read you a few stanzas of the original; then if you have any ear, you will be delighted by the music of the metre, and will allow that the nation which has preserved to the present day among what might be called the humblest and least educated grade of its population, these purely poetical compositions, may be looked to with confidence to produce and nourish a native literary drama.

2.10.1899, 5.

The Last Feast of The Fianna  
To the Editor of the “Daily Express”

Sir - May I say a word to the potential Gaelic translator of my play, “The Last Feast of the Fianna”, of which the first scene was published in the last two Saturday issues of the “Daily Express.” The play, as I explained on Saturday week, has been written primarily for translation into Gaelic, with which end in view I have selected the bardic metre and the Ossianic stanza. Dr. Douglas Hyde, who has kindly looked over the play with a view to pronouncing on its suitability for translation, has done a dozen or so specimen verses. He strongly recommends its translation, but thinks it will be a rather difficult task, the rules for making bardic verse of this sort being so strict and precise. He points out some verses in which he thinks I have given more English than could ever be translated into Irish, in the limited number of syllables, and says, for example, the first stanza - “Take, O Grania of the whitening tresses”, - has forty-two syllables in it, which in Irish can only have twenty-eight. I dispose of this difficulty by assuring my would-be translator that I don’t require him to limit himself to my epithets on adjectives or sentence construction, but to preserve the sense, the characteristics of the speakers, and the give and take of the dialogue. In the first stanza he need not try to translate “Of the whitening tresses,” any epithet, however short, will do, which will bring out the point that Finn was curt with his wife, and called her old, and the whole sense of the verse I can give in fourteen English words - “Aged Grania, take away this mether. I want not mead, but Oisin’s music.” This phrase is ten short of the number of syllables the Irish bard would be limited to. I believe every stanza in the play is capable of similar compression, and if not let the translator give two stanzas for one. If any of our Gaelic



poets care to try a specimen passage of this play, I would like it sent to me, care of the Gaelic League, Sackville Street, Dublin, for inspection. Leaving the question of translating the play out of the question, I would like to see them revive the use of the Ossianic stanza. - Yours truly,

Alice L. Milligan.

## Aguisín 2: Agallaimh Neamhfhoilsithe Johnny Chóil Mhaidhc

Ó lámhscríbhinn Scoil Éigse na Tulaí,  
Miontuairiscí Scoileanna Éigse agus Seanchais na Gaillimhe, G36, Ollscoil na  
hÉireann, Gaillimh.

### Agallamh Beirte: An Mháthair agus a Mac

#### An Mháthair:

Ora a Choilm an leanbh nuair a bhéas t-éadan nighthe a'd 's tú bearrtha  
Fáisc ort do bháinín is déan deifir is rith síos  
'Sé inniu an lá deireannach le haghaidh faoisdin na Cásca  
Déan deifir 's mo ghrá thú, tá sé ceathrú 'don naoi.

#### An Mac:

Ach ní fhéadfaidh mé a Mhamaí nach bhfuil claidheachaí le n-árdú  
Tá beithigh le bleán a'm is caithfidh mé bainne thabhairt don laoi  
Á fanfaidh mé anois nó go dtosocaidh na stáisiúin  
Nach seachtain ó amáireach a bheas faoisdin ins 'na tighthe.

#### An Mháthair:

Ná bac leis na beithigh ach rith síos is mo ghrá thú  
Beidh obair is pléaraca ann go lá deire an tsoil  
Ní dhearna tú faoisdin do pheacaí anois le trí ráithe  
Beidh claidheachaí dhá n-árdú is muid sínte sa gcill.

#### An Mac:

Sin bréag a'd a Mhama – níl sé trí ráithe  
Nach raibh mé an lá ar báthadh asal Chóil Mh'-il,  
Ní dhearna mé tada as an mbealach aon cheo gur fiú trácht air,  
Ní hé don dream sin a théann ann chuile mhí.

#### An Mháthair:

Ná tabhair breitheamhnas ar aon fhear nó tiubharfar breitheamhnas ar ball  
ort,  
Agus siúd é an breitheamh nach nglacfaidh aon bhríb,  
Beidh do chionta i gclár t-éadain do réir mar tá ráidhte  
'Gus mura n-athróchaidh tú béasa beidh tú ar thaobh na lámh clí.

#### An Mac:

Ach ní thagann an bás nó go dtugaidh sé spás uaidh,  
Imeochaidh an ghruaig de mhullach do chinn,  
Tiocfaidh lann i do chosa is ní bheidh lúdh i do chnámha  
'Gus le meádhchain na mblianta lúbfaidh do dhruim.

#### An Mháthair:

Ach ní flearr duit a mhaicín a bheith i gcomhnaí san áirdeall,  
Mar siubhalfaidh sé isteach a'd mar ghadaí siubhail oidhche  
Ní thiubhraidh sé leath-uair ná nóiméad de spás uaidh  
Níl uaidh ach do cáilidheacht chúns bhí tú sa saoghal

#### An Mac:

Ach arnó a Mhama níl agam ach drochéadach  
Agus tá mo chuid bróga eirigthe ó bhuinn  
Dá bhfeicthea mo stocaí agus poll ar a sála  
'Dul síos ag an ráille céard dhéarfadh Cáit Bhriain.

**An Mháthair:**

Mo slán leis an aimsir agus mo chéad mhíle slán léithi,  
Nuair a bhí bainíní bána ar chuile fhear sa tír  
Sean-treabhsar flainín agus léintreacha máilín,  
Theideadh siad síos ag na ráillí faoi do chuile mhí.

**An Mac:**

Go deimhin ba dheas iad sa bhfeistis atá ráidhte a'd  
Agus is mise atá sásta gan a bheith ann le na linn  
Sean-treabhsar flainín agus léintreacha máilín  
Agus ½ punt meadhchain sgríobhtha thiar ar a ndruim.

**An Mháthair:**

Ba shin iad na laethanta 'gus is minic dá rádh mé  
Nó ar chuala tú trácht ariamh ar na péin-dlighthe  
Nuair a léightí an tAifreann ins na criathrachaí báidhte  
Is níor chaill siad a gcreideamh – céad glóire do Dhia.

**An Mac:**

Ní hionann an t-am sin agus an t-am atá láithreach  
Nó an bhfeiceann tú na báid sin atá a dul siar ós ár gcionn  
Tá Ronnie Delaney ag déanamh míle i dtrí nóiméad  
Is sputnic na Rúise chomh luath leis an ngaoith.

**An Mháthair:**

Sin í an ealadhain atá ag tarraingt na báistighe  
Stoirm is gála ó mhaidin go faoithin  
Nach mó caint ar Grace Kelly 's ar Mháirín Ó Hara  
Ar Laurel agus Hardy ná ar Naomh Páraic 's Naomh Bríd.

**An Mac:** Seafóid a Mhama ...

**An Mháthair:**

Éist liom a mhaicín agus tóg comhairle ó do Mhama  
Chonnaic mise an aimsear 's ní raibh greim ann le n-ithe  
Ach muigín breá leamhnach, slám báirnigh nó creathnaigh,  
Is ní raibh tinneas ná aicíd ar fhear, leanbh ná mnaoi.

**An Mac:**

Mar adubhairt mé leat cheana tá an aimsear sin caithte  
Tá airgead fairsing agus beatha sa tír  
Tá an Dole chuile Mháirt againn 'gus an pinsin Dé hAoine  
Insurance Dé Céadaoin 's an dochtúir Diardaoin.

**An Mháthair:**

Faoisdin Dé Sathairn mo léan d'fhága tú amach é  
Agus deontas na ngasúr 'chaon céad Mháirt sa mhí  
Bainne ón nGovernment le fáil agaibh in aisce  
Céilís's go maidin 's dhul a codhladh ag a trí.

**An Mac:**

Is fearr é sin féin ná treabhsair ceann-easna  
'Gus cóta mór dearg ar chuile bhean tí  
Seanphéire miotáin agus a gcuid bonnacháí attaí,  
Gága dha mbascadh ceal cuma ná caoi.

**An Mháthair:**

Osgail do shúile ná hiarr a bheith seafóideach

Nach bhfeiceann tú féin iad má bhreathnuigheann tú grinn,  
Gúna beag tanaí 's gan ann ach an sgáile  
's gan é sin féin ag dul sáthach fada síos.

Bróga sál árd a 'gus a gcuid iongcachaí daite  
Is ní catach ó nádúr atá mullach a gcinn  
Fáinne 'na geluasa 'gus maillí caol fada  
Gan aon bhuille maitheasa ná aon chaint ar Chríost.

Déan deifir maith buachaill nó beidh sé thar am ort  
Tá Páidín Chóil Sheáin 's Beartla a' dul síos  
Tá do phaidrín crochta ansin thall ar an tárne  
Agus caonach air fásta cheal láimhseáil le mí.

**An Mac:**

Dá mbeadh coróin ar an doras ní bheadh an bheirt sin in am ann  
Ach faointe a gceapadh 'na daoine go raibh siad ag cóimhlíonadh an dlí  
Cúl chaint is biadán is chuile pléraca  
's go ngoididís an braithlín amach ó do thaoibh.

**An Mháthair:**

Ar ndóigh ní ag céilí go maidin a shabháilfeas tú t-anam  
Gan paidir gan Aifreann ach ag ól go meán-oídhche  
Ach da mba teach ósta é an seipéal agus da mba cúntar an ráille  
Ní bhflearr don sagart an máiléad le thú dhíbirt aníos.

Seán Ó Coistealbha Indreabhán a chum.

## An Baitsiléara agus an Fear Pósta

**Fear Pósta:**

Dia dhuit a Chuilm nach glas an tsórt lá é  
Shíltheá gur tú atá ag cumhdach an tighe  
Nach shíltheá go mb'fhéarr dhuit bean fháil 's pósadh  
A chóireochadh do leaba 's a réiteochadh do ghreim.

**Baitsiléara:**

An ndó tá mé ag cuimhniú le fada air ach tá sé luath go leor fós agam  
Ní bheidh mé leath-chéad go timcheall Féil' Míchil,  
Tá sé sáthach éasga agam bean fháil a bheadh sásta mé pósadh  
Ach nach ró-luath bheas mé sáite i dtrioblóidí an tsaol.

**Fear Pósta:**

Muise, is dona an aghaidh bean ort má tá tú san aois sin,  
Cé go bhfuighinnse bean tighe dhuit agus spré cúpla bó,  
Tá gabhaltas maith talmhan aice cé go bhfuil sí roinnt aosta,  
Ach tá sí chomh críonna's nach gcaithfidh sí leathpighinn sa ló.

**Baitsiléara:**

Cogar mé seo leat cé hí an bhean tighe seo,  
Bean damantach críonna 'deir tú agus spré cúpla bó.  
Dhéanfadh sí an cáca dhom 's dheasóchadh sí an bríste  
Ach má tá sí san aois sin sílim go bhfanfaidh mé uaithi.

**Fear Pósta:**

Drochrath ar do chuma a cheannaí na straoise  
Tá Bríd Pheaits Uíg Ghríobhtha sáthach maith dhuit faoi dhó  
Ba é an peaca í cur amugha le do chuid loirgní caola  
's gach le píosa ar do bhríste is tá de tháirní i mbád sheoil.

**Baitsiléara:**

Ós tú a thosuigh an masla 's nach bhfuil cás ort ná náire  
Ní bheidh mórán dhá bharr agat rachaidh mé faoi.  
Ní phósfainn do bhean-sa dá bhfuighinn trí Oileán Árann  
B'fhearr liom ag imtheacht i mo mhála orm a' cuartú greim bídh.

**Fear Pósta:**

Phósthá m'anam dá dtiúraidh sí áird ort,  
Nár chaill tú do náire le inghean Phaitis Bhrín,  
Bhuail tú go Gaillimh go gceannochadh tú fáinne  
Is maith a bhí fhios agamsa an lá sin nach dtiocfadh sé ar mhéir aon bhean  
coidhche.

**Baitsiléara:**

Is má cheannuigh mé féin nach mé féin a chaill leis  
Is nidh ar bith is cáll dhom tá mo phóca in-ann íoc  
Ní raibh tusa blian pósta nuair a bhuail pian i do chnámha thú  
Is ní raibh siopa san áit seo nár thóig tú punt tae go dtí arís.

**Fear Pósta:**

Dá mbeadh tusa pósta bheadh cnaipí i do bháinín  
's ní rópaí ná cáblaí a bheadh dá chongbháil i ngreim  
Dath buidhe na deataighe timcheall chuile áit ort  
Ó íochtar do shála go mullach do chinn.

**Baitsiléara:**

Phós tusa cheana 's deamhain mórán dá bharr agat  
Tá tú ar nós éin a bheadh sánuighthe i gcás istigh i ngreim  
Bannaí 's glas chuile am thríd an lá ort  
Tá thuinchair go bráthach ort agus beidh le do shaol.

**Fear Pósta:**

Cá bhfuil an chearc nach bhfuil giobach go dtóigeann sí a háilín  
Acht tiocfaidh lá breagh eicint a mbeidh tú i do leaba is tú tinn  
Gan duine le thú fhéachaint dá bhfanthá go bráthach ann  
Ní cé chaoineas do chnámha an lá a gabhfaidh tú sa gCill.

**Baitsiléara:**

Ní bean, leanbh ná páiste a dhéanfas maith dhuit an lá sin  
Ná an té a shocrochas an braitlín go deas ós do chionn  
Ór's cuma cén t-airgead a chuaigh tré do lámha  
Nuair a bhéas do chuid órdógaí in áirde agat 's tú dall ar an saol.

**Fear Pósta:**

Ó níl mise ach ar mhaith leat mar beidh aithmhéal' ar ball ort,  
Agus tá fhios ag do chroidhe istigh gurab' é do leas socrú síos  
Má gheallann Dia clann dhuit beidh compórt ar ball agat.  
Seachas a bheith ag tíoráil 's a crágáil le sclabhaidheacht an tsaoghail.

**Baitsiléara:**

Is iomdha fear muirghín a bhéarfadh a mhallacht go bráthach dhóibh  
A bhfuil a chlann imighthe thar sáile ó bhíodar fiche blian d'aois  
Ó fhágas siad an baile breathnochaidh siad cam ort  
Deamhan smuide punt a chuirfidís abhaile agat choidhchín.

**Fear Pósta:**

Maidir le hairgead, tá sé tigheacht againn 'na slámáil  
Is beidh an pinsean ag ardú faoi Nollaig aríst  
Tá coróinn is punt Dole ag teacht chuile Mháirt againn  
Agus ceithre phunt airgead páistí 'chaon céad Mháirt sa mí.

**Baitsiléara:**

Sin é an t-airgead a d'fhág an tír seo mar tá sí  
Is nach bhfuightheá fear láighe ann ná aon déantús níd  
Acht ag faire fear an phosta nó bhfuighidh siad an slám sin  
Ach nó go socrófar an cás seo beidh an tír gan aon chaoi.

**Fear Pósta:**

Ní bhaineann an sgéal sin leis an rud adubhairt mé ar ball leat  
Óir beidh teach agat 's arús má shocruigheann tú síos  
Beidh béile maith slachtmhar agat is é réidtighe faoi shásamh  
Agus leaba bhreagh bhláthmhar le haghaidh suaimhneas na hoidhche.

**Baitsiléara:**

Maidir le suaimhneas tá tú réidh leis an t-am sin  
Sionaighail ag paistí 'chuile am tríd an oidhche  
Ag éirighe san oidhche is ag tabhairt buidéal don pháiste  
's ag deasú na bpluideogaí aniar faoi na dhruim.

**Fear Pósta:**

Má tá mise ag fagháil anró beidh compórt ar ball agam  
Nuair a bheas na gasúr sin tógtha is tig liom suí síos  
Ar ndó bhí obair ariamh is beidh obair ag bráthach ann  
Sin é díoltas an Áird Rí ó bhí Adhamh ar an saol.

**Baitsiléara:**

A leithéide sin d'obair, ní dhéanfainn go bráthach é  
B'fhearr liom an lá sin ag tarraingt clocha ar mo dhruim  
A! Silim go mb'fhearr dhom fanacht mar tá mé  
Cead ceol is pléaráca nó go dtéigh mé sa gcill.

## An File is Fearr:

**Cóilín:** *(agus cóip leabhar aige)*

Chuala mé go bhfuil tusa a rádh gur fearr uait filíocht a chumadh ná uaimse.

**Seán:**

Dar ndóigh dubhairt mé é agus má dubhairt féin níor dhubhairt mé ach an fhírinne. Ní fhaca mise píosa slachtmhar filíochta cumtha ariamh a'd.

**Cóilín:**

Is gearr go mbeidh a fhios a'inn aois cé'n file is fearr. *(ag oscailt an chóipleabhair)* Tá cúpla líne cumtha a'm-sa anois agus caithfidh tusa cur leis agus bhéarsa a dhéanamh de. Cuir i gcás anois go bhfuil cat a'm-sa agus capall a'd-sa. Tá cúpla líne cumtha a'm annseo faoin gcat agus caithfidh tusa an bhéarsa a chríochnú faoin gcapall. An dtuigeann tú?

**Seán:**

Nach tráthúil anois go bhfuil sé sgríobhtha a'dsa agus go gcaithfidh mise cuimhniú air agus é chumadh!

**Cóilín:**

Má tá tú chomh maith sin críochnaigh an bhéarsa seo –  
“Tá puisín cait agam de thogha na tíre  
agus cat níos crionna ní fhéadfá fháil.”

**Seán:**

“Tá puisín cait agam de thogha na tíre  
Agus cat níos crionna ní fhéadthá fháil;  
Tá gach rud goidthe aige dá bhfuighe sé greim air  
An píosín feola nó an ruainín aráin.”  
Bhfuil sé sin ceart?

**Cóilín:**

Níl. Níl. Nár dubhairt mé go gcaithfeadh tusa a chríochnú faoin gcapall?

**Seán:**

Ó sea a Mhainín.  
“Tá puisín cait agam de thogha na tíre  
Agus cat níos crionna ní fhéadfhá fháil  
Agus nach deas a bhreathnóchadh sé le coiléar is bríste  
‘gus an bheirt a’inn sínte i ndeire an chairr.”

Bhfuil sé sin ceart?

**Cóilín:**

Bhuel, déarfaidh mé go bhfuil. Anois tá dhá bhó a’ m-sa agus ta bád agat-sa.  
Tá cúpla a’ m-sa annseo faoi na beithigh agus caithfidh tusa cur leis faoin  
mbád go díreach mar a rinne tú cheana – beithigh a’ msa agus bád agatsa.

**Seán:**

Ach níl bád ar bith agamsa.

**Cóilín:**

Cuir i gcás, mar a déarfá.

**Seán:**

Ó sea! Cuir i gcás!

**Cóilín:**

“Tá dhá bhó adharca agam agus níl cur síos leob.  
Togha beithigh bainne iad agus iad éasgaidh a’ bhleán.

**Seán:**

Ach dá ngabhadh ceann i gcaochpholl í bheith tamall thíos ann,  
Bháithfí cinnte í ’s ní bheadh a’ d ach ceann.”

Anois nach bhfuil sé sin ceart?

**Cóilín:**

Níl – nár dhubhairt mé gur bád a bhí a’ dsa?

**Seán:**

Sea. Sea.  
“Tá dá bhó adharca’ agam, níl cur síos leob,  
Togha beithigh bainne iad agus iad éasgaidh le bleán,  
Ach dá bhfuighinn-se i mbád iad lá stoirm soinnnte  
Báithfí an péire ort chomh réidh le ceann.”

**Cóilín:**

Tá carr agamsa aois agus asal a’ d-sa

**Seán:**

Nach tráthúil anois gur a'm-sa atá an t-asal?

**Cóilín:**

Éist anois.

“Tá Hillman nua agam anois le píosa

's dá shiúbhaltá an dúiche ní bhfuightheá ceann níos fearr

**Seán:**

“Ach dá bhfuigheannse tamall uirthi ag tarraint aoiligh

Mo lámh sa rotha agam is mo chos go clár.”

**Cóilín:**

“Ní theastuigheann maide, féar ná tuí uait

Crú ná táirne, sreathair ná cárr.

**Seán:**

Ní bhfuighidh tú petrol Choke dá mbeitheá a' marcaíocht choidhche air

Ach tabhair an bhróg taobh thiar dó – má tá sé imeacht mall.

**Cóilín:**

Seo anois an ceann deire. Tá sicíní a'msa agus níl tada a'dsa. Níl ort ach mo

bhéarsa a chríochnú.

**Seán:**

Ná bh'fhéarr a bhéas na sicíní.

**Cóilín:**

Tá cúpla sicín agam agus ní hiad an díomhú iad

Níl lá nach mbeireann siad ubh buí nó bán.

**Seán:**

Ach mar a bhfuil aon choileach a'd cuir síos iad.

Nó is gliogair cinnte a bhéas ins chuile cheann.”



# Leabharliosta

# Nuachtáin agus Irisí a ceadaíodh

*Amárach*  
*Anois*  
*Ar Aghaidh*  
*Am Bàrd – Ar tir agus ar Teanga*  
*Béaloideas*  
*Beathaisnéis*  
*Beltaine*  
*An Claidheamh Soluis*  
*Comhar*  
*The Connacht Tribune*  
*The Daily Express*  
*The Derry People*  
*An tÉireannach*  
*Evening Herald*  
*Fáinne an Lae*  
*Feasta*  
*The Freeman's Journal*  
*An Glór*  
*Good Words*  
*Inniu*  
*The Irish Daily Independent*  
*The Irish Homestead's Celtic Christmas*  
*The Irish Independent*  
*The Irish Press*  
*The Irish Times*  
*Irisleabhar na Gaedhilge*  
*The Kerryman*  
*The Leader*  
*The Mayo News*  
*Misneach*  
*An Reult: Irisleabhar na hOllscoile*  
*Samhain*  
*Sinn Féin*  
*The Southern Star*  
*Stáitse*  
*The Sunday Independent*  
*Treoir*  
*An tUltach*  
*The United Irishman*

# Foinsí foilsithe

- Abrahams, R.D., 'Playing the Dozens', *American Folklore Society*, Vol. 75, No. 297, 209-220.
- Ackerman, R.W., 'The Debate of the Body and Soul and Parochial Christianity', *Speculum*, Vol. 37: No. 4 (Oct. 1962) 541-65.
- Bhabha, H. *The Location of Culture*, London: Routledge, 1994.
- Blythe, E., 'Gaelic Drama', *The Irish Theatre*, Robinson, L., (eag.) London: Macmillan, 1939, 177-198.
- Bossy, M.A. 'Medieval Debates of Body and Soul', *Comparative Literature*, Iml. 28; 2 (Spring 1976) 144-63.
- Bourgeois, M., *John Millington Synge and The Irish Theatre*, London: Constable & Company, 1913.
- Bourke, A., 'Na Mná trí Shúile Thomáis', *Ceiliúradh an Bhlascaoid 2*, Ní Chéilleachair M., (eag.) An Daingean: An Sagart, 1998, 101-22.
- Bowen, J.R., 'Poetic Duels and Political Change in the Gayo Highlands of Sumatra', *American Anthropologist*, Vol. 91, No. 1 (Mar. 1989) 25-40.
- Brenneis D., & Padarath R., "'About those Scoundrels I'll let Everyone Know": Challenge Singing in a Fijian-Indian Community', *The Journal of American Folklore*, Vol. 88, No. 349 (Jul-Sep., 1975) 283-291.
- Brent, J.J. 'From Address to Debate: Generic Considerations in the Debate between Soul and Body', *Comitatus: A Journal of Medieval and Renaissance Studies*, Vol. 32; No. 1 (2001), <http://escholarship.org/uc/item/1wd987bj>
- Bruford, A., *Scéalamhráin Cheilteacha*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1985.
- Brustein R. and Flannery J.W. 'An Interview with Robert Brustein', *Theatre Journal* Vol. 33: No. 1 (Mar. 1981) 90-108.
- Cayley, E., *Debate and Dialogue: Alain Chartier in his Cultural Context*, Oxford: Clarendon Press, 2006.
- Chimezie, A., 'The Dozens: An African-Heritage Theory', *Journal of Black Studies*, Vol. 6: No. 4 (Jun. 1976) 401-20.
- Clarke, W.S., *The Early Irish Stage: The Beginnings to 1720*, Oxford: Clarendon Press, 1955.
- Cousins J.H. & Cousins M.E., *We Two Together*, Madras: Ganesh: 1950.
- Cross, T., *Motif-Index of Early Irish Literature*, New York: Kraus, 1969.
- Daly, J., eag. *Transactions of the Ossianic Society 1856 Vol IV*, Dublin: Ossianic Society, 1859.
- de Bhailís, C., *Amhráin Chuilm de Bhailís*, Baile Átha Cliath: Conradh na Gaedhilge, 1904.

- Delargy, J.H., 'The Gaelic Storyteller: With Some Notes on Gaelic Folk-Tales', *Proceedings of the British Academy* 31, London: Geoffrey Cumberlege, 1945.
- Denn, P., *Timothy O'Sullivan's commonly called Taidhag Gaodhlach's pious miscellany enlarged, improved and corrected with an appendix of other religious compositions in Irish, and recommended to all devout Catholics as a work of great merit*, Cappoquin, gan dáta.
- \_\_\_ *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás*, Port Láirge: Harvey & Co, 1899.
- \_\_\_ *Duanta Diadha Phádraig Denn*, Risteárd Ó Foghludha, (eag.) Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1941.
- Denvir, G., *Cadhain Aonair: Saothar Liteartha Mháirtín Uí Chadhain*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1987.
- \_\_\_ 'File an Phobail,' *Comhar* Iml. 47, Uimh. 12 (Nollaig 1988) 49-53.
- \_\_\_ 'An Béal Beo: Filíocht Bhéil Chonamara Inniu,' *Léachtaí Cholm Cille XIX: Litríocht na Gaeltachta*, Maigh Nuad: An Sagart, 1989, 192-222.
- \_\_\_ *Amhráin Choilm de Bhailís*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1996.
- \_\_\_ 'Aitheasc a tugadh ar ócáid bhronnta na céime Máistir Oinigh sna healaíona ar Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha, File, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ar an 4 Samhain, 2005', *Feasta* 58, 19-21.
- \_\_\_ *Sé an Saol an Máistir: Filíocht Learaí Phádraic Learaí Uí Fhínneadha*, Indreabhán, Cló Iar-Chonnacht, 2010.
- Dillon, M., *The Cycles of the Kings*, London: Oxford University Press, 1946.
- Dinneen, P.S., *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*, Dublin: Irish Texts Society, 1996.
- Dottin, G., 'Dialogue du Corps et de l'Ame', *Revue Celtique* XXIII, 1-39.
- Dundes, A., 'The Strategy of Turkish Boy's Verbal Dueling Rhymes', *The Journal of American Folklore*, Vol. 83, No. 329 (Jul-Sept. 1970) 325-49.
- Easthope, A. 'Homi Bhabha, Hybridity and Identity or Derrida versus Lacan,' *The Hungarian Journal of English and American Studies*, Vol 4. No 1/2, (1998), 145-151.
- Eckett P., & Newmark, R., 'Central Eskimo Song Duels: A Contextual Analysis of Ritual Ambiguity', *Ethnology*, Vol. 12, No. 2 (Apr 1980), 191-221.
- Enright, T., 'Introduction,' *Island-Cross Talk: Pages from a diary*, Oxford: Oxford University Press, 1986.
- Fenton, S., *It all Happened: Reminiscences of Séamus Fenton*, Dublin: M.H. Gill and Son Ltd, 1948.
- Finnegan, R., *Oral Poetry: Its nature, significance and social context*, Cambridge: Cambridge University Press, 1979.
- \_\_\_ *Oral Traditions and the Verbal Arts: A Guide to Research Practices*, London: Routledge, 1992.
- Fletcher, A.J., *Drama, Performance and Polity in Pre-Cromwellian Ireland*, Cork: Cork University Press, 2000.

- Foley, J.M., 'Basque Oral Poetry Championship', *Oral Tradition*, 22/2 (2007) 3-11.
- Glassie, H., *Passing the Time: Folklore and History of an Ulster Community*, Dublin: O'Brien Press, 1982.
- Gray, D., 'Rough Music: Some Early Invectives and Flytings,' *The Yearbook of English Studies* Vol. 14 (1984) 21-43.
- Gregory, Lady A., *Our Irish Theatre*, New York: The Knickerbocker Press, 1913.
- \_\_\_ *The Workhouse Ward*, London: G.P. Putnam's Sons, 1935.
- \_\_\_ *Collected Plays I: The Comedies*, Gerrards Cross: Colin Smythe, 1970.
- \_\_\_ *Poets and Dreamers*, Gerrards Cross: Colin Smythe, 1974.
- \_\_\_ *Lady Gregory's Diaries 1892-1902*, in Pethica J., (eag.) Gerrards Cross: Colin Smythe 1996.
- Gunn M., (eag.) *A Chomharsain Éistigi agus amhráin eile as Co. an Chláir*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1984.
- Hanford, J.H. 'The Mediaeval Debate between Wine and Water', *PMLA* Vol. 28 No. 3 (1913) 315-67.
- Harrison, A., *An Chrosántacht*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1979.
- Haydar, A., 'The Development of Lebanese *Zajal*: Genre, Meter, and Verbal Duel', *Oral Tradition*, 4/1-2 (1989) 189-212.
- Heller, A., *Immortal Comedy: The Comic Phenomenon in art, literature and life*, Oxford: Lexington Books, 2005.
- Henry, P.L., *Saoithiúlacht na Sean-Ghaeilge*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1978.
- Hobsbawm, E., *The Invention of Tradition*, Cambridge: Cambridge University Press, 1983.
- Hogan, R., and Kilroy, J., *The Irish Literary Theatre 1899-1901*, Dublin: Dolmen Press, 1975.
- Holbek, B., *Interpretation of Fairy Tales*, Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia, 1987.
- Huizinga, J., *Homo Ludens: A Study of the Play-Element in Culture*, London: Routledge & Kegan Ltd, 1980.
- Hull, E., 'The Hawk of Achill, or the Legend of the Oldest Animal,' *Folklore* 43 1932, 376-409.
- Hunt, H., *The Abbey: Irish's National Theatre 1904-1978*, Dublin: Gill and Macmillan, 1979.
- Hyde, D., *A Literary History of Ireland*, London: T. Fisher Unwin, 1899.
- \_\_\_ *Abhráin Diadha Chúige Connacht: The Religious Songs of Connacht: Cuid II*, Dublin: M.H. Gill & Sons Ltd, 1906.
- \_\_\_ eag., *Abhráin agus Dánta an Reachtabhraigh*, Baile Átha Cliath: Clóchuallacht Chathail Teoranta, 1933.

- \_\_\_ (eag.) *Abhráin atá Leagtha ar an Reachtúire: Songs ascribed to Raftery*, Shannon: Irish University Press, 1973.
- Johnston, S.T., *Alice: a life of Alice Milligan*, Omagh: Colourpoint Press, 1994.
- Joyce, J., *The Critical Writings of James Joyce*, Mason, E., Ellman, R., (eag.), New York: Viking Press, 1959.
- Kapchan D.A. and Strong P.T., 'Theorizing the Hybrid,' *The Journal of American Folklore*, Vol 112. No 445 (Summer 1999), 239-253.
- Kavanagh, P., *The Complete Poems*, Newbridge: The Goldsmith Press, 1984.
- Kerrane K., 'The Structural Elegance of Conor McPherson's *The Weir*', *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua*, Vol. 10: 4 (Winter, 2006), 105-21.
- Kiberd, D., *Synge and the Irish Language*, London and Basingstoke: Macmillan Press, 1979.
- Kidd, S., 'Social Control and Social Criticism: the nineteenth-century còmhradh,' *Scottish Gaelic Studies* 20 (2000) 67-87.
- Kinsella, T., *The Táin: From the Irish Epic Táin Bó Cuailnge*, Oxford: Oxford University Press, 2002.
- Krause, D., 'The Hidden Oisín,' *Studia Hibernica* 6 (1966) 7-24.
- le Braz, A., *Le Théâtre Celtique*, Paris: Calmann-Lévy, 1905.
- Lefever, H.G., 'Playing the Dozens: A Mechanism for Social Control', *Phylon*, Vol. 42, No. 1 (1st Qtr., 1981) 73-85.
- Levi-Strauss, C., *Structural Anthropology*, New York: Anchor Books, 1967.
- Levitas, B., *The Theatre of Nation: Irish drama and Cultural Nationalism 1890-1916*, Oxford: Clarendon Press, 2002.
- Lynd, R., *Home life in Ireland: with illustrations from photographs*, London: Mills & Boon Ltd., 1909.
- Lysaght, P., 'Caoineadh os Cionn Coirp: The Lament for the Dead in Ireland', *Folklore*, Vol 108 (1997) 65-82.
- Mac Aonghusa, P., *Oireachtas na Gaeilge: 1897-1997*, Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge, 1997.
- Mac Congáil, N., 'Man of Aran agus Scannán Gaeilge le Robert Flaherty' *Feasta* 56 (2), 19-21 agus *Feasta* 56 (3), 19-21.
- Mac Con Iomaire, M., and Cully, A., 'The History of Eggs in Irish Cuisine and Culture', *Eggs in Cookery: Proceedings of the Oxford Symposium on Food and Cookery 2006*, Hosking, R., (eag.), Devon: Prospect Books, 2007.
- Mac Diarmada, T.P., 'Argóint Oisín agus Phádraig', *Tom Pheaidí Mac Diarmada: Ag Scéalaíocht*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1992.
- Mac Fhinn, E. 'Drámaidheacht faoi'n Tuaithe', *Láimh-leabhar Drámaidheachta, Ó Súilleabháin P.*, (eag.), Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin, c1938.

- Mac Giolla Chomhaill, A., *Bráithrín Bocht Ó Dhún: Aodh Mac Aingil*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1985.
- MacInnes, J., ‘Recordings of Scottish Gaelic Heroic Ballads’, *Fiannaíocht: Essays on the Fenian Tradition of Ireland and Scotland*, Almqvist, B., Ó Catháin, S., Ó Héalaí, P., (eag.), Baile Átha Cliath: An Cumann le Béaloideas Éireann, 1987.
- MacKenzie, H. *Report of the Committee of the Highland Society of Scotland, appointed to inquire into the nature and authenticity of the poems of Ossian*, Edinburgh: University Press, 1805.
- Mac Mánaís R., & Ó Dónaill, J., *Ray agus Joe, Beo! Agallaimh bheirte, amhráin agus lúibíní*, Baile Átha Cliath: Macalla Teo, 2006.
- Mac Liammóir, M., *Diarmuid agus Gráinne*, Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1935.
- Malone, A.E., *The Irish Drama*, London: Constable & Co, 1929.
- Mathews, P.J., *Revival: The Abbey Theatre, Sinn Féin, The Gaelic League and the Co-operative Movement*, Cork: Cork University Press, 2003.
- McCarthy, M., *Passing it On: The Transmission of Music in Irish Culture*, Cork: Cork University Press, 1999.
- McPherson, C., *The Weir*, London: Nick Hern Books Ltd, 1997.
- Mercier, V., *The Irish Comic Tradition*, Oxford: Oxford University Press, 1969.
- Merriman, B., *Cúirt an Mheon-Oíche*, Ó Murchú L.P. (eag.), Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1982.
- Meyer, K., ‘Fingal Rónáin: How Rónáin slew his son’, *Revue Celtique* XIII (1892) 368-397.
- Moore, G., *Hail and Farewell: Ave, Salve, Vale*, Gerards Cross: Colin Smythe Ltd., 1976.
- Morris, C., ‘Becoming Irish? Alice Milligan and the Revival’, *Irish University Review*, (Spring-Summer 2003) 79-98.
- \_\_\_ *Alice Milligan and the Irish Cultural Revival*, Dublin: Four Courts Press, 2012.
- Murphy, D., *Education and the Arts: The Educational Autobiographies of Contemporary Irish Poets, Novelists, Dramatists, Musicians, Painters and Sculptors: A Research Report*, School of Education, Trinity College Dublin c1987.
- Murphy, G., (eag.), *Duanaire Finn: The Book of the Lays of Fionn II*, London: Irish Texts Society, 1933.
- Murphy, T., *Bailegangaire*, Dublin: Gallery Books, 1986.
- Nagy, J.F., *A New Introduction to Buile Suibhne: The Frenzy of Suibhne*, London: The Irish Texts Society, 1996.
- \_\_\_ *Conversing with Angels and Ancients: Literary Myths of Medieval Ireland*, Baile Átha Cliath: Four Courts Press: 1997.

- Ní Aimhírgín, N., *Muiris Ó Súilleabháin: Saol agus Saothar*, Maigh Nuad: An Sagart, 1983.
- Ní Chinnéide, M., *An Damer: Stair Amharclainne*, Baile Átha Cliath: Gael Linn, 2008.
- Ní Dhonnchadha, M., 'The Prull narrative in Sanas Cormaic', *Cín Chille Cúile*, Carey, J., Herbert M., & Murray, K., (eag.), Aberystwyth: Celtic Studies Publications, 2004.
- Nic Eoin, M., & Nic Dhonnchadha, A., *Ar an gCoigríoch*, Cló Iar-Chonnachta, 2008.
- Nic Eoin, M., 'Seánraí Béil na Gaeilge agus Tionscnamh na Nualitrichta,' *Anáil an Bhéil Bheo: Orality and Modern Irish Culture*, Cronin, N., Crosson S., & Eastlake J., (eag.), Newcastle upon Tyne: Cambridge Scholars Pub. 2009.
- Ní Mhuirheartaigh, E., & Mac Congáil, N., *Drámaí Thús na hAthbheochana* Gaillimh: Arlen House, 2008.
- Ní Úrdail, M., 'The Representation of the Feminine: Some Evidence from Irish-Language Sources', *Eighteenth-Century Ireland/Iris an dá chultúr*, Vol. 22 (2007) 133-150.
- Ó Cadhain, M., *An tSraith ar Lár*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2009.
- Ó Catháin, B., 'Oidhche Sheanchais le Robert J. Flaherty: An Chéad Scannán Gaeilge dá nDearnadh', *Bliainiris*, Ráth Cairn: Carbad, 2004, 151-235.
- Ó Cathasaigh, R., 'Tadhg Ó Conchubhair', *Ár bhFilí: Iris na hOidhreachta 3*, Ó Fiannachta, P., (eag.), Baile an Fhirtéaraigh: Oidhrecht Chorca Dhuibhne, 1991, 137-83.
- Ó Ceallaigh S., (eag.) *Filíocht na gCallanán*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1967.
- Ó Ceocháin, D., *Saothar Dhámh-sgoile Mhúsgraiige*, Baile Átha Cliath: Oifig Díolas Foilseacháin Rialtais, 1933.
- Ó Ciarghusa, S., *Ar mo Mharanadh Dam: Aistí*, Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1933.
- Ó Ciosáin, E., 'Amhráin na nDaoine agus an tAthrú Saoil: Iomarbhá faoin Dole agus Amhráin Antaine agus Thomáis Uí Bhriain,' *Léachtaí Cholm Cille XIX: Litricht na Gaeltachta*, Maigh Nuad: An Sagart, 1989, 223-37.
- Ó Coigligh, C., *Raiftearaí: Amhráin agus Dánta*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1987.
- Ó Coisdealbha, S., *An Tincéara Buí*, Baile Átha Cliath, Sáirseál agus Dill, 1962.
- \_\_\_ *Ortha na Seirce*, Baile Átha Cliath: Sáirseál agus Dill, 1968.
- \_\_\_ (Johnny Chóil Mhaidhc) *Buille Faoi Thuairim Gabha*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1987.
- \_\_\_ 'Mar a Chéile Muid,' *Gearrdhrámaí an Chéid*, Ó Siadhail P., (eag.) Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2000.



- Ó Concheanainn, T., ‘Nótaí ar Sheanchas na Sceiche’, *Éigse* XII (1967/68) 267-70.
- Ó Criomhthain, T., *Allagar na hInise*, Baile Átha Cliath: An Gúm, 1997.
- \_\_\_\_ *Bloghanna ón mBlascaod*, Ó Conaire B., (eag.), Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1997.
- Ó Cruaioich, G., ‘Litríocht na Gaeltachta: Seoladh isteach ar pheirspictíocht ó thaobh na litríochta béil,’ *Litríocht na Gaeltachta: Léachtaí Cholm Cille* XIX (1989) 8-25.
- Ó Cuirrín, S., (eag.), *Scribhne Risteird de Hindeberg*, Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin, c1924.
- O’Curry, E. *On the Manners and Customs of the Ancient Irish* III, London: Williams and Norgate, 1873.
- Ó Dálaigh, D.M., ‘Some Irish Bardic Poems: IV: The Body The Soul’s Horse’, McKenna, L., (eag.), *Studies Iml.* XVI (1927) 592.
- Ó Dochartaigh, L., ‘Éigse an Bhéil Bheo: Saothar Sheáin Uí Choisdealbha’, *Scriobh* 2, 77-89.
- Ó Droighneáin, M., *Taighde i gComhair Stair Litríochta na Nua-Ghaedhilge ó 1882 anuas*, Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1936.
- Ó Fiach, T., *Cén Sórt É? Meascra Ainmneacha ar Chineálacha Daoine*, Baile Átha Cliath: An Gúm, 2009.
- Ó Fiannachta, P. ‘The Development of the Debate Between Pádraig and Oisín’, *Béaloideas Iml.* 54/5 (1986/7) 183-205.
- Ó Finneadha, C.L., *Filíocht agus Feannadh*, Conamara: Cló Iar-Chonnachta, 1999.
- Ó Flannagáin, D., *Ó Thrá Anoir*, Foilseacháin Náisiúnta Teoranta: Cathair na Mart, Co Mhaigh Eo, 1985.
- Ó Giolláin, D., *An Dúchas agus an Domhan*, Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 2005.
- Ó hAodha, M., *Theatre in Ireland*, Oxford: Basil Blackwell, 1974.
- Ó Héalaí, P., ‘Béaloideas an linbh ar an mBlascaod,’ *Léachtaí Cholm Cille* XXII, Maigh Nuad: An Sagart, 1992, 81-122.
- \_\_\_\_ ‘An Béaloideas – A Thábhacht agus a Phobal’, *An Teanga: Iris na hOidhreacht* 10, Ó Fiannachta, P., (eag.) 1998, 25-50.
- Ó Héalaí P., & Ó Tuairisg, L., *Tobar an Dúchais: Béaloideas as Conamara agus Corca Dhuibhne*, An Daingean: An Sagart, 2007.
- Ó hÓgáin, D., *An File: Staidéar ar Osnádúrthacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1982.
- \_\_\_\_ *The Lore of Ireland: An Encyclopedia of Myth, Legend and Romance*, Cork: Collins Press, 2006.
- Ó hUiginn, R., ‘Duanaire Finn,’ *Léachtaí Cholm Cille* XXV: *An Fhiannaíocht* (Maigh Nuad: An Sagart, 1995) 47-68.

- Okpewho, I., *African Oral Literature: Backgrounds, Character, and Continuity*, Indiana: Indiana University Press, 1992.
- Ó Laoire, L., *Ar Chreag i Lár na Farraige: Amhráin agus Amhránaithe i dToraigh*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2002.
- Ó Laighin, S., *Ó Cadhain i bhFeasta*, Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta, 1990.
- O'Leary, P., *The Prose Literature of the Gaelic Revival*, Pennsylvania: The Pennsylvania State University Press, 1994.
- \_\_\_\_ *Gaelic Prose in the Irish Free State*, Pennsylvania: Pennsylvania State University Press, 2004.
- Ó Loinsigh E., *An Táin*, Baile Átha Cliath: Clódhanna Teo, 1989.
- Ó Loingsigh, P., *Dorn Mine*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1976.
- Ó Madagáin, B., *Caointe agus Seancheolta Eile: Keenings and other Old Irish Musics*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2005.
- Ó Máille, T., *An Béal Beo*, Baile Átha Cliath: An Gúm, 2002.
- Ó Morónaigh, S., *Agallaimh na hÉigse: Cíoradh agus Cnuasach*, Camus: An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta, 2001. [Athchló 2010]
- \_\_\_\_ (eag.) 'Cúrnán mhac Cimilide agus a Thriúr Iníon Foiritheanta Fíorghránna', *An Aimsir Óg 2000: Cuid a dó*, Ó Cearúil, M., (eag.) Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000, 251-260.
- \_\_\_\_ (eag.), *Drámaíocht ó Dhúchas ó bhéalaithris Thaidhg Uí Chonchubhair*, Camus: An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta, 2005.
- Ó Muimhneacháin, A., 'Drámaí Gaedhilge agus an Pobal', *Láimh-Leabhar Drámaidheachta*, Ó Súilleabháin, P.E., (eag.), Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin, 1937.
- Ó Neachtain, J.S., *Fead Glaice*, Béal an Daingin: Cló Iar-Chonnachta, 1986.
- Ong, W., *Orality & Literacy: The Technologizing of the Word*, London & New York: Methuen & Co. Ltd, 1989.
- Ó Sé, C., *Traidisiún na Scéalaíochta i gCorca Dhuibhne*, Baile Átha Cliath, Coiscéim, 2001.
- Ó Siadhail, P., 'Na Síolta nár Fhaibhrigh', *Teagasc na Gaeilge 5*, Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 1988, 127-53.
- \_\_\_\_ *Stair Dhrámaíochta na Gaeilge*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 1993.
- Ó Siochfhrada P., 'An Seabhac' (eag.), *Racaireacht Ghrinn na Tuaithe*, Baile Átha Cliath: Brún is Ó Nuallán, 1925.
- \_\_\_\_ 'An Sotach 's a Mháthair,' *Béaloideas* 6 (1936), 313-28.
- \_\_\_\_ *Laoithe na Féinne*, Áth Cliath: Clólucht an Talbhóidigh Teoranta, 1941.
- Ó Súilleabháin, D., *Scéal an Oireachtais 1897-1924*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1984.
- Ó Súilleabháin, S., & Christiansen, R.T., *The Types of Irish Folktale*, Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia, 1963.

- Ó Súilleabháin, S., *Caitheamh Aimsire ar Thórraimh*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1980.
- O'Toole, F., *Tom Murphy: The Politics of Magic*, Dublin: New Island Books, 1994.
- Ó Tuama, S., 'Cúirt an Mheán Oíche,' *Cúirt, Tuath agus Bruachbhaile: Aistí agus dréachtaí liteartha*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1990.
- Ó Tuama, S., *An Grá in Amhráin na nDaoine*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 2001.
- Pagliai, V., 'Poetic Dialogues: Performances and Politics in the Tuscan Contrasto', *Ethnology*, Vol 41:2 (Spring 2002), 135-154.
- \_\_\_\_ 'The Art of Dueling with Words: Toward a New Understanding of Verbal Duels across the World', *Oral Tradition*, 24/1 (2009), 61-88.
- \_\_\_\_ 'Conflict, Cooperation and Facework in Contrasto Verbal Duels', *Performing Disputes: Cooperation and Conflict in Argumentative Language. Journal of Linguistic Anthropology*, Vol. 20, No.1, (2010), 87-100.
- Parks, W., 'Flying, Sounding, Debate: Three Verbal Contest Genre', *Poetics Today*, Vol.7, No. 3 (1986), 439-458.
- Peek, P., 'The Power of Words in African Verbal Arts', *The Journal of American Folklore*, Vol 94, No 371 (Jan.-Mar. 1981), 19-43.
- Petrie, G., *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland*, Cooper, D., (eag.), Cork: Cork University Press, 2002.
- Pilkington, L., 'Irish Theatre Historiography and Political Resistance', *Staging Resistance: Essays on Political Theater*, Colleran J., & Spencer, J., (eag.), Michigan: University of Michigan Press, 1998, 13-30.
- Powers, K., 'Myth and the Journey in The Well of the Saints', *Colby Quarterly*, Vol. 26, No. 4, (December 1990) 231-240.
- Roche, A., 'Bailegangaire: Storytelling into Drama,' *Irish University Review*, Vol. 17, No.1 (Spring 1987) 114-128.
- Roche, A., 'Re-Working "The Workhouse Ward": McDonagh, Beckett and Gregory,' *Irish University Review*, Vol. 34, No. 1, (Spring-Summer 2004) 171-184.
- Ross N., (eag.), *Heroic Poetry from the Book of the Dean of Lismore*, Edinburgh: Scottish Gaelic Text Society, 1939.
- Titley, A., 'Neither the Boghole nor Berlin: Drama in the Irish Language from then until now', *Players and Painted Stage*, Fitz-Simon, C., (eag.), Dublin: New Island, 2004, 111-125.
- \_\_\_\_ *Nailing Theses: Selected Essays*, Belfast: Lagan Press, 2011, 267-277.
- Trotter, M., *Ireland's National Theaters: Political Performance and the Origins of the Irish Dramatic Movement*, Syracuse NY: Syracuse University Press, 2001.
- Sayers, P., *Machnamh Seanmhná*, Baile Átha Cliath: An Gúm, 1992.

- \_\_\_ *Labharfad le Cách: I Will Speak To You All*, Almqvist B. & Ó Héalaí P., (eag.), Baile Átha Cliath: New Island, 2009.
- Schofield, W.H., *English Literature from the Norman Conquest to Chaucer*, New York: Phaeton Press, 1969.
- Sherzer, J., *Speech Play and Verbal Art*, Austin, University of Texas Press, 2002.
- Shipley J.T., (eag.), *Dictionary of world literature: Criticism, forms, technique*, New York: Philosophical Library, 1970.
- Sills, P., *Story Theatre: Four Shows*, New York: Applause Books, 2000.
- Solomon, T., 'Dueling Landscapes: Singing Places and Identities in Highland Bolivia', *Ethnomusicology*, Vol. 44, No. 2, 257-280.
- Synge, J.M., *The Complete Plays*, London: Eyre Methuen, 1981.
- Ua Súilleabháin, 'An Scéaldráma', *An Aimsir Óg 2000: Cuid a dó*, Ó Cearúil, M., (eag.) Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000, 245-250.
- Uí Chollatáin, R., *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae 1899-1932*, Baile Átha Cliath: Cois Life, 2004.
- Vandeveld, K., *The Alternative Dramatic Revival*, Dublin: Maunsel & Company, 2005.
- Wallis M., & Sheperd, S., *Studying Plays*, London: Arnold, 1998.
- Waugh, P., (eag.), *Literary Theory and Criticism: An Oxford Guide*, Oxford: Oxford University Press, 2006.
- Welch, R., *Abbey Theatre: 1899-1999 Form and Pressure*, Oxford: Oxford University Press, 1999.
- Whelton, M., *Teagmháil agus Tnúthán: Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge*, An Daingean: An Sagart, 2008.
- Wilmot, S., 'The Gaelic Theatre', *Éire-Ireland: A Journal of Irish Studies* 3(2) (1968), 63-71.
- Yeats, W.B., *Collected Letters of W.B. Yeats: Volume 1: 1865-1895*, Kelly, J., (eag.), Oxford: Oxford University Press, 1986.
- Zimmermann, G.D., *The Irish Storyteller*, Dublin: Four Courts Press, 2001.



# Foinsí neamhfhoilsithe:

## **Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

Páipéir an Oireachtais, (MSS G 1,318 /1 – MS G 1,416 /9) Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Alfred P. Graves, ‘Letters to Alice Milligan’, MS 5048, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Alice Milligan, Litir chuig Mr. Rolleston, Páipéirí TP Gill, Ms 13 480 (9) Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

## **Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**

Cartlann Scoileanna Éigse agus Seanchais, G35 (Taifeadtaí fuaime agus físe) Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Miontuairiscí Scoileanna Éigse agus Seanchais, G36, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Páipéirí na Taibhdheirce, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Lisa Ní Fhlatharta, *Scoileanna Éigse agus Seanchais Ghaeltacht na Gaillimhe* (OÉG, 2005) Tráchtas MA Neamhfhoilsithe.

Carmel Nic Eoin, ‘Clochmhóin an Dúchais: Saothar Joe Steve Uí Neachtain,’ (OÉG, 2004) Tráchtas MA Neamhfhoilsithe.

Sailí-Áine Ní Dhroighneáin, ‘Buillí an Ghabha: Johnny Chóil Mhaidhc an Ghabha Ó Coisdealbha: Saol agus Saothar,’ (OÉG, 2006) Tráchtas MA Neamhfhoilsithe.

## **Cartlann an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta**

Nuachtlitreacha an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta, Cartlann an Chomhlachais, Camas, Conamara, Co. na Gaillimhe.

Éigse na Féile 1985, Taifeadadh físe i gCartlann an Chomhlachais, Camas, Conamara, Co. na Gaillimhe.

Micheál Ó Tuairisg, *Na Bacaigh* (dráma neamhfhoilsithe), Cartlann an Chomhlachais, Camas, Conamara, Co. na Gaillimhe.

Micheál Ó Tuairisg, *Sinte* (dráma neamhfhoilsithe), Cartlann an Chomhlachais, Camas, Conamara, Co. na Gaillimhe.

CBÉ

### **Aircív Oireachtas na Gaeilge**

Páipéir an Oireachtais (gan chatalóg) Aircív Oireachtas na Gaeilge, Casla, Conamara, Co na Gaillimhe.

### **Ollscoil Bhaile Átha Cliath**

Cnuasach Bhéaloideas Éireann

Tiobóid Caomhánach, ‘Drámaidheacht na Gaedhilge,’ Tráchtas MA (1929), Coláiste na hOllscoile, Bhaile Átha Cliath.

# Foinsí ar-líne:

Léaráid John Derrick, *The Image of Irelande*, London: 1581.

[http://www.lib.ed.ac.uk/about/bgallery/Gallery/researchcoll/pages/bg0055\\_jpg.htm](http://www.lib.ed.ac.uk/about/bgallery/Gallery/researchcoll/pages/bg0055_jpg.htm) (léite 20.2.2009)

The Colloquy between Fintan and the Hawk of Achill [CELT]

<http://www.ucc.ie/celt/published/G109001/index.html> (léite 24.2.2009).

Táin Bó Cúalnge from the Book of Leinster [CELT]

<http://www.ucc.ie/celt/published/G301035/index.html> (léite 1.3.2009)

Fingal Rónáin [CELT]

<http://www.ucc.ie/celt/published/G302011/index.html> (léite 10.3.2009)

Aided Óenfir Aife: [CELT]

<http://www.ucc.ie/celt/published/G301018/index.html> (léite 8.1.2012)

Léiriú de *The Workhouse Ward* le Lady Greogry. [British Pathé]

<http://www.britishpathe.com/video/the-workhouse-ward-reel-2> (léite 18.8.2011)

Cartlann Sheosaimh Uí Éanaí

<http://www.joeheaney.org/default.asp?contentID=933> (léite 10.1.2012)

Laurie Ann Gruhn, 'Interview: Paul Sills Reflects on Story Theatre,' *Drama Theater Teacher*, Vol 5, No. 2. <http://sillsspolintheaterworks.com/biography/interview-paul-sills-reflects/> (léite 2.9.2012)

Eolas Beathaisnéiseach ó [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie)



# Taifeadtaí Físe:

Bob Quinn, *Splanc Dheireadh na Gaeltachta*, TG4.

*Iris 90*, RTÉ1, a craoladh ar an 25ú Márta 1990.

*Iris 88*, RTÉ1, a craoladh 22 Bealtaine 1988.